



Provided by the author(s) and University of Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	Nuachainteoírí agus Euskaldunberriak: Mudes, idé-eolaíochtaí teanga agus féiniúlachtaí
Author(s)	Seoighe, Stiofán
Publication Date	2020-02-28
Publisher	NUI Galway
Item record	http://hdl.handle.net/10379/15816

Downloaded 2024-04-24T21:42:19Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.



Nuachainteoirí agus *Euskaldunberriak*:
***Mudes*, Idé-eolaíochtaí Teanga agus Féiniúlachtaí**

Tráchtas a leagadh isteach chun riachtanas na céime dochtúireachta a
chomhlíonadh

Stiofán Seoighe, B.A., M.A.
arna stiúradh ag an Dr. John Walsh

Roinn na Gaeilge
Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr
Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Meán Fómhair 2019

Clár Ábhar

Clár Ábhar	i
Liosta na bhFigiúirí	iv
Dearbhú	v
Achoimre	vi
Nóta buíochais	vii
Caibidil 1: Réamhrá	1
1.1. Réamhrá	1
1.2. Coincheap an nuachainteora	1
1.2.1. <i>Mudes</i> teangeolaíocha	5
1.2.2. Comhthéacs na Gaeilge	5
1.2.3. <i>Euskaldunberriak</i>	10
1.3. Ceisteanna taighde	13
1.4. Cosaint agus scóip an tráchtais	14
1.4.1. Cosaint na comparáide	15
1.5. Modheolaíocht	17
1.6. Leagan amach an tráchtais	17
1.7. Seasamh an taighdeora	19
Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil	21
2.1. Réamhrá	21
2.2. An tSochtheangeolaíocht Chriticiúil	22
2.3. Idé-eolaíochtaí teanga	26
2.3.1. Idé-eolaíocht na barántúlachta agus na hanaithnideachta	31
2.4. Féiniúlachtaí teanga i ré an nuachainteora	33
2.5. Tuiscintí traidisiúnta na teangeolaíochta	38
2.5.1. Barántúlacht an dúchais	38
2.5.2. Idé-eolaíocht an chainteora dúchais	42
2.5.3. ‘She was an ideal subject’: canúineolaíocht thraidisiúnta na Gaeilge	45
2.5.4. Dioscúrsaí reatha na Gaeilge	46
2.6. Ag tabhairt dúshláin don dúchas	50
2.7. Lionsa anailíse an nuachainteora	53
2.7.1. Barántúlacht agus dlisteanacht an nuachainteora	57
2.7.2. Pointí criticiúla: <i>mudes</i> teangeolaíocha	59
2.8. Conclúid	64
Caibidil 3: Modheolaíocht	66
3.1. Réamhrá	66
3.2. Dearadh an taighde	66
3.2.1. Ag cruthú feasa: seasamh posaitíbeach nó tógachaíoch?	66
3.2.2. Cur chuige na sochtheangeolaíochta criticiúla eitneagrafaíche	68

3.2.3. Aisfhillteachas an taighdeora	72
3.2.3.1. Cúrsaí eitice	74
3.3. Roghnú na suíomhanna agus na rannpháirtithe	75
3.3.1. Sonraí na rannpháirtithe	79
3.4. Modhanna bailithe agus anailíse	81
3.4.1. Breathnóireacht	83
3.4.1.1. Bailiú ábhar	85
3.4.2. Agallaimh bheathaisnéiseacha leathstruchtúrtha	86
3.4.3. Modhanna anailíse	89
3.4.3.1. Tras-scríobh na n-agallamh	89
3.4.3.2. Códú na n-agallamh	91
3.4.3.3. Anailís na sochttheangeolaíochta criticiúla eitneagrafaíche	93
3.5. Conclúid	98
Caibidil 4: Réamhmudes agus mudes sóisialta	100
4.1. Réamhrá	100
4.2. Réamhmudes na rannpháirtithe	101
4.2.1. Réamhmudes scoile	102
4.2.2. Réamhmudes teaghlaigh	112
4.2.3. Réamhmudes Gaeltachta	117
4.2.4. Réamhmudes féiniúlachta	122
4.3. <i>Mudes</i> sóisialta na rannpháirtithe	125
4.3.1. Caidrimh agus comhthéacsanna	126
4.3.2. Cúitimh	136
4.3.3. Ceannairceacht	143
4.4. Conclúid	150
Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga	153
5.1. Réamhrá	153
5.2. Idé-eolaíochtaí i dtaca le húsáid na Gaeilge	154
5.2.1. Cruthú agus athchruthú nósanna	154
5.2.1.1. ‘Bhí <i>kind of bond</i> ann nó rud éigin buan’	157
5.2.1.2. ‘An rud uathoibríoch sin a bhriseadh’	160
5.3. Barántúlacht agus dlisteanacht an nuachainteora	162
5.3.1. Dioscúrsaí na héiginnteachta agus an easnaimh	163
5.3.2. An bharántúlacht iar-nádúrtha: deis dlisteanaithe?	178
5.3.2.1. ‘Tháinig saghas canúint ar mo chuid Gaeilge’	179
5.3.2.2. ‘Níl canúint ar bith agam’	182
5.3.2.3. ‘Is fearr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste <i>but is fearr Gaeilge mhaith thar Ghaeilge shite</i> ’	189
5.4. Féiniúlachtaí teanga na rannpháirtithe	196
5.4.1. An Ghaeilge mar chomhartha féiniúlachta	198
5.4.2. Féiniúlacht ghrúpa na nGael	204
5.5. Conclúid	213
Caibidil 6: <i>Euskaldunberriak</i>	215
6.1. Réamhrá	215
6.2. <i>Batua</i> nó <i>Bizkaiera</i> : téamaí na barántúlachta agus na dlisteanachta	215

6.2.1. Dúshlám do dhlisteanacht na rannpháirtithe	216
6.2.2. Luach an chaighdeáin	224
6.3. Teorainneacha doiléire teangeolaíochá	230
6.3.1. Idé-eolaíochtaí teanga i dtaca le lipéad an <i>euskaldunberri</i>	233
6.3.2. Grúpfhéiniúlacht an <i>euskaldun</i>	235
6.4. Conclúid	243
Caibidil 7: Conclúid	244
7.1. Réamhrá	244
7.2. Príomhthátail an tráchtáis	244
7.2.1. Réamhmudes agus <i>mudes</i> sóisialta nuachainteoírí	244
7.2.2. Idé-eolaíochtaí teanga nuachainteoírí	249
7.2.3. Féiniúlachtaí nuachainteoírí	251
7.2.4. An ghné chomparáideach – <i>euskaldunberriak</i>	253
7.3. An bhearna eolais a líonadh agus impleachtaí an taighde.....	254
7.4. Srianá an tionscnaimh agus conairí eile taighde.....	257
7.5. Focal scoir	260
Saothar a ceadaíodh	261
Aguisín A	274
Aguisín B	275
Aguisín C	276

Liosta na bhFigiúirí

Figióir 1 (<i>Fáilte roimh Theifigh</i>)	146
Figióir 2 (<i>Cuir duidín le chéile</i>)	146
Figióir 3 (Múrmhaisiú)	146
Figióir 4 (<i>Gaeilge for Punks</i>)	146
Figióir 5 (Contanam idé-eolaíochta)	156
Figióir 6 (Barántúlacht nádúrtha)	163
Figióir 7 (Barántúlacht iar-nádúrtha)	178
Figióir 8 (Nuachaintoir samhailteach)	259

Dearbhú

Dearbhaím gurb é mo shaothar féin atá sa tráchtas dochtúireachta seo agus nach bhfuil céim faighte agam in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ná in ollscoil ar bith eile atá bunaithe ar aon chuid den saothar seo.

Stiofán Seoighe

Dáta

Achoimre

Staidéar sochtheangeolaíoch criticiúil atá sa tráchtas seo, ina mbreathnaím ar *mudes* teangeolaíocha, idé-eolaíochtaí teanga agus féiniúlachtaí nuachainteoirí óga na Gaeilge. Bainim leas as comhthéacs na Bascaise, agus nuachainteoirí (*euskaldunberriak*) na teanga sin, chun na tuiscintí a ndéantar forbairt orthu i dtaca leis na rannpháirtithe taighde a threisiú. Taispeánaim go soiléir le linn an tráchtais a thairbhí a bhí an comhthéacs comparáideach agus anailís á déanamh agam ar shonraí na Gaeilge. Is é coincheap an nuachainteora, mar sin, príomhlionsa anailíse an taighde. Sainmhínítear ‘nuachainteoir’ mar dhuine a bhaineann úsáid ghníomhach, rialta agus shóisialta as teanga nach í a dteanga dúchais í. Léirim fréamhacha an choincheapa sin sa tsochtheangeolaíocht chriticiúil agus pléim an chaoi a dtugann sé dúshlán do thuiscintí stairiúla, traidisiúnta a bhí ceannasach sa teangeolaíocht agus réimsí gaolmhara le blianta fada.

Toisc gur feiniméin shóisialta atá á bhfiosrú agam sa tráchtas seo, agus tuiscintí suibachtúla na rannpháirtithe ina leith, leagaim amach a fheiliúnaí atá an seasamh eitneagrafaíoch, tógachaíoch, cáilíochtúil a ghlacaim. Dá réir sin, bainim leas as modhanna bailithe na breathnóireachta agus na n-agallamh leathstruchtúrtha beathaisnéiseach chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna taighde.

Tógaim ar choincheap an *muda* theangeolaíoch – pointí criticiúla ag a n-athraíonn cleachtas teanga an chainteora – sa tráchtas seo trí idirdhealú a dhéanamh ar choincheapa nua an réamh*muda* agus an *muda* shóisialta. Is idirdhealú tábhachtach é sin a aithníonn na pointí ag a mbaineann daoine stádas an nuachainteora amach. Ar cheann de phríomhthátail an tráchtais ná go bhfuil samhailteacha nua dlisteanachta ag teacht chun cinn i gcomhthéacs na Gaeilge atá fréamhaithe in idé-eolaíochtaí na barántúlachta iar-nádúrtha. Baineann tábhacht nach beag le gníomhúchán, toil agus iarracht fhéin-chomhfhiosach an chainteora sa pharaidím seo. Ina theannta sin, léirim go bhfuil tuiscintí nua á mbaint ag nuachainteoirí as coincheap féiniúlachta ‘an Ghaeil’ a bhunaítear ar shealbhú agus ar úsáid ghníomhach na teanga, beag beann ar chúlra an chainteora.

Nóta buíochais

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le Fiachra, Sinéad, Lisa, Megan, Aonghus, Maria, Colm, Síle, Mark, Sarah, Iker, Andoni, Idoia, Sofía, Doireann, Seán, Cormac, Cian, Diarmuid, Nora, Arantza, Diego, Iñaki, Xabier agus Edorta. Roinneadar a gcuid ama is a scéalta pearsanta go fial flaithiúil liom. Tá todhchaí geal i ndán don Ghaeilge agus don Bhascáis le cainteoirí dá leithéid.

Táim go mór faoi chomaoín ag mo stiúrthóir taighde, an Dr John Walsh. Murach a chomhairle, a shaineolas is a thacaíocht ní shroichfinn an ceann scríbe.

Tá buíochas tuillte chomh maith ag baill mo Choiste Taighde Iarchéime, an Dr Dorothy Ní Uigín, an Dr Ríona Ní Fhrighil, an Dr Liam Ó hAisibéil agus an tOllamh Tadhg Ó hIfearnáin. Ba mhór an spreagadh a thugadar dom. Gabhaim buíochas freisin le foireann Roinn na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Is iomaí ceist a d'fhreagair Fiona de Paor go foighneach le ceithre bliana anuas agus táim fíorbhuíoch di.

Bhí sé de phribhléid agam aithne a chur ar bhaill éagsúla an ghréasáin taighde COST agus mé ag tosú amach ar an saothar seo. Léiríodar a thábhachtaí atá an obair ar nuachainteoirí teangacha mionlaithe agus táim fíorbhuíoch díobh as na deiseanna a chuireadar os mo chomhair amach. *Eskerrik asko.*

Gabhaim buíochas chomh maith le maoinitheoirí an taighde seo, an Chomhairle um Thaighde in Éirinn agus Scéim Scoláireachtaí Taighde Dochtúireachta na Gaillimhe.

Do mo chairde agus mo chomhghleacaithe i bhFoirgneamh Taighde Uí Argadáin. Go raibh míle maith agaibh.

Do mo thuismitheoirí, mo dheartháireacha, mo mhuintir agus mo chairde uilig a thacaigh liom ar bhealaí éagsúla feadh mo shaoil. Go raibh míle maith agaibh.

Do mo bhean chéile ionúin, mo chrann taca, Sarah. Mo ghrá go daingean tú.

Mar bhuidheachas
DO NA GAEIL(GEOIRI)
a rinne an tráchtas seo

A THEANGA SEO LEATH-LIOM

Cé cheangail ceangal eadrainn,

A theanga seo leath-liom?

Muran lán-liom tú cén tairbhe

Bheith easnamhach id bhun?

Tá teanga eile in aice leat

Is deir sí linn ‘Bí liom,’

Do ráinig dúinn bheith eadraibh,

Is is deighilte sinn ó shin.

Ní mór dúinn dul in aice leat

Go sloigfí sinn ionat

Nó goidfear uainn do thearmann,

Is goidfear uaitse sinn.

Ní mheileann riamh leath-aighe,

Caithfeam dul ionat;

Cé nach bog féd chuid a bhraithim tú,

A theanga seo leath-liom.

(Seán Ó Ríordáin)

Caibidil 1: Réamhrá

1.1. Réamhrá

Tá borradh tagtha faoin taighde ar nuachainteoirí i gcomhthéacsanna ilchineálacha le roinnt blianta anuas. Staidéar sochtheangeolaíoch criticiúil atá sa tráchtas seo, ina mbreathnaítear ar *mudes* teangeolaíocha, idé-eolaíochtaí teanga agus féiniúlachtaí nuachainteoirí óga na Gaeilge. Bainim leas as comhthéacs na Bascaise, agus *euskaldunberriak*¹ na teanga sin, chun na tuiscintí a ndéantar forbairt orthu i dtaca leis na rannpháirtithe taighde a threisiú.

Sa chaibidil seo tabharfaidh mé spléachadh ar choincheap an nuachainteora agus leagfaidh mé amach go soiléir an úsáid a bhainfear as an gcoincheap mar lionsa anailíse, seachas mar chatagóir beacht teangeolaíoch ná lipéad rangaithe cainteoirí, le linn an tráchtais. Pléifidh mé go gonta comhthéacs reatha na Gaeilge agus na Bascaise chomh maith. Ina dhiaidh sin leagfaidh mé amach na ceisteanna taighde a fhiosróidh mé agus cosnóidh mé aidhmeanna agus scóip an tráchtais trí bhíthin na bearna eolais a líontar a aithint. Ina theannta sin, míneoidh agus cosnóidh mé rogha an chomhthéacs chomparáidigh. Leagfaidh mé amach modheolaíocht an taighde mar aon le hábhar agus struchtúr na gcaibidilí a leanas. Ar deireadh, leagfaidh mé amach mo sheasamh féin mar thaighdeoir agus mar chainteoir Gaeilge. Aithním an chaoi a n-imríonn dearthaí agus taithí saoil an taighdeora tionchar ar ghnéithe uile an tionscnaimh agus, dá bharr sin, á thábhachtaí atá an t-aisfhilleachas agus taighde á dhéanamh i gcomhthéacs sóisialta ar bith.

Scríobhann O'Rourke agus Pujolar gurb ionann nuachainteoir agus duine a thugann faoin aistear a bhaineann le teanga nua a shealbhú agus a úsáid (2019: 10). Cuirim romham sa tráchtas seo an t-aistear úd a shiúl leis na rannpháirtithe taighde.

1.2. Coincheap an nuachainteora: lipéad teangeolaíoch nó lionsa anailíse?

Is é coincheap an nuachainteora príomhlionsa anailíse (O'Rourke agus Walsh 2018: 377) an tráchtais seo. Bainim leas chomh maith as coincheap gaolmhar an *muda* theangeolaíoch chun pointí criticiúla ar chonairí teangeolaíocha na rannpháirtithe a

¹ Ar mhaithe le soiléireacht úsáidim an téarma Bascaise *euskaldunberri* (iol. *euskaldunberriak*) agus tagairt á déanamh agam do nuachainteoirí na Bascaise. Úsáidim an téarma 'nuachainteoir' nuair is iad nuachainteoirí na Gaeilge atá faoi chaibidil agus le tagairt ghinearálta a dhéanamh do choincheap an 'new speaker'.

Caibidil 1: Réamhrá

fhiosrú. Tugaim léargas gonta orthu sa mhír seo ar mhaithe leis na ceisteanna taighde a leagtar amach i mír 1.3. a lonnú sa ghort taighde.

I 2019 foilsíodh tuarascáil dheiridh an ghréasáin taighde Eorpaigh ar nuachainteoirí a bhí i mbun oibre idir 2013-2017². Mínítear sa tuarascáil sin gur oibrigh taighdeoirí an ghréasáin i dtreo uirlisí anailíse níos cuimsithí a chur le chéile chun tuiscintí nua a chothú i dtaca leis an ‘new communicative order of the modern era which is characterised by new types of speakers, new forms of language and new modes of communication’ (O’Rourke *et al.* 2019: 15). Chuige sin, aithnítear mar nuachainteoir duine

who generally learns the language in institutional contexts outside the home. S/he often acquires the language to a high degree of competence and uses it outside of classroom contexts. New speakers were seen to include individuals with little or no home or community exposure to a minority language but who instead acquire it through immersion or bilingual education programmes, revitalisation projects or as adult language learners (O’Rourke *et al.* 2019: 14; féach chomh maith O’Rourke *et al.* 2015: 1).

D’fhéadfaí daoine a shealbhaigh an teanga go leibhéil éagsúla trí bhíthin an tsóisialaithe teanga neamhfhoirmiúil lasmuigh de chomhthéacsanna traidisiúnta na teanga, áit a bhfuil an mhórtheanga ceannasach sa timpeallacht shóisialta, a áireamh mar nuachainteoirí chomh maith. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh éagsúlachtaí suntasacha a bheith ann idir a n-urlabhra agus an urlabhra thraidisiúnta (Walsh agus Lane 2014: 2). Agus iad ag leagan amach shaintréithe nuachainteoirí, míníonn Walsh agus Lane go nglactar leis an gcoincheap mar lionsa atá dírithe a dhóthain le bheith tairbheach mar uirlis anailíse, ach, anuas air sin, go bhfuil sé sách leathan le hilghnéitheacht, ilchastacht agus éagsúlacht na gcomhthéacsanna, na gcleachtas agus na n-idé-eolaíochtaí a scrúdaítear leis a aithint (2014: 1). Ina theannta sin, aithnítear go mbíonn sé de nós ag nuachainteoirí pobail chleachtais³ nua a lorg, nó pobail chleachtais nua a

² *COST Action IS1306 New Speakers in a Multilingual Europe: Opportunities and Challenges* ba theideal don ghréasán. Bhí mé i mo bhall den ghréasán céanna idir 2015-2017. Bhain taighde an ghréasáin ní hamháin le nuachainteoirí teangacha mionlaithe ach le nuachainteoirí i gcomhthéacs na himirce agus na hoibre trasnáisiúnta chomh maith (féach O’Rourke *et al.* 2019: 16, mar shampla, d’achoirre ar an bhfócas taighde sin).

³ Aithnítear sa tsochtheangeolaíocht gurb ann d’easpa comhaontaithe faoi shainmhíniú an phobail chleachtais (Gumperz 2009; Ó hÍfearnáin 2015: 58-59; Morgan 2009). Luíonn sé lasmuigh de scóip an tráchtais seo mionscagadh a dhéanamh ar na díospóireachtaí éagsúla i dtaca leis an gceist seo ach tagaim le sainmhíniú leathan Bucholtz ar an gcoincheap: ‘a language-based unit of social analysis’ (1999: 203).

Caibidil 1: Réamhrá

bhunú iad féin, le go mbeidh deiseanna acu an teanga a labhairt go sóisialta (2014: 3). Tá gné na húsáide lárnach agus nuachainteoirí idir chamáin agus, tábhachtach a dhóthain, nuair is gá nuachainteoir a idirdhealú ón bhfoghlaiméoir teanga. Míniúnn Walsh agus Lane go mbaineann nuachainteoirí an sprioctheanga amach go leibhéal suntasach cumais agus go mbaineann siad úsáid ghníomhach, rialta as an teanga sin chomh maith (2014: 1).

Is ceist chasta, thábhachtach í an líofacht, dar ndóigh, agus is minic gur slat tomhais shuibiachtúil í agus cainteoirí éagsúla á rangú. Cé go bhfuil fráma tagartha tairbheach ar fáil dúinn i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (Comhairle na hEorpa 2001; féach Ó Riagáin 2019: 107-111), is fráma tagartha é sin nach mbaineann le líofacht na cumarsáide labhartha amháin. Leibhéal C1 an chreata Eorpaigh a úsáideann Ortega *et al.* (2015: 89) i dtaca le *euskaldunberriak*, mar shampla, ach d'fhéadfaí leibhéal B2 a úsáid mar shlat tomhais freisin toisc go mbaineann foghlaiméoirí inniúlacht an úsáideora neamhspleáigh amach ag an bpointe sin. Tagaim le hÓ Murchadha *et al.*, a mholann go n-úsáidfidí coincheap an nuachainteora le hanailís a dhéanamh ar réimse leathan cainteoirí, ó dhaoine a bhfuil teorainn shoiléir lena gcumas sa teanga go nuachainteoirí 'saineolacha' a bhfuil ardchumas teanga iontu (2018: 4). Go minic áirítear tréithe de chanúintí traidisiúnta le hurlabhra na gcainteoirí saneolacha sin ó thaobh na fóineolaíochta, na deilbhíochta is na comhréire de (Piller 2002: 180). Idirdhealaítear an foghlaiméoir ón nuachainteoir, mar sin, ní hamháin de réir líofachta, ach de réir na hiarrachta gníomhaí a dhéanann sí nó sé an teanga a labhairt i gcomhthéacsanna sóisialta éagsúla lasmuigh den chóras oideachais (féach Sallabank agus Marquis 2018: 71, mar shampla).

I saineagrán den *Applied Linguistics Review*, a foilsíodh le teacht chun cinn choincheap an nuachainteora a chíoradh, deir O'Rourke agus Pujolar gurb ionann an coincheap agus 'a kind of umbrella term and ... a means of linking different multilingual strands across a variety of research sub-disciplines' (2015: 146). Tagann siad leis na tuairimí a luadh thuas i dtaca le húsáid an choincheapa mar lionsa anailíse ilghnéitheach:

[I]t puts forward an alternative linguistic model to help understand the complex profiles of speakers that were seen to be emerging in the twenty-first century multilingual society in which we live. To date, no satisfactory framework had existed within which these profiles could be understood across these different multilingual

Caibidil 1: Réamhrá

strands including regional minorities, immigrant groups and transnational workers or students, language learners or transnational online communities (*ibid.*).

Go minic ní thagann lipéid pobail (*emic*) agus taighde (*etic*) lena chéile. Míniúnn Walsh agus Ó Murchadha a choitianta atá coincheap an ‘native speaker’ i bpobail theangacha mionlaithe. I gcontrárthacht leis sin, is annamh a úsáidtear an téarma ‘new speaker’ sna pobail chéanna (2015: 6). Dar leo, ámh, go bhféadfadh méadú teacht ar mhinicíocht úsáide lipéad an ‘new speaker’ agus taighde an tsaoil acadúil ag dul i bhfeidhm de réir a chéile ar chatagóirí agus ar dhioscúrsaí an phobail (*ibid.*). Aithníonn na húdair chéanna, dar ndóigh, gurb é coincheap an nuachainteora an catagóir taighde, teicniúil is coitianta i measc thaighdeoirí an ghréasáin Eorpaigh a luaitear thuas. Spéisiúil go leor, is catagóir *etic* agus *emic* é ‘nuachainteoir’ i gcomhthéacsanna áirithe: *neofalante* na Gailíise, *néo-bretonnant* na Briotáinise agus, mar a phléifear i mír 1.2.3., *euskaldunberri* na Bascaise (2015: 7).

Cíorann Walsh agus Lane doiléireacht agus dúshlán an chatagóirithe theangeolaíoch. Dar leo nach ann donn scoilt dhénártha idir cainteoirí ‘nua’ agus ‘traidisiúnta’ agus nach n-iarrtar le forbairt choincheap an nuachainteora an t-idirdhealú simplíoch teangeolaíoch, cultúrtha sin a chothú. Míniúnn siad go bhfuil an fhírinne shochtheangeolaíoch doiléir, éiginnte agus deir siad go bhfuil na comhthéacsanna sochtheangeolaíocha reatha ina dtógtar daoine óga sa teanga mhionlaithe iomlán éagsúil ó na glúnta a tháinig rompu. Go minic, dar leo, bíonn cainteoirí den chineál sin ar an tairseach idir catagóirí an nuachainteora agus an chainteora thraidisiúnta (2014: 3). Tagann Ó hFearnáin leis an dearcadh úd, agus maíonn sé go bhfuil teorainneacha teangeolaíocha níos póiriúla sa lá atá inniu ann toisc go mbaineann níos lú tábhachta le cúlra an chainteora (2018: 160). Déanann Walsh agus O’Rourke cur síos ar a dhoiléire atá na teorainneacha sin chomh maith. Ina réamhrá ar shaineagrán den *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, a dhírigh ar ghnéithe éagsúla den taighde comhaimseartha ar nuachainteoirí teangacha mionlaithe, tuairiscítear go mba cheart úsáid thomhaiste a bhaint as ‘new speakerness’ mar lionsa teoriciúil seachas mar lipéad a bhrúitear ar na cainteoirí iad féin (2018: 377). Is deacair lipéad beacht amháin a chur i bhfeidhm ar ghrúpa ilchasta, ilghnéitheach cainteoirí, dar ndóigh. Ar aon dul le Walsh agus O’Rourke, agus scoláirí eile a dhéanann taighde ar nuachainteoirí teangacha mionlaithe, bainim leas as an gcoincheap mar lionsa lenar féidir anailís a dhéanamh ar ‘the contemporary dynamics

of multilingual communities and their speakers' (*ibid.*). Déanaim mionphlé ar choincheap an nuachainteora i gCaibidil 2 (mír 2.7.).

1.2.1. *Mudes* teangeolaíocha

Amhail scoláirí eile a dhéanann taighde ar nuachainteoirí, i gCaibidil 4 bainim feidhm as coincheap an *muda* theangeolaíoch chun anailís a dhéanamh ar phointí criticiúla ar chonairí teangeolaíocha na rannpháirtithe. Tháinig coincheap an *muda* chun cinn ar an gcéad ásc i sochtheangeolaíocht na Catalóinise agus taighdeoirí sa chomhthéacs sin ag iarraidh dul i ngleic leis na hathruithe a bhí ag teacht ar phróifíl theangeolaíoch chainteoirí na teanga. Míníonn Woolard, cuir i gcás, gur éirigh féiniúlachtaí teanga sa Chatalóin níos soghluaiste le roinnt blianta anuas i dtéarmaí polaitíochta, deimeagrafaíochta agus idé-eolaíochta (2016: 1; féach chomh maith mír 2.4.). Mar a tharla i gcás fhorás choincheap an nuachainteora, d'eascair coincheap an *muda* as forbairtí agus claochluithe sóisialta comhaimseartha, lena leagtar níos mó béime ar an luaineacht agus ar an ilghnéitheacht a bhaineann le roghanna agus deiseanna teangeolaíocha sa lá atá inniu ann (O'Rourke *et al.* 2015). Míníonn Pujolar agus González, beirt shochtheangeolaithe Chatalónacha a chruthaigh an coincheap, gurbh éigin dóibh téarma nua a chumadh chun dul i ngleic leis na hathruithe sin:

Because our argument relies fundamentally on life history accounts, we have felt the need to coin a new term, linguistic '*muda*' (pl. *mudes*, pron. [muðəz]), to name the specific biographical juncture where individuals enact significant changes in their linguistic repertoire. We use this neologism to express changes in language use that are important for people's self presentations in everyday life, but whose implications for ethnic ascription are often up for negotiation and contestation (2013: 139).

Sa chéad dá mhír eile pléitear go hachomair comhthéacsanna na Gaeilge agus na Bascaise agus seasamh nuachainteoirí agus *euskaldunberriak*. Tugtar le tuiscint go bhfuil pobail na Gaeilge agus na Bascaise araon ag claochlú agus go bhfuil ról suntasach ag nuachainteoirí sna pobail chéanna. Déanaim mionscagadh ar an taighde reatha ar *mudes* nuachainteoirí teangacha mionlaithe i gCaibidil 2 (mír 2.7.2.)

1.2.2. Comhthéacs na Gaeilge

Cé go maíonn os cionn 1.7 milliún duine i bPoblacht na hÉireann go bhfuil cumas labhartha Gaeilge acu, ní bhaineann ach 73,803 duine úsáid laethúil as an teanga lasmuigh den chóras oideachais (An Phríomh-Oifig Staidrimh 2017). 111,473 duine a

Caibidil 1: Réamhrá

mhaíonn go n-úsáideann siad an Ghaeilge go seachtainiúil. Má bhreathnaítear ar an dá fhigiúr úd mar chéatadán de dhaonra iomlán an stáit os cionn 3 bliana d'aois (4,588,252 duine), d'fhéadfaí a mhaíomh go labhraíonn 4% den daonra an Ghaeilge ar bhonn laethúil nó seachtainiúil lasmuigh den chóras oideachais.

De réir na bhfigiúirí daonáirimh céanna, tháinig laghdú suntasach 11% ar líon na gcainteoirí laethúla sa Ghaeltacht ó Dhaonáireamh 2011. Is cosúil, mar sin, go bhfuil pobail na Gaeilge ag athrú ó bhonn agus go bhfuil dúshlán mhóra roimh na ceantair thraidisiúnta. Níl an Ghaeilge ina teanga pobail ach i gcuid bheag den Ghaeltacht oifigiúil anois (Ó Giollagáin agus Mac Donnacha 2008; Walsh 2018).

Tá tuairim is 72% (53,217 duine) de chainteoirí laethúla na Gaeilge ina gcónaí lasmuigh de cheantair Ghaeltachta. Tá go leor de na cainteoirí sin ag cur fúthu i gcathracha agus i mbailte na tíre. Tá siad ag brath den chuid is mór ar ghréasáin scaipthe Ghaeilge chun teagmháil a dhéanamh leis an teanga lasmuigh den chomhthéacs institiúideach. Baineann tábhacht nach beag, dar ndóigh, leis an gcomhthéacs institiúideach céanna chun cainteoirí nua a chruthú, ach an áit a bhfuil an dúshlán is mó ná na daltaí a shealbhaíonn cumas Gaeilge sa chóras oideachais a iompú ina gcainteoirí gníomhacha. Áitíonn Ó Duibhir go mba cheart do thuismitheoirí, do phobail áitiúla agus d'áisíneachtaí stáit seilbh a ghlacadh ar an dúshlán sin. Dar leis, is beag seans go gcruthófaí an dátheangachas gníomhach d'uireasa úsáid shóisialta na Gaeilge (2018: 177).

I dtaca leis na cathracha i bPoblacht na hÉireann inar cuireadh na hagallaimh i gcrích le rannpháirtithe taighde (féach Caibidil 3), is i mBaile Átha Cliath agus i mbruachbhailte na cathrach sin a fhaightear an dearbhlíon is airde de chainteoirí laethúla Gaeilge (14,903 duine). 2,344 cainteoir laethúil Gaeilge atá i gCathair na Gaillimhe agus a bruachbhailte. Is ionann sin agus 3% de dhaonra na cathrach sin. Spéisiúil go leor, tugtar le tuiscint i bhfigiúirí an daonáirimh go raibh 'leibhéal ní b'airde oideachais ag cainteoirí laethúla Gaeilge ná an pobal i gcoitinne. Bhí céim tríú leibhéal ar a laghad ag 49 faoin gcéad díobh, i gcomparáid le 28.5 faoin gcéad den phobal i gcoitinne' (An Phríomh-Oifig Staidrimh 2017). D'fhreastail na rannpháirtithe taighde ar fad i gcomhthéacs na Gaeilge, cé is moite d'fhear óg amháin as Béal Feirste, ar an ollscoil.

Caibidil 1: Réamhrá

Maíonn 15% de dhaonra an Tuaiscirt⁴ go bhfuil eolas éigin ar an nGaeilge acu – is é sin le rá go dtuairiscíonn siad gur féidir leo an Ghaeilge a thuiscint, a labhairt, a léamh nó a scríobh (Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde 2018). De réir na bhfigiúirí céanna, a bailíodh mar chuid den Suirbhé Leanúnach Teaghlach, tá labhairt na Gaeilge ag 9% de dhaonra fásta an Tuaiscirt. Tuairiscítear chomh maith go n-úsáideann 4% de dhaoine fásta an Ghaeilge sa mbaile lena dteaghlaigh nó lena gcomrádaithe tí go laethúil nó go fíormhinic, agus go n-úsáideann 4% an Ghaeilge go sóisialta ar bhonn laethúil nó seachtainiúil le cairde nó le comhghleacaithe. Dá réir sin, d’fhéadfaimis glacadh le 4% mar fhigiúr atá comhionann le líon chainteoirí laethúla agus seachtainiúla Phoblacht na hÉireann. Léiríodh i nDaonáireamh 2011 go raibh 1,431,540 duine os cionn 16 bliana d’aois sa Tuaisceart (Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde 2012). D’fhéadfaí a mhaíomh, mar sin, go bhfuil tuairim is 57,000 cainteoirí laethúla agus seachtainiúla Gaeilge sa Tuaisceart.

I dtaca leis an tríú comhthéacs cathrach inar cuireadh agallaimh i gcrích le rannpháirtithe an taighde, tuairiscíonn 13.45% de dhaonra Bhéal Feirste (43,106 duine) go bhfuil ‘eolas éigin’ acu ar an nGaeilge. Maíonn beagán le cois 5% de dhaonra na cathrach (16,440 duine) go dtuigeann siad an Ghaeilge agus, anuas air sin, go bhfuil labhairt, léamh agus scríobh na teanga acu (Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde 2012). Bhain mé leas as staitisticí Ghníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde le léamh níos mine a dhéanamh ar Iarthar Bhéal Feirste, toisc gurbh ann a chaith mé tréimhsí i mbun breathnóireachta (féach Caibidil 3). Tuairiscíonn 7,323 duine sa 50 Forlimistéar Aschuir⁵ a bhaineann le hIarthar Bhéal Feirste go bhfuil tuiscint acu ar an nGaeilge, mar aon le labhairt, léamh agus scríobh na teanga. Is ionann an figiúr sin agus 44.5% de mhórfhigiúr na cathrach. Is ann d’fhigiúirí speisiúla i dtaca le ceist na bochtaineachta agus an Ghaeilge chomh maith (féach Walsh 2012: 346): ‘In 2017/18 adults living in the least deprived areas are less likely to have knowledge of Irish than those living in the most deprived areas (11% and 17% respectively)’ (Gníomhaireacht

⁴ ‘An Tuaisceart’ an téarma a d’úsáid na rannpháirtithe taighde arbh as Tuaisceart na hÉireann dóibh agus iad ag labhairt faoin gcomhthéacs sin le linn na n-agallamh. Dá bharr sin, cloím féin leis an téarma úd sa tráchtas seo (féach chomh maith Zenker 2013: 6).

⁵ Féach <https://www.nisra.gov.uk/support/geography/northern-ireland-super-output-areas>

Caibidil 1: Réamhrá

Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde 2018). Deirtear i dtuairisc a d'fhoilsigh Tionól Thuaisceart Éireann in 2017:

Belfast West is the most deprived constituency in Northern Ireland. Twenty-three of the 50 Super Output Areas (SOAs) in Belfast West are ranked in the 10% most deprived wards in Northern Ireland, based on the Northern Ireland Multiple Deprivation Measure 2017 (Próifil Thoghcheantair – Béal Feirste Thiar 2017: 4).

Tagann na meastacháin thuasluaite i dtaca le cainteoirí gníomhacha laethúla agus seachtainiúla le léamh Walsh *et al.* ar líon na nuachainteoirí ar oileán na hÉireann, ina dTuarascáil *Taighde ar Nuachainteoirí na Gaeilge*. Aithním gurb é seo an léamh is flaitiúla, b'fhéidir, a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an líon nuachainteoirí de dheasca na srianta a bhaineann le staitisticí daonáirimh:

Má chuirtear na cainteoirí laethúla agus seachtainiúla theas i dteannta na gcainteoirí cumasacha thuaidh, d'fhéadfadh suas le 200,000 nuachainteoir gníomhach, rialta Gaeilge a bheith ann (timpeall 5 faoin gcéad de dhaonra na hÉireann, thuaidh agus theas) chomh maith le grúpa níos mó a bhfuil cumas níos laige aige (2015: 10).

Glactar leis go mbaineann dúshlán le staitisticí i dtaca le teangacha i ndaonáirimh nó suirbhéanna. Is cinnte go gcuireann siad léargas cuimsitheach ar fáil faoin daonra iomlán ach níl mórán scóipe chun ceisteanna beachta, caolchúiseacha a chur (Punch 2008: 47; féach Ó Riagáin 2018: 23-47 d'iniúchadh ar na ceisteanna a chuirtear faoi chumas Gaeilge i ndaonáirimh na Poblachta agus an Tuaiscirt araon). I ndaonáirimh náisiúnta, go minic ní bhíonn ach ceist nó dhó faoi chúrsaí teanga (Ó Riagáin 2018: 3). Míníonn Ó Riagáin nach ann do mhodhanna suirbhéireachta ar chumas, úsáid ná dearcthaí teanga a bhfuil glacadh go forleathan leo, agus go spreagtar freagraí éagsúla i measc freagróirí ag brath ar fhoclaíocht na gceisteanna (2018: 5). I dtaca le daonáirimh na Poblachta agus an Tuaiscirt, scríobhann Ó Riagáin:

The sometimes large impact of minor shifts in question wording, in instructions, and in the listed examples of responses points to the significant role that arbitrary methodological details can play in producing a portrait of the linguistic characteristics of a national or regional population (2018: 43).

Ina theannta sin, toisc go gcuimsítear sonraí féintuairiscithe agus sonraí a líonann an príomhfhreagróir isteach thar ceann an teaghlaigh sna daonáirimh thuasluaite,

Caibidil 1: Réamhrá

ardaítear ceisteanna trombhríocha i dtaca le bailíocht agus le hiontaofacht na staitisticí sin (Ó Riagáin 2018: 26).

Pléifear go hachomair sa chéad mhír eile a achrannaí atá na lipéid theangeolaíocha a úsáidtear le rangú a dhéanamh ar chainteoirí éagsúla Bascaise. Is amhlaidh atá, dar ndóigh, i dtaobh cainteoirí Gaeilge. Go dtí le fíordhéanaí, níor baineadh úsáid as an téarma ‘nuachainteoir’ mar chatagóir forleathan pobail i gcomhthéacs na Gaeilge. Taispeánfar i gCaibidil 7 (mír 7.4), ámh, go bhfuil sé sin ag athrú diaidh ar ndiaidh agus úsáid an choincheapa mar lipéad *etic* ag imirt tionchar ar dhioscúrsaí an phobail. Is lipéad trombhríoch é ‘Gaeilgeoir’. I dtaighde Walsh ar nuachainteoirí aeracha, cuireann rannpháirtí amháin síos ar ‘Ghaeilgeoir’ mar lipéad ‘trom’ agus tugtar le tuiscint go mbreathnaíonn sé air mar rud eisintiúil, sriantach (2019: 67-68). Glacann nuachainteoirí eile an lipéad chucu féin, mar a thaispeánfar i gCaibidil 5 (féach Walsh 2019b: 229, mar shampla). Is léir gur coincheap ilchiallach é ‘Gaeilgeoir,’ bíodh is gur ‘cainteoir Gaeilge’ bunbhrí an fhocail. Míníonn Walsh go samhlaítear tréithe diúltacha leis ar uairibh:

It is used frequently by English speakers and in the English language media as a negative label for Irish speakers whom are deemed to be over-enthusiastic in their promotion of Irish. It is also used by native Irish speakers in Connemara to describe teenage learners of Irish who spend the summer holidays in the Gaeltacht. This second meaning is less pejorative, but it serves to distinguish between those who are learning Irish and native speakers (2012: 290).

Feictear sampla amháin d’úsáid an lipéid mar théarma díspeagtha in alt a foilsíodh ar *The Irish Times* cúpla bliain ó shin, agus leas bainte as chun dearcadh ródhíocasach a chur i leith cainteoirí na teanga (féach chomh maith Kabel 2000):

Not even the most passionate Gaeilgeoirí could describe Irish as a useful language to have outside of Ireland ... nor could anyone say that Irish is a necessary language to have in order to navigate your way through a day’s work or leisure in Ireland itself (Boland 2016).

Is ann don lipéad ‘Gael’ freisin. Bíodh is go léireofar i gCaibidil 5 (mír 5.4.2.) go bhfuil tuiscintí nua i dtaca leis an lipéad úd ag teacht chun cinn i measc nuachainteoirí, is cinnte go mbaineann ualach stairiúil leis chomh maith. D’eascair na tuiscintí stairiúla sin as dioscúrsaí na hAthbheochana ag deireadh an naoú haois déag (féach

mír 2.5.1.). Bhí smaointeoireacht na tréimhse sin faoi thionchar an eitneanáisiúnachais agus míníonn Ó Conchubhair, mar shampla, go raibh coincheap an ‘Ghaeil’ agus, dá bharr sin, an fhéiniúlacht Ghaelach, fite fuaite le téamaí an laochais, an leanúnachais agus an rómánsachais (féach chomh maith Mulhall 2013):

Bhí na Gaeil an-chinnt de i gcónaí gur náisiún ársa iad. Ní raibh aon cheist ann ach gur náisiún den chéad grád iad de bharr ar bhain a sinsir amach agus ní raibh le déanamh ach an teanga a athbheochan agus d’aimseofaí an mianach a dhein laochra, filí agus ceardaithe dóibhsean a d’imigh rompu (2009: 21).

Ina theannta sin, samhlaíodh an Ghaeilge agus an fhéiniúlacht Ghaelach leis an gCaitliceachas (Ó Conchubhair 2009: 33-36) agus le cine saineiúil ar leith (2009: 83-84).

Ag filleadh ar nuachaintoírí an lae inniu, molann Walsh *et al.* go mba cheart forbairt a dhéanamh ar ‘spásanna sábháilte’ d’úsáid na teanga, go háirithe i mbailte móra agus i gcathracha na tíre (2015: 17). Ba iad ‘spásanna sábháilte’ den chineál sin suíomhanna taighde an tráchtais seo, mar a mhíneoidh mé i gCaibidil 3. Tógaim ar thuarascáil taighde Walsh *et al.*, mar aon le taighde comhaimseartha eile ar nuachaintoírí (O’Rourke agus Walsh 2015; Walsh agus Ní Dhúda 2015; Walsh agus O’Rourke 2015; Walsh 2019a-c) i gCaibidlí 4 agus 5.

1.2.3. *Euskaldunberriak*

Tá stádas rúndiamhair ag an mBascais, dar le Urla, toisc gur teanga aonraíoch, neamh-Ind-Eorpach í nach bhfuil gaol aici le teanga ar bith eile aon áit ar domhan, go bhfios dúinn (2012: 1). Léirítear sna figiúirí oifigiúla is déanaí go dtuairiscíonn 33.9% den daonra i bPobal Féinrialaitheach na mBascach⁶ gur cainteoirí Bascaise iad, tuairim is 631,000 duine (*Eusko Jaurlaritz*a 2016). Is ionann sin agus fás suntasach le beagnach 30 bliain anuas agus 212,000 níos mó cainteoirí anois ná mar a bhí i 1991. Tharla an borradh is suntasaí san aoisghrúpa faoi bhun 35 bliain d’aois.

Tugtar éagsúlacht faoi deara idir cúigí an Phobail Fhénrialaitheach. Is cainteoirí Bascaise iad 50.6% den daonra in Gipuzkoa. 27.6% agus 19.2% den daonra atá i gceist

⁶ Cuimsítear trí chúige i dtuaisceart na Spáinne sa Phobal Féinrialaitheach – Bizkaia, Gipuzkoa agus Araba. Nuair a labhraítear ar *Euskal Herria* nó ar Thír na mBascach ina hiomláine cuimsítear chomh maith Nafarroa (pobal féinrialaitheach eile laistigh de stát na Spáinne) agus trí chúige i ndeisceart na Fraince – Lapurdi, Nafarroa Beherea agus Zuberoa.

Caibidil 1: Réamhrá

in Bizkaia agus Araba faoi seach. I bpríomhchathair Bizkaia, Bilbao⁷, áit ar cuireadh agallaimh chomhthéacs na Bascaise i gcrích, tuairiscíonn 18.6% den daonra gur cainteoirí Bascaise iad. 35.4% agus 17.9% na figiúirí in Donostia agus Gasteiz faoi seach. I dtaca le cathair Bilbao, míníonn Lantto:

Opportunities to use Basque have to be sought out, as the bilinguals live scattered among the monolingual Spanish-speaking majority. Yet, the Greater Bilbao area is, when sheer speaker numbers are considered, an important city for the future of the Basque language and for new Basque speakers (2018: 168)

Léirítear sna figiúirí céanna gur *euskaldunberriak* iad 36.8% de chainteoirí Bascaise. Méadaíonn an líon *euskaldunberriak* go 50% i measc cainteoirí Bascaise níos óige ná 50 bliain d’aois. Is méadú suntasach é sin ón 15% de chainteoirí Bascaise faoi bhun 50 bliain d’aois a bhí ina *euskaldunberriak* i 1991.

Murab ionann agus coincheap an nuachainteora i gcomhthéacs na Gaeilge, tá bunús láidir sóisialta faoi choincheap an *euskaldunberri* i dTír na mBascach. Féach, mar shampla, cur síos Urla nach mór 30 bliain ó shin ar chatagóirí éagsúla na gcainteoirí Bascaise. Tugtar faoi deara sa sliocht seo go samhlaítear an Bhascais chaighdeánach, *Batua*, le *euskaldunberriak*. Rinneadh caighdeánú ar an teanga sna 1960idí agus tá bunús láidir institiúideach ag *Batua* sa lá atá inniu ann. Úsáidtear *Batua* sa chóras oideachais ó leibhéal na bunscoile go leibhéal na hollscoile agus is í príomhtheanga na meán craoltóireachta í chomh maith. Thairis sin, foilsítear an chuid is mó d’ábhar clóite na Bascaise in *Batua* (Hualde agus Zuazo 2007: 143). Fillfidh mé ar théama an chaighdeáin agus na canúna i gCaibidil 6 agus anailís á déanamh agam ar shonraí na Bascaise:

Basque speakers divide the universe into two mutually exclusive categories: Basque speakers *euskaldunak* and non-Basque speakers *erdaldunak*. In the last 25 years or so, two new terms have emerged: *euskaldun zaharrak* (old Basques), native Basque speakers who tend to be primarily from farming and fishing communities, and *euskaldunberriak* (new Basques), the emerging corpus of urban professionals, civil servants, and teachers who have mastered standardised Basque, *Batua* (1993: 834).

⁷ Toise gurb iad ainmneacha Bascaise na gcathracha agus na mbailte a d’úsáid rannphairtíthe na Bascaise, cloítear leo sa tráchtas seo. Glactar le Bilbao agus Bilbo araon sa Bhascais. Is iad Donostia agus Gasteiz ainmneacha Bascaise San Sebastián agus Vitoria faoi seach.

Caibidil 1: Réamhrá

Míníonn Ortega *et al.* gur scaipeadh an coincheap i measc an phobail mhóir sna 1960idí ach gur nochtadh é ar an gcéad ásc i dtreo dheireadh an naoú haois déag (2016: 166). Is léir, mar sin, go mbaineann ualach sóisialta agus stairiúil leis. Go deimhin, baineann Ortega *et al.* leas as an téarma Caistílise⁸ *nuevo hablante* seachas *euskaldunberri* ina gcuid taighde siúd mar aistriúchán ar an téarma taighde *new speaker*. Dar leo, toisc gur téarma réasúnta úr é *new speaker*, nach gceanglaítear luachanna diúltacha leis. Míníonn siad go mbíonn impleachtaí sóisialta ag lipéid ar nós *euskaldunberri* agus *euskaldun zaharra* agus go bhfuil na himpleachtaí úd á gceistiú i sochaí chomhaimseartha na mBascach (2016: 17-18). Fillfear ar cheist na lipéad i gCaibidil 6 agus téamaí na barántúlachta agus na dlisteanacha á bhfiosrú agam i gcás rannpháirtithe na Bascaise.

De bharr gur *euskaldunberriak* iad céatadán suntasach de phobal iomlán na gcainteoirí Bascaise, aithnítear go mbaineann tábhacht straitéiseach leo i dtaca le cosaint agus dul chun cinn na teanga (Ortega *et al.* 2015: 86). Míníonn Ortega *et al.*, go gcaithfear níos mó ná figiúirí oifigiúla a chur san áireamh, áfach, chun léargas a fháil ar sheasamh reatha na Bascaise sa réigiún: ‘Basque language advocates are thus only cautiously optimistic about the future. To realistically assess the situation of Basque, it is necessary to go beyond the numbers to better understand the changing characteristics of the Basque-speaking community’ (*ibid.*). Bíodh sin mar atá, agus in ainneoin na srianta a bhaineann le figiúirí daonáirimh, míníonn Urla go n-imríonn staitisticí oifigiúla tionchar ar chleachtais dhioscúrsacha athbheochan na Bascaise. Agus í i mbun taighde in *Euskal Herria*, míníonn sí gur aithin sí de réir a chéile a lárnaí atá ‘uimhreacha’ i ndíospóireachtaí agus streachailtí siombalacha na teanga (2012: 110). Leagann sí amach go soiléir anseo impleachtaí sóisialta staitisticí, agus is cinnte go bhféadfaí na himpleachtaí céanna a aithint i gcomhthéacs na Gaeilge: ‘Official statistics and census counts have concrete material consequence in contemporary democracies, determining political representation, entitlement to funding, education, and the provision of numerous and vital social resources’ (2012: 111; féach chomh maith Ó Riagáin 2018: 4-5).

⁸ Úsáidim ‘an Chaistílis’ mar aistriúchán Gaeilge ar theanga cheannasach na Spáinne. Tagann rannpháirtithe na Bascaise le tromlach an phobail a bhaineann leas an téarma *castellano* seachas *español* le lipéadú a dhéanamh ar an teanga. Ina cuid taighde ar chomhthéacs na Catalóine, míníonn Woolard: ‘In Catalonia and the rest of Spain, “Spanish” ... and “Castilian” ... refer to the same language. “Castilian” is the more common term’ (2016: xix).

Caibidil 1: Réamhrá

In ainneoin an dul chun cinn atá déanta ag an teanga le roinnt blianta anuas, ní teanga iomlán normalaithe i réimsí éagsúla na sochaí í an Bhascais in aon chor, dar le Ortega *et al.* (2016: 15). I dtaighde a dhírigh ar labhairt na Bascaise *kalean* ('ar an tsráid'), a foilsíodh in 2017, léiríodh go bhfuil úsáid phoiblí na Bascaise ag leibhéal níos ísle anois ná mar a bhí deich mbliana ó shin (*Soziolinguistika Klusterra* 2017: 5). Rinneadh breathnóireacht ar 187,635 comhrá ar fud Thír na mBascach agus ba i mBascais a bhí 12.6% de na comhráite úd (2017: 4). Léiríodh titim in úsáid na teanga ó 2001 i gcathair Bilbao chomh maith (2017: 9). B'ábhar dóchais é, ámh, go raibh an leibhéal úsáide níos airde i measc aoisghrúpaí níos óige ná mar a bhí i measc iad siúd os cionn 65 bliana d'aois (2017: 16)

Is léir, mar sin, go bhfuil deiseanna agus dúshláin araon roimh an mBascais agus is léir chomh maith an tábhacht straitéiseach a bhaineann le *euskaldunberriak* agus a bhainfidh leo amach anseo. Chuige sin, ní mór a bpróisis shealbhaithe, mar aon lena bpatrúin úsáide agus seachadta, a thuiscint. Caithfear chomh maith na coinníollacha a éascaíonn nó a chuireann srian ar úsáid na teanga sa saol laethúil a fhiosrú, agus míniú a thabhairt ar a nascanna mothaitheacha leis an teanga agus ar a ndearcthaí i dtaca leis an gcineál cainteora a shamhlaíonn siad iad féin leis (Ortega *et al.* 2016: 17). Dírím ar *euskaldunberriak* agus aidhmeanna comparáideacha an tráchtais i gCaibidil 6.

1.3. Ceisteanna taighde

Tá sé mar aidhm agam sa tráchtas seo na ceisteanna taighde a leanas a fhiosrú. Múnlaíodh agus athmhúnlaíodh na ceisteanna taighde ar bhealach aisfhilleach le linn an phróisis taighde (Heller *et al.* 2018: 3):

1. Cad a spreagann nuachaintoirí i dtreo na teanga? Is é sin le rá, cad iad na *mudes* teangeolaíocha a thiteann amach le linn a gconairí teanga?
2. Cad iad na hidé-eolaíochtaí teanga a léiríonn nuachaintoirí? Dírítear go príomha ar idé-eolaíochtaí teanga na rannpháirtithe i dtaca le ceisteanna barántúlachta agus dlisteanachta.
3. Cad iad na féiniúlachtaí a thuiriscíonn siad a bheith acu, agus cén ról atá ag an nGaeilge in idirbheartaíocht féiniúlachta na rannpháirtithe? Breathnaítear go sonrath ar ról na Gaeilge i gcruthú agus in athchruthú na féiniúlachta agus ar fhéiniúlacht ghrúpa na nGael.

Caibidil 1: Réamhrá

Cuirim romham na ceisteanna taighde seo a leanas i dtaca le comhthéacs comparáideach na Bascaise:

1. Cén seasamh idé-eolaíoch atá ag na rannpháirtithe i dtaca lena stádas mar chainteoirí barántúla, dlisteanacha Bascaise?
2. Cén dearcadh atá acu i leith choincheap an *euskaldunberri*?
3. An bhfuil cosúlachtaí nó éagsúlachtaí idir idé-eolaíochtaí teanga nuachainteoirí agus *euskaldunberriak*? Is ann do choincheap an *euskaldunberri* i dTír na mBascach le blianta fada. Ní hamhlaidh atá i gcomhthéacs na Gaeilge. An imríonn leitheadúlacht an téarma tionchar ar *euskaldunberriak* agus iad i mbun idirbheartaíochta lena bhféiniúlachtaí teanga?

Sa chéad mhír eile léirím an bhearna eolais a ndéanaim iarracht í a líonadh trí na ceisteanna taighde thuasluaite a fhiosrú.

1.4. Cosaint agus scóip an tráchtais

Tá sé mar aidhm agam leis an tráchtas seo tógáil ar an taighde comhaimseartha ar nuachainteoirí teangacha mionlaithe agus ar na próisis chasta trína bhfoghlaímíonn daoine teangacha nua agus trína ndéanann siad cainteoirí dlisteanacha díobh féin (O'Rourke agus Pujolar 2019: 10). I dtaca le comhthéacs na Gaeilge, míníonn Walsh *et al.* go dteastaíonn 'tuilleadh taighde chun tuiscint níos fearr a fháil ar idé-eolaíochtaí agus ar fhéiniúlachtaí na gcainteoirí sin agus ar a ról féideartha i bhforbairt na Gaeilge sa todhchaí' (2015: 62). Moltar chomh maith go dteastaíonn taighde ar *mudes* nuachainteoirí chun na cúinsí a chothaíonn cinn rathúla a thuiscint (*ibid.*). Breathnaíonn Smith-Christmas agus Ó Murchadha ar 'new speakerness' mar ghluaiseacht dhinimiciúil ina dtagann catagóirí sóisialta éagsúla i dteagmháil lena chéile, agus ina ndéantar idirbheartaíocht agus athidirbheartaíocht leanúnach ar na catagóirí céanna. Dar leo go dteastaíonn a thuilleadh taighde ar nuachainteoirí le go mbeidh beogacht faoi theangacha mionlaithe agus faoi phobail chainteoirí na dteangacha sin sna blianta amach romhainn (2018: 288).

Is mian liom cur le coincheap an nuachainteora ar thrí bhealach éagsúla leis an tráchtas seo:

Caibidil 1: Réamhrá

- Déanfaidh mé forbairt ar choincheap an *muda* theangeolaíoch trí choincheapa nua an réamh*muda* agus an *muda* shóisialta a chur i láthair i gcomhthéacs na Gaeilge.
- Léireoidh mé go bhfuil tuiscintí nua i dtaca le téamaí na barántúlachta agus na dlisteanachta ag teacht chun cinn i gcomhthéacs na Gaeilge. Déanfaidh mé anailís nua ar na ceisteanna sin ag tarraingt dom ar idé-eolaíochtaí na barántúlachta iar-nádúrtha (féach mír 2.3.1.).
- Cuirfidh mé le tuiscintí idirchomhthéacsúla i dtaca le nuachainteoirí teangacha mionlaithe le gné chomparáideach an tráchtais.

Sa chéad mhír eile cosnóidh mé rogha chomhthéacs na Bascaise don ghné chomparáideach sin.

1.4.1. Cosaint na comparáide

De rogha ar chomparáid uileghabhálach, lena mbainfeadh an líon céanna agallamh agus an méid céanna ama sa ghort, úsáidim an anailís ar shonraí na Bascaise sa tráchtas seo mar chrann taca do shonraí na Gaeilge. Míníodh thuas gur téarma coitianta, fadbhunaithe i sochaí Thír na mBascach é coincheap an *euskaldunberri* agus dá bharr sin shíl mé go mbainfeadh tairbhe le taighde a dhéanamh ar an gcomhthéacs sin taobh le comhthéacs na Gaeilge, áit nach raibh mórán cur amach ag an bpobal trí chéile ar choincheap an nuachainteora, lasmuigh de dhomhan na hacadúlachta, go dtí le fíordhéanaí. De bharr na difríochta suntasaí sin idir an dá chomhthéacs, agus le téamaí na barántúlachta agus na dlisteanachta lárnach i gceisteanna taighde an tráchtais, shíl mé go bhféadfainn comparáidí fiúntacha a tharraingt idir taithe nuachainteoirí agus *euskaldunberriak* agus, ar an gcaoi sin, léargas níos grinne a thabhairt ar nuachainteoirí teangacha mionlaithe trí chéile.

Is ann do shamplaí éagsúla de thaighde sochtheangeolaíoch comparáideach idir comhthéacs na Gaeilge agus na Bascaise. Baineann Kelly-Holmes *et al.* (2009), mar shampla, leas as an dá chomhthéacs úd, mar aon le cás-staidéar na Sáimise, le hanailís a dhéanamh ar an mbeartas teanga sna meáin chumarsáide. Míníonn Moriarty gurb ann do chomhchosúlachtaí idir an dá chomhthéacs, ach go háirithe i dtaca leis an mbeartas teanga, a thacaíonn le staidéar comparáideach eatarthu (2010: 142). Fiosraíonn sí tionchar an bheartais teanga ar mhic léinn ollscoile nach ‘cainteoirí T1’ Gaeilge ná Bascaise iad. Tugann an taighde sin le tuiscint an gá atá le hiarrachtaí

Caibidil 1: Réamhrá

athneartaithe a leathnú amach ón gcomhthéacs institiúideach. Bíodh is gur léirigh na rannpháirtithe tacaíocht shuntasach idé-eolaíoch don dá theanga, níorbh ionann sin agus úsáid ghníomhach na Gaeilge ná na Bascaise ina measc. D'fhéadfaí na rannpháirtithe úd a áireamh, b'fhéidir, mar nuachainteoirí féideartha (Carty 2018: 254). Ar aon dul le Walsh *et al.*, molann Moriarty go gcruthófaí spásanna nua sóisialta d'úsáid na teanga:

If we accept that a significant level of language attrition takes place in the years immediately following compulsory education, it is evident that the priority for Irish and Basque language planners should be to provide more space for these languages outside the educational setting (2010: 154).

I dtaca leis an taighde ar nuachainteoirí, déanann Puigdevall *et al.* (2018) staidéar comparáideach ar *mudes* i gcomhthéacsanna na Bascaise agus na Gaeilge, mar aon le comhthéacs na Catalóinise (féach mír 2.7.2.). Cuirfidh an tráchtas seo go mór leis an gcorpas taighde comparáideach i dtaca le nuachainteoirí teangacha mionlaithe. Tuairiscíonn O'Rourke *et al.* gurb ann do bhearna maidir leis an gcineál oibre sin. Bíodh is go bhfuil eisceachtaí ann:

there have nonetheless been few if any attempts to explain the entire range of variation across new speaker profiles through comparative theory building and research. This despite the fact that in many minority language contexts, new speakers have come to constitute an important sociolinguistic group, in some cases outnumbering or replacing traditional native speaker communities altogether (2015: 2).

Mar aon leis na cúinsí léannta a spreag mé chun Tír na mBascach a roghnú mar chomhthéacs comparáideach, ní mór dom a lua anseo gur bhain spreagadh pearsanta agus praiticiúil leis an gcinneadh sin chomh maith. Tá sealanna oibre agus staidéir caite agam in Bilbao Thír na mBascach agus músclaíodh spéis i gcomhthéacs sochtheangeolaíoch na Bascaise ionam le linn na dtréimhsí úd. Ar leibhéal pearsanta, shíl mé go mbeadh sé suimiúil agus tairbheach staidéar a dhéanamh ar *euskaldunberriak* lena dtaithí leis an teanga a chur i comparáid le nuachainteoirí Gaeilge cosúil liomsa. Thairis sin, bhraith mé go mbeadh buntáistí praiticiúla i gceist le comhthéacs na Bascaise chomh maith, a bhuí leis na teagmhálacha gairmiúla agus pearsanta atá agam i gcathair Bilbao. Chuidigh na teagmhálacha sin, agus an cur amach atá agam féin ar an gcathair agus ar an gcomhthéacs níos leithne, liom obair

fhiúntach a chur i gcrích ann laistigh de thréimhse ama a bhí réasúnta teoranta. Cosnóidh mé fiúntas na comparáide arís i mír 6.4.1.

1.5. Modheolaíocht

Pléitear modheolaíocht an taighde go mion i gCaibidil 3 ach sa mhír seo tugaim léargas achomair ar na modhanna éagsúla bailithe agus anailíse ar baineadh úsáid astu le linn an obair pháirce. Is tionscnamh sochtheangeolaíoch criticiúil é an tráchtas seo agus tá sé mar aidhm agam tuiscintí na rannpháirtithe ar fheiniméin shóisialta éagsúla a úsáid chun na ceisteanna taighde a leagadh amach i mír 1.3 a fhreagairt. Is iad *mudes* teangeolaíoch, idé-eolaíochtaí teanga agus féiniúlachtaí na feiniméin shóisialta sin. Míneofar i gCaibidil 2 gur eascair coincheap an nuachainteora as an tsochtheangeolaíocht chriticiúil. Tagaim, dá bhrí sin, le Heller *et al.* (2018) a ghlacann seasamh tógachaíoch chun taighde sa tsochtheangeolaíocht chriticiúil a chur i gcrích⁹.

Rinne mé breathnóireacht i suíomhanna taighde na Gaeilge. Ba spásanna sóisialta uirbeacha d'úsáid na Gaeilge iad na suíomhanna sin i mBaile Átha Cliath, i mBéal Feirste agus i nGaillimh. Bhain dhá sprioc leis an mbreathnóireacht. Ar an gcéad dul síos, theastaigh uaim tuiscint níos fearr a fháil ar chomhthéacsanna sóisialta nuachainteoirí na Gaeilge. Ar an dara dul síos, chuidigh próiseas na breathnóireachta liom rannpháirtithe féideartha a aimsiú d'agallaimh leathstruchtúrtha bheathaisnéisacha. Cuireadh sraith agallamh i gcrích le nuachainteoirí Gaeilge idir 18-31 bliain d'aois. I gcomhthéacs na Bascaise, cé nárbh fhéidir liom úsáid a bhaint as an mbreathnóireacht de dheasca srianta ama agus praiticiúla (féach mír 3.4.2.), cuireadh sraith agallamh i gcrích le *euskaldunberriak* éagsúla i gcathair Bilbao chun aidhmeanna comparáideacha an tráchtas a chomhlíonadh.

1.6. Leagan amach an tráchtas

Féachann Caibidil 2 den tráchtas seo le bunchlocha teoiriciúla an taighde a leagan amach. Mar a míníodh i mír 1.2., is é coincheap an nuachainteora príomhlionsa anailíse an tráchtas. Pléifidh mé an taighde comhaimseartha ar nuachainteoirí teangacha mionlaithe agus míneoidh mé chomh maith coincheap an *muda* theangeolaíoch. Ina theannta sin, cíorfaidh mé fréamhacha an choincheapa sa

⁹ Míníonn Heller *et al.* an cur chuige seo: 'A constructivist position basically posits that knowledge is a human creation and that it takes place in social contexts where persons interact with each other to achieve specific ends' (2018: 7).

Caibidil 1: Réamhrá

tsochtheangeolaíocht chriticiúil. Tugann an tsochtheangeolaíocht chriticiúil dúshlán do thuiscintí stairiúla, traidisiúnta a bhí ceannasach sa teangeolaíocht agus réimsí gaolmhara le blianta fada. Tabharfaidh mé léargas ar na tuiscintí sin agus ar an athrú paraidíme, atá tagtha chun cinn le roinnt blianta anuas, a cheistíonn idé-eolaíochtaí teanga seanbhunaithe. Léireoidh mé go bhfuil dlúthbhaint ag idé-eolaíochtaí teanga leis na haidhmeanna taighde agus le gnéithe éagsúla den tráchtas, téama na féiniúlachta ach go háirithe. Chuige sin, scagfaidh mé an dá réimse sin agus díreoidh mé go háirithe ar cheisteanna barántúlachta agus dlisteanachta.

Leagfaidh mé amach modheolaíocht an tráchtais i gCaibidil 3 agus táispeánfaidh mé gur modhanna bailithe agus anailíse feiliúnacha atá roghnaithe agam chun fiosrú a dhéanamh ar cheisteanna taighde atá fréamhaithe sa tsochtheangeolaíocht chriticiúil. Tá sé d'aidhm agam sa chaibidil seo dearadh an taighde a mhíniú agus an seasamh eipistéimeolaíoch a ghlac mé a rianú. Toisc go bhfuil tuiscintí suibichtúla na rannpháirtithe á lorg agam sa taighde seo, léireoidh mé a fheiliúnaí atá an seasamh tógachaíoch, cáilíochtúil.

Is í Caibidil 4 an chéad chaibidil anailíse agus bunaítear an anailís eimpíreach sin ar an bhfrámaíocht theoriciúil agus ar an modheolaíocht a leagtar amach i gCaibidil 2 agus 3 faoi seach. Tabharfaidh mé aghaidh sa chaibidil seo ar an gcéad cheist taighde (féach mír 1.3.). Déanfaidh mé forbairt ar choincheap an *muda* theangeolaíoch (mír 2.7.2.) trí choincheap an réamh*muda* (mír 4.2.) a chur i láthair agus réamh*mudes* nuachainteoirí a idirdhealú óna *mudes* sóisialta (mír 4.3.).

Rachaidh mé i ngleic leis an dara agus leis an tríú ceist taighde i gCaibidil 5. Scagfaidh mé idé-eolaíochtaí teanga na rannpháirtithe i dtaca lena mbarántúlacht agus lena ndlisteanacht mar chainteoirí Gaeilge agus áiteoidh mé go bhfuil tuiscintí nua i leith na dtéamaí úd á gcruthú i gcomhthéacs na Gaeilge bunaithe ar idé-eolaíochtaí na barántúlachta iar-nádúrtha (mír 5.3.2.). Breathnóidh mé chomh maith ar idé-eolaíochtaí teanga i dtaca le ról na Gaeilge i gcruthú nó in athchruthú a bhféiniúlachtaí pearsanta. Leagfaidh mé amach ar deireadh, i mír 5.4.2., bunaithe ar an bhfianaise eimpíreach, go bhfuil casadh nua á bhaint as an lipéad 'Gael' ag nuachainteoirí chun grúpfhéiniúlacht a chur in iúl le cainteoirí Gaeilge eile de chúlraí éagsúla.

Féachfaidh Caibidil 6 ar ghné chomparáideach an tráchtais a chomhlíonadh le hanailís ar idé-eolaíochtaí teanga *euskaldunberriak*. Taispeánfaidh mé go dtreisiúnn sonraí na

Caibidil 1: Réamhrá

Bascaise an anailís ar nuachainteoirí i gCaibidil 5 agus áiteoidh mé go bhfuil idé-eolaíochtaí na barántúlachta iar-nádúrtha níos follasaí i gcomhthéacs na Bascaise toisc go bhfuil bunús láidir institiúideach agus sóisialta faoi choincheap an *euskaldunberri* agus *Batua*. Ar deireadh déanfaidh mé comparáid idir grúpfhéiniúlacht an *euskaldun* agus na nGael (mír 6.3.2.).

Tarraingeoidh mé snáitheanna éagsúla na gcaibidilí le chéile i gCaibidil 7 agus cuirfidh mé conclúidí agus príomhthátail an taighde i láthair. Ina theannta sin, pléifidh mé buanna agus srianta an tráchtais agus leagfaidh mé amach na féidearthachtaí taighde a eascraíonn ón saothar seo.

1.7. Seasamh an taighdeora

‘All views come from somewhere’ a scríobhann an t-antraipeolaí teanga Jacqueline Urla (2012: 18; féach chomh maith Heller agus McElhinny 2017 xvi-xxii). Bunaítear dearcadh an taighdeora ní hamháin ar an bhfrámaíocht theoiriciúil a úsáideann siad chun tioncsnamh a dhearadh, ach ar a conairí pearsanta, polaitiúla, sóisialta, stairiúla agus teangeolaíochta chomh maith. San am céanna, múnlaíonn na conairí sin an fhrámaíocht a roghnaítear. Míneoidh mé i gCaibidil 3 (mír 3.2.3.) a thábhachtaí atá an t-aisfhillteachas i dtaighde eitneagrafaíoch den chineál seo agus tráchtann O’Rourke *et al.* ar ról gníomhach idirghabhála an taighdeora atá i mbun oibre i gcomhthéacsanna teangacha mionlaithe (2015: 16). Tráchtann Heller *et al.* chomh maith ar an ngné sin den phróiseas taighde:

Of necessity, we are all situated somewhere in the conversation, and therefore in the field of relations of difference and inequality which characterize all discursive spaces. The questions you ask, and the promise they contain of the kind of knowledge you are likely to generate, have their place in that field. You are staking a claim to being a legitimate asker of such questions, and a legitimate producer of answers to them (2018: 31).

Chuirge sin, mar is iomchuí, leagaim amach sa mhír seo mo sheasamh féin mar thaighdeoir, agus mar chainteoir Gaeilge, agus na rudaí a thugaim, agus nach dtugaim, chun an tionscnaimh seo (Heller agus McElhinny 2017: xvi).

Rugadh agus tógadh mé i gCnoc na Cathrach i nGaillimh, áit a bhfuil buailte ar an gcathair agus ar Ghaeltacht Chonamara. Bíodh is gur cainteoir dúchais Gaeilge mo sheanathair as an gCeathrú Gharbh i nDúiche Sheoigheach, tógadh m’athair le Béarla

Caibidil 1: Réamhrá

i gcathair na Gaillimhe. Tógadh le Béarla mise ina dhiaidh sin. D'fhreastail mé ar Ghaelscoil agus ar iar-bhunscoil Ghaeilge, agus ba ansin a shealbhaigh mé an teanga. Thug mé faoi chéim sa Ghaeilge agus sa Spáinnis ina dhiaidh sin in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus mar chuid den chéim sin chaith mé bliain acadúil i mbunstaidéir in Ollscoil Deusto in Bilbao, Tír na mBascach. In ainneoin mo chúlra oideachais, ámh, níor thosaigh mé ag úsáid na Gaeilge go sóisialta go dtí gur thosaigh mé Máistreacht sa Nua-Ghaeilge i nGaillimh. Chuir mé aithne ar ghrúpa cainteoirí Gaeilge de chúlraí éagsúla agus, murab ionann agus blianta na fochéime, glacadh leis an nGaeilge mar theanga chumarsáide laistigh agus lasmuigh den seomra ranga.

Ina dhiaidh sin, de réir a chéile, cuireadh le líon na gcaidreamh a chruthaigh mé trí mheán na Gaeilge. Tar éis na Máistreachta, chaith mé bliain acadúil eile in Bilbao ag teagasc an Bhéarla. Spreag mo chúlra pearsanta leis an nGaeilge agus mo spéis i gcomhthéacs sochttheangeolaíoch na Bascaise mé le tabhairt faoin taighde seo ar theacht abhaile dhom. Míneoidh mé i gCaibidil 3 (mír 3.3.) an tionchar suntasach a d'imir an obair pháirce ar mo chonair theangeolaíoch féin. De thoradh an tionscainh seo táim níos gníomhaí i saol na Gaeilge, ar bhonn pearsanta, gairmiúil agus sóisialta, anois ná mar a bhí ag pointe ar bith eile i mo shaol go nuige seo. Fillfidh mé ar an ábhar seo agus athbhreithneoidh mé mo sheasamh mar thaighdeoir, agus mar chainteoir Gaeilge, ag deireadh an phróisis taighde i gCaibidil 7 (mír 7.5).

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

2.1. Réamhrá

Tá sé mar aidhm agam sa chaibidil seo dúshraitheanna teoiriciúla an tráchtais a leagan amach go córasach. Ina theannta sin, is mian liom seasamh an tráchtais sa ghort taighde reatha a shoiléiriú. I mír 2.2., scagfaidh mé réimse na sochtheangeolaíochta criticiúla, as ar eascair príomhlionsa anailíse an taighde – coincheap an nuachainteora. Déantar iarracht leis an tsochtheangeolaíocht chriticiúil dúshlán a thabhairt do thuiscintí seanbhunaithe na teangeolaíochta agus, ar an mbonn sin, leagfaidh mé amach na tuiscintí agus na treochothaí taighde stairiúla úd i mír 2.5. Roimhe sin, ámh, de bharr na tábhachta teoiriciúla a bhaineann le hidé-eolaíochtaí teanga i míreanna uile na caibidle, tabharfaidh mé aghaidh ar an réimse sin i mír 2.3. Pléifidh mé ais idé-eolaíochta Woolard (2016) go mion i mír 2.3.1. toisc go dtarraingím uirthi go minic le linn chaibidlí na hanailíse. Tá dlúthbhaint ag idé-eolaíochtaí teanga le téama na féiniúlachta agus chuige sin tabharfaidh mé léargas ar an réimse scoláireachta úd, go háirithe faoi mar a bhaineann sé le nuachainteoirí, i mír 2.4.

Díreoidh mé i mír 2.5.1. ar cheist na barántúlachta agus an dúchais sa teangeolaíocht thraidisiúnta agus réimsí gaolmhara. Ar cheann de na tuiscintí stairiúla sin, tá idé-eolaíocht an chainteora dúchais agus pléifidh mé an idé-eolaíocht sin go mion i mír 2.5.2. de bharr na tábhachta i dtaca le teacht chun cinn choincheap an nuachainteora. Breathnóidh mé go hachomair ar thaighde stairiúil agus ar dhíospóireachtaí reatha i gcomhthéacs na Gaeilge ina dhiaidh sin i míreanna 2.5.3. agus 2.5.4. faoi seach. I mír 2.6. cuirfidh mé romham tuiscintí comhaimseartha na sochtheangeolaíochta, atá tagtha chun cinn le roinnt blianta anuas, a phlé chun seasamh choincheap an nuachainteora sa ghort taighde a shoiléiriú. Díreoidh mé ar choincheap an nuachainteora féin ansin i mír 2.7. Mar a leagadh amach i gCaibidil 1, is é seo príomhlionsa anailíse an tráchtais agus chuige sin rianóidh mé teacht chun cinn an choincheapa agus an taighde reatha ar nuachainteoirí teangacha mionlaithe araon. Breathnóidh mé go háirithe ar théamaí ar leith den taighde ar nuachainteoirí a bhaineann go dlúth leis an tráchtas seo – barántúlacht agus dlisteanacht (mír 2.7.1.). Fearacht scoláirí eile a dhéanann taighde ar nuachainteoirí, bainim úsáid as uirlis anailíse an *muda* theangeolaíoch chomh maith sa tráchtas seo chun pointí criticiúla ar chonairí teangeolaíoch na rannpháirtithe a iniúchadh agus, dá réir sin, pléifidh mé an coincheap úd i mír 2.7.2.

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

Aithním go mbaineann forluí le míreanna éagsúla na caibidle seo agus go minic is doiléir iad na teorainneacha go háirithe idir ceisteanna idé-eolaíochta agus féiniúlachta. Agus é ag leagan amach saintréithe na idé-eolaíochtaí teanga, deir Kroskirty, mar shampla, go mbaintear úsáid tháirgiúil as idé-eolaíochtaí teanga chun féiniúlachtaí sóisialta agus cultúrtha éagsúla (féiniúlachtaí náisiúnta nó eitneacha, mar shampla) a chruthú agus a chur in iúl (2009: 509). Agus iad ag rianú na bpróiseas séimeolaíoch¹⁰ a bhaineann le cruthú féiniúlachta, próisis idircheangailte dar leo, áiríonn Bucholtz agus Hall idé-eolaíochtaí mar ghné lárnach den fhéiniúlacht (2009: 379).

Go deimhin, léireofar i bplé na caibidle go mbaineann ceisteanna idé-eolaíochta go dlúth le míreanna éagsúla. D’ainneoin sin, déanaim iarracht sa chaibidil seo na réimsí difriúla ar a dtarraingím i dtaighde an tráchtais a leagan amach go córasach. Déanaim é seo ar mhaithe le seasamh an tráchtais sa ghort taighde a shoiléiriú agus a chosaint, agus le bearnaí taighde a aithint. Is mian liom cur leis an gcorpas taighde ar nuachainteoirí teangacha mionlaithe leis an obair seo, mar a leagadh amach i gCaibidil 1 (mír 1.4.).

2.2. An tSochtheangeolaíocht Chriticiúil

Tá ábhar an tráchtais fréamhaithe sa tsochtheangeolaíocht chriticiúil agus ba as an réimse taighde sin a d’eascair lionsa anailíse an nuachainteora. Scáth-théarma a chuimsíonn an teangeolaíocht chriticiúil agus an anailís chriticiúil dioscúrsa is ea é. Déantar iarracht leis an tsochtheangeolaíocht chriticiúil anailís a dhéanamh ar cheisteanna cumhachta chun tuiscintí a fhorbairt faoin gcaoi a gcothaíonn teanga(cha) éagothroime shóisialta (Mesthrie agus Deumert 2009: 317). Míníonn Philips an caidreamh idir ceisteanna teanga agus éagothroime, agus tarraingíonn sí aird ar leith ar an ngradam a cheanglaítear le hurlabhraí agus le cainteoirí ar leith (féach chomh maith Ó Murchadha 2018):

At the heart of the relationship between language and social inequality is the idea that some expressions of language are valued more than others in a way that is associated

¹⁰ ‘Semiotics, or the study of systems of meaning, offers a valuable perspective from which to view identity. Semiotics investigates the association created between social or natural objects and the meanings they bear’ (Bucholtz agus Hall 2009: 377).

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

with some people being more valued than others and some ideas expressed by people through language being more valued than others (2009: 474).

Déanann scoláirí na sochtheangeolaíochta criticiúla athmhachnamh ar an gcaidreamh idir ceisteanna teanga agus cumhachta. Agus é ag déanamh cur síos ar a lárnaí atá ceisteanna cumhachta i gcomhthéacs an chailte teanga, mar shampla, míníonn May go gcaithfear caidrimh chumhachta a aithint chun béim a leagan ar chainteoirí seachas ar theangacha mar aonaid theibí. Scríobhann sé: ‘Acknowledging the centrality of power relations also shifts the emphasis from examining the merits of languages in the abstract – as repositories of cultural knowledge, for example – to the actual predicaments of their speakers’ (2012: 4). Cuireann coincheap an nuachainteora béim den chineál céanna ar thaithí chainteoirí, dar ndóigh (féach mír 2.7.).

Ag tarraingt di ar theoiricí Foucault (1978), míníonn Martín Rojo nach cumhacht an stáit nó cumhacht institiúideach amháin atá i gceist anseo, ámh, ach cumhacht infheicthe agus dhofheicthe, fhollasach agus fholaithe araon. Ba cheart, dar léi, díriú ar phointí nádacha na cumhachta. Is é sin le rá go mba cheart aird a tharraingt ar na caidrimh éagsúla ina ndéantar an chumhacht a chur i bhfeidhm chun a n-ilchastacht a aithint (2015: 2). Maíonn sí:

[I]n the linguistic domain, the effects of linguistic policies, the knowledge produced by disciplines and linguistic ideologies of norms, questioning the status of speakers, their competency and qualification, haven’t been yet fully examined. As a result, struggles against these forms of constraint are still incipient (2015: 18).

Baineann idé-eolaíochtaí teanga, téamaí na barántúlachta, na dlisteanachta agus an stádais, agus ceisteanna cumais agus údaráis go dlúth le haidhmeanna taighde an tráchtais seo. Chuige sin áitím go mbaineann tairbhe le réimse na sochtheangeolaíochta criticiúla chun iad a fhiosrú. Míníonn Heller agus McElhinny go bhfuil ceisteanna teanga fite fuaite le gluaiseachtaí agus le hidirbheartaíochtaí sóisialta níos leithne agus níos casta. Deir siad go bhféadfadh teanga(cha) feidhmiú mar acmhainn agus, dá bharr sin, go n-úsáidtear teangacha chun teorainneacha a chruthú – teorainneacha a chothaíonn, a athchothaíonn agus a chuireann i gcoinne dáileadh éagothrom acmhainní eile. Ina theannta sin, míníonn siad go bhfuil ról ag teangacha i ndlisteanú na héagothroime, sa chaoi is go léirítear é mar ‘the only, or the best, way to do things’ (2017: 3).

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

Tagrófar go minic le linn anailís an tráchtais do shaothar Urla (2012) ar ghníomhaíochas agus athneartú teanga i gcomhthéacs na Bascaise. Maíonn sí go dteastaíonn taighde ar theangacha a rianaíonn a nua-aimsearthacht agus go bhféadfaí tuiscintí nua i dtaca le féiniúlachtaí cultúrtha sa tsochaí chomhaimseartha a fhorbairt trí lionsa an ghníomhaíochais teanga. Cé nach ndírítear go speisialta ar an ngníomhaíochas teanga sa tráchtas seo, léireoidh mé i gCaibidlí 4 agus 5 go mbaineann gníomhaíochas de chineálacha éagsúla le conairí teangeolaíoch na rannpháirtithe (míreanna 4.3.3. agus 5.4.2.). Tugtar faoi deara chomh maith go bhforluíonn cur chuige Urla le gnéithe den tsochtheangeolaíocht chriticiúil maidir le ceisteanna éagothroime agus ordlathais shóisialta:

The study of language activism ... has the potential to expand our understandings of mechanisms of exclusion that infuse everyday life and social institutions. Language struggles are not simply in the service of other ends; they illuminate the role of language as an axis of social stratification in its own right, while also deepening our appreciation of language as an instrument of resistance and creative cultural expression (2012: 7).

Tarraingím go háirithe ar chur chuige Heller *et al.* (2018), cur chuige na sochtheangeolaíochta criticiúla eitneagrafaíche (féach Caibidil 3, áit a bhfuil cur síos ar ról na heitneagrafaíochta i modheolaíocht an taighde agus ar mhodhanna anailíse na sochtheangeolaíochta criticiúla). Úsáideann na húdair sin ‘an tsochtheangeolaíocht’ mar scáth-théarma chun cur síos a dhéanamh ar réimsí taighde éagsúla a fhiosraíonn tábhacht teanga(cha) – tábhacht shóisialta, pholaitiúil agus eacnamaíoch. Míníonn siad chomh maith gur réimse é an tsochtheangeolaíocht a tharraingíonn ar thraidisiúin scolártha ar nós na socheolaíochta, na hantraipeolaíochta teangeolaíche, na hanailíse dioscúrsa agus na teangeolaíochta feidhmí. Baineann dhá ghné leis an gcur chuige criticiúil, dar leo. I dtosach báire, cuirtear ceisteanna cumhachta agus éagothroime, agus iarmhairtí na bpróiseas sóisialta a scrúdaítear, i gceartlár an iniúchta. Thairis sin, dar leo go mbaineann gné aisfhillteach leis an gcur chuige criticiúil:

We use our understandings about the role of language in social processes of power and inequality reflexively, that is, by applying them to how we undertake the social activity of doing research (as socially constructed and traversed by relations of power), and how we make sense of the data we generate as a result of the research process (2018: 2).

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

Míníonn na húdair chéanna go bhfuil ceisteanna teanga lárnach i mórfhróisis shóisialta – cruthú nó athchruthú na féiniúlachta agus coimhlintí idé-eolaíochta, mar shampla – agus go bhféachann taighde na sochtheangeolaíochta criticiúla le coinníollacha agus le hiarmhairtí daonna na gceisteanna teanga sin a thuiscint. Sainmhíníonn siad ‘teanga’¹¹ mar ‘any form of meaning making that humans make available for fellow humans to pick up on’ (2018: 5). Is táirge ar leith den idirghníomhú sóisialta é an ‘bhrí’¹² a luann siad thuas i sainmhíniú na teanga. Ní mar thoradh ar rialacha teibí gramadaí a chothaítear an ‘bhrí’ ach an oiread, toisc go bhfréamhaítear é san úsáid a bhaineann daoine as acmhainní teangeolaíochta ina gcaidrimh le daoine eile. Tá iarmhairtí stairiúla agus ama san áireamh anseo chomh maith:

[M]eanings have histories; they carry echoes from previous encounters. While meaning is ‘situated,’ i.e., it is bound to its moment and place of emergence in the singularity of each situation, it is also one moment in a web of encounters that stretch across time and space, beyond the capacity of any single social actor to grasp (2018: 5-6).

Ina theannta sin, leagann Heller *et al.* amach an chaoi a n-imríonn athruithe suntasacha sóisialta tionchar ar cheisteanna teanga. Deir siad go leagtar béim ar an tsolúbthacht agus ar an tsoghluaisteacht i ré an Chaipitleachais Dhéanaigh agus go bhfuil pobail ag claochlú dá bharr sin. Ag tarraingt ar phlé Giddens (1984), Appadurai (1996) agus Harvey (2006), áitíonn Duchêne agus Heller go bhfuil sochaí an lae inniu anois ag pointe ar a dtugtar an Caipitleachas Déanach, ‘that stretches the system, of national regulation of markets to and possibly beyond its limits’ (2012: 3). I sochaí an Chaipitleachais Dhéanaigh, cothaítear teannas i gcóras na náisiúnstát agus eascraíonn tróip dhioscúrsacha nua ina n-imríonn teanga(cha) ról lárnach (*ibid.*). Léiríonn Jaffe an nasc idir na hathruithe sin agus pobail urlabhra teangacha mionlaithe. Déanann sí tagairt do thodhchaí mhionteangacha sa sliocht thíos, ach áitím go bhfuil dlús faoin bpróiseas claochlaithe a luaitear le blianta fada i bpobail urlabhra teangacha mionlaithe an lae inniu, idir thraidisiúnta agus chomhaimseartha. Ní gá ach breathnú ar chomhthéacsanna na Gaeilge agus na Bascaise, mar shampla, agus na staitisticí a

¹¹ ‘Language’ mar scáth-théarma ginearálta atá i gceist ag na húdair anseo, seachas tagairt d’urlabhra an chainteora amháin (2018: 5).

¹² M’aistriúchán féin ar ‘meaning’ na n-údar (*ibid.*).

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

leagadh amach i gCaibidil 1 (míreanna 1.2.2. agus 1.2.3.) chun sampla soiléir den chineál mórathraithe sin a fháil:

[A] minority language future is inevitably one in which communities of practice have been transformed; they are populated by people with different kinds of knowledge, acquired through different means than in the past and embedded in new regimes of value (2015: 24).

I mír 2.5. pléifear tuiscintí stairiúla na teangeolaíochta agus a bhfréamhacha in idé-eolaíochtaí an náisiúinstáit. Áitíonn Heller *et al.* go dtugtar dúshlán do na tuiscintí stairiúla sin de thoradh an domhandaithe agus, dá bharr sin, go bhfuil níos mó agus níos mó daoine (.i. cainteoirí) agus cleachtas nach dtagann le catagóirí réamhshocraithe. Deir Ó Murchadha go bhfuil meath na gcatagóirí réamhshocraithe ar cheann de ghnéithe lárnacha na nua-aoiseachta déanaí agus nach bhfuil ‘aisteoirí sóisialta ceangailte chomh teann sin le gnáthchleachtais agus le gnáthiompar an ghrúpa ar de iad’ (2018: 47). Úsáideann Giddens (1991) lipéad na nua-aoiseachtaí déanaí le cur síos a dhéanamh ar shochaí an lae inniu ina bhfuil próisis dhomhandaithe ag cur go mór le roghanna agus le soghluaiseacht an duine. Tugtar tréimhse na nua-aoiseachta leachtaí (Bauman 2000) air seo chomh maith. Míníonn Heller *et al.* go dtagann taithí saoil an duine sa tsochaí chomhaimseartha, ilghnéitheach agus idircheangailte salach ar chatagóirí réamhshocraithe, stairiúla. Caithfear, dar leis na húdair chéanna, iarracht a dhéanamh na hathruithe móra sóisialta sin a thuiscint agus tagaim leo nuair a mhaíonn siad go bhfuil ceisteanna teanga ríthábhachtach sa phróiseas tuisceana sin (2018: 6-7). D’fhéadfaí a rá gur eascair lionsa anailíse an nuachainteora as na hiarrachtaí sin, mar a mhíneofar i mír 2.7.

Anois agus réimse na sochtheangeolaíochta criticiúla leagtha amach mar bhunchloch theoiriciúil an tráchtais, sa chéad mhír eile tabharfaidh mé léargas ar réimse taighde na n-idé-eolaíochtaí teanga, de bharr a thábhachta i míreanna uile na caibidle seo agus i gcaibidlí na hanailíse trí chéile.

2.3. Idé-eolaíochtaí teanga

Aithnítear sa tsochtheangeolaíocht chriticiúil agus réimsí gaolmhara go mbaineann tábhacht shuntasach le hidé-eolaíochtaí teanga mar ábhar anailíse agus díospóireachta, go háirithe nuair is mian le scoláirí an caidreamh idir teanga(cha) agus an struchtúr sóisialta nó cumhachta a thuiscint. I gcomhthéacsanna teangacha mionlaithe, tá idé-

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

eolaíochtaí teanga de dhlúth agus d'inneach na gcúiseanna ilghnéitheacha a chothaíonn an t-iompú teanga (Blommaert 1999: 3). Leagann Blommaert mórcheisteanna teoiriciúla amach dóibh siúd atá i mbun anailíse ar idé-eolaíochtaí teanga: Conas a chruthaítear agus a chothaítear idé-eolaíochtaí teanga? Cad iad na difríochtaí idir idé-eolaíochtaí teanga rathúla, ceannasacha agus idé-eolaíochtaí teanga nach n-éiríonn leo dul i bhfréamh sa tsochaí? Cad iad na nascanna idir idé-eolaíochtaí teanga agus athruithe níos leithne polaitiúla agus idé-eolaíochta sa tsochaí? Cad as a d'eascair dearcthaí agus tuairimí reatha faoi theangacha agus faoi chomhthéacsanna comhaimseartha teangeolaíochta (*ibid.*)? Tá dlúthbhaint ag na ceisteanna sin le próiseas anailíse an tráchtais (féach mír 3.4.3.3.) agus aithním go mba cheart machnamh a dhéanamh orthu agus idé-eolaíochtaí teanga nuachainteoirí á n-íniúchadh.

Sainmhíníonn Swann *et al.* idé-eolaíochtaí teanga mar 'a set of shared attitudes or beliefs about language, underpinned by social or cultural values' agus áitítear go ndéanann idé-eolaíochtaí teanga struchtúir shóisialta reatha agus nósanna teangeolaíochta ceannasacha a mhíniú (2004: 171). Go deimhin, is féidir idé-eolaíochtaí teanga a úsáid mar uirlis anailíse chun ceisteanna teangeolaíochta a thuiscint i dtéarmaí sóisialta. Dar le Kroskrity gur creidimh nó mothúcháin faoi theangacha mar a úsáidtear ina dtimpeallachtaí sóisialta iad idé-eolaíochtaí teanga (2009: 498). Cuireann Woolard síos ar idé-eolaíochtaí teanga mar 'socially, politically, and morally loaded cultural assumptions about the way that language works in social life and about the role of particular linguistic forms in a given society' (2016: 7). Ina theannta sin, scríobhann sí faoi thairbhe lionsa na hidé-eolaíochta teanga mar uirlis anailíse chun taighde ar leibhéal na micrea-shochtheangeolaíochta (.i. insintí na rannpháirtithe sna hagallaimh bheathaisnéiseacha) a leabú i dtuiscintí níos leithne ar an maicrea-leibhéal (.i. timpeallachtaí sóisialta na rannpháirtithe). Amhail aidhmeanna na sochtheangeolaíochta criticiúla, dar léi go bhfuil dlúthbhaint ag idé-eolaíochtaí teanga le ceisteanna cumhachta agus éagothroime: 'it allows us to relate the microculture of communicative action to political economic considerations and social inequality, to confront macrosocial constraints on language behaviour, and to connect discourse with lived experiences' (1998: 37; féach chomh maith Gal 1998: 318).

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

Is féidir cosúlacht a thabhairt faoi deara anseo le plé Spolsky ar idé-eolaíochtaí teanga agus a gcaidreamh le cleachtais teanga. Cuireann sé creidimh agus idé-eolaíochtaí teanga san áireamh mar ghné amháin de chreatlach thríthoiseach an bheartais teanga, mar aon le cleachtais agus bainistiú teanga. Míníonn sé go bhfuil comhchreidimh ag an bpobal cleachtais faoi chleachtais teanga oiriúnacha agus go gcruthaíonn na creidimh sin idé-eolaíocht chomhthoiliúil ar uairibh. Ceanglaíonn an idé-eolaíocht sin luachanna agus gradaim le héagsúlachtaí teanga an phobail. Fréamhaítear na creidimh sin sa chleachtas teanga, agus imríonn siad tionchar ar an gcleachtas teanga san am céanna. Thairis sin, aithníonn Spolsky gurb ann do níos mó ná idé-eolaíocht teanga amháin sa phobal ach go mbíonn ceann amháin ceannasach go hiondúil. Léiríonn sé an nasc idir cleachtais agus idé-eolaíochtaí teanga go glé anseo: ‘Put simply, language ideology is language policy with the manager left out, what people think should be done. Language practices, on the other hand, are what people actually do’ (2004: 14). Is léir, mar sin, go mbaineann ceisteanna cumhachta le hidé-eolaíochtaí teanga. Tarraingíonn Philips, mar shampla, ar theoiricí Marxacha leis an gcaoi a gcuirtear cumhacht i bhfeidhm le hidé-eolaíochtaí a mhíniú (1998: 213). Áitíonn sí go mbaineann tábhacht le húsáid an téarma ‘idé-eolaíocht’, seachas ‘cultúr’, le cur síos a dhéanamh ar ‘the interpretive perspectives of the people whose ideas we document’: ‘[T]his shift in terminology within linguistic anthropology signals new awareness of and attention to the way in which the salience and prevalence of particular ideas are themselves forms of power’ (*ibid.*).

I gcomhthéacsanna teangacha mionlath, agus i bpobail ilteangacha a dtiteann streachailtí féin-chomhfhiosacha faoi theangacha amach iontu (Woolard 1998: 16), áitítear gur uirlis thairbheach anailíse iad idé-eolaíochtaí teanga chun beogacht agus seasamh sóisialta na dteangacha úd a mheas. Dar le Armstrong go dtugann idé-eolaíochtaí teanga le fios dúinn cé chomh tábhachtach is atá ár dteangacha agus conas iad a úsáid. D’uireasa na hidé-eolaíochta, dar leis, ‘a language would be an abstraction locked away unused in dictionaries and grammars’ (2012: 146). Leagann Armstrong coincheap na bhfrith-idé-eolaíochtaí teanga amach agus é ag iniúchadh an ghníomhaíochais teanga san alt céanna. Tarraingím ar an gcoincheap sin chomh maith in anailís an tráchtais le hidé-eolaíochtaí agus cleachtais nuachainteoírí a thuiscint ar bhonn níos doimhne. Pléim chomh maith féiniúlachtaí ceannairceachta i mír 2.4. Maíonn Armstrong go gcaithfear frith-idé-eolaíochtaí teanga a phleanáil agus a leagan

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

amach go córasach i gcomhthéacsanna teangacha mionlaithe le cur i gcoinne na hidé-eolaíochta ceannasaí nó idé-eolaíocht na mórtheanga (2012: 161). Le go mbeidh rath ar an athneartú teanga, dar leis, is gá idé-eolaíocht teanga nua a chothú i dtaca le luach agus le húsáid na teanga sin. Trí bhíthin na frith-idé-eolaíochta úd, déantar normalú nó athnormalú ar an teanga mhionlaithe i suíomhanna, réimsí agus comhthéacsanna éagsúla (*ibid.*). Míníonn Urla go dtugann dioscúrsaí agus cleachtais ghluaiseacht na Bascaise, ina bhfuil nuachainteoirí lárnach (Ortega *et al.* 2015: 85), dúshlán d'idé-eolaíochtaí teanga ceannasacha nó d'idé-eolaíocht aonteangach na Caistílise (Woolard 2016: 40), agus do na tróip choitianta a úsáidtear chun tréithe diúltacha a chur i leith chainteoirí na teanga sin: 'that Basque is archaic, belongs to a fading rural life, is unsystematic or too difficult to learn. The advocates in minority language movements question taken-for-granted ideas and in doing so make them objects of ideological debate' (2012: 12).

Is uileláithreach agus ilghnéitheach iad na hidé-eolaíochtaí teanga, mar a mhíníonn Ó hIfearnáin agus Walsh, agus deir siad chomh maith gurb ann d'idé-eolaíochtaí teanga buanseasmhacha, ceannasacha agus d'idé-eolaíochtaí teanga luaineacha, sealadacha araon. Tarraingíonn siad nasc freisin idir idé-eolaíochtaí teanga agus ceisteanna gradaim agus údaráis, agus mínítear go ndéantar 'breithiúnas, agus breithiúnas géar go minic, a thabhairt ar dhuine de réir a urlabhra' (2018: vii). Ag tarraingt dóibh ar shaothar leithéidí Labov (2003 [1969]), Silverstein (1979) agus Shohamy (2006), mar aon le Spolsky agus Woolard, míníonn Ó hIfearnáin agus Walsh 'gur ar dhá leibhéal a fheidhmíonn an idé-eolaíocht teanga go sochaíoch i ngach pobal urlabhra: an idé-eolaíocht fhollasach agus an idé-eolaíocht fholaithe' (2018: ix). Dar leo gur treise iad na hidé-eolaíochtaí teanga folaithe a ndéantar nádúrú orthu i measc an phobail, agus go n-imríonn na hidé-eolaíochtaí teanga sin tionchar níos suntasaí ar an gcleachtas teanga (*ibid.*). Tráchtann Philips chomh maith ar ghné fholaithe idé-eolaíochtaí teanga. Dar léi gurb ann don dearcadh nach idé-eolaíocht atá i gceist in aon chor mura bhfuil sé 'folaithe' go pointe: 'for without that implicitness, without a taken-for-granted quality, an ideology cannot do its work, cannot take hold of people to the extent that it does not occur to them to think otherwise' (1998: 222).

I dtaca le comhthéacs na Gaeilge, léiríonn údair éagsúla an nasc idir idé-eolaíochtaí agus iompar teanga, mar aon leis na difríochtaí idir idé-eolaíochtaí teanga follasacha agus folaithe. Taispeánann Ní Dhúda, mar shampla, go mbaineann éagsúlachtaí agus

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

contrárthachtaí le creidimh teanga an phobail i mbaile beag Gaeltachta i dtaca le gradam an Bhéarla, stádas na Gaeilge agus ceisteanna dlisteanachta. Mar shampla, ‘d’fhógair muintir na háite buntáistí eacnamaíocha na Gaeilge, beag beann ar an gcleachtas ócáideach Gaeilge agus in ainneoin an chur i gcéill i gcás na ndéontas agus mothúcháin na náire agus an mhagaidh a bheith ag gabháil lena húsáid’ (2018: 34). Tugann Ní Ghearáin faoi deara go bhfuil ‘mír éir idir an meon follasach diúltach a nocht faisnéiseoirí i leith úsáid téarmaí Béarla sa Ghaeilge agus fianaise eile a bailíodh a léiríonn gur cleachtas iomlán bailí agus feidhmiúil é in an-chuid comhthéacsanna’ (2018: 40). Agus é ag iniúchadh dearchtaí cainteoirí Gaeltachta ar éagsúlacht na Gaeilge comhaimseartha, léiríonn Ó Murchadha ‘go bhfuil córas luachála idé-eolaíoch ag feidhmiú i measc na rannpháirtithe nach mar a chéile é agus an idé-eolaíocht cheannasach a roghnaíonn siad a nochtadh nó atá ar a gcumas a nochtadh i bhfreagraí follasacha’ (2018b: 93).

Baineann idé-eolaíochtaí ceannasacha ‘stádas heigeamaineach’ amach nuair nach gcreidtear gurb ann dóibh de bharr phróiseas an nádúraithe (Ó hIfearnáin agus Walsh 2018: xii). Is féidir leis na hidé-eolaíochtaí ceannasacha a bheith *doxic*, dar le Woolard, ‘unspoken assumptions on which ordinary people as well as elites build social action and interpret the meaning of acts and events without question’ (2016: 7). As teoiricí Gramsci (1971) a d’eascair an téarma *hegemony* ar an gcéad ásc, mar a mhíníonn Philips, cé gur dhírigh sé ar chinseal idé-eolaíochta an stáit: ‘Gramsci argued that, although some combination of interests might succeed in taking control of a state by force, that control could not be sustained over time without consent of the governed through ideological persuasion – that is, through hegemony’ (1998: 214). Sainmhíníonn Woolard *hegemony*, i dtéarmaí cultúrtha Gramsci, mar ‘the legitimation of the cultural authority of the dominant group, an authority that plays a significant role in social reproduction’ (1985: 739).

Pléann Labov, leis, cinseal na n-idé-eolaíochtaí sin agus a dtionchar ar noirm theangeolaíocha. Dar leis go mbaineann buaine agus seasmhacht leis na noirm sin, fiú i gcomhthéacsanna ina bhfuil athruithe sóisialta suntasacha ag titim amach (2003: 243-244). Is léir, mar sin, a gcumhacht.

2.3.1. Idé-eolaíocht na barántúlachta agus na hanaitheachta

San anailís ar idé-eolaíochtaí teanga na rannpháirtithe, tarraingím ar an bhfrámaíocht a d'úsáid Woolard (2016) agus í ag iniúchadh an údaráis theangeolaíoch sa Chatalóin. Leagam an ghné áirithe sin dá saothar ar idé-eolaíochtaí teanga amach go beacht sa mhír seo de bharr a tionchair ar obair an tráchtais. Ina theannta sin, tá dlúthbhaint aige leis an bplé ar thuiscintí traidisiúnta na teangeolaíochta agus leis an dúshlán atá á thabhairt do na tuiscintí sin sa tsochtheangeolaíocht le roinnt blianta anuas (féach míreanna 2.5. agus 2.6. faoi seach). I réamhrá a leabhair, tarraingíonn Woolard aird ar mhórhéamaí an údaráis agus na dlisteanachta faoi mar a bhaineann siad le cainteoirí teangacha mionlaithe. Toisc go mbaineann argóintí mo thráchtais féin go dlúth le barántúlacht agus dlisteanacht an nuachainteora, mar aon le hidé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga na nuachainteoirí céanna, is tráthúil iad na ceisteanna a leagan Woolard amach:

What makes a particular language authoritative in community members' eyes and ears? What relationship to language allows a government and its institutions to be perceived as legitimate? And what entitles a speaker to use a language freely and to convince others with that use? Monolingual speakers of dominant languages rarely have to pause to consider such questions, but members of bilingual and minoritized speech communities routinely confront them, implicitly and explicitly (2016: 1).

Baineann tábhacht le freagraí na gceisteanna sin, dar léi, toisc gurb ionann bunús an údaráis theangeolaíoch agus bunús na féiniúlachta, an phobail, an náisiúin, an pholaití agus na saoránachta (*ibid.*). Áitíonn Woolard go bhfréamhaítear an t-údarás teangeolaíoch i sochaí an iarthair i gceann amháin de dhá choimpléacs idé-eolaíoch – an bharántúlacht agus an anaitheacht (2016: 21). Míníonn sí go bhfuil codarsnacht idir an dá sheasamh ach, os a choinne sin, go gcomhdhéantar iad agus go sainmhínítear iad mar dhá phointe ar 'axis of linguistic differentiation' (*ibid.*). Laistigh de pharaidím na barántúlachta, tarraingítear nasc idir luach na teanga agus a caidreamh le pobal ar leith. Le go mbainfeadh luach le hurlabhra ar leith, theastódh fréamhacha soiléire sóisialta agus tíreolaíoch uaithe (2016: 22). Léirítear i mír 2.5. gur bunaíodh an teangeolaíocht go stairiúil i dtuiscintí na paraidíme sin agus go n-imríonn sé tionchar fós ar dhioscúrsaí acadúla agus sóisialta araon:

To be considered authentic in this ideological frame a speech variety must be very much 'from somewhere' in speakers' consciousness, and thus its meaning is

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

constituted as profoundly local. If such social and territorial roots are not discernable, a linguistic variety lacks value in this system (*ibid.*).

Tarraingíonn Woolard freisin ar choincheap an íocónaithe¹³ chun tionchar idé-eolaíocht na barántúlachta a shoiléiriú. Laistigh den fhrámaíocht idé-eolaíoch sin, is ionann an fhoirm theangeolaíoch agus léiriú cruinn d'íomhá nó d'eisint an duine (2016: 22-23). Míníonn Gal: 'In this process of *iconization*, the ideological representation fuses some quality of the linguistic feature and a supposedly parallel quality of the social group and understands one as the cause or the inherent, essential, explanation of the other' (1998: 328, béim sa bhunleagan). Is é seo fréamh na barántúlachta – go gcaithfear a bheith cosúil leis an duine a shamhlaítear mar bharántúil agus nádúrtha chun údarás a bhaint amach.

Mar mhalairt ar an idé-eolaíocht sin, agus ar an taobh eile d'ais an idirdhealaithe theangeolaíoch, míníonn Woolard go mbunaítear údarás na dteangacha ceannasacha sa tsochaí chomhaimseartha ar choincheap na hanaithnideachta (2016: 25). Is é sin le rá go dtrasnaíonn teanga (na cumhachta) fréamhacha sóisialta. Tá an teanga sin neamh-mharcáilte agus ar fáil do chách. Ligeann an idé-eolaíocht teanga sin do theangacha atá ceannasach ar bhonn institiúideach agus deimeagrafach araon, stádas heigeamaineach a bhaint amach. I mbeagán focal, déantar talamh slán den teanga sin mar theanga de chuid an spáis phoiblí (*ibid.*).

Míníonn Woolard, ámh, go bhfréamhaítear an dá choimpléacs sin sa nádúrachas sochtheangeolaíoch agus go bhfuil caidreamh casta, dlúthcheangailte acu lena chéile:

Each of these two ideological frameworks takes a linguistic form to be rightfully authoritative because it is the natural, unmediated expression of a state of social life in the world, rather than an outcome of human will, effort, intervention, and artifice. Such naturalism is opposed to recognition of the agency of speaking subjects, and to a historicized image of language constructed by human action (2016: 30-31).

Molann sí athshamhlú ar nasc na barántúlachta leis an nádúrachas, agus léireofar thíos i mír 2.6., go bhfuil dúshláin á dtabhairt don chaidreamh sin ag antraipeolaithe teanga agus sochtheangeolaithe le roinnt blianta anuas. Dar léi go mba cheart béim a leagan ar ghníomhúchán cainteoirí, seachas breathnú orthu mar oidhrí ar theanga nó ar fhéiniúlacht theangeolaíoch (2016: 32). Is coincheap ilchasta é 'gníomhúchán' san

¹³ 'iconization' (2016: 22).

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

antraipeolaíocht teanga, mar a mhíníonn Duranti, ach ní mór achoimre ar a shainmhíniú ar an gcoincheap a thabhairt anseo ar mhaithe le soiléireacht. Dar leis go dtuigtear ‘gníomhúchán’ mar shaintréith de chuid beitheanna a bhfuil smacht éigin acu ar a n-iompar féin agus go dtéann a n-iompar sa domhan sóisialta i bhfeidhm ar iompar bheitheanna eile. Ina theannta sin, déantar luacháil ar an iompar úd ar bhealaí éagsúla (2009: 452). Míníonn Bucholtz agus Hall tábhacht an ghníomhúcháin i dtaca le ceisteanna idé-eolaíochta agus féiniúlachta. Go dtí le déanaí, samhlaíodh go raibh baill phobail nár chloígh le noirm idé-eolaíochta an phobail sin ‘easnamhach’ ar chaoi éigin agus rinneadh imeallú orthu laistigh dá gcultúir féin agus sa scoláireacht araon:

The charge of deficiency, however, overlooks the important fact that speakers who resist, subvert, or otherwise challenge existing linguistic and social norms are vital to the theoretical understanding of identity as the outcome of agency, through which language users creatively respond to and interrogate social constraints they cannot disregard or dismantle (2009: 373).

Molann Woolard, mar sin, coincheap na barántúlachta iar-nádúrtha. Cuireann sí síos ar an gcoincheap úd mar seo a leanas: ‘When conceived on other foundations than nature and origins – desire, potential, becoming, art, cultivation, will and pluck – an ideology of authenticity will have different consequences for language, its users, and its analysts’ (2016: 37). Taispeánfaidh mé i gCaibidil 5 go bhfuil impleachtaí suntasacha ag idé-eolaíocht na barántúlachta iar-nádúrtha i dtaca le barántúlacht agus dlisteanacht nuachainteoirí.

Sa chéad mhír eile pléifidh mé réimse na bhféiniúlachtaí teanga de bharr na dlúthbhainte atá aige le téama na hidé-eolaíochta. Ina dhiaidh sin, taispeánfaidh mé gur imir agus, go n-imríonn, idé-eolaíochtaí ceannasacha, stairiúla na barántúlachta nádúrtha tionchar ar thuiscintí traidisiúnta na teangeolaíochta agus ar chomhthéacsanna comhaimseartha teangacha mionlaithe.

2.4. Féiniúlachtaí teanga i ré an nuachainteora

Is réimse scolártha ollmhór é réimse na féiniúlachta agus luíonn sé lasmuigh de scóp an tráchtais seo mionscagadh grinn a dhéanamh air. Toisc go n-iniúchtar féiniúlachtaí teanga nuachainteoirí i gCaibidil 5, sa mhír seo tugaim mearamharc ar fhorbairt an réimse sa tsochtheangeolaíocht chriticiúil agus dírim go háirithe ar thaighde a bhaineann le féiniúlachtaí nuachainteoirí teangacha mionlaithe. Tugtar faoi deara sa

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

mhír seo go bhfuil scair ag réimsí na féiniúlachta agus na n-idé-eolaíochtaí teanga ar a chéile, agus go minic bíonn barántúlacht agus dlisteanacht an chainteora de dhlúth agus d'inneach na gceisteanna féiniúlachta sa taighde ar nuachainteoirí. I gCaibidil 5 breathnófar ar ról na Gaeilge i gcruthú nó in athchruthú féiniúlachtaí sóisialta nuachainteoirí (mír 5.4.). Dar le Giddens agus Sutton, mar shampla, tá na féiniúlachtaí sóisialta sin ilchasta agus leachtach agus athraíonn siad agus daoine ag glacadh le róil nua (2013: 307-308).

Tuairiscíonn O'Rourke agus Ramallo gur bunaíodh tuiscintí traidisiúnta i dtaca leis an bhféiniúlacht i dteoiric an eisintiúlachais. De réir na teoirice sin, socraítear féiniúlacht an duine go bitheolaíoch i dtéarmaí inscne agus eitneachta, mar aon le paraiméadair réamhshocraithe eile. Míníonn siad, ámh, go bhfuil an cur chuige sin á cheistiú le roinnt blianta anuas sna heolaíochtaí sóisialta agus scoláirí ag cur níor mó béime ar theoiric an tógachais shóisialta chun ceisteanna féiniúlachta a thuiscint agus a mhíniú: 'the self is a combination of personal characteristics (age, sex, nationality, etc.), social structure (gender, social class, etc.), and social action (roles, individual agency), all of which change throughout the lifetime of the individual' (2018: 96). Baineann Jaffe leas as cás na Corsaicise chun iarmhairtí na ndioscúrsaí eisintiúla, náisiúnacha ar cheisteanna féiniúlachta a chur in iúl. Feictear anseo nasc soiléir leis na hidé-eolaíochtaí teanga stairiúla a pléitear thíos i mír 2.5.:

In an essentialist perspective, the context of both 'language' and 'identity' and their iconic relationships are seen as fixed, ascribed/natural and unproblematic Within a nationalist discourse, therefore, language is a tool used to naturalize and legitimate political boundaries. Because language is being used in the service of a model of a bounded and homogenous nation, that boundedness and homogeneity is projected back onto the language (2007: 58; féach chomh maith Blommaert agus Verschueren 1998).

Sainmhíníonn Swann *et al.* an fhéiniúlacht mar '[a] term used to refer to an individual's or group's sense of who they are, as defined by them and others' agus deir siad gur breathnaíodh ar an bhféiniúlacht mar chnuasach thréithe réamhshocraithe, thréithe gurbh ann dóibh beag beann ar an teanga go minic, sa luath-thaighde ar an gcaidreamh idir teanga agus féiniúlacht. Sa chur chuige reatha, dar leo, tarraingáítear ar an iarstruchtúrachas chun an cruthú féiniúlachta a choincheapú mar phróiseas leanúnach ina bhfuil teanga(cha) lárnach (2004: 140-141). Scagann Kramsch an

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

caidreamh casta idir teanga(cha) agus an fhéiniúlacht chultúrtha, is é sin le rá an bhallraíocht a bhronntar nó a ghactar i sainchultúr. Míníonn sí go dtugann an cur chuige comhaimseartha dúshlán d'idé-eolaíochtaí stairiúla:

Despite the entrenched belief in the one language = one culture equation, individuals assume several collective identities that are likely not only to change over time in dialogue with others, but are likely to be in conflict with one another (1998: 66).

Maíonn sí gurb í an teanga an táscaire is leochailí den fhéiniúlacht chultúrtha agus de cheangail an duine le grúpa(í) sóisialta (1998: 77). Tagann sé seo le dearcadh Pavlenko agus Blackledge ar an bhféiniúlacht:

[W]e view identities as social, discursive, and narrative options offered by a particular society in a specific time and place to which individuals and groups of individuals appeal in an attempt to self-name, to self-characterize, and to claim social spaces and social prerogatives (2004: 19).

Ag tarraingt di ar theoiricí teangeolaíochta agus síceolaíochta, áitíonn Kresić go bhfuil an teanga ina gné lárnach de phróiseas an fhéinchruthaithe¹⁴ agus míníonn sí go bhfuil féiniúlachtaí an duine ilghnéitheach agus solúbtha: 'The diverse realities and the diverging social contexts in which we interact daily lead to the formation of multiple identity aspects and complex self models that are sensitive to social context' (2009: 45). Molann sí sainmhíniú iar-nua-aoiseach ar an bhféiniúlacht iolrach toisc go bhfuil an t-iolrachas ar cheann de shaintéamaí na ré iar-nua-aoisí. Dar léi gur feiniméan ilghnéitheach é an fhéiniúlacht agus go bhfuil sé solúbtha i dtaca leis an diminsean ama (.i. go n-athraíonn nó go gclaochlaíonn sí le himeacht ama). Soiléiríonn sí ról na teanga i bpróiseas an fhéinchruthaithe: 'Identity is constructed and negotiated by individuals and social groups in communicative processes in the medium of language' (2009: 48). Tugann Castells an fhéiniúlacht thionscnaimh¹⁵ ar an bpróiseas sin agus é ag déanamh anailíse ar cheangal na féiniúlachta le gluaiseachtaí sóisialta. Is é seo, dar leis, nuair a chruthaíonn gníomhairí sóisialta féiniúlacht(aí) nua atá bunaithe ar na hacmhainní cultúrtha atá ar fáil dóibh. Athshainmhíníonn na féiniúlachtaí sin ról na ngníomhairí sa tsochaí agus cothaíonn siad tuiscintí nua ar an struchtúr sóisialta trí chéile (2010: 8). Míníonn May dearcthaí iar-nua-aoiseacha i leith na féiniúlachta agus

¹⁴'the construction of the self' (2009: 44).

¹⁵'project identity' (2010: 8).

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

é ag scagadh na gcriticí a dhéantar ar choincheap na heitneachta (féach Fishman 1999: 444-453):

In line with postmodernism's rejection of totalizing metanarratives, exponents of hybridity emphasize the contingent, the complex and the contested aspects of identity formation. Multiple, shifting and, at times, nonsynchronous identities are the norm for individuals. Like constructionist accounts of ethnicity, this position highlights the social and historical contingency of culture and its associated fluidity and malleability (2012: 41, béim sa bhunleagan).

Diúltaíonn May, ámh, do dhearcadh teoiriciúil a fhréamhaítear go hiomlán san ilghnéitheacht agus sa luaineacht iar-nua-aoiseach. Dar leis go bhfuil teanga an duine fós ina gné shuntasach den fhéiniúlacht eitneach agus náisiúnta, cé nach gá go mbeadh sé ina gné chinniúnach, riachtanach den fhéiniúlacht sin i gcónaí (2012: 135). Tagann Bucholtz agus Hall leis an tuairim sin go pointe, agus maíonn siad go gcaithfidh samhail nua féiniúlachta 'markedness, essentialism and institutional power' a aithint mar ghnéithe lárnacha den fhéiniúlacht toisc nach bhfuil an fhéiniúlacht scartha ó na hidé-eolaíochtaí ná na cleachtais trína gcruthaítear í (2009: 387-388). Molann Bucholtz agus Hall an téarma 'authentication' agus iad ag plé ceisteanna féiniúlachta, toisc go dtarraingíonn sé aird ar na próisis ghníomhacha trína gcruthaítear an fhéiniúlacht (féach an plé ar ghníomhúchán an chainteora i mír 2.3.1). Dar leo go samhlaítear an téarma 'authenticity' – sa chiall nádúrtha, mar a mhíníonn Woolard é – leis an eisintiúlachas agus leis an meon 'that some identities are more "real" than others' (2009: 385). Tugann Bucholtz í féin sainmhíniú úsáideach ar choincheap an 'authentication' agus léirítear a thábhachtaí atá sé chun tuiscintí seanbhunaithe i dtaca le féiniúlacht an duine a cheistiú: 'Where authenticity presupposes that identity is primordial, authentication views it as the outcome of constantly negotiated social practices' (2003: 408). Míníonn sí go bhfuil na féiniúlachtaí sóisialta a chruthaíonn an duine trína gcleachtais teanga neamhchórasach, solúbtha. Ceanglaíonn sí ceisteanna idé-eolaíochta, cumhachta agus éagothroime le ceist na féiniúlachta agus í ag moladh an aisfhillteachais sa tsochtheangeolaíocht:

A reflexive sociolinguistics attends to the ways that language history and culture are recruited via ideology to create structures of unequal power. It does not give up on identity but recognizes that social identities created through linguistic practices are both flexible and fragmentary and always have been (2003: 411).

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

I gcás féiniúlachtaí nuachainteoirí, áitíonn Dunmore nach ndéanann coincheapa eisintiúlacha na féiniúlachta, faoi mar mhíníonn Jaffe thuas iad (.i. caidreamh díreach, neamhchasta idir teanga agus féiniúlacht eitneatheangeolaíoch) cur síos cuí ar thaithí nuachainteoirí teangacha mionlaithe. Ina staidéar ar nuachainteoirí Ghaeilge na hAlban, mar shampla, diúltaíonn rannpháirtithe áirithe d'fhéiniúlachtaí Gaelacha (2018: 38). Mar léiriú eile ar ilchastacht na gceisteanna sin, diúltaítear d'fhéiniúlacht fhollasach mar nuachainteoirí chomh maith céanna (2018: 40).

Is iomaí sampla den ilghéithneacht agus den luaineacht féiniúlachta sin i measc nuachainteoirí teangacha mionlaithe. I gcomhthéacs na Gaeilge, cuir i gcás, míníonn O'Rourke agus Walsh go gcruthaíonn nuachainteoirí féiniúlachtaí agus cleachtais theangeolaíocha nua ar bhealach gníomhach agus iad 'ag déanamh teanga'¹⁶ thar dhiminsin ama/spáis (2015: 78). Léiríonn Ortega *et al.* an t-athrú paraidíme i dtaca le féiniúlachtaí agus an teanga i gcomhthéacs na Bascaise. Cé go mbreathnaítí ar an bhféiniúlacht theangeolaíoch Bhascaise mar thréith bhuan, eisintiúlach, baineann nuachainteoirí na teanga an fhéiniúlacht sin amach go héispéireasach trína gcleachtais shóisialta (2015: 3). Tarraingíonn O'Rourke agus Ramallo ar theoiricí Richards (2006) i dtaca leis an bhféiniúlacht 'inaistrithe' a chuirtear in iúl san idirghníomhaíocht le cur síos a dhéanamh ar fhéiniúlacht an nuachainteora:

[B]ecoming a new speaker and the process of *newspeakerness* can be seen as a transportable identity. This implies the shifting nature of this identity across time and place and the construction and re-construction of this identity at different stages of the new speaker's sociolinguistic history (2018: 96, béim sa bhunleagan).

Tarraingím sa tráchtas seo freisin ar phlé O'Rourke (2018) i gcomhthéacs na Gailíse ar fhéiniúlachtaí ceannairceachta¹⁷ i measc nuachainteoirí na teanga sin. Ag tarraingt di ar theoiricí Castells (2010), aithníonn O'Rourke gurb ann do chainteoirí Gailíse a bhaineann úsáid as an teanga mar, ar an gcéad dul síos, shainchomhartha den fhéiniúlacht Ghailíseach agus, ar an dara dul síos, mar uirlis le cur i gcoinne forlámhas na Caistíse (2018: 2). Ní hamháin sin, ach go minic cuireann an mionlach gníomhach¹⁸ úd (O'Rourke agus Ramallo 2015; Moscovici 1976) in aghaidh bheartas

¹⁶ M'aistriúchán féin ar 'doing language' na n-údar (2015: 78).

¹⁷ 'identities of resistance' (2018: 2).

¹⁸ 'Active minorities can be defined as individuals or groups who through their behaviour attempt to influence both the attitudes and practices of the majority and in doing so, bring about social change. Some examples of active minorities include environmentalists, squatters, feminist and nationalist

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

teanga an stáit, beartas easnamhach nó lochtach, dar leo: ‘This has prompted certain sections of the population ... to create their own language agenda and resist from below’ (2018: 3):

[F]or these new speakers, speaking Galician constitutes a form of resistance against the perceived inability of what is seen as top-down linguistic governmentality to bring about real sociolinguistic change in Galicia. Driven by an awareness of both the historical subordination of Galician and the contemporary sociolinguistic dynamics of the region, they often express a strong sense of responsibility for securing the future survival of the language, as well as a clear commitment to redressing what they see as a situation of social and political injustice (2018: 10).

Léireoidh mé samplaí d’fhéiniúlachtaí ceannairceachta i measc rannpháirtithe na Gaeilge i gCaibidil 5 agus tarraingím ar an taighde comhaimseartha ar fhéiniúlachtaí nuachainteoirí sa chaibidil chéanna. Sa chéad mhír eile pléifidh mé na tuiscintí traidisiúnta a dtugann lionsa anailíse an nuachainteora dúshlán dóibh. Ina dhiaidh sin, i mír 2.7., tabharfaidh mé aghaidh ar choincheap an nuachainteora féin.

2.5. Tuiscintí traidisiúnta na teangeolaíochta

Tá téamaí na barántúlachta, na dlisteanachta agus an údaráis, faoi mar a bhaineann na ceisteanna sin le nuachainteoirí agus *euskaldunberriak*, de dhlúth agus d’inneach aidhmeanna taighde an tráchtais seo. Is mian liom sa mhír seo léargas a thabhairt ar thuiscintí traidisiúnta na teangeolaíochta, tuiscintí a dtugann coincheap an nuachainteora dúshlán dóibh (féach mír 2.7.). Sa phlé seo, tugtar faoi deara go mbaineann forluí glé le téamaí áirithe a pléadh thuas i dtaca le hidé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga (féach míreanna 2.3. agus 2.4.).

2.5.1. Barántúlacht an dúchais

I bparaidím na barántúlachta ‘nádúrtha’, mar a léiríonn Woolard thuas i mír 2.3.1., teastaíonn fréamhacha soiléire, láidre sóisialta/tíreolaíocha ón gcainteoir/urlabhra chun stádas barántúil a bhaint amach. I dtaighde ar theangacha mionlaithe agus ar chomhthéacsanna ina raibh an t-iompú teanga ag titim amach, leagtaí béim shuntasach ar bharántúlacht agus ar údarás an chainteora dúchais. Sa teangeolaíocht agus sa chanúineolaíocht thraidisiúnta, ba é an ‘dúchas’ féin foinse na barántúlachta agus an

movements and, in our case here, *neofalantismo* (literally neo-speakerism or a new speakerist movement’ (O’Rourke agus Ramallo 2015: 151).

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

údaráis úd, bíodh is gur coincheap teibí, doiléir é, nach mbaineann bunús eimpíreach leis (O'Rourke *et al.* 2015: 2). Cruthaíodh agus cothaíodh ordlathas teangeolaíoch a scar cainteoirí dúchais agus iad siúd nár chainteoirí dúchais iad. Deir Doerr, mar shampla, gur bunaíodh an t-ordlathas teangeolaíoch sin ar chúinsí sóisialta seachas teangeolaíochta (2009: 5) agus tugann sí 'relations of dominance' ar an ordlathas céanna. Is iad idé-eolaíochtaí teanga a neartaíonn na gaoil chumhachta sin agus bíonn tionchar níos suntasaí acu i gcomhthéacsanna coimhlinte.

Tugann Bucholtz idé-eolaíocht an leithliseachais theangeolaíoch¹⁹ ar na dearchtaí stairiúla a bhfuil tionchar acu ar bharántúlacht agus ar dhlisteanacht an chainteora agus na hurlabhra. De réir na hidé-eolaíochta sin, baineann cainteoirí barántúla le grúpaí sóisialta teoranta, statacha agus aonchineálacha, atá scoite amach ón saol mór, toisc go bhfuil a n-urlabhra slán ar thionchair sheachtracha (2003: 404). Fréamhaítear na tuiscintí stairiúla sin san eitneanáisiúnachas agus sa rómánsachas. Agus iad ag rianú chonair stairiúil choincheap an dúchais i gcomhthéacsanna teangacha mionlaithe, míníonn O'Rourke agus Pujolar gur tháinig borradh faoi ghluaiseachtaí athneartaithe teanga sa naoú haois déag mar fhreagra ar náisiúnachas an náisiúnstáit agus na próisis iompaithe teanga a cothaíodh dá mbarr. Laistigh de na gluaiseachtaí sin, ámh, athchruthaíodh go leor de na hidéil chéanna a rinne an teanga a mhionlú ar an gcéad ásc. Tharraing gluaiseachtaí athneartaithe mionteangacha ar smaointe eitneanáisiúnacha i dtaca le teangacha, smaointe a bunaíodh in idé-eolaíochtaí ceannasacha Eorpacha i leith ceisteanna teanga agus féiniúlachta. I mbeagán focal, samhlaíodh gurbh ionann teanga amháin agus pobal nó náisiún amháin. Deir na húdair chéanna: 'Language came to define national collectivities and provided the means for their cultural reproduction. Such cultural reproduction was seen to be through the intergenerational transmission of the language through an unbroken biological lineage from parents to children (2013: 49-50). Tugann Kramsch, mar shampla, 'linguistic nationalism' ar an idé-eolaíocht a cheanglaíonn teanga amháin agus ballraíocht an duine i bpobal náisiúnta amháin. Tugann sí sampla ó thréimhse Réabhlóid na Fraince, nuair a baineadh feidhm as coincheap na teanga agus an chultúir náisiúnta chun éagsúlacht na gcanúintí réigiúnacha agus na gcleachtas áitiúil a dhíbirt go córasach (1998: 72).

¹⁹ 'linguistic isolationism' (2003: 404).

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

De bharr na n-idé-eolaíochtaí stairiúla sin, fréamhaíodh an teangeolaíocht thraidisiúnta i gcóras smaointeoireachta an eisintiúlachais, agus treisíodh údarás an chainteora dúchais (Bucholtz 2003: 400). Míníonn Bucholtz an t-eisintiúlachas mar pharaidím ina socraítear agus mínítear tréithe agus cleachtais sainghrúpaí sóisialta trí thagairt a dhéanamh do shaintréithe cultúrtha agus/nó bitheolaíocha. Creidtear go bhfuil na tréithe sin ag an sainghrúpa ar bhonn nádúrtha (*ibid.*).

I gcás na Gaeilge, mar shampla, maíonn Ó Conchubhair go raibh fórsaí cultúrtha idirnáisiúnta agus spiodal na nua-aoiseachta féin, fiú, ag brú isteach ar shaol agus ar shocháí thraidisiúnta na hÉireann le casadh an naoú haois déag. Cuireann sé in iúl go raibh gluaiseacht na hathbheochana in Éirinn go mór faoi thionchar fhealsúnacht agus smaointeoireacht na hEorpa um an dtaca sin. Deir sé go raibh tionchar ag fealsúnaithe na mór-roinne, ar nós an Ghearmánaigh J.G. Fichte, ar idé-eolaíochtaí agus ar ghníomhaíochtaí lucht na hathbheochana. Tagraíonn Ó Conchubhair do Fichte féin agus é ag leagan amach na cruinneshamhla úd²⁰:

Tuigeadh do Fichte, ní hamháin go mbaineann cainteoir teanga go dlúth le náisiún na teanga sin, ach gurb í an teanga sin an ghné leanúnach shíoraí a aontaíonn an náisiún mar aonad agus a chuireann cóir ghaoithe i seolta an náisiúin sin. B'ionann don náisiún a theanga a thréigean nó foclóir teanga eile a shú isteach agus caidhp an bháis a chur ar féin. B'ionann an gaol idir teanga, dar leis, agus an gaol idir anam agus corp daonna (2009: 13).

Tugann Piller ‘prionsabal na críche’²¹ ar na hidé-eolaíochtaí stairiúla céanna. Laistigh den pharaidím idé-eolaíoch sin, déantar cleachtais teanga na ndaoine nach n-áirítear mar chainteoirí le nasc stairiúil leis an teanga – is é sin le rá cainteoirí nach cainteoirí dúchais ‘barántúla’ iad – a mheas mar chleachtais teanga neamhdhlisteanacha (2016: 35). Is féidir tábhacht an dúshláin a thugann tuiscintí nua na sochtheangeolaíochta (féach mír 2.6) d'idé-eolaíochtaí stairiúla na teangeolaíochta a thabhairt faoi deara sa sliocht seo a leanas ina mínítear an éagóir a bhaineann leis an aonchineálacht ‘chumtha’²²:

²⁰ Féach Walsh 2012 agus Rowland 2014, mar shampla, d'anailís ar an náisiúnachas cultúrtha agus a thionchar ar fhealsúnacht na hathbheochana.

²¹ ‘territorial principle’ (2016: 35).

²² ‘inventing homogeneity’ (2016: 24).

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

Linguistic diversity is rendered invisible through the territorial principle The territorial principle not only obscures the actual diversity of everyday language, but also, and with greater social consequences, set some speakers up as legitimate ‘default’ members of a society while excluding others. Those who are being excluded, delegitimized, and subordinated are usually mobile speakers whose ‘historical’ ties to a territory are contested (2016: 62).

Cuireann Piller síos ar chumhacht na hidé-eolaíochta sin i dtéarmaí na teanga ceannasaí. Ach, i dtéarmaí an tráchtais seo agus choincheap an nuachainteora, féadtar an tionchar a imríonn an ‘aonchineálacht chumtha’ ar an gcaoi a ndéantar urlabhra iad siúd nach dtagann le hidéil na haonchineálachta a mheas. Feictear arís go mbaineann na ceisteanna seo le ceisteanna cumhachta, barántúlachta agus dlisteanachta:

The invention of linguistic homogeneity may seem of merely historical interest. However, the normalization of linguistic homogeneity continues to affect us today and constitutes a form of representational injustice as it has helped to create the linguistic homogeneity of the standard language as the imagined ideal against which the diverse repertoires of individual speakers are judged (2016: 29).

Déanann Bucholtz cur síos ar an meon sin mar ‘chumha na sochtheangeolaíochta²³’ (2003: 399) agus tugann sí léargas ar an gcineál éagóra a luann Piller thuas. Dar léi go bhfuil sé de dhualgas ar scoláirí atá i mbun taighde sa tsochtheangeolaíocht béim a leagan orthu siúd atá gan chumhacht ar imeall na sochaí. Tugtar faoi deara arís eile anseo gnéithe de chur chuige na sochtheangeolaíochta criticiúla (féach mír 2.2.):

The commitment to study those who have been relegated to the margins of modern structures of power stands as one of the most potent ethical principles of sociolinguistics. But the posting of authenticity as the prerequisite for serious scholarly attention often works to undermine this principle by designating some language users but not others as legitimate representatives of a given community (2003: 400).

Ar cheann de na hidé-eolaíochtaí teanga is ceannasaí agus is suntasaí sa teangeolaíocht tá idé-eolaíocht an chainteora dúchais. Tugtar faoi deara agus an idé-eolaíocht teanga sin á mionscagadh sa chéad mhír eile go mbaineann forluí leis na tuiscintí a pléadh sa mhír seo. Socraíodh, mar sin féin, mír ar leith a dhíriú ar idé-eolaíocht an chainteora

²³ ‘nostalgia of sociolinguistics’ (2003: 399)

dúchais toisc gurb í an idé-eolaíocht teanga is mó, dar liom, a dtugann coincheap an nuachainteora dúshlán di (féach mír 2.7.).

2.5.2. Idé-eolaíocht an chainteora dúchais

Glactar leis gur chruthaigh agus gur chothaigh tuiscintí stairiúla na teangeolaíochta idé-eolaíochtaí teanga a bhreathnaigh ar chainteoirí dúchais amháin, den chuid is mó, mar chainteoirí barántúla, údarásacha. ‘Idé-eolaíocht an chainteora dúchais’ a thugann Doerr ar an gcineál díoscúrsa úd. Míníonn sí gur constráid shóisialta, seachas constráid theangeolaíoch, í idé-eolaíocht an chainteora dúchais. Cruthaítear samhlaíochtaí idéalacha d’éagsúlachtaí teangeolaíochta idir daoine nó grúpaí de bharr na hidé-eolaíochta sin (2009: 18). Dar léi go bhfuil trí idé-eolaíocht ar leith ina bhfréamhaítear barántúlacht agus údarás an chainteora dúchais:

Idé-eolaíocht 1: Mar a pléadh thuas i mír 2.3.1., bunaíodh tuiscintí stairiúla na teangeolaíochta ar an eitneanáisiúnachas agus ar an rómánsachas. Tá an chéad idé-eolaíocht a luann Doerr fréamhaithe sa chóras idé-eolaíoch sin. Laistigh den pharaidím úd, is ionann saoránach an náisiúntáit agus cainteoir dúchais de theanga an náisiúntáit áirithe sin. Samhlaíodh nascanna nádúrtha, leanúnacha agus seasta idir an cainteoir dúchais agus an náisiúntáit (2009: 20).

Idé-eolaíocht 2: Gurb ionann teanga agus córas aonchineálach agus seasta agus gurb ionann pobal urlabhra agus pobal aonchineálach agus seasta. Dar ndóigh, tá *Idé-eolaíocht 2* dlúthcheangailte le *Idé-eolaíocht 1* toisc go mbaineann sé arís le stádas seasta, leanúnach an chainteora agus an phobail. Bunaítear *Idé-eolaíocht 2* ar shaintreorachas na teangeolaíochta stairiúla. Sainmhíníonn Swann *et al.* ‘idé-eolaíocht’ an tsaintreorachais mar seo a leanas:

A doctrine that holds certain features of a language to be incorrect and in need of replacement by other forms deemed correct on the grounds of logic, existence in classical or older forms of language or use by ‘good’ writers (2004: 249).

Dar le Doerr go bhfuil fréamhacha aige chomh maith i dteangeolaíocht struchtúrach leithéidí de Saussure:

Language is a well-defined object in the heterogeneous mass of speech facts ... Whereas speech is heterogenous, language, as defined, is homogenous. It

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

is a system of signs in which the only essential thing is the union of meanings and sound-images, and in which both parts of the sign are psychological (de Saussure 1916: 14-15).

Tagann *Idé-eolaíocht 2* le tuairimí Bucholtz (2003) agus Piller (2016) i dtaca le dearcthaí aonchineálacha, stairiúla na teangeolaíochta. Dar leo go ndéanann idé-eolaíocht an aonchineálachais nó an tsaintreorachais imeallú ar ghrúpaí nó ar chainteoirí áirithe – cainteoirí nach cainteoirí dúchais iad, mar shampla.

Idé-eolaíocht 3: De réir na hidé-eolaíochta seo, glactar leis go bhfuil ardchumas teanga nádúrtha, bitheolaíoch, inbheirthe ag an gcainteoir dúchais. Maíonn Doerr gur imir cur chuige teoiriciúil leithéidí Chomsky tionchar suntasach ar an idirdhealú dénrtha a dhéantar idir ‘native’ agus ‘non-native speakers’ (2009: 35). Míníonn Heller agus McElhinny, leis, go ndearnadh idéalú ar an bpobal urlabhra mar aonad aonchineálach i dteangeolaíocht Chomsky (2017: 208).

I gcomhthéacsanna teangacha mionlaithe, is fiú cur síos Doerr féin ar ‘idé-eolaíocht an chumais’ a lua anseo: ‘[T]he belief that “native speakers” automatically have complete competence in their “first language” marginalizes the status of individuals with little competence in the language of their forbears due to discouraging institutional and discursive conditions’ (*ibid.*). Déantar cumhacht na hidé-eolaíochta sin, dar le Bucholtz (2003: 404), imeallú orthu siúd le cumas maith sa teanga ach nach cainteoirí dúchais iad.

Dar le Rampton go leagann coincheapa an chainteora dúchais agus na máthairtheanga béim ar an tionchar a imríonn cúinsí bitheolaíochta ar shealbhú teanga, ach go ndéanann siad beag is fiú de chúinsí sóisialta. Cé go mbaineann tábhacht leis na cúinsí bitheolaíochta sin, baintear brí astu sa chomhthéacs sóisialta amháin, dar leis. Is é sin le rá gurb iad idé-eolaíochtaí ceannasacha na sochaí a bhronnann tábhacht orthu go pointe (1990: 98). Míníonn Kramsch an bhéim a chuir teangeolaithe agus teagascóirí teanga araon ar chainteoirí dúchais mar shlat tomhais chun cumas teanga an chainteora neamhdhúchasaigh a mheas, toisc gur samhlaíodh iomas nádúrtha i leith na gramadaí agus na húsáide leo: ‘Native speakers have traditionally enjoyed a natural prestige as language teachers, because they are seen as not only embodying the “authentic” use of the language, but as representing its original cultural context as well’ (1998: 72).

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

Déanann Davies scagadh cuimsitheach ar choincheap agus ar idé-eolaíocht an chainteora dúchais. Léiríonn sé nach as comhthéacs na teanga mionlaithe amháin a eascraíonn aighneas faoi údarás an chainteora. Is minic a spreagtar díospóireachtaí faoi dhlisteanacht chainteoirí áirithe thar chainteoirí eile i leith an Bhéarla ‘nua’ in iar-choilíneachtaí na Breataine ar nós an Shingeapór agus na hIndia, mar shampla (2003: 154). Dar le Davies gur teorainn é coincheap an chainteora dúchais, a chruthaítear in aigní an chainteora dúchais agus iad siúd nach cainteoirí dúchais iad araon (2003: 7). Tarraingíonn sé aird chomh maith ar theangeolaíocht Chomsky agus a thionchar siúd ar fhorlámhas an chainteora dúchais sa teangeolaíocht thraidisiúnta agus réimsí gaolmhara. Dar leis nach bhfuil dearcadh Chomsky faoi thionchar ag iarmhairtí an chomhthéacs shóisialta, ná ag ceisteanna ilghnéitheacha teanga ach an oiread (2003: 3). Áitím go léiríonn Davies go soiléir anseo doiléire an choincheapa, sa chaoi is go mbreathnaítear ar an gcainteoir dúchais mar shamhail idéalaithe agus, san am céanna, mar shampla den tsamhail nó den sprioc idéalaithe sin (2003: 7). Go praiticiúil, dar le Davies, baineann comhaontú sóisialta trombhríoch le samhail an chainteora dúchais i gcomhthéacsanna intstiúideacha, foilsitheoireachta agus scrúdaithe, mar shampla (2003: 9). Ina theannta sin, ceistítear tréithe sochtheangeolaíocha an choincheapa; is é sin le rá, an constráid shóisialta é an cainteoir dúchais? Cuireann Davies in iúl ‘the importance in language definition of attitudes and feelings of identity’ agus míníonn sé go n-áiríonn baill de phobail urlabhra iad féin, agus baill eile, mar chainteoirí dúchais ar chúiseanna siombalacha seachas ar chúiseanna cumarsáide (2003: 76). Aithníonn sé go mbaineann tábhacht leis na teorainneacha sin toisc go bhfuil ceisteanna cumhachta agus féiniúlachta de dhlúth agus d’inneach an rangaithe theangeolaíoch (2003: 167).

Is léir tionchar na n-idé-eolaíochtaí stairiúla sin ar an gcanúineolaíocht thraidisiúnta. Déanann Chambers agus Trudgill cur síos ar an gcineál rannpháirtí a roghnaíodh do mhórhionscnaimh na canúineolaíochta tíreolaíche:

Perhaps the most typical feature shared by all the major projects in dialect geography is the type of informant selected. No matter how diverse the culture, how discrepant the socioeconomic climate, and how varies the topography, the majority of informants in all cases consisted of *nonmobile, older, rural males* [NORMS] (1998: 29, béim sa bhunleagan).

De réir na gcritéar sin, i dtaighde stairiúil canúineolaíochta, roghnaíodh faisnéiseoirí doghluaiste fireanna nár fhág a gceantar dúchais riamh ar mhaithe le ‘fíor-thréithe’ na canúna áitiúla a bhailiú óna n-urlabhra. Ba sna faisnéiseoirí aosta a léiríodh na samplaí ‘ab fhearr’ d’urlabhra an ama a caitheadh, agus roghnaíodh iad siúd i gceantair iargúlta toisc gur mheas teangeolaithe is canúineolaithe go raibh comhthéacsanna agus cainteoirí uirbeacha róshoghluaiste nó ró-ilghnéitheach chun samplaí den urlabhra bharántúil a bhí á lorg a sholáthar. Breathnófar sa chéad mhír eile ar shamplaí den chanúineolaíocht thraidisiúnta, thíreolaíoch i gcomhthéacs na Gaeilge.

2.5.3. ‘She was an ideal subject’: canúineolaíocht thraidisiúnta na Gaeilge

Is iomaí sampla den chanúineolaíocht thraidisiúnta i gcomhthéacs na Gaeilge agus is léir tionchar idé-eolaíocht an chainteora dúchais orthu. Tagraíonn Lenoach do na monagraif éagsúla a foilsíodh ó bhunú an stáit i leith²⁴ agus an ‘bunús pragmatach’ a bhain leo go dtí go bhfuair ‘an nua-aoiseachas an lámh in uachtar’ i réimse na canúineolaíochta, dar leis (2012: 20). Maíonn sé gur chuir, agus go gcuireann fós, na monagraif sin ‘teimpléid idéalacha’ ar fáil ‘don dream a bheadh ag iarraidh canúint thraidisiúnta ar leith a fhoghlaim, a labhairt, a chraobhscaoileadh, agus i gcás canúna atá ar an dé deiridh nó imithe as, a athbheochan’ (*ibid.*). Bhain barántúlacht agus údarás le hurlabhra an chainteora dúchais i mórshaothar iomráiteach Heinrich Wagner, *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects* (1958), bíodh is gur doiléir agus solúbtha na critéir ar baineadh úsáid astu chun ‘cainteoir dúchais’ a shainmhíniú. Roghnaíodh faisnéiseoirí ‘who at least in their youth spoke Irish and therefore could be considered native speakers’ (1958: ix), cuir i gcás, fiú mura labhraíodar Gaeilge le caoga nó seasca bliain. Fós féin, scríobh Wagner i mbrollach an tsaothair nár bhain éagsúlacht le seasamh sóisialta na bhfaisnéiseoirí agus gurbh í an Ghaeilge teanga na bhfeirmeoirí agus na n-iascairí beaga tuaithe (1958: xi). Leis an athrú sibhialtachta, ámh, maíonn sé gur tháinig ‘the final decline of the language and victory of English even in the last strongholds of this Celtic language’ (*ibid.*). Is léir, mar sin, tionchar na ‘teangeolaíochta tarrthála’²⁵ agus na ‘seandálaíochta teangeolaíche’²⁶ agus Wagner ag

²⁴ Féach, mar shampla, cuid den ábhar a d’fhoilsigh Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath: *The Irish of West Muskerry, Co. Cork* (Ó Cuív 1944), *The Irish of Cois Fharraige, Co. Galway* (de Bhaldraithe 1945), *The Irish of Ring, Co. Waterford* (Breathnach 1947) agus *The Irish of Tourmakeady* (de Búrca 1958).

²⁵ “salvage” linguistics’ (O’Rourke agus Pujolar 2013: 52).

²⁶ ‘linguistic archaeology’ (Chambers agus Trudgill 1998: 30).

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

cur síos ar ‘fhothraigh’ (1958: ix) na Gaeilge a athógáil fearacht seandálaí. Amhail NORMS Chambers agus Trudgill, níor glacadh le faisnéiseoirí a raibh go leor taistil déanta acu chun ‘truailliú’ na teanga agus tionchair sheachtracha a sheachaint (*ibid.*). Cuireadh síos ar fhaisnéiseoir amháin, fear aonteangach, mar shár-fhaisnéiseoir (1958: xvii). Cé gurbh iad fir tuaithe is mó a bhí i gceist, bhí mná san áireamh chomh maith. Mionlach ab ea iad, ámh. Ba léir, mar sin féin, gur bhain na critéir theangeolaíochacha chéanna leo. Féach an sampla ‘idéalach’ seo ó Chorr na Móna i nDúiche Sheoigheach, Co. na Gaillimhe:

Cornamona ('ko:r nə 'mu:nũ). In some mountain valleys of *Joyce's Country* (dʊ: 'x'ɔ:jəx or dʊ: 'h'ɔ:i:), represented by points 49, 50, Irish is still spoken at least by the older generation. Our subject in pt. 49 could not speak English but she could understand it. She was an ideal subject (1958: xvii).

Pléifidh mé sa chéad mhír eile tionchar na ndearcthaí stairiúla sin ar dhioscúrsaí agus ar dhíospoireachtaí reatha i gcomhthéacs na Gaeilge.

2.5.4. Dioscúrsaí reatha na Gaeilge

Luíonn sé lasmuigh de scóp an tráchtais seo mionanailís a dhéanamh ar mhórchéistean reatha uilig na sochtheangeolaíochta Gaeilge ach is fiú aird a tharraingt ar théamaí áirithe sa mhír seo ar mhaithe le léargas a thabhairt ar an gcomhthéacs idé-eolaíoch ina bhfuil rannpháirtithe taighde an tráchtais ag gníomhú. Léiríodh thuas gur imir idé-eolaíochtaí stairiúla na teangeolaíochta tionchar suntasach ar an gcanúineolaíocht thraidisiúnta Ghaeilge (féach mír 2.5.3.), ach is ann chomh maith do thuiscintí den chineál céanna i ndioscúrsaí comhaimseartha na Gaeilge, dar ndóigh. ‘Teanga shaorga na Gaeilge Nua’ a thugann Ó Béarra ar Ghaeilge na linne seo atá go mór faoi thionchar an Bhéarla i dtéarmaí na deilbhíochta, na comhréire, an fhoclóra agus na smaointeoireachta fiú, dar leis (2009: 261-266). Tarraingíonn Ó Béarra comparáid dhiúltach idir an Ghaeilge Nua agus ‘an Nua-Ghaeilge Dheireanach ... caint *nádúrtha* na Gaeltachta mar a bhailigh Hartmann agus de Bhaldraithe í i lár na seascaidí (*ibid.*, is liomsa an bhéim). Tarraingíonn Ó Curnáin ar dhioscúrsa an laghdaithe chomh maith agus ‘Cointeanóid Laghdú Teanga’ á leagan amach aige (2012: 285-286). Maíonn sé gur ag titim i léig atá an Ghaeilge ó na 1960idí (blianta deireanacha na Gaeilge Traidisiúnta, dar leis) i leith, ó thréimhse na Gaeilge Neamhthraidisiúnta (1960-1990) go ré na Gaeilge Laghdaithe (2012: 287). Tugtar an

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

Ghaeilge ‘Iarthraidisiúnta’ ar an tréimhse iomlán ó 1960 go dtí an lá atá inniu ann agus leagtar amach a tréithe teangeolaíocha mar seo a leanas: ‘Tá laghdú á shonrú i ngach gné teangeolaíochta: foghraíocht, fóineolaíocht, deilbhíocht, deilbhchomhréir, comhréir agus foclóir. Is léir gurb iad anáil laghdú ionchair, ionghlactha agus aschuir don Ghaeilge agus anáil an Bhéarla is cúis leis na hathruithe iomadúla’ (2012: 285).

Ní thugtar sainmhíniú, ámh, ar Ghaeilge Thraidisiúnta na réamhseascaidí ach maítear go bhfuil sí ionann is ‘díbheo de réir shainmhínithe an téarma “díbheo” i léann teangacha faoi bhagairt, is é sin, níl sí á sealbhú níos mó ag gasúir ach go heisceachtúil’ (2012: 286). D’fhéadfaí a mhaíomh gurb ionann Gaeilge Thraidisiúnta Uí Churnáin agus Nua-Ghaeilge Dheireanach Uí Bhéarra i dtaca lena mbarántúlacht agus lena n-údarás. Is fiú leas a bhaint as sainmhíniú Uí Mhurchadha ar an ‘nGaeilge Thraidisiúnta’ mar phointe tagartha agus na ceisteanna seo á n-iniúchadh. Murab ionann agus Lenoach, Ó Béarra ná Ó Curnáin, ámh, aithníonn Ó Murchadha go bhfuil ceisteanna idé-eolaíochta, idé-eolaíocht an nádúrachais ach go háirithe (féach an plé ar theoiricí Woolard i mír 2.3.1.), de dhlúth agus d’inneach na ceiste:

Is don chaint choimeádach, áitiúil a thagraíonn Gaeilge thraidisiúnta na Gaeltachta agus is cainteoirí Gaeltachta a rugadh roimh na 1960idí is mó a chleachtann í. Is beag lorg den Bhéarla a fhaightear uirthi agus, dá réir sin, glactar léi in idé-eolaíocht fhollasach an phobail mar leagan nádúrtha, neamhthruaillithe agus ceart den teanga (2018: 84).

Déanann Dorian cur síos ar dhearcthaí coimeádacha den chineál sin mar idé-eolaíocht na híonghlaineachta teanga. I gcomhthéacsanna éagsúla, dar léi, ‘purism can be seen to represent a form of conservatism, a harking back to the favoured forms or styles of earlier times (1994: 480).

D’fhéadfaí ceachtar den dá leagan den *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch* a scagadh chun léargas duairc a fháil ar inmharthanacht na Gaeilge mar theanga an phobail sna Gaeltachtaí oifigiúla (Ó Giollagáin *et al.* 2007; Ó Giollagáin agus Charlton 2015). I dtaca le rangú na gcainteoirí iad féin, leagann Ó Giollagáin agus Mac Donnacha amach na cineálacha éagsúla cainteoirí gurb ann dóibh, dar leo, i gcomhthéacsanna Gaeltachta. Maíonn siad gurb ann do na próifíle seo a leanas:

- Cainteoirí dúchais: duine ón nGaeltacht a tógadh trí mheán na Gaeilge;

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

- Cainteoir nua-dhúchais²⁷: duine le tuismitheoirí nach cainteoirí dúchais iad (i. cainteoirí T2) ach a tógadh trí mheán na Gaeilge;
- Cainteoir leath-dhúchais²⁸: duine a tógadh i dtimpeallacht shóisialta ina bhfuil níos mó ná teanga amháin.
- Cainteoir T2²⁹: duine a shealbhaigh an teanga i gcomhthéacs institiúideach ach gur féidir leo cumarsáid shóisialta ‘éifeachtach’ a dhéanamh sa phobal trí mheán na Gaeilge.
- Foghlaimeoir: déantar idirdhealú anseo idir foghlaimeoirí ‘inniúla’ agus ‘neamhinniúla’ (cé nach mínítear go díreach cad is brí le foghlaimeoir neamhinniúil) agus
- Cainteoir Béarla: duine nach féidir an Ghaeilge a labhairt agus nach bhfuil á foghlaim (2008: 111-112).

Léirítear anseo cuid den lipéadú diúltach nó easnamhach a dtugann coincheap an nuachainteora dúshlán dó (féach mír 2.7.). Tugtar faoi deara chomh maith ordlathas teangeolaíoch, ina n-áirítear ‘cainteoirí dúchais’ mar chainteoirí údarásacha agus a chuireann in iúl, b’fhéidir, go bhfuil níos lú barántúlachta ag baint le cainteoirí eile. Is ann do dhearcthaí den chineál céanna sa dioscúrsa poiblí chomh maith, agus dúshlán á thabhairt do chainteoirí agus don urlabhra nach dtagann le múnlaí na barántúlachta nádúrtha. Féach, mar shampla, an méid a dúradh ar chlár cúrsaí reatha de chuid TG4 in 2017:

Caithfidh mé a rá, ag an bpointe seo, leis na tuiscintí atá agam féin ar chúrsaí teanga agus ar chúrsaí Gaeltachta, go mbeadh drogall orm moladh d’aon duine a gclann a thógáil le Gaeilge, mar níl a fhios agam an bhfuil sé indéanta níos mó do chlann a thógáil le Gaeilge sa Ghaeltacht agus a bheith ag súil nuair a bheas do ghasúr sé bliana déag d’aois go mbeadh caighdeán an chainteora dúchais aige sa teanga sin (Mac Donnacha 2017).

D’uireasa sainmhíniú ar ‘chaighdeán an chainteora dúchais’, lean sé air:

Agus mar thuismitheoir, mura bhfuil tú ag súil leis go bhféadfadh do ghasúr caighdeán an chainteora dúchais a bhaint amach, cén fáth go dtabharfá faoi labhairt leo sa teanga

²⁷ ‘Neo-native speaker’ (2008: 111).

²⁸ ‘Semi-native speaker’ (*ibid.*).

²⁹ ‘Second-language speaker’ (*ibid.*).

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

sin ar aon nós? Nach mbeadh sé i bhfad níos simplí, agus b'fhéidir níos fearr, do ghasúir Béarla a labhairt leo? (*ibid.*).

Áitím nach n-aithníonn na catagóirí beachta, teoranta ná na dearcthaí saintreoracha a luaitear thuas ilchastacht na gcomhthéacsanna sochtheangeolaíocha ina bhfuil cainteoirí Gaeilge de chineálacha éagsúla ag feidhmiú. D'fhéadfaí a mhaíomh, dar ndóigh, bunaithe ar chritéir na n-údar thuasluaite, gur cainteoirí 'leath-dhúchais' iad cainteoirí uilig na Gaeltachta toisc nach comhthéacs aonteangach, aonchineálach é. Molann Walsh, mar shampla, go mba cheart ilghnéitheacht shochtheangeolaíoch na Gaeltachta a chur san áireamh sa taighde reatha a dhéantar uirthi (2011: 419-420). Áitíonn sé chomh maith nach gá 'gur i dtéarmaí na cailliúna agus an mheathlaithe amháin a d'fhéachfaí ar an nGaeltacht go teangeolaíoch' ach oiread (2015: 9).

Tugann Ó Murchadha dúshlán éifeachtach, idé-eolaíoch do dhioscúrsaí an laghdaithe faoi mar a pléadh thuas iad. Aithníonn sé 'nach bhfuil an múnla traidisiúnta Gaeltachta inbhuanaithe do chách sa nua-aoiseacht dhéanach de dheasca na ndinimicí sochtheangeolaíochta ina bhfuil an Ghaeilge ag feidhmiú sa Ghaeltacht agus san iar-Ghaeltacht araon' agus míníonn sé 'go gcuirtear iachail ar an bpobal diúltú do mhúnlaí úra teanga na Gaeilge' má ghlactar go hiomlán le hide-eolaíochtaí traidisiúnta, ceannasacha i dtaca leis an éagsúlacht teanga. Chun dúshlán a thabhairt d'idé-eolaíochtaí teanga 'a fhéachann ar na hathruithe teangeolaíocha suntasacha sa Ghaeilge iarthraidisiúnta mar smál ar an teanga agus mar chomhartha ar imeacht i léig agus ar imeacht as feidhm na Gaeilge mar theanga,' caithfear glacadh 'leis na múnlaí iarthraidisiúnta mar mhúnlaí malartacha teanga don Ghaeilge, ach iad ina múnlaí dlisteanacha' (2018: 260). Ar an gcaoi sin

baintear an bonn den idé-eolaíocht Rómánsach thraidisiúnta atá fréamhaithe san am atá caite agus bheadh athsmaoineamh radacach de dhíth ar mhúnlaí teanga na Gaeilge. Bheadh a leithéid d'athsmaoineamh ag teacht go mór le cuid de theoiricí na sochtheangeolaíochta nua-aimseartha i leith na teanga i sochaí na nua-aoiseachtaí déanaí (*ibid.*).

Ar aon dul le dearcadh Walsh i leith na Gaeltachta, áitíonn Ó Murchadha agus Ó hÍfearnáin nach i dtéarmaí na cailliúna ná an laghdaithe amháin ar cheart breathnú ar theacht chun cinn na Gaeilge iar-thraidisiúnta. Ní ionann leaganacha iar-thraidisiúnta agus 'a mere linguistic failure' (2018: 461), dar leo. Baineann roghanna teangeolaíocha le seasaimh idé-eolaíocha na gcainteoirí, agus míníonn na húdair

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

chéanna go bhfuil ceisteanna féiniúlachta agus gníomhúcháin lárnach chomh maith. Go pointe áirithe is ionann leaganacha iar-thraidisiúnta agus ‘an agentive identificational response by post-traditional speakers to the changing dynamics of the Irish language in the late modern age where non-traditional social and linguistic practices are becoming synonymous with one another’ (*ibid.*). Dar leo go dtugann leaganacha iar-thraidisiúnta na Gaeilge dúshlán do choincheapa traidisiúnta na teanga barántúla, dlisteanáí (*ibid.*).

Míníodh i mír 1.2.3. gurb í an Bhascáis chaighdeánach, *Batua*, a shamhlaítear go hiondúil le foghlaimeoirí na teanga agus *euskaldunberriak*. Ba ann d’iarrachtaí i gcomhthéacs na Gaeilge caighdeán labhartha den chineál céanna a bhunú. Féachadh le ‘Lárchanúint’ don Ghaeilge a chur i dtoll a chéile agus breathnaíodh ar fhoilsiú na bprionsabal ar ar bunaíodh rialacha fuaimnithe na lárchanúna mar ‘an chéad chéim le comhchanúint a chruthú a d’fhéadfaimis ar fad a úsáid mar chéad nó mar dhara chanúint de réir mar a bheadh sin ag teacht le gnásanna agus úsáidí oideachasúla, cumarsáideacha agus sóisialta na teanga’ (Ó Baoill 1986: 8). Theip ar iarrachtaí Uí Bhaoill, ámh, mar a mhíníonn sé sa sliocht seo a leanas agus é ag trácht ar an ‘snamh agus col’ a tugadh d’iarrachtaí caighdeánaithe:

Dúradh arís agus arís eile nár cheart a bheith ag súil le rud ar bith eile ó chainteoirí ach a gcanúint nádúrtha féin, rud a léirigh míthuiscint agus neamhaird iomlán ar an rud is teanga ‘náisiúnta’ ann a chothaítear d’aon turas nuair a bhítear ag cumarsáid ar bhonn leathan. Dá thairbhe sin fágadh an scéal ar fad éiginnte agus ligeadh seans eile le sruth gné thábhachtach agus riachtanach de chothú na Gaeilge don chumarsáid leathan a bheachtú agus pobal teanga níos dlúithe agus níos aontaithe a chur á saothrú (2000: 13).

Is cosúil gurbh í an bharántúlacht a samhlaíodh leis an ‘dúchas’ nó an rud a bhí ‘nádúrtha’ ba chúis le cur in aghaidh na lárchanúna (féach mír 2.5.1.). Tabharfar léargas sa chéad mhír eile ar theoiricí comhaimseartha na sochtheangeolaíochta i leith na teanga, teoiricí a thugann dúshlán d’idé-eolaíochtaí traidisiúnta an dúchais.

2.6. Ag tabhairt dúshláin don dúchas

D’eascair coincheap an nuachainteora as na dúshláin a tugadh do thuiscintí stairiúla na teangeolaíochta, tuiscintí a bhí fréamhaithe sna hidé-eolaíochta teanga a pléadh thuas i mír 2.5. Míníonn O’Rourke agus Ramallo a achranáí atá sé cainteoirí a

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

idirdhealú go dénrtha mar chainteoirí dúchais/chainteoirí neamhdhúchasacha (2011: 140). Le blianta beaga anuas, tá scoláirí na sochtheangeolaíochta ag tabhairt faoi thuiscintí nua a fhorbairt agus tugaim spleáchadh ar an gcur chuige teoiriciúil sin sa mhír seo sula scagfar coincheap an nuachainteora féin. Deir Otsuji agus Pennycook, mar shampla, go gceistíonn scoláirí anois an dlúthchaidreamh a samhlaíodh idir teanga(cha), eitneacht, náisiún agus dúiche, mar aon le barántúlacht agus úinéireacht theangeolaíoch a bunaíodh ar idé-eolaíochtaí teanga traidisiúnta (2010: 241). Aithníonn Heller teacht chun cinn an teannais sin idir aonghnéitheacht agus ilghnéitheacht i ré an domhandaithe, teannas idir ‘local, national and supra-national identities and language practices’. Dar léi go bhfuil claochlú ag teacht ar cheisteanna teanga agus féiniúlachta, mar a pléadh i mír 2.4. (2003: 473). Cuireann Piller síos anseo ar athrú paraidíme i dtéarmaí an chainteora dúchais agus an seasamh a bhí ag an gcoincheap sin, agus ag coincheap na teanga caighdeánaí, sa teangeolaíocht fheidhmeach:

Applied Linguists have come to relinquish the notion of the native speaker as a person of flesh and blood: because language status is a reification; because language is characterized by variation, and the standard language is just another reification; because the human language faculty is multilingual; and because the performance and perception of native speaker status is not (solely) linguistic but mediated by other social relations (2001: 116).

Ina cuid taighde ar fhoghlaimoirí déanacha, saineolacha, déanann Piller iarracht an t-idirdhealú dénrtha idir cainteoirí dúchais/neamhdhúchasacha a shárú. Cé go n-aithníonn sí go meastar go mbíonn daoine i mbun foghlama go leanúnach le linn na saolré ar bhealaí éagsúla, dar léi go bhfuil sé neamhoiriúnach cainteoirí T2 a mheas mar shíorfhoghlaimoirí nuair nach ndéantar cainteoirí T1 a mheas ar an gcaoi chéanna, ach go háirithe foghlaimoirí ardchumasacha T2 ‘whose performance has become indistinguishable from that of native speakers on a range of phonological and morphosyntactic measures’ (2002: 180). Deir sí nár cheart slat tomhais an chainteora dúchais a úsáid chun éachtaí na gcainteoirí T2 sin a mheas, agus nach seasamh teoiriciúil inchosanta é sin a thuilleadh (*ibid.*). San alt céanna, míníonn Piller gur léirigh cuntais na gcainteoirí saineolacha T2 an tábhacht a bhain le ‘passing for a native speaker’ (2002: 181; féach chomh maith Davies 2003: 72) agus iad ag déanamh féinmheasúnaithe ar a n-éachtaí teangeolaíocha. Is éard atá i gceist le ‘passing’ sa chás

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

seo ná gur ghlac cainteoirí dúchais ‘barántúla’ leis na cainteoirí saineolacha T2 mar chainteoirí dúchais de bharr a n-ardscileanna teanga (*ibid.*). Míníonn sí tábhacht an choincheapa theoiriciúil sin i dtaca le tuiscintí nua ar chruthú na féiniúlachta mar chatagóir sóisialta (féach arís an plé ar fhéiniúlachtaí teanga i ré an nuachainteora i mír 2.4.):

The insiders’ accounts of expert L2 users and their linguistic passing practices described in this article are potentially as destabilizing to linguistic social identities (non-native vs. native speakers) as accounts of gender and ethnic passing are to ideologies of stable, essential, authentic and dichotomous assumptions of gender (women vs. men) and racial (black vs. white) identities (*ibid.*).

Áitím go mbaineann tábhacht chomh suntasach céanna le coincheap an nuachainteora agus go leor de na téamaí a bhain le saothar Piller idir lámha ag scoláirí na sochtheangeolaíochta criticiúla. Go deimhin, tugtar faoi deara i bplé Piller dúshraitheanna teoiriciúla an choincheapa, agus áitím go bhféadfaí breathnú ar an téarma, ‘expert L2 users’, mar réamhtheachtair de lionsa anailíse an nuachainteora toisc gur theastaigh uaithi cur síos níos dearfaí, nó cur síos nár samhlaíodh easnamh éigin leis, a dhéanamh ar chainteoirí a bhaineann úsáid ghníomhach, líofa agus rialta as teanga nach í a dteanga dúchais í.

Mar a míníodh thuas (mír 2.5.), bronnadh stádas ‘barántúil’ sa teangeolaíocht thraidisiúnta ar an gcainteoir nó ar an urlabhra a samhlaíodh a bheith ‘dúchasach’. Tugann Armstrong ‘nádúrachas teangeolaíoch’ ar an idé-eolaíocht sin agus is fiú a shainmhíniú a thabhairt anseo de bharr na codarsnachta a léirítear ann idir modhanna éagsúla sealbhaithe agus úsáide:

Is idé-eolaíocht é ... a thugann stádas nó luach níos airde do shealbhú agus d’úsáid teanga a shamhlaítear a bheith nádúrtha nó fo-chomhfhiosach. Cuirtear i gcodarsnacht de ghnáth, más go follasach nó go hintuigthe é, le modhanna eile sealbhaithe agus úsáide teanga a thuigtear a bheith bréagach, féin-chomhfhiosach nó saorga ar chuma éigin (2018: 135).

Aithníonn sé, ar aon dul le hidé-eolaíocht na híonghlaineachta teanga (Dorian 1994: 480), go gcruthaíonn an nádúrachas teangeolaíoch dúshlám do ghluaiseachtaí athneartaithe teanga agus dá bhfeachtas chun nuachainteoirí a mhealladh agus a spreagadh ‘toisc go bhféadfadh an idé-eolaíocht atá taobh thiar di teacht trasna’ air

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

(2018: 148). Mar a leagadh amach sa mhír seo, tá sochtheangeolaithe criticiúla ag tabhairt faoi na tuiscintí seanbhunaithe sin a cheistiú, agus cuireann Armstrong in iúl anseo na himpleachtaí trombhríocha a chothaíonn na dúshlán sin do cheisteanna féiniúlachta faoi mar a bhaineann siad le nuachainteoirí teangacha mionlaithe (féach mír 2.4.). Tugtar nasc soiléir faoi deara anseo le plé Woolard ar an mbarántúlacht iarnádúrtha (féach mír 2.3.1.):

Nuair a dhéantar an bharántúlacht agus an nádúrchas a dhícheangal óna chéile agus an rud is cainteoir barántúil ann a athshamhlú mar thionscadal teileolaíoch³⁰, is féidir féiniúlacht chainteora a shainmhíniú as an nua ar bhealaí a chuireann nuachainteoirí san áireamh mar úsáideoirí lánbharántúla na teanga atá i mbaol (2018: 148-149).

Scagfaidh mé anois coincheap an nuachainteora féin go mion. Breathnaím ar an gcéad mhír eile mar chuid thábhachtach de phlé na míre seo, toisc go n-áirim coincheap an nuachainteora mar ghné lárnach den dúshlán atá á thabhairt don dúchas sa tsochtheangeolaíocht le roinnt blianta anuas (O'Rourke agus Ramallo 2011).

2.7. Lionsa anailíse an nuachainteora

I gCaibidil 1 (mír 1.2.), leagadh amach sainmhíniú choincheap an nuachainteora agus míníodh an chaoi a mbainim úsáid as sa tráchtas seo mar lionsa anailíse seachas mar chatagóir beacht teangeolaíoch le cainteoirí a rangú. Agus iad ag rianú fréamhacha an choincheapa, cuireann Ó Murchadha *et al.* i gcuimhne dúinn gurb ann do ‘nuachainteoirí’ leis na mílte bliain agus teangacha éagsúla ag teacht i dteagmháil lena chéile. Ó thaobh na scoláireachta de, ámh, míníonn siad gurb ann don taighde ar cheisteanna a bhaineann le nuachainteoirí le roinnt blianta anuas i réimsí éagsúla ar nós na sochtheangeolaíochta, na hantraipeolaíochta teanga agus na sícheangeolaíochta, mar shampla, cé nár baineadh úsáid as an téarma ‘nuachainteoir’ sa saothar sin go dtí le déanaí. Tugann na húdair chéanna sainmhíniú leathan ar an gcoincheap ina leagtar béim ar cheisteanna úinéireachta agus cumais araon:

At its most basic level, the designation of ‘new speaker’ refers to social actors who use and claim ownership of a language that is not, for whatever reason, typically perceived as belonging to them, or to ‘people like them’. The new speaker label has

³⁰ Is é sin le rá, mar aidhm nó mar sprioc ar féidir a bhaint amach ar bhonn gníomhach.

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

been used to describe language users with a wide range of language competences (2018: 3).

Tugann coincheap an nuachainteora dúshlán d'idé-eolaíocht stairiúil an chainteora dúchais (Doerr 2009: 18) agus d'idé-eolaíochtaí stairiúla eile na teangeolaíochta traidisiúnta a pléadh i mír 2.5. Tagraíodh thuas d'idé-eolaíocht ar a dtugann Bucholtz 'cumha na sochtheangeolaíochta' (2003: 399) air. Samhlaíonn Bucholtz cumha na sochtheangeolaíochta le gort taighde a dhíríonn orthu siúd a bhí ina gcainteoirí 'dlisteanacha' agus 'údarásacha' amháin agus míníonn sí go raibh an cur chuige sin i réim sa teangeolaíocht le fada an lá, mar a chonacthas thuas. Cruthaíodh ordlathas teangeolaíoch de dheasca na ndearcthaí úd a bhronn dlisteanacht agus údarás ar chainteoirí áirithe a raibh an urlabhra ba bharántúla acu (Ó Murchadha *et al.* 2018: 6). Tugann coincheap an nuachainteora, mar sin, dúshlán do na tuiscintí stairiúla úd agus féachtar freisin le 'bogadh ar aghaidh ó chuid de na sean-choincheapa agus na seanlipéid' (Walsh *et al.* 2015: 6) a úsáideadh le cur síos easnamhach nó fulangach a dhéanamh orthu siúd nár chainteoirí dúchais iad, lipéid ar nós 'cainteoir T2,' 'foghlaimoir,' agus 'cainteoir dátheangach' (*ibid.*). Ina ionad sin, cuirtear béim ar an bhféidearthacht agus ar ghníomhúchán an chainteora (O'Rourke *et al.* 2015: 10).

Is í ceist an lipéadaithe, áitím, an dúshlán is mó a bhaineann le coincheap an nuachainteora. Chuige sin, mar a leagadh amach go nuige seo, b'fhearr i bhfad an coincheap a úsáid mar lionsa anailíse seachas lipéad teangeolaíoch. Míníonn Walsh agus Lane go bhfuil catagóirí teangeolaíochta doiléir, agus nach léir go hiomlán i gcónaí cé atá ina mbaill de chatagóir ar leith (2014: 2). I dtaca le lipéad teangeolaíoch eile, 'cainteoir dúchais', deir O'Rourke agus Ramallo go mbaineann débhríocht leis an gcoincheap sin agus lena sainmhínithe (2011: 140). Is dócha, ámh, go bhféadfaí an argóint chéanna a dhéanamh i gcás lipéad teangeolaíoch ar bith, coincheap an nuachainteora san áireamh. Tagann Atkinson leis an tuairim sin nuair a mhíníonn sé gur gnéithe achranacha den taighde ar nuachainteoirí iad ceisteanna sainmhínithe agus téarmaíochta. Dar leis go dtagann scoláirí salach ar a ndearcthaí féin ar uairibh, toisc go n-úsáidtear lionsa anailíse an nuachainteora chun dúshlán a thabhairt do choincheap an chainteora dúchais, ach san am céanna go dtéitear i muinín choincheap an chainteora dúchais chun comparáidí a tharraingt le nuachainteoirí (2018: 275). D'ainneoin laigí agus srianta an lipéadaithe eisintiúlaigh, agus má dhéantar na laigí agus na srianta sin a aithint, áitím go bhféadfaí breathnú ar choincheap an

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

nuachainteora mar shampla den ‘eisintiúlachas straitéiseach’ a luann Bucholtz, a ligtear do thaighdeoirí cur síos a dhéanamh ar ghrúpa nár aithníodh nó nach ndearnadh cur síos beacht orthu cheana (2003: 401; féach chomh maith Phillips 2010). Míníonn sí a thábhachtaí atá an t-eisintiúlachas mar uirlis shóisialta, dar léi:

For researchers, essentialist assumptions may facilitate analysis by enabling them to identify a previously undescribed group and offer a preliminary description What makes some essentializing efforts strategic is that they are undertaken to achieve a short-term goal with awareness of their limitations in the long term (2003: 401).

Baineann deacrachtaí le lipéid i gcónaí, ámh, fiú agus úsáid straitéiseach á baint astu. Bíodh is go ligeann catagóir anailíse an nuachainteora do thaighdeoirí daoine agus patrúin a aithint mar ábhair taighde, ‘the use of speaker typologies can always potentially be used to stereotype people or justify forms of segregation’ (O’Rourke *et al.* 2019: 17). Ní mór ionramháil cháiréiseach a dhéanamh ar thíopeolaíochtaí cainteoirí toisc nach dtagann catagóirí an taighdeora le catagóirí na gcainteoirí iad féin i gcónaí (O’Rourke *et al.* 2019: 18). Míníonn na húdair chéanna tábhacht chatagóir anailíse an nuachainteora dóibh siúd ar spéis leo ceisteanna athneartaithe agus beartais teanga:

Researchers in this line of enquiry need a way of describing the speakers they are studying, and the new speaker label has the advantage of not privileging the native speaker ideal or operating from a deficit perspective or from a commitment to named languages (2019: 19).

Deir O’Rourke agus Ramallo go ndíríonn coincheap an nuachainteora, murab ionann agus coincheapa nua eile sochtheangeolaíochta ar nós an trasteangachais (García agus Wei 2014) agus an mheitreatheangachais (Otsuki agus Pennycook 2010), ar na cainteoirí iad féin, agus ar chonairí agus thaithí na gcainteoirí sin (2018: 92). Míníonn siad freisin nach grúpa aonchineálach iad nuachainteoirí agus go mbaineann éagsúlachtaí ó chomhthéacs go comhthéacs i dtaca le sainmhíniú an choincheapa agus na cainteoirí a chuimsítear leis (2018: 93). Cé go ndírítear ar thaithí agus ar chonairí na gcainteoirí iad féin, míníonn Jaffe go mbaineann tairbhe le lionsa anailíse an nuachainteora chun na feiniméin shochtheangeolaíochta os cionn leibhéal an chainteora aonair a iniúchadh, go háirithe an t-iompú i bpobail chleachtais a chruthaíonn coinníollacha ina bhfuil nuachainteoirí ag feidhmiú mar chatagóir suntasach (2015: 24). Ag tarraingt di ar theoiricí Doerr (2009), maíonn Jaffe go mba

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

cheart an anailís a dhíriú ar thionchar na n-idé-eolaíochtaí teanga a bhaineann le coincheap an nuachainteora sa ghnáthshaol:

[A]s a form of sociolinguistic indexicality, ‘new speakerness’ is also a stance, or subject position that becomes available to social actors. Thus it is a vantage point from which we can capture, ethnographically, historically situated moments in the sociolinguistic trajectories of both individuals and collectivities in minority language contexts (2015: 43).

Tagann O’Rourke *et al.* leis an tuairim sin. Míníonn siad gur tháinig coincheap an nuachainteora agus ceisteanna gaolmhara chun cinn i gcomhthéacsanna ina raibh, nó ina bhfuil, idirghabháil cultúrtha agus/nó polaitiúil ar siúl i dtaca le mionlaigh theangeolaíochá réigiúnacha agus, dá bharr sin, caithfear na coinníollacha sochpholaitiúla agus eacnamaíochá as ar eascair nuachainteoirí a thuiscint (2015: 4-5). Dar leo go bhfuil ord nua, iar-náisiúnach, sochtheangeolaíoch ag teacht chun cinn agus ‘linguistic economies’ na socháí ag claochlú (2015: 15-16). Dá bharr sin, ní féidir neamhaird a dhéanamh de nuachainteoirí ná dá gcleachtais a thuilleadh, agus áitítear go gcaithfear spás soiléir a leagan amach dóibh i gcláir athneartaithe teanga (2015: 16).

Míníonn Ó Murchadha *et al.* go mionléiríonn anailís ar nuachainteoirí an chaoi a n-úsáideann daoine teangacha lena seasamh féin san ord sóisialta a rianú agus a thuiscint. Tagaim lena ndearcadh i dtaca le tábhacht lionsa anailíse an nuachainteora agus, lena chois sin, déanaim iarracht cur leis an mósáic taighde le haidhmeanna taighde an tráchtáis seo:

[T]he fundamental motivations that underlie the poststructuralist study of the practices and ideologies of new speakers is an approach that contributes both significantly to our current understanding of both language and society and forms part of the research mosaic that illustrates how social actors experience and engage with language in contemporary society (2018: 7).

Cuireann O’Rourke *et al.* ceisteanna tábhachtacha i láthair i dtuarascáil dheiridh an ghréasáin taighde Eorpaigh agus tugann siad le tuiscint nach bhfuil lionsa anailíse an nuachainteora chomh héifeachtach nuair is taighde ar thorthaí sóisialta, seachas ar thorthaí athbheochana nó beartais, atá á dhéanamh (2019: 25). Dar leo nach ligean na tréithe éagsúla a luaitear i sainmhíniú an choincheapa (féach mír 1.2.) do

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

thaighdeoirí miontuiscintí a fháil ar thaithí na gcainteoirí iad féin ná ar iarmhairtí sóisialta a roghanna teangeolaíocha, go háirithe i dtaca le ceistanna dlisteanachta (2019: 26). Míníonn siad gurb ionann na dúshláin agus na deiseanna roimh chainteoirí éagsúla i gcomhthéacsanna ilchineálacha:

We see that speakers can face similar challenges or opportunities regardless of mode or locus of acquisition, degree of competence, locus of use, whether the variety in question is minoritised or whether it is a named language, a geographic dialect or a socially marked register. This reflection resonates with warnings from some scholars about academic slogans and the creation of new terms. Why New Speaker when Speaker will do? (2019: 27).

Fillfidh mé ar an gceist úd i gCaibidil 7 (mír 7.4.). Sa chéad mhír eile breathnófar ar thaighde a bhaineann le ceistanna barántúlachta agus dlisteanachta i measc nuachainteoirí teangacha mionlaithe. Is mórhéamaí iad sin sa taighde ar nuachainteoirí trí chéile agus, chuige sin, baineann siad go dlúth le taighde mo thráchtais.

2.7.1. Barántúlacht agus dlisteanacht an nuachainteora

Mar aon le lionsa nó catagóir anailíse, úsáidtear an coincheap mar sheasamh (Jaffe 2015: 43) nó mar shainlipéad agus nuachainteoirí ag cur síos orthu féin. Uaireanta eile, ámh, úsáidtear mar lipéad dímheasúil é chun dlisteanacht an nuachainteora mar ‘fhíorchainteoir’ a cheistiú (O’Rourke agus Pujolar 2013: 57; Jaffe 2015: 25). Tá an tsoghluaiseacht ina théama lárnach sa taighde ar nuachainteoirí chomh maith, agus imríonn an tsoghluaisteacht sin tionchar ar chleachtais theangeolaíocha ghníomhairí sóisialta éagsúla agus iad ag bogadh idir agus trasna spásanna teangeolaíocha a fhorluíonn ar a chéile, mar a mhíníonn Walsh agus O’Rourke (2018: 379). Is minic, ámh, go gcothaítear teannas i dtaca le barántúlacht, dlisteanacht agus údaráis na gcainteoirí agus a n-urlabhraí éagsúla de bharr na soghluaisteachta céanna. I dtaca le rannpháirtithe an taighde seo, is é an t-údarás a mhothaíonn nuachainteoirí, nó a bhronntar orthu, mar chainteoirí Gaeilge atá i gceist agam le ‘dlisteanacht,’ mar a mhíníonn Costa: ‘Legitimate language is not a given. It is constantly negotiated among users, and what constitutes legitimate language may vary according to the setting in which it is used’ (2015: 129). Mar a chonacthas i mír 2.3.1. agus mar a léireofar i gCaibidil 5, d’fhéadfaí paraidímí éagsúla, freasúracha na ‘barántúlachta’ a shocrú faoi mar a bhaineann sé le nuachainteoirí teangacha mionlaithe.

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

Tá ceisteanna dlisteanachta agus barántúlachta fite fuaite leis an bplé a dhéantar ar fhéiniúlachtaí nuachainteoirí (féach mír 2.4.). Baineann Urla *et al.* feidhm as teoiricí Woolard (2016; féach mír 2.3.1.) chun ceisteanna barántúlachta a iniúchadh, faoi mar a bhaineann siad le *euskaldunberriak* agus caighdeánú na teanga (*Batua*). Déantar anailís ar dheartháir *euskaldunberriak* i dtaca leis an mBascais chaighdeánach a d'fhoghlaim siad ar scoil agus an chanúint dhúchasach a chloiseann siad i measc cainteoirí traidisiúnta. Léiríonn a dtaighde go dtuairiscíonn *euskaldunberriak* go mbaineann fóntas leis an gcaighdeán ach nach mbaineann níos mó gradaim ná údaráis leis i gcomparáid leis an gcanúint dhúsachach (2017: 25). Taispeánadh gur aithin *euskaldunberriak* go mbaineann luach ionstraimeach leis an gcaighdeán i dtaca le deiseanna fostaíochta, mar shampla, mar aon le ceisteanna foilsitheoireachta agus craolacháin. Cé nach ndearnadh tábhacht nó riachtanas an chaighdeáin a cheistiú,

none described standard Basque as being more correct or proper Basque. Although this was not a frequent complaint, a few participants recounted being told that *Batua* was artificial or ‘not really Basque’. Many described it as best reserved for reading or writing or the media, but not for everyday spoken communication (2018: 30).

Léiríonn O'Rourke agus Walsh speictream leathan idé-eolaíoch i gcás nuachainteoirí na Gaeilge, mar shampla. Bhí rannpháirtithe áirithe ina dtaighde siúd ag iarraidh cloí go dúthrachtach le canúint thraidisiúnta Ghaeltachta – canúint atá imithe i léig ina ceantar stairiúil, fiú (2015: 78). Mar chodarsnacht leis sin, níor ghlac rannpháirtithe eile le húdarás ná le barántúlacht na gcanúintí traidisiúnta agus diúltaíodh go hiomlán dóibh i gcásanna áirithe (*ibid.*). Bíonn tionchar ag na hidé-eolaíochtaí casta sin, nach dtagann lena chéile ar uairibh, ar fhéiniúlachtaí teanga nuachainteoirí na Gaeilge. Cuirtear in iúl go bhfuil tuiscintí nua ag teacht chun cinn, b'fhéidir, i dtaca le ceisteanna barántúlachta agus dlisteanachta i gcomhthéacs na Gaeilge agus dar liom go léirítear nuathuiscintí den chineál céanna in anailís an tráchtais seo:

[W]e see the emergence of new labels to describe new speaker forms such as “Dublin Irish”, and on occasion, a flaunting of hybrid forms accompanied by a deliberate attempt at differentiation from the ideal of the traditional native speaker. In the case of such speakers, this is linked in part to their sociolinguistic inability to access the social world of the native speaker which they in turn voice as a demand for ownership of Irish and recognition as speakers (2015: 79)

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

Próiseas leanúnach is ea próiseas an dlisteanaithe faoi mar a bhaineann sé le nuachainteoirí teangacha mionlaithe (Ortega *et al.* 2016: 183). Aithníonn sochtheangeolaithe go mbíonn nuachainteoirí éiginnte faoina stádas mar chainteoirí dlisteanacha ar uairibh toisc go n-airíonn siad go mbaineann easpa barántúlachta (de réir idé-eolaíochtaí an nádúrachais) lena n-urlabhra (Ó Murchadha *et al.* 2018: 5-6). Déanann McLeod agus O'Rourke (2015: 157) cur síos ar cheisteanna barántúlachta agus úinéireachta i gcomhthéacs Ghaeilge na hAlban agus is ann don aighneas céanna sa Ghailís freisin (O'Rourke agus Ramallo 2013: 293). Míníonn Kasstan gurb ann don éadulaingt theangeolaíoch i gcomhthéacs *Francoprovençal* agus go gcothaíonn dioscúrsaí diúltacha easpa muiníne i measc nuachainteoirí (2018: 9). Tráchtann Selleck ar 'hierarchies of belonging' i measc nuachainteoirí agus foghlaimeoirí na Breataine, agus léirítear scoilt idir scoláirí i scoil Bhreataine agus scoil Bhéarla i dtaca le ceisteanna dlisteanachta agus féiniúlachta (2018: 60). Míníonn O'Rourke agus Ramallo go bhfuil leathnú na Gailísise lasmuigh de spásanna traidisiúnta na teanga agus isteach in áiteanna ina mbíodh an Chaistílis ceannasach ag tabhairt dúshlán d'idé-eolaíochtaí traidisiúnta faoin mbarántúlacht shochtheangeolaíoch agus go bhfuil féiniúlachtaí nuachainteoirí tagtha chun cinn dá bharr sin (2018: 100).

Tugtar dioscúrsaí comhchosúla faoi deara i gcomhthéacs na Bascaise. Míníonn Ortega *et al.* go ndéanann *euskaldunberriak* tréaniarracht deiseanna úsáide agus pobail chleachtais a chruthú agus go gcothaíonn rannpháirtíocht sna spásanna sin deiseanna chun a bhféiniúlacht mar chainteoirí Bascaise a dhlísteaí (2015: 96). Léiríonn a dtaighde siúd 'the importance that habitual usage of Basque can have for identification with the Basque-speaking community' (2015: 97). Baineann na deiseanna úsáide sin, mar aon le ceist an phobail chleachtais, go dlúth le coincheap tábhachtach eile a mbaintear úsáid as le linn an tráchtais seo, an *muda* teangeolaíoch.

2.7.2. Pointí criticiúla: *mudes* teangeolaíocha

I gCaibidil 1 (mír 1.2.1.), tugadh léargas ar choincheap an *muda* theangeolaíoch agus leagadh amach fréamhacha an choincheapa i sochtheangeolaíocht na Catalóinise. Cuireann Pujolar *et al.* síos ar choincheap an *muda* mar phointe athraithe teanga, agus dar leo go mbunaítear an coincheap sa smaoinemh go n-athraíonn nithe beo a gcuma nó a dtréithe ó am go chéile. Is ann d'ainmhí a chailleann a gclúmh, mar shampla, agus crainn a chailleann a nduilleoga. Mínítear go n-athraíonn agus go mbogann daoine sa

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

chomhthéacs sóisialta chomh maith, agus go bhfuil gnéithe de na hathruithe agus gluaiseachtaí sin ar fad i gceist le coincheap an *muda*. D’fhéadfaí athruithe buana, suntasacha titim amach ach, san am céanna, is ann d’athruithe a bhaineann le pointí agus comhthéacsanna ar leith freisin. Míníonn siad gur gnáthrud coitianta é don duine urlabhra a athrú ó lá go lá, agus go mbaineann na roghanna teangeolaíocha sin leis an gcaoi a dteastaíonn ón duine iad féin a chur in iúl agus a chur i láthair os comhair an tsaoil (2010: 67)³¹.

Scrúdaíonn Pujolar agus Puigdevall, mar shampla, an próiseas trína ndéanann cainteoirí Caistílise nuachainteoirí Catalóinise díobh féin (2015: 168). Baineann siad úsáid as lionsa anailíse an *muda* le léiriú go bhféadfaí claochlú agus athrú teacht ar chleachtais teanga an duine le linn a saoil. Feictear dlúthcheagal an *muda* le coincheap an nuachainteora agus le tuiscintí nua na sochttheangeolaíochta anseo:

This analysis, we argue, provides a nuanced view of the linguistic ideologies that underpin linguistic practices in the Catalan context, particularly a view that does not reduce these practices to their implications for ethnolinguistic belonging. Indeed, by focusing on how individuals become new speakers, we turn these phenomena into processes characterised by change, movement and maturation rather than staticity and placeness (*ibid.*).

Tagaim le Pujolar agus Puigdevall agus iad ag míniú tairbhe lionsa anailíse an *muda* san alt céanna. Míníonn siad go léiríonn *mudes* teangeolaíocha gurb ionann roghanna teanga agus infheistithe ilchiallacha saoil. Is infheistithe saoil iad toisc gur beart gníomhach é an *muda* a mbaineann iarmhairtí sóisialta agus impleachtaí leanúnacha a thiteann amach le linn na saolré leis. Tá na *mudes* céanna ilchiallach, toisc nach gá go mbeidís réamhshocraithe ag noirm shóisialta. Baineann idirbheartaíocht agus ath-idirbheartaíocht leo (2015: 169).

Titeann *muda* amach go minic nuair a ghlacann duine féiniúlacht nó *persona* ar leith chucu féin trí pháirt a ghlacadh i bpoibál urlabhra nua. Feidhmíonn grúpaí sóisialta éagsúla mar phobail urlabhra do nuachainteoirí go minic (Pujolar agus Puigdevall

³¹ ‘La noció de muda ens remet a la idea de canvi en l’aparença o en les característiques d’un ésser viu, normalment com a fet normal del cicle vital. Hi ha animals que muden la pell i arbres que muden la fulla. La forma reflexiva s’aplica socialment a canvis de residència o d’aparença: la gent es muda, os es mudava, els diumenges o per anar a algunes celebracions. Per a nosaltres, la muda lingüística pot tenir una mica de tots aquests sentits: hi pot haver canvis molt substancials i duradors de llengua i d’identificació; però també hi ha canvis més lligats a moments i contextos concrets’ (2010: 67).

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

2015: 172; féach chomh maith Walsh agus Lane 2014: 3) agus léireoidh mé sa tráchtas seo go mbaineann tábhacht shuntasach leis an *muda* sóisialta (féach mír 4.3) do nuachainteoirí óga Gaeilge. Cuireann Walsh agus O'Rourke an nasc idir *muda* teangeolaíoch agus féiniúlacht an nuachainteora in iúl, 'sa mhéad is go n-athraíonn féintuiscint an chainteora air/uirthi féin chomh maith de réir mar a athraíonn sé/sí a (h)urlabhra' (2015: 4), cé nach gá go mbeadh athrú féiniúlachta i gceist i gcónaí. Aithníonn Pujolar agus Puigdevall chomh maith nach gá go mbeadh impleachtaí maidir leis an bhféiniúlacht eitneatheangeolaíoch i gceist le *muda* (2015: 172). Léiríonn siad sa sliocht seo a leanas tábhacht an phobail chleachtais i dtaca le *muda* teangeolaíoch an nuachainteora:

Essentially, they start projecting a new, different or additional linguistic persona. They become available to engage in interactions in the new language, and hence lay claim to participation in specific communities of practice, partly constituted by their newly adopted linguistic resource or performance (*ibid.*).

I gcomhthéacs na Catalóine, aithníonn na húdair chéanna pointí cinniúnacha éagsúla a dtiteann *muda* teangeolaíoch amach iontu: *muda* na bunscoile; *muda* na meánscoile; *muda* na hollscoile; *muda* na láithreach oibre; *muda* an teaghlaigh nua (*ibid.*). Deir siad go léiríonn a dtaighde go gcaithfear a bheith airdeallach ar na bealaí a fhorbraíonn daoine a *repertoire* teangeolaíoch, ní hamháin i spásanna sóisialta difriúla, ach le linn na saolré chomh maith (2015: 185).

Cíorann Walsh agus O'Rourke 'na próisis shóisialta a ghabh leis an gclaochlú teangeolaíoch' (2015: 2) i gcás *mudes* nuachainteoirí na Gaeilge. Amhail Pujolar agus Puigdevall, baineann siad leas as coincheap an *muda* 'chun na patrúin shíorathraitheacha úsáide i saolré an chainteora a rianú thar thréimhse ama níos faide' (2015: 4). Cuireann siad tábhacht agus tairbhe an choincheapa in iúl anseo:

Ceadaíonn anailís ar na móimintí tábhachtacha sin dúinn na patrúin leachtacha, solúbtha úsáide teanga a chleachtaíonn cainteoirí aonair a scrúdú agus a thuiscint. Chomh maith leis sin, féadaimid an caidreamh idir gnéithe seachtracha agus inmheánacha a bhfuil tionchar acu ar úsáid teanga a fhiosrú (2015: 5).

Aithníonn Walsh agus O'Rourke sé cinn de *mudes* i gcomhthéacs na Gaeilge, agus tugtar faoi deara ina liosta siúd idir chosúlachtaí agus éagsúlachtaí leis na pointí cinniúnacha a leag Pujolar agus Puigdevall amach i gcomhthéacs na Catalóine: *muda*

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

bunscoile/meánscoile; *muda* Gaelscoile; *muda* Gaeltachta; *muda* ollscoile; *muda* teaghlaigh; *muda* na haoise scoir (2015: 7). Dar leo gurb iad is coitianta agus is fadtármaí i measc rannpháirtithe a dtaighde. Cuireann Walsh agus O'Rourke in iúl tionchar an chomhthéacs shochtheangeolaíoch ar an *muda* chomh maith, ach deir siad nach gá go mbeadh *muda* buan i gceist i gcónaí. Ar chúiseanna éagsúla – easpa riachtanais, mar shampla – ‘is féidir *muda* droim ar ais i dtreo na mórtheanga a dhéanamh’ (2015: 11). Áitím go léiríonn sé seo tábhacht an *muda* níos cuimsithí sóisialta a phléifear i gCaibidil 4 (mír 4.3.) de bharr a thionchair ar fhéiniúlacht an nuachainteora. Míníonn Walsh agus O'Rourke ‘gurb í an dúiseacht feasachta nó an bíogadh féiniúlachta an ghné is cinniúnaí ar fad a chuirfidh le seasmhacht agus buaine na *mudes*’ (2015: 11).

Baineann Puigdevall *et al.* (2018) leas as coincheap an *muda* le hiniúchadh a dhéanamh ar thrí chomhthéacs ar leith agus iad ag díriú ar nuachainteoirí na Bascaise, na Catalóinise agus na Gaeilge. Is fiú a sainmhíniú ar an *muda* teangeolaíoch a lua anseo toisc go gceanglaítear ceisteanna comhthéacsúla agus féiniúlachta leis an bplé a dhéantar ar na hathruithe teangeolaíocha:

We understand linguistic *mudes* as moments of transformation of the linguistic practices of particular individuals which also involve adopting new forms of self-presentation. They do not necessarily entail any change of sociocultural or ethnic adscription as such, although they can lead to such changes as well; but they bring about a reorganisation of one's linguistic repertoire that has significant implications for the ways individuals present themselves to others in specific contexts in that they project a new, different or additional linguistic availability and therefore lay claim to participation in specific social milieus partly constituted by the newly adopted linguistic resource or performance (2018: 446)

Dar leo go gcuireann gné chomparáideach a dtaighde go mór le tuiscint an choincheapa agus an chaoi a bhfeidhmíonn *mudes* teangeolaíocha i gcomhthéacsanna sochtheangeolaíocha ar leith (2018: 447). Léiríonn a dtaighde go mbraitheann *mudes* ar an gcaidreamh ilchasta idir ceisteanna comhthéacs, spreagtha agus idé-eolaíochta (2018: 4). Amhail Pujolar agus Puigdevall (2015), agus Walsh agus O'Rourke (2015), leagann siad amach *mudes* a bhaineann le ceisteanna comhthéacsúla agus deiseanna úsáide – nuair a bhogann an duine isteach i ndlúthphobal tíreolaíoch cainteoirí (traidisiúnta); *muda* ollscoile; *muda* oibre. I dteannta na *mudes* sin, ámh, is ann do

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

mudes a bhaineann le ceisteanna féiniúlachta agus idé-eolaíochta. Deir siad go mbaineann *mudes* ar uairibh le ‘feelings of belonging, not necessarily to an abstract national group, but to smaller networks, friends, the neighbourhood of other new speakers or of fluent speakers of the target language’ (2018: 7). Is féidir le feacht an chainteora faoi stádas leochaileach na teanga *muda* a spreagadh chomh maith, ach go háirithe i gcomhthéacsanna na Gaeilge agus na Bascaise. Braitheann nuachainteoirí áirithe go bhfuil ‘dualgas’ orthu i dtaca le todhchaí na teanga agus, ag tarraingt dóibh ar theoiricí Freire (1970), cuirtear síos ar an bpróiseas seo mar ‘conscientisation’ (2018: 452). Baineann *mudes* áirithe leis an bhféiniúlacht náisiúnta. Tugadh faoi deara *mudes* a bhain leis an náisiúnachas cultúrtha i gcomhthéacs na Gaeilge, ach go háirithe i measc chainteoirí níos sine, ach níorbh ann don spreagadh sin i gcomhthéacsanna na Bascaise ná na Catalóine (2018: 453). Áitíonn na húdair go mbaineann sé sin le hathrú idé-eolaíochta sna comhthéacsanna sin agus tuiscintí i dtaca leis an gcaidreamh idir teanga agus féiniúlacht ag bogadh ar aghaidh ón bparaidím eitneanáisiúnach i dtreo an náisiúnachais ‘chathartha’³² (*ibid.*).

Aithníonn Puigdevall *et al.* gur próiseas leanúnach a bhíonn i gceist le *muda* go minic agus gurb iad *mudes* beaga, carnacha a thiteann amach seachas *mórmuda* aon uaire (*ibid.*). Cuireann siad an nuachainteoireachtas i láthair mar aistear leanúnach agus mar phróiseas seachas sprioc, agus dar leo go mbíonn tionchar suntasach ag *mudes* teangeolaíochta ar an bpróiseas sin. I gcomhthéacs na Gaeilge aithnítear *muda* ollscoile, *muda* Gaeltachta agus *muda* oibre mar na *mudes* is suntasaí i measc na rannpháirtithe. Baineann na *mudes* is cumhachtaí i gcomhthéacs na Bascaise le hathruithe tíreolaíochta agus teaghlaigh, agus is iad *mudes* na hollscoile agus na hoibre a sheasann amach i gcomhthéacs na Catalóine, áit nach bhfuil *mudes* idé-eolaíochta chomh lárnach céanna de bharr stádas láidir institiúideach agus sóisialta na teanga, dar leis na húdair (2018: 454).

Dar le Puigdevall *et al.* go soláthraíonn taighde ar *mudes* teangeolaíochta tuiscintí nua, tairbheacha ar cheisteanna úinéireachta agus dlisteanachta. Aithníonn siad go bhfuil nuachainteoirí anois ina ngné thábhachtach den athrú sochtheangeolaíoch sa trí chomhthéacs úd agus go gcaithfear iad a chur san áireamh i ndioscúrsaí poiblí agus i

³² ‘In the civic nation, individual identity becomes a political phenomenon and not something based on foundation myths, ancestral ties, blood relationships and the other appurtenances of the ethnic bond’ (Edwards 2009: 176).

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

ndioscúrsaí an bheartais teanga dá bharr sin. Cuireann siad in iúl an tábhacht a bhaineann leis an taighde ar nuachainteoirí agus *mudes* teangeolaíocha araon, go háirithe i gcomhthéacsanna teangacha mionlaithe, sa sliocht seo a leanas:

Deepening our understanding of how they undertake successful *mudes* and adopt the target language can provide a necessary guide to policymakers both in the field of education and in broader society. Attention to new speakers also provides a necessary balance to dominant ideologies based on nativeness, authenticity and monolingualism that often obscure the social conditions that enable or hamper people's participation in specific language communities. Thus, it is paramount in order to change the framing of language policies and to move away from traditional nationalistic monoglossic discourses towards a less prescriptive promotion of the language that allows new speakers to gain access more easily and boost their integration into their respective communities (2018: 455).

I gCaibidil 4, cuirfidh mé romham *mudes* rannpháirtithe an taighde a thuiscint. I gcomhthéacs na Gaeilge, leagfar amach coincheap an réamhmuda (mír 4.2.) agus an muda shóisialta (mír 4.3.) chun míniú níos doimhne a thabhairt ar na hathruithe carnacha, leanúnacha a thiteann amach ar chonair theangeolaíoch an nuachainteora.

2.8. Conclúid

Bhí sé d'aidhm agam leis an gcaibidil seo frámaíocht theoiriciúil an tráchtais a leagan amach go córasach. Bainfidh mé leas as an bhfrámaíocht sin sna caibidlí anailíse chun tátail a bhaint ó na sonraí a bailíodh sa ghort le linn an obair pháirce.

Léiríodh go bhfuil dúshraitheanna teoiriciúla an tráchtais seo lonnaithe sa tsochtheangeolaíocht chriticiúil. Léiríodh chomh maith gur téama uileghabhálach iad na hidé-eolaíochtaí teanga agus go bhfuil siad fite fuaite le gnéithe éagsúla na frámaíochta teoiriciúla ar iliomad bealaí. Dar ndóigh, is é coincheap an nuachainteora príomhlionsa anailíse an tráchtais seo agus taispeánadh go bhfuil fréamhacha ag an gcoincheap sa tsochtheangeolaíocht chriticiúil. Chuige sin, ní mór an méid a deir O'Rourke agus Walsh faoi choincheap an nuachainteora a thabhairt chun cuimhne arís anseo toisc bhfuil tábhacht ar leith ag baint lena seasamh i dtaca le caibidlí anailíse an tráchtais. Dar leo go mba cheart coincheap an nuachainteora a úsáid mar lionsa teoiriciúil nó anailíse, seachas mar chatagóir nó mar lipéad righin teangeolaíoch le rangú a dhéanamh ar chineálacha cainteoirí éagsúla (2018: 377). Bíodh is go n-úsáidim

Caibidil 2: Frámaíocht Theoiriciúil

an coincheap chun na rannpháirtithe taighde a rangú ar bhealach ‘straitéiseach’ (Bucholtz 2003: 401), glacaim leis an seasamh sin sa tráchtas seo.

Agus an fhrámaíocht theoiriciúil mínithe agam, ní mór dom modheolaíocht chuí a thagann le teoiricí agus le tuiscintí na réimsí a leagadh amach sa chaibidil seo a chur i láthair. Déanaim é sin sa chéad chaibidil eile.

Caibidil 3: Modheolaíocht

3.1. Réamhrá

Léirigh mé i gCaibidil 2 go bhfuil príomhlionsa anailíse an tráchtais seo, coincheap an nuachainteora, fréamhaithe sa tsochtheangeolaíocht chriticiúil. Ní mór dom, mar sin, uirlisí feiliúnacha bailithe agus anailíse sonraí a úsáid chun taighde sa réimse úd a dhéanamh. Chuige sin, cuirim romham sa chaibidil seo modheolaíocht an taighde a mhíniú agus a chosaint go córasach. Pléitear go mion an cur chuige a d'úsáid mé chun na ceisteanna taighde a leagadh amach i gCaibidil 1 (mír 1.3.) a fhiosrú.

Leagfaidh mé amach dearadh an taighde i mír 3.2. agus breathnóidh mé go mion ar dhúshraitheanna eipistéimeolaíocha agus teoiriciúla an tráchtais. Tabharfaidh mé aghaidh ar phrótacal eitice an taighde i mír 3.2.3.1. Míneoidh mé agus cosnóidh mé rogha na suíomhanna agus rannpháirtithe taighde i mír 3.3. Féachann mír 3.4. ar an bpróiseas bailithe agus anailíse sonraí a leagan amach.

3.2. Dearadh an taighde

Faoi mar a leagadh amach i gCaibidil 1 (mír 1.3.), is mian liom sa tráchtas seo *mudes* teangeolaíocha, idé-eolaíochtaí teanga agus féiniúlachtaí nuachainteoirí a fhiosrú. Thaispeáin mé i gCaibidil 2 gur eascair coincheap an nuachainteora as réimse na sochtheangeolaíochta criticiúla. Dá bhrí sin, is staidéar sochtheangeolaíoch, criticiúil atá sa tráchtas seo a fhéachann ar chur síos a dhéanamh ar fheiniméin shóisialta ilchasta. Chuige sin, bainim úsáid as modhanna de chuid na n-eolaíochtaí sóisialta chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna taighde. Luíonn sé lasmuigh de scóip na caibidle seo mionphlé a dhéanamh ar sheasaimh éagsúla eipistéimeolaíocha na n-eolaíochtaí sóisialta. Sa chéad mhír eile, ámh, tugaim léargas ar chur chuige an tógachais, a mbaintear úsáid as mar bhunphointe teoirice agus modheolaíocht an taighde á dearadh agam. Chun saintréithe an chur chuige sin a shoiléiriú, cuirim i gcodarsnacht é le seasamh teoiriciúil eile a bhí i réim le fada sna heolaíochtaí sóisialta – an posaitíbhéachas.

3.2.1. Ag cruthú feasa: seasamh posaitíbhéach nó tógachaíocht?

Aithníonn Heller *et al.* gurb ann do dhíospóireachtaí leanúnacha i dtaca le seasaimh eipistéimeolaíocha sna heolaíochtaí sóisialta (2018: 8). Is é sin le rá nach ann do

chomhaontú eipistéimeolaíoch faoi ‘what is (or should be) regarded as acceptable knowledge in a discipline’ (Bryman 2016: 24). Baineann traidisiún láidir leis an bposaitíbhreachas, mar shampla, agus dar le Bryman is seasamh eipistéimeolaíoch é sin a mholann modhanna taighde na n-eolaíochtaí nádúrtha a chur i bhfeidhm ar na heolaíochtaí sóisialta (*ibid.*). Míníonn Heller *et al.* gur eascair forlámhas an phosaitíbhreachais as a bhunús sna heolaíochtaí nádúrtha agus, dar leo ‘[it] posits that knowledge is about uncovering aspects of how reality works that somehow remain hidden until a clever individual comes along and produces evidence that demonstrates how things “really” work’ (2018: 8). Breathnaíonn taighdeoirí posaitíbhreacha ar an eolas eolaíochtúil mar eolas neamhchlaonta, neodrach (Heller *et al.* 2018: 60). Dar le Crotty go n-iarrtar leis an bposaitíbhreachas a bheith iomlán oibiachtúil: ‘From [the positivist viewpoint], scientists are required to keep the distinction between objective, empirically verifiable knowledge and subjective, unverifiable knowledge very much in mind’ (1998: 27).

Is cosúil gur imir cur chuige an phosaitíbhreachais tionchar ar thraidisiún na teangeolaíochta chomh maith. Ba ann don dearcadh le fada an lá go mba cheart don staidéar ar theangacha a bheith neamhspleách ar fheiniméin eile shóisialta, chognaíoch agus nádúrtha (Heller *et al.* 2018: 4). Cuireann Heller agus McElhinny síos ar shaothar an teangeolaí Fhrancaigh Ferdinand de Saussure (1916; féach mír 2.5.2.) chun sampla cáiliúil den seasamh úd a thabhairt. Thug seisear tús áite do chur síos ar an gcóras nó ar an struchtúr teangeolaíoch agus don staidéar ar na rialacha a cheangail na gnéithe éagsúla den struchtúr sin lena chéile. D’fhéadfaí, dar leis, teacht ar na rialacha sin go heimpíreach trí mheán na breathnóireachta: ‘This move importantly allowed for the construction of language as a properly scientific object in its own right, in all of its dimensions’ (2017: 121). Déanann Hymes cur síos ar an teangeolaíocht struchtúrach mar chur chuige a rinne neamhaird iomlán, nach mór, ar an tsochaí toisc gur leagadh béim ar fhoirm theangacha amháin (1977: 70). Dar leis, ‘[t]here was little need to ask questions of which demanded a more intimate knowledge of users of a language, speech acts, and speech communities’ (*ibid.*).

Mar mhalairt ar an bposaitíbhreachas, ámh, tá cur chuige an tógachais. Dar le Crotty go bhfuil an tógachas tagtha in ionad an phosaitíbhreachais mar phríomhpharaidím na

n-eolaíochtaí sóisialta (1998: 42). Is léir an chodarsnacht le ‘hoibiachtúlacht’ an phosaitíbeachais sa sainmhíniú a thugann Crotty féin ar an bparaidím úd:

It is the view that all knowledge, and therefore all meaningful reality as such, is contingent upon human practices, being constructed in and out of interaction between human beings and their world, and developed and transmitted within an essentially social context (*ibid.*).

Sa pharaidím seo, creidtear go lorgaíonn daoine tuiscint faoin domhan ina maireann siad agus go gcruthaíonn siad bríonna suibiachtúla dá n-eispéiris féin (Creswell agus Creswell 2018: 8). Is í aidhm an taighdeora, mar sin, an domhan a thuiscint trí shúile na rannpháirtithe agus na bríonna a chruthaíonn siad a bhaint as aimhréidhe. Chuige sin, tagaim le Heller *et al.*, a bhaineann leas as seasamh tógachaíoch chun taighde sa tsoctheangeolaíocht chriticiúil a dhéanamh. Dar leo go n-aithníonn an tógachas ‘that knowledge is a human creation and that it takes place in social contexts where persons interact with each other to achieve specific ends’ (2018: 7). Míníonn siad, ámh, nach ionann an seasamh úd agus seasamh coibhneasaíoch. Is é sin le rá, cé go mbaineann dlisteanacht de chineál éigin le gach léiriú den réaltacht shóisialta, tá cur síos agus míniú áirithe níos dealraithe agus níos oiriúnaí ná cinn eile, dar leo (2018: 8).

Míníonn Bryman go bhfuil an tógachas inchurtha le cur chuige léirmhínteach³³ agus go bhfuil na dearthaí úd i réim sna heolaíochtaí sóisialta le blianta fada. Dar leis go bhfuil an frithphosaitíbeachas ‘founded upon the view that a strategy is required that respects the differences between people and the objects of the natural sciences and therefore requires the social scientist to grasp the subjective meaning of social action’ (2016: 26). I mír 3.4., pléim na straitéisí modheolaíochta a roghnaíodh chun bríonna suibiachtúla na rannpháirtithe taighde a fhiosrú.

3.2.2. Cur chuige na soctheangeolaíochta criticiúla eitneagrafaíche

Glacaim le cur chuige na soctheangeolaíochta criticiúla eitneagrafaíche chun dearadh agus modheolaíocht an taighde a leagan amach toisc go bhfuil coincheap an nuachainteora féin nasctha go dlúth leis an gcur chuige sin. Míníonn Heller *et al.* go mbaineann an ghné chriticiúil dá gcuid taighde le míniú a sholáthar ar thionchar

³³ An leagan Gaeilge den téarma ‘interpretivism’ a mholtar ar www.tearma.ie ná ‘frithphosaitíbeachas’.

Caibidil 3: Modheolaíocht

teangacha ar phróisis shóisialta na cumhachta agus na héagothroime. Dar leo go bhfeileann dearcadh eitneagrafaíoch chun an obair sin a chur i gcrích. Agus mé ag tarraingt ar chur chuige Heller *et al.* go minic le linn an tráchtais, ní mór a sainmhíniú ar thaighde eitneagrafaíoch a chur i láthair:

By ethnographic we mean in-depth, situated explorations of how these processes work and why, and what they mean to people and why (seeking both to describe and explain), using representative or telling cases to illustrate broader processes. By ‘situated’ we mean we attend to the specific conditions and contexts in which the processes we are interested in unfold (2018: 2).

Léirítear sa chaibidil seo agus sna caibidlí eimpíreacha gur mionstaidéar ar phróisis phearsanta agus sóisialta, a thiteann amach i gcomhthéacsanna ar leith, atá sa tráchtas seo. Ina theannta sin, bainim úsáid as modhanna eitneagrafaíocha na breathnóireachta agus na n-agallamh chun sonraí an tráchtais a bhailiú (féach mír 3.4.). Go traidisiúnta, glacadh leis an obair pháirce eitneagrafaíoch mar chaidreamh rannpháirteach fadtréimhseach, leanúnach leis na daoine nó na pobail a bhí á staidéar. De rogha air sin, ámh, d’fhéadfaí sraith de thréimhsí bailithe sonraí éagsúla a bheith i gceist. D’fhéadfaí suíomhanna éagsúla a bheith i gceist chomh maith, agus conairí daoine, rudaí nó cleachtais ar leith á leanúint (Heller *et al.* 2018: 73): ‘Fundamentally, the idea of the “field” has become more complex and less bounded’ (Heller *et al.* 2018: 74). Cé go raibh tréimhsí agus suíomhanna bailithe éagsúla i gceist le taighde an tráchtais seo, áitím mar sin féin gur forbraíodh caidrimh fhadtréimhseacha, leanúnacha le rannpháirtithe an taighde agus le pobail éagsúla chainteoirí Ghaeilge le linn an obair pháirce, agus mar a leagadh amach i gCaibidil 1 (féach mír 1.7), d’imir an obair eitneagrafaíoch tionchar claochlaitheach ar mo chonair phearsanta agus theangeolaíoch féin (féach mír 3.4. do chur síos ar phróiseas na breathnóireachta).

Tagraíonn Blommaert agus Dong don ‘ethnographic principle of *situatedness*’ chomh maith, agus míníonn siad nach ann d’idirdealú idir ‘teangeolaíoch’ agus ‘neamh-theangeolaíoch’ sa chur chuige eitneagrafaíoch, ‘since every act of language needs to be situated in wider patterns of human social behaviour, and intricate connections between various aspects of this complex need to be specified’ (2010: 8, béim sa bhunleagan). Ní féidir, mar sin, taighde a dhéanamh ar theangacha iontu féin laistigh den pharaidím sin. Ní mór an ghné shóisialta a chur san áireamh trí ghníomhartha

Caibidil 3: Modheolaíocht

cainte a cheangal le bríonna na ngníomhartha sin ar an meitileibhéal. Baineann sé seo le leibhéal eipistéimeolaíoch na heitneagrafaíochta:

Knowledge of language facts is processual and historical knowledge, lifting single instances of talk to a level of relevance far higher than just the event. They become indexical of patterns and developments of wider scope and significance, and these wider dimensions are part of ethnographic interpretation (Blommaert agus Dong 2010: 9-10).

Tarraingíonn Blommaert agus Dong codarsnacht idir an eitneagrafaíocht agus modhanna eolaíochta eile a bhfuil sé d'aidhm acu laghdú nó simpliú a dhéanamh ar an ilchastacht. A mhalairt de sprioc a bhaineann leis an eitneagrafaíocht, dar leo. Déantar iarracht míniú a thabhairt ar 'the apparently messy and complex activities that make up social action, not to reduce their complexity but to describe and explain it' (2010: 11-12). Chun teacht ar an míniú sin, úsáidtear faisnéis eimpíreach le teoiricí a thógáil ar bhealach ionduchtach (*ibid.*). Tagann Canagarajah leis an dearcadh sin agus míníonn sé nach ndéanann an t-eitneagrafaí iarracht hipitéisí a dheimhniú leis an obair pháirce, ach go gcruthaítear hipitéisí de thoradh an obair pháirce (2006: 155). Ar an dóigh sin, déantar iarracht tuiscintí *emic* (ón taobh istigh) seachas *etic* (ón taobh amuigh) a fhorbairt (*ibid.*). Tráchtann Blommaert ar an gcaoi a dtéann an eitneagrafaíocht i ngleic leis an gcastacht, murab ionann agus modhanna eile:

[Ethnography] does not, unlike many other approaches, try to reduce the complexity of social events by focusing *a priori* on a selected range of relevant features, but it tries to describe and analyze the complexity of social events *comprehensively* (2007: 682, béim sa bhunleagan).

Aithnítear Dell Hymes (1964; 1972; 1977; 1996) ar dhuine de phríomh-mhodheolaithe na heitneagrafaíochta comhaimseartha. Luíonn sé lasmuigh de scóip na caibidle seo mionphlé a dhéanamh ar shaothar Hymes agus ar an bhforbairt a rinne sé ar chur chuige 'eitneagrafaíocht na cumarsáide'. De bharr a thionchair, ámh, ar mhodhanna comhaimseartha na heitneagrafaíochta sa tsochtheangeolaíocht chriticiúil agus réimsí gaolmhara, ní mór léargas gonta a thabhairt ar phríomhthréithe a chur chuige. Scríobh sé go mba cheart don eitneagrafaí staidéar a dhéanamh ar an gcumarsáid 'from the standpoints and interests of a community itself, and to see its members as sources of shared knowledge and insight' (1977: 8). Rinne Hymes forbairt ar chur chuige

Caibidil 3: Modheolaíocht

eitneagrafaíocht na cumarsáide, a fhéachann ar iompar cumarsáideach a thuiscint agus a mhíniú mar aon le coincheapa agus teoiricí faoin iompar sin a thógáil (Saville-Troike 2003: 1-2). Bunaítear na teoiricí sin ar ‘the interrelationship between language and culture’ (Saville-Troike 2003: 1-2). Cuireann Hymes eitneagrafaíocht na cumarsáide i láthair mar seo a leanas:

For anthropologists and anthropologically-minded investigators from other disciplines, *ethnography of communication* seems best to indicate the necessary scope, and to convey and encourage the fundamental contribution they best can make: studies ethnographic in basis, and of communication in the scope and kind of patterned complexity with which they deal (1964: 2, béim sa bhunleagan).

Leagann sé amach san aiste chéanna saintréithe eitneagrafaíocht na cumarsáide. Míníonn sé nár cheart glacadh le torthaí taighde teangeolaíocha, socheolaíocha, síceolaíocha ná eitneolaíocha leo féin agus iad a chur i gcomhchoibhneas lena chéile. De rogha air sin, dar leis:

It must call attention to the need for fresh kinds of data, to the need to investigate directly the use of language in contexts of situation so as to discern patterns proper to speech activity, patterns which escape separate studies of grammar, of personality, of religion, of kinship and the like, each abstracting from the patterning of speech activity as such into some other frame of reference (1964: 2-3).

Ina theannta sin, míníonn Hymes nár cheart glacadh le foirm theangeolaíoch, cód teanga ná urlabhra an duine mar fhráma tagartha ar leith. Caithfear comhthéacs an phobail a chur san áireamh, ‘investigating its communicative habits as a whole, so that any given use of channel and code takes its place as but part of the resources upon which the members of the community draw’ (1964: 3).

Aithnítear, mar sin, fréamhacha eitneagrafaíocht na cumarsáide san antraipeolaíocht. Agus í ag trácht ar sheasamh eitneagrafaíoch criticiúil a úsáid chun staidéar a dhéanamh ar an mbeartas teanga, mar shampla, míníonn McCarty go bhfuil sé ar cheann de shaintréithe na hantraipeolaíochta feiniméin shóisialta a chomhthéacsú ar bhonn sóisialta, stairiúil agus comparáideach ‘across time and space’ (2011: 10). Caithfear aird a dhíriú, mar a chonaithas thuas, ar dhearcthaí na rannpháirtithe nó ‘the emic or insider’s position’ (*ibid.*)

Más iad dearchtaí na rannpháirtithe atá á lorg i dtaighde atá fréamhaithe sa tsochtheangeolaíocht chriticiúil eitneagrafaíoch, fágann sé sin gur chur chuige cáilíochtúil a bheas in úsáid agam le linn an tráchtais seo. Baineann modhanna cáilíochtúla le taighde a bhreathnaíonn ar ghnéithe den domhan sóisialta agus ar an tslí a mbraitheann, a míníonn agus a dtéann na daoine a dhéantar staidéar orthu i ngleic leis na gnéithe úd: ‘Qualitative inquiries seek to see things as they are undertaken, experienced and narrated by people. Thus it focuses on how people see the world and how they make sense of it’ (Heller *et al.* 2018: 9). Tagann Creswell agus Creswell leis an dearcadh go n-oireann taighde cáilíochtúil do sheasamh tógachaíoch toisc go bhfuil an taighdeoir ag iarraidh brí fheiniméin a mhíniú trí shúile na rannpháirtithe (2018: 17). Leagam amach i mír 3.4. na modhanna taighde cáilíochtúla ar baineadh feidhm astu chun cur síos a dhéanamh agus míniú a thabhairt ar dhearchtaí na rannpháirtithe. Sa chéad mhír eile pléim sainghné eile de chuid na sochtheangeolaíochta criticiúla eitneagrafaíche; aisfhillteachas an taighdeora.

3.2.3. Aisfhillteachas an taighdeora

Tá an t-aisfhillteachas de dhlúth agus d’inneach an taighde ar nuachaintoirí agus aithnítear aisfhillteachas an taighdeora mar thréith riachtanach den taighde tógachaíoch, criticiúil chomh maith. Agus iad ag leagan amach na n-impleachtaí fairsinge anailíse agus beartais a bhaineann le coincheap an nuachainteora, tráchtann O’Rourke *et al.* ar fheidhm an aisfhillteachais fhollasaigh agus, thairis sin, ról gníomhach idirghabhála an taighdeora féin i gcomhthéacsanna athneartaithe teanga (2015: 16). Míníonn Heller *et al.* go bhfuil an t-aisfhillteachas lárnach sa ghné chriticiúil den tsochtheangeolaíocht eitneagrafaíoch:

[A] critical stance applies to ourselves: we use our understandings about the role of language in social processes of power and inequality reflexively, that is, by applying them to how we undertake the social activity of doing research (as socially constructed and traversed by relations of power), and to how we make sense of the data we generate as a result of the research process (2018: 2).

Tarraingíonn Blommaert agus Dong ar an tsocheolaíocht aisfhillteach ar scríobh Bourdieu (2005) faoi le cur in iúl go gcaithfear a bheith suibiachtúil le ‘hoibiachtúlacht’ áirithe a bhaint amach sna heolaíochtaí sóisialta. Tugann siad an t-aisfhillteachas eipistéimeach ar an bpróiseas sin. Ní mór, mar sin, an tsuibiachtúlacht

Caibidil 3: Modheolaíocht

a úsáid chun cuntas ‘oibiachtúil’ faoi na sonraí a bailíodh sa ghort a chur le chéile (2010: 66). Tá sé tábhachtach, dar leo, an tsuibhachtúlacht chéanna a chur san áireamh le linn an phróisis anailíse chomh maith le go bhféadfaí an tátal a bhaintear ó léamh an taighdeora ar na sonraí a sheiceáil go córasach (2010: 67). Is cinnte go dtreisiónn an ghné mheabhrach agus aisfhillteach de thaighde den chineál seo luach agus impleachtaí féideartha an tioncsnaimh ar an bpobal. Mar chainteoir Gaeilge atá i mbun taighde orthu siúd atá ‘cosúil liom féin’, ní mór cur chuige cúramach, meabhrach a ghlacadh chun an mo ról mar thaighdeoir agus mar bhall den phobal a shoiléiriú. Cuidíonn an t-aisfhillteachas leis sin, dar ndóigh. Tagaim le Davies, a scríobhann gur féidir le ransú dírbheathaisnéiseach an taighdeora ‘a greater sensitivity to the way in which cultural realities are constructed’ a chothú (2008: 218). Ní mór bainistiú cúramach a dhéanamh ar an gcaidreamh le rannpháirtithe an taighde chomh maith, dar ndóigh. Cuireann Ó Laoire síos ar a thaithí mar thaighdeoir agus é i mbun na heitneagrafaíochta ar Thoraigh. Míniúnn sé an tábhacht a bhaineann le caidreamh an taighdeora le rannpháirtithe taighde. Dar leis go gcruthaítear

[a] positive reciprocal dynamic that is renewed with every encounter between an ethnographer and the community in which he or she is active. It can never be taken for granted but must be developed in much the same way as any personal friendship (2003: 126).

Ní mór do thaighdeoirí sna heolaíochtaí sóisialta, go háirithe iad siúd a úsáideann cur chuige tógachaíoch, a aithint go múnlaíonn a gcúlraí pearsanta an chiall a bhaineann siad as an bpróiseas taighde agus anailíse, mar a mhíniúnn Creswell agus Creswell. Dar leo go gcaithfidh taighdeoirí seasamh aisfhillteach a ghlacadh agus iad féin a lonnú sa taighde le go mbeidh sé de chumas acu tionchar a dtaithe polaitiúla, cultúrtha agus stairiúla ar an bpróiseas a aithint (2018: 8). Tagaim leo agus iad ag míniú go gcaithfear na gnéithe pearsanta sin a shoiléiriú agus impleachtaí chúlra an taighdeora ar an bpróiseas taighde a mhíniú (2018: 184). Leagadh amach mo chúlra pearsanta agus mo chonair theangeolaíoch féin, mar aon le tionchar na ngnéithe sin ar thaighde an tráchtais, i gCaibidil 1 (mír 1.7) agus fillfidh mé ar théama an aisfhillteachais i gCaibidil 7 (mír 7.5). Tá dlúthbhaint ag téama an aisfhillteachais le cúrsaí eitice agus sa chéad mhír eile leagaim amach an próiseas eitice a lean mé agus an taighde seo á dhearadh agam.

3.2.3.1. Cúrsaí eitice

Bhain an tráchtas seo faomhadh eitice amach ó Choiste Eitice Ollscoil na hÉireann, Gaillimh³⁴, i Mí na Samhna 2015. Leag mé iarratas cuimsitheach faoi bhráid an Choiste a léirigh go gcinnteofaí leas na rannpháirtithe ag gach céim den phróiseas taighde. Léiríodh chomh maith nach scaoilfí sonraí pearsanta na rannpháirtithe agus go gcosnófaí a gcéannacht trí ainmneacha cleite a úsáid sa tráchtas. Is ceist réasúnta casta é próiseas an anaithnidithe, ámh, go háirithe nuair a chuimhnítear ar bhéim na heitneagrafaíochta ar thaithí saoil na rannpháirtithe i gcomhthéacsanna agus i suíomhanna éagsúla. Tráchtann Heller *et al.* ar impleachtaí an anaithnidithe ar an bpróiseas taighde: '[R]emoving identifying information may also remove contextual information that has potential value to the research and would be helpful in making sense of the results, especially to the reader' (2018: 164). Dá bharr sin, rinne mé iarracht teacht ar chothromaíocht chuí idir cosaint na rannpháirtithe agus eolas comhthéacsúil luachmhar a fhágáil sa tráchtas. Mar aon le hainmneacha cleite, níor úsáid mé fíor-ainmneacha daoine/scoileanna/ollscoileanna/bailte srl. ar leith ar thagair na rannpháirtithe dóibh le linn na n-agallamh. Níor bhain mé tagairtí a rinne siad do shuíomhanna éagsúla an tráchtais, idir chathracha agus spásanna sóisialta sna cathracha sin, toisc go bhfuil dlúthbhaint ag an eolas sin leis na haidhmeanna taighde. Tar éis dom teagmháil a dhéanamh le rannpháirtithe le hagallamh a iarraidh orthu, mhínigh mé na haidhmeanna taighde agus leagan amach an agallaimh dóibh go soiléir. Chuir mé na rannpháirtithe ar an eolas faoina gcearta agus shínigh siad Foirm Cheada (féach Aguisín A) sular tosaíodh an t-agallamh. I dtionscnamh den chineál seo atá fréamhaithe sa tsochtheangeolaíocht chriticiúil eitneagrafaíoch, tá dlúthbhaint ag ceisteanna eitice le téama an aisfhillteachais (féach mír 3.2.3.), ach go háirithe i dtaca le seasamh an taighdeora agus a c(h)aidreamh le rannpháirtithe an taighde. Míníonn Heller *et al.* a leanúnaí atá an próiseas eitice agus nach mbaineann na caidrimh a chruthaítear le rannpháirtithe le bailiú na sonraí amháin. Bíonn tionchar ag na caidrimh chéanna ar an anailís a dhéantar ar na sonraí agus ar an gcaoi a gcuirtear i láthair iad chomh maith (2018: 61). Mar chainteoir Gaeilge atá gníomhach i ngrúpaí sóisialta Gaeilge éagsúla, áirim rannpháirtithe áirithe mar chairde agus mar chomhghleacaithe. Dá bharr sin, chinntigh mé ag gach céim den tráchtas go raibh a leas á chosaint agam.

³⁴ féach <https://www.nuigalway.ie/research-office/policiesandprocedures/researchethicscommittee/>

3.3. Roghnú na suíomhanna agus na rannpháirtithe

Agus staitisticí daonáirimh na Gaeilge á leagan amach i gCaibidil 1 (féach mír 1.2.2.), léiríodh go bhfuil tromlach na gcainteoirí laethúla Gaeilge ina gcónaí lasmuigh de cheantair oifigiúla Ghaeltachta. Dar ndóigh, san áireamh san fhigiúr sin tá cainteoirí Gaeltachta a bhog amach óna gceantair dúchais ar chúiseanna éagsúla. Bíodh sin mar atá, ámh, d'fhéadfaí a mheas go réasúnta cinnte gur nuachainteoirí iad go leor de na cainteoirí Gaeilge laethúla atá ina gcónaí i gcathracha na tíre. Socraíodh, mar sin, díriú ar rannpháirtithe i gcomhthéacsanna uirbeacha. Bheartaigh mé díriú ar Bhaile Átha Cliath, Béal Feirste agus Gaillimh agus d'aimsigh mé spásanna sóisialta d'úsáid na Gaeilge agus rannpháirtithe féideartha á lorg sna cathracha sin, mar a mhíneofar thíos. Mheas mé go raibh sé tábhachtach níos mó ná cathair amháin a roghnú le léargas níos cuimsithí a fháil ar thaithí nuachainteoirí óga atá réasúnta soghluaiste mar ghrúpa sóisialta. Roghnaigh mé Baile Átha Cliath toisc go bhfuil níos mó cainteoirí Gaeilge, a labhraíonn an teanga go laethúil lasmuigh den chóras oideachais, ag cur fúthu san ardchathair ná in aon áit eile sa stát – 14,903 duine nó díreach os cionn 20% de chainteoirí laethúla uile na teanga (An Phríomh-Oifig Staidrimh 2017). Mheas mé go mbeadh sé praiticiúil labhairt le rannpháirtithe i nGaillimh chomh maith, toisc go bhfuil nasc agam le club peile lán-Ghaeilge sa chathair agus toisc go bhfreastalaíonn an-chuid nuachainteoirí, de chúlraí agus de chonairí éagsúla, ar an ollscoil sa chathair. Shíl mé go mbeadh sé tábhachtach comhthéacs sa Tuaisceart a chur san áireamh freisin le go bhféadfainn taithí nuachainteoirí sa dá limistéar riaracháin ar an oileán a fhiosrú. Dá bharr sin, roghnaigh mé Béal Feirste mar shuíomh taighde i dteannta na gcathracha eile. I gcomhthéacs na Bascaise, shocraigh mé díriú ar chathair Bilbao amháin le rannpháirtithe a aimsiú d'agallaimh leathstruchtúrtha bheathaisnéiseacha. Mheas mé gurbh é an chathair ab fheiliúnaí chun rannpháirtithe taighde a aimsiú laistigh d'achar ama teoranta toisc go bhfuil cur amach maith agam ar an gcathair féin (féach mír 1.7.) agus ar a comhthéacs sochtheangeolaíoch. Ina theannta sin, tá teagmhálacha pearsanta agus gairmiúla agam sa chathair a chuidigh liom teacht ar rannpháirtithe féideartha.

D'fhreastail mé ar ócáid darb ainm *ThinkDay* Gaeilge i mBaile Átha Cliath i Mí na Samhna 2015. Ceardlann a bhí i gceist leis an imeacht ar ar fhreastail daoine a bhí páirteach i ngrúpaí sóisialta éagsúla Gaeilge san ardchathair. Bhí sé mar aidhm ag lucht eagraithe na hócáide eolas a scaipeadh faoi thionscadail Ghaeilge agus an lucht

Caibidil 3: Modheolaíocht

freastail a spreagadh chun tionscadal dá gcuid féin a bhunú. Aithním an ócáid seo mar thúsphointe phróiseas na breathnóireachta agus an bhailithe sonraí. B'ócáid thairbheach é le cur amach níos fearr a fháil ar thograí uirbeacha Gaeilge agus le haithne a chur orthu siúd a bhí páirteach iontu, ar nuachaintoírí óga iad den chuid is mó. Bhí *ThinkDay* suntasach ar bhealach eile chomh maith. De thoradh na hócáide úd, cuireadh tús le club CLG lán-Ghaeilge i gcathair na Gaillimhe i mí Eanáir na bliana 2016 (tá clubanna lán-Ghaeilge den chineál céanna i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste chomh maith). Bhí mé féin páirteach i mbunú an chumann agus is ball gníomhach den chumann mé go fóill. Mar aon leis an tairbhe phearsanta a bhainim as mo bhallraíocht i ngrúpa sóisialta Gaeilge den chineál sin, bhí tairbhe shoiléir ó thaobh thaighde an tráchtais i gceist chomh maith. Chuir mé aithne ar rannpháirtithe áirithe tríd an gclub agus fuair mé taithí phearsanta ar na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le spás uirbeach d'úsáid shóisialta na Gaeilge a bhunú agus a réachtáil. Thairis sin, braithim go raibh níos mó dlisteanachta agam mar thaighdeoir i spásanna sóisialta Gaeilge toisc go raibh, agus go bhfuil, baint ghníomhach agam féin le spás sóisialta den chineál céanna. Caithfidh mé súil siar ar an méid a d'fhoghlaim mé go pearsanta ón bpróiseas taighde i gCaibidil 7 (féach mír 7.5.). Tagann sé seo leis an méid a scríobhann Angrosino agus Rosenberg faoin athrú béime i gcur chuige na breathnóireachta. Áitíonn siad go bhfuil modh bailithe na breathnóireachta ag gluaiseacht ó dhearcthaí stairiúla an nádúrachais i dtreo chur chuige níos suibiachtúla: 'In a very important sense, we now function in a context of collaborative research in which the researcher no longer operates at a distance from those being observed' (2011: 467).

D'fheidhmigh an cumann peile lán-Ghaeilge mar spás sóisialta Gaeilge le rannpháirtithe a aimsiú i gcomhthéacs na Gaillimhe. I dtaca le Béal Feirste, shocraigh mé rannpháirtithe a aimsiú ar bhuaile mé leo le linn dhá thréimhse breathnóireachta ag Féile Liú Lúnasa in iarthar na cathrach. In alt nuachta faoi fhéile na bliana 2019, cuireadh síos ar an ócáid mar 'fhéile chultúrtha ailtéarnach' a bhí 'á réachtáil ag Gaeil óga na cathrach' (Ní Thuathaláin 2019). Eagraíodh an chéad fhéile i mí Lúnasa na bliana 2014.

Roghnaíodh spás sóisialta míosúil an Pop Up Gaeltacht (PUG as seo amach) i gcomhthéacs Bhaile Átha Cliath. Coincheap simplí a bhí sa PUG ón tús, is é sin go

mBaileodh lucht labhartha na Gaeilge i mBaile Átha Cliath le chéile i dtithe tábhairne éagsúla chun deoch a ól agus chun Gaeilge a labhairt lena chéile. Cé go bhfuil PUG tar éis scaipeadh ar fud na tíre agus go hidirnáisiúnta – coincheap foinse oscailte, ón mbun aníos agus gan baint aige le heagraíochtaí teanga is ea é – dhírigh mé le linn na breathnóireachta ar PUG Bhaile Átha Cliath amháin toisc gurb é an PUG is iomadúla, is leanúnaí agus is rathúla ó thaobh líon na ndaoine a fhreastalaíonn air go rialta. Dá thairbhe sin, is iad ócáidí PUG na hardchathrach a tharraingíonn an aird is suntasaí sna meáin chumarsáide, idir Ghaeilge agus Bhéarla (féach Seoighe 2018 d'anailís ar choincheap PUG agus a thionchar ar nuachaintoírí Gaeilge). Déanaim cur síos ar an bpróiseas breathnóireachta i mír 3.4.1.

Theastaigh uaim díriú ar nuachaintoírí óga sa tionscnamh seo. Dá bharr sin, agus an plean taighde á leagan amach agam, shocraigh mé gan rannpháirtithe a bhí níos sine ná 30 bliain d'aois a chur faoi agallamh. Shocraigh mé rannpháirtithe a bhí níos sine ná 18 mbliana d'aois a roghnú le go mbeadh blianta na meánscoile curtha i gcrích acu. Ar an gcaoi sin, bhraith mé go mbeidís in ann a dtaithí sa chóras oideachais a roinnt liom le linn na n-agallamh. Mheas mé go mbeadh taithí níos iomláine ag rannpháirtithe níos sine ná 18 mbliana d'aois ar chomhthéacs na hollscoile agus ar chomhthéacsanna sóisialta éagsúla na Gaeilge. Dar ndóigh, ní féidir aois rannpháirtí a mheas go díreach gan cheist lom a chur orthu roimh an agallamh agus mheas mé nach mbeadh ceist den chineál sin cuí ná oiriúnach. Chuige sin, agus bunaithe ar an eolas a bhí agam ón bpróiseas breathnóireachta, roghnaigh mé rannpháirtithe a mheas mé féin a bheith faoi bhun 30 bliain d'aois. Dá neamhbheacht an chur chuige é sin, ní raibh ach rannpháirtí amháin níos sine ná 30 bliain d'aois (Cian, 31 bliain d'aois). Níor leag mé uasteorainn aoise amach i gcás rannpháirtithe na Bascaise toisc gur theastaigh uaim léargas níos leithne a fháil ar thaithí *euskaldunberriak* éagsúla le líon agallamh níos teoranta. Tá sonraí pearsanta na rannpháirtithe uilig le feiceáil thíos i mír 3.3.1.

Agus mé i mbun breathnóireachta i suíomhanna taighde éagsúla an tráchtais, bhain mé feidhm as sampláil bhreisitheach³⁵ agus sampláil gan choinne³⁶ le teacht ar rannpháirtithe taighde do na hagallaimh bheathaisnéiseacha leathstruchtúrtha. Is modhanna éifeachtacha samplála iad sin chun rannpháirtithe lena mbaineann tréithe

³⁵ 'snowball sampling' (Berg agus Lune 2014: 52)

³⁶ 'opportunistic sampling' (Bryman 2016: 415)

atá riachtanach, i dtéarmaí na gceisteanna taighde, a aimsiú. I gcás na samplála breisithí, cuirtear aithne ar dhuine nó beirt le cur faoi agallamh agus iarrtar ar na rannpháirtithe sin daoine feiliúnacha eile a mholadh (Berg agus Lune 2014: 52) Moltar sampláil bhreisitheach nuair is gréasáin daoine atá faoi staidéar (Bryman 2016: 415). Tráchtann Giddens agus Sutton ar bhuntáistí na samplála breisithí: '[E]xisting participants are used to recruit other participants via their own networks of contacts and friends, [it] is a tried and tested method of gaining access to a larger sample than would otherwise have been the case' (2013: 52). Bhí an cur chuige sin an-úsáideach i gcomhthéacs na Bascaise, áit a raibh srianta ama agus praiticiúla ag baint le haimsiú na rannpháirtithe. I gcomhthéacs na Gaeilge, d'úsáid mé sampláil gan choinne chomh maith le teacht ar rannpháirtithe. Cuireann Bryman síos ar an gcineál samplála sin mar seo a leanas: 'Capitalizing on opportunities to collect data from certain individuals, contact with whom is largely unforeseen but who provide data relevant to the research question' (2016: 409). Agus mé i mbun breathnóireachta i suíomhanna éagsúla, chuir mé aithne ar nuachainteoirí áirithe nár aithníodh cheana féin mar rannpháirtithe taighde féideartha. Thapaigh mé an deis i gcúpla cás chun teagmháil a dhéanamh leo le hagallamh a shocrú.

Is sampláil bhreithiúnais nó neamhdhóchúlach iad an dá chineál samplála sin agus feileann siad do staidéar cáilíochtúil. Míníonn Bryman go bhfuil sé d'aidhm ag an tsampláil bhreithiúnais rannpháirtithe nó suíomhanna a aimsiú ar bhealach straitéiseach le cinntiú go bhfaightear sampla daoine ábhartha a bhaineann leis na ceisteanna taighde (2016: 408). Tá na modhanna sin úsáideach nuair atá an pobal atá á fhiosrú doiléir nó casta, rud atá fíor go minic sna heolaíochtaí sóisialta (Berg agus Lune 2014: 50). Ní féidir a bheith cinnte, dar ndóigh, go mbeidh an sampla a aimsítear leis na modhanna thuasluaite iomlán ionadaíoch ar an ngrúpa níos leithne. Rinne mé iarracht mar sin féin rannpháirtithe de chúlraí éagsúla a aimsiú agus cinntíodh gur bhain cothromaíocht inscne leis an sampla iomlán. Tráchtann Bryman ar an neamhchinnteacht sin i dtaca le ceist na hionadaíochta ach deir sé freisin, ámh, go bhfuil coincheap an phobail féin achrannach go minic (2016: 188). Is ag tagairt do staidéir chainníochtúla a bhí Bryman sa chás sin, áfach, agus srianta na samplála breisithí agus gan choinne á leagan amach aige. Cuireann sé i gcuimhne dúinn nach bhfuil ceisteanna faoi bhailíocht sheachtrach an tsampla, agus cumas an tsampla sin chun ginearálú níos leithne a dhéanamh, chomh lárnach céanna i dtaighde cáilíochtúil.

Caibidil 3: Modheolaíocht

Dá bharr sin, bhraith mé gur mhodhanna cuí samplála ab ea iad chun rannpháirtithe taighde feiliúnacha a aimsiú in ainneoin na srianta a bhaineann leo. Sa chéad mhír eile, cuirim sonraí na rannpháirtithe taighde i láthair.

3.3.1. Sonraí na rannpháirtithe

Sa tábla thíos leagtar amach bunsonraí na n-agallamh agus na rannpháirtithe taighde. Tagraím, dar ndóigh, do ghnéithe ábhartha eile de chúlraí agus de chonairí na rannpháirtithe i gCaibidlí 4, 5 agus 6. Úsáidim ainmneacha cleite chun anaithnideacht na rannpháirtithe a chosaint, ach amháin i gcás Xabier Monasterio agus Edorta López. Agallaimh chomhthéacsúla a bhí i gceist leis an dá agallamh sin agus bhí an bheirt sásta labhairt liom thar ceann na n-eagraíochtaí teanga a n-oibríonn siad leo:

Uimhir an agallaimh	Dáta an agallaimh	Suíomh an agallaimh	Ainm an rannpháirtí	Aois an rannpháirtí	Cúlra oideachais
1.	10/10/2016	Bilbao	Xabier Monasterio	50idí	N/B
2.	24/11/2016	BÁC	Fiachra	29	Bunscoil & meánscoil Bhéarla
3.	12/12/2016	Gaillimh	Sinéad	19	Bunscoil & meánscoil Bhéarla
4.	05/01/2017	Gaillimh	Lisa	24	Bunscoil & meánscoil Bhéarla
5.	26/01/2017	Gaillimh	Megan	23	Gaelscoil; sraith Ghaeilge ar an meánscoil
6.	10/02/2017	BÁC	Aonghus	25	Bunscoil Bhéarla; mar ábhar meánscoile

Caibidil 3: Modheolaíocht

7.	07/04/2017	Gaillimh	Maria	25	Bunscoil Bhéarla; mar ábhar meánscoile
8.	21/04/2017	Béal Feirste	Colm	25	Gaelscoil; meánscoil Ghaeilge
9.	25/04/2017	Gaillimh	Síle	29	Bunscoil & meánscoil Bhéarla
10.	31/07/2017	BÁC	Mark	26	Bunscoil & meánscoil Bhéarla
11.	28/08/2017	BÁC	Sarah	23	Gaelscoil; meánscoil Ghaeilge
12.	02/09/2017	Bilbao	Iker	25	Modelo D ³⁷
13.	04/09/2017	Bilbao	Andoni	33	Modelo A
14.	04/09/2017	Bilbao	Idoia	25	Modelo D
15.	05/09/2017	Bilbao	Sofía	32	Modelo A
16.	24/11/2017	Béal Feirste	Doireann	22	Bunscoil Bhéarla; mar ábhar meánscoile
17.	11/12/2017	Béal Feirste	Seán	20	Gaelscoil; meánscoil Ghaeilge
18.	12/12/2017	Béal Feirste	Cormac	22	Bunscoil & meánscoil Bhéarla

³⁷ Is ann do thrí shamhail éagsúla i gcóras oideachais an Phobail Fhénrialaithe Bhascaigh; A, B agus D. Is í an Chaistílis an teanga teagaisc in *Modelo A* agus déantar staidéar ar an mBascais mar ábhar ar leith. Úsáidtear an Bhascais agus an Chaistílis araon mar theangacha teagaisc in *Modelo B*. Is í an Bhascais amháin a úsáidtear mar theanga teagaisc in *Modelo D* agus déantar staidéar ar an gCaistílis mar ábhar ar leith (Azurmendi, Bachoc agus Zabaleta 2001: 243; Ciriza 2012: 174; féach Cenoz 2009 do thuarascáil chuimsitheach ar an gcóras oideachais sa Phobal Fhénrialaitheach). Is in *Modelo D* atá tromlach na ndaltaí scoile sa réigiún – tuairim is 65% de réir na bhfigiúirí is déanaí (Eustat 2018).

Caibidil 3: Modheolaíocht

19.	14/12/2017	BÁC	Cian	31	Bunscoil & meánscoil Bhéarla
20.	13/03/2018	Gaillimh	Diarmuid	20	Gaelscoil; meánscoil Ghaeilge
21.	16/03/2018	Gaillimh	Nora	34	Oideachas i Sasana
22.	13/06/2018	Bilbao	Edorta López	40idí	N/B
23.	14/06/2018	Bilbao	Arantza	30idí	Modelo A
24.	14/06/2018	Bilbao	Diego	35	Modelo A
25.	15/06/2018	Bilbao	Iñaki	44	Modelo A

Tagróidh mé do shonraí pearsanta na rannpháirtithe le linn chaibidlí na hanailíse. Díreoidh mé go háirithe ar a gcúlraí oideachais agus a gconairí tíreolaíocha, mar aon lena dtaithí i gcomhthéacsanna uirbeacha éagsúla an taighde.

3.4. Modhanna bailithe agus anailíse

Chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna taighde a leagadh amach i gCaibidil 1 (mír 1.3.) agus chun idirghaol na bpróiseas teanga agus sóisialta ábhartha a fhiosrú, ní mór fianaise eimpíreach a bhailiú agus a chur i láthair. Úsáideann Heller *et al.* an téarma ‘fieldwork’ le cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas bailithe sonraí i dtaighde eitneagrafaíoch:

We argue that [fieldwork] is underpinned by three aspects: access to the field, relationships to the people in the field and constructing the data. The three key ways of collecting ethnographic and discourse data are *observing*, *interviewing*, and *collecting materials*. In each, the aim is to elicit situated accounts, articulations and artefacts that are helpful in producing situated, contextual knowledge relevant to your research questions (2018: 74, béim sa bhunleagan).

Míníonn na húdair chéanna cad go díreach atá i gceist leis an bhfianaise eimpíreach ón seasamh criticiúil, tógachaíoch a ghlacaim sa tráchtas seo. Dar leo, ‘knowledge

Caibidil 3: Modheolaíocht

does not derive directly from evidence or experience, but is mediated by how we choose to formulate it and represent it in specific contexts of communication' (*ibid.*). Leagann siad amach buntuisintí na fianaise eimpírí faoi mar a bhaineann siad le cur chuige na sochtheangeolaíochta criticiúla eitneagrafaíche. I dtosach báire, míníonn siad nach ann d'fhíorshonraí 'barántúla' atá ag fanacht ar shampláil an taighdeora. De rogha air sin, tráchtann siad ar thionchar an taighdeora féin ar an bpróiseas bailithe:

[I]n all cases collecting data involves human impact and includes (in fact, requires) particular ways of knowing. We as researchers take an active part in constructing, or *generating* it: deciding on what counts as data, deciding how to analyze it, and deciding how to present it (*ibid.*, béim sa bhunleagan).

Ina theannta sin, míníonn siad go mbunaítear na sonraí ar fad a bhailítear, ar fheiniméin shóisialta iad, ar an gcleachtas sóisialta suite:

[Researchers] participate in constructing the data within a web of relationships, with each other, with other living things, with the environment or the resources we use and value. The social activities we are interested in occur in relationship to the threads that lead them there or lead them to the next thing. They have histories and geographies (*ibid.*).

Tagann Blommaert agus Dong le buntuisintí Heller *et al.* Dar leo go gcaithfidh taighdeoir seasamh eitneagrafaíoch a ghlacadh le linn an obair pháirce. Ciallaíonn sé sin, dar leo, nach mbeidh corpas torthaí, a mhaítear a bheith ionadaíoch ar an bpobal trí chéile, ag an taighdeoir ag deireadh an phróisis. Ní fhéadfaí iad a athchruthú faoi choinníollacha comhionanna agus ní mhaítear go bhfuil na torthaí oibiachtúil ná neamhthruaillithe toisc gur ghlac an taighdeoir le seasamh 'ón taobh amuigh'. Is éard a bheas ann ná 'interpretive research in a situated, real environment, based on interaction between the researcher and the subject(s), hence, fundamentally subjective in nature, aimed at demonstrating complexity, and yielding hypotheses that can be replicated in similar, not identical, circumstances' (2010: 17). Míníonn siad go dtáirgeann an eitneagrafaíocht ráitis theoiriciúla seachas 'fíricí' ná 'dlíthe' (*ibid.*). Coinníodh na buntuisintí thuasluaite i gcuimhne agus mo straitéisí bailithe agus anailíse féin á leagan amach le linn dearadh an taighde. Shocraigh mé leas a bhaint as na modhanna bailithe seo a leanas chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna taighde:

- Breathnóireacht (féach mír 3.4.1.);

Caibidil 3: Modheolaíocht

- Bailiú ábhar (féach mír 3.4.1.1.) agus
- Agallaimh leathstruchtúrtha bheathaisnéiseacha (féach mír 3.4.2.).

Cuireann na straitéisí éagsúla bailithe sin lena chéile agus treisíonn úsáid chomhlántach na breathnóireachta agus na n-agallamh sonraí an tráchtais. Is minic a thugtar triantánú ar an bpróiseas sin agus aithnítear é mar chur chuige a chinntíonn bailíocht an tátail a bhaintear as taighde cáilíochtúil (Creswell agus Miller 2000: 126). Tráchtann Berg agus Lune ar a thábhachtaí atá an triantánú agus míniú á lorg ar an gcastacht shóisialta:

Every method is a different line of sight directed toward the same point, observing particular aspects of the social and symbolic reality. By combining several lines of sight, researchers obtain a better, more substantive picture of reality; a richer, more complete array of theoretical concepts; and a means of verifying many of these elements (2014: 6).

Pléim modhanna bailithe an tráchtais go mion sa chéad dá mhír eile.

3.4.1. Breathnóireacht

Tá an bhreathnóireacht de dhlúth agus d'inneach na heitneagrafaíochta. Ba dhlúthchuid de phróiseas an chomhthéacsaithe é i gcomhthéacs na Gaeilge agus mé ag dul i dtaithe ar shuíomhanna éagsúla taighde (féach mír 3.3.). De bharr srianta ama agus praiticiúla, níor bhain mé úsáid as an mbreathnóireacht i gcomhthéacs na Bascaise agus chuaigh mé i muinín na n-agallamh beathaisnéiseach leathstruchtúrtha amháin. Aithníonn Blommaert agus Dong, mar shampla, fiúntas na breathnóireachta agus taighdeoirí ag dul i dtaithe ar an ngort go luath sa phróiseas taighde. Míníonn siad gurb ionann an réamhobair pháirce sin agus ‘finding your way around a particular place, registering places and voices’ (2010: 29; féach chomh maith an plé ar chéim anailíse na mapála i mír 3.4.3.3.), agus go gcuidíonn an bhreathnóireacht leis an taighdeoir ‘patterns of expectation’ a leagan amach (*ibid.*). Tagann Heller *et al.* le dearcadh Blommaert agus Dong i leith thábhacht na breathnóireachta:

[O]bservation is about making familiar things strange, and making strange things familiar. It is about seeing the patterns in social activities that show us how social life is organized, whether or not we, or the people we are working with, are conscious of them. Ethnographic observation helps us notice things about actors, communication,

Caibidil 3: Modheolaíocht

space, time and the material world we might not notice otherwise, and so it clears the decks for a fresh analysis of what is going on, and of what matters in a particular context (2018: 78).

Luadh thuas i mír 3.3. gur cuireadh tús le próiseas na breathnóireachta ag ócáid *ThinkDay* i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna 2015. Bhí breathnóireacht agus imeascadh leanúnach le pobail uirbeacha cainteoirí Gaeilge, de chúlraí éagsúla, i gceist le mo ról leanúnach sa chlub peile lán-Ghaeilge i nGaillimh. B'éigean dom sa chomhthéacs sin bainistiú agus monatóireacht a dhéanamh ar mo chaidreamh leanúnach le rannpháirtithe, spásanna agus gníomhaíochtaí. Ní mór cothromaíocht a bhaint amach le tairbhe a bhaint as ról lárnach a bheith agat mar thaighdeoir sa phobal atá á staidéar agat, mar a mhíníonn Heller *et al*:

It certainly makes a difference to understanding people, spaces, time and activities if you yourself are socialized into participating in them. However, at the same time, if you are too close to things, you risk falling into the taken-for-granted assumptions we all use in order to function in life, and missing out on what makes things tick (2018: 78).

Chuidigh mo nótaí páirce go mór liom agus mé i mbun breathnóireachta i suíomhanna taighde éagsúla agus d'fhill mé go minic orthu le linn na hanailíse agus comhthéacsú nó míniú á lorg agam ar phointí eolais. Chuidigh siad liom chomh maith brí a bhaint as na breathnóireachtaí a rinne mé tar éis dom an suíomh taighde féin a fhágáil, agus ar an gcaoi sin d'éirigh liom céim siar a ghlacadh agus súil níos géarchúisí a chaitheamh ar an méid a bhí feicthe agus cloiste agam sa ghort. Braitheann nótaí páirce go hiomlán ar aidhmeanna an taighde agus ar chur chuige pearsanta an taighdeora, mar a mhíníonn Heller *et al*. (2018: 171). Go hiondúil, i ndiaidh ócáid bhreathnóireachta, bhreacainn síos mo chuid machnaimh i gcóipleabhar nótaí páirce nuair a d'fhágainn an suíomh taighde. Chuirinn san áireamh eolas a bhraith mise a bheith suntasach (dáta/am na himeachta, cé a bhí i láthair, na teangacha a bhí in úsáid, rannpháirtithe féideartha srl.). Bhain mé leas as an gcóipleabhar nótaí páirce tar éis na n-agallamh chomh maith. Bhreacainn síos gnéithe den agallamh a sheas amach dom féin agus mo chuid smaointe i dtaca leis an rannpháirtí, le suíomh an agallaimh agus le hábhar an agallaimh féin. Chuidigh na nótaí sin go mór liom agus mé ag filleadh ar na hagallaimh chun tras-scríobh, códú agus anailís a dhéanamh orthu. Míníonn

Blommaert agus Dong ról eipistéimeach na nótaí páirce (féach chomh maith Zenker 2013: 37):

[Field notes] tell us a story about *an epistemic process*: the way in which we tried to make information understandable for ourselves, using our own interpretive frames, concepts and categories, and gradually shifting into new frames, making connections between earlier and current events, finding our way in the local order of things (2010: 37, béim sa bhunleagan).

Bhí dhá thréimhse breathnóireachta i gceist i mBéal Feirste. Chaith mé trí lá ag Féile Liú Lúnasa in iarthar na cathrach i mí Lúnasa 2016 agus chaith mé trí lá ag féile na bliana 2017 chomh maith. Den chuid is mó bhí ócáidí éagsúla na féile úd ar siúl sa Chultúrlann ar Bhóthar na bhFál. Le breathnóireacht a dhéanamh i gcomhthéacs Bhaile Átha Cliath, bheartaigh mé díriú ar spás sóisialta an PUG. D'fhreastail mé ar an gcéad PUG a eagraíodh i lár na hardcathrach i mí na Samhna 2016 agus ina dhiaidh sin d'fhreastail mé ar ócáidí míosúla PUG ar bhonn rialta go dtí lár na bliana 2018 nuair a cuireadh críoch leis an bpróiseas bailithe. Agus mé i mbun obair pháirce bhailigh mé ábhar éagsúil ó na suíomhanna thuasluaite. Cé nach mbunaítear mórán anailíse ar an ábhar úd, ba chuid thábhachtach den phróiseas comhthéacsaithe é. Chuige sin, tugaim cur síos gonta ar a luachmhaire atá ábhar ón ngort agus, dar ndóigh, ábhar ó na meáin chlóite agus shóisialta a bhaineann le ceist na spásanna sóisialta Gaeilge, sa chéad mhír eile.

3.4.1.1. Bailiú ábhar

Bhailigh mé ábhar clóite (paimfléid, greamáin, grianghraif srl.) ó na suíomhanna taighde éagsúla mar aon le hait ó na meáin chlóite agus ar líne a bhain leis na suíomhanna sin le linn an obair pháirce. Mar aon leis na nótaí páirce a bhreac mé le linn na breathnóireachta, chuidigh an t-ábhar sin go mór le próiseas an chomhthéacsaithe. Míníodh i gCaibidil 2 (mír 2.3.) go bhfuil dlúthbhaint ag idé-eolaíochtaí teanga le ceistanna taighde uile an tráchtais ar bhealaí éagsúla. Míníonn Armstrong gur féidir samplaí d'idé-eolaíochtaí teanga a aimsiú 'in texts produced in the communities such as webpages, press-releases and strategy documents' (2012: 151). Tráchtann Blommaert agus Dong ar a thábhachtaí atá ábhar den chineál sin don eitneagrafaí atá i mbun oibre sa ghort agus míníonn siad go soláthraíonn sé léargas níos saibhre den timpeallacht inar cuireadh an taighde i gcrích (2010: 58). Ar bhonn

praiticiúil, ‘it helps us remember and recall features, details, characters, an atmosphere we found crucial for our understanding of what went on’ (*ibid*). Breathnaíodh ar an mbreathnóireacht, ar na nótaí páirce agus ar an mbailiú ábhar mar obair thábhachtach chomhthéacsaithe. Is ar shonraí na n-agallamh is mó a dhírítear i gcaibidlí na hanailíse ach tarraingím ar mo bhreathnóireachtaí pearsanta leis na hagallaimh a lonnú sa chomhthéacs taighde. Pléim deardh agus ról na n-agallamh sa chéad mhír eile.

3.4.2. Agallaimh bheathaisnéiseacha leathstruchtúrtha

Bunaítear tromlach na hanailíse eimpírí ar shonraí na n-agallamh. Bheartaigh mé cur chuige leathstruchtúrtha, beathaisnéiseach a úsáid chun na hagallaimh a dheardh, toisc go bhfeileann saoirse agus solúbthacht an deartha leathstruchtúrtha do thaighde cáilíochtúil, tógachaíoch den chineál seo agus, mar a mhíníonn Bryman, is maith an rud é nuair a théann an rannpháirtí ar seachrán (2016: 468).

Trí agallaimh a mhúnlú agus a chur i gcrích ar an gcaoi sin, amhail comhrá nádúrtha, féadtar teacht ar thuiscint phearsanta na rannpháirtithe ar cheisteanna sochtheangeolaíocha níos leithne gan ceisteanna loma a chur (Blommaert agus Dong 2010: 44; Heller *et al.* 2018: 177). Dar le Blommaert agus Dong is comhrá é an t-agallamh eitneagrafaíoch lena mbaineann ord agus struchtúr éigin. Braitheann an struchtúr sin ar an taighdeoir agus na téamaí atá á n-iniúchadh aici/aige (*ibid.*). Molann siad gan a bheith ag súil le hagallamh atá ‘foirfe’ agus go deimhin, dar leo, níl a leithéid de rud ann. Ar aon dul le gnáthchomhráite laethúla, bíonn agallaimh casta, trí chéile ar uairibh, ‘often containing contradictions and statements that are made off the top of one’s head, with people shifting topics and getting lost in details, losing the line of their argument, not finding the exact words for what they wish to say’ (2010: 45). Caithfidh an taighdeoir an t-agallamh a mhúnlú ar bhealach éifeachtach. Ní mór ceisteanna agus noid a chumadh roimh réidh ‘that maximise the interviewee’s ability to produce situated, contextual knowledge about the processes and experiences relevant to your research questions’ (Heller *et al.* 2018: 91). Chuige sin, caithfidh an taighdeoir a bheith ullmhaithe agus solúbtha (Bryman 2016: 483). Pléann Blommaert agus Dong tábhacht na n-insintí pearsanta sin chun an domhan sóisialta a thuiscint trí shúile na rannpháirtithe:

In narratives people produce very complex sociocultural meanings. It is through anecdotes that we see what exactly they understand by a particular term, how our

Caibidil 3: Modheolaíocht

questions resonate in their own life worlds, how relevant it is, how their own life worlds are structured [and] which influences they articulate (2010: 52).

Tagaim le dearcadh Busch sa tráchtas seo maidir leis an gcur chuige beathaisnéiseach. Míníonn sí go gcuireann an cur chuige úd béim ar dhearcthaí agus ar thaithí an rannpháirtí (2016: 2). Ar an gcaoi sin, bhí mé in ann conairí teangeolaíocha, nó ‘linguistic “itineraries”’ (2016: 231) mar a thugann Woolard orthu, na rannpháirtithe a rianú. Léiríonn Busch tábhacht an taighde beathaisnéisigh agus is léir a thairbhí atá sé i staidéar eitneagrafaíoch den chineál seo: ‘Biographical research is located within the broader framework of qualitative and interpretative approaches which basically means that they aim not at detecting laws that allow for prognostics but at an “understanding reconstruction” of social phenomena’ (2016: 4). Chuidigh béim beathaisnéiseach na n-agallamh go mór liom le linn phróiseas an rianaithe agus an anailís eimpíreach idir lámha agam (féach mír 3.4.3.3.).

Óir gur chur chuige leathstruchtúrtha a bhí in úsáid agam, níor bhain mé úsáid as liosta beacht ceisteanna do na hagallaimh. Ar an gcaoi sin bhain struchtúr solúbtha agus scaoilte leis an bpróiseas agus d’éirigh liom insintí na rannpháirtithe a mhealladh. De rogha ar cheisteanna beachta, chruthaigh mé creatlach agallaimh agus lean mé an chreatlach chéanna sin, chomh fada agus ab fhéidir liom, sna hagallaimh uilig sa dá chomhthéacs (féach Aguisín C don chreatlach). Tharraing mé ar chreatlach Ortega *et al.* (2016: 267-269) agus ar chreatlach NEOPHON³⁸ (luaite in Heller *et al.* 2018: 178-179).

Sheachain mé téarmaí ar nós ‘conairí,’ ‘idé-eolaíochtaí,’ ‘*mudes*’ agus ‘féiniúlachtaí’ chomh fada agus ab fhéidir liom toisc gur bhraith mé gur leor na téamaí a leagadh amach sa chreatlach chun plé ar na ceisteanna taighde a nochtadh ar bhealach níos caolchúisí (Blommaert agus Dong 2010: 48). Is iad seo a leanas téamaí na creatlaí:

Conairí: Plé ar phróiseas sealbhaithe na rannpháirtithe (cúlraí oideachais; blianta bunscoile/meánscoile/ollscoile; dearcthaí ina leith); straitéisí sealbhaithe neamhfhoirmiúla (staidéar pearsanta; ranganna príobháideacha; ciorcail chomhrá; tréimhsí Gaeltachta srl.) Gluaiseacht thíreolaíoch na

³⁸ NEOPHON (*Nuevos hablantes, nuevas identidades*): Tionscadal taighde a mhaoinigh rialtas na Spáinne idir 2012-2015.

rannpháirtithe – comhthéacsanna oibre, staidéir agus maireachtála éagsúla a phlé.

Úsáid: Cá labhraíonn an rannpháirtí an Ghaeilge/an Bhascais?; cé leo a labhraíonn siad an Ghaeilge/an Bhascais?; minicíocht úsáide na Gaeilge/na Bascaise; athruithe ar mhinicíocht úsáide na Gaeilge/na Bascaise le linn na conaire.

Idé-eolaíochtaí: Lipéid theangeolaíocha agus tuairimí ina leith; féinmheasúnú ar a gcumas Gaeilge/Bascaise; meon i dtaca le téamaí na canúna/an chaighdeáin; ról na Gaeilge/Bascaise i dtaca lena bhféiniúlachtaí pearsanta.

D'fhág mé faoi na rannpháirtithe é suíomh na n-agallamh a roghnú. Measadh go mbeadh na rannpháirtithe ar a gcompord in áit a raibh aithne acu uirthi agus den chuid is mó cuireadh na hagallaimh i gcrích i gcaiféanna nó in áiteanna oibre nó staidéir na rannpháirtithe. I gcomhthéacs na Gaeilge ba í an Ghaeilge teanga na n-agallamh. Cuireadh agallaimh na Bascaise i gcrích trí mheán na Caistílise nó an Bhéarla. Aithním ceist na teanga mar laincís de chuid an tráchtais agus pléifidh mé srianta an tionscnaimh trí chéile i gCaibidil 7 (mír 7.4.). Chuir mo chumas teoranta Bascaise srian ar an obair pháirce go pointe toisc nach raibh mé in ann cumas ná acmhainní teanga *euskaldunberriak* a mheas agus b'éigean dom dul i muinín fhéinmheasúnú na rannpháirtithe féin ar na ceisteanna sin. Níorbh fhéidir liom breathnóireacht chuimsitheach a dhéanamh sa chomhthéacs sin ach an oiread ceal Bascaise. In ainneoin sin, bhain luach nach beag leis an gcomhthéacs comparáideach, mar a léireoidh mé i gCaibidil 6. A bhfuil le mo chéim ollscoile, agus leis na tréimhsí a chaith mé i dTír na mBascach (féach mír 1.7.7.), is cainteoir cumasach Caistílise mé.

Roghnaigh triúr rannpháirtithe i gcomhthéacs na Bascaise an t-agallamh a dhéanamh trí mheán an Bhéarla bíodh is go raibh Caistílis níos fearr acu. I gcás amháin bhí cumas an-teoranta Béarla ag an rannpháirtí. In ainneoin na teanga 'simplí' a d'úsáid sé ar uairibh le linn an agallaimh úd, is feidir fós sonraí ilchasta, saibhre a bhaint as, mar a mhíníonn Blommaert agus Dong agus iad ag trácht ar rannpháirtithe a thugann faoi agallamh i dteanga nach bhfuil siad iomlán compordach inti:

‘[T]his does not mean that such stories are ‘simple’, neither does it mean that narrators fail to bring about significant degrees of narrative structure in their stories. Even

though the language may be simple and plain, and despite massive amounts of ‘errors’ in the language, stories can be narratively complex and well executed (2010: 76).

Sa chéad mhír eile leagaim amach an chaoi ar ullmhaigh mé na sonraí a bailíodh le linn an obair pháirce agus na modhanna anailíse ar baineadh úsáid astu chun na ceisteanna taighde a fhiosrú.

3.4.3. Modhanna anailíse

Is éard is anailís ann ná an chaoi a gcruthaíonn taighdeoirí eolas nua bunaithe ar na sonraí a bhailigh siad le linn an obair pháirce agus an pointe ag a mbogann an taighdeoir ó stádas an úsáideora eolais go stádas an chruthaitheora eolais (Heller *et al.* 2018: 103). Cuireann Blommaert agus Dong síos ar na sonraí eimpíreacha a bhailítear mar ‘a complex of widely divergent scientific objects’ agus nuair a chuirtear le chéile iad ‘they offer a subjective representation of facts and events “out there”, and the analysis of such data is an interpretive analysis that necessarily draws on an interdisciplinary set of methods’ (2010: 63). Míníonn siad chomh maith go gcaithfear na sonraí a ullmhú sula gcuirtear tús leis an anailís agus go bhfuil ceist an tras-scríofa agus an chódaithe lárnach sa phróiseas ullmhaithe agus anailíse nuair a bhíonn agallaimh i gceist (2010: 68). Chuige sin, pléim sa chéad dá mhír eile tras-scríobh agus códú na n-agallamh.

3.4.3.1. Tras-scríobh na n-agallamh

Scríobhann Bucholtz go mbaineann go leor ‘polaitíochta’ leis an tras-scríobh mar phróiseas agus dar léi nach gníomh neodrach atá ann in aon chor:

All transcripts take sides, enabling certain interpretations, advancing particular interests, favoring specific speakers, and so on. The choices made in transcription link the transcript to the context in which it is intended to be read. Embedded in the details of transcription are indications of purpose, audience, and the positions of the transcriber toward the text (2000: 1440).

Dá bharr sin, ní mór don taighdeoir seasamh aisfhillteach, meabhrach a ghlacadh agus iad i mbun tras-scríofa. Is éard is tras-scríobh aisfhillteach ná, dar le Bucholtz, ‘one in which the researcher is conscious of her or his effect on the unfolding transcript, and the effect of the transcript on the representation of speakers whose discourse is transcribed’ (2000: 1462). Agus insintí na rannpháirtí á gcur i láthair sna caibidlí

eimpíreacha, nuair is gá cuirim i láthair chomh maith mo cheisteanna nó mó ráitis féin a spreag na n-insintí sin. Meabhraíonn Blommaert agus Dong dúinn go bhfuil an t-agallóir lárnach san agallamh agus gur comhrá nó dialóg atá i gceist seachas ‘what the interviewee said’ amháin. Imríonn an taighdeoir tionchar nach beag ar an méid a deirtear sna hagallaimh agus ní mór glacadh leis an tionchar sin mar chuid thábhachtach de na sonraí a bailíodh (2010: 49). Chuige sin, caithefear tras-scríobh agus anailís a dhéanamh ar an méid a dúirt an t-agallóir le linn na n-agallamh agus é a chur i láthair leis na sonraí trí chéile (*ibid.*).

I gcás agallaimh na Gaeilge, d'éist mé leis na hagallaimh agus rinne mé nótaí garbha de na mórthéamaí a tháinig chun cinn lena linn. Ina dhiaidh sin, thras-scríobh mé iad ina n-iomláine. D'fhág sé sin go raibh corpas iomlán timpeall 150,000 focal agam (207 leathanach). Nuair a chuirtear sleachta na n-agallamh Gaeilge i láthair i gCaibidil 4 agus 5, úsáidtear uimhir agus ainm/céadlitir ainm chun an cor cainte agus an cainteoir a aithint (**5 Fiachra; 45 Stiofán; 67 F**, mar shampla). Ní dhearna mé agallaimh na Bascaise a thras-scríobh ina n-iomláine de bharr srianta ama. D'éist mé leis na hagallaimh sin agus bhreac mé nótaí garbha agus, ina theannta sin, d'aithin mé sleachta tábhachtacha a bhain go dlúth le haidhmeanna taighde an tráchtais. Thras-scríobh mé na sleachta áirithe sin (féach Blommaert agus Dong 2010: 68-69). Úsáidtear ainm nó céadlitir ainm amháin chun an cainteoir a aithint agus sleachta na n-agallamh Bascaise á gcur i láthair agam i gCaibidil 6. Thras-scríobhadh agallaimh na Gaeilge agus sleachta na Bascaise faoi réir an phrótacail tras-scríofa in Aguisín B. D'fhéadfaí samhail íostach a thabhairt ar na nósmaireachtaí tras-scríofa úd: ‘This is intended basically for cases in which the linguistic features are not the most salient forms of data, but rather the interactional, discursive and substantive features’ (Heller *et al.* 2018: 186). Leanaim cur chuige Walsh *et al.* i dtaobh na poncaíochta. Níor bhain mé úsáid as ‘gnáthphoncaíocht abairte’ toisc go raibh mé ag iarraidh léargas a thabhairt ar ‘ghnáthurlabhra nádúrtha’ na rannpháirtithe (2015: 13). Tagann Heller *et al.* leis an gcur chuige poncaíochta sin chomh maith: ‘The use of common punctuation conventions of written language is normally avoided, because they largely do not correspond to the intonational and rhythmic patterns found in spoken language’ (2018: 184). Ina theannta sin, níor cheartaigh mé botúin ghramadaí ná comhréire le linn an tras-scríofa ná níor aistrigh mé an códmheascadh. Mar a míníodh thuas i mír 3.4., cuireadh agallaimh na Bascaise i gcrích trí mheán na Caistílise agus an Bhéarla. I

gCaibidil 6, tugaim bunleaganacha Caistíflise na sleachta mar aon le haistriúchán Gaeilge ar na sleachta sin. De dheasca cúinsí ama, níor aistrigh mé na sleachta Béarla go Gaeilge. I ndiaidh an phróisis tras-scríofa, rinne mé diananailís ar chorpas na n-agallamh. Cuirim síos ar an bpróiseas anailíse sin sa chéad mhír eile ach is cinnte go mba cheart breathnú ar thras-scríobh agus ar chódú na n-agallamh mar chéimeanna tábhachtacha sa phróiseas anailíse féin.

3.4.2.2. Códú na n-agallamh

Agus próiseas an tras-scríofa curtha i gcrích agam b'éigean dom na sonraí a eagrú agus a chódú ar bhealach córasach leis an bpróiseas anailíse a éascú. Mar aon leis an tras-scríobh, cuidíonn an códú le taighdeoirí tuiscint níos doimhne a fháil ar na sonraí (Heller *et al.* 2018: 187). Míníonn Creswell go n-aithnítear téamaí sna sonraí a bailíodh sa ghort trí bhíthin an chódaithe (2013: 180). Bhain dhá chéim leis an gcódú i gcás shonraí an tráchtais. I dtosach báire rinne mé dianléitheoireacht ar na tras-scríbhinní agus bhreac mé nótaí ar na leathanaigh le friotail, ráitis nó sleachta ábhartha a aibhsiú. Is é sin le rá go ndearna mé códú garbh láimhe ar na codanna de na hagallaimh a bhain go dlúth, dar liom, leis na ceisteanna taighde.

Agus an réamhchódú láimhe curtha i gcrích agam, bhain mé úsáid as an mbogearra NVivo ar mhaithe le códú níos beachte agus níos struchtúrtha a dhéanamh ar thras-scríbhinní na n-agallamh. Cé go mbeadh sé indéanta an dara céim den chódú a dhéanamh ar phár chomh maith, mheas mé go raibh an córas NVivo tairbheach toisc go bhféadfainn cóipeanna leictreonacha de na tras-scríbhinní a stóráil le go mbeinn in ann teacht orthu go héasca. Ina theannta sin, ligeann NVivo don taighdeoir cóid éagsúla a shocrú i ngrúpaí agus a chur i gcomparáid le cóid eile. Is féidir chomh maith cuardach éasca a dhéanamh ar shleachta ar leith a bhaineann le cóid ar leith. Cé go bhféadfainn úsáid níos mine a bhaint as NVivo ar leibhéal na hanailíse féin, d'úsáid mé go príomha é ar mhaithe leis an gcódú.

Molann Heller *et al.* an próiseas códaithe a choinneáil réasúnta simplí. Dar leo nár cheart, más féidir, dul thar 20 cód bunúsach agus go mba cheart do na cóid sin a bheith intuigthe agus inchuardaithe (2018: 188). Chun liosta deireanach na gcód a chur i dtoll a chéile, d'fhill mé ar na ceisteanna taighde agus ar an réamhchódú láimhe a cuireadh i gcrích i gcéim a haon. Molann na húdair chéanna cur chuige leathstruchtúrtha a chur

Caibidil 3: Modheolaíocht

i bhfeidhm ar an gcódú toisc go mbíonn an taighdeoir ag dul isteach sa phróiseas le réamhthuarimí i gcónaí:

We believe that we always work with a set of assumptions, or hypotheses; so although we feel strongly that we should always be open to discovering that we were wrong, or to noticing things we had not noticed before, we cannot and should not try to explore the data without a specific analytic framework and a set of questions for which we are responsible (2018: 187).

Dá bharr sin, rinne mé códú ar na hagallaimh bunaithe ar na ceisteanna taighde a leagadh amach i gCaibidil 1 (mír 1.3.) agus, dar ndóigh, ar an bhfrámaíocht theoriciúil a pléadh i gCaibidil 2. Is iad seo a leanas na príomhchóid agus na fochóid a roghnaigh mé le sonraí na n-agallamh a eagrú. 20 cód, idir phríomhchóid agus fochóid, a bhí agam ag deireadh an phróisis:

- *Mudes* teangeolaíocha
 - comhthéacs teaghlaigh
 - blianta scoile
 - múinteoirí spreagúla
 - comhthéacs ollscoile
 - caidrimh nua
 - minicíocht úsáide
 - saol sóisialta
- Idé-eolaíochtaí teanga
 - barántúlacht
 - dlisteanacht
 - féinmheasúnú ar chumas
 - ceisteanna canúna/caighdeáin
 - lipéid theangeolaíocha
- Féiniúlachtaí
 - idirbheartaíocht féiniúlachta
 - féiniúlacht phearsanta
 - féiniúlacht Éireannach
 - féiniúlacht Ghaelach
 - féiniúlacht ghrúpa

Forluíonn cóid éagsúla ar a chéile agus dá bharr sin bhain fiúntas leis an gcóras NVivo mar uirlis thairbheach chun iad a eagrú agus chun sleachta lenar bhain níos mó ná cóid amháin a thabhairt chun solais. Breathnaím sa chéad mhír eile ar an gcur chuige anailíse a d'úsáid mé chun brí a bhaint as na tras-scríbhinní códaithe agus chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna taighde ceann ar cheann.

3.4.3.3. Anailís na sochtheangeolaíochta criticiúla eitneagrafaíche

I dtaighde cáilíochtúil, teastaíonn uirlisí idirdhisciplíneacha, ilghnéitheacha anailíse (Blommaert agus Dong 2010: 67-68). I dteannta an tras-scríofa agus an chódaithe, tarraingim ar ghnéithe de straitéisí anailíse na sochtheangeolaíochta criticiúla eitneagrafaíche, faoi mar a chuireann Heller *et al.* iad i láthair. Is straitéisí anailíse léirmhínteacha iad a fheileann don seasamh tógachaíoch a ghlacaim sa tráchtas seo. Tugann Creswell míniú ar an bpróiseas léirmhínte:

Interpretation in qualitative research involves abstracting out beyond the codes and themes to the larger meaning of the data. It is a process that begins with the development of the codes, the formation of themes from the codes, and then the organization of themes into larger units of abstraction to make sense of the data (2013: 187).

Leagan Heller *et al.* amach trí ghníomhaíocht lárnacha sa phróiseas anailíse i dtaighde sochtheangeolaíoch, criticiúil: mapáil, rianú agus nascadh. Leanann céim eile na gníomhaíochtaí sin, dar dóigh, agus is é sin tátail a bhaint as an bpróiseas iomlán anailíse (2018: 103). Aithníonn na húdair sin saintréithe éagsúla de chleachtas cumarsáideach an duine arbh fhiú aghaidh a thabhairt orthu chun teanga(cha) a úsáid mar lionsa le ceisteanna sóisialta níos leithne a ransú. Dar liom go mbaineann dhá shaintréith faoi leith go dlúth le haidhmeanna taighde an tráchtais seo. Is iad sin ‘foirm’ agus ‘meiteathráchtaireacht’ (2018: 104).

I dtaca leis an bhfoirm theangeolaíoch, cé nach staidéar teangeolaíoch ná canúineolaíoch é seo, díritear aird ar chodanna éagsúla de theanga an duine arbh fhéidir catagóirí éagsúla a bhunú orthu agus codarsnachtaí a tharraingt le cainteoirí eile (*ibid.*). Baineann an fhoirm theangeolaíoch, dá bharr sin, go dlúth leis an gcéim mhapála agus catagóirí anailíse á gcruthú ag an taighdeoir. I gcás an tráchtais seo, dar ndóigh, d'fhéadfaí an Ghaeilge (agus an Bhascais) a úsáid mar fhoirm ábhartha

Caibidil 3: Modheolaíocht

theangeolaíoch chun cainteoirí a bhaineann le grúpa(í) ar leith a aithint. Pléim straitéisí dlisteanaithe nuachainteoirí i gCaibidil 5 agus breathnaím ar a n-idé-eolaíochtaí i dtaca le ceisteanna canúna agus caighdeáin (mír 5.3.2.). D'fhéadfaí breathnú ar fhoirmeacha teangeolaíocha na rannpháirtithe anseo mar sheasaimh idé-eolaíocha a úsáidtear chun codarsnachtaí a tharraingt le cineálacha cainteoirí eile agus chun iad féin a chur i láthair mar chainteoirí a bhaineann le grúpa ar leith. Go minic, ámh, léiríonn daoine aonair seasaimh fhreasúracha (féach, mar shampla, Ó Murchadha agus Ó hIfearnáin 2018: 465). Baineann impleachtaí féiniúlachta, dar ndóigh, leis na seasaimh sin chomh maith. Ar cheann de ghnéithe na foirme teangeolaíocha, dar le Heller *et al.*, tá na 'guthanna' éagsúla a ghlacann daoine agus mínítear go bhfuil na guthanna sin go minic níos caolchúisí ná foirm fhollasach theangeolaíoch. Míníonn siad anseo tábhacht na nguthanna sin agus is léir a thábhachtaí atá sé anailís a dhéanamh orthu chun idé-eolaíochtaí teanga na rannpháirtithe a fhiosrú:

People are complex social agents who enact different personae (adopt different *voices*), which in turn point towards specific personal, social and ideological *stances* (people are not always 100% behind what they say, they do not always speak with their own words) (*ibid.*, béim sa bhunleagan).

Is féidir foirmeacha agus guthanna teangeolaíocha a chur le chéile chun dioscúrsaí a aithint, 'historically embedded, relatively enduring and systematic ways of signifying events, practices, and relations through semiotic resources' (2018: 105). Dar liom go raibh sé tábhachtach léamh a dhéanamh ar ghuthanna na rannpháirtithe le linn na hanailíse le tuiscint a thógáil faoin mbrí a bhaineann siad as na téamaí éagsúla (.i. na cóid) a tháinig chun cinn le linn na n-agallamh. I bhfocail eile, chuidigh an chéim anailíse seo liom idé-eolaíochtaí teanga a aithint in insintí na rannpháirtithe agus na hidé-eolaíochtaí sin a cheangal le próisis shóisialta nó stairiúla níos leithne.

Mar aon le foirmeacha teangeolaíocha éagsúla a aithint, shíl mé go raibh tairbhe anailíse le baint as cur síos Heller *et al.* ar choincheap na meiteathráchtaireachta. Dar leo go gcuireann daoine an méid a cheapann siad in iúl ar bhealaí éagsúla, follasacha agus folaithe araon, agus iad i mbun cainte. Is meiteathráchtaireacht é seo. Dar ndóigh, tá sé níos fusa na tuairimí follasacha a aithint ach cuirtear tuairimí folaithe in iúl ar shlíthe caolchúiseacha go minic: 'people might sigh, hesitate, reformulate, laugh or comment indirectly' (*ibid.*). Agus mé i mbun tras-scríofa, códaithe agus anailíse ar

shonraí na n-agallamh, bhí mé airdeallach ar na gnéithe éagsúla sin d'iompar teangeolaíoch na rannpháirtithe. Déanfaidh mé achoimre gonta anois ar ghníomhaíochtaí na mapála, an rianaithe agus an nasctha agus léireoidh mé an bhaint a bhí acu le próiseas anailíse an tráchtais.

Mapáil

Féachann an chéim seo den phróiseas anailíse leis na sonraí a bailíodh le linn an obair pháirce a eagrú go córasach bunaithe ar chritéir an taighde. Is léir, mar sin, go bhfuil baint aige leis an bpróiseas códaithe (féach mír 3.4.3.2.) agus le heagrú agus le rangú shonraí na rannpháirtithe féin (féach mír 3.3.1.). Sainmhíonann Heller *et al.* catagóirí mar ‘the various logics or principles that you use to organize, group or sort out your data into an order or into smaller groups’ (2018: 106). Dar leo gurb iad gníomhairí sóisialta ábhartha, na hacmhainní a úsáideann siad, na gníomhaíochtaí ina bhfuil siad páirteach agus na foirmeacha cumarsáideacha a úsáideann siad na catagóirí is tábhachtaí i dtaighde sochtheangeolaíoch chriticiúil eitneagrafaíoch.

Bhain an chéim anailíse seo go dlúth le próiseas na breathnóireachta chomh maith agus mé ag iarraidh ‘patrúin’ sa ghort taighde a aithint. Is léiriú é sin, dar liom, ar a idircheangailte atá an anailís le céimeanna uile an taighde. Dar ndóigh, agus mé i mbun breathnóireachta i spásanna sóisialta éagsúla i gcomhthéacs na Gaeilge, b’éigean dom nuachaintoirí a aithint toisc gurb iad príomhchatagóir anailíse an tráchtais seo. Bhain fochatagóirí leis na rannpháirtithe chomh maith agus rinne mé iad sin a mhapáil go luath sa phróiseas anailíse. Bhreathnaigh mé ar chúlraí pearsanta agus oideachais na rannpháirtithe, mar shampla, agus ar na comhthéacsanna uirbeacha ina raibh siad ag cur fúthu nuair a chuir mé faoi agallamh iad. Bhreathnaigh mé chomh maith, dar ndóigh, ar na spásanna nó grúpaí sóisialta ina raibh siad páirteach. Míonann Heller *et al.* go mbaineann duine amháin le níos mó ná catagóir amháin agus go dtrasnaíonn daoine teorainneacha idir catagóirí go minic (2018: 107; féach chomh maith an plé ar a dhoiléire atá catagóirí teangeolaíoch i mír 1.2.). Agus anailís á déanamh agam ar cheisteanna barántúlachta agus dlisteanachta, mar shampla, bhí tairbhe ag baint le hacmhainní teangeolaíoch na rannpháirtithe a chatagóiriú (.i. tréithe teangeolaíoch a leith ar nós chanúint an rannpháirtí). Míonann Heller *et al.* gur féidir gníomhaíochtaí a mhapáil chomh maith. Dar liom gur bhain tairbhe le hanailís a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na rannpháirtithe, go háirithe agus *mudes* teangeolaíoch a n-aimsiú

ar a gconairí teangeolaíocha (2018: 109). Moltar na catagóirí arbh fhéidir cur síos simplí a dhéanamh orthu agus cinn nach bhfuil chomh simplí a chur san áireamh ar an mapa anailíse ag an bpointe seo. Mínítear go mbaineann tábhacht ar leith le ‘anomalies’ ó thaobh na hanailíse de toisc go dtástálann siad leordhóthanacht na gcatagóirí. Ar an gcaoi sin, mar shampla, bhí sé tábhachtach anailís a dhéanamh ar chonair theangeolaíoch Choilm (féach Caibidil 4) toisc gur tógadh é le Gaeilge, áit ar tógadh na rannpháirtithe ar fad eile leis an mBéarla. Is próiseas lárnach anailíse é an mhapáil toisc go ndírítear aird an taighdeora ar na rudaí go mba cheart scrúdú níos mine a dhéanamh orthu (2018: 111).

Rianú

Breathnaíonn Heller *et al.* ar an rianú mar an chéad mhórchéim eile sa phróiseas anailíse. Baineann an mhapáil, mar a thaispeántar thuas, le catagóirí éagsúla a leagan amach agus cur síos a dhéanamh orthu. Leis an rianú, díritear aird ar ‘the processes involved in how people and resources circulate over space and time, and how activities persist or change’ (*ibid.*). Forbraítear conairí nó patrúin trí bhíthin an rianaithe. Tá na conairí agus na patrúin úd fíorthábhachtach chun an stair a bhaineann le cleachtais shóisialta éagsúla a oibriú amach.

I dtaca leis an tráchtas seo, bhain tairbhe anailíse le próiseas an rianaithe chun *mudes* teangeolaíocha na rannpháirtithe a aithint agus a thuiscint. Bhí sé tábhachtach beathaisnéisí, gníomhaíochtaí agus acmhainní na rannpháirtithe a rianú chun tuiscintí níos mine a fhorbairt i dtaca lena n-idé-eolaíochtaí agus lena bhféiniúlachtaí teanga, mar aon le próiseas dlisteanaithe na n-idé-eolaíochtaí agus na bhféiniúlachtaí sin. Rianaigh mé conairí teangeolaíocha na rannpháirtithe agus anailís á déanamh agam ar shonraí na n-agallamh. Bhí spéis ar leith agam sna pointí criticiúla inar thit athruithe amach ina bpátrúin úsáide teanga, agus sna háiteanna agus na comhthéacsanna inar tharla na hathruithe sin:

Tracing ... helps you discover where and how things happen, in what sequences or cycles, and under what conditions, so that you can take a closer look at why that might be the case. It helps you see how social categories form, and whether they are stable or unified, or shifting and blurry. It helps you see what linguistic resources are valuable for whom, and where and how people deploy them in navigating the varied circumstances of their lives (2018: 113).

Tagaim le Heller *et al.* nuair a mhíníonn siad gur féidir a thábhachtaí atá ceist nó téama ar leith i súile na rannpháirtithe a thuiscint trí na rudaí a deir siad go follasach, nó na rudaí a chuireann siad in iúl ar bhonn níos folaithe, a ransú. Tarraingítear dioscúrsaí difriúla lena chéile a léiríonn cleachtais, caidrimh agus dearcthaí sóisialta idircheangailte (*ibid.*). Dar liom gur bhain tábhacht ar leith le conairí na spásanna taighde ar bhain mé úsáid astu mar shuíomhanna taighde a rianú chomh maith. D'eascair siad ag pointí ar leith, i gcomhthéacsanna ar leith agus ar chúiseanna ar leith. Ina theannta sin, bhí teacht ag rannpháirtithe ar leith orthu ag pointí éagsúla le linn a gconairí teangeolaíocha féin.

Nascadh

Cruthaítear nascanna idir na catagóirí agus na conairí éagsúla a leagadh amach le linn na mapála agus an rianaithe ag an bpointe seo den phróiseas anailíse. Ina theannta sin, forbraítear hipitéisí chun na nascanna sin a mhíniú (2018: 114). Chuige sin, is féidir nascanna a tharraingt trasna chorpas na sonraí. Is féidir chomh maith céanna sonraí an taighde agus torthaí na hanailíse a nascadh le taighde eile ar mhaithe le comparáidí nó codarsnachtaí a léiriú. I mo chás féin, bhain céim an nasctha leis an méid a d'eascair as na hagallaimh a cheangal le gnéithe éagsúla a thug mé faoi deara le linn na breathnóireachta i gcomhthéacsanna taighde an tráchtais. Míníonn Heller *et al.* go mba cheart catagóirí agus conairí – nuachainteoírí agus a gconairí pearsanta agus teangeolaíocha i gcás an tráchtais seo – a nascadh le coinníollacha agus próisis shóisialta níos leithne ag an bpointe seo.

Ní mór a mheabhrú anseo nach bhfuil dóchúlachtaí staitisticiúla á lorg i dtaighde cáilíochtúil, tógachaíoch den chineál seo ach 'substantive, meaningful connections and consequences' (*ibid.*). Baineann luach le próiseas an triantánaithe ag an gcéim seo (féach mír 3.4.) chun an méid a chuirtear in iúl sna hagallaimh a thástáil i dtéarmaí na breathnóireachta agus ábhar eile a bailíodh sa ghort. Míníonn Heller *et al.* go gceanglaíonn céim nasctha na hanailíse tairbhí na heitneagrafaíochta le tairbhí na sochtheangeolaíochta. Cuireann an eitneagrafaíocht míniú toirtiúil ar phróisis shóisialta ar fáil. Féachann cur chuige na sochtheangeolaíochta le scrúdú a dhéanamh ar na foirmeacha teangeolaíocha agus cumarsáideacha éagsúla atá ar fáil don duine agus an gcaoi a n-úsáidtear iad chun teorainneacha a chruthú agus chun luachanna a chur in iúl (*ibid.*). I gcás na féiniúlachta, mar shampla, léiríonn céim anailíse an

Caibidil 3: Modheolaíocht

nasctha go gcruthaítear catagóirí féiniúlachta ar bhonn sóisialta agus stairiúil. Cruthaítear iad ar bhonn dioscúrsach chomh maith le linn na hidirghníomhaíochta suite, is é sin le rá i spásanna sóisialta d'úsáid na Gaeilge nó fiú i gcomhthéacs an agallaimh féin (2018: 115). Caithfear, dar ndóigh, tátail a bhaint as an bhfianaise eimpíreach a chuirtear i láthair le linn chaibidlí na hanailíse. Is cuid riachtanach de chruthú na dtátal é céim anailíse an nasctha:

Connections point to explanations to answer the question: why? Explanations are the bedrock of our claims. More broadly, they allow us to return to our research question and answer not just what, under what conditions, with what consequences for whom, and why, but more broadly, it allows us to answer the question: so what? (2018: 116).

Leagtar amach na tátail a baineadh as an anailís eimpíreach i gCaibidil 7 (mír 7.2.) agus fillfidh mé ar chur chuige Heller *et al.* i dtaca leis an maíomh a dhéanann taighdeoirí bunaithe ar phróisis idircheangailte na mapála, an rianaithe agus an nasctha. Tagróidh mé do na céimeanna anailíse thuasluaite arís le linn na gcaibidlí eimpíreacha.

3.5. Conclúid

Bhí sé mar aidhm agam modheolaíocht an tráchtais a leagan amach sa chaibidil seo. Theastaigh uaim chomh maith míniú a thabhairt ar na huirlisí bailithe agus anailíse a roghnaigh mé chun ceisteanna taighde an tráchtais a fhiosrú. Chuige sin, rianaigh mé bunús teoiriciúil agus eipistéimeolaíoch an deartha taighde. Toisc gur feiniméin shóisialta atá á bhfiosrú sa tráchtas seo, mhínigh mé go mbeadh modheolaíocht an taighde fréamhaithe sna heolaíochtaí sóisialta agus cuireadh seasaimh fhreasúracha an phosaitibheachais agus an tógachaíochais i láthair. Léirigh mé go mbaineann tairbhe le cur chuige tógachaíoch i staidéar cáilíochtúil den chineál seo toisc go bhfuil tuiscintí suibachtúla na rannpháirtithe faoin domhan sóisialta ina maireann siad á lorg agam.

Toisc gur eascair lionsa anailíse an nuachaintora as an tsochtheangeolaíocht chriticiúil, mhínigh mé go mbeinn ag tarraingt ar an réimse sin agus ar réimse na heitneagrafaíochta chun modhanna bailithe agus anailíse an tráchtais a shocrú. As a aithle sin, rianaigh mé fréamhacha na heitneagrafaíochta mar chur chuige agus léirigh mé a thábhachtaí atá aisfhillteachas an taighdeora sa réimse sin. Baineann tábhacht nach beag leis an aisfhillteachas i mo chás féin toisc gur cainteoir Gaeilge mé atá i

Caibidil 3: Modheolaíocht

mbun taighde ar dhaoine atá ‘cosúil liomsa’ ar go leor bealaí. Mhínigh agus chosain mé rogha na suíomhanna agus na rannpháirtithe taighde agus leagadh amach ina dhiaidh sin modhanna bailithe feiliúnacha chun sonraí a bhailiú i dtaighde sochtheangeolaíoch chriticiúil eitneagrafaíoch. Bhailigh mé sonraí an tráchtais trí mheán

- na breathnóireachta;
- an bhailithe ábhar sa ghort agus
- na n-agallamh leathstruchtúrtha beathaisnéiseach

Ar deireadh, thaispeáin mé conas a d’eagraigh agus a d’ullmhaigh mé na sonraí chun anailíse agus leag mé amach próiseas anailíse na sochtheangeolaíochta criticiúla eitneagrafaíche faoi mar a mhíníonn Heller *et al.* (2018) é. Sa chéad trí chaibidil eile, cuirfidh mé na modhanna anailíse a leagadh amach sa chaibidil seo i bhfeidhm ar shonraí na n-agallamh chun fianaise eimpíreach an tráchtais a chur i láthair. Tarraingeoidh mé chomh maith ar mo bhreathnóireachtaí sa ghort, agus tagrófar chomh maith d’ábhar éagsúil a bailíodh le linn an obair pháirce.

Caibidil 4: Réamh*mudes* agus *mudes* sóisialta

4.1. Réamhrá

Is í seo an chéad chaibidil anailíse de chuid an tráchtais. Trí mhionanailís a dhéanamh ar shonraí na n-agallamh beathaisnéiseach, tabharfaidh mé aghaidh ar an gceist taighde seo a leagadh amach i gCaibidil 1:

- Céard a spreagann nuachaintoirí na Gaeilge i dtreo na teanga? Is é sin le rá, cad iad na *mudes* teangeolaíocha a thiteann amach le linn a gconairí teangeolaíocha?

I gCaibidil 2 phléigh mé coincheap an *muda* theangeolaíoch (mír 2.7.2.) agus scagadh taighde comhaimseartha ar *mudes* faoi mar a bhaineann siad le nuachaintoirí teangacha mionlaithe. Thaispeáin mé gur uirlis thairbheach iad na *mudes* chun pointí criticiúla ar chonairí teanga nuachaintoirí a scrúdú agus a thuiscint. Sa chaibidil seo cuirfidh mé an lionsa anailíse sin i bhfeidhm ar shonraí na n-agallamh beathaisnéiseach. Thairis sin, baineann anailís na caibidle seo go dlúth le próiseas anailíse an rianaithe (féach mír 3.4.3.3.) toisc go ransaím conairí pearsanta agus teangeolaíocha na rannpháirtithe ar mhaithe le pointí criticiúla a aithint agus a mhíniú.

Tarraingím ar thaighde na scoláirí a leagadh amach i mír 2.7.2. chun coincheap an *muda* theangeolaíoch a fhorbairt, faoi mar a bhaineann sé le rannpháirtithe taighde an tráchtais. Chuige sin, cuirim romham coincheap an réamh*muda* sa chaibidil seo. Sainmhíním réamh*muda* mar thús na conaire teangeolaíche – an pointe inar spreagadh an rannpháirtí chun an Ghaeilge a fhoghlaim nó an pointe inar spreagadh seasamh idéolaíoch dearfach i leith na teanga. Idirdhealaím idir réamh*muda* agus *muda* toisc nach gá go mbeadh an rannpháirtí ag úsáid na teanga go sóisialta (.i. lasmuigh den chomhthéacs institiúideach) nuair a thiteann réamh*muda* amach. Is gné lárnach de choincheap an *muda* í an úsáid shóisialta agus dá bharr sin áitím go mbaineann tairbhe leis an idirdhealú úd. D’fhéadfaí cur síos a dhéanamh ar na rannpháirtithe mar ‘knowers’ ag pointe an réamh*muda* (O’Rourke *et al.* 2019: 15). Is é sin le rá go bhfuil cumas áirithe Gaeilge bainte amach acu, cumas fulangach ar uairibh, ach nach bhfuil siad go fóill ag labhairt na teanga go sóisialta.

Léiríodh le linn na hanailíse eimpíric gur tharla *muda* ar chonair theangeolaíoch na rannpháirtithe nuair a d’éirigh leo saol sóisialta nua – caidrimh nua a chruthú i

gcomhthéacsanna nua – a bhaint amach trí mheán na Gaeilge. Tugaim *muda* sóisialta ar an bpointe sin agus léirítear sa chaibidil seo a shuntasáí atá sé i gcás na rannpháirtithe taighde. Má ghlacaimid leis go bhfuil úsáid ghníomhach, shóisialta na sprioctheanga ina saintréith de stádas an nuachainteora, is léir go gcaithfear na pointí ag a mbaintear an úsáid shóisialta sin amach a aithint agus a mhíniú. Aithním *muda* sóisialta sa tráchtas seo mar an pointe ag a mbaineann ‘knowers’ stádas an úsáideora amach. Aithníonn O’Rourke *et al.* an t-athrú sin: ‘speakers already have the knowledge; a *muda* occurs when they decide to put the language to practice in daily life and they find the conditions that make it possible’ (*ibid.*). Déanfaidh mé diananailís ar réamhmudes agus ar mudes sóisialta na rannpháirtithe i míreanna 4.2. agus 4.3. faoi seach.

4.2. ‘Sin an áit a thosaigh an Ghaeilge liomsa’: réamhmudes na rannpháirtithe

Mar a míníodh thuas, ní léir go raibh na rannpháirtithe ag baint úsáid ghníomhach, shóisialta as an nGaeilge nuair a tharla réamhmudes go luath le linn a gconairí teangeolaíoch. Is éard a bhí i gceist leis an réamhmuda ná an chéad chéim i dtreo na húsáide nó oscailt súl maidir leis an nGaeilge a chothaigh meon nua i leith na teanga. Dar liom go mbaineann troiméis anailíse leis na réamhmudes toisc gur aithin na rannpháirtithe féin na pointí sin mar mhóimintí claochlaithe tábhachtacha. D’aithin na rannpháirtithe na móimintí claochlaithe sin mar phointí ag ar shealbhaigh siad an teanga nó ag ar cuireadh lena gcumas teanga. Murach an cumas sin, dar ndóigh, ní thitfeadh an *muda* sóisialta amach níos déanaí ar an gconair theangeolaíoch. Cothaíonn agus éascaíonn réamhmudes na rannpháirtithe na mudes sóisialta, mar sin. Tháinig ceithre réamhmuda shuntasacha chun cinn le linn na hanailíse cáilíochtúla:

- réamhmuda scoile
- réamhmuda teaghlaigh
- réamhmuda Gaeltachta
- réamhmuda féiniúlachta

Bhí na réamhmudes éagsúla fite fuaite lena chéile i gcás rannpháirtithe áirithe agus bhí níos mó na réamhmuda amháin i gceist go minic. Déanfaidh mé anailís ar an gceithre réamhmuda i míreanna 4.2.1. go 4.2.4.

**4.2.1. ‘Sheol siad chuig an scoil mé agus thit mé i ngrá leis an nGaeilge’:
réamhmudes scoile**

Ba é an réamhmuda scoile an réamhmuda ba mhinice agus ba shuntasáí a d’eascair as an anailís cháilíochtúil. Áirím sa mhír seo mar réamhmuda scoile tagairtí follasacha a rinne rannpháirtithe do thionchar dearfach na scoile agus/nó do mhúinteoirí scoile (Walsh *et al.* 2015: 20) a d’imir tionchar saineiúil ar an bpróiseas sealbhaithe nó a chothaigh idé-eolaíocht dhearfach i leith na Gaeilge (Walsh agus O’Rourke 2015: 7). Aithníodh réamhmuda scoile i gcás throllach na rannpháirtithe (13). Thairis sin, ba mhinic a bhain réamhmuda Gaeltachta le blianta na scoile chomh maith agus rannpháirtithe áirithe ag freastal ar choláistí samhraidh i gceantair Ghaeltachta (féach mír 4.2.3.). Tá sé suntasach go raibh réamhmuda scoile i gceist i gcás rannpháirtithe a d’fhreastail ar scoileanna lán-Ghaeilge agus Béarla, thuaidh agus theas, araon.

Fuair Doireann a hoideachas ar fad trí mheán an Bhéarla sa Tuaisceart ach rinne sí staidéar ar an nGaeilge mar ábhar scoile ag leibhéal na meánscoile. Tuairiscíonn sí gur fhoghlaim sí ‘cuid mhór’ Gaeilge ar scoil agus go raibh sí in ann ‘comhrá a choinneáil’ sa teanga ag deireadh na tréimhse. Sa sliocht seo a leanas míníonn sí an tionchar dearfach, spreagúil a d’imir múinteoirí scoile uirthi féin agus ar a comhscoláirí. Tarraingíonn sí aird ar mhodhanna neamhfhoirmiúla teagaisc an mhúinteora:

31 Stiofán: An dóigh leat gur fhoghlaim tú / ar fhoghlaim tú mórán ar scoil abair / Gaeilge nó cén chaoi a raibh na múinteoirí agat sa scoil?

32 Doireann: Bhí siad ar dóigh *yeah* / em bhí *like* ba léir go raibh grá acu don Ghaeilge agus bhí / theagasc siad an Ghaeilge / in dóigh cineál / spráúil *like* ní raibh fhios againn go raibh muid ag foghlaim / *so* bhí lear mór amhráin againn / agus bhí *like* is cuimhin liomsa sa dhá bhliain deireanach em / bhí cineál cluiche seo ann is bhí ort na focla ar fad a fhoghlaim agus d’imir muid buachaillí bó / agus bhí achan duine in san rang iontach comórtasach agus fuair tú *like lollipop* nó rud éigin ag an deireadh *so* / sin an dóigh ar fhoghlaim muid cineál fríd cluichí / fríd amhráin fríd rudaí mar sin / *so* / bhí / achan duine rinn cuid mhaith daoine Gaeilge ní mar gheall go raibh suim / an oiread sin suim acu sa Ghaeilge ach / mar gheall go raibh suim acu sna ranganna / agus ansin cineál spreag sin iad dul amach agus / múinteoireacht a dhéanamh nó Gaeilge a dhéanamh

Caibidil 4: Réamh*mudes* agus *mudes* sóisialta

Sonraítear túsphointe foghlama sa líne deiridh thuas agus Doireann ag maíomh gur spreag an múinteoir agus na ranganna na daltaí le ‘dul amach’ agus ‘Gaeilge a dhéanamh’ i ndiaidh na scoile.

Tugtar túsphointe conaire le fios in insint Sheáin sa sliocht seo a leanas chomh maith. Maíonn sé go follasach gur ‘thosaigh’ an Ghaeilge ina shaol le linn bhlianta na scoile i mBéal Feirste. Nochtadh an insint seo ag tús an agallaimh agus Seán á chur féin i láthair:

5 Stiofán: Do scéal agus do thuairimí atá uaim *yeah yeah* chuile shórt mar sin *yeah so*

6 Seán: Bhuel tá’s agat féin Seán [is ainm dom] / tá mé fiche bliain d’aois agus d’fhreastail mé bhuel / is dócha / an áit ar thosaigh / an Ghaeilge i mo shaolsa mar ní raibh cuid ar bith ag an teaghlach *you know so* chuaigh mé ar an naíscoil / eh [áitiúil lán-Ghaeilge] / ansin ar aghaidh go [bunscoil áitiúil lán-Ghaeilge] ansin ar aghaidh go meánscoil / eh [áitiúil lán-Ghaeilge] *so* sin an áit a thosaigh an Ghaeilge liomsa

Ar nós Sheáin, tuairiscíonn Fiachra nach raibh Gaeilge ar bith sa mbaile ná sa cheantar áitiúil agus é ag fás aníos. Admhaíonn sé go raibh ‘an ghráin’ aige ar an nGaeilge mar ábhar scoile go dtí go raibh múinteoirí spreagúla á theagasc. Is léiriú é seo, dar liom, ar an gcaoi a n-athraíonn seasaimh idé-eolaíoch nuachaintoirí i dtaca leis an nGaeilge le himeacht ama ar uairibh. Aithníonn sé pointe sonracha claochlaithe sa sliocht seo a leanas nuair a luann sé an múinteoir idirbhliana a bhí aige:

14 Stiofán: *So* // i dtosach báire saghas do chúlra / b’fhéidir ... do chúlra pearsanta / cár tógadh thú / cár rugadh thú / teangacha a bhí in úsáid agat agus mar sin de

15 Fiachra: As contae [X] dhom / eh níor labhraíodh ach Béarla riamh {gáire} i m’áit dhúchais agus eh / sa teaghlach agus mar sin / em ní raibh aon rud ó thaobh na Gaeilge nó tada mar sin ann chuaigh mé ag bunscoil áitiúil ... chuaigh mé ag meánscoil [áitiúil] / agus eh / glan na fírinne a rá bhí an ghráin ar an nGaeilge faoin am ar tháinig mé ag / an Teastas Sóisearach is dóigh ach eh / bhí / múinteoir / an-spéisiúil agam san idirbhliain ... agus ansin bhí múinteoir nua againn ina dhiaidh sin / a bhí agam don Ardteist / don ardleibhéal Gaeilge agus thug sé cineál spreagadh dúinn

Nuair a d’iarr mé ar Fhiachra an spreagadh a thug an múinteoir sin dó a mhíniú, tuairiscíonn sé gur ‘thosaigh sé ag labhairt i nGaeilge sa rang rud nach ndearna múinteoir [roimhe sin] ... rud chomh bunúsach leis sin’ (**17 Fiachra**). Is cosúil ón

Caibidil 4: Réamhmudes agus mudes sóisialta

méid a deir Fiachra sa sliocht seo a leanas gur thug an múinteoir sin spléachadh ar an nGaeilge mar theanga chumarsáide, shóisialta, seachas mar ábhar scoile amháin, dó. Aithnítear pointe tábhachta claochlaithe arís ina insint:

18 S: [Thug sé deis daoibh] caint a dhéanamh?

19 F: *Just* bhí deis againn mar thug sé bhí sé / bhí sé an cineál spreagúil thug sé cineál / fiú amháin chuaigh muid le haghaidh dráma a fheiceáil trí Ghaeilge / em / dráma a bhí ar an Ardteist / *but* fiú amháin an méid sin féin / em / agus is cuimhin liom cineál iarracht a dhéanamh an lá sin *you know* beagán Gaeilge a labhairt le daoine eile agus muid ag dul chun breathnú air is dóigh gur chonaic mé taobh eile den teanga b'fhéidir leis an múinteoir sin

Ba léir réamhmuda scoile agus dea-thionchar múinteora i gcás Mark chomh maith. Seoladh chuig Gaelscoil áitiúil é sular fhreastail sé ar mheánscoil Bhéarla. Cuireann sé síos sa sliocht seo ar thionchar múinteora ar an spéis a chuir sé sa Ghaeilge. Léirítear go glé anseo gur próiseas leanúnach, incriminteach foghlama a bhí i gceist i súile an nuachainteora seo. D'fhéadfaí breathnú ar an bpróiseas sin mar shampla de réamhmudes carnacha nuachainteoirí (Puigdevall *et al.* 2018: 456):

11 Stiofán: Is as Bleá Cliath duit?

12 Mark: *Yeah ...* em / ach tá corrabairt ag mo Mham agus ag mo Dhaid sílim go raibh siad go maith tráth *but* ní úsáideann siad é *but* em / cuireadh mé féin agus mo dheirfiúr chuig chun eh bunscoil [áitiúil] agus *just* tharla sé go raibh mé go maith ag an teanga / em ina dhiaidh sin / níor fhreastail mé ar mheánscoil lán-Ghaeilge ach *just* bhí múinteoir maith agam / em agus *kinda just* lean mé orm ag cur spéise sa teanga / ag iarraidh *just kind of* / feabhas a chur air uirthi an t-am ar fad

D'fhreastail Sarah ar Ghaelscoil áitiúil freisin agus tuairiscíonn sí 'nach raibh éinne romham leis an nGaeilge' nuair a d'iarr mé uirthi cur síos a dhéanamh ar a cúlra teaghlaigh. Amhail Mark, deir sí gur músclaíodh spéis sa teanga inti le linn na scoile agus is léir óna hinsint an taitneamh a bhain sí as an nGaeilge ar scoil. Sonraítear próiseas leanúnach arís eile anseo agus Sarah ag maíomh go raibh a fhios aici ag an bpointe sin go mbeadh sí ag iarraidh 'leanúint' leis an nGaeilge théis na scoile:

2 Sarah: Seoladh mise ar an nGaelscoil / bhí mise an t-aon duine sa chlann le Gaeilge / *so* seoladh mise chuig an naíonra áitiúil ... *just* thíos an bóthar uainn / *so* thosaigh mé air sin nuair a bhí mé trí bliana d'aois agus / ní raibh éinne romham leis an nGaeilge

Caibidil 4: Réamhmudes agus mudes sóisialta

3 Stiofán: Agus an as [an mbaile sin] duit agus do do mhuintir?

4 Sarah: Is as Bleá Cliath do mo mhuintir / agus bhog siadsan amach ... *just* thíos an bóthar anseo *so* sheol siad chuig an scoil mé agus thit mé i ngrá leis an nGaeilge *just* cheap mé go raibh / bua agam léi ní raibh mórán saghas / iarracht de dhíth *so* bhain mé an-sult as sin *so* sin [ainm na scoile] bhain mé an-sult as an nGaeilge / bhí fhios agam go raibh mé ag iarraidh leanúint leis / bhí deis ann freastal ar / em / iarbhunscoil [in aice le mo bhaile] ach trí Bhéarla a bhí ann / agus ní raibh mórán suime agam i sin toisc go fiú go raibh sé níos // níos gaire don teach agus go raibh sé b'fhéidir níos áisiúla bhí mise ag iarraidh leanúint leis an nGaeilge / *so* chuaigh mise go [meánscoil áitiúil] arís trí mheán na Gaeilge / em d'éirigh go han-mhaith liom ansin / bhí mé mar chinnire Gaeilge agus rudaí mar sin agus / arís ní raibh mórán iarracht de dhíth / leis eh / ó thaobh na Gaeilge de / *so* / agus mé ag dul i dtreo na hArdteiste / bhí mise ag / ag iarraidh an Ghaeilge a dhéanamh / bhí fhios agam ansin

Tá sé suntasach freisin go samhlaíonn Sarah mothúchán an ghrá lena taithí leis an nGaeilge ar scoil. Is gné thábhachtach de na réamhmudes uilig iad na mothúcháin agus na hidé-eolaíochtaí dearfacha a chothaítear i leith na teanga ag na pointí criticiúla úd.

Dar le Cian nár leagadh mórán béime ar an nGaeilge ar an mbunscoil ach gur athraigh sé sin le linn na meánscoile. Tugtar le fios sa sliocht seo a leanas gur imir a chúlra teaghlaigh tionchar suntasach ar a chonair theangeolaíoch freisin, ach is léir an tionchar a d'imir múinteoir áirithe ar an bpróiseas sealbhaithe. Dar le Cian go bhfuair sé tuiscint níos fearr ar an ngramadach ar scoil agus aithníonn sé pointe claochlaithe ar leith i ndiaidh an Teastais Shóisearaigh. Cosúil le Sarah, maíonn sé go raibh sé toilteanach leanúint ar aghaidh leis an nGaeilge dá bharr sin. Tugtar réamhmuda teaghlaigh faoi deara san insint seo a leanas chomh maith (féach mír 4.2.2.):

11 Stiofán: An chuimhin leat an raibh taithí agat leis an nGaeilge / mar ábhar ar an mbunscoil nó ar an meánscoil / múinteoirí maithe agat nó an raibh béim air mar ábhar fiú sa scoil nó aon rud mar sin?

12 Cian: Is dóigh liom nach raibh mórán béim ar an nGaeilge eh sa bunscoil eh bhí múinteoirí maith agam agus eh is cuimhin liom sin ach / bhí an tionchar agus an béim a bhí curtha ar an Gaeilge eh / tagtha ón teach / em ó mo thuismitheoirí ach go formhór ó mo seanthuístí eh sa meánscoil scéal difriúil ar fad a bhí ann eh bhí ana-chuid eh / tionchar curtha ar an Gaeilge dos na eh daltaí a bhí suim acu sa Gaeilge *so* tar éis an em // cén t-ainm atá air sin ní an bunteist an Ardteist

13 S: An Ardteist?

14 C: *No* an ceann eile Teastas Sóisearach an ea?

15 S: Teastas Sóisearach *yeah*

16 C: *Yeah so* tar éis an Teastas Sóisearach eh bhí muid cineál *streamed* don Gaeilge agus bhí mé san ardrang agus em / agus bhí eh múinteoir ... agus bhí sé eh an-mhaith ar fad bhíomar ag staidéar em an Tóraíocht agus rud eicínt mar sin ... fuaireas ana-chuid taithí don gramadach leis an múinteoir sin agus bhí ... *you know* bhí mé sásta dul ar ais leis an nGaeilge mar sin / bhí fhios agam / céard a bhí i gceist maidir leis an tuiseal ginideach agus rudaí

Amhail Cian d'fhreastail Sinéad ar bhunscoil agus mheánscoil Bhéarla. Tuairiscíonn sí nár sheas an Ghaeilge amach i gcomparáid le hábhair eile ag leibhéal na bunscoile: 'dá mba rud é go raibh orm scríobh faoin ábhar ab fhearr liom is cinnte nach raibh an Ghaeilge luaite' (**6 Sinéad**). Dar léi gur athraigh sé sin agus í ar an meánscoil agus is léir arís anseo tionchar dearfach múinteora: '*just* bhí sí ar fheabhas ar fad níor labhair sí focal Béarla ón uair a leagamar cos isteach sa seomra ranga / bhíodh sé de nós aici gach rud a mhíniú as Gaeilge' (**10 Sinéad**). Ar aon dul le Fiachra agus Seán, míníonn sí gur bhain an múinteoir leas as modhanna teagaisc neamhfhoirmiúla, spráúla sa rang agus gur spreagadh í chun blag Gaeilge a scríobh. D'imir an taithí sin tionchar nach beag ar dhearcadh Shinéad i leith na Gaeilge agus ar a cumas teanga chomh maith: 'chuir sé in iúl gurbh fhéidir cineál rud fiúntach a dhéanamh leis an nGaeilge / nár bhain le scrúduithe ... bhí cineál an tionchar *knock-on* seo aige ar mo chuid Gaeilge agus ar mo chuid gramadaí agus gach rud' (**18 Sinéad**). Agus í ag tabhairt faoin Ardteist bhí múinteoir nua ag Sinéad a bhí 'chomh cumasach céanna agus b'fhéidir níos cumasaí fós' (**28 Sinéad**) don rang Gaeilge. Is léir freisin tionchar dearfach an mhúinteora sin ar chumas teanga Shinéad, agus tuairiscíonn sí go mbídís

ag plé ceisteanna gramadaí le chéile ... bhíodh mise ag teacht isteach agus bheadh seisean ag dul agus ag déanamh taighde agus ... bhíomar cineál ar leibhéal níos compordaí mar go rabhamar tagtha cineál níos cóngaraí dá chéile ó thaobh na Gaeilge de agus gach rud ach em // chonaic mé b'fhéidir leis na múinteoirí eile a bhí sa scoil go raibh an t-ádh dearg liom go raibh an bheirt mhúinteoirí sin agamsa (**30 Sinéad**).

Chaith Lisa bliain amháin i scoil chónaithe Ghaeltachta agus tuairiscíonn sí gur imir múinteoir amháin sa scoil sin tionchar dearfach ar a spéis sa teanga. Taispeántar sa

Caibidil 4: Réamhmudes agus mudes sóisialta

sliocht seo gur imir idé-eolaíocht an chaomhnaithe teanga (féach Caibidil 5) tionchar áirithe ar réamhmuda Lisa ach gur nochtadh an idé-eolaíocht teanga sin ar bhealach níos soiléire sa scoil úd:

37 Stiofán: *So spreagadh / chuaigh tú ann mar bhí tú ag iarraidh saghas / feabhas a chur ar do chuid Gaeilge agus pointí arda a bhaint amach? Ach cad a spreag thú ansin chun leanacht ort?*

38 Lisa: *... is dócha / yeah spreagadh an / bhí mé cinnte mar bhí / I don't know bhí daoine ann go háirithe múinteoir / bhuel / bhí cúpla múinteoir ach / múinteoir amháin agus bhí sí an-tógtha leis an nGaeilge agus is dócha saol na Gaeilge agus / you know stair na Gaeilge agus saibhreas Gaeilge agus mar sin de em agus is dócha thuig mé // is dócha gur thuig mé cheana féin go raibh an Ghaeilge tábhachtach agus you know / go gcaithfidimid í a chaomhnú agus mar sin de agus is dócha thuig mé é sin like go láidir tríd na múinteoirí a bhí ann agus is dócha trí // beagán de saol na Gaeltachta a fheiceáil*

Léirítear sa sliocht thuas gur imir taithí Ghaeltachta tionchar ar mheon Lisa i dtaca leis an nGaeilge. Pléifear réamhmuda Gaeltachta Lisa i mír 4.2.3. Mar a míníodh thuas, is minic go mbíonn réamhmudes éagsúla fite fuaite lena chéile ar chonairí teangeolaíoch na rannpháirtithe.

Ar aon dul le Lisa tugtar réamhmuda idircheangailte scoile agus Gaeltachta faoi deara in insint Maria. D'fhreastail sí ar choláistí samhraidh lena comhghleacaithe ranga agus, ar nós Sarah, tuairiscíonn sí gur spreagadh 'grá' don teanga inti de thoradh na dtréimhsí sin. Míníonn sí anseo an tábhacht a bhain le húsáid shóisialta na teanga i gcomhthéacs na Gaeltachta, rud a bhí taitneamhach ina tuairim féin:

1 Stiofán: *Mar a dúirt mé de ghnáth tosaím amach le plé ar do chúlra féin em / do chúlra sa mbaile abair agus ansin / do thaithí leis an gcóras oideachais / agus leis an ollscoil agus mar sin de agus ansin plé ar na / na grúpaí nó / ar na himeachtaí éagsúla em / a bhaineann leis an nGaeilge i do shaol féin / agus do dhearcadh fúthu sin*

2 Maria: *Mo chúlra bhuel mo chúlra maidir leis an Ghaeilge I suppose em thosaigh mé ag foghlaim na Gaeilge nuair a thosaigh mé ar an mheánscoil [sa mbaile] agus / nuair a bhí mé ag // freastal ar an mheánscoil ansin cosúil le neart daoine eile in san rang chuaigh mé chuig na coláistí samhraidh thuas i [nGaeltacht Thír Chonail] / em agus sin sórt nuair a thosaigh cineál grá don Ghaeilge istigh ansin em // mar gheall go*

Caibidil 4: Réamh*mudes* agus *mudes* sóisialta

raibh sé chomh sóisialta agus go raibh sé chomh sultmhar agus bhí gach duine *actually* ó [mo bhaile] ag na coláistí siúd fosta *so* rud / iontach spreagúil a bhí ann ó thaobh na teanga de agus sin an fáth go raibh go leor daoine ag iarraidh / an Ghaeilge a dhéanamh mar gheall go bhfuair tú turas chun na Gaeltachta amach as in amannaí

Fearacht Lisa, léireofar i mír 4.2.3. gur thit réamh*muda* Gaeltachta amach ar chonair theangeolaíoch Aonghuis chomh maith. Ina theannta sin, ámh, aithníonn sé an tionchar a d'imir múinteoirí scoile air agus é ag sealbhú na Gaeilge. Tuairiscíonn sé anseo gur fhás suim sa teanga ann le linn na meánscoile agus tá sé suntasach go dtarraingíonn sé aird ar mhúinteoirí nár chainteoirí dúchais iad a chuir 'an-spreagadh' sna daltaí agus iad ag foghlaim na teanga. D'fhéadfaí a mhaíomh gur bhreathnaigh Aonghus ar na múinteoirí sin mar eiseamláirí teangeolaíoch. Tá an t-idirdhealú a dhéanann sé idir cainteoirí dúchais agus cainteoirí a chontae dúchais féin tábhachtach, dar liom. I dtaca le féiniúlacht Aonghuis mar chainteoir Gaeilge, gach seans gur bhreathnaigh sé ar na múinteoirí úd mar dhaoine a bhí 'cosúil leis'. Chuir mé ceist air maidir leis an bhfás a tháinig ar an tsuim a chuir sé sa Ghaeilge de réir a chéile:

30 Aonghus: ... bhí mé maith ag an nGaeilge ar scoil i gcomparáid / ní raibh mórán dúil agamsa sa / em / sna heolaíochta nó fiú matamaitice bhí mé an-tugtha don / em leis an Bhéarla / leis an stair / leis an cheol / em agus ba bhreá liom bhí an-dúil agamsa aistí a scríobh in áit em / rud éigin a bhfuil níos mó foirmle i gceist / em / *so* sin d'fhorbair mo shuim ina dhiaidh sin agus em bhain mé sult as an fhilíocht agus mé ag an meánscoil ... agus bhí múinteoirí maithe agamsa agus é sin criticiúil ... cainteoirí eh ó [mo chontae féin] a bhí ann fosta chan cainteoirí dúchasacha / ach em daoine a chuir an-spreagadh ionat agus tú ag foghlaim na teanga fosta / chuidigh sé sin go mór liom *so* bhí ceathrar / de mhúinteoirí agamsa em / thar na seacht mbliana a chaith mé ann agus bhí siad fíor-mhaith ar fad

Míníonn Síle gur fhoghlaim sí a cuid Gaeilge ar scoil nuair a chuir mé ceist uirthi faoina cúlra teangeolaíoch: 'is as Baile Átha Cliath mé / níl mé as an Gaeltacht nó aon rud mar sin / em agus *just* d'fhoghlaim mé ar scoil' (**14 Síle**). D'fhreastail sí ar scoileanna Béarla ach tuairiscíonn sí go raibh 'suim' aici sa Ghaeilge ar an meánscoil agus go ndearna sí 'iarracht' leis an ábhar. Murab ionann agus rannpháirtithe eile, ámh, ní sheasann múinteoirí maithe ar leith amach di, ach tá sé suntasach go n-aithníonn sí an bunchumas teanga a shealbhaigh sí ar scoil, cé nár thuig sí an tábhacht a bhain leis ag an am:

Caibidil 4: Réamhmudes agus mudes sóisialta

21 Stiofán: Em agus maidir le múinteoirí agus mar sin de an raibh múinteoirí maithe agat abair múinteoirí Gaeilge mar deireann go leor daoine go raibh oh is cuimhin liom go raibh múinteoirí iontach Gaeilge agam agus mar sin de?

22 Síle: *Yeah no* i ndáiríre *no* i mbunscoil bhí an caighdeán maith agus déarfainn ní raibh a fhios agam ag an am *you know* ach thug sin *like base* / maith dom *you know* em / *then* i meánscoil // *no like* níor thug aon múinteoir a lán / inspioráid dom i ndáiríre *like* bhí siad

23 S: Agus cén fáth a raibh spéis agat sa Ghaeilge an dóigh leat?

24 Síle: *I don't like* níl fhios agam i ndáiríre / *I think* *like* is maith liom *just* ag labhairt as *or* ag caint as / teanga eile / agus // *I dunno* *like* ní mhothaím aon *like* *patriotism* nó aon rud leis *just* em / is maith liom / an Ghaeilge

Diúltaíonn Síle go follasach d'aon spreagadh féiniúlachta nó polaitíochta sa sliocht thuas agus í ag maíomh nach raibh 'tírghrá' i gceist lena spéis sa teanga. Is cosúil go n-eascraíonn an spéis atá aici sa Ghaeilge as an taitneamh a bhain sí as foghlaim teangacha ar scoil. Is léir arís anseo tionchar na mothúchán dearfach ar an réamhmuda.

D'fhreastail Megan ar shruth lán-Ghaeilge i scoil Bhéarla ach ní léir gur imir an tréimhse sin mórán éifeachta ar a meon i leith na teanga. Dar léi go raibh laigí ag baint leis an gcóras agus maíonn sí gur imir na laigí sin tionchar diúltach ar dhearcthaí dhaoine áirithe i leith na Gaeilge:

9 Megan: ... *like* ní raibh Gaeilge sa mbaile nó tada againn em ach bhíodh clann trasna an bhóthair *so I think* go raibh tionchar aige sin ar an / rogha ag mo thuismitheoirí muid a chur ag Gaelscoil em / níor éirigh leis an sraith Ghaelach *really* i scoil Béarla / *just* ní raibh cuid de na leabhra ar fáil as Gaeilge ní raibh ag cuid de na múinteoirí em *like* an cúrsa eolaíochta rinne muid trí Bhéarla é agus ansin *say* coicís roimh an scrúdú tugadh liosta foclóir le foghlaim *do you know* ní / ní córas ceart a bhí ann

10 Stiofán: Sin scéal coitianta go maith déarfainn

11 M: *Yeah* agus sílim *like* liomsa ní dóigh liom gur chuir sé isteach nó amach orm *really* níor chuimhnigh mé air ag an am ach bhí go leor daoine a bhí sórt / feargach faoi sin is dócha ag an am agus / nach bhfuil Gaeilge fós acu is dócha nó sórt a d'éirigh as nó / chaill siad a spéis

Caibidil 4: Réamhmudes agus mudes sóisialta

Dar léi gur chaill sí spéis sa teanga le linn na tréimhse sin agus deir sí ‘nuair a bhí mé ag dul ar an ollscoil ní em / ní sórt *factor* a bhí ann / ní dhearna mé Gaeilge don chéad bhliain’ (**15 Megan**) agus is sampla eile é sin d’athruithe meoin i dtaca leis an nGaeilge le linn na conaire teangeolaíche (féach Woolard 2011). In ainneoin sin, ámh, áithnítear réamhmuda scoile i cás Megan de bharr an bhunchumais teanga a bhain sí amach ag an bpointe sin. Léireofar i mír 4.3. gur éascaigh bunchumas Gaeilge *muda* sóisialta Megan, a thit amach ar an ollscoil. Míníonn sí sa sliocht seo a leanas dea-thionchar mhúinteoirí na scoile in ainneoin na laigí a d’aithin sí le leagan amach an tsrutha lán-Ghaeilge:

20 S: Agus cad *just* em // ó thaobh na scoile de ar an é go raibh sibh ag labhairt Gaeilge ar an scoil? mar tá taithí agam féin air *like* d’fhreastail mise ar mheánscoil lán-Ghaeilge ach bhíomar ag labhairt i mBéarla an t-am ar fad

21 M: *Yeah* em ar an mbunscoil caithfidh mé a rá deir siad anois nach mbíonn em sé ar an gclós acu agus *do you know* agus go n-iompaíonn siad ar an mBéarla ach ní raibh sé sin fíor linne / em ach *yeah* ar an meánscoil d’athraigh sé sin go mór is cuimhneach liom fiú em mar bhí sórt seomra ag chuile rang em am lóin agus mar sin agus chuir siad muidne *do you know* taobh amháin don scoil agus chuile dhuine eile ar an taobh eile ag ceapadh go gcloífeadh muid leis an nGaeilge agus muid le chéile *but sure* ní oibríonn sé sin le déagóirí ar chor ar bith / em agus níor fhan muid sa seomra ar ndóigh em *so no* is Béarla a bhí againn don chuid is mó agus toisc nach raibh Gaeilge ag cuid go na múinteoirí fiú ní raibh Gaeilge in úsáid againn

22 S: Ok *so* is locht mór a bhí ansin?

23 M: *Yeah now* bhí cúpla múinteoir againn em beirt as [an nGaeltacht] *actually* agus bhí siad sin ar fheabhas / em / agus *I think* murach iad sin bheadh níos mó cailte againn

D’fhreastail Diarmuid ar náiscoil, bunscoil agus meánscoil lán-Ghaeilge i mBéal Feirste. D’fhéadfaí an réamhmuda seo a rangú chomh maith mar réamhmuda teaghlaigh nó réamhmuda féiniúlachta toisc go dtarraingíonn Diarmuid ar an dá théama sin sa sliocht seo a leanas. Tugtar le fios freisin gur sholéirigh sé a mheon i leith na Gaeilge agus é ar scoil. Is léiriú eile é seo ar an gcaoi a mbíonn réamhmudes éagsúla idircheangailte le linn na conaire teangeolaíche. Leagtar amach go follasach anseo féiniúlacht phoblachtánach Dhiarmuda (féach chomh maith mír 4.3.3. do

Caibidil 4: Réamhmudes agus mudes sóisialta

thionchar an náisiúnachais Éireannaigh agus an phoblachtánachais ar *muda* sóisialta an rannpháirtí seo) agus tuairiscíonn sé gur bhain an Ghaeilge leis an bhféiniúlacht sin ar bhealach teibí. Tá tionchar na múinteoirí ar réamhmuda Dhiarmuda suntasach arís anseo:

18 Diarmuid: Is cuimhin liomsa / le linn mo chuid scolaíochta ar fad *do you know* bhí / d’imir na coinníollacha nó d’imir cineál an atmaisféar a bhí lasmuigh den scoil tionchar bhuel ní tionchar aidhe tionchar ar mo chuid scolaíochta is cuimhin liom / is cuimhin liom ag suí sa charr agus mé cibé aois agus ag rá *Da caidé* atá ag tarlú ansin agus eisean ag rá liom *‘fuckers are blocking the road’* arís

19 Stiofán: *So* de réir a chéile thosaigh tú ag smaoineamh faoin bpolaíocht ag an bpointe sin ach an raibh nasc / nó an bhfaca tusa nasc idir sin agus an Ghaeilge / ag an bpointe sin?

20 D: *No* / ní *so* is cuimhin liom *just*

21 S: *So* tháinig an pholaíocht ar dtús abair?

22 D: Tháinig an / is cuimhin liom ag cur ceist ar mo *Da* is ag fás aníos is cuimhin liom gur chuir m’athair / an bratach *and all* amach ar Domhnach na Cásca agus gur raibh orainn lile na Cásca a chaitheamh agus *like* ní raibh fhios agam riamh caidé a bhí ann bhí fhios agam gur Éireannach a bhí ionam is cuimhin liom *like* ó aois óg bhí fhios agam gur Éireannach a bhí ionam a bhí paiseanta agus go raibh / ag caint na Gaeilge gurb í an Ghaeilge teanga na hÉireann *but* ní raibh aon / dámh nó *like* / suim mór agam sa Gaeilge nó cibé rud *it was just / I speak / Irish / do you know* sin a bhí ann *and then* is cuimhin liom thart fá rang a seacht / thosaigh mé cineál / bhuel nuair a bhí mé *like* thart fán a haon déag go dtí go raibh mé thart fá cúig bliana déag d’aois bhí mé iontach náisiúnach in sa mhéad is go raibh / fuath agam ar Sasanaigh go raibh fuath agam ar an Bhreatain ... agus fuath agam ar cibé rud agus cineál / chuaigh sin i bhfeidhm *then so* ar an / ón chéad go dtí an ceathrú bhliain arís eile níor labhair mé mórán Gaeilge ar an mheánscoil ...

Tráchtann Diarmuid ar dhea-thionchar na múinteoirí scoile sa chéad sliocht eile seo agus dar leis go raibh siad ‘iontach spreagúil’. Bíodh is go bhfuil cúrsaí féiniúlachta agus polaitíochta lárnach in insint Dhiarmuda, tugtar le tuiscint gur tharraing sé nasc idir na ceisteanna sin agus an Ghaeilge de bharr thionchar na scoile:

23 S: Ach rinne tú na hábhair ar fad trí Ghaeilge?

24 D: Rinn mé na hábhair ar fad trí Ghaeilge ansin cineál sa dara bhliain bhí múinteoir bhuel no sa chéad bhliain / bhí múinteoirí iontacha agam ar an mheánscoil agus múinteoirí a rinn a bpáirt agus cibé rud agus a raibh spreagúil a rinn rudaí dochreidte agus em / sílim an uair cineál domhsa go pearsanta a dúirt mise go rinn mise nasc idir an Ghaeilge agus an pholaitíocht i gceart agus gur / cineál gur aithin mé // cineál gur fhorbair mé / fhorbair mo chuid polaitíochta agus an duine a bhí ionam nó cineál an carachtar atá agam ná sílim go raibh mé sa cúigiú bliain bhí mé thart fá cúig déag nó sé déag agus is cuimhin liom / ag múscailt bhuel ní ag múscailt ní raibh ... *like* níor thit úll ar mo cheann agus dúirt mé *eureka but* is cuimhin liom ag rá ag glacadh cinneadh cineál / comhfhiosach // go mbeinn // ag déanamh níos mó iarrachta leis an teanga go mbeinn ag déanamh gníomhach chonaic mise an nasc agus an tábhacht a bhí ann leis an athbheochan teanga agus cultúrtha agus cibé rud agus cineál / cineál ag iarraidh mo féiniúlacht a chur in iúl agus a chur i láthair go raibh seo go ríthábhachtach

Léirítear go follasach sa sliocht thuas gur próiseas carnach foghlama a bhí i gceist agus Diarmuid ag séanadh gur tharla ‘múscailt’ thobann féiniúlachta agus é ar scoil. De rogha air sin, chlaochlaigh a thuiscint pholaitiúil de réir a chéile agus é spreagtha, de réir a insinte féin, ag idé-eolaíocht an chaomhnaithe teanga. Tá sé suntasach go n-aithnítear an cinneadh ‘comhfhiosach’ a ghlac sé chun níos mó iarrachta a dhéanamh chun an teanga a úsáid go gníomhach (féach an plé i rannóg 2.3.1. ar ghníomhúchán an chainteora agus ar théamaí na hidé-eolaíochta agus na féiniúlachta). Amhail na rannpháirtithe eile, ní léir gur éirigh le Diarmuid úsáid shóisialta na teanga a bhaint amach lasmuigh den chomhthéacs institiúideach ag an bpointe sin. Is cosúil, ámh, gur bhain tábhacht le tréimhse na scoile agus idé-eolaíochtaí dearfacha i leith na teanga á bhforbairt aige. Sa chéad mhír eile déanaim anailís ar réamhmudes teaghlaigh na rannpháirtithe.

4.2.2. ‘D’fhás muid aníos le meon Gaelach’: réamhmudes teaghlaigh

Áirím tagairtí follasacha na rannpháirtithe do thionchar a gcúlraí pearsanta ar fhoghlaim na Gaeilge nó ar a meon i leith na teanga mar réamhmudes teaghlaigh sa mhír seo. Aithníodh réamhmuda teaghlaigh i gcás cúigear rannpháirtithe le linn na hanailíse cáilíochtúla. I gcás ceathrar acu sin bhí réamhmuda scoile i gceist chomh maith (féach mír 4.2.1.).

Murab ionann agus na rannpháirtithe eile, tógadh Colm le Gaeilge i mBéal Feirste. D'fhéadfaí a rá, mar sin, mar dhuine ar tógadh le teanga mhionlaithe é lasmuigh de cheantair thraidisiúnta na teanga sin, go bhfuil Colm lonnaithe ar theorainn shamhailteach idir coincheapa an nuachainteora agus an chainteora dúchais (féach 'anomalies' i gcur síos Heller *et al.* ar chéim anailíse na mapála i mír 3.4.3.3.). Scríobhann Ó hIfearnáin, mar shampla, go bhfuil na teorainneacha samhailteacha sin ag éirí níos póiriúla agus níos lú tábhachta ag baint le cúlra an chainteora (2018: 160). Tá sé tábhachtach, dar liom, anailís a dhéanamh ar chonair theangeolaíoch Choilm ar an gcaoi chéanna leis na rannpháirtithe eile. Chuige sin, cuirim san áireamh sa mhír seo é toisc gur léiríodh le linn an agallaimh (féach mír 4.3.) go raibh air *muda* sóisialta a dhéanamh, fearacht na rannpháirtithe eile, chun comhthéacsanna nua úsáide a bhaint amach lasmuigh den chóras oideachais agus, ina chás féin, lasmuigh de chomhthéacs an teaghlaigh. Áirím, mar sin, na tagairtí a rinne sé dá chúlra teaghlaigh mar réamh*muda* sa mhír seo toisc nach raibh an Ghaeilge in úsáid go sóisialta aige ag an bpointe sin. Dar ndóigh, ba é cúlra teaghlaigh Choilm an cúlra ba láidre agus ba shuntasáí i measc na rannpháirtithe ó thaobh an tsealbhaithe agus idé-eolaíochtaí dearfacha de, mar a shonraítear sa sliocht seo a leanas:

1 Stiofán: Em / *so yeah* do chúlra nó do scéal

2 Colm: Cúlra scéal eh // eh / tógadh le Gaeilge mé / anseo i mBéal Feirste / em tuismitheoirí / bhí siad mar chuid de / déarfainn de athbheochan na Gaeilge anseo i mBéal Feirste nó an dara céim / em / bhunaigh // ... bhí siad beirt cineál lárnach i mbunú [eagraíochtaí agus tograí éagsúla Gaeilge] agus rudaí mar sin *so* / sin an cineál comhthéacs inar fhás mé aníos bhí pobal cineál gníomhach do dhaoine fásta ann ag an phointe sin em mo thuismitheoirí ina measc ... agus mé níos óige bheadh Gaeilge sa teach bheadh // d'fhreastail mé ar naíscoil Gaeilge ar bhunscoil Ghaeilge agus ar an mheánscoil ansin

Léirítear sa sliocht seo a leanas a dhúshlánaí a bhí sé *muda* sóisialta a dhéanamh i gcás Choilm in ainneoin a chúlra teaghlaigh. Dar liom go dtaispeánann sé seo, arís, go mba cheart anailís a dhéanamh ar chonair theangeolaíoch Choilm ar an gcaoi chéanna leis na rannpháirtithe eile nár tógadh leis an teanga toisc gur bhain deacrachtaí agus dúshláin araon le labhairt na teanga sa chomhthéacs sóisialta. Tugtar le fios a cheannasaí a bhí an Béarla mar theanga shóisialta an phobail trí chéile. Maíonn sé gur

Caibidil 4: Réamhmudes agus mudes sóisialta

chúlaigh sé féin ó phobal na Gaeilge sa chathair de réir mar a chúlaigh a thuismitheoirí ón ngníomhaíochas:

7 S: An as [an áit a bhfuil cónaí ort] do thuismitheoirí?

8 C: *No* is as [contae eile] do mo mhamaí *so* / múinteoir Gaeilge // a hathair / agus d'fhoghlaim m'athair / eh Gaeilge ar an ollscoil agus ó sin cineál tarraingíodh iad isteach i saol na Gaeilge an t-am sin em anseo in ollscoil i mBéal Feirste agus ansin mar chuid den athbheochan a bhí ar siúl i mBéal Feirste ag an am / em agus aidhe *so* cineál / nuair a bheinn le mo thuismitheoirí / saol na Gaeilge den chuid is mó a bhí i gceist eh ... agus ansin cineál bhí b'fhéidir saol eile ann *so* / i ndiaidh na scoile go minic ... mar gheall go raibh mo thuismitheoirí ag obair d'fhan mé le / bean a ba ghnáth / amharc i mo dhiaidh / agus em / *I suppose* Béarla acusan Béarla ag na cairde ar an tsráid em chan Gaeilge agus cibé *so* / sin bhí an cineál an ... dá thaobh sin ann b'fhéidir / em agus mhair sin / go dtí go raibh mé ar an mheánscoil b'fhéidir nó díreach roimhe sin agus sin b'fhéidir d'éirigh mo mhamaí mo thuismitheoirí as a bheith chomh / gníomhach sin *I mean* bhí siad ag dul le fiche bliain nó / mar sin ag an phointe sin agus ... mar sin de nach raibh mise chomh / suite sin / in sa phobal sin

Taispeánadh i mír 4.2.1. gur tharla réamhmuda scoile i gcás Sheáin ach, amhail rannpháirtithe eile, léiríodh le linn an agallaimh go raibh réamhmuda teaghlaigh i gceist chomh maith. Tuairiscíonn sé sa sliocht seo go raibh teaghlach 'poblachtánach' aige (féach an plé ar réamhmuda scoile Dhiarmuda i mír 4.2.1.) agus cé nach raibh Gaeilge ag a thuismitheoirí maíonn sé go raibh dearcadh dearfach acu i leith na teanga. Aithníonn sé gurbh iadsan a 'bhrúigh' i dtreo shealbhú na Gaeilge é. Léirítear tábhacht an réamhmuda go glé anseo agus Seán ag míniú a chlaochlaithí a bhí sé 'blaisín' a fháil den teanga:

43 Stiofán: Agus ar roghnaigh do thuismitheoirí / tusa a chur go / scoil Ghaeilge?

44 Seán: *Yeah* náiscoil agus meánscoil / *or* náiscoil agus bunscoil *now* bhí mise ag iarraidh dul go / meánscoil i mBéarla mar bhí mo chairde ag dul ann / em bhí mé *like* deich haon déag *or something so* buíochas le foc ná raibh an rogha agam bhí mo mhamaí *like no* tá tú ag dul go meánscoil *so I was like* / ar buile ar feadh seachtain *but*

45 S: *So* bhí spéis acu sa teanga freisin cé nach raibh

46 Seán: *Yeah yeah* go hiomlán *like I mean* / bhí teaghlach i gcónaí *like* poblachtánach agam fiú nach ndearna siad iarracht Gaeilge ar bith a fhoghlaim / riamh *like but* em /

Caibidil 4: Réamhmudes agus mudes sóisialta

bhí i gcónaí an-spéis acu sa teanga agus em / ag cur chun cinn an teanga ... tá i gcónaí fíorbhród ar mo mháthair agus a leithéid nuair a fheiceann sí go bhfuil mé ag déanamh rud éigin / bainteach leis an teanga / i mBéal Feirste nó cibé áit / so iadsan cineál a bhrúigh / mé chun *you know* an teanga *but* chomh luath is a fuair mé blaisín den teanga *I was just like* focain seo mo shaol tá mé ag iarraidh mo shaol a chaitheamh mar seo

Pléadh réamhmuda scoile Aonghuis i mír 4.2.1 agus léireofar i mír 4.2.3 gur imir taithí Ghaeltachta tionchar ar a chonair theangeolaíoch freisin. Mar aon leis na réamhmudes sin, is léir gur imir cúlra teaghlaigh Aonghuis tionchar ar a mheon i leith na Gaeilge. Dar leis go raibh ‘meon Gaelach’ sa teach agus é ag fás aníos. Is é sin le rá gur cothaíodh spéis sa cheol agus sa chultúr ‘Gaelach’ agus tuairiscíonn sé go raibh an Ghaeilge ina cuid thábhachtach den tuiscint chultúrtha sin, bíodh is nach raibh an Ghaeilge in úsáid sa bhaile:

7 Stiofán: Cén aois thú anois?

8 Aonghus: Cúig bliana is fiche / cúig bliana is fiche agus em is as [contae] mo Dhaidí / an áit cheanann céanna an ceantar céanna a rugadh is tógadh eisean fosta agus b’as Alban / a shinsear féin agus ansin is as [contae eile] mo Mhamaí ... gnáth oideachas agus mé ag fás aníos tá deartháir amháin agamsa triúr deirfiúracha agam / em

9 S: Triúr?

10 A: Triúr *yeah* em / sórt bhí an teach píosa beag craiceáilte agus muid ag fás aníos toisc go raibh muid chomh dlúth lena chéile ... bhí i gcónaí craic sa teach eh teach ceolmhar an chuid is mó den am toisc go seinneann an beirt thuismitheoirí ceol em agus d’fhás muid aníos leis an cheol traidisiúnta d’fhás muid aníos le meon Gaelach i gcónaí ainmneacha Gaelacha againn uilig em / agus bhí muid i gcónaí / em ar airdeall faoi stair na Gaeilge ar / em gabh mo leithscéal stair na hÉireann agus rudaí mar sin

Faightear léargas ar a idircheangailte atá réamhmudes nuachainteoirí in insint Aonghuis agus léirítear arís gur próiseas carnach atá i gceist go minic. Admhaíonn Aonghus gur fhás a spéis sa teanga ‘de réir a chéile’ agus é níos óige. Tarraingíonn sé arís ar thimpeallacht ‘Ghaelach’ an teaghlaigh sa sliocht seo agus an tionchar a d’imir TG4 ar a chumas teanga ag an am, dar leis. D’fhéadfaí an réamhmuda seo a áireamh mar réamhmuda féiniúlachta (féach 4.2.4.) ach pléim anseo é toisc gurb é comhthéacs an teaghlaigh a luann Aonghus agus gnéithe ‘Gaelacha’ a óige á rianú aige. Luann sé

Caibidil 4: Réamh*mudes* agus *mudes* sóisialta

tréimhse Ghaeltachta ag deireadh an tsleachta agus déantar anailís ar réamh*muda* Gaeltachta Aonghuis i mír 4.2.3.:

29 S: Ok / *so* nuair a thosaigh tú ansin leis an nGaeilge // cén chaoi ar tháinig forbairt air ina dhiaidh?

30 A: Em / sílim *just* eh bhí / bhí achan rud fite fuaite / bhí mo shaol sórt timpeallaithe ar rudaí a bhí Gaelach cheana féin / tá mé ag seinm ceol traidisiúnta ó bhí mé an-óg *so* bhí an cúlra sin i gcónaí sa teach em imrímse peil Ghaelach ... sílim gur fhorbaigh mo shuim de réir a chéile mar gheall ar rudaí aisteacha agus smaointí fánacha / is cuimhin liom amharc ar chluichí sraithe ar TG4 bhí TG4 i gcónaí ann ... is cuimhin liom amharc ar chluiche sraithe em / sa pheil Ghaelach agus san iománaíocht ar TG4 an Domhnach agus bhí struchtúr agamsa don Tuiseal Ginideach nár thuig mé ag an am cosúil le ‘i lár na páirce’ / fiú *so* bhí fhios agam ‘thar an trasnáin’ ‘i lár na páirce’ em ‘calaois déanta’ sula raibh aon chliú agamsa cad is a bhí / ‘chuaigh mé’ nó ‘rinne mé’ nó rudaí bunúsacha mar sin / ansin thosaigh mé ag dul chun na Gaeltacha le mo chairde ina dhiaidh sin ag déanamh cúrsaí

Murab ionann agus rannpháirtithe eile luann Cian tionchar a sheantuismitheoirí, seachas a thuismitheoirí, ar a mheon i leith na Gaeilge sa sliocht seo a leanas. Tuairiscíonn sé go raibh go leor Gaeilge ag triúr seantuismitheoirí agus gur chothaíodar ‘bród’ agus ‘suim’ sa teanga ann. Dar leis gur spreagadar é chun leanúint leis an nGaeilge i ndiaidh na scoile:

5 Stiofán: *So* bhí Gaeilge ag do sheanmháthair mar sin?

6 Cian: Bhí Gaeilge ag eh ag gach ceann dos ... mo seantuismitheoirí ach amháin em mo sean / athair ar taobh m’athar eh *now* bhí roinnt Gaeilge aige ach ní bhíodh sé ag labhairt Gaeilge mar sin ach na triúr eile bhí ana-chuid Gaeilge acu agus déarfainn féin go raibh an tionchar a bhí ar mo seanthuistí ormsa / ceann dos na / fáth go raibh suim agam sa Gaeilge go raibh / bród agam sa Gaeilge agus gur lean mé féin leis an Gaeilge tar éis an scoil

Tugtar cosúlachtaí faoi deara idir cúlra teaghlaigh Shéain agus Dhiarmuda i dtaca le tionchar a dtuismitheoirí ar a meon i leith na Gaeilge. Tuairiscíonn Diarmuid nach raibh Gaeilge sa mbaile agus é ag fás aníos ach san am céanna tugtar le fios gur baineadh úsáid shiombalach, theoranta as an nathanna beaga ar uairibh. Is léir mar sin féin go raibh dearcadh dearfach i leith na teanga ag a theaghlach. Léirítear ag deireadh

an tsleachta arís nach ionann réamhmuda, ná idé-eolaíochtaí dearfacha i leith na Gaeilge ag tús na conaire teangeolaíche, agus úsáid shóisialta na Gaeilge. Tugtar le tuiscint in insint Dhiarmuda gur tharla an *muda* sóisialta níos déanaí (féach mír 4.3.) agus pointe claochlaithe ar leith luaite go follasach aige:

8 Stiofán: An raibh Gaeilge ar bith sa mbaile?

9 Diarmuid: *No* ní raibh bhuel bhí athair s'agam sílim ag ... bhí m'athair sa Ghaeltacht agus é in aois cúig déag thosaigh mo mháthair ar ranganna Gaeilge nuair a thosaigh mise sa náiscoil go mbeadh sé de chumas aici / cineál an léitheoireacht a dhéanamh liom agus nuair a tháinig mé abhaile ón scoil em *so tá // ó* nuair a bhí mé óg sa bhaile bhíodh mo tuistí in ann a rá liom *do you know* 'bí ciúin' 'suígh síos' 'dún an doras' ... agus a leithéid agus 'bí ciúin' 'gasúr dána' 'gasúr maith' / cibé rud ba ghnách le Gaeilge / *like* / labhartha a bheith ag m'athair / níl faoi láthair na huaire em agus mo mháthair chomh maith tá sí in ann léitheoireacht a dhéanamh / em thosaigh mo sheanathair ar ranganna Gaeilge nuair a thosaigh mise / ar an bhunscoil i gceart *so* is cuimhin liom ag fás aníos go mbeinn ag tabhairt cuidiú dó *but* seachas sin i mo shaol pearsanta ní raibh aon cineál / ní raibh aon duine gur labhair mé leis as Gaeilge lasmuigh de scoil go dtí go raibh mé sa mheánscoil em

Sa chéad mhír eile scagaim réamhmudes Gaeltachta na rannpháirtithe.

4.2.3. 'Bhí grá againn ar fad don Ghaeltacht': réamhmudes Gaeltachta

Is éard atá i gceist le réamhmuda Gaeltachta ná tagairtí a rinne rannpháirtithe do thréimhsí a chaitheadar sa Ghaeltacht go luath ar a gconairí teangeolaíocha. Spreag taithí Gaeltachta spéis sa teanga i gcás rannpháirtithe áirithe agus, lena chois sin, cothaíodh idé-eolaíocht dhearfach i leith na Gaeilge agus/nó na Gaeltachta i gcás rannpháirtithe eile. Dealraíonn sé gur thit réamhmuda Gaeltachta amach i gcás cúigear rannpháirtithe. Bhí réamhmuda scoile i gceist chomh maith i gcás ceathrar acu sin agus i gcás Aonghuis, thug mé réamhmuda scoile, teaghlaigh agus Gaeltachta faoi deara. Bhain an réamhmuda Gaeltachta le blianta na scoile i gcás ceathrar rannpháirtithe (.i. coláiste samhraidh nó cúrsa Gaeltachta le linn na scoile).

Pléadh an tionchar a d'imir na múinteoirí i scoil chónaitheach Ghaeltachta ar Lisa i mír 4.2.1. ach áitím go mba cheart réamhmuda Gaeltachta a aithint sa chás seo freisin toisc go gcuireann sí síos ar éifeacht chomhthéacs na Gaeltachta ar a seasamh idé-

Caibidil 4: Réamh*mudes* agus *mudes* sóisialta

eolaíoch i leith na teanga. Tuairiscíonn sí sa sliocht seo a leanas gur chaith sí sealanna i mbailte Gaeltachta le linn na bliana sa scoil chónaitheach agus gur cothaíodh idé-eolaíocht an chaomhnaithe teanga inti de thoradh na gcuartheanna úd. Dar léi gur spreagadh í chun a ‘ról a líonadh’ i gcaomhnú agus i gcur chun cinn na Gaeilge ina dhiaidh sin (féach tionchar na ceannairceachta ar *mudes* sóisialta i mír 4.3.3.):

39 Stiofán: Ar chaith sibh / aon am sa Ghaeltacht féin?

40 Lisa: Níor chaitheamar mórán ama / *no* níor chaitheamar mórán ama lasmuigh den scoil ach anois is arís *like* is cuimhin liom chuamar *like* go dtí seó na Nollag sa [bhaile áitiúil] agus *you know* sna bailtí beaga timpeall [na Gaeltachta sin] agus nuair a bhí mo thuismitheoirí thíos ag amantaí nó eh / chuamar go / *you know* [baile áitiúil] nó *you know* bailte eile atá thart timpeall agus thuig mé *you know* / is rud an antábhachtach í an Ghaeilge agus tá *you know* tábhacht agus saibhreas / ag baint léi go gcaithfidimid é sin a chaomhnú agus *you know* a chur chun cinn *so* is dócha ansin *yeah* / bhí an spreagadh sin faighte agam is dócha chuir / an síol ansin / agus ansin bhí an sórt spreagadh sin agam *you know* caithfidh mise mo ról a líonadh

Scagadh réamh*muda* scoile Dhoireann i mír 4.2.1. ach ina theannta sin léiríodh le linn an agallaimh gur imir taithí Ghaeltachta tionchar suntasach ar a dearcadh i leith na Gaeilge. Bhain an tréimhse Ghaeltachta sin le blianta na scoile. Sa sliocht seo a leanas, tuairiscíonn sí go raibh sí féin agus a comhghleacaithe ranga spreagtha ag ‘craic’ na Gaeltachta ach, san am céanna, dar léi gur cuireadh lena bhfonn foghlama agus lena gcumas teanga freisin. Tá sé suntasach go luaitear mothúchán an ghrá arís sa sliocht seo agus Doireann ag machnamh ar a taithí Ghaeltachta. Tugtar faoi deara síolta an *muda* shóisialta agus í ag maíomh go ndearna siad iarracht Gaeilge a labhairt sa teach lena chéile lasmuigh den seomra ranga:

35 Stiofán: Agus na tréimhsí Gaeltachta b’shin nuair a bhí tú ar an meánscoil / cén chaoi a raibh sin?

36 Doireann: Sílim / chuaigh muid / chuig an Ghaeltacht / mar gheall go raibh craic ... *but* ag an am céanna spreag sé muid bhí muid ag iarraidh dul ar ais ag an Ghaeltacht mar gheall go raibh / sin ar dóigh bhí an oiread sin craic againn agus / d’fhoghlaim muid neart chomh maith / mar / bhí muidne iontach díograiseach bhí muid ag iarraidh Gaeilge a labhairt / sa teach agus taobh amuigh den rang agus achan rud *so then* bhí muid ag cur ceist / caidé seo caidé sin cén dóigh a ndeir tú sin / em *so* chuidigh siad

Caibidil 4: Réamhmudes agus mudes sóisialta

go mór linn sílim ... bhí daoine ann a roghnaigh an Ghaeilge / le go mbeadh siad in ann dul ar ais ag an Ghaeltacht / *so* / bhí grá againn ar fad don Ghaeltacht agus / spreag sé muid

Amhail Lisa agus Doireann, thit réamhmuda scoile agus Gaeltachta araon amach i gcás Fhiachra. Murab ionann agus rannpháirtithe eile, ámh, níor chaith sé féin tréimhse sa Ghaeltacht agus é ar scoil ach chuaigh sé ar cuairt chun na Gaeltachta nuair a bhí a dheirfiúr ag freastal ar choláiste samhraidh. Mar a chonacthas in insint Dhoireann thuas, is léir ó na mothúcháin dhearfacha a cheanglaíonn Fiachra leis an nGaeltacht gur móimint chlaochlaidhe ar a chonair theangeolaíoch ab ea é. Is cosúil go bhfuair sé léargas spreagúil ar an nGaeilge mar theanga labhartha, pobail ag an bpointe sin. Taispeánfar i mír 4.3.1. gur imir comhthéacs na Gaeltachta tionchar ar *muda* sóisialta Fhiachra freisin. Spéisiúil go maith, is cosúil gur shamhlaigh Fiachra an Ghaeilge mar theanga ‘eile’, nár bhain leis féin go fóill, b’fhéidir, ag an bpointe sin:

23 Fiachra: Bhí mé cineál de réir a chéile // ag cur beagán aithne is dóigh ar shaol na Gaeilge agus na Gaeltachta agus mar sin agus bhí sé cineál suimiúil a fheiceáil go raibh sé seo uilig ag tarlú i dteanga eile inár dtír féin

24 Stiofán: Agus nach raibh *like* cur amach agat air roimhe sin?

25 F: Go díreach é *yeah* agus fiú amháin is cuimhin liom bhí mo dheirfiúr sa / nuair a chuaigh sí ag [Gaeltacht áirithe] nuair a bhí sí sa cúigiú bliain ar scoil b’fhéidir chuaigh muid ann chun cuairt a thabhairt uirthi ar an deireadh seachtaine agus *you know* bhí mé // bhí rud eicint *like* chomh / *like* cineál *you know* bhí beagán iontas orm go raibh an áit seo ... gur Gaeilge uilig a labhraíodh ann go raibh na comharthaí uilig trí Ghaeilge thuas san áit seo / em ceapaim go raibh rud eicint speisialta ag baint leis níl fhios agam céard a bhí ann ach ... *just* bhí cineál gliondar nó rud éicint orm níl fhios agam céard a bhí orm / ach cheap mé gur rud fíorspéisiúil a bhí ann / em / agus *just* go raibh / daoine ag labhairt Gaeilge *you know* mar ghnáthrud thuas san áit seo

Aithníodh réamhmuda scoile agus teaghlaigh i gcás Aonghuis ach tugadh réamhmuda Gaeltachta faoi deara chomh maith agus a chonair theangeolaíoch á rianú. Míníonn sé gur ‘fhreastail mo dheirfiúracha agus mo dheartháir agus mé féin uilig ar [choláiste samhraidh Gaeilge] b’shin an áit a d’fhorbair mé mo shuim sa Ghaeilge’ (**16 Aonghus**). Is léir an tionchar a d’imir a thaithí Ghaeltachta ar na caidrimh atá aige anois trí mheán na Gaeilge nuair a thuiriscíonn sé gur

Caibidil 4: Réamhmudes agus mudes sóisialta

bhuail mé / an chuid is mó de na cairde atá agamsa anois trí / Ghaeltacht [i dTír Chonaill] em bhí aithne agamsa bhí fiche i mo rang sa chéad bhliain ag an ollscoil agus bhí aithne agam ar / cúigear déag acu toisc gur fhreastail mé ar / an Ghaeltacht chéanna (30, Aonghus).

Faightear sampla soiléir den chaoi ar tháinig réamhmudes éagsúla le chéile le linn na conaire teangeolaíche i gcás Aonghuis sa sliocht seo a leanas. Is léir go dtuigeann sé féin gur phróiseas leanúnach foghlama agus feasachta ab ea é agus gur phróiseas neamh-chomhfhiosach a bhí ann ar uairibh freisin. Tuairiscíonn sé sa sliocht seo gur imir gnéithe de chultúr na Gaeltachta agus dá chaidreamh le muintir na háite tionchar ar a mheon i leith na Gaeilge agus go samhlaíonn sé neamhpleáchas leis an tréimhse chéanna.

Míníonn sé anseo go raibh dea-thionchar ag an ‘timpeallacht Ghaelach’ ar fhoghlaim na teanga agus go bhfuair sé deis na rudaí a d’fhoghlaim sé ar scoil a ‘dhaingniú’ san am céanna. Dar leis go raibh cumas níos airde teanga aige ná comhghleacaithe ranga nár fhreastail ar an nGaeltacht agus gur bhain tairbhí pearsanta agus oideachais araon leis an tréimhse Ghaeltachta. Tá insint Aonghuis an-chosúil le hinsint ‘N4’ i dtaighde Walsh, a rinne cur síos ar ‘the contentment he experienced during a teenage visit to the Gaeltacht’ (2019c: 226; féach chomh maith Petit 2016):

33 S: An seasann aon rud amach dhuit faoin nGaeltacht ó thaobh / do spreagtha de nó ... do shuim sa teanga?

34 A: Sílim ag an tús go bhfo-choinsiasach ... go raibh mé ag sú rud éigin isteach nár thuig mé ag an am ... ag smaointiú siar bhí suim agamsa sa béaloideas agus sa seanchas / nár thuig mé ag an am is cuimhin liom [sa bhaile Gaeltachta] amhránaí iontach tarraingteach agus ba bhreá léi a theacht isteach ag na ranganna agus seanchas a rá ... ba bhreá liomsa dul síos ag an loch em *just* a bheith ag ag plé le fiú muintir na háite fiú ag aois óg fosta ba bhreá liomsa cairde nua a bhualadh as achan sórt coirnéal de chúige Uladh *but* fiú na muintir na háite a bhí ann i dTír Chonaill fosta / em / *just* na rudaí beaga tá fhios agat tú féin / cé gurb as an tuath mé / em rudaí beaga ... radharcanna difriúla / áit dhifriúil ní raibh tú le do thuismitheoirí ar feadh coicíse nó trí seachtaine / is rud iomlan difriúil a bhí ann *but* bhí i gcónaí bhí timpeallacht Ghaelach ann bhí tú ábalta sórt em / rudaí a fhoghlaim rudaí a dhaingniú gur fhoghlaim tú ag an scoil is cuimhin liom fiú ... bhí cúrsaí na Cásca ann fosta ar feadh seachtaine agus nuair a rinne mé na cúrsaí sin bhí mé i bhfad níos cumasaí agus bhí

Caibidil 4: Réamhmudes agus mudes sóisialta

ábhar // a bhí ar eolas agamsa nach raibh ar eolas ag daoine i mo rangsa nár fhreastail ar an Ghaeltacht so bhí sé ina chuidiú ollmhór go pearsanta agus fiú bainteach leis an oideachas bhí sé fíor-mhaith

Amhail Doireann, Aonghus agus Lisa, aithnítear réamhmuda idircheangailte scoile agus Gaeltachta i gcás Maria. Sa sliocht seo a leanas luann sí na múinteoirí iontacha, spreagúla a bhí aici ar an meánscoil. San am céanna, dar léi, d'athraigh a seasamh i dtreo na Gaeilge trí phost a fháil mar cheannaire ar chúrsa Gaeltachta. Léirítear go glé anseo arís nach ionann réamhmudes agus úsáid ghníomhach, shóisialta na teanga a bhaint amach. Tuairiscíonn Maria, cuir i gcás, nach raibh an Ghaeilge in úsáid aici in aon chor lasmuigh den chúrsa samhraidh Gaeltachta an tráth sin. Taispeánfaidh mé i mír 4.3. gur tharla *muda* sóisialta Maria i gcomhthéacs Bhéal Feirste:

3 Stiofán: Agus an raibh tú [sa Ghaeltacht] gach bliain?

4 Maria: Em no ní gach bliain nuair a bhí mé ar scoil *just* idir rudaí difriúla bhí mé ansin b'fhéidir ní raibh mé ansin ach dhá bhliain nuair a bhí mé ar an mheánscoil ach ansin nuair a bhí mé ag críochnú na scoile / fuair mé post [sa Ghaeltacht] mar cheannaire / em agus le fírinne bhí sin cineál ina *game changer* dom / eh / mar nuair a bhí mé sa séú agus sa seachtú bhliain / ar an mheánscoil bhí an-dúil agam sa Ghaeilge agus bhí múinteoir iontach agamsa / bhí sí chomh spreagúil / bhí sí chomh tiomanta i leith na teanga / em ach ní raibh mise ag leanstan ar an ollscoil ... rinn mé dlí agus polaitíocht mar chéim s'agam / em ach nuair a bhí mé ag fágáil na scoile fuair mé post mar cheannaire [sa Ghaeltacht] agus

5 S: Don samhradh sin roimh na hollscoile?

6 M: Don samhradh sin roimh na hollscoile ... agus gach samhradh ina dhiaidh sin / chuaigh mé ar ais go [dtí an Ghaeltacht] ag obair mar cheannaire / eh // agus le fírinne cé go raibh mé in Ollscoil na Banríona áit a bhfuil an Ghaeilge measartha láidir / ní raibh mé mar chuid de phobal Gaeilge le linn an tréimhse sin i ndáiríre eh *just* an maidir leis an chiorcal cairde a bhí agamsa / agus an t-aon nasc a bhí agamsa leis an nGaeilge i ndáiríre ná na samhraidh a chaith mé [sa Ghaeltacht] agus na daoine a bhuail mé leo ansin agus / em / ar bhealach / bhí mé cineál i *bubble* ansin ar feadh tamaill eh / leis an nGaeilge [sa Ghaeltacht] agus gan Gaeilge ar bith i mBéal Feirste ar chor ar bith

Sa chéad mhír eile breathnaím ar réamhmudes féiniúlachta na rannpháirtithe.

4.2.4. ‘Is Éireannach mise’: réamhmudes féiniúlachta

Déanaim mionanailís ar idé-eolaíochtaí na rannpháirtithe i dtaca lena bhféiniúlachtaí teanga i gCaibidil 5 (féach mír 5.4.) agus áitím go raibh ról ní ba lárnaí ag an nGaeilge i gcruthú féiniúlachta na rannpháirtithe níos déanaí ar a gconairí teangeolaíocha. Sa mhír seo, ámh, aithním réamhmuda féiniúlachta mar spreagadh chun foghlama nó úsáide a fréamhaíodh go soiléir i gceisteanna féiniúlachta agus nach bhfuil ceangailte le réamhmuda eile (féach, cuir i gcás, mír 4.2.1., áit ar pléadh féiniúlacht phoblachtánach Dhiarmuda, féiniúlacht a bhain go dlúth lena chúlra teaghlaigh agus leis an tréimhse scoile). Aithníodh réamhmuda féiniúlachta den chineál seo i gcás Lisa agus Chormaic.

Go nuige seo léiríodh gur tharla réamhmuda scoile agus Gaeltachta i gcás Lisa ach tugadh le tuiscint le linn an agallaimh go raibh téama na féiniúlachta go mór i gceist lena spreagadh chomh maith. Murab ionann agus rannpháirtithe eile, maíonn Lisa gur aithin sí an Ghaeilge mar uirlis lena féiniúlacht Éireannach a chur in iúl agus í fós ar an mbunscoil. Míníonn sí sa sliocht seo a leanas gurbh ann do dhearcthaí frith-Mheiriceánacha ag an am, dar léi, agus gur bhraith sí ‘maslaithe go pearsanta’ dá bharr sin toisc gur Meiriceánach í a máthair. Tuairiscíonn sí sa sliocht seo gur bhain sí úsáid as an nGaeilge le cur i gcoinne daoine a thug dúshlán dá féiniúlacht Éireannach:

15 Stiofán: Agus an raibh Gaeilge ar bith ag d’athair *like* cúpla focal nó?

16 Lisa: Bhuel cúpla focal ach *like no* níl mórán Gaeilge aige ar chor ar bith em / agus níl mórán suim aige i dteangacha i ndáiríre ... ach *like* nuair a bhí mé ar em / ann *like* tháinig mé abhaile le focail nua agus bhí *you know* bhí suim agam ann sna focail sin agus *just* sórt an domhan nua a bhí sa Ghaeilge em / ach is dócha nuair a bhí / bhí mé ag smaoinreamh faoi seo aréir *like you know* oh cathain a thosnaigh sé seo go léir agus is dócha / ag an am sin bhraith mise go raibh sórt em / frith-Meiriceánachas ... agus b’shin an am a bhí em *you know Iraq war* agus George Bush agus mar sin / agus *like* ní hé nach raibh an frith-Meiriceánachas tuillte ag an rialtas Meiriceánach / ach bhraith mise sórt em / maslaithe go pearsanta faoi *like* le páistí eile agus mar sin de agus sórt

17 S: *So* an mbeadh siad ag rá rudaí leat / faoi?

18 L: *Yeah* anois is arís *like* ní raibh sé go dona nó aon rud mar sin ach bhraith mise *like* tá mise sórt beagáinín ... *sensitive* mar sin agus bhraith mise *like no no* is Éireannach mé mar d’fhás mise aníos in Éirinn *like* ní

Caibidil 4: Réamhmudes agus mudes sóisialta

19 S: An raibh blas Meiriceánach ort ag an am sin?

20 L: Bhí nuair / nuair a bhí mé óg ... go háirithe nuair a bhí mé an-óg mar / d'fhan mo mháthair sa bhaile *so* bhí blas an an-Mheiriceánach agamsa agus ag mo dheirfiúr *so* em / agus sórt *just* fiú focail *like sidewalk* agus *soda* agus mar sin de / em *so* bhraith mise *like no like* is Éireannach mé agus níor bhraith mé róMheiriceánach *like* bhíomar ag dul go Meiriceá i gcomhair saoire agus mar sin de agus bhain mé taitneamh as agus mar sin de ach / níor bhraith mé aon sórt dílseacht don tír sin / eh *so* bhraith mise *no no* is Éireannach mise agus is dócha is trí sin sórt a bhí mé ag iarraidh sórt / an ionannas Éireannach nó an ionannas / Gaeilge em / a fhorbairt

Tugtar le fios sa sliocht seo a leanas gur imir na réamhmudes éagsúla a thit amach le linn na tréimhse sin tionchar suntasach ar a féiniúlacht. Tar éis na tréimhse Gaeltachta, agus feabhas ag teacht ar a cumas teanga, dar léi gur aithin comhghleacaithe scoile í mar ‘cailín na Gaeilge’ agus go raibh an teanga anois ina saintréith féiniúlachta aici:

47 S: Agus ar chabhraigh / do Ghaeilge leis an dearcadh a bhí ag daoine ort?

48 L: Is dócha gur chabhraigh mar sin an sórt *like* nuair a bhíomar sa rang agus sin *like* bhí fhios ag gach duine *like* / oh *yeah* go raibh mé ar an scoil sin sa Ghaeltacht agus go raibh Gaeilge maith agam agus ansin nuair a chuaigh mé ar ais agus bhí mé sa cúigiú bliain arís bhunaigh mé em cumann Gaelach sa mheánscoil *so* / is dócha *yeah* bhí an sórt em / teideal nó *label* sin agam gur *like* / ba mhise sórt cailín na Gaeilge {gáire} ag an am *like* sa scoil *so yeah* is dócha go raibh an sórt / em / ionannas sin agam ag an am sin

Níor tugadh réamhmuda scoile, teaghlaigh ná Gaeltachta faoi deara i gcás Chormaic le linn an agallaimh. Míníonn sé, mar shampla, nár bhain sé sult as an nGaeilge ar scoil agus go raibh ábhair eile níos tábhachtaí ina shúile féin:

5 Stiofán: Cá ndeachaigh tú ar scoil?

6 Cormac: Bunscoil agus meánscoil i Bleá Cliath ... chuaigh mé go scoil // scoileanna Béarla i Bleá Cliath *so* // *like* déarfaidh mé macántacht ag an uair níor bhain mé sult as / Gaeilge sa scoil / mar ábhar scoile níor bhain em is dócha ní raibh / ní raibh ábhar tábhachtacht é / i mo scoil / em // *you know* ní dhearna mórán daoine an Ardeist fosta em / bhí *kind of* spriocanna bhí ábhar eile ... níos tábhachtacht em // *so* níor bhain mé sult as Gaeilge sa scoil

Caibidil 4: Réamhmudes agus mudes sóisialta

Is cosúil, ámh, gur thit réamhmuda féiniúlachta amach ina dhiaidh sin, mar a mhínítear sa sliocht seo a leanas. Aithníonn sé go raibh bunchumas teanga aige ag an am ach nár bhain sé úsáid shóisialta as an teanga. Chothaigh turas go Tír na mBascach aiféala ann, is cosúil, agus tuairiscíonn sé gur spreagadh é chun níos mó iarrachta a dhéanamh an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid. Cé nach raibh ach ‘bun-Ghaeilge’ ag Cormac um an dtaca sin, déanann sé cur síos ar an nGaeilge mar ‘mo teanga dúchais’ (féach plé Uí Iffearnáin 2014 ar an seasamh frithráiteach idé-eolaíoch sin, atá sách coitianta i measc mhuintir na hÉireann; féach chomh maith Ó hIffearnáin agus Walsh 2018: viii). Léirítear sa bhfríotal sin, dar liom, réamhmuda i gcás Chormaic atá ceangailte leis an bhféiniúlacht náisiúnta agus gur shamhlaigh sé an Ghaeilge mar shainchomhartha den fhéiniúlacht sin:

9 S: Ok *so* ní raibh tú théis aon / ach amháin ar an mbunscoil agus ar an meánscoil ní raibh tú théis aon staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge nó aon rud mar sin?

10 C: *No* níl ar bith níl ar bith / em / agus níor // is dócha níor ghlac mé páirt sa *you know* an Gaelfhobal nó aon rud mar sin ag an am *like* bhí bun-Gaeilge agam bhí na bunrudaí agam ach em // nuair a chuaigh mé [le cairde] go Tír na Bascach ... chonaic mé ... iadsan ag úsáid Gaeilge le chéile em agus bhuail muid le / daoine áitiúil Bascais ... bhí Bascais / acu agus bhí Spáinnis acu agus bhí Béarla acu agus ... agus *kind of* // shíl me / go raibh / bhí mór an trua nach raibh mé ábalta / *you know* mo teanga dúchais a úsáid go compordach agus em / *so then* nuair a tháinig mé ar ais go Gaillimh dúirt mé le mé féin caithfidh mé cur níos mó obair isteach / in Gaeilge a foghlaim agus Gaeilge a úsáid fosta *so*

Sa mhír seo phléigh mé na réamhmudes éagsúla, idircheangailte a tharla i gcás na rannpháirtithe uilig agus léiríodh nach ionann réamhmuda a spreagann foghlaim na teanga nó a chothaíonn idé-eolaíochtaí dearfacha i leith na teanga agus *muda* a bhfuil úsáid ghníomhach, shóisialta na teanga mar thoradh air. Sa chéad mhír eile breathnaím ar na *mudes* sóisialta a thit amach i ndiaidh na réamhmudes ar chonairí teangeolaíoch na rannpháirtithe. Dar liom go spreagann na *mudes* sóisialta sin úsáid ghníomhach, rialta na Gaeilge ina measc. Is é sin le rá gurb é an *muda* ag a mbaineann na rannpháirtithe stádas an nuachainteora amach.

4.3. ‘Go bhfuil sé *like* focain saol eile a bheith agat’: *mudes* sóisialta na rannpháirtithe

Tháinig tagairtí do ‘shaol na Gaeilge’ aníos go minic le linn na hanailíse cáilíochtúla ar shonraí na n-agallamh. Den chuid is mó thagair na rannpháirtithe don téama sin agus iad ag labhairt faoin gcaoi ar imeascadar de réir a chéile i ngréasáin, i ngrúpaí agus i bpobail éagsúla Gaeilge. I gcodarsnacht leis na réamhmudes a pléadh i mír 4.2., aithním na pointí criticiúla sin – a dtugtar *mudes* sóisialta orthu sa tráchtas seo – mar *mudes* níos buaine agus níos inmhathana a spreag úsáid ghníomhach, rialta agus shóisialta na teanga i measc na rannpháirtithe. Chuidigh céim anailíse an rianaithe go mór liom idirdhealú a dhéanamh idir réamhmudes agus *mudes* sóisialta na rannpháirtithe. Mar a míníodh i mír 3.4.3.3., is féidir an stair a bhaineann le cleachtais shóisialta éagsúla a aibhsiú trí bhíthin an rianaithe. Is minic go gclaochlaíonn na cleachtais sin le himeacht ama.

Míníodh i gCaibidil 2 (féach mír 2.6.) go mbaineann tábhacht le gné na húsáide chun nuachaintoirí agus foghlaimeoirí teanga a idirdhealú óna chéile. Dá réir sin, déantar diananailís ar *mudes* sóisialta sa mhír seo chun an pointe nó na pointí ag a mbog na rannpháirtithe ó stádas an ‘knower’ go stádas an ‘user’ a mhíniú (O’Rourke *et al.* 2019: 15). Pléifidh mé ceisteanna dlisteanachta go mion i gCaibidil 5 (féach mír 5.3.) ach tá dlúthbhaint ag an *muda* sóisialta leis an téama sin chomh maith. Míníonn O’Rourke *et al.*: ‘Speakers cannot perform a *muda* on their own; they need the cooperation of other speakers to ratify them as legitimate speakers’ (2019: 15). Mar aon le húsáid ghníomhach, shóisialta na teanga a bhaint amach ag pointe an *muda* shóisialta, cuidíonn siad chomh maith le dlisteanú féiniúlachta na rannpháirtithe.

Bainim leas as trí théama choincheapúla chun an anailís ar *mudes* sóisialta a éascú sa mhír seo. D’eascair na téamaí sin as sonraí na n-agallamh agus aithním iad mar ghnéithe thábhachtacha i gcothú an *muda* shóisialta i gcás rannpháirtithe an taighde. Bhain tábhacht le céim anailíse an naschta le forbairt na dtéamaí seo toisc go ndearna mé iarracht conairí na rannpháirtithe a cheangal le coinníollacha agus le próisis shóisialta níos leithne (féach arís mír 3.4.3.3.). Amhail na réamhmudes tá an trí théama – caidrimh agus comhthéacsanna, cúitimh, agus ceannairceacht fite fuaithe lena chéile go minic ar chonairí teangeolaíocha na rannpháirtithe. Míníodh mé agus déanfaidh mé anailís ar na téamaí sin sna míreanna a leanas.

4.3.1. ‘Bhuail mé le achan duine agus ó shin ar aghaidh bhí mé *really* bainteach leis an Ghaeilge’: Caidrimh agus comhthéacsanna

Dar ndóigh, tá na caidrimh nua a chruthaíonn nuachainteoirí trí mheán na Gaeilge lárnach sa *muda* sóisialta, toisc gur dlúthchuid den saol sóisialta sin iad. Cothaítear muintearas le pobail na Gaeilge trí na caidrimh chéanna. I dtaca leis na rannpháirtithe taighde, cothaíodh muintearas i gcomhthéacsanna sóisialta éagsúla, mar a thaispeánfaidh mé sa mhír seo. Tá dlúthnasc ag an téama anailíse seo le plé Puigdevall *et al.* ar *mudes* teangeolaíocha atá ‘related to integrative reasons and sense of belonging’ (2018: 451).

Léiríodh i mír 4.2.3. gur imir cuairteanna Gaeltachta tionchar ar réamh*muda* Fhíachra. Tugadh le tuiscint le linn an agallaimh gur imir an Ghaeltacht tionchar nach beag ar a *muda* sóisialta chomh maith. Bhog Fíachra go ceantar Gaeltachta nuair a chríochnaigh sé san ollscoil agus chruthaigh sé caidrimh le muintir na háite. Chuir mé ceist air faoin aistriú tíreolaíoch sin agus is é seo an freagra a thug sé:

76 Fíachra: *Like* cineál ghlac mé go hiomlán le saol na Gaeltachta nuair a bhog mé siar agus bhí mé ag iarraidh a bheith páirteach bhí mé ag iarraidh a bheith mar chuid den phobal sin / agus d’éirigh liom é sin a dhéanamh

Is léir tábhacht na gcaidreamh a chruthaigh Fíachra trí mheán na Gaeilge i dtaca le muintearas a chothú leis an bpobal sin. Tuairiscíonn sé gur ‘chuir mé aithne ar go leor daoine thiar ann agus bhí / bhraith mé go raibh mé páirteach sa bpobal ... *sense of belonging* cineál rud nó rud eicint’ (**78 Fíachra**). Tá na mothúcháin dhearfacha a léiríonn Fíachra an-soiléir sa sliocht seo a leanas agus cuirtear síos ar an ‘saol Gaelach’ a bhain sé amach sa Ghaeltacht – is é sin le rá gur éirigh leis úsáid laethúil na Gaeilge a bhaint amach sna caidrimh nua shóisialta agus sa chomhthéacs oibre chomh maith:

109 F: Nuair a thosaigh mé ag obair [in eagraíocht Ghaeilge] bhog mé go [ceantar Gaeltachta] bhí cónaí orm [sa mbaile sin] agus / agus *you know* bhí fhios agam gur ceantar *you know* láidir Gaeltachta a bhí ann agus a bhí aitheanta cineál *you know* bhí go leor rudaí ag tarlú cineál bhí borradh níl fhios agam b’fhéidir gurb in an focal mícheart ach bhí rud eicint faoi[n gceantar sin]

110 Stiofán: Duit féin nó go ginearálta?

Caibidil 4: Réamh*mudes* agus *mudes* sóisialta

111 F: *Just* dhomsa bhí mé bhí mé an-sásta cineál a bheith i mo chónaí ansin em agus a bheith ag obair san [eagraíocht] ... *just* a bheith sáite go hiomlán i saol na Gaeltachta saol an phobail sin agus cineál gur glacadh liom eh agus go raibh mé ag cur aithne ar roinnt mhaith daoine go bhféadfainn dul isteach ag an siopa agus go bhfeicfinn daoine go bhféadfainn *you know hello* a rá leo agus rudaí mar sin agus a bheith ag caint chuig daoine agus bhí mé chomh sásta go raibh an saol Gaelach cineál bainte amach agam sa deireadh go raibh mé ag obair trí Ghaeilge an lá ar fad agus *you know* go bhféadfainn tráthnóna dul ag teach comharsan agus Gaeilge a labhairt ansin leo agus fiú amháin thosaigh mé ag dul ag an giom leo agus *just* ag caint faoi ghnáthrudáí an tsaoil

Is léir gur chothaigh caidrimh nua Fhiachra muintearas le pobal na Gaeilge, pobal na Gaeltachta sa chás seo, agus tugtar le fios gur mhothaigh sé dlisteanacht nua mar chainteoir Gaeilge sa fhriotal faoin saol Gaelach a bheith bainte amach aige ‘sa deireadh’.

Chruthaigh Lisa caidrimh nua le cainteoirí Gaeilge trí pháirt a ghlacadh i gcumann peile lán-Ghaeilge i nGaillimh. Chuir mé aithne uirthi a bhuí le mo bhaint féin leis an gcumann céanna. Sa sliocht seo, cuireann sí a sásamh in iúl go raibh sí ag bualadh le níos mó daoine le Gaeilge agus feictear go soiléir nasc idir an *muda* sóisialta agus méadú ag teacht ar mhinicíocht úsáide na Gaeilge lasmuigh den chomhthéacs institiúideach. Dar léi go bhfuil sí anois ‘ag labhairt i bhfad níos mó Gaeilge’:

93 Stiofán: Nó an bhfuil / an bhfuil aon athruithe tagtha ort féin ó shin ó thaobh na Gaeilge agus ó thaobh / bualadh le daoine nua le Gaeilge?

94 Lisa: Oh cinnte bhuail mé le ana-chuid daoine trí [cumann peile] ... agus is dócha go bhfuil mé ag labhairt i bhfad níos mó Gaeilge anois agus is cuimhin liom bhí mo dheartháir anseo i rith an tsamhraidh agus *just* bhíomar ag dul thart *you know* [lár na cathrach] agus mar sin de agus *just* mar a tharla sé bhuail mé le beirt nó triúr [ón gcumann] ar an tsráid agus bhí mé ag labhairt Gaeilge leo / agus ansin nuair a chuaigh [mo dheartháir] abhaile bhí sé ag rá le mo thuismitheoirí / tá aithne ag Lisa ar níos mó daoine *you know* trí Ghaeilge ná trí Bhéarla {gáire} *so like* sa tslí sin *yeah* chuir mé aithne ar níos mó daoine le Gaeilge agus is maith an rud é sin

Léiríodh gur imir an grúpa céanna tionchar ar *muda* sóisialta Chormaic chomh maith. Dar leis gur ‘seans maith le haghaidh eh Gaeilge a chleachtadh / em agus bualadh le daoine bualadh le Gaeilgeoirí eile fosta em agus saghas ag glacadh pháirt sa Gaelpobal

Caibidil 4: Réamhmudes agus mudes sóisialta

/ i nGaillimh is dócha' (20 Cormac). Is saintréith den *muda* sóisialta é an muintearas nua a chothaítear le cainteoirí agus pobal na Gaeilge agus cuirtear in iúl i bhfriotal Chormaic gur bhraith sé go raibh sé anois páirteach i bpobal ar shlí nach raibh go dtí sin.

I gcás Shinéad, chruthaigh sí caidrimh nua Ghaeilge sa chomhthéacs ollscoile. Mar a pléadh i mír 4.2., léirítear arís sa sliocht seo a leanas nach ionann réamhmuda agus úsáid shóisialta na teanga a bhaint amach. Dealraíonn sé nach raibh sí ag baint úsáide as an nGaeilge lasmuigh den seomra ranga go dtí gur bhain sí an ollscoil amach. Maíonn sí gur theastaigh uathí an Ghaeilge a labhairt 'mar chuid de mo shaol' agus bhí dearcadh aici go raibh

timpeallacht dhifriúil [san ollscoil] agus go mbeadh deis agam faoi dheireadh Gaeilge a labhairt go sóisialta agus ó cheann ceann an lae ní laistigh den seomra ranga amháin ach mar chuid de mo shaol agus go leanfadh sé sin ar aghaidh ansin ar feadh mo shaoil b'fhéidir (28 Sinéad).

Tá an méid a deir Sinéad faoi na cairde nua a rinne sí ón Tuaisceart suntasach. Is cosúil gur imir siad tionchar ní hamháin ar an úsáid shóisialta a bhain Sinéad as an nGaeilge, ach ar a seasamh idé-eolaíoch i leith na teanga chomh maith. Thug sí difríocht shoiléir faoi deara idir dearcadh a gcairde nua i dtaca le labhairt na Gaeilge agus an dearcadh a bhí aici féin lena cairde scoile. Dar léi gur 'rud sóisialta' a bhí ann dóibh siúd – toisc go raibh siad ag cur i gcoinne dearcthaí naimhdeacha ar uairibh – ach go raibh úsáid na Gaeilge ina cás féin teoranta don chomhthéacs scoile amháin go dtí gur fhreastail sí ar an ollscoil. Míníonn sí anseo gur theastaigh uathí 'éalú' ón gcomhthéacs acadúil agus an Ghaeilge a úsáid go sóisialta:

32 Sinéad: Cineál feictear dom / tá cairde anois agam ón Tuaisceart agus feictear cineál difríocht shuntasach dom leis sin / go mbíodh siadsan ag labhairt Gaeilge ar son lena chéile b'fheidir agus tá fhios agam cara amháin de mo chuid ... tugadh *like* na Gaeilge *nazis* orthu nó rud éigin ar scoil

33 Stiofán: Agus bhí siadsan ag freastal ar scoileanna Béarla chomh maith an raibh?

34 Sinéad: *Yeah* bhí tá fhios agam go raibh sraith Ghaeilge b'fhéidir sa bhunscoil do [chara amháin] ach scoil meánscoil Bhéarla ceapaim em ach bhídís sin ag labhairt Gaeilge lena chéile *d'you know* rud sóisialta a bhí ann ach dúinne rud acadúil a bhí

Caibidil 4: Réamhmudes agus mudes sóisialta

ann fós *d'you know* agus b'shin an t-éalú a theastaigh uaim éalú ón acadúlacht go dtí an / timpeallacht shóisialta

Ar éirigh le Sinéad an t-éalú sin a dhéanamh, mar sin, agus an *muda* sóisialta a bhaint amach? Is cosúil gur éirigh, mar a léirítear sa sliocht seo a leanas, agus léirítear arís tionchar dearfach na gcaidreamh nua. Gaeilge amháin a labhraíonn sí sa teach le cairde ollscoile, dar léi:

37 S: *So* sa chéad bhliain ar éirigh leat an saol sóisialta sin a bhaint amach?

38 Sinéad: Ceapaim gur éirigh em // ó thaobh cairde agus léachtóirí de em cinnte *like* agus anois i mbliana tá cónaí orm le triúr eile atá ag déanamh staidéir ar an nGaeilge agus labhraímid Gaeilge amháin sa teach / *so* cineál is léiriú é sin is dócha gur bhain mé sin amach go pointe

Ar aon dul le Sinéad, ba sa chomhthéacs ollscoile a chruthaigh Megan caidrimh nua a chothaigh *muda* sóisialta. Dar léi nár labhair sí Gaeilge ar chor ar bith go sóisialta roimhe sin toisc nach raibh 'aon chúis' aici é sin a dhéanamh. Luann sí go follasach anseo an saol sóisialta a nochtadh di ar an ollscoil agus, trí pháirt a ghlacadh i gcumann ollscoile ina dhiaidh sin, d'fhás 'spéis' i labhairt na teanga inti. Léirítear tábhacht an réamhmuda scoile anseo agus Megan ag maíomh go raibh 'bunús' na teanga aici ón scoil cé nach raibh sí á húsáid lasmuigh den seomra ranga:

18 Stiofán: *So* an cúrsa a rinne tú [ar an ollscoil]?

19 Megan: Is trí Bhéarla a bhí sé sin em / *so yeah* ar feadh bliana *like* níor labhair mé Gaeilge ar chor ar bith *just ní // ní I dunno* ní raibh aon chúis agam í a úsáid go dtí go bhfaca mé go raibh sórt saol sóisialta is chuile shórt bainteach leis agus chuaigh mé ar ais go [dtí an ollscoil] agus is as sin *I think* agus an [cumann] ansin fuair mé an spéis ar deireadh / em cé go raibh an bunús agam is dócha ón scoil

Taispeánfar i mír 4.3.2. gur bhain téama an chúitimh le *muda* Sarah ach léiríodh chomh maith le linn an agallaimh an tábhacht a bhain le caidrimh shóisialta a chruthaigh sí sa chomhthéacs ollscoile. Míníonn sí anseo gur spreag tréimhse Ghaeltachta í le níos mó ama a dhíriú ar úsáid 'neamhfhoirmiúil' na Gaeilge. Dar léi go bhfuil teorainn leis an méid gur féidir le duine a bhaint amach sa chomhthéacs institiúideach amháin. De réir a chéile d'éirigh sí 'níos páirtí' i ngrúpaí sóisialta ar nós an chumainn ollscoile agus dá bharr sin cuireadh níos mó deiseanna sóisialta ar fáil di:

Caibidil 4: Réamh*mudes* agus *mudes* sóisialta

43 Stiofán: Agus cad a tharla ... a chuir feabhas ar do chuid Gaeilge / an é go / níl fhios agam ar spreag [an tréimhse Ghaeltachta] thú chun níos mó oibre a dhéanamh nó níos mó staidéir a dhéanamh nó níos mó úsáid a bhaint as an nGaeilge?

44 Sarah: *Yeah* / spreag [tréimhse Ghaeltachta] mé i bhfad níos mó / ama a chaitheamh i / bhfoirm neamhfhoirmiúil leis an nGaeilge / bhí fhios agamsa go raibh tú ach // ach chun saghas caighdeán áirithe Gaeilge a bhaint amach ó léachtaí / ó ceardlanna *you know* ó rudaí foirmiúla / bhí orm é a úsáid / i suíomh neamhfhoirmiúil / le feabhas *you know* mór a chur uirthi *so* bhí mé i bhfad níos páirtí i rudaí cosúil leis an [gcumann ollscoile] em / toghadh mé mar oifigeach [leis an gcumann] anois bhí saghas / bhí áit éigin agamsa le mo chuid Gaeilge a chleachtadh agus é a úsáid ar bhonn sóisialta / agus em / *yeah* / bhí mé páirteach i sin *just* d'fhreastail mé ar go leor ócáidí / em agus rinne mé iarracht í a *you know* d'éist mé le podchraoltaí agus / d'fhéach mé ar físeáin agus *just* ag iarraidh í a úsáid ar bhonn laethúil / neamhfhoirmiúil

Léiríodh le linn na hanailíse an tábhacht a bhaineann le spásanna nua sóisialta do nuachainteoirí a dteastaíonn uathu caidrimh a chruthú agus a bhféiniúlachtaí mar chainteoirí Gaeilge a dhlisteanú. Chuir mé aithne ar na rannpháirtithe sna spásanna sóisialta sin le linn na breathnóireachta agus ba mhinic a tagraíodh dóibh le linn na n-agallamh chomh maith. Míníonn Sarah anseo go bhfeidhmíonn ócáidí PUG Bhaile Átha Cliath mar dheis úsáide di féin. Is cosúil go mothaíonn sí gur spás sábháilte é chun a féiniúlacht mar 'Ghaeilgeoir' a léiriú in áit a nglactar leis an teanga gan cheist mar theanga chumarsáide:

51 Stiofán: Agus / em anois / cá mbíonn tú ag úsáid an Ghaeilge nó cé leo a bhíonn tú ag úsáid na Gaeilge / go sóisialta nó an bhfuil / cad iad na himeachtaí nó na hócáidí nó na / cad iad na grúpaí sóisialta a bhfuil agat / lena n-úsáideann tú an Ghaeilge?

52 Sarah: Tá feabhas iomlán tagtha ar réimse sóisialta ócáidí Gaeilge le blianta / beaga anuas / *like* Pop Up Gaeltacht mar shampla em // téim chuig / chuig an méid is mó agus is féidir liom / em is breá liom é sin ceapaim go bhfuil sé iontach / go bhfuil *like* áit ag Ghaeilgeoir le freastal air agus tuigean siad go glacfar leis an nGaeilge agus ... ní bheidh daoine saghas ag caitheamh an súl orthu *like* oh céard atá á rá acu? *do you know?*

Léiríodh go mbaineann tábhacht le spásanna nua sóisialta i gcás Chéin chomh maith agus é ag labhairt faoin PUG sa sliocht seo a leanas. Amhail Sarah, is cosúil go

Caibidil 4: Réamh*mudes* agus *mudes* sóisialta

mbreathnaíonn sé ar an ócáid seo ní hamháin mar dheis úsáide shóisialta, ach mar áit lena fhéiniúlacht mar chainteoir Gaeilge a thaispeáint go poiblí agus a dhlisteanú. Míníonn sé na deacrachtaí a bhíonn aige cainteoirí Gaeilge eile a aimsiú agus tuairiscíonn sé nach mbíonn siad sásta Gaeilge a labhairt leis ar uairibh. Toisc go nglactar leis an nGaeilge mar theanga chumarsáide an PUG, is cosúil go mbraitheann Cian níos compordaí an ghné sin dá fhéiniúlacht a léiriú. Is léir in insint Chéin tionchar an *muda* shóisialta ar phróiseas dlisteanaithe an nuachainteora:

91 Stiofán: Agus mar sin / bhuel bhuaile mé leat ag an Pop Up Gaeltacht *so* cad a spreag thú chun / mar bhí sé / b'shin do chéad cheann?

92 Cian: Bhí mo *yeah* bhí sé sin mo chéad cheann

93 S: Agus ar chuala tú faoi roimhe sin nó?

94 C: *No* níor chuala agus / arís is é sin an idirlíon / a mheall mé go dtí rud atá amach sa gnáthdomhan eh chuala mé an eh Pop Up Gaeltacht ar an podchraoladh Motherfoclóir agus tar éis sin *just* dúirt mé cá bhfuil sé sin? beidh sé sin / oiriúnach ar fad agus bheadh sé sin *just* foirfe domsa mar / tá mé ag lorg / Gaeltacht éigin níl mé chun tiomáint go Gaillimh nó eh go Gaoth Dobhair nó rud eicint mar sin chun é a aimsiú / tá fhios agam go bhfuil ana-chuid cainteoirí Gaeilge isteach sa chathair sin agus déanaim iarracht ... Gaeilge a labhairt leo uaireanta ní {gáire} níl siad sásta Gaeilge a labhairt liomsa nó ní bhíonn sé oiriúnach an Ghaeilge a labhairt *so* / sé sin áit ina bhfuilimid / em / ag tógáil spás agus ag labhairt an Ghaeilge ... an rud a bhí á phlé againn cheana féin maidir leis an cultúr agus an pholaitíocht ... níl mé á rá ó thaobh polaitíocht na páirtí de agus // ach ó thaobh // spás a bhaint amach chun Gaeilge a labhairt agus chun a bheith compordach é a úsáid leat féin chun / an réimse sin do d'aitheantas a feabhsú agus a léiriú go poiblí / tá sé sin an-tábhachtach dom

Léiríodh tionchar na spásanna nua ar *muda* sóisialta Shíle chomh maith agus í ag labhairt faoina taithí leis an gclub CLG lán-Ghaeilge. Ní dhearna sí aon staidéar foirmiúil ar an nGaeilge i ndiaidh na meánscoile agus tugtar le tuiscint sa sliocht seo a leanas nach bhfuil sí iomlán sásta lena cumas teanga (féach an anailís ar dhioscúrsaí na héiginnteachta agus an easnaimh i mír 5.3.1.). Tuairiscíonn sí, áfach, go dtaitníonn sé léi a bheith ag caint as Gaeilge go sóisialta, in ainneoin a héiginnteachta maidir lena cumas. Dar léi go bhfuil an teanga 'ceangailte' anois lena saol agus í páirteach san fhoireann peile agus caidrimh nua á gcruthú aici le baill eile. Arís eile, tá na

Caibidil 4: Réamh*mudes* agus *mudes* sóisialta

mothúcháin dhearfacha a chothaíonn muintearas an rannpháirtí le cainteoirí eile Gaeilge an-soiléir anseo:

138 Stiofán: Agus / an bhfuil tú féin sásta go maith le do / chuid Gaeilge faoi láthair an mbraitheann tú go bhfuil tú

139 Síle: *Yeah* tá mé sásta *like* ceapaim tá mé *like* eh tá / *functional* Gaeilge agam / em agus tá me in ann / *just* a bheith ag caint as Gaeilge agus em ... *discussion* a fháil i nGaeilge agus / *yeah* tá mé sásta / agus mothaím *like* tá sí ag feabhsú an t-am ar fad / em / ach déarfainn go / *like* tá mé ag teacht go *like plateau* anois agus *yeah* // is gá go dhéanfaidh mé / cúrsa nó rud éigin / *just* chun í a feabhsú / ach níl mé róchinnte *like* níl / sin *priority* mór dom i ndáiríre / *you know just* is maith liom a bheith ag / caint as Gaeilge / agus *like* tá sí ceangailte anois le mo shaol *like* leis an bpeil agus na daoine *like* mo chairde agus gach rud *so* / beidh mé ag caint as Gaeilge / tá mé sásta leis sin / *yeah*

Mar a míníodh i mír 4.2.2., tógadh Colm le Gaeilge i mBéal Feirste ach bhain dúshláin áirithe le húsáid na Gaeilge lasmuigh de chomhthéacs an teaghlaigh agus na scoile a bhaint amach toisc gurbh é an Béarla teanga cheannasach na timpeallachta sóisialta. Dar leis gur ‘chúlaigh mé rud beag ... ó thaobh saol na Gaeilge’ (**55 Colm**) ar feadh tamaill i ndiaidh na hollscoile ar chúiseanna éagsúla. Aithníodh le linn na hanailíse gur tharla *muda* sóisialta i gcás Choilm, ar aon dul leis na rannpháirtithe nár togadh le Gaeilge iad, toisc go raibh air saol sóisialta trí mheán na Gaeilge a bhaint amach de réir a chéile. Fuair sé post le stáisiún raidió Gaeilge i mBéal Feirste agus d’fhorbair sé caidrimh nua ina dhiaidh sin. Tugtar téama an mhuintearais faoi deara arís nuair a mhíníonn sé gur ‘mhothaigh mé go raibh mé suite arís / i bpobal na Gaeilge’ (**69 Colm**):

66 Stiofán: Agus ar tháinig athrú ar do / shaol sóisialta ansin nó an é / díreach go raibh tú cineál ar ais sa saol sóisialta céanna nó an raibh daoine nua agus cineál meon nua?

67 Colm: Aidhe daoine *yeah no* cinnte daoine nua seandaoine fosta / daoine a bhí / a bheinn cairdiúil leo roimhe seo agus níos mó nascanna ... *but* em / daoine nua cinnte / em / agus // *yeah no yeah* céad faoin gcéad em ach níl fhios agam // ar an sin mar gheall ar an raidió nó sin *just* go ginearálta go raibh mé i mo chuid de phobal na Gaeilge atá ag fás rud beag i mBéal Feirste nó cibé agus cineál go bhfuil daoine ag teacht anseo rud beag níos mó ón deisceart agus / aithne a chur orthu an dóigh níl fhios agam *but yeah* / d’fhás sé rud beag

Caibidil 4: Réamh*mudes* agus *mudes* sóisialta

Faightear léargas maith ar ghnéithe idircheangailte an *muda* shóisialta i gcás Dhoireann agus Sheáin. Ba léir an tábhacht a bhain le caidrimh nua a chruthaíodar i gcomhthéacsanna éagsúla ach tugtar faoi deara freisin gur próiseas carnach atá i gceist lena mbaineann pointí criticiúla difriúla. Ar nós Shinéad, Megan agus Sarah, léirítear an tábhacht a bhain leis na caidrimh nua a chruthaigh Doireann ar an ollscoil. Míníonn sí anseo gur fhreastail sí ar Oireachtas na Samhna tar éis di aithne a chur ar bhail an Chumainn Ghaelaigh. Tráchtann sí ar an gcaoi ar athraigh sé sin a saol sóisialta Gaeilge:

16 Doireann: Chuaigh mé ar an ollscoil agus / ní raibh mé ag déanamh *really* mórán rudaí [le Gaeilge] taobh amuigh den [obair]

17 Stiofán: Agus tú ar an meánscoil?

18 D: *Yeah* ach nuair a chuaigh mé go Gaillimh ansin ... cineál chuaigh mé chuig / cruinniú de chuid an / Cumann Gaelach / coicís roimh an Oireachtas / agus ní raibh aithne agam ar duine ar bith {gáire} agus bhí [duine amháin] ann bhí seisean ag rá gabh ag an Oireachtas agus níor chuala mé trácht air riamh / roimhe sin *so* bhí mé cineál ... ní raibh fhios agam cad a bhí ann ach dúirt an bhean in aice liom / *sure* rachaidh mise má théann tusa ... {gáire} ach em chuaigh muid agus / bhuail mé le achan duine eile agus sin cineál / ó shin ar aghaidh bhí mé / *really* bainteach leis an Ghaeilge i nGaillimh / leis an Chumann Gaelach agus achan rud mar sin

Arís thuas tugtar téama an mhuintearais faoi deara agus Doireann ag míniú gur mhothaigh sí '*really* bainteach' leis an nGaeilge i nGaillimh de bharr na gcaidreamh nua a cruthaíodh ar an ollscoil. Léirítear sa sliocht seo a leanas go mbaineann méadú sa mhéid Gaeilge a úsáideann nuachainteoirí leis an *muda* sóisialta:

21 S: Seo ar fad i nGaillimh?

22 D: I nGaillimh sea / em *so* bhí sin cineál / bhí muid ag iarraidh cineál pobal a bhunú thart ar an Ghaeilge i nGaillimh / em / ach ansin / mise / bhog mé isteach le beirt [chara nua] agus / labhair muid Gaeilge amháin sa teach agus achan rud agus sílim gur chuidigh sin / go mór linn

D'imir comhthéacs Bhéal Feirste tionchar glé ar *mudes* sóisialta rannpháirtithe áirithe. Mar a míníodh thuas, gné lárnach den *muda* sóisialta ná an éifeacht a bhíonn aige ar phróiseas dlisteanaithe an nuachainteora. Chaith Doireann tréimhse i mBéal Feirste agus tá an tionchar a d'imir a caidreamh le muintir na háite ar a féinmhuinín i dtaca le

Caibidil 4: Réamh*mudes* agus *mudes* sóisialta

labhairt na Gaeilge le haireachtáil ar an sliocht seo a leanas. Tá sé suntasach gur bhraith sí nach raibh daoine ‘ag déanamh breithiúnais’ uirthi ná ar chaighdeán a cuid Gaeilge agus gur laghdaigh sé sin an imní shóisialta a bhain le húsáid na Gaeilge. Spreag ceist faoina féinmheasúnú ar a cumas teanga an freagra seo a leanas:

102 D: Sílim gur chuidigh Béal Feirste / b’fhéidir leis sin mar / labhraíonn daoine anseo *you know* is cuma cén // Gaeilge atá agat *just* ... labhrann siad í agus em / tá daoine iontach muiníneach // a bhfuil níos lú Gaeilge acu ná mise / *so then* tá mise cineál *like* bhuel níl duine ar bith ag déanamh breithiúnais orm is cuma le daoine caidé atá mé a rá a fhad go ndeirimse é / *so then* sílim gur chuidigh sin / Béal Feirste liom *so* anois nuair a théimse ar ais go Gaillimh ní bheidh mé chomh buartha sin faoi

Tá nasc idir téama na gcaidreamh agus na ceannairceachta (féach mír 4.3.3.) i dtaca le *muda* sóisialta Sheáin agus faightear léargas eile ar a charnaí atá an próiseas claochlaithe. Tagraíonn sé sa sliocht seo a leanas don saol sóisialta Gaeilge a theastaigh uaidh ach nashtar é sin le téama na ceannairceachta agus é ag míniú gur féidir saol sóisialta a bhaint amach nó a bhunú in ainneoin easpa tacaíochta stáit. Míníonn sé a mhian láidir caidrimh a chruthú le ‘Gaeil’ eile (féach an anailís ar fhéiniúlacht ghrúpa na nGael i mír 5.4.2.):

29 Stiofán: Agus an bhfuil sé sin fós mar spreagadh dhuitse ó thaobh na Gaeilge de abair?

30 Seán: Na daoine óga?

31 S: Daoine óga / cearta teanga / polaitíocht

32 Seán: *Yeah it was*

33 S: Nó an bhfuil sé cineál athraithe ó shin? / cineál

34 Seán: An rud / *like* ag an tús sin mar a dúirt mé an áit a dtáinig an spreagadh / is mar gheall ar na daoine óga agus a leithéid mar sin *but* anois tá mé cineál níos tiomanta ó thaobh saol sóisialta / a bhunú seachas / a bheith ag brath ar / an rialtas cearta a thabhairt dúinn ... tá mé *just* cineál / tá mé ag iarraidh cóisireacht {gáire} i bhfrinne tá mé ag iarraidh cóisireacht i nGaeilge le focain Gaeil eile *you know so* sin an cineál plean atá agam

Luann sé sa chéad sliocht eile a thábhachtaí atá úsáid shóisialta na Gaeilge ina thuairim féin. Dar leis go raibh ‘fadhb’ ann agus é ar scoil nach raibh comhghleacaithe ranga

Caibidil 4: Réamh*mudes* agus *mudes* sóisialta

dá chuid in ann comhrá a bheith acu i nGaeilge cé go maíonn sé go raibh cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta acu. Tá sé suntasach go gcuireann Seán béim ar an tábhacht a bhaineann le himeachtaí i nGaeilge a eagrú seachas imeachtaí *faoin* nGaeilge. Is léir téama an ghníomhaíochais anseo agus Seán ag tabhairt le fios gur cheap sé go raibh ról le himirt aige féin i mbunú na n-imeachtaí sóisialta. Tá nasc anseo leis an ‘éalú’ ón acadúlacht a luaigh Sinéad agus an feabhas teoranta a thagann ar chumas teanga an nuachainteora sa chomhthéacs institiúideach amháin a mhaígh Sarah. Luann sé chomh maith an tionchar a d’imir cara leis ar an *muda* sóisialta:

34 Seán: ... mise maith go leor le droch-fhocail a rá nach bhfuil?

35 S: Oh *yeah* {gáire}

36 Seán: {gáire} *so yeah* / go bunúsach séard tá mé / mar a dúirt mé *like* [cara liom] arís eisean as a dtáinig an / an suim ó thaobh an / píosa sóisialta den teanga / em / mar shampla *you know* / chuaigh mise ar [mheánscoil lán-Ghaeilge] / agus bhí / daoine i mo ranga agus mé sa seachtú bliain / nach raibh in ann focain comhrá a bheith acu i nGaeilge ach bhí siad in ann litir a scríobh agus a léamh / an dtuigeann tú *just* ní raibh ... Gaeilge shóisialta ar bith ag duine ar bith ar scoil *it was* uilig foirmeálta *you know* / agus a leithéid *and I was like* / arís *I was going* // tá cineál fadhb ansin caithfimid rud éigin a dhéanamh *so* bhí an smaoineamh céanna ag [cara liom] maidir le *just* imeachtaí shóisialta a bhunú / gan cineál béim a chur ar an Ghaeilge *it's just like* shóisialta ceolchoirmeacha imeachtaí polaitiúla nó cibé rud agus *just* is é Gaeilge príomh-teanga an áit mar is é Gaeilge [atá ag] na heagraitheoirí agus na daoine a bheas ag freastal / seachas ag amharc air ag dul / seo ceolchoirm / i nGaeilge / *it's just* ceolchoirm atá ann / tá na bannaí ar fad ag ceol i nGaeilge

Sa sliocht deireanach seo a leanas feictear go mbíonn na téamaí coincheapúla éagsúla a chothaíonn an *muda* sóisialta fite fuaite go minic ar chonair theangeolaíoch na rannpháirtithe. Léirítear anseo gur fhorbair Seán caidrimh nua de réir a chéile trí mheán na Gaeilge agus gur tháinig méadú ar mhinicíocht úsáide na teanga dá bharr sin:

39 S: Lasmuigh [den chlub óige] ansin agus an obair an mbeadh tusa ag labhairt Gaeilge go sóisialta / ag an bpointe sin nó an raibh sé cineál *just* bainteach le / leis na daoine óga leis an obair sin leis an bhfeachtasaíocht?

Caibidil 4: Réamh*mudes* agus *mudes* sóisialta

40 Seán: Sin é / go bunúsach is na daoine óga agus [an club óige] iad féin na daoine a bhí ag réachtáil an rud / Gaeilge amháin leofa / em ar ndóigh *and then* cibé uair gur bhuaíl mé le duine ar bith taobh amuigh den áit Gaeilge *like* / mo chairde cibé uair go mbeinn ag labhairt i nGaeilge leofa *like* cibé uair go raibh mé in ann / Gaeilge a labhairt

41 S: Na cairde scoile?

42 Seán: *Yeah* go díreach em / déanann muid iarracht / *you know* cibé uair go raibh muid in ann / em / *but yeah so* sin an rud *like* ní raibh mórán de / *but* mar gheall ar [an chlub óige] ... bhí mé anois ag cur aithne ar mol mol mór Gael thart fán chathair nach raibh aithne agam orthu / *so* bhí mé anois cineál // ag bualadh le daoine agus iad ag dul oh *here* tá seo ar siúl / *so* bhí mé ag dul ag imeachtaí leofa fiú ná raibh siad i nGaeilge *just* ag dul ag ceolchoirmeacha agus / *just* cineál / ag dul chun *I don't know just* / ag cur an síol Sheáin sa focain / *you know* pobal Gaeilge agus ag bualadh le daoine agus / cineál *it was* cosúil le saol eile a bheith agam mar níl Gaeilge ar bith ag mo theaghlach

Is léir tionchar na gcaidreamh ag deireadh an tsleachta thuas agus *muda* sóisialta soiléir ag titim amach i gcás Shéain. Thosaigh sé ag cruthú nascanna le cainteoirí Gaeilge eile ar fud na cathrach, dar leis, agus ag freastal ar imeachtaí leo. Dar liom go léiríonn an úsáid a bhaineann Seán as an bhfocal ‘síol’ – ‘síol Sheáin’ a chur i bpobal na Gaeilge – gur próiseas carnach, leanúnach a bhí i gceist leis an athrú sin. Tráchtann sé ar an ‘saol eile’ Gaeilge a d’fhorbair sé diaidh ar ndiaidh agus tarraingíonn sé codarsnacht idir an saol sin agus a chúlra teaghlaigh. Tá téama an mhuintearais lárnach arís anseo agus Seán ag éirí níos gníomhaí sa phobal Gaeilge de thoradh an *muda* shóisialta.

Sa chéad mhír eile déanfaidh mé anailís ar théama an chúitimh agus tionchar an téama sin ar *mudes* sóisialta na rannpháirtithe.

4.3.2. ‘Ní shílím go mbeinn ag déanamh an oiread seo rudaí muna raibh Gaeilge agam’: Cúitimh

Mar aon leis na caidrimh nua a chruthaigh na rannpháirtithe i gcomhthéacsanna nua, aithníodh cúitimh phearsanta agus ghairmiúla a samhlaíodh le foghlaim agus úsáid na Gaeilge mar ghné lárnach eile den *muda* sóisialta. Sainmhíním téama an chúitimh anseo mar na deiseanna nó na tairbhí a d’aithin rannpháirtithe le foghlaim agus úsáid na teanga. Tarraingím ar anailís Ortega *et al.* ar *recompensas* na Bascaise chun téama

an chúitimh a mhíniú sa mhír seo. Breathnaíonn na húdair sin ar *recompensas* mar na torthaí dearfacha a cheanglaíonn *euskaldunberriak* le foghlaim na Bascaise. San áireamh sna *recompensas* tá caidrimh, muintearas, deiseanna gairmiúla agus pearsanta nach mbeadh ag *euskaldunberriak* murach an Bhascais, dar leo, agus mothúcháin dhearfacha ar nós an tsásaimh agus an bhróid (2016: 60-61). Pléadh caidrimh agus muintearas rannpháirtithe an taighde seo i mír 4.3.1. agus sa mhír seo díreoidh mé ar chúitimh ghairmiúla agus phearsanta. Labhair rannpháirtithe éagsúla faoi na deiseanna a cuireadh ar fáil dóibh a bhí leis an nGaeilge agus chreid rannpháirtithe áirithe nach bhfaigheadh siad na deiseanna sin murach an Ghaeilge. Áitím go bhfeidhmíonn na cúitimh a luann na rannpháirtithe mar spreagthaí leanúnacha úsáide. Ní mór a mheabhrú anseo go mbíonn téamaí éagsúla an *muda* shóisialta fite fuaite lena chéile ar chonairí teangeolaíoch na rannpháirtithe. Dá bharr sin, forluíonn míreanna na caibidle seo ar a chéile ar uairibh.

Labhair Sarah ar dheiseanna a fuair sí sna meáin chraoltóireachta agus, dar léi, ‘mura mbeadh an Ghaeilge agam [ní déarfainn] go mbeadh na deiseanna sin faighte agam’ (72 Sarah). Maíonn sí gur éirigh léi dul chun cinn gairmiúil níos tapúla a dhéanamh toisc go bhfuil ‘pobal níos lú’ ag plé leis na meáin Ghaeilge nuair a chuirtear an earnáil sin i gcomparáid leis na meáin Bhéarla. Luann sí anseo craoltóirí aitheanta Gaeilge a chuidigh léi ar bhealaí éagsúla agus is léir an tionchar dearfach a d’imir na deiseanna sin ar a cumas teanga agus, níos tábhachtaí fós i dtéarmaí an *muda* shóisialta, a féinmhuinín i dtaca le labhairt na Gaeilge. D’eascair an plé seo a leanas as ráiteas a rinne sí faoi na deiseanna nach bhfaigheadh sí murach an Ghaeilge:

73 Stiofán: [Ní bheadh na deiseanna sin agat] i mBéarla?

74 Sarah: I mBéarla / *no* ní ceapaim

75 S: Agus an dóigh leat / cén fáth?

76 Sarah: Tá an iomarca daoine / an iomarca daoine ag iarraidh dul isteach ann *you know* is pobal {níos} lú í an Ghaeilge *so* is féidir leat saghas dul chun cinn níos gasta a dhéanamh is féidir leat aithne a chur ar dhaoine ... bhí an deis agamsa a bheith ag obair le [craoltóirí Gaeilge] / agus / bhí siad an-chabhrach bhíodar ag iarraidh saghas mé a spreagadh / em / *so* thug siad ana-chuid deiseanna agam bhí an deis agam a bheith sa stiúideo agus a bheith taobh amuigh / ag cur agallamh ar dhaoine agus scríobh scrípteanna / gach rud mar sin / agus bhí mise ... ní raibh mé cúthaileach bhí

Caibidil 4: Réamh*mudes* agus *mudes* sóisialta

easpa muiníne agam ó thaobh gramadach na Gaeilge em *just* ó thaobh a bheith ag scríobh scrípteanna agus rudaí mar sin ... bhí siad *just* i gcónaí ag iarraidh mé a spreagadh agus em ag cur le mo chuid muiníne féin

Tráchtann Mark ar chúitimh ghairmiúla na Gaeilge chomh maith. Trí phost a fháil in earnáil na Gaeilge, d'éirigh leis é féin a lonnú i 'saol na Gaeilge' ar feadh roinnt blianta. Luann sé anseo an tionchar a d'imir deiseanna gairmiúla ar a chumas teanga agus ar mhinicíocht úsáide na Gaeilge. Maíonn sé gur tháinig 'feabhas ar an gcaint' toisc go raibh sé ag cleachtadh na Gaeilge go laethúil den chéad uair lasmuigh de chomhthéacs an oideachais:

50 Stiofán: Agus an mbraitheann tú anois go bhfuil tú in ann do phearsantacht a chur in iúl i nGaeilge chomh maith?

51 Mark: Braithim / *so arís it's just cleachtadh / like kinda* lonnaigh mé mé féin i saol na Gaeilge ar feadh ceithre bliana *so just* thá *kinda*

52 S: Seo leis an obair?

53 M: Seo leis an obair *yeah* / em *so* b'éigean dom Gaeilge a labhairt ó naoi go dtí a cúig *so like is* / tá sé an an-bhunúsach mar choincheap má chleachtaíonn tú má labhraíonn tú {gáire} an Ghaeilge ... agus mé ag caint go rialta *just* tháinig feabhas / ar an gcaint / *groundbreaking* {gáire}

56 S: Agus an gcuimhin leat ... pointe nó / am éigin agus tú ag labhairt leo siúd a bhí ag obair leat [ansin] gur bhraith tú go raibh tú / ok táim compordach anois / ag labhairt na Gaeilge fiú le idir chainteoirí dúchais nó cainteoirí láidre nó líofa nó / pé rud é?

57 M: Hmm / níl fhios agam an bhfuil dáta cruinn agam ach b'fhéidir i ndiaidh bliana nó mar sin de / em théis dom *kind of an* / bhí *kind of epiphany* agam / agus rith sé liom *ok like* / táim i measc na *big boys* anois / ba cheart dom / *really kinda* luí isteach air seo agus em / a thaispeáint dóibh ... gur comhghleacaí mé seachas mac léinn

Ceangalaíonn Mark pointe amháin ar leith leis an *muda* sóisialta sa sliocht thuas. Bíodh sin mar atá, agus cé go maíonn Mark go raibh 'eipeafáine' aige maidir lena chumas teanga, is dócha go léirítear arís ina insint thuas gur próiseas carnach, leanúnach a bhíonn i gceist leis an *muda* sóisialta. Spreagadh é lena chumas teanga a fheabhsú le léiriú dá chomhghleacaithe nua – na '*big boys*' nó Gaeilgeoirí gairmiúla,

líofa – gur chainteoir dlisteanach Gaeilge a bhí ann (féach mír 5.3.2. agus straitéisí dlisteanaithe na rannpháirtithe).

Forluíonn téamaí éagsúla ar a chéile i gcás Aonghuis agus a *muda* sóisialta. Léirítear sa sliocht seo a leanas an tionchar a d’imir comhthéacs Bhéal Feirste ar úsáid shóisialta na Gaeilge agus é ag labhairt na teanga ‘go rialta’ ann, rud nach ndearna sé roimhe sin. Taispeántar arís nach ionann réamh*muda* scoile agus úsáid shóisialta na teanga nuair a mhaíonn Aonghus nach raibh ‘na huirlisí’ aige féin ná ag a chomhghleacaithe meánscoile an t-athrú sin a dhéanamh ag an am:

41 Stiofán: Agus lasmuigh den Ghaeltacht / eh Béal Feirste an chéad taithí a bhí agat mar sin de *like* timpeallacht Ghaeilge agus mar sin de?

42 Aonghus: Sea b’shin é *yeah* timpeallacht Ghaeilge *Jailtacht* mar a chuir siad air / em / b’shin é *yeah* agus ag labhairt Gaeilge go rialta le daoine achan lá mar ní raibh mé cleachtach leis sin ag an mheánscoil cé go ndearna ár múinteoirí ag an mheánscoil iarracht ollmhór em Gaeilge a spreagadh ní raibh mórán suime againn *just or* b’fhéidir nach raibh na huirlisí againn lasmuigh den seomra ranga

Is léir tionchar an tsaoil shóisialta a d’fhorbair Aonghus le linn na hollscoile sa sliocht seo a leanas agus, ina theannta sin, tionchar na n-ócáidí Gaelacha ar a spéis sa teanga. Amhail Mark thuas, ámh, is cosúil gur bhain cúitimh ghairmiúla lena *muda* sóisialta chomh maith. D’éirigh leis post a bhaint amach i nGaelscoil nuair a chríochnaigh sé san ollscoil agus míníonn sé go raibh sé anois ag feidhmiú ‘i dtimpeallacht lán-Ghaeilge’ ar feadh an lae. Is ansin a thuig sé, dar leis, a thábhachtaí a bhí an Ghaeilge dó féin. Tugtar le fios ag deireadh an tsleachta go samhlaíonn sé cúitimh phearsanta leis an dátheangachas.

Anuas air sin, tugtar múscailt féiniúlachta le tuiscint agus féiniúlacht Aonghuis mar chainteoir Gaeilge á fforú de réir a chéile agus é ag obair trí mheán na Gaeilge. Is ag labhairt ar a thaithí ollscoile atá sé sa sliocht seo a leanas:

46 A: Sílim gurb ionann an scéal sin go achan duine i mo rang eh // ní raibh mórán suime againn sa ... chan nach raibh suim againn sa teanga bhí *just* i bhfad níos mó suime againn do na hócáidí Gaelacha / em a chuaigh leis sin agus ina dhiaidh sin / em cúpla duine againn anois a bhfuil fíor-suim againn sa teanga í féin / em *but* ní dhéarfainn féin gur taisme a bhí ann toisc gur thosaigh mé ag obair i nGaelscoil díreach i ndiaidh em na hollscoile sílim toisc go raibh mé i dtimpeallacht lán-Ghaeilge

Caibidil 4: Réamhmudes agus mudes sóisialta

ó naoi a chlog ar maidin go dtí cúig an chlog san oíche / gur thuig mé mar is ceart ansin em cé chomh tábhachtach is a bhí sé dom féin // em ní shlíimse gur thuig mise ag an ollscoil em go raibh an t-ádh ormsa teanga sa bhreis a bheith agamsa

Tógtar ar théama an chúitimh sa sliocht seo a leanas. Chuir deiseanna fostaíochta in earnáil an tumoideachais leis an seasamh idé-eolaíoch dearfach a chothaigh na réamhmudes éagsúla a tharla ar chonair theangeolaíoch Aonghuis. Dar leis gur thairg timpeallacht oibre agus shóisialta Bhéal Feirste ‘blaiseadh cultúrtha’ nach bhfaigheadh sé sa mbaile. Is léir an tionchar a d’imir dearcadh an phobail air – pobal dícheallach, díograiseach, dar leis – agus ba le linn na tréimhse sin a thuig sé luach na teanga ar bhealach níos soiléire. Cuireann sé síos ar an athrú a tháinig ar a shaol sóisialta Gaeilge i ndiaidh na hollscoile sa sliocht seo a leanas:

60 A: *But yeah* d’fhorbair sé as an ollscoil ina dhiaidh sin gur chaith mé dhá bhliain sa Ghaelscoil agus gur thuig mé / em cé chomh luachmhar is a bhí an teanga sin tá aon bhunscoil déag i mBéal Feirste amháin // em *so* pobal ollmhór atá ann atá antiomanta díograiseach dícheallach fosta em / *so* bhí an timpeallacht ann agamsa *so* bhí an t-ádh ormsa ní shlíimse go bhfaighfinn an oiread sin em / sórt blaiseadh cultúrtha dá mbeinn dá mba rud é gur fhan mé [sa mbaile] tá mé cinnte fadúda sin

Tá téama an chúitimh agus na gcaidreamh fite fuaite lena chéile ar chonair theangeolaíoch Maria. Bhuail sí le cairde nua trí mheán na Gaeilge nuair a bhain sí post amach in earnáil na Gaeilge i mBéal Feirste. Tuairiscíonn sí go ndearna na caidrimh nua sin ‘normalú’ ar úsáid shóisialta na Gaeilge. Amhail Aonghus, is léir gur imir comhthéacs Iarthar Bhéal Feirste tionchar ar a *muda* sóisialta agus de réir a chéile chruthaigh sí nascanna le cainteoirí Gaeilge éagsúla i gcomhthéacsanna sóisialta nua. Ar aon dul le rannpháirtithe eile, léirítear in insint Maria nár éirigh léi úsáid shóisialta na Gaeilge a bhaint amach go dtí an pointe sin, in ainneoin thionchar na réamhmudes:

14 Maria: Baineann sé seo uilig le ciorcal sóisialta s’agamsa mar gheall gur sin an dóigh gur bhuail mé leis na / cairde atá agamsa i ndáiríre anois trí Ghaeilge *so* / sin

15 Stiofán: Níos mó ná na cairde a bhí agat ar an meánscoil abair?

16 M: *Yeah yeah* em / *it was* tríd an phost sin [le heagraíocht Ghaeilge] gur bhuail mé leis na daoine atá mé em / cairdiúil agus a fheicimse *you know* gach seachtain gach mí cibé rud ... mar gheall gur obair phobail a bhí ann [leis an bpost] agus obair sóisialta a bhí ann agus mar gheall go raibh muid nasctha leis an oiread sin

Caibidil 4: Réamh*mudes* agus *mudes* sóisialta

eagraíochtaí eile ann bhuail mé leis an oiread sin daoine / agus bhuail mé leis an oiread sin daoine trí Ghaeilge fosta / agus rinn siad normalú ar / an Ghaeilge a úsáid mar / rud sóisialta fosta domsa rud nár tharla go dtí sin ar bhealach / em agus nuair a bhí mé ag obair ansin bhog mé amach go Iarthar Bhéal Feirste *so* bhí mé i mo chónaí in san Ceathrú Gaeltachta / em / d'athraigh an ciorcal / sóisialta a bhí agamsa ina iomlán thart ar an tréimhse sin agus em bhuail mé leis an oiread sin Gaeilgeoirí agus / sin nuair a thosaigh mé ag freastal ar leithéid den Oireachtas nó de Chomórtas Peile na Gaeltachta / nó de Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge agus rudaí mar sin / agus tríd na himeachtaí siúd bhuail mé leis an oiread sin daoine eile agus *you know* bhí sé *just* athraithe ó bhun go barr gach rud em

17 S: *So* rud a thosaigh mar rud / gairmiúil b'fhéidir d'fhorbair sé ina rud sóisialta?

18 M: *Yeah* agus níor thuig mé ag an am sin nuair a bhí mé ag cur isteach níor shíl mé *right* seo post maith agus seo post a bheidh sultmhar mar gheall go bhfuil sé bainteach leis an Ghaeilge / ach d'athraigh sé an saol sóisialta a bhí agamsa ina iomlán / em / bheinn ag caint faoi oh tá mé ag déanamh rud éigin le / daoine ón obair *but really its* cairde s'agamsa a bhí ann agus *just* sin an dóigh a tharla sé

Léirítear go soiléir an nasc idir an dá théama ag deireadh an tsleachta thuas. Is léir gur shamhlaigh sí an post nua mar chúiteamh gairmiúil i dtosach báire ach maíonn sí ina dhiaidh sin gur claochlaíodh a saol sóisialta go hiomlán de bharr na gcairde nua a rinne sí trí mheán na Gaeilge. D'fheadfaí, mar sin, cúitimh phearsanta agus ghairmiúla a aithint in insint Maria.

Pléitear téama na ceannairceachta thíos i mír 4.3.3. ach i gcás rannpháirtithe áirithe tugadh nasc faoi dearadh idir an téama sin agus na cúitimh ghairmiúla agus phearsanta a chothaigh an *muda* sóisialta. Míníonn Doireann go bhfuil sí 'cinnte' gur cuireadh deiseanna ar fáil di nach bhfaigheadh sí murach an Ghaeilge. Baineann sí sult níos mó as rudaí a mbaineann an Ghaeilge leo, dar léi, agus tráchtann sí chomh maith ar dheiseanna oibre agus ar thairbhí phearsanta a d'eascair as bogadh go Béal Feirste. Mar a chonacthas i gcás rannpháirtithe eile, agus ar nós na mothúchán dearfach a phléann Ortega *et al.* (2016: 61) i gcás *euskaldunberriak*, tá sé suntasach go luaitear arís anseo an 'grá' atá ag Doireann don Ghaeilge:

124 Doireann: Cinnte / sílim bhuel nuair a bhí mé ar scoil ní raibh suim agam ... ní raibh *really* grá agam do rud ar bith seachas an Ghaeilge / agus go fóill *like* achan rud

Caibidil 4: Réamh*mudes* agus *mudes* sóisialta

a dhéanamh // bainim sult astu ach / bainim sult níos mó as mar gheall go bhfuil Gaeilge bainteach leo

125 S: *So* rudaí éagsúla atá i nGaeilge?

126 D: *Yeah* agus ní shílím go mbeinn ag déanamh an obair an oiread seo rudaí / muna raibh Gaeilge agam / ní bheinn is dócha anseo i mBéal Feirste ní bheadh na cairde agam / bheadh / saol go hiomlán difriúil agam más rud é nach raibh Gaeilge agam / ach tá mé sásta go bhfuil / agus sílim nuair a labhrann tú Gaeilge bualann tú le daoine / cineál / a bhfuil an meon céanna acu agus smaoiníonn muid ar fad cineál / bhuel smaoiníonn mo chairde ar fad a bhfuil Gaeilge acu sa treo / ceart agus smaoiníonn muid faoi na rudaí céanna agus achan rud *so* sílim / go gcuidíonn sin

127 S: Agus an dóigh leat go bhfuil sé sin fíor i mBéal Feirste nó i ngach áit maidir le / muintir na Gaeilge nó na Gaeltachta?

128 D: Sílim in achan áit ach ag an am céanna sílim gurb í an Ghaeilge an rud a nascann muid ar fad le chéile

Tagann téamaí na gcaidreamh, an chúitimh agus na ceannairceachta le chéile ag deireadh an tsleachta agus Doireann ag míniú go mbuaileann tú le daoine ‘a bhfuil an meon céanna acu’ agus a smaoiníonn ‘sa treo ceart’ nuair atá Gaeilge agat (féach an anailís ar ghrúphéiniúlacht na nGael i mír 5.4.2.). Is dócha go bhfuil sí ag tagairt anseo do cheisteanna sochpholaitiúla. Ar aon dul le rannpháirtithe áirithe eile, tá Doireann ar an eite chlé ó thaobh na polaitíochta de agus tá sí gníomhach i ngluaiseachtaí teanga agus sóisialta éagsúla. Is í an Ghaeilge an ghné a chruthaíonn na caidrimh sin, dar léi, agus a nascann an pobal le chéile.

Tagann téamaí idircheangailte le chéile i gcás *muda* shóisialta Sheáin chomh maith. Luann sé anseo na cúitimh ghairmiúla a bhain sé as an nGaeilge agus postanna éagsúla faighte aige ó bhí sé ina dhéagóir. Amhail Doireann, maíonn sé go bhfuil deiseanna faighte aige nach gcuirfí ar fáil dó murach foghlaim na Gaeilge. Lena chois sin, tugtar le tuiscint idé-eolaíocht pholaitiúil de chuid na heite clé ina insint agus, ar nós Dhoireann, creideann Seán gurb í an Ghaeilge an tréith a cheanglaíonn an pobal le chéile. Pléitear téama na ceannairceachta i gcás Sheáin i mír 4.3.3.:

82 Seán: Ní hamháin go raibh an Ghaeilge / cineál mar // cineál foinse suim / agam agus mé óg *it was actually* mo fhostaíocht chomh maith *like* ó a bhí mé cúig déag / sé déag / ní raibh post agam riamh fríd Béarla

83 Stiofán: *So tá tusa théis deiseanna a fháil tríd an Ghaeilge / nach mbeadh agat gan an Ghaeilge?*

84 Seán: *Gan dabht / gan dabht em / agus go háirithe i mBéal Feirste cibé / níl mórán aithne agam ar daoine / atá bainteach leis an saol sóisialta Gaeilge nach bhfuil fostaithe fríd Gaeilge i mBéal Feirste ... go háirithe i mBéal Feirste déarfainn gur Béal Feirste cineál an / spearhead an réabhlóid Gaelach eh sa tír faoi láthair / b'fhéidir gur sin // you know / rud beag thar fóir but sin mo bharúilse / faoi láthair go bhfuil dá mba rud é go bhfuil an réabhlóid cineál / uirbeach / uirbeach you know like sna cathracha / tiocfaidh sé ó Bhéal Feirste creidim / tá achan duine chomh tiomanta sin*

Maíonn sé go bhfuil an chuid is mó de phobal na Gaeilge i mBéal Feirste fostaithe san earnáil Ghaeilge chomh maith le bheith gníomhach i saol sóisialta Gaeilge na cathrach. Feictear anseo téama na ceannairceachta freisin agus Seán ag labhairt ar phobal na Gaeilge i mBéal Feirste. Dar leis go bhfuil daoine ‘tiomanta’ sa chomhthéacs sin agus creideann sé go mbeidh Béal Feirste lárnach dá mba rud é go dtarlaíonn ‘réabhlóid’ Ghaeilge sna cathracha. Is éard atá i gceist aige le ‘réabhlóid’ anseo, dar liom, ná caomhnú agus cur chun cinn na Gaeilge sna ceantair uirbeacha. Tá nuachainteoírí lárnach, dar ndóigh, sa ghluaiseacht sin. Ar aon dul le Doireann, taispeántar sa chéad mhír eile go bhfeiceann Seán nascanna idir gluaiseacht na Gaeilge agus gluaiseachtaí eile sochpholaitiúla. Pléitear téama na ceannairceachta go mion sa chéad mhír eile, i gcás Sheáin agus rannpháirtithe eile.

4.3.3. ‘Tá mise dul a bheith ag troid ó seo amach ar son na Gaeilge’: Ceannairceacht

Gné lárnach eile den *muda* sóisialta a aithníodh le linn na hanailíse cáilíochtúla ná téama na ceannairceachta. Is é sin le rá go mbíonn rannpháirtithe ag baint úsáide as an nGaeilge mar uirlis cheannairceach le cur i gcoinne norm nó chun aidhmeanna sochpholaitiúla a bhaint amach. Tarraingím in anailís na míre seo ar phlé O’Rourke agus Ramallo (2015) agus O’Rourke (2018) ar mhionlach gníomhach nuachainteoírí na Gailísis (féach mír 2.4.) – sainmhínte mar dhaoine nó mar ghrúpaí a dhéanann iarracht lena n-iompar féin tionchar a imirt ar dhearccháí agus ar chleachtais an tromlaigh. Déantar é sin chun athruithe sóisialta a chothú (2014: 151). Sa chomhthéacs céanna aithníonn O’Rourke nuachainteoírí a úsáideann an Ghailísis go gníomhach de bharr spreagthaí polaitiúla. Maíonn na *neofalantes* céanna go bhfuil freagracht orthu

Caibidil 4: Réamh*mudes* agus *mudes* sóisialta

an teanga a chosaint agus dúshlán a thabhairt do chinseal na Caistflise (2018: 413). Ar an gcaoi chéanna, aithníonn Puigdevall *et al. mudes* a thiteann amach mar thoradh ar ‘chonsiasú’ nuachainteoirí i dtaca le stádas leochaileach na teanga (2018: 452).

Chonacthas i mír 4.2.1. gur imir téama na gcaidreamh tionchar ar *muda* sóisialta Sheáin, ach áitím go bhfuil an cheannairceacht nasctha go dlúth leis sin ar a chonair theangeolaíoch. Míníonn sé ag tús an tsleachta seo an chaoi ar spreag saol sóisialta Gaeilge, agus meon ‘deas’ agus ‘oscailte’ an phobail, a spéis sa teanga. Is cosúil gur cothaíodh meon ceannairceach ann ag an am céanna, ámh, agus tuairiscíonn sé gur theastaigh uaidh obair a dhéanamh ar son na Gaeilge le cinntiú go mbeadh na deiseanna céanna – féach na cúitimh a luaigh sé i mír 4.3.2. thuas – ag glúin óg na Gaeilge sa toadhchá. Pléim i gCaibidil 5 (féach mír 5.3.2.3.) an t-athrú a tháinig ar dhearcadh Sheáin i dtaca lena chumas Gaeilge nuair a bhog sé isteach le cainteoirí Gaeilge eile. Is féidir an t-athrú sin a aithint mar *muda* sóisialta chomh maith:

50 Seán: *So sin just an real turning point ón chruinniú sin le [mo chara] mar tá mé anois i mo chónaí leis and all agus tá nócha faoin gcéad de mo shaol i nGaeilge anois like*

51 Stiofán: *Agus turning point ó thaobh / na Gaeilge i do shaol / sóisialta agus mar sin?*

52 Seán: *Like*

53 S: *Nó gach rud?*

54 Seán: *Yeah gach rud it was / bhí i gcónaí an suim agam mar a dúirt mé sa Ghaeilge / agus sa teanga agus fiú / san / aspect shóisialta den rud you know like amach le daoine agus just / just muintir labhartha an teanga i mBéal Feirste is / daoine an-oscailte iontach deas iad you know so just bhí mise just / you know / captured by this like I was like tá seo focain ar dóigh cos ní raibh mórán aithne agam go raibh seo ar siúl / i mBéal Feirste go háirithe sna cathracha ar chor ar bith / so it was i ndiaidh ... sin go raibh mise like right / tá mé ag iarraidh mo shaol you know a stiúradh sa treo seo / i gcónaí like so cibé uair go bhfuil obair le déanamh tá mé ag iarraidh you know / mo shaol a chaitheamh / ag obair ar son an Ghaeilge just ar mhaithe liom féin agus ar mhaithe le / an chéad ghlúin eile you know so go bhfuil níos mó / deiseanna acu like chan gur cineál like focain Gandhi mé {gáire} you know just cineál / tá mé ag iarraidh // bhí neart deiseanna agam ó thaobh an Ghaeilge de mar gheall ar an ghlúin romhamsa agus*

Caibidil 4: Réamh*mudes* agus *mudes* sóisialta

tá mé *just* ag iarraidh an // an tionchar céanna don chéad ghlúin eile a dhéanamh más féidir

Agus cúitimh na Gaeilge á bplé i gcás Sheáin i mír 4.2.3., luadh an tuairim a bhfuil aige go ‘smaoiníonn mo chairde ar fad a bhfuil Gaeilge acu sa treo ceart’ (126 Seán). Dar liom go dtugann Seán léargas dúinn ar cad atá i gceist leis an dearcadh sochpholaitiúil a luann Doireann agus téama na ceannairceachta ag teacht chun cinn go láidir san insint seo a leanas. Dar leis go bhfuil cúis na Gaeilge – an chúis a dteastaíonn uaidh obair a dhéanamh ar a son, mar a míníodh thuas – nasctha go dlúth le cúiseanna eile de chuid na heite clé in aghaidh an impiriúlachais agus an chaipitleachais, dar leis (féach an plé ar ghrúphéiniúlacht na nGael i mír 5.4.2.):

80 Seán: Tá na smaointí cineál forbartha sin i gcónaí cineál nasctha leis an saol Gaeilge i mBéal Feirste mar tá / tá neart daoine cineál ar an eite clé agus is *like you know / environmentalists* cineál *like* agus mar sin tá daoine i gcónaí ag smaoineamh ar / i mo bharúil féin ar an dóigh cheart faoi rudaí *you know so* cineál tá achan rud cineál nasctha le chéile an dtuigeann tú / i mo bharúil féin i mBéal Feirste / *so*

81 S: Agus an rud maith é sin?

82 Seán: I mo bharúilse go hiomlán em / go hiomlán is *like* / níor chóir dúinn *hierarchy* ar bith a bheith againn i streachailt ar bith *you know* is streachailt uilig é maidir leis an timpeallacht an Ghaeilge an eite chlé is / ná bí ag cur in ord é caidé atá níos tábhachtaí i mo bharúil is mar chuid den streachailt chéanna é in éadan / an / impiriúlachas agus an caipitleachas agus a leithéid

Ba ag Féile Liú Lúnasa in Iarthar Bhéal Feirste a chuir mé aithne ar Sheán agus ar rannpháirtithe eile agus tagraím arís don fhéile i gCaibidil 5 (féach mír 5.4.2.). Agus mé i mbun breathnóireachta sa chomhthéacs sin, thug mé faoi deara go raibh meon ceannairceach fite fuaite le himeachtaí na féile, agus le timpeallacht na Cultúrlainne i gcoitinne. I measc na n-imeachtaí a eagraíodh mar chuid d’fhéile na bliana 2016, mar shampla, bhí ‘Ceardlann Péinteála Meirge’, caint dar teideal ‘Coilíneachas agus an Ghaeilge: Cumhacht, Díchoilíniú agus Athghabháil’, ceardlann filíochta dar teideal ‘Airm Ealaíne: Cur i láthair agus an comhfhios sóisialta’, agus díospóireacht oscailte ar an gceist ‘An bhfuil gluaiseacht na Gaeilge ró-*mhacho?*’. Thug mé nascanna le ‘streachailtí’ eile, mar a thug Seán orthu, faoi deara ar bhealach níos soiléire fós ag féile na bliana 2017. Cuireadh síos ar an ócáid sa chlár mar fhéile ‘phobal-bhunaithe’

Caibidil 4: Réamh*mudes* agus *mudes* sóisialta

a chuireann ‘an Ghaeilge i lár an aonaigh’ agus, thairis sin, a dhéanann ‘iarracht súile a oscailt agus glór a thabhairt dóibh siúd atá ar imeall na sochaí móire’. I measc imeachtaí na bliana sin bhí caint dar teideal ‘Primitive Communism on the Blasket Islands’, ceardlann³⁹ Ghaeilge na hAlban a raibh sé mar aidhm aici ‘léargas a thabhairt ar na difríochtaí, agus cosúlachtaí móra, idir an Ghaeilge in Éirinn agus ... in Albain’, díospóireacht oscailte ar an gceist ‘An bhfuil gá le feimineachas in Éirinn?’ agus caint faoi ‘Thionchar an choilíneachais inniu’ a reáchtáladh i gcomhpháirt leis an eagraíocht teanga An Dream Dearg. Ba léir meon ceannairceach a bheith chun tosaigh i dtimpeallacht na féile trí chéile.



Figiúirí 1, 2, 3 & 4

Tugaim samplaí den mheon sin in ábhar a bhailigh mé ag an bhféile agus in íomhánna a ghlac mé timpeall ar an gCultúrlann ar Bhóthar na bhFál. I bhFigiúr 1 feictear greamán bhí crochta i leithreas na Cultúrlainne, a léiríonn dlúthpháirtíocht le teifigh. I bhFigiúr 2 tá graifítí Gaeilge a spreagann, ar shlí leathdháiríre is dócha, úsáid channabais. Tá múrmhaisiú le feiceáil i bhFigiúr 3 ina léirítear tacaíocht do mhuintir na Palaistíne agus don fheachtas ar son Acht Gaeilge sa Tuaisceart araon. Ar deireadh, i bhFigiúr 4, tá paimfléad dar teideal *Gaeilge for Punks* a bhí ar fáil sa Chultúrlann le linn na féile. I measc na n-abairtí a aistríodh go Gaeilge tá an teachtaireacht chéanna atá le feiceáil i bhFigiúr 2 agus manaí eile frith-chaipitlíocha (‘Scrios ar an chóras!’), frith-ghnéasachais (‘Níl fáilte roimh ghnéasachas anseo’).

Tá téama na ceannairceachta i gcás Shinéad nasctha go soiléir anseo le tionchar na gcaidreamh (féach mír 4.3.1.) a chruthaigh sí i gcomhthéacs na hollscoile. Ag an am

³⁹ Níl sé sin ceannairceach ná radacach ann féin, dar ndóigh, ach d’fhreastail mé ar an gceardlann agus bhreac mé sa chóipleabhar nótaí páirce go raibh ‘idé-eolaíocht Phan-Cheilteach’ le haireachtáil ar an ócáid.

bhí sí páirteach i ngrúpa gníomhaíochta Gaeilge agus cuireann sí síos ar ghníomhartha ceannairceacha an ghrúpa úd: ‘chuamar amach *like* ag spraeophéinteáil / as Gaeilge agus *like* // rud é sin nach samhlóinn dom féin *you know* roimhe sin is dócha *d’you know* nach ndéanfainn a leithéid nó nach mbeinn páirteach’ (**40 Sinéad**) (féach *Urla* 2012 agus modhanna coimhlinteacha ghníomhaithe na Bascaise). Tagraíonn sí sa sliocht seo a leanas do cheisteanna cumhachta agus dar léi gur thug ghníomhartha an ghrúpa agus an saol sóisialta Gaeilge dúshlán do chinseal an Bhéarla. Tugann a hinsint le tuiscint go mbreathnaíonn sí ar úsáid shóisialta na Gaeilge mar ghníomh ceannairceach agus go bhfuil ‘rud níos mó’ i gceist ná craic agus comhluadar. Luann sí tábhacht an chairdis freisin, ach tugtar le fios go raibh cur chun cinn na Gaeilge agus cur i gcoinne norm teangeolaíochta ina ngnéithe lárnaigh de na caidrimh nua sin. Spreag a friotal thuas an cheist seo uaimse:

41 Stiofán: [Nach mbeadh tú páirteach] i nGaeilge nó i mBéarla?

42 Sinéad: *Yeah* is dócha is dócha é em agus an grúpa sin ... ceapaim *just* go bhfacthas dom gur féidir an chraic agus an spraoi is fearr a bheith agat as Gaeilge agus nach gá *you know* nach é an Béarla an *d’you know* teanga chumhachtach ó thaobh na craice de nó pé rud agus uaireanta ceapaim go mbíodh níos mó spraoi againn mar go raibh fhios againn go raibh / ní hamháin go rabhamar ag cruthú cairdis ach bhíomar ag déanamh b’fhéidir rud níos mó mar go rabhamar ag / go raibh an Ghaeilge mar chuid de sin chomh maith

Amhail Seán luann Sinéad ‘streachailtí’ na Gaeilge sa sliocht seo a leanas agus tuairiscíonn sí gur chuir a cairde nua ón Tuaisceart dúshlán shochtheangeolaíochta na Gaeilge ar a súile di den chéad uair agus iad ar an ollscoil. Tagraíonn sí arís don ‘taobh acadúil’ ar bhain an Ghaeilge leis go dtí go ndearna sí *muda* sóisialta agus léirítear go soiléir go raibh téama na ceannairceachta lárnaigh sa *muda* sin. Cuirtear in iúl go raibh aiféala áirithe uirthi nach raibh cur amach aici ar dhúshlán éagsúla na bpobal Gaeilge ó thuaidh go dtí go ndeachaigh sí ar an ollscoil. Tarraingíonn sí codarsnacht shuimiúil ag deireadh an tsleachta idir dearcadh mhuintir na Poblachta agus an Tuaiscirt i dtaca le foghlaim na Gaeilge. Rogha chomhfhiosach a dhéanann daoine ó thuaidh, ach is cosúil go gceapann sí go gcothaíonn éigeantacht na Gaeilge sa chóras oideachais ó dheas easpa suime sa teanga:

Caibidil 4: Réamhmudes agus mudes sóisialta

44 Stiofán: Agus ar shocraigh tú páirt a ghlacadh sa ghrúpa sin de bharr na Gaeilge nó an raibh saghas an dá rud i gceist bhí tú ag iarraidh saghas a bheith páirteach sna feachtais éagsúla a bhíonn ar siúl nó ar mhaithe leis an nGaeilge den chuid is mó?

45 S: *Yeah* déarfainn gur thosaigh mé leo em mar gheall ar an nGaeilge den chuid is mó mar ar an meánscoil ní raibh aon rud ó thaobh a bheith ag troid nó cineál feachtais ... ní raibh aon bhaint ag an meánscoil leis sin *d'you know* ní raibh aon eolas agam i ndáiríre faoi *you know* na streachailtí a bhaineann leis an nGaeilge nó faoi na dlíthe atá ann maidir leis an nGaeilge ... *like jeez* deir tú go raibh an-suim agat sa Ghaeilge agus tú ar an meánscoil agus ní raibh tú ar an eolas faoi na rudaí sin ach b'shin mar a bhí ... mar a dúirt mé ar ball rud cineál acadúil a bhí ann *so* bhí suim agam sa ghramadach agus gach rud ach ní fhaca mé an taobh eile de *so* nuair a tháinig mé anseo *just* chuaigh mé gach áit a raibh an Ghaeilge ann agus ansin / chonaic mé na rudaí seo ar fad agus em b'fhéidir d'fhoghlaim mé b'fhéidir níos mó toisc gur / go ndearna mé gur chruthaigh mé cairdeas le daoine arbh as an tuaisceart dóibh / agus bhí siadsan i gcónaí ag labhairt faoin streachailt agus na dlíthe mar go raibh orthusan an rogha a dhéanamh staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ach / dúinne *just* cuireadh ar phláta é agus leagadh os ár gcomhair é *d'you know*

Tháinig téama na ceannairceachta chun cinn go láidir in insint Dhiarmuda agus a chonair theangeolaíoch á rianú agam. Tagraíonn sé anseo don réamhmuda scoile agus aithníonn sé gurb in an uair a thuig sé gurbh í 'an Ghaeilge an rud is tábhachtaí' ina shaol. Tráchtann sé chomh maith ar chúitimh na teanga agus é ag labhairt faoi na deiseanna a chuir foghlaim agus úsáid na Gaeilge ar fáil dó. Agus é ag labhairt ar na rudaí éagsúla a spreag i dtreo na Gaeilge é, luann sé óráid a thug sé i dtithe parlaiminte na Breataine agus é ar thuras scoile. Aithníonn sé an óráid úd mar phointe claochlaitheach agus a thuairimí polaitiúla ag teacht lena dhearcadh i dtaca leis an nGaeilge:

33 Stiofán: Rinne tú an [an óráid] sa pharlaimint féin sa bhfoirgneamh sin?

34 Diarmuid: Sa pharlaimint *yeah so* bhí mise ag suí em / ar na suíocháin / i *Westminster* agus thug mise óráid fán oideachas i nGaeilge / ag cáineadh córas oideachais agus ag rá nach bhfuil sé oiriúnach go ndearna go raibh sé *the murder machine* le Pádraig Piarais go raibh muid ag déanamh / cineál ag iarraidh meaisíní a dhéanamh do dhaoine nach raibh muid ag moladh nó ag cur chun cinn an éagsúlacht agus an chraic sin agus eh ... sílim gur sin // má ghlacaimid leis gurb é mise ag dul ar

Caibidil 4: Réamhmudes agus mudes sóisialta

ais go [meánscoil Ghaeilge] an cineál an cinneadh sílim gur sin an uair i mo shaol a dúirt mé liom féin *do you know what / like // sí* an Ghaeilge an rud is tábhachtaí duitse i do shaol *so* chinn mise níos mó iarracht a dhéanamh agus mé / ag teacht ar ais / *but then* dúirt mise nuair a bhí mé sé déag *like* na deiseanna seo ar fad atá agatsa i do shaol / ní bheadh siad agat gan Ghaeilge is ansin sílim go fo-chomhfhiosach domh féin / go ndúirt mise *right* / seo mar a dheanfas mé ... tá mise dul a bheith ag troid ó seo amach / ar son na Gaeilge agus ag déanamh mo phíosa ag déanamh mo chuid

Ar nós Sheáin, léirítear sa sliocht thuas gur fhorbair smaointeoireacht cheannairceach i gcás Dhiarmuda agus tuairiscíonn sé gur shroich sé pointe ar a chonair theangeolaíoch gur theastaigh uaidh a bheith ‘ag troid’ as sin amach ar son na Gaeilge. Tugann sé míniú mionsionraithe ar an gcaoi a mbreathnaíonn sé ar an nGaeilge mar uirlis cheannairceach shóisialta sa sliocht seo a leanas. Nascann sé, mar shampla, cur chun cinn na Gaeilge agus forbairt shocheacnamaíoch a cheantair dúchais:

42 D: Go pearsanta an dóigh a n-amharcaim féin ar an Ghaeilge faoi láthair ná ... go bhfuil an Ghaeilge mar leigheas mar uirlis againne leis an domhan a athrú sin an cur chuige a bhíonn agam gach lá nuair a mhusclaím ar maidin ... agus cuireann daoine ceist orm cad tuige a bhfuil tú ag dul don Ghaeilge *sure* níl aon fiúntas ansin / ach deirim bhuel *no* / tá mise ag iarraidh / an domhan a athrú / mise ag iarraidh rudaí a dhéanamh leis an domhan seo a dhéanamh níos fearr nó / mo cheantar ... seo *like* an nasc cineál is fearr atá déanta agam leis an Ghaeilge agus mo pholaitíocht féin / ag teacht le chéile / mise ag iarraidh mo phobal a feabhsú / go dtiocfaidh biseach air tá an iomarca fadhbanna / sóisialta agus sláintiúla agus iompar frithshóisialta an chraic seo / féinbhás i mo cheantar féin / agus creidimse go dlúth gurb í an Ghaeilge an uirlis chun sin a chóiriú / go mbainfimid úsáid as an Ghaeilge mar leigheas ... táimid ag iarraidh *like* pobal a chruthú atá bunaithe ar ... ar an chineáltas agus bunaithe ar an ghrá seachas ar an ghráin agus ar an chaipitleachas agus ar an santachas agus ar an / sotal agus pobal ceart a bhunú ... nuair a chuireann daoine ceist orm caidé atá ar bun agat cad tuige a bhfuil tú ag dul don Ghaeilge / creidimse go paiseata agus go dlúth gurb í an Ghaeilge an uirlis a n-úsáideann muid ... chun seo a bhaint amach

Dar leis gurb í an Ghaeilge an uirlis a úsáidfidh sé chun fadhbanna sóisialta agus pobail ina cheantar féin a fheabhsú. Tarraingíonn sé nasc follasach idir an Ghaeilge agus a dhearcadh polaitíochta féin chomh maith agus, ar aon dul le Seán thuas, baineann an pholaitíocht sin leis an bhfrithchaipitleachas agus leis an bhfrith-impiriúlachas. Is léir

Caibidil 4: Réamh*mudes* agus *mudes* sóisialta

gur spreagadh leanúnach úsáide é meon na ceannairceachta i gcás Dhiarmuda agus gurb in an fáth a bhfuil sé ‘ag dul don Ghaeilge’. Dar leis

gurb í an Ghaeilge / uirlis s’agamsa le sin a dhéanamh níos fearr is féidir liomsa athruithe / dearfacha a dhéanamh i mo pobal / sa tír seo i nGaillimh i mBéal Feirste i gCorcaigh cibé áit sa tír seo leis an Ghaeilge gur féidir linne pobal a thógáil agus / *you know* misneach agus cineál / féinmheas agus grá agus / na téamaí / téamaí cineál / poblachtánach seo ar fad / ó réabhlóid na Fraince go dtí Éirí Amach na Cásca a chur i bhfeidhm / bráithreachas a chothú idir dhaoine agus cineál // tógaimid daoine ar chomhchéim nach bhfuil ... muid ag déanamh beag beann de / sheandaoine nó de daoine le míchumas ... thóg an éabhlóid muid go dtí an pointe seo gur féidir linne // cineál ... níl seo agam i nGaeilge *but* níl an *instinct* i gceannas ar ár gcuid aigne is muidne agus sílim gurb í an Ghaeilge / bhuel dar liomsa ... seo dar liomsa gurb í an Ghaeilge an rud / an uirlis a n-úsáidfidh muidne chun sin a dhéanamh (**46 Diarmuid**).

Tarraingíonn Diarmuid ar dhioscúrsa poblachtánach chun a mheon i dtaca le húsáid na Gaeilge mar uirlis cheannairceach a mhíniú sa sliocht thuas. Ceanglaíonn sé a sheasamh polaitiúil le húsáid na Gaeilge. Is léir go gcothaíonn an seasamh sin úsáid na Gaeilge agus, tábhachtach a dhóthain i dtéarmaí cheisteanna taighde na caibidle seo, gur chuir sé le *muda* sóisialta an rannpháirtí. Léirítear go glé thuas go bhfuil dlúthbhaint ag téama na ceannairceachta le ceisteanna idé-eolaíocha. Tabharfaidh mé aghaidh ar idé-eolaíochtaí teanga rannpháirtithe an taighde i gCaibidil 5.

4.4. Conclúid

Bhí sé mar aidhm agam sa chaibidil anailíse seo iniúchadh a dhéanamh ar an gceist taighde seo a leanas:

- Cad a spreagann nuachaintoirí na Gaeilge i dtreo na teanga? Is é sin le rá, cad iad na *mudes* teangeolaíocha a thiteann amach le linn a gconairí teangeolaíocha.

Thug mé aghaidh ar an gceist sin trí choincheap an *muda* theangeolaíoch (féach mír 2.7.2.) a chur i bhfeidhm ar shonraí na n-agallamh le linn na hanailíse cáilíochtúla. Bhain tábhacht ar leith le céimeanna anailíse na mapála agus an rianaithe (féach mír 3.4.3.3.) chun pointí criticiúla teangeolaíocha a aithint ar chonairí teangeolaíocha na rannpháirtithe. Rinne mé mapáil ar spásanna sóisialta éagsúla d’úsáid na Gaeilge, agus

Caibidil 4: Réamhmudes agus mudes sóisialta

ar chainteoirí Gaeilge éagsúla a bhí páirteach iontu, le linn próiseas na breathnóireachta. Rianaigh mé conairí teangeolaíocha na rannpháirtithe le linn na hanailíse ar shonraí na n-agallamh. Bunaithe ar an rianú sin, thóg mé ar choincheap an *muda*, faoi mar a leagadh amach é i gCaibidil 2 (féach mír 2.7.2.), sa chaibidil seo trí idirdhealú a dhéanamh idir réamhmudes agus mudes sóisialta na rannpháirtithe. Chuidigh céim anailíse an nasctha (féach chomh maith mír 3.4.3.3.) liom mudes sóisialta na rannpháirtithe a cheangal le comhthéacsanna agus próisis shóisialta níos leithne. Is idirdhealú tábhachtach é sin nár aithníodh go fóill sa taighde ar nuachainteoirí teangacha mionlaithe. Ina theannta sin, leag mé amach téamaí coincheapúla a nochtadh le linn na n-agallamh a chothaíonn réamhmudes agus mudes sóisialta. Léirigh mé go bhfuil dlúthbhaint ag na téamaí éagsúla sin lena chéile, agus go dtiteann siad amach ag pointí éagsúla ar chonair an chainteora. D'aithin mé na réamhmudes seo a leanas in insintí na rannpháirtithe:

- réamhmuda scoile
- réamhmuda Gaeltachta
- réamhmuda teaghlaigh agus
- réamhmuda féiniúlachta

Is iad seo a leanas na téamaí coincheapúla a chothaigh *muda* sóisialta na rannpháirtithe:

- caidrimh agus comhthéacsanna
- cúitimh agus
- ceannairceacht.

Áitím gur chuir mé léarscáil ar fáil sa chaibidil seo a léiríonn an chaoi a n-athraíonn agus a bhforbraíonn cleachtais theangeolaíocha le himeacht ama, mar a mhíníonn Pujolar agus Puigdevall (2015: 168). Tagaim leis na húdair chéanna nuair a scríobhann siad faoin tábhacht a bhaineann le *mudes* nuachainteoirí teangacha mionlaithe a mhapáil, a rianú agus a nascadh le próisis shóisialta eile: '[B]y focusing on how individuals become new speakers, we turn these phenomena into processes characterised by change, movement and maturation rather than staticity and placeness' (*ibid.*). Déanfaidh mé mionphlé ar thátail na caibidle seo i gCaibidil 7 (féach mír

Caibidil 4: Réamh*mudes* agus *mudes* sóisialta

7.2.1.). Sa chéad chaibidil eile déanfaidh mé anailís ar ide-eolaíochtaí teanga na rannpháirtithe.

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

5.1. Réamhrá

Scagadh coincheap na n-idé-eolaíochtaí teanga i gCaibidil 2 (féach mír 2.3.) agus léirigh mé go mbaineann siad go dlúth le gnéithe éagsúla den taighde seo. Chuir mé sainmhínithe éagsúla den choincheap i láthair agus mhínigh mé go n-imríonn idé-eolaíochtaí teanga follasacha agus folaithe araon tionchar ar chleachtas teanga. Sa chaibidil eimpíreach seo, tugaim aghaidh ar na ceisteanna taighde seo a leanas a leagadh amach i gCaibidil 1 (mír 1.3.):

- Cad iad na hidé-eolaíochtaí teanga, follasacha agus folaithe araon, a léiríonn nuachainteorí? Dírítear go príomha ar idé-eolaíochtaí na rannpháirtithe i dtaca le ceisteanna barántúlachta agus dlisteanachta.
- Cad iad na féiniúlachtaí a thuairiscíonn siad a bheith acu agus cén ról atá ag an nGaeilge in idirbheartaíocht féiniúlachta na rannpháirtithe? Breathnaítear go sonrach ar ról na Gaeilge i gcruthú agus in athchruthú na féiniúlachta agus ar fhéiniúlacht ghrúpa na nGael.

Dar ndóigh, tagann an dá cheist taighde seo lena chéile toisc go bhfuil dlúthbhaint ag idé-eolaíochtaí teanga, go háirithe iad siúd a bhaineann le barántúlacht agus dlisteanacht an chainteora, le téama na féiniúlachta. Chun na ceisteanna thuasluaite a fhiosrú, rinne mé diananailís ar shonraí na n-agallamh beathaisnéiseach leathstruchtúrtha. I dtaca le straitéisí dlisteanaithe na rannpháirtithe (mír 5.3.2.), bhain tairbhe le céim anailíse na mapála agus na hacmhainní is na foirmeacha teanga a dtarraingíonn na rannpháirtithe orthu ag pointí éagsúla ar a gconairí teangeolaíochta á gcatagóiriú agam. Míníodh i mír 3.4.3.3. go gcuidíonn céim anailíse an rianaithe leis an taighdeoir brí a bhaint as ‘what linguistic resources are valuable for whom, and where and how people deploy them in navigating the varied circumstances of their lives’ (Heller *et al.* 2018: 113). Bhain an rianú, agus fiosrú ar ghnéithe de mheiteathráchtaireacht na rannpháirtithe, go dlúth leis an anailís a rinne mé ar a n-idé-eolaíochtaí i dtaca le ceisteanna cumais, caighdeáin agus canúna sa chaibidil seo. Ar deireadh, chuidigh céim anailíse an nasctha liom go háirithe agus féiniúlachtaí teanga na rannpháirtithe faoi chaibidil agam. B’éigean dom na catagóirí féiniúlachta a chruthaigh agus a chruthaíonn siad a cheangal le comhthéacsanna agus le próisis shóisialta, stairiúla níos leithne (2018: 115).

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

I mír 5.2. breathnóidh mé ar idé-eolaíochtaí teanga i dtaca le húsáid na Gaeilge agus díreoidh mé go háirithe ar cheist na nósanna teanga faoi mar a bhaineann siad le beirt rannpháirtithe, Mark agus Colm. Tabharfaidh mé aghaidh ansin i mír 5.3. ar idé-eolaíochtaí teanga na rannpháirtithe i dtaca le téamaí na barántúlachta agus na dlisteanachta. Díreoidh mé ar dhioscúrsaí na héiginnteachta agus an easnaimh i mír 5.3.1. agus ar straitéisí dlisteanaithe na rannpháirtithe i mír 5.3.2. Scrúdóidh mé idé-eolaíochtaí na rannpháirtithe i dtaca lena bhféiniúlachtaí mar chainteoirí Gaeilge i mír 5.4 agus pléifidh mé dhá mhórhéama féiniúlachta a nochtadh le linn na hanailíse – ról na Gaeilge i gcruthú nó in athchruthú na féiniúlachta pearsanta agus teacht chun cinn na grúpfhéiniúlachta Gaelaí. Tarraingeodh mé mórphointí na caibidle le chéile agus leagfaidh mé amach tátal na hanailíse go hachomair i mír 5.5.

5.2. Idé-eolaíochtaí i dtaca le húsáid na Gaeilge

Breathnaím ar an mír seo mar dhroichead anailíse idir Caibidil 4 agus 5. Pléadh réamh*mudes* agus *mudes* sóisialta na rannpháirtithe i gCaibidil 4. Is athruithe i gcleachtais teanga nuachainteoirí iad *mudes* agus d'fhéadfadh idé-eolaíochtaí teanga iad a spreagadh (Puigdevall *et al.* 2018: 452). Go deimhin, nuair nach ann do chomhthéacsanna ina bhfuil an Ghaeilge ceannasach – amhail comhthéacsanna sóisialta na rannpháirtithe uilig – d'fhéadfaí a mhaíomh go dteastaíonn cinneadh idé-eolaíoch de chineál éigin chun an *muda* sóisialta a dhéanamh. Aithníonn Pujolar agus Puigdevall go gcothaíonn anailís ar *mudes* tuiscintí caolchúiseacha faoi na hidé-eolaíochtaí teanga atá taobh thiar de chleachtais nó roghanna teanga (2015: 168). Sa chéad mhír eile cuirim i láthair contanam idé-eolaíochta na barántúlachta nádúrtha/iarnádúrtha, ar bhain mé úsáid as chun anailís a dhéanamh ar ghné amháin de chleachtais teanga na rannpháirtithe; nósanna teanga.

5.2.1. Cruthú agus athchruthú nósanna

Tháinig nósanna teanga chun cinn mar théama go minic le linn na n-agallamh. Is éard atá i gceist agam le nósanna teanga sa mhír seo ná na roghanna teangeolaíoch a dhéanann nuachainteoirí agus iad i mbun idirghníomhaíochta le comhchainteoirí. Is ann do shamplaí de théama na nósanna teanga i ndioscúrsa poiblí na Gaeilge chomh maith. Is minic a thagraítear don nós a shamhlaítear le cainteoirí Gaeilge iompú ar an mBéarla má tá duine nó daoine ina gcomhlúadar nach bhfuil Gaeilge acu. Féach, mar

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga


shampla, an méid a dúirt duine de bhunaitheoirí PUG in agallamh raidió faoi aidhmeanna na hócáide sin:

[B]híomar ag iarraidh *just* a rá nach mbeadh sé iontach ar fad dá dtiocfadh na Gaeil le chéile áit eicínt agus go bhfeicfear iad os comhair gach duine gan leithscéal a ghabháil gan a bheith ag iompú ó Ghaeilge go Béarla toisc go bhfuil duine éigin amháin i do chomhluadar nach bhfuil Gaeilge acu / mar sin an rud a tharlaíonn i ndáiríre / is minic a bhímse amuigh le roinnt mhaith daoine le Gaeilge ach má thá duine amháin ag an mbord nach bhfuil Gaeilge acu ní chloisfear Gaeilge ar bith mar nílimid ag iarraidh a bheith drochbhéasach agus sin rud nádúrtha dar ndóigh (Raidió na Life, 11 Samhain 2016).

Luaigh rannpháirtithe go minic a dheacra atá sé an teanga a roghnaítear – go comhfhiosach nó go neamhchomhfhiosach – nuair a chuirtear aithne ar dhuine nó ar dhaoine den chéad uair a athrú. Sa chás seo is ag tagairt don iompú teanga ó Bhéarla go Gaeilge a bhí siad. Ina gcuid taighde ar *euskaldunberriak*, deir Ortega *et al.* gur thuairiscigh rannpháirtithe go bhfuil sé an-dúshlánach nósanna teanga a athrú agus go bhfásann caidrimh go hiondúil sa teanga inar bunaíodh iad (2016: 91-92). Léiríodh chomh maith, ámh, nach bhfuil nósanna teanga den chineál sin iomlán dothreascartha agus go bhfréamhaítear athchruthú nósanna in iarrachtaí féin-chomhfhiosacha na gcainteoirí (2016: 94). Le sampla a thabhairt ó chomhthéacs teanga mhionlaithe eile, tráchtann Armstrong ar chainteoir Ghaeilge na hAlban a rinne ‘pleananna mioninste lena dheirfiúr agus lena mháthair a gcleachtais sheanbhunaithe teanga a athrú le go labhróidís níos mó Gaeilge’ (2018: 141; féach chomh maith plé Pujolar agus Puigdevall 2015: 181 ar *mudes* teaghlaigh i gcomhthéacs na Catalóine).

Sa mhír seo déanaim anailís ar insintí bheirt rannpháirtithe, Mark agus Colm, chun tionchar idé-eolaíochtaí freasúracha teanga na barántúlachta nádúrtha agus iar-nádúrtha a léiriú. Is féidir, dar liom, na hidé-eolaíochtaí freasúracha sin a lonnú ar chontanam idé-eolaíochta (féach Figiúr 5). Tharraing mé ar fhrámaíocht Woolard (2016; féach mír 2.3.1.), agus an fheidhm a bhaineann sí as idé-eolaíochtaí na barántúlachta, le huirlis anailíse an chontanaim a chruthú. Tharraing mé chomh maith ar phlé Armstrong (2018; féach mír 2.6.) i dtaca le hidé-eolaíocht an nádúrachais. Sa chaibidil chéanna scagann sé tionchar na hidé-eolaíochta sin ar chainteoirí Ghaeilge na hAlban.

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga



Figiúr 5

Ar thaobh amháin den chontanam tá idé-eolaíocht na barántúlachta nádúrtha. De réir na hidé-eolaíochta sin, samhlaítear úsáid na Gaeilge a bheith áitiúil agus ceaptar go mbaineann fréamhacha fortúla tíreolaíocha leis. Breathnaítear ar úsáid na teanga sa pharaidím seo mar rud neamh-chomhfhiosach. Áitím go gcruthaíonn an seasamh idé-eolaíoch seo dúshlán do nuachainteoirí i dtaca le nósanna teanga a chruthú nó a athchruthú, mar a léirítear i gcás Mark (féach mír 5.2.1.1.). Ar thaobh eile an chontanaim tá idé-eolaíocht na barántúlachta iar-nádúrtha. Bunaítear an leagan seo den bharántúlacht ar ghníomhúchán (féach mír 2.3.1.), iarracht agus toil an chainteora. Aithnítear é mar rud féin-chomhfhiosach ach, tábhachtach a dhóthain, ní shamhlaítear easpa barántúlachta leis an bhféin-chomhfhios sin laistigh de pharaidím an iar-nádúrachais. Taispeántar i mír 5.3.2. go bhfeidhmíonn idé-eolaíocht na barántúlachta iar-nádúrtha mar thairseach nó mar thúsphointe do nuachainteoirí agus iad i mbun próiseas dlisteanaithe. Léireoidh mé i gCaibidil 6 a fhollasaí, dar liom, a bhí dioscúrsaí na barántúlachta iar-nádúrtha i measc rannpháirtithe na Bascaise. Shíl mé dá bharr sin go mbainfeadh tairbhe leis an teoiric sin a chur i bhfeidhm ar shonraí na Gaeilge.

I gcás Mark, taispeántar go raibh a nósanna teanga le cairde ollscoile frámaithe i bparaidím an nádúrachais agus, dá dheasca sin, nár éirigh leo iad a athrú. Dealraíonn sé gur a mhalairt a bhí i gceist i gcás Choilm agus iarracht chomhfhiosach, ghníomhach déanta aige nósanna teanga le grúpa cairde i mBéal Feirste a athchruthú. D'fhéadfaí an t-athrú a thit amach i gcás Choilm a áireamh mar *muda* sóisialta (féach mír 4.3.). Léirítear, dar liom, dlúthnasc idir idé-eolaíochtaí teanga agus *mudes*, agus mínítear i mír 5.3.1. go n-osclaíonn idé-eolaíocht na barántúlachta iar-nádúrtha doras i dtreo an *muda* shóisialta do nuachainteoirí. Cuirim romham anailís a dhéanamh ar an mbeirt

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

rannpháirtithe áirithe seo toisc go léirítear an chodarsnacht ghlé idé-eolaíochta, ó phointí freasúracha an chontanaim, a imríonn tionchar ar chleachtas teanga nuachainteoirí. Dar ndóigh, tá sé tábhachtach na próisis rathúla, agus mhíráthúla, seo a thuiscint ar bhonn idé-eolaíoch, i gcomhthéacsanna athneartaithe teangacha mionlaithe ach go háirithe.

5.2.1.1. ‘Bhí *kind of* bond ann nó rud éigin buan’

Sa sliocht seo labhraíonn Mark faoi aithne a chur ar dhaoine nua ar an ollscoil agus é ag tabhairt faoi chéim sa Ghaeilge. Is cosúil go raibh a chleachtais teanga faoi thionchar idé-eolaíocht an nádúrachais an tráth úd agus an Béarla roghnaithe ag an ngrúpa mar theanga chumarsáide. Tagraíonn sé dá chumas teanga agus maíonn nach raibh sé ‘róchompordach’ ag labhairt Gaeilge. Dar liom go dtugann friotal Mark le fios gur shamhlaigh sé iarracht chomhfhiosach le húsáid na teanga sa chomhthéacs sin – iarracht a chuirfeadh srian ar chumarsáid an ghrúpa. Cruthaíodh norm teangeolaíoch sa ghrúpa i dtaca le húsáid an Bhéarla agus cé go dtugtar idé-eolaíocht an aiféala, mar a chuireann Dunmore (2014: 168) síos uirthi, faoi deara, ba dheacair dóibh nósanna teanga an ghrúpa a athmhúnlú, mar a tharla i gcás rannpháirtithe Ortega *et al.* (2016). I dtaighde a rinne sé i gcomhthéacs Ghaeilge na hAlban, aithníonn Dunmore idé-eolaíocht na haiféala i measc rannpháirtithe ar theastaigh uathu an Ghaeilge a úsáid níos minice ná mar a rinne siad (*ibid.*). Ba ag plé ceisteanna cumais agus caighdeáin a bhíomar nuair a d’eascair téama na nósanna teanga:

23 Mark: An fhadhb atá ann ná ní rabhamar ag caint Gaeilge lena chéile / go rialta em cé gur cúrsa Gaeilge a bhí ann

24 Stiofán: Lasmuigh den seomra ranga abair?

25 M: *Yeah cos* tá sé aisteach *cos* agus tú ag cur aithne ar dhuine nua / *kind of* filleann tú ar an teanga ... a bhfuil tú *kind of* compordach / ní raibh mise róchompordach ag caint Gaeilge agus bhí cúpla leaid eile / em mar an gcéanna agus a luaithe is a *kind of* thaganns an Béarla isteach chuig an ngrúpa filleann daoine ar an mBéarla / em is trua gur tharla é sin ach *just* bhí mise sásta é a dhéanamh agus mé ag cur aithne ar dhaoine ag iarraidh cairde a dhéanamh

Tagann insint Mark anseo leis an méid a luaigh bunaitheoir PUG san agallamh raidió thuas i dtaca leis an iompú teanga ó Ghaeilge go Béarla. Tugann an méid a deir Mark le fios gur chreid an grúpa gurbh é an Béarla an rogha nádúrtha teanga toisc nár

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

shamhlaíodar iarracht chomhfhiosach le húsáid na teanga sin. Bíodh is go rabhadar ag tabhairt faoi chéim sa Ghaeilge ag an am bhí siad ‘compordach’ ag labhairt an Bhéarla agus d’fhéadfaí a mhaíomh gur samhlaíodh saorgacht leis an iarracht a theastódh chun Gaeilge a labhairt lena chéile nó chun teanga chumarsáide an ghrúpa a athrú ó Bhéarla go Gaeilge. Tarraingím codarsnacht idir é seo agus *mudes* sóisialta a thit amach i gcás rannpháirtithe eile ar an ollscoil (féach 4.3.1.). Pléadh ina dhiaidh sin an caidreamh atá aige leis an ngrúpa céanna anois agus iad imithe ón ollscoil le roinnt blianta, le nósanna teanga reatha an ghrúpa a fhiosrú. Dar leis go bhfuil cumas teanga i bhfad níos airde aige féin ó thosaigh sé ag obair in earnáil na Gaeilge. Ní léir gur tháinig aon athrú ar nósanna teanga an ghrúpa, ámh, ach san am céanna míníonn sé go gcruthaíonn sé nascanna ‘buana’ teangeolaíocha trí mheán na Gaeilge le daoine eile freisin. Is léir arís anseo tionchar an nádúrachais ar roghanna teanga Mark toisc gurb í teanga an chéad teagmhála a shamhlaítear a bheith buan, nádúrtha:

34 S: Agus an bhfuil Gaeilge á labhairt agaibh anois?

35 M: Sin an rud *no níl* / mura bhfuil muid sa Chonradh {club sóisialta} // ní labhraíonn muid Gaeilge lena chéile / tá sé aisteach sin an chaoi a n-oibríonn sé *so* chuireamar aithne ar a chéile / i mBéarla

36 S: Ar chúrsa Gaeilge?

37 M: *Yeah* / em ach sílim / a luaithe is a roghnaíonn tú *kinda* an teanga cumarsáide / beidh sé deacair sin a athrú / eh *so* tá daoine ann agus tá aithne agam orthu / chuir mé aithne orthu / i nGaeilge / *so* ní labhraím Béarla leo riamh

Luann Mark thuas go bhféadfadh an spás ina bhfuil siad tionchar a imirt ar an rogha teanga (féach tionchar spásanna nua sóisialta ar an *muda* sóisialta i mír 4.3.1.). Cuirtear in iúl sa chéad sliocht eile, ámh, go samhlaítear fós féin cur i gcéill nó saorgacht le húsáid na Gaeilge nó leis an athrú teanga. Dar leis go mbíonn fonn ar a gcairde i gcónaí filleadh ar phríomhtheanga chumarsáide an ghrúpa, an Béarla. Áitím go gcuireann friotal Mark agus úsáid na haidiachta ‘aisteach’ a idé-eolaíocht teanga in iúl. D’eascair an sliocht seo a leanas as an bplé céanna ar nósanna teanga reatha an ghrúpa ollscoile:

43 M: [C]huir mé aithne ar na leaids i mBéarla *so just* braithim féin / rud beag aisteach aon uair a bhímse ag labhairt Gaeilge leo braithim an t-am ar fad go bhfuil siadsan / ag labhairt Gaeilge ach go bhfuil siad ag iarraidh filleadh ar an mBéarla a luaithe is atá an deis acu

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

Thug mé coimhlint idé-eolaíochta faoi deara in insint Mark agus tugtar le tuiscint go bhfuil aiféala air nár éirigh leo nósanna teanga an ghrúpa a athrú de réir a chéile. D'athraigh a mheon féin i dtaca leis an nGaeilge, ach níorbh amhlaidh an cás i measc an ghrúpa trí chéile. Is annamh anois a úsáideann a chairde a gcuid Gaeilge, dar leis. Áitím go bhfuil an t-athrú meoin a tharla i gcás Mark neadaithe go pointe in idé-eolaíocht an chaomhnaithe teanga. Is féidir an idé-eolaíocht sin a shainmhíniú mar an fheasacht shochtheangeolaíoch a mhothaíonn nuachaintoirí áirithe i dtaca lena ról i gcaomhnú na teanga mionlaithe (O'Rourke 2018: 413; Puigdevall *et al.* 2018: 452; féach tionchar na ceannairceachta ar *mudes* sóisialta i mír 4.3.3.). In ainneoin an athraithe sin i gcás Mark, áfach, is deacair an nasc 'buan' a cruthaíodh trí mheán an Bhéarla a athmhúnlú:

44 S: Ok an bhfuil [an grúpa ollscoile] fós / bainteach le saol na Gaeilge nó le hearnáil na Gaeilge?

45 M: Níl ... is go hannamh a úsáideann siad a chuid Gaeilge a thuilleadh ... ach bíonn siad ag an Pop Up Gaeltacht anois is arís ... duine amháin acu *yeah* bíonn sé *kind of* ag labhairt abairtí beaga / ach bíonn sin *like* abair / dá rachainn amach go dtí an limistéar caitheamh tobac / bheadh sé ag caint Béarla / *so* sílim a luaithe is atá an deis aige / labhraíonn sé Béarla / em *so kind of* d'athraigh mo mheon féin ach níor athraigh meon na leids eile / arís *kinda* filleann sé ar an rud sin má tá duine sa ghrúpa / ag iarraidh Béarla a labhairt // abair gan a bheith ag caitheamh anuas ar dhuine mura bhfuil siad ag an leibhéal céanna / *like* tiocfaidh gach duine síos // em tá sé *kinda* ar cheann de na rudaí is mó a tharla do mo chairde pé scéal é ceapaim / d'fhág siadsan bóthar na Gaeilge ... ar bhealach bheadh ar gach duine an bóthar céanna a leanúint i dtreo na Gaeilge / chun an teanga a athrú / chun an teanga chumarsáide sa ghrúpa féin / *but* os rud é go bhfuil *kind of* beirt / nó triúr / amach ó saol na Gaeilge anois *just* / ní tharlóidh sé riamh / ó thaobh *just* ag caint as Gaeilge lena chéile / tá sé go dona *cos* bíonn a fhios agat tá daoine ann agus ceapann siad má tá Gaeilge agat má tá Gaeilge ag beirt ba cheart Gaeilge a labhairt / *you know kinda* teanga / a chaomhnú agus rudaí mar sin

46 S: *Yeah* ach tá sé deacair / tá sé níos éasca é sin a rá ná é a dhéanamh

47 M: *Yeah just* filleann sé ar an gcéad lá ar chas tú / ar a chéile / em / *just* an lá sin *just like* labhraímid Béarla agus a luaithe a rinneamar é sin sílim *just* bhí *kind of bond* ann nó / rud éigin buan

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

Léirítear sa sliocht thuas a thábhachtaí atá meon an ghrúpa má tá nósanna teanga le hathchruthú nó chun nósanna teanga nua trí mheán na Gaeilge a thógáil. Áitím go bhfuil gníomhúchán agus iarracht chomhfhiosach an chainteora agus an ghrúpa riachtanach chun dúshlán éifeachtach a thabhairt d'idé-eolaíocht an nádúrachais. Tugtar an dá ghné sin faoi deara i gcás Choilm agus an athraithe teanga a tharla ina phiarghrúpa féin i mBéal Feirste.

5.2.1.2. ‘An rud uathoibríoch sin a bhriseadh’

Ar nós Mark, cuireann Colm síos ar an ‘nósmhaireacht’ a bhain le labhairt an Bhéarla lena chairde. Cuirtear in iúl gur glacadh leis mar theanga nádúrtha ina measc agus é ag míniú gur ‘rud uathoibríoch’ a bhí ann filleadh ar an mBéarla ar uairibh agus iad ag déanamh iarrachta nósanna teanga nua a chruthú i nGaeilge. Taispeántar sa sliocht seo a leanas a lárnaí atá an comhaontú idé-eolaíochta, mar a thugann Fishman (1991) air, i ngrúpa a dteasaíonn uathu nósanna teanga a shamhlaítear a bheith nádúrtha nó neamh-chomhfhiosach a athmhúnlú nó chun dúshlán a thabhairt d'idé-eolaíocht an nádúrachais. Molann Armstrong, mar shampla, go leagfadh grúpaí atá i mbun iarrachtaí athneartaithe teanga comhaontú idé-eolaíochta leanúnach amach chun idé-eolaíochtaí teanga cuí a chothú i measc bhaill an ghrúpa (2012: 162). Dar leis gur sampla é sin de ‘good practice in the implementation of language policy at the micro level’ (*ibid.*). Maíonn Colm gur éirigh leo teanga an ghrúpa a athrú diaidh ar ndiaidh ach gur theastaigh iarracht chomhfhiosach, ghníomhach uathu chun an t-athrú sin a bhaint amach. Murab ionann agus cairde ollscoile Mark, tuairiscíonn Colm go raibh a chairde féin ‘céad fán gcéad toilteanach’ an Ghaeilge a labhairt ach is cosúil freisin gur imir an comhthéacs sóisialta, agus polaitiúil, ina raibh siad tionchar dearfach ar an athrú sin, mar a léirítear ina insint thíos. Áitím chomh maith gur sampla soiléir é seo de na frith-idé-eolaíochtaí teanga a luann Armstrong san alt céanna (2012). Déanann frith-idé-eolaíochtaí teanga úsáid na teanga mionlaithe i gcomhthéacsanna áirithe a normalú nó a athnormalú. Go minic is gá frith-idé-eolaíochtaí teanga a leagan amach go comhfhiosach nó go follasach agus ar bhealach comhaontaithe, dar le Armstrong. D’fhéadfaí a mhaíomh gurb in a tharla i gcás Choilm in ainneoin an ‘aiféaltais’ a samhlaíodh ar uairibh le labhairt na Gaeilge (Ní Dhúda 2018: 15):

25 Stiofán: *So nuair a deireann tusa go ndearna sibh iarracht níos mó / é sin a athrú b’fhéidir?*

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

26 Colm: *Yeah no* sin a athrú ... bhí dhá chuid ann i dtús báire bhí an nósmaireacht ann / *so* cineál ní go coinsiasach go bhfuil muid ag rá oh tá aiféaltas orainn Gaeilge a labhairt agus / *you know* beidh daoine ag gáire ní sin a bhí ann go minic is cineál *just* nósmaireacht / sin a tharla *so* thapaigh tú nós thar na blianta go dtitfeá ar ais ar an Bhéarla / *so* bhí an cineál *just* an rud uathoibríoch sin a bhriseadh / ach déarfainn fosta go raibh an dara chuid ann in amannaí ... *I suppose* bhí fáth ann gur nós a bhí ann titim ar an Bhéarla *so* bhí an fáth b'fhéidir níos leithne / an aiféaltas sin in amannaí chomh maith ... bhí an aiféaltas ann agus cibé a bhí ort sin a bhriseadh / ach rud eile *just* / nós cineál gnáthnós a bhriseadh chomh maith ... chuidigh mar a dúirt mé / daoine níos sine a bhí ... bhuel a rinn romhainn é ar dhóigh amháin léirigh siadsan go raibh sé indéanta bhí meas ag daoine orthu *so* ok bhuel dúirt muid *right* leanfaidh muid sampla s'acusan ar an dóigh sin *but* fiú leis an misneach sin bhí orainn cineál díreach *like* cara maith liom ... bheadh muid ag obair ar an Ghaeltacht le chéile ... cúrsaí samhraidh / labhairt ar feadh trí seachtaine Gaeilge amháin agus sin thiocfadh muidne abhaile ar an ollscoil agus in amannaí Béarla a labhródh muid agus is de thaisme a bhí ann sa chás sin *so* go fóill bhí cineál / bhí sin ag tarlú *just* / bhí muid chomh cleachtach air ar feadh na mblianta a labhairt i mBéarla i gcónaí

27 S: I gcomhthéacsanna áirithe?

28 C: I gcomhthéacsanna áirithe *yeah* em / taobh amuigh den seomra ranga nuair a bhí múinteoirí thart nuair nach raibh sa saol sóisialta / em *so* ag an pointe seo bhí muid céad fán gcéad toilteanach / bhí an méid Gaeilge a bhí á labhairt eadrainn i bhfad cineál níos mó ach fós féin em ó am go ham cineál *just* gan smaointiú air / bheifeá ag labhairt i mBéarla agus *like* ag pointe amháin bheadh duine ag rá / déarfadh siad rud éigin i nGaeilge dhéanfadh muid gáire is cuimhin liom tháinig muid ar ais samhradh amháin ó bheith ag obair [sa Ghaeltacht] bhí muid ag siúl chuig an siopa agus bhí muid ag labhairt i mBéarla ... mo chara eisean a dúirt ... cineál luaigh sé *look* táimid ag labhairt i mBéarla anseo agus cineál rinn an bheirt againn gáire agus thosaigh muid ag labhairt i nGaeilge *but* ... bhí nós cineál ar an dóigh sin

Is léir ó insint Choilm thuas na hidé-eolaíochtaí teanga dearfacha, follasacha a bhí aige agus a chairde i dtaca leis an nGaeilge agus iad i mbun teanga chumarsáide an ghrúpa a athrú. Is léir freisin tionchar na dtréimhsí Gaeltachta agus chomhthéacs Bhéal Feirste araon ar chothú na bhfrith-idé-eolaíochtaí sin. In ainneoin sin, ámh, admhaíonn sé gur bhain dúshláin leis an bpróiseas athraithe agus iad uaireanta ag filladh ar an mBéarla 'gan smaointiú air'. Cruthaíodh frith-idé-eolaíochtaí teanga chun 'nós' an Bhéarla a bhriseadh agus luíonn sé le réasún go mbeadh na frith-idé-eolaíochtaí teanga sin

bunaithe ar an gceannairceacht agus ar an ngníomhaíochas, mar a mhíníonn O'Rourke i gcomhthéacs na Gailíise. Tugann an gníomhaíochas teanga i measc *neofalantes* áirithe dúshlán do thuiscintí forleathana faoi chainteoirí, teangacha agus náisiún, tuiscintí atá fréamhaithe sa nádúrachas (2018: 9). Míníonn Urla go léiríonn an gníomhaíochas go bhfuil nósanna teanga go hiomlán idé-eolaíoch agus go bhféadtaí cleachtais agus creidimh cheannasacha a athmhúnlú i suíomhanna áirithe (2012: 11). Áitím go dtugann gníomhaíochas an nuachainteora agus idé-eolaíochtaí na ceannairceachta dúshlán éifeachtach d'idé-eolaíocht an nádúrachais, más ann do chomhthéacs agus piarghrúpa fabhrach mar a bhí i gcás Choilm (féach freisin tionchar Bhéal Feirste ar *mudes* sóisialta i mír 4.3.3.). An dúshlán atá ann dóibh siúd atá i mbun iarrachtaí athneartaithe teanga, dar ndóigh, ná straitéisí a thógáil chun na coinníollacha fabhracha sin a chruthú agus a chothú le go dtitfeadh *mudes* sóisialta rathúla amach ar bhonn níos seasmhaí.

5.3. Barántúlacht agus dlisteanacht an nuachainteora


Mar a míníodh i mír 2.6.1., is téamaí lárnacha sa taighde ar nuachainteoirí teangaithe mionlaithe iad an bharántúlacht agus an dlisteanacht. Nochtadh na téamaí sin le linn na hanailíse cáilíochtúla ar shonraí na n-agallamh. Tharraing rannpháirtithe ar dhioscúrsaí na héiginnteachta agus an easnamh go minic agus iad ag labhairt faoina gcumas teanga nó faoi cheisteanna canúna. Léiríodh le linn na hanailíse go mbíonn rannpháirtithe an taighde – cainteoirí saineolacha ina measc – éiginnte faoina stádas mar chainteoirí dlisteanacha Gaeilge agus go samhlaíonn siad easnamh lena n-urlabhra ar uairibh. Cuireann Ortega *et al.* síos ar an idé-eolaíocht sin mar dhioscúrsa ‘na rudaí atá in easnamh orm’ (2016: 183, m’aistriúchán féin)⁴⁰. Faightear samplaí den seasamh sin fiú i measc cainteoirí cumasacha a bhraitheann, go ginearálta, compordach lena gcumas teanga agus dlisteanach ina súile féin agus i súile an phobail (*ibid.*). Aithníonn Walsh *et al.*, mar shampla, dioscúrsaí diúltacha i dtaca le cumas an nuachainteora agus ‘féinmheasúnú dian’ (2015: 33) á dhéanamh ag rannpháirtithe orthu féin. Is ann do thuairimí dearfacha faoina gcumas sa taighde céanna, dar ndóigh (2015: 37-39).

I gcás rannpháirtithe an taighde seo, ní áitím go samhlaíonn siad iad féin mar chainteoirí *neamhbharántúla*, *neamhdhlisteanacha* ach an oiread, ach is fiú na hidé-

⁴⁰ ‘el discurso de <<lo que me falta>>’ (2016: 183).

eolaíochtaí teanga a chothaíonn éiginnteacht ina measc a chioradh le go dtuigfí níos fearr a dtionchar ar nuachainteoirí teangacha mionlaithe. Tarraingím arís sa mhír seo ar an gcontanam idé-eolaíochta i bhFigiúr 5 mar uirlis anailíse. I dtosach báire, i mír 5.3.1., léireoidh mé go gcothaíonn idé-eolaíochtaí na barántúlachta nádúrtha éiginnteacht i dtaca lena gcumas teanga i measc na rannpháirtithe (féach Figiúr 6). Ina dhiaidh sin, i mír 5.3.2., taispeánfaidh mé go bhfeidhmíonn idé-eolaíochtaí na barántúlachta iar-nádúrtha mar thairseach do nuachainteoirí atá i mbun próiseas leanúnach dlisteanaithe (féach Figiúr 7).

5.3.1. ‘Toisc nach bhfuil fíor-Ghaeilge agam’: dioscúrsaí na héiginnteachta agus an easnaimh



Figiúr 6

Faightear sampla soiléir d'éiginnteacht an nuachainteora in insint Sarah agus tá sé suntasach gur nochtadh an téama sin agus í ag labhairt faoi thréimhse a chaith sí sa Ghaeltacht in iarthar na tíre. Is í seo an thréimhse Ghaeltachta chéanna a spreag í chun níos mó ama a chaitheamh le húsáid ‘neamhfhoirmiúil’, shóisialta na Gaeilge (féach mír 4.3.1.). Tuairiscíonn sí anseo gur thaitin sé go mór léi a bheith ‘sáinnithe sa teanga’ sa Ghaeltacht agus tugtar le fios nach samhlaíonn sí timpeallacht Ghaeilge chomh tréan céanna lasmuigh de na ceantair thraidisiúnta sin. Tá blaiseadh d'idé-eolaíocht an

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

leithliseachais theangeolaíoch (Bucholtz 2003: 404; féach mír 2.5.1.) ar an bhfriotal faoi bheith ‘amuigh sa *shticks*’ chomh maith. Is cosúil go gceanglaíonn sí úsáid neamh-chomhfhiosach na Gaeilge leis an nGaeltacht nuair a mhaíonn nach raibh uirthi a bheith ag labhairt, nó ag smaoineamh fiú, trí mheán an Bhéarla agus í ann:

17 Stiofán: Agus cén chaoi ar éirigh leat [sa Ghaeltacht] / arbh shin mar sin do chéad taithí leis an nGaeltacht mar / mar áit agus mar cheantar?

18 Sarah: *Yeah* b’shin an chéad uair agus eh / saghas *shock* a bhí ann / em / mar *you know* feiceann tú ar an teilifís agus léann tú faoi ach ní bhíonn tuiscint / ceart agat air go dtí go mbíonn tú ann ... i mo / mo intinn bhí mé / amuigh sa *shticks like d’you know so* / em / mo chéad uair as baile *really* liom féin a bhí ann / em ní raibh mórán deacracht agam leis an nGaeilge / eh thuig muintir na háite mé gan mórán dua em / bhí sé iontach freisin mar bhí mé sáinnithe sa teanga / eh ní raibh orm / bheith ag labhairt Béarla nó ag smaoineamh as Béarla bhí mé in ann gach rud a dhéanamh as Gaeilge agus bhain mé an-sult as sin

19 S: Agus / dúirt tú nach raibh aon fhadhb ag muintir na háite / maidir le / do chuid Gaeilge a thuiscint ach an raibh siad sásta i gcónaí labhairt leat i nGaeilge?

20 Sarah: Bhí [i gceantar Gaeltachta amháin] em

21 S: Mar abair tá / ó bheith ag labhairt leat anois tá tréithe de chanúint Chonamara ar do chuid Gaeilge

22 Sarah: Oh *really* {gáire}?

23 S: Airím go bhfuil

24 Sarah: {gáire} is aisteach go ndéarfadh tú é sin mar / tar éis dom em / [coláiste samhraidh] a dhéanamh chuaigh mé síos chuig [ceantar Gaeltachta eile] em leis an ollscoil agus bhí mé ann mar / mar scoláire ... *so* bhí *you know* saghas eispéireas éagsúil a bhí i gceist ná / *you know* tú a bheith ar an meánscoil / nó rud éigin *so* bhí mé ann agus eh *yeah* dúirt siad gur cheap siad gur / gurb as an áit dom agus bhí mise ag rá *no no no* Baile Átha Cliath nó cibé rud / ach níor labhair muintir na háite Gaeilge liom / [san áit sin] / labhair siad liom i nGaeilge [i gceantar amháin] ach ní / [sa cheantar eile]

Tuairiscíonn Sarah anseo nach raibh muintir na háite i gceantar Gaeltachta amháin toilteanach Gaeilge a labhairt léi bíodh is gur cheap siad gurbh as an áit di, dar léi. D’iarr mé uirthi tógáil ar an téama sin agus a tuairim faoin rogha teanga a rinne muintir

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

na háite léi a thabhairt. Tráchtann sí ar ócáid amháin nuair a dhiúltaigh freastalaí i mbialann Ghaeltachta í a fhreagairt i nGaeilge. Dar ndóigh, ní féidir a bheith cinnte go raibh Gaeilge ag an duine sin ach is léir gur ghlac Sarah leis go raibh. Sa sliocht seo a leanas tarraingíonn sí ar idé-eolaíocht na barántúlachta nádúrtha nuair a chuireann sí síos ar a stádas mar chainteoir dlisteanach Gaeilge. Tá sé suntasach go mbaineann sí leas as an téarma ‘fíor-Ghaeilge’ leis an gcineál urlabhra *nach* bhfuil aici a lipéadú agus nochtar idé-eolaíocht fhollasach i dtaca le barántúlacht agus le húdarás an chainteora dúchais (féach mír 2.5.2.) a bhfuil an Ghaeilge acu ‘ón gliabhán’ nó go nádúrtha. Is léir an gradam, mar sin, a cheanglaíonn Sarah le cainteoirí dúchais. Míníonn sí nach n-éireoidh léi an ‘stádas’ sin a bhaint amach choíche in ainneoin go bhfuil cáilíochtaí ollscoile bainte amach aici sa Ghaeilge:

25 S: Fiú agus iad ag rá gur cheap siad gur duine de mhuintir na háite thú?

26 Sarah: *Yeah yeah*

27 S: Ok sin spéisiúil

28 Sarah: *Now obviously* labhair bean an tí liom as Gaeilge agus fear an tí ach nuair a bhí mé sa siopa mar shampla nó / chuamar chuig bialann / agus bhí mise ag iarraidh tábla a chur in áirithe / agus dúirt mé ocht a chlog / ‘*yeah what time*’ / ocht a chlog / ‘*and for how many people*’ / *so* bhí mise fós ag caint i nGaeilge ach ní raibh sise sásta / labhairt liomsa i nGaeilge

29 S: Agus cad é do bharúil faoi sin cén fáth?

30 Sarah: Déarfainn toisc nach bhfuil fíor-Ghaeilge agam *d’you know* is nuachainteoir mar a luaigh tusa / mé / *so* em níl an Ghaeilge agamsa ón gliabhán *so* ... in ainneoin / cibé mhéad staidéar a dhéanamh nó cibé ama a chaitheamh leis an nGaeilge / ní bheidh mé riamh mar chainteoir dúchais ní bheidh an stádas sin faighte agam riamh

31 S: Nuair a deireann tú stádas an é stádas i súile / mhuintir na Gaeltachta mar shampla?

32 Sarah: *Yeah / so yeah* tá céim agat sa Ghaeilge tá máistreacht agat sa Ghaeilge ach ní cainteoir dúchais thú / sin mo bharúil faoi

Cé go bhféadfaí cur síos a dhéanamh ar Sarah mar chainteoir saineolach le tréithe de chanúint Ghaeltachta ar a hurlabhra, agus cé go maíonn sí go raibh ‘passing’ mar chainteoir áitiúil i gceist ar uairibh (Piller 2002: 180; Walsh *et al.* 2015: 12), léirítear

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

ina hinsint thuas nach leor é sin chun éiginnteacht maidir lena stádas mar chainteoir lánbharántúil a sheachaint. Sa sliocht seo a leanas léiríonn sí idé-eolaíochtaí dearfacha, follasacha i dtaca le húsáid na Gaeilge beag beann ar chaighdeán nó ar chumas teanga a comhchainteora. Cé nár thug sí ach sampla amháin ina hinsint thuas, tá sé suntasach go maíonn sí gurbh iad cainteoirí dúchais amháin ‘nár ghlac’ lena Gaeilge nó a dhiúltaigh Gaeilge a labhairt léi. Tá an míniú a thugann Sarah ar roghanna teanga mhuintir na Gaeltachta chomh suntasach céanna, dar liom. Toisc go bhfuil gnéithe dá cuid Gaeilge nach mbeadh ag an gcainteoir dúchais, dar léi, ‘tuigeann’ sí cén fáth nach mbeidís ag iarraidh na gnéithe sin a chloisteáil. Ní léir, ámh, an ag tagairt do chúrsaí foclóra nó comhréire atá Sarah sa chás seo. Bíodh sin mar atá, cuirtear in iúl ag deireadh an tsleachta go ngoilleann diúltú na Gaeilge go pearsanta uirthi:

33 S: Ok agus an dóigh leat gur dearcadh é sin a bhíonns ag / cainteoirí dúchais níos mó ná / dearcadh a bhíonns ag / Gaeilgeoirí i gcoitinne abair / maidir le Gaeilge daoine eile?

34 Sarah: *Yeah* ceapaim *like* / i mo thaithí féin dá mbeadh duine éigin ag caint Gaeilge liomsa / is cuma liomsa faoi cé mhéad / *you know* cén caighdeán atá acu / tá mise ag iarraidh daoine a chloisteáil ag caint Gaeilge *so* / *you know* bheadh mise ag spreagadh é sin agus ag iarraidh é sin a chloisteáil / em i mo thaithí féin is cainteoir dúchais a bhí ann / *now* ní gach cainteoir dúchais dar ndóigh ach éinne nár ghlac le mo chuid Gaeilge nó nach raibh sásta labhairt liom / i nGaeilge is cainteoir dúchais a bhí iontu / agus *you know* thuigfinn dóibh tá siadsan ag éisteacht liomsa agus tá siadsan ag rá ‘bhuel tá sé sin mícheart’ nó ‘ní bheadh sé sin agamsa ar an gcluas’ nó / *d’you know* mar tá Gaeilge acusan ón gliabhán *so* bheadh rudaí eile a bheadh acusan / nach mbeadh agamsa / *so* bheadh mise b’fhéidir ag úsáid rudaí / sa gcomhthéacs mícheart nó / agus ní bheadh siadsan ag iarraidh é sin a chloisteáil *but* fiú nuair a bhíodh muid *like* mar ghrúpa / em sa teach tábhairne ar an [nGaeltacht] / bhíodh siad *just* ag stánadh orainn / agus / ‘an féidir liom deoch a fháil’ ‘*yeah what would you like*’ ... *just* rudaí beaga mar sin agus bhí a fhios acu céard a bhí á dhéanamh acu

Dar léi nach bhfuil ‘Gaeilge cheart’ – urlabhra thraidisiúnta Ghaeltachta – aici agus tugtar le fios chomh maith go gcuireann a heaspa muiníne isteach uirthi. Is cosúil go samhlaíonn sí easpa barántúlachta lena hurlabhra in ainneoin an ama atá caite aici i mbun staidéir ar an nGaeilge toisc nach bhfuil cumas ‘nádúrtha’ teanga aici agus gur theastaigh iarracht chomhfhiosach uaithi chun an teanga a shealbhú go hardchaighdeán:

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

36 Sarah: *It's either* Gaeilge agus Gaeilge cheart / *so* tá Gaeilge agam / *but* níl Gaeilge cheart agam *d'you know what I mean?*

37 S: Agus an é sin do bharúil faoi do chuid Gaeilge féin / an ndéarfá nach bhfuil Gaeilge cheart agat?

38 Sarah: *Yeah* ní bheadh mórán muiníne agam as mo chuid Gaeilge

39 S: Go ginearálta nó le muintir na Gaeltachta?

40 Sarah: Go ginearálta ní bheadh / bheinn i gcónaí saghas ag smaoineamh faoi mo chuid Gaeilge agus an bhfuil sé maith go leor agus an bhfuil an iomarca ama caite agam léi *you know like* tá mise ag caint Gaeilge *like* le fiche bliain ag an bpointe seo ach tá sé fós / *you know* ag cúl m'aighe an bhfuil mo chuid Gaeilge maith go leor? / an bhfuil sé ar chaighdeán ard go leor? agus aon uair a ndeireann duine éigin liom oh níl Gaeilge cheart agat nó ní labhraíonn siad Gaeilge / liom / cuireann sé sin isteach orm / mar tá saghas *insecurity* agam faoi sin

Is féidir éiginnteacht agus easpa muiníne Shíle a fhrámú in idé-eolaíochtaí na barántúlachta nádúrtha chomh maith agus í ag labhairt faoin nGaeilge a úsáid os comhair cainteoirí dúchais Gaeltachta. Amhail Sarah úsáideann sí an téarma ‘fíor-Ghaeilge’ le cur síos a dhéanamh ar urlabhra na Gaeltachta agus is léir go gceanglaíonn sí líofacht theangeolaíoch leis an urlabhra chéanna. Ní léir, ámh, go nglacann sí go hiomlán gan cheist le lipéad na fíor-Ghaeilge agus cáilíonn sí an téarma sin leis an bhfriotal ‘*in inverted commas*’. Is cosúil go gceapann Síle go gcuireann an inní shóisialta a bhíonn ar nuachainteoirí ar uairibh bac ar úsáid na teanga:

98 Stiofán: An raibh sé sin deacair *like* abair mar / d'aithin tusa nach / cheap tusa nach raibh do Ghaeilge láidir go leor fós / *so* an raibh sé sin / deacair / ag dul os comhair / muintir na Gaeltachta nó an ndearna sé aon difríocht?

99 Síle: Bhuel *yeah* ... tá sé nádúrtha freisin *just* chun a bheith // eaglach ... tá tú i gcónaí ag smaoineamh oh is as an / an Ghaeltacht iad agus tá Gaeilge *like* líofa agus tá fíor-Ghaeilge acu agus níl an Ghaeilge mar an gcéanna agam agus *you know* níl an / muinín ag daoine go ginearálta ceapaim chun an Ghaeilge a úsáid agus a labhairt em / os comhair de *yeah* daoine le / *in inverted commas* fíor-Ghaeilge em // *yeah* so bhí sin deacair

Faighimid sampla eile d'idé-eolaíochtaí an nádúrachais agus an chainteora dúchais in insint Megan sa sliocht seo a leanas. Pléann sí an lipéad ‘Gaeilgeoir’ agus dar léi gur

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

féidir an téarma sin a úsáid le cur síos a dhéanamh ar chainteoirí neamh-Ghaeltachta, cosúil léi, a úsáideann an teanga go rialta. Dealraíonn sé go samhlaíonn Megan í féin mar chuid de phobal agus daoine ag breathnú isteach ón taobh amuigh ar an bpobal úd. Spreagann plé ar eachtra le fear ón Ostair, a chuir síos ar a cleachtas teanga mar rud ‘mínádúrtha’, tuilleadh cainte ar théamaí na barántúlachta agus na dlisteanachta:

117 Stiofán: Luaigh tú nuair a bhí tú [ag obair sna meáin Ghaeilge] gur tháinig feabhas ar do chuid Gaeilge / eh agus dúirt tú gur fhoghlaiméoir a bhí ionat ansin ... an ndéanfá cur síos ort fhéin mar Ghaeilgeoir?

118 Megan: Is dócha ón taobh amuigh bhreathnódh duine eicínt eile orm mar Ghaeilgeoir toisc go gcaithim mo shaol trí Ghaeilge agus ní duine Gaeltachta mé ... chas mé le fear *actually* le déanaí ... is as an Ostair é sílim *but* tá sé théis taisteal a dhéanamh ar fud an domhain agus mhínigh mé dhó sórt an / *just* staid na Gaeilge agus an méid a bhí á dhéanamh agam agus dúirt sé ‘ach tá sin thar a bheith mínádúrtha’ ... ‘ní duine Gaeltachta thú níl Gaeilge agat go nádúrtha tá tú théis é seo a chruthú duit féin’ agus shíl mé go raibh sé sin spéisiúil em *do you know* ó dhuine eicínt nach bhfuil cur amach acu ar an gcóras ...

119 S: Mar sin saghas ceann des na teoiricí taobh thiar de choincheap an nuachainteoir ... go raibh béim go stairiúil ar an ngné nádúrtha nó ar chainteoirí agus ar an nasc b’fhéidir fisiciúil nó tíreolaíochta nó pé rud mar sin leis an teanga nó leis an áit

120 M: Ní dóigh liom gur rud tíreolaíochta é fiú *though like* ba bhreá liom tréimhse a chaitheamh i mo chónaí sa nGaeltacht len í a fhoghlaim i gceart mar ní dóigh liom gur féidir / í a fhoghlaim lasmuigh den áit sin / fiú ag breathnú ar na léachtóirí ar fad a bhí agam nó na múinteoirí a bhí agam ar scoil *do you know* is as [ceantair uirbeacha] iad agus ní hé nach raibh Gaeilge mhaith acu *but* // níl mé ag iarraidh nach fíor-Ghaeilge ach an oiread *but do you know* d’fhoghlaim siadsan ar scoil é agus is dócha ó dhaoine nach raibh an teanga acu ó dhúchais ach oiread agus / tagann athruithe fiú ó thaobh foghraíochta agus saibhris teanga tá rudaí nach / nach bhfuil le fáil ach sa Ghaeltacht ... chuirfinn féin / em cur síos orm féin fós mar fhoghlaiméoir i ndáiríre em / *yeah* ach seans nach n-athróidh sé sin riamh tá sé ar nós rud ar bith eile tá tú i gcónaí ag rá *like* níl sé foirfe fós *do you know*

Is sampla maith é seo de na gnáthchontrárthachtaí a bhaineann le hidé-eolaíochtaí an duine (McCarty *et al.* 2011: 40) agus dar liom go léirítear tairbhe an chontanaim mar uirlis anailíse agus coimhlint idé-eolaíochta Megan á nochtadh ina hinsint thuas. Ar lámh amháin tarraingíonn sí ar idé-eolaíocht na barántúlachta iar-nádúrtha nuair a deir

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

sí nach mbaineann tábhacht le fréamhacha tíreolaíocha na teanga. Ach, ar an lámh eile, maíonn sí nach féidir an teanga a fhoghlaim 'i gceart' lasmuigh de na ceantair Ghaeltachta. Cé nach bhfuil sí toilteanach a rá nach 'fíor-Ghaeilge' atá ag daoine a shealbhaigh an teanga ar scoil, is léir go samhlaíonn sí easnaimh áirithe ó thaobh na foghraíochta de le hurlabhra neamh-Ghaeltachta. Is suntasach freisin an nasc a tharraingíonn sí idir 'saibhreas' na teanga agus urlabhra na Gaeltachta, mar a rinne Síle agus Sarah. Amhail rannpháirtithe eile, cuireann Megan síos uirthi féin mar fhoghlaiméoir teanga. Dar léi nach n-athróidh an stádas sin ariamh toisc go mbeidh sí i gcónaí den tuairim nach bhfuil a cuid Gaeilge 'foirfe'. Ba choitianta an dearcadh sin i measc na rannpháirtithe taighde. Áitím, ámh, nach gá go mbeadh idé-eolaíocht dhiúltach an easnaimh i gceist i gcónaí leis an seasamh sin ach go mbíonn nuachaintoirí sásta a rá go bhféadfaidís a gcumas teanga a fheabhsú nó a fhorbairt i gcónaí. Deir Diarmuid, mar shampla, go mbeidh sé ina fhoghlaiméoir Gaeilge 'go dtí lá an bháis' ach tugann sé le tuiscint go bhfuil sé sásta lena chumas teanga nuair a chuirtear i comparáid é le daoine eile atá i mbun an phróisis foghlama:

67 Stiofán: Agus an gcuirfeá síos ort féin mar // fhoghlaiméoir Gaeilge?

68 Diarmuid: Oh *yeah* / go dtí lá an bháis / *yeah* // *but* bíonn daoine áirithe ar leibhéal áirithe ar an dréimire le foghlaim na Gaeilge agus sílim go bhfuil mé / thuas píosa

Déanann Sarah cur síos ar phróiseas síorfhoghlama chomh maith agus dar léi go mbeidh sí ina fhoghlaiméoir an chuid eile dá saol:

91 Stiofán: Abair an mbeidh pointe an dóigh leat amach anseo / go mbeidh tú in ann a rá cineál / *right* tá mé sásta le mo chuid Gaeilge anois ní / abair an gcuirfeá síos ort féin mar fhoghlaiméoir fós?

92 Sarah: *Yeah* no beidh mé mar fhoghlaiméoir don chuid eile do mo shaol

Feictear idé-eolaíocht an easnaimh in insint Lisa agus léirítear arís eile éiginnteacht an nuachaintóra i dtaca lena stádas mar chaintoirí Gaeilge barántúla. Cé nach luann sí lipéad an fhoghlaiméora go sonrath sa sliocht seo a leanas, déantar cur síos ar an meon dearfach atá aici i dtaca lena cumas teanga a fheabhsú de réir a chéile. I gcodarsnacht le rannpháirtithe eile, ámh, níor tháinig téama na héiginnteachta chun cinn agus Lisa ag labhairt faoi thairbhí Ghaeltachta nó faoina hidirghníomhaíocht le caintoirí dúchais, ach nuair a labhair sí faoi phostálacha a chrochadh ar na meáin shóisialta thar cheann eagraíocht dheonach Ghaeilge:

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

97 Stiofán: An bhfuil deacrachtaí faoi leith / ó thaobh ceist na teanga?

98 Lisa: Ceist na teanga ... braithim i gcónaí *like* nach bhfuil mo Ghaeilge maith a dhóthain ... agus mé ag scríobh stuif go háirithe *like* don leathanach Facebook nó do ríomhphoist ... braithimse i gcónaí oh / níl mo Ghaeilge mhaith a dhóthain ... *you know* tá mé ag iarraidh feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge *just* níl an t-am agam agus {gáire} istoíche nuair ... a théim abhaile níl mé ag iarraidh *you know* a bheith ina suí le leabhar gramadaí *so* {gáire} ach tá sé mar sprioc agam / *you know* mo Ghaeilge a fheabhsú agus is dócha go bhfuil sé sin / níos láidre anois *you know* tá an an // em / fonn sin níos láidre anois ná mar a bhí b'fhéidir bliain ó shin

Tarraingíonn Doireann ar idé-eolaíocht na barántúlachta nádúrtha ar bhealaí éagsúla sa sliocht seo a leanas agus í ag labhairt faoi ról na Gaeilge ina saol ó lá go lá. Ar lámh amháin is cosúil go samhlaíonn sí í féin mar chainteoir dlisteanach Gaeilge toisc go bhfuil ról níos lárnaí ag an teanga ina saol anois ná mar a bhí, agus nuair a chuireann sí úsáid na Gaeilge i gcomparáid le minicíocht úsáide an Bhéarla. Maíonn sí go ndéanann sí dearmad ar fhocail Bhéarla uaireanta agus go dtagann an focal Gaeilge chuici níos tapúla. Tá an tábhacht a shamhlaíonn sí leis an ngné neamh-chomhfhiosach sin d'úsáid na Gaeilge suntasach – taitníonn sé léi agus uaireanta cuireann sé in iúl di go bhfuil sí i ndiaidh stádas barántúil éigin a bhaint amach mar chainteoir Gaeilge – ‘*I made it*’. Feictear idé-eolaíocht den chineál céanna i measc *euskaldunberriak*, mar a léiríonn Ortega *et al.* Breathnaíonn rannpháirtithe áirithe ina dtaighde siúd orthu féin mar *euskaldunberriak* seachas *euskaldun zaharrak* toisc go bhfuil a ‘scéimeanna meabhracha’⁴¹ (2016: 170, m’aistriúchán féin) sa Chaistílis – is é sin le rá nach smaoiníonn siad trí mheán na Bascaise. Léiríonn friotal Dhoireann go samhlaíonn sí úsáid bharántúil na teanga le húsáid neamh-chomhfhiosach na teanga. San am céanna, ámh, is léir fós go samhlaíonn sí easnaimh áirithe lena cumas teanga toisc go mothaíonn sí go bhfuil Gaeilge ‘níos fearr’ ag daoine eile:

95 Stiofán: An mbraitheann tú go bhfuil / an Ghaeilge beagnach mar chéad teanga agat anois nó / gurb é cineál príomhtheanga / duitse anois níos mó ná an Béarla nó fós an bhfuil an dá rud ann an dá theanga ann?

⁴¹ ‘los esquemas mentales’ (2016: 170).

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

96 Doireann: *No déarfainn go bhfuil an Ghaeilge cineál // níos mó i mo shaolsa anois ná mar atá an Béarla like // ní mar gheall nach labhraímse an oiread sin Béarla / thiocfadh dom má tá tuirse orm nó rud ar bith bíonn deacrachtaí agam / cineál*

97 S: Labhairt i mBéarla?

98 D: *Yeah / but ní labhairt i mBéarla just corrfhocal bíonn mé ag rá oh caidé sin i mBéarla? / ach taitníonn sé liom in amannaí mothaím cineál / I made it {gáire} you know ... sin ráite like dá mbeinn ag fanacht like tógann sé b'fhéidir cúig nó deich mbomaite orm dul i dtairní [ar an mBéarla arís] ... sílim go dtagann go fóill / Béarla chugam níos nádúrtha ná Gaeilge*

99 S: I rith an lae i rith cineál gnáthchúrsa an lae?

100 D: *Eh níl fhios agam tá sé cineál // mothaím gur féidir liom mé féin a / chur in iúl níos fearr i mBéarla*

101 S: Ar cén bealach?

102 D: *Níl fhios agam just nach bhfuil stóras focal maith go leor agam i nGaeilge / baineann sé sin le foghlaim agus is dócha go bhfuil easpa muiníne agam / mothaím / dá mbeinn ag scríobh rud éigin i nGaeilge mhothóinn go mbeadh duine éigin eile in ann rud éigin níos fearr a scríobh mar gheall go bhfuil Gaeilge níos fearr acu*

Tharraing rannpháirtithe áirithe comparáid idir próiseas foghlama na Gaeilge agus an tsíorfhoghlaim a bhíonn i gceist le gnéithe eile dá saol. Tugtar idé-eolaíocht an easnaimh faoi deara in insint Chéin thíos agus é ag maíomh nach bhfuil Gaeilge líofa aige. Dar leis go bhfuil cumas teoranta aige sa chaoi is go bhfuil rudaí áirithe ann nach féidir leis a chur in iúl i nGaeilge:

116 Stiofán: *An gceapann tú féin dá mbeadh tú ag déanamh cur síos ort féin an ndéarfá / 'is foghlaimeoir Gaeilge mé' mar shampla?*

117 Cian: *Oh cinnte yeah like // níl Gaeilge líofa ormsa níl in ann / gach rud a / a expressáil {gáire} trí Gaeilge sin eh / sampla maith dó sin*

118 S: *Seans go gcloisfeadh tú é sin sa Ghaeltacht freisin expressáil!*

119 C: *Yeah exactly yeah {gáire} em / níl sceitimíní ort tá tú focain excited {gáire} eh so tá fhios agam go bhfuil / feabhas le dhéanamh sa Gaeilge agus / you know tá mé // tá mé i mo léachtóir [in ábhar áirithe] agus tá mé fós ag fhoghlaim [an ábhair sin] so / tá fhios ag gach duine a bhfuil / cleachtadh á dhéanamh / acu i ábhar eicint nach bhfuil gach rud acu fós so sampla maith ó thaobh [foghlaime] an Rúisis / tar éis*

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

b'fhéidir ocht seachtain bhí sé ró oh tá sé sin agam tá tá mé / *you know* beagnach líofa anois / agus ní raibh ann ach an chéad chnoc agus bhí sliabh ollmhór os mo chomhair amach *so* / tar éis gach sliabh nó cnoc tá ceann eile ann agus / níl mé sásta rá go bhfuil rud eicint críochnaithe agam / nuair *you know* más cainteoir thú tá tú ag foghlaim an t-am ar fad

Dar liom go gcuireann insint Chéin in iúl nach gá go mbeadh easpa barántúlachta i gceist i gcónaí leis an bpróiseas foghlama leanúnach a luann rannpháirtithe éagsúla, cé go samhlaíonn cuid acu easnaimh áirithe lena n-urlabhra. Léiríonn na comparáidí a tharraingíonn Cian le foghlaim na Rúisise, mar shampla, agus foghlaim an ábhair a bhfuil sé mar léachtóir ann, go samhlaítear dlisteanacht éigin leis an bpróiseas foghlama toisc nach mbaineann sé leis an nGaeilge amháin, ná le nuachainteoirí amháin, agus is suntasach go n-úsáideann sé an téarma 'cainteoir' atá i mbun foghlama ag deireadh an tsleachta le cur síos a dhéanamh air féin. Tá iarracht chomhfhiosach, leanúnach i gceist le gnéithe éagsúla d'fhoghlaim agus d'fhorbairt an duine. D'fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil idé-eolaíocht Chéin i dtaca lena bharántúlacht á fhrámú aige laistigh de pharaidím an iar-nádúrachais. Áitím go léirítear anseo feidhm thairseachúil an tseasaimh iar-nádúrtha do nuachainteoirí agus dá bpróiseas dlisteanaithe.

Tugtar éiginnteacht faoi deara in insint Sheáin thíos agus é ag cur síos ar úsáid na Gaeilge le muintir na Gaeltachta. Ar aon dul le Sarah, luann sé ócáidí a d'fhreagair muintir na Gaeltachta é i mBéarla agus é ag labhairt i nGaeilge leo, ach dar leis nach ionann na Gaeltachtaí éagsúla maidir leis an rogha teanga sin. Maíonn sé go bhfuil dearcadh fíor-dhiúltach ag roinnt daoine sa Ghaeltacht i leith chainteoirí agus urlabhra na gcathracha agus is cosúil go gcuireann an dearcadh sin lena easpa muiníne i gcomhthéacsanna Gaeltachta áirithe:

112 Stiofán: Maidir le labhairt le muintir na Gaeltachta / an mbíonn tú ag smaoineamh oh *right* caithfidh mé a bheith cruinn agus caithfidh mé a bheith cineál

113 Seán: Braitheann sé ar cé mhéad *stout* atá ionam {gáire} *no* em ní miste liom tá níos mó / amhras orm é a labhairt i [nGaeltacht amháin] ná mar a bhí i [nGaeltacht eile] *cos* mhothaigh mé // gur fhreagair mórchuid / muintir na háite [sa Ghaeltacht sin] / mé i mBéarla

114 S: Agus tusa ag labhairt Gaeilge leo?

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

115 Seán: I nGaeilge leofa / agus / labhair mé le [cara liom] maidir leis sin agus dúirt sé / roinnt acu *now obviously* chan iad ar fad *but* roinnt acu tá / cineál an dearcadh seo acu / *that you know* muintir Bhéal Feirste agus *like* muintir na cathrach Baile Átha Cliath agus a leithéid / is ag cineál milleadh an teanga / cineál níl sé chomh cruinn agus a leithéid / cuid acu tá an smaoineamh sin acu *so* ní maith leo nuair / go háirithe le *tourists* agus a leithéid ag teacht agus *like* ag iarraidh droch-Ghaeilge a úsáid le muintir na háite *as if it's a game you know like a gameshow* cineál *like* ‘an-bhfuilcead-agam’ {caint stadach} rud éigin mar sin / déarfainn go gcuireann sin isteach orthu i ndiaidh tamaill / *so* bím amhrasach dá mbeinn ag labhairt [sa Ghaeltacht sin] *but* i gcónaí Gaeilge *like* ní smaoineoinn Béarla a labhairt leofa *but just* bím i bhfad níos cruinne {gáire} [sa Ghaeltacht sin] *like* {gáire}

Amhail Megan tugtar seasaimh idé-eolaíocha éagsúla faoi deara in insint Sheáin agus é ag tarraingt ar phointí éagsúla den chontanam anailíse a leagadh amach i bhFigiúr 5. Tarraingíonn sé ar idé-eolaíocht an nádúrachais agus é ag labhairt faoin easpa barántúlachta a shamhlaítear le hurlabhra neamh-Ghaeltachta. Dar leis gurb ann don dearcadh i measc mhuintir na Gaeltachta gur ‘droch-Ghaeilge’ a bhíonn ag cainteoirí uirbeacha cosúil leis. Tagann an dearcadh sin le plé Dorian ar idé-eolaíocht na hÍonghlaineachta teanga (1994). Cuireann an méid a deir sé faoi thurasóirí in iúl go gceapann sé go mbreathnaítear ar dhaoine a thagann chun na Gaeltachta chun Gaeilge a fhoghlaim nó a chleachtadh mar dhaoine a bhfuil an teanga mar chaitheamh aimsire acu, b’fhéidir, agus nach cainteoirí barántúla, dlisteanacha iad dá bharr sin. In ainneoin an amhrais a mhothaíonn sé ar uairibh agus é ag labhairt Gaeilge i nGaeltacht ar leith, agus in ainneoin dhearcadh mhuintir na háite i leith na gcainteoirí uirbeacha, maíonn sé nach mbeadh sé toilteanach Béarla a labhairt leo choíche. Faightear sampla den bharántúlacht iar-nádúrtha mar thairseach chun dlisteanaithe i gcás Sheáin agus é ag cur síos ar an iarracht ghníomhach a dhéanann sé chun Gaeilge chruinn a úsáid sa Ghaeltacht sin. Déantar é seo, b’fhéidir, le barántúlacht a chur in iúl nó a bhaint amach i súile mhuintir na háite agus le hidirdhealú a dhéanamh idir é féin agus cainteoirí eile le cumas níos teoranta sa teanga. D’fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil ordlathas cainteoirí á chruthú aige, agus go bhfuil sé féin suite ag lárphointe an ordlathais sin.

Is ann do shampla eile d’idé-eolaíocht na barántúlachta nádúrtha in insint Fhiachra thíos agus é ag cur síos ar an nGaeltacht. Ina theannta sin, léirítear éiginnteacht agus é ag labhairt faoi aithne a chur ar chainteoirí Gaeltachta ar an ollscoil. Míníonn sé gur bhreathnaigh sé ar an nGaeltacht mar áit ‘speisialta’ ó thaobh na teanga de agus go

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

raibh ‘an t-ádh’ ag cainteoirí dúchais go raibh an Ghaeilge acu ‘chomh maith sin’. Is sampla glé é seo de thuiscint idé-eolaíoch amháin a mbunaítear idé-eolaíocht an chainteoir dúchais uirthi, dar le Doerr – go nglactar leis go bhfuil cumas teanga nádúrtha, bitheolaíoch, inbheirthe ag an gcainteoir dúchais (2009: 35; féach mír 2.4.2.). I gcomparáid le cainteoirí dúchais, is cosúil gur shamhlaigh Fiachra easnaimh lena chuid Gaeilge féin ach ní léir an easpa muiníne céanna a bhí i gceist le rannpháirtithe taighde eile:

38 Stiofán: Agus tógadh é [sa Ghaeltacht] do chara ollscoile?

39 Fiachra: *Yeah yeah* idir [baile amháin] agus [baile eile] ach em / *so yeah* is dóigh // *you know* bhí // *you know* thuig mé go raibh rud éigin speisialta ag baint leis an gceantar sin / gur Gaeltacht a bhí ann ... cheap mé go raibh an t-ádh orthu / *you know* gurb as an nGaeltacht iad agus go raibh Gaeilge acu chomh maith sin agus chuile shórt agus bhí mo chuid Gaeilge féin réasúnta is dóigh *but* ní raibh sé iontach ach bhí mé muiníneach a dhóthain í a úsáid cé nach raibh sí foirfe bhí mé fós muiníneach í a úsáid

Is léir go samhlaíonn Fiachra eiseamláir teangeolaíoch (Walsh *et al.* 2015: 47) leis an nGaeltacht agus le hurlabhra na Gaeltachta. Tugtar idé-eolaíocht an chainteora dúchais (féach mír 2.4.2.) faoi deara sa sliocht seo a leanas agus é ag labhairt ar an nGaeilge ‘nádúrtha’ a bhí ag na cainteoirí dúchais céanna agus feictear sampla eile den nasc a tharraing rannpháirtithe éagsúla idir urlabhra an chainteora dúchais agus saibhreas nó líofacht theangeolaíoch. Agus muid i mbun cainte faoi chúrsa teanga a rinne sé sa Ghaeltacht, agus eisean mar an t-aon scoláire neamh-Ghaeltachta ar an gcúrsa céanna, deir sé: ‘bhí rud acusan a bhí uaim agus nach raibh agam agus sin máistreacht ar an teanga agus ... bhí an Ghaeilge chomh nádúrtha acu bhí na nathanna cainte acu bhí an tuiscint acu air’ (92, **Fiachra**).

Tá sé spéisiúil gur aithníodh téama na héiginnteachta in insint Choilm chomh maith le rannpháirtithe eile cé gur tógadh leis an nGaeilge é. Léirítear sa sliocht seo a leanas gur shamhlaigh sé easpa saibhris lena urlabhra. Is cosúil gur bhain sé sin le timpeallacht Bhéal Feirste agus cinseal an Bhéarla mar theanga shóisialta in ainneoin a chúlra teaghlaigh. Maíonn sé gur chuir tréimhsí sa Ghaeltacht lena shaibhreas teanga, ámh, rud a thugann le tuiscint arís an bharántúlacht a shamhlaítear leis an urlabhra thraidisiúnta:

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

41 Stiofán: An seasann aon rud amach / dhuit faoin [tréimhse Ghaeltachta] nó an rud é a rinne gach duine / ar comhaois leatsa ar an scoil leatsa gach samhradh *just* tharla sé agus sin mar a bhí?

42 Colm: Níl mórán a sheasann amach / caithfidh mé a rá chuir sé le mo chuid Gaeilge / bhain mé sult as go cinnte / na gnáthrudaí déarfainn em // déarfainn gur chuidigh sé ó thaobh / *do you know* agus mé ag tá mé cineál ag smaointiú air i gceart déarfainn gur chuidigh sé ó thaobh / caighdeán / ó thaobh cineál // déarfainn go raibh Gaeilge ok agam / ag an am ach gan aon saibhreas ar chor ar bith / em sílim b'fhéidir sin rud a tharlaíonn / a tharla i mBéal Feirste cibé agus arís eile níl mé ag caitheamh anuas ar dhaoine ach *just* sin mar a bhí / ... níl fhios agam deis eh a bhí ann cineál *just* cur leis an saibhreas rud beag cé nach raibh mé ag dul chun sin a dhéanamh ach déarfainn gur tharla sé *yeah*

43 S: Agus ar cheap tú é sin ag an am go raibh saibhreas ann nach raibh [i mBéal Feirste] abair arís gan a bheith ag caitheamh anuas mar ní shin atá i gceist ach?

44 C: *Yeah* oh aidhe cinnte / *but sure* / sílim go mbíonn sin / ar chúl d'inchinn agat / rud beag agus tú / i mBéal Feirste cibé / go bhfuil / idir rudaí difriúla / cluineann tú téarmaí *you know* téarmaí ar nós *Jailtacht* agus *you know* cineál / Gaeilge Bhéal Feirste agus / in amannaí daoine ag caitheamh anuas in amannaí daoine / a rá *you know* ó thaobh // eh le meas a rá oh 'maith sibh as an rud atá déanta agaibh' nó cibé ach i gcónaí aithníonn tú cinnte *I mean* / ní gá duit ach dul go / cúpla uair a chloig a chaitheamh i nGaeltacht éigin agus tá sé soiléir go bhfuil / go bhfuil saibhreas ar leith ann ansin / atá ag daoine ar leith anseo cinnte ach b'fhéidir nach bhfuil ann sa phobal / go fóill

Tá plé Choilm ar Ghaeilge Bhéal Feirste suimiúil sa chaoi a dtarraingíonn sé comparáid idir urlabhra na cathrach agus na Gaeltachta. Míníonn sé gurb an do lipéid ar nós '*Jailtacht*⁴²' a chuireann easnaimh in iúl ar uairibh agus arís ceanglaíonn sé saibhreas cainte le ceantair Ghaeltachta. Samhlaítear, b'fhéidir, easpa barántúlachta, de réir idé-eolaíochtaí an nádúrachais, le hurlabhra Bhéal Feirste. Is cosúil go

⁴² D'eascair an téarma seo le linn na dTrioblóidí agus cimí Poblachtánacha ag foghlaim agus ag úsáid na Gaeilge i bpríosúin an Tuaiscirt ó na 1970idí go dtí tús na mílaoise seo: 'These developments gave rise to the popular coinage of the terms "Jailic" and "Jailtacht", deformations of the terms "Gaelic" ... and "Gaeltacht"' (Mac Giolla Chríost 2012: 1). Tá taighde cuimsitheach déanta ag Mac Ionnrachtaigh ar fhoghlaim agus úsáid na Gaeilge i measc na gcimí Poblachtánacha ina leabhar *Language, Resistance and Revival: Republican Prisoners and the Irish Language in the North of Ireland* (2013).

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

mbreathnaíonn sé ar an saibhreas sin mar sprioc do Ghaeilge Bhéal Feirste nuair a deir sé nach bhfuil sé bainte amach ag pobal Gaeilge na cathrach ‘go fóill’.

Cuireann Mark nasc in iúl chomh maith idir cainteoirí dúchais agus saibhreas nó líofacht theangeolaíoch agus é ag cur síos ar a thaithí ollscoile. Léirítear go neascraíonn éiginnteacht Mark as idé-eolaíochtaí an nádúrachais agus dar leis go raibh sé ‘taobh thiar de go leor daoine eile’ ar an ollscoil toisc nach raibh ‘dúchas na teanga,’ nó cumas nádúrtha, neamh-chomhfhiosach, ann. Tugann an t-idirdhealú diúltach a dhéanann Mark idir an chaoi ar shealbhaigh seisean an teanga (forbairt leanúnach foclóra agus sealbhú scileanna gramadaí, mar shampla) agus ‘dúchas’ urlabhra na gcainteoirí Gaeltachta ordlathas barántúlachta in iúl. D’eascair an sliocht seo a leanas as plé a rinne Mark ar an dúil a bhí aige sa Ghaeilge ar an meánscoil: ‘*just kind of* d’fhás an spéis *kinda* go nádúrtha ar bhealach go horgánach *just* thosaigh mé ag déanamh staidéir em // thaitin sé liom *kind of* focla nua a úsáid (14, Mark):

15 Stiofán: Seo ar an meánscoil fós?

16 M: Ar an meánscoil *yeah* / em / agus *kinda* bhí spéis agam / *kinda* i struchtúr / teangacha an t-am ar fad em / *kinda* beagáinín truamhéalach *just* bíonn spéis agam sa ghramadach *so* {gáire} em / rinne mé an Ghearmáinis freisin agus *you know* tá sé sin lán le gramadach *so* eh an dá rud le chéile *kind of* / em bhí mé in ann tarraingt ar an dá theanga le cur leis an spéis ar bhealach / em / *but yeah* agus mé ar an ollscoil / rith sé liom láithreach / go raibh mé taobh thiar de go leor daoine eile *cos* bhí cúpla cainteoir dúchais em i mo bhliainse agus níor chas mé le cainteoir dúchais riamh ní raibh mé riamh sa Ghaeltacht / bhuel ar scoil samhraidh nó aon rud mar sin de *so* ní raibh na nathanna cainte agam ní raibh aon *kind of* / ní raibh / dúchas na teanga agam / i ndáiríre

Tugtar próiseas foghlama nó feabhsaithe teanga leanúnach le tuiscint in insint Aonghuis chomh maith. Spreag ceist faoi úsáid na teanga le cainteoirí dúchais plé ar chúrsaí cumais agus canúna. Léirítear idé-eolaíocht teanga a thagann leis an mbarántúlacht iar-nádúrtha, dar liom, sa sliocht seo a leanas. Maíonn Aonghus gur éirigh sé níos muiníní diaidh ar ndiaidh ina chuid idirghníomhaíochtaí le muintir na Gaeltachta agus tuairiscíonn sé gur bhain sé leas as ‘na huirlisí’ a bhí aige chun feabhas a chur a chuid Gaeilge. Le linn an agallaimh luaigh Aonghus leabhair ghramadaí, na meáin chraolta agus shóisialta agus nuachtáin Ghaeilge ar líne mar ‘uirlisí’ foghlama ar bhain sé leas astu. Léiríonn sé meon deimhneach, follasach i dtaca le deiseanna

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

foghlama agus úsáide a thapú ar bhonn gníomhach, rialta. Baineann sé seo go dlúth le gníomhúchán agus iarracht nó toil an nuachainteora. Dealraíonn sé nach dtagann a thaithí le muintir na Gaeltachta le taithí Mark ná Sheáin:

101 Stiofán: Agus ó thaobh na teanga de an mbíonn / bhuel seans nach bhfuil anois ach an raibh tú riamh míchompordach nó buartha faoi do chuid Gaeilge le muintir na Gaeltachta?


102 Aonghus: *Yeah* bhí go dtí / trí bliana ó shin déarfainn / em bhí i gcónaí na huirlisí agamsa *just* seans nach raibh mé iontach muiníneach nó compordach a bheith ag labhairt os comhair muintir na háite / *but* de réir a chéile tuigeann tú gur gnáthdaoine iad fosta agus duine ar bith nuair a bhfeiceann siad duine atá ag iarraidh / a dteanga féin a labhairt ní bheidh siad ag spochadh as / bheidís ag spreagadh / em *but* cinnte ó bhí an meon sin ann agamsa / chan chomh láidir agamsa i gcomparáid le daoine eile bíonn daoine ann agus bíonn siad an-bhuartha a bheith ag labhairt le muintir na háite

103 S: Daoine atá líofa?

104 A: *Yeah* / oh *yeah* fiú / daoine atá líofa *yeah* / *but* toisc nach gcuirimse blas orm féin *like* tá daoine ann / a bhíonn ag labhairt na Gaeilge le blas áirithe / *you know* Conallach *so* tá aithne agamsa ar daoine *you know* shílfeá gurb as na ceantair sin daofa / *but* tá sé sin maith go leor / toisc nach ndéanaim sin / sílim go raibh sé i bhfad níos fearr dom féin

Nochtar sampla eile d'idé-eolaíocht na barántúlachta iar-nádúrtha ag deireadh an tsleachta thuas agus Aongus ag labhairt faoi cheisteanna canúna. Fillfidh mé ar an téama sin thíos i mír 5.3.2., ach tá sé suntasach go ndeir Aongus go follasach nach gcuireann sé canúint thraidisiúnta Ghaeltachta ar a urlabhra. Diúltaíonn sé don bharántúlacht nádúrtha a cheanglaítear leis na canúintí sin (féach an plé ar chanúineolaíocht thraidisiúnta na Gaeilge i mír 2.4.3.) agus dar leis gur buntáiste é sin dó agus é i mbun idirghníomhaíochta le muintir na Gaeltachta. Déanfaidh mé tuilleadh anailíse ar na ceisteanna sin, agus ar thionchar idé-eolaíocht na barántúlachta iar-nádúrtha ar rannpháirtithe an taighde, sa chéad mhír eile agus a straitéisí dlisteanaithe á ransú.

5.3.2. An bharántúlacht iar-nádúrtha: deis dlisteanaithe?



Figiúr 7

Léiríodh i mír 5.3.1. go mbíonn rannpháirtithe an taighde éiginnte i dtaca lena stádas mar chainteoirí barántúla, dlisteanacha Gaeilge ar uairibh. Léiríodh freisin go dtarraingítear ar dhioscúrsaí an easnaimh agus rannpháirtithe ag déanamh cur síos ar a gcumas teanga agus dealraíonn sé go n-eascaíonn na dioscúrsaí sin as idé-eolaíocht na barántúlachta nádúrtha. In ainneoin na héiginnteachta, ámh, agus toisc go bhfuil stádas an nuachainteora bainte amach ag na rannpháirtithe – is é sin le rá gur cainteoirí iad a úsáideann an Ghaeilge go gníomhach agus go rialta sa chomhthéacs sóisialta – glacaim leis go bhfuil dlisteanacht bainte amach acu ar bhealaí éagsúla ina súile féin agus i súile an phobail trí chéile. Míníonn Ortega *et al.* go mbíonn próiseas leanúnach dlisteanaithe i gceist do *euskaldunberriak* go minic agus áitim gurb amhlaidh an cás i gcás nuachainteoirí na Gaeilge (2016: 96-97). I gCaibidil 4 (mír 4.3.) léiríodh an tionchar a imríonn *mudes* sóisialta ar dhlisteanacht na rannpháirtithe. Sa mhír seo breathnóidh mé ar straitéisí dlisteanaithe a bhaineann go sonrach le ceisteanna canúna agus cumais. Bainim feidhm arís as an gcontanam idé-eolaíochta i bhFigiúr 5 mar uirlis anailíse le hidé-eolaíochtaí teanga na rannpháirtithe i dtaca leis na ceisteanna seo a scrúdú. Mar mhalairt ar an éiginnteacht a chothaíonn idé-eolaíochtaí na barántúlachta nádúrtha, áitím go dtarraingíonn na rannpháirtithe ar idé-eolaíochtaí na barántúlachta iar-nádúrtha, ar bhealaí ilghnéitheacha, le barántúlacht a bhaint amach mar chainteoirí dlisteanacha Gaeilge (féach Figiúr 7). Taispeántar arís eile go bhfuil

idé-eolaíochtaí teanga na rannpháirtithe idircheangailte agus ilchasta, agus go mbíonn seasaimh chontrártha, fhreasúracha ag daoine aonair ar uairibh (Ó Murchadha agus Ó hIfearnáin 2018: 464).

5.3.2.1. ‘Tháinig saghas canúint ar mo chuid Gaeilge’

Shealbhaigh rannpháirtithe áirithe canúintí traidisiúnta Gaeltachta mar chomhartha barántúlachta nó le léiriú, dar leo, go raibh ardchumas teanga bainte amach acu. Dar ndóigh, d’fhéadfaí na hidé-eolaíochtaí teanga a chothaíonn an rogha canúna sin a fhrámú laistigh de pharaidím an nádúrachais toisc go samhlaítear fréamhacha áitiúla, tíreolaíocha leis an gcanúint thraidisiúnta. Áitím, ámh, go n-eascraíonn an straitéis dlisteanaithe seo as idé-eolaíochtaí na barántúlachta iar-nádúrtha toisc go luann na rannpháirtithe an iarracht ghníomhach a rinne siad chun urlabhra thraidisiúnta a shealbhú. Dar liom gur túsphointe dlisteanaithe é seasamh idé-eolaíoch a thagann leis an mbarántúlacht iar-nádúrtha, beag beann ar an straitéis a roghnaíonn an chainteora.

Léiríodh i gCaibidil 4 tionchar na Gaeltachta ar réamhmuda agus muda sóisialta Fhiachra (míreanna 4.2.3. agus 4.3.1.). Sa sliocht seo a leanas déanann sé cur síos ar an iarracht a rinne sé a chumas Gaeilge a fheabhsú nuair a bhog sé chun na Gaeltachta. Theastaigh uaidh ‘labhairt cosúil leo’ agus canúint thraidisiúnta an cheantair a shealbhú. Tugtar faoi deara sa sliocht seo mothúcháin dhearfacha an mhuintearais agus an bhróid agus Fiachra ag labhairt ar an gcaoi ar glacadh leis sa phobal, dar leis féin. Tuairiscíonn sé gur breathnaíodh ar an méid a bhain sé amach le linn an chúrsa, i dtaobh shealbhú na canúna de, mar rud eisceachtúil agus is cosúil gur éirigh leis a sprioc a bhaint amach – ‘passing’ a thugtar ar an bpróiseas trína gcuireann cainteoirí iad féin i láthair mar chainteoirí dúchais ar an gcaoi sin (Piller 2002; féach mír 2.6.). D’fhéadfaí breathnú ar rogha theangeolaíoch Fhiachra mar sheasamh idé-eolaíoch a léiríonn dlúthpháirtíocht le cainteoirí Gaeltachta chomh maith (Ó Murchadha agus Ó hIfearnáin 2018: 464). Agus é ag trácht ar phost a fháil sa Ghaeltacht théis dó tréimhse staidéir a chríochnú, thosaigh plé ar cheisteanna canúna agus cumais:

79 Stiofán: Ar ghlac siad leat ó thaobh na Gaeilge de abair?

80 Fiachra: Ghlac siad liomsa *yeah* freisin mar / *like* rinné mé an-iarracht leis an bhfírinne a rá *like* ag breathnú siar air níor thuig mé b’fhéidir ag an am ach *like* / rinne mé chuile shórt go bhféadfainn a dhéanamh chun feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge le go mbeinn ... agus b’fhéidir go / cuma cineál aisteach air seo ach a bheith / go

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

mbeinn in ann labhairt cosúil leo ... ag tús an [chúrsa] b'fhéidir cuireadh ceist orainn céard a bhí uainn a bhaint amach as an rud / agus eh dúirt mé a bheith in ann Gaeilge Chonamara a labhairt ... bhí sé sin mar sprioc agam agus go mbeadh mo chuid Gaeilge scríofa chomh cruinn agus a bhféadfainn a bheith freisin agus d'éirigh liom é sin uilig a bhaint amach / dar liom féin *anyway* ... agus dúirt cúpla duine é sin liom *like you know* ag deireadh an chúrsa agus mar sin de / *like* gur eisceachtúil an rud a bhí déanta agam ar bhealach *you know* go / dtagann go leor daoine ag an [ionad] le haghaidh cúrsaí a dhéanamh agus cúrsaí Gaeilge agus mar sin agus fíor-bheagán duine a éiríonn leo an méid sin a bhaint amach em / agus bhí mé fíor-bhródúil as sin

Feictear seasamh idé-eolaíoch den chineál céanna in insint Shinéad sa sliocht seo a leanas. Tuairiscíonn sí go ndéanann sí iarracht canúint na Mumhan a chur ar a hurlabhra i gcomhthéacsanna áirithe ach admhaíonn sí go mbaineann dúshlán leis an ngníomh sin nuair a theastaíonn uaithi díriú isteach ar ábhar an chomhrá ag an am céanna. Tá sé spéisiúil gur spreag ceist faoi thréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht Sinéad chun scéal a insint faoi chara léi a bhog chun na Gaeltachta chun an Ghaeilge a fhoghlaim. Thug an cara céanna canúint na háite leis go paiteanta, dar léi. Dealraíonn sé go bhfuil ardmheas aici ar an iarracht a chuir a cara isteach le hurlabhra na Gaeltachta a shealbhú agus go dteastódh uaithi rud den chineál céanna a dhéanamh:

106 Stiofán: Agus ar mhaith leat amach anseo [tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht]?

107 Sinéad: *Yeah* ba mhaith liom áit éigin i gCúige Mumhan b'fhéidir em tá fhios agam *d'you know* [cara liom] deir sé nach raibh mórán Gaeilge in aon chor aige agus ansin gur thosaigh sé ag cur níos mó suime sa Ghaeilge agus go ndeachaigh sé go Corca Dhuibhne agus d'fhan sé leis an tseanbhean seo nó leis an seanleaid seo agus / *d'you know* anois tá Gaeilge na Mumhan amach is amach aige {gáire} ... ceapaim go bhféadfadh leis sin ana-mhaitheas a dhéanamh dom *d'you know* uaireanta agus mé anseo bíonn laehanta ann agus déanfaidh mé iarracht níos mó *like* mo chanúint Mumhan a chur in úsáid b'fhéidir nó b'fhéidir agus mé ag labhairt le [léachtóir ollscoile] déanfaidh mé iarracht leis na 'bhíos' agus 'chuas' agus 'do / do fuair sé bás' agus pé rud ach // a bheith ag caint mar chuid de chomhrá agus go sóisialta agus gach rud tá sé deacair a bheith ag díriú ar na rudaí sin agus bheith ag díriú ar bhunús an chomhrá agus ar *d'you know* ar an ábhar comhrá chomh maith

108 S: Agus an sprioc é sin a bheas agat amach anseo / an bhfuil tú ag iarraidh saghas blas na Mumhan a bheith agat go smior?

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

109 Sinéad: *No* blas éigin blas na Mumhan *like* sin an rud is mó a bhfuil ciall leis em *yeah* ba bhreá liom sin agus ceapaim go mbeadh sé *d’you know* nuair a bhíonn tú in ann is deas nuair a bhíonn tú in ann cineál na rudaí atá bainte amach *like* a fheiceáil go soiléir *d’you know* dá n-éireadh liom sin a dhéanamh bheinn in ann cineál an chodarsnacht sin a dhéanamh idir an Ghaeilge a bhí agamsa agus mé ar an ollscoil agus *d’you know* an rud a d’éirigh liom a bhaint amach *whereas* anois ... féachann tú ar rud éigin ón gcéad bhliain agus deireann tú oh *jeez* ní dhéanfainn an botún sin anois ach tá sé níos solúbtha b’fhéidir níos teibí ná mar a bheadh éacht cosúil le canúint a bhaint amach

Spéisiúil go maith, léiríonn Sinéad éiginnteacht faoin gcanúint is feiliúnaí di, nó an ceann ab fhearr léi a shealbhú. Is díol suntais é go maíonn sí gurb é blas na Mumhan ‘is mó a bhfuil ciall leis’ ina cás féin. Is as ceantar uirbeach i gCúige Mumhan di ach tugtar le tuiscint go mbraitheann sí úinéireacht éigin ar chanúint thraidisiúnta Ghaeltachta de chuid an chúige. Amhail Fiachra, léirítear in insint Shinéad go samhlaíonn sí sealbhú na canúna traidisiúnta le hardleibhéal cumais agus míníonn go ligfí di an fhorbairt a tháinig ar a cuid Gaeilge ó thosaigh sí ar an ollscoil a thomhas ar bhealach níos soiléire. Is léir an gradam a shamhlaíonn sí le canúintí traidisiúnta na Gaeltachta nuair a deir sí gur ‘éacht’ a bheadh ann ceann ‘a bhaint amach’. Bíodh is gur canúint thraidisiúnta a theastaíonn uaithi, ámh, is í an iarracht a theastódh chun é sin a dhéanamh foinse na barántúlachta, dar liom.

I mír 5.3.1. pléadh éiginnteacht Sarah i dtaca lena dlisteanacht mar chainteoir barantúil Gaeilge. Bíodh is gur diúltaíodh an Ghaeilge a labhairt léi sa Ghaeltacht ar uairibh, dar léi féin, míníonn sí sa sliocht seo a leanas gur imir an tréimhse a chaith sí sa cheantar tionchar ar a cuid Gaeilge:

45 Stiofán: Ok agus an dóigh leat do bhfuil níos mó de thréithe / na Gaeltachta ar do chuid cainte anois ná mar a bhí nó ... an rud é sin cineál / a ndearna tú forbairt air d’aon ghnó / nó ar tharla *just* ó bheith ag éisteacht le / cláireacha áirithe nó le cainteoirí áirithe?

46 Sarah: *No* is cinnte gur tháinig saghas canúint ar mo chuid Gaeilge / ceapaim féin gur toisc // Raidió na Gaeltachta / rudaí mar sin *you know* / bhí mé sa Ghaeltacht in iarthar na tíre *so* gan dabht bhí tionchar aige sin ar mo chuid Gaeilge ... *like* tá canúint an-éagsúil agamsa sa Bhéarla / seo mo chanúint atá agam sa Ghaeilge / ní chuirim / air / *you know* / ní chuirim air nó aon rud mar sin / *it’s just* an chanúint atá agam ach tuigim / go bhfuil canúint éagsúil agam agus níl fhios agam ... tá sé *just* agam agus

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

glacaim leis agus ceapaim go / gcuireann sé i leith do dhaoine ... go bhfuil caighdeán Gaeilge / mhaith agamsa mura bhfuil tú *like* conas {ɑtʰɑ: tʰu:} / tuigean siad / *d'you know* go bhfuil am caite agam uirthi agus go bhfuilim ag iarraidh / *you know* a chur i láthair go bhfuil Gaeilge sách / sách mhaith agam

Amhail Fiachra agus Sinéad, dealraíonn sé go n-amharcann Sarah ar shealbhú na canúna Gaeltachta mar chomhartha barántúlachta. Suimiúil a dhóthain, murab ionann agus rannpháirtithe eile, diúltaíonn sí go follasach don tsaorgacht agus cuireann an friotal ‘ní chuirim air nó aon rud mar sin’ in iúl, dar liom, go bhfuil sí ag maíomh gur tháinig canúint thraidisiúnta ar a hurlabhra de réir a chéile ar bhealach nádúrtha, neamh-chomhfhiosach. Tarraingíonn sí codarsnacht shuimiúil idir a cuid Gaeilge agus Gaeilge iad siúd nach bhfuil fuaimeanna traidisiúnta ar a n-urlabhra – dar léi go gcuirtear in iúl do dhaoine go bhfuil ‘am’ caite aici ar an nGaeilge nuair a bhaineann sí úsáid as an gconsan pléascach déadach leathan neamhghlórach (tʰ) seachas an consan pléascach ailbheolach neamhghlórach (tʰ) a shamhlaítear leis an nGaeilge iar-Ghaeltachta (féach plé Uí Mhurchadha 2018: 124-126 ar ghnéithe d’fhoghraíocht Ghaeilge na hiar-Ghaeltachta). Is trí mheán na bhfuaimeanna traidisiúnta a chuireann sí í féin i láthair mar chainteoir barantúil Gaeilge.

Is cinnte go bhféadfaí an gradam a shamhlaíonn na rannpháirtithe a shealbhaigh canúintí traidisiúnta Gaeltachta, nó ar mian leo iad a shealbhú, laistigh de pharaidím an nádúrachais toisc go mbaineann fréamhacha traidisiúnta áitiúla, tíreolaíoch leo. Áitím, ámh, go bhfuil níos mó tairbhe ag baint leis na straitéisí dlisteanaithe áirithe seo a mhíniú le hidé-eolaíochtaí na barántúlachta iar-nádúrtha. Bhain iarracht ghníomhach le sealbhú na canúna agus cuireann na rannpháirtithe sa mhír seo dlisteanacht in iúl mar chainteoirí barántúla Gaeilge ar an gcaoi sin.

5.3.2.2. ‘Níl canúint ar bith agam’

I gcodarsnacht leis na rannpháirtithe thuas a shealbhaigh canúintí traidisiúnta Gaeltachta, dhiúltaigh rannpháirtithe áirithe d’idé-eolaíocht an chainteora dúchais agus do bharántúlacht na gcanúintí sin ina gcásanna féin. Áitím gur uirlis thairbheach í idé-eolaíocht na barántúlachta iar-nádúrtha chun anailís a dhéanamh ar na straitéisí dlisteanaithe seo chomh maith. Ar aon dul leis na rannpháirtithe a shealbhaigh canúintí traidisiúnta, tá gníomhúchán agus iarracht fhéin-chomhfhiosach an chainteora de dhlúth agus d’inneach na seasamh idé-eolaíoch a scagaim sa mhír seo.

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

Diúltaíonn Aonghus go follasach do chanúint thraidisiúnta agus d'idé-eolaíocht an chainteora dúchais. Maíonn sé go mbeadh cairde Gaeltachta leis 'ag spochadh' as dá ndéanfadh sé iarracht canúint na háite a chur ar a urlabhra agus, murab ionann agus an dá chanúint éagsúla a luaigh Sarah, tuairiscíonn sé go bhfuil sé compordach leis an gcanúint chéanna Bhéarla agus Ghaeilge:

105 Stiofán: *So* ní dhéanann tú blas Gaeltachta a chur ort féin?

106 Aonghus: Oh *no* ní chuirim *no* / in aon scór

107 S: *So* ní bheadh tú ag iarraidh?

108 A: Bheadh mo chairde ag spochadh asam as Tír Chonaill *like* dá ndéanfainn sin *like* / em tá cairde agamsa agus déanann siad *you know* cuireann siad blas Gaeltachta

109 S: Agus sin an sprioc atá acu tá siad ag iarraidh é sin a bhaint amach?

110 A: *Yeah just* níl mórán / chan nach bhfuil suim agamsa ní hé sin an frása ceart *just* em / tá mé compordach le mo chanúint féin / ní maith liom go mbeadh daoine ag amharc ormsa ag labhairt i mBéarla agus ansin nuair a labhraím sa Ghaeilge tá rud iomlán difriúil atá ann / em / *like* deirimse foclaí / Conallacha is rudaí mar sin *but* ní / chuirfidh mé sílim canúint orm féin

111 S: Agus is cabhair é sin dar leat agus tú ag plé le / muintir Thír Chonaill?

112 A: Sílim é *yeah* sílim go bhfuil meas acu orm mar tá / *yeah* sílim *just* go bhfuil níos mó eh / muintir [Ghaeltacht amháin] cibé sílim go bhfuil níos mó measa acu ormsa mar gheall air sin / em nach bhfuil mé ábalta sórt / ní maith liom // go mbeidís ag smaoinreamh go bhfuil mé ag spochadh astu // em / agus bhí sin ráite agam cheana féin *like so* / ní dhéanfaidh mé sin go deo sílim

Spéisiúil go leor, dealraíonn sé nach gceapann Aonghus gur gá canúint thraidisiúnta a bheith ag duine le dlisteanacht a bhaint amach mar chainteoir Gaeilge. A mhalairt atá i gceist, dar leis, agus míníonn sé go gceapfadh muintir na háite go raibh sé féin ag spochadh astu dá mbeadh canúint na háite ar a urlabhra. Tá idé-eolaíochtaí teanga Aonghuis i dtaca leis na ceisteanna seo i gcodarsnacht iomlán leis na hidé-eolaíochtaí a pléadh i mír 5.3.2.1.

Is amhlaidh atá in insint Mark agus faightear léargas anseo ar na straitéisí éagsúla dlisteanaithe a mbaineann na rannpháirtithe úsáid astu. Tugtar idé-eolaíocht an easnaimh faoi deara arís agus Mark ag míniú nach bhfuil 'dúchas na teanga' aige –

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

mínithe aige ag pointe eile san agallamh mar shaibhreas agus nathanna cainte – tréithe a shamhlaíonn sé le hurlabhra an chainteora dúchais. Shocraigh sé díriú isteach ar chruinneas gramadaí agus ar fhorbairt foclóra chun líofacht a bhaint amach agus a chur i láthair. Lean na sleachta seo an plé a rinne Mark ar a bheith ‘taobh thiar’ do dhaoine eile ó thaobh na teanga de nuair a thosaigh sé ar an ollscoil, daoine ‘ar chainteoir dúchaise iad nó *just* a fhreastail / ar an nGaeltacht eh ar scoil samhraidh’ (18 Mark). Dar leis nach raibh ach ‘Gaeilge na hArdteiste’ aige ag an bpointe sin agus, dá dheasca sin, go raibh sé ‘ag bun an ranga’:

19 Stiofán: Agus cad atá i gceist agat // nuair atá tú ag rá go raibh siad ar chaighdeán / an raibh tusa ag breathnú orthu ar an gcúrsa ag rá / tá siadsan i bhfad níos fearr ná mise?

20 Mark: Em *see* níl fhios agam céard a bhí / céard a shíl mé a mbeadh i gceist leis an gcúrsa ach em / bhí gach rud trí mheán na Gaeilge agus *just* tháinig sé sin aniar aduaidh orm ar dtús ach bhí gach duine chomh compordach sin ag caint leis an léachtóir os ard i nGaeilge agus bhí *kinda just* bhí Gaeilge na hArdteiste agamsa agus / bhraith mé *just* / go tobann ó bheith *kind of* ag barr an ranga bhraith mé go tobann go raibh mé ag / bun an ranga ar fad agus eh mar a dúirt mé tá mé iomaíoch mar dhuine *so* níor thaitin sé sin liom ar chor ar bith *so* bhí an dá rogha agam *you know* éirigh as an gcúrsa nó / *kind of* luigh isteach ar an teanga *so* thosaigh mé *just* / em / bheartaigh mé / toisc nach bhfuil *kind of* dúchas na teanga agam ag caint is féidir liom *kinda* ar dtús *just kind of* cur leis an tuiscint atá agam ar / struchtúr na teanga agus *just* ar stór focal / *and then you know* tiocfaidh líofacht as sin is dócha *so* em *yeah* luigh mé isteach ar an ngramadach // em agus *yeah just* thosaigh mé ag *kind of* thosaigh mé *kinda* dréacht ar mo fón aon uair a tháinig mé ar fhocal nua *just* chun é sin a / fhoghlaim agus *kinda* sin an bealach cineál ar // ar *kinda* léim mé cúpla leibhéal eh *you know* chuir mé an teanga chun tosaigh chuir mé feabhas ar an teanga / *so* ag deireadh na bliana bhí mé *kinda* rud beag níos fearr

Filleadh ar cheisteanna cumais agus canúna níos déanaí san agallamh agus sa sliocht seo a leanas tugann Mark le tuiscint gur bhreathnaigh sé ar chomhghleacaí oibre leis mar eiseamláir teangeolaíoch. Ar aon dul le rannpháirtithe, eile tá Mark den tuairim nach mbainfidh sé ‘stádas’ an chainteora dúchais amach choíche, ach tuairiscíonn sé anseo gur thaispeáin cainteoir eiseamláireach dó gur féidir le duine a bheith ‘an-líofa sa Ghaeilge gan a bheith i do chainteoir dúchais’ – d’fhéadfaí an pointe seo a aithint

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

mar chlaochlú idé-eolaíoch agus Mark ag bogadh i dtreo sheasamh an iar-nádúrachais ar an gcontanam:

60 S: Agus ar chainteoir dúchais é?

61 M: Ní shílím é ... ach *just* an an-chúramach agus é ag caint / ach níor bhraith mé go raibh sé mall riamh ach ní raibh sé tapa ... bhí gach / focal roghnaithe aige em / gach *kind of* an fhoghraíocht foirfe an t-am ar fad / tuiseal ginideach i bhfeidhm an t-am ar fad *kinda* léirigh an fear sin dom ... thaispeáin sé dom *like* ok ní bheidh mé riamh i mo chainteoir dúchais ach beidh mé in ann *kind of* / leibhéal áirithe a bhaint amach / em *just* ar // ar *kinda* ar scóip eile ar bhealach *yeah so* em ní bheidh / dúchas na teanga agam ach / beidh foghraíocht na teanga agam agus beidh *kinda* beidh mé in ann *kind of* / struchtúr ceart agus focla / breátha a chur isteach in abairtí agus / em / arís deacair cur síos a dhéanamh air ach *just kind of* a luaithe is a taispeánadh dom / gur féidir leat bheith an an-líofa sa Ghaeilge gan a bheith i do chainteoir dúchais / em / thosaigh mé ansin *kinda* / ag baint triail as rudaí nua / sa chaint em / a chur / *yeah* séimhithe i bhfeidhm rudaí mar sin

Sa sliocht thuas deir Mark arís nach bhfuil nó nach mbeidh ‘dúchas na teanga’ aige ach bhain sé barántúlacht amach mar chainteoir dlisteanach Gaeilge de réir a chéile trí fheabhas a chur ar fhoghraíocht, comhréir agus foclóir na teanga. Tugtar sampla den chineál foghraíochta atá i gceist ag Mark sa fhriotal ag deireadh an tsleachta nuair a mhíníonn sé gur spreagadh é chun séimhithe a chur i bhfeidhm sa chaint ar shlí nach ndearna sé roimhe sin.

Ar nós Aonghuis thuas, diúltaíonn Mark d'idé-eolaíocht na canúna traidisiúnta. Tarraingíonn sé ar idé-eolaíocht na barántúlachta iar-nádúrtha agus a straitéisí dlisteanaithe á bplé. Is féidir an contanam idé-eolaíochta a úsáid le hanailís a dhéanamh ar a sheasamh i dtaca le ceisteanna canúna chomh maith. Maíonn sé nach gcuirfeadh sé blas Gaeltachta ar a chuid cainte toisc nach bhfuil baint aige leis na háiteanna sin. Tugtar le tuiscint go gceapann Mark go mbeadh canúint thraidisiúnta, ina chás féin, mínádúrtha nó saorga, dar liom:

62 S: Cén cur síos a dhéanfá ar do chumas Gaeilge anois nó ar do chaighdeán Gaeilge nó do chanúint Gaeilge?

63 M: Em níl sé foirfe em / níl canúint ar bith agam ní déarfainn agus ní arís ní / bhraithfinn compordach abair ag caint cosúil le cainteoir eh as Gaillimh nó em / *like* ní chuirfinn blas Ultach riamh ar mo Ghaeilge *cos* ní Ultach mé agus níor chaith mé

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

seal / eh i gCúige Uladh riamh em / bhuel seal fada / ach tá aithne agam ar / fhear agus is as Bleá Cliath dó tá sé ag cur faoi i nGaillimh ar feadh cúpla bliain anois agus tá Gaeilge na Gaillimhe aige / em / so gach seans dá mbeinn ag cur fúm go dtiocfaidh *kind of* athrú [ar mo chuid Gaeilge] de réir a chéile *yeah* ach agus mé i mBleá Cliath / ní bhraithim gur cheart dom Gaeilge na Gaillimhe a chur ar mo chuid Gaeilge *you know* is Gaeilge / is as Bleá Cliath dom *so like* seo an chaoi a labhraím

Tugann Mark canúint ‘neodrach’ ar a chanúint féin sa sliocht seo a leanas. Níor mhaith leis féiniúlacht theangeolaíoch éagsúil a chur in iúl le canúint thraidisiúnta Ghaeilge toisc go bhfuil aithne ag daoine air mar chainteoir ‘neodrach’, dar leis. Léirítear arís go gceapann sé go mbeadh sé ‘aisteach’ canúint Ghaeltachta a shealbhú toisc gurb as Baile Átha Cliath dó. Aithníonn sé, ámh, go bhféadfadh athrú teacht ar a urlabhra dá mbeadh sé ag cur faoi in áit éigin eile.

Pléadh an tionchar a d’imir cúitimh ghairmiúla ar *muda* sóisialta Mark i mír 4.3.2. Is léir ón sliocht seo a leanas gur imir an comhthéacs oibre céanna tionchar ar a chumas teanga chomh maith, dar leis féin. Baineann straitéisí dlisteanaithe Mark arís anseo le gníomhúchán agus iarracht chomhfhiosach an chainteora, ach ar bhealach éagsúil leis na rannpháirtithe a shealbhaigh canúint thraidisiúnta Ghaeltachta. Baineann an insint seo a leanas leis an sliocht céanna a pléadh thuas:

63 M: Agus mé i mBleá Cliath / ní bhraithim gur cheart dom Gaeilge na Gaillimhe a chur ar mo chuid Gaeilge *you know* ... is as Bleá Cliath dom *so like* seo an chaoi a labhraím *so* / anois is arís seans go dtiocfaidh *kind of* / abair má fhoghlaimím focail áirithe ó dhuine áirithe ... rudaí beaga mar sin ... ach em *kinda just* labhraím go neodrach i mBéarla *so* labhraím go neodrach i nGaeilge em // *just* sin cinneadh a rinne mé bhraithfinn / aisteach agus tá aithne ag gach duine orm anois / mar chainteoir *kinda* neodrach *so* dá / shiúlfainn isteach ag an gConradh {club sóisialta} lá éigin agus *you know* dá dtosóinn ag spalpadh Gaeilge Ciarraí {gáire} bheadh gach duine ag rá *like* céard *like* ar bhuail sé a chloigeann nó céard a tharla dó? {gáire} sin rud eile ar bhealach ... d’fhág mé [cúrsa ollscoile] in 2015 agus chaith mé seal [i bpost ollscoile] / agus bhí mé ag cur aithne ar dhaoine nua agus ní raibh aithne acu / ar mo chuid Gaeilge / *so* bhraith mé go raibh *kind of clean slate* agam / *so* is cuimhin liom *actually* anois / sin an uair / a thosaigh mé *really* / em ag labhairt *like* níos cúramaí agus / ag cur séimhithe i bhfeidhm i gceart / *cos* os rud é gur chuir daoine aithne orm [ar an gcúrsa ollscoile] nuair a shiúil mé isteach bhí mé *kind of* // bhí mé ag caint / {i 'mial'vak / uə 'va:sak} ... Gaeilge na scoile fós

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

Pléadh nósanna teanga Mark lena chairde ollscoile i mír 5.2.1. agus léiríodh a dhúshlánaí a bhí sé athrú teanga a chur i bhfeidhm ar chúiseanna éagsúla. Léirítear sa sliocht thuas go raibh sé sásta athruithe teangeolaíocha a chur i bhfeidhm ar a chuid Gaeilge agus é ag dul isteach i láthair nua oibre Ghaeilge den chéad uair. Go nuige sin, dar leis, bhí ‘Gaeilge na scoile’ aige agus tugann sé sampla foghraíochta – consan coguasach leathan neamhghlórach (/k/), a shamhlaítear leis an urlabhra iar-Ghaeltachta, seachas an consan cuimilteach coguasach neamhghlórach (/x/) traidisiúnta – a thugann le tuiscint go samhlaíonn sé easnaimh shuntasacha leis an urlabhra a bhí aige. Toisc nach raibh aithne ag daoine air san áit oibre nua, agus dá réir sin ní raibh cur amach acu ar a chumas Gaeilge, shocraigh sé labhairt ar bhealach níos cúramaí agus fuaimneanna cruinne na teanga a chur i bhfeidhm. Déanann Mark tuilleadh plé ar an gceist sin sa sliocht seo a leanas:

66 Stiofán: Toisc gur raibh aithne acu ort mar / mhac léinn fós?

67 Mark: *Kinda* sórt *yeah* agus / eh ag an bpointe sin níor rith sé liom gur cheart dom *kind of* an em *you know* an *tactic* a bhí agam a athrú ach os rud é nach raibh aithne ag daoine [sa phost nua] orm / níor bhraith mé *kind of* aisteach nó / em / as áit is dócha ag athrú mo chuid cainte ar bhealach / em agus sin rud tábhachtach / is dócha gur fhág mé [an cúrsa ollscoile] agus go raibh mé in ann *kind of just* / em // *yeah just* tús a chur le Gaeilge nua / sin aisteach *but* em // sin rud tábhachtach dom má tá aithne ag duine orm ar bhealach amháin / bhraithfinn aisteach dá gcuirfinn *kind of* athrú mór i bhfeidhm go tobann eh *you know* gan chúis gan / rabhadh ar bhealach {gáire} *so yeah* arís le [post nua] ní raibh aithne acu orm / mar Ghaeilgeoir / *so* bhí mé in ann *kind of* arís *just* a bheith i bhfad níos cúramaí agus mé ag caint *like* abair dá shiúlfaínn isteach [sa phost nua] anois // ag spalpadh Gaeilge na Gaillimhe / bheadh gach duine ag rá arís *like* tá sin aisteach *I mean like* / em / *like fair play* dhuit ach tá sé sin *just weird* agus

68 S: Ach ní shin atá uait?

69 M: *No* ní shin atá uaim ach *just like* abair tá daoine ann agus *like* an léachtóir [san ollscoil] dúirt sé *like* oh / ‘b’fhéidir gur cheart duit blas éigin a chur ar do chuid Gaeilge’ / em / le léiriú *like* go bhfuil líofacht agat / em / níl fhios agam cén fáth ar dúirt sé é sin *but* em / *yeah just so* / *I think* an rud is tábhachtaí ná an / chéad uair a chasann tú ar dhuine *kinda* cuireann tú in iul dóibh *you know* seo an chaoi a labhraím / seo an teanga atá agam ...

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

Míníonn Mark thuas go raibh deis aige tús a chur le Gaeilge ‘nua’ – nó féiniúlacht nua theangeolaíoch a chur in iúl – nuair a thosaigh sé san áit oibre agus gur shamhlaigh sé breis barántúlachta leis an gcineál Gaeilge úd. Cé go bhfuil sé ag diúltú d’idé-eolaíocht na barántúlachta nádúrtha i dtaobh na canúna de, ar bhealach eile is ag tarraingt ar idé-eolaíochtaí an nádúrachais atá sé nuair a mhíníonn sé a dheacra atá sé athruithe teanga nó teangeolaíocha a chur i bhfeidhm tar éis dó aithne a chur ar dhuine agus nósanna teanga a chruthú den chéad uair. Tugann an seasamh idé-eolaíoch sin míniú dúinn, b’fhéidir, ar na nósanna teanga a cruthaíodh ar an ollscoil leis an ngrúpa cairde (féach mír 5.2.1.). Filleann Mark ar an ábhar sin sa sliocht seo a leanas agus léirítear idé-eolaíocht an easnaimh agus é ag labhairt faoin nGaeilge a bhí aige ar an ollscoil. Mhothaigh sé go raibh saoirse aige athruithe foghraíochta a chur i bhfeidhm ar a chuid Gaeilge san áit oibre nua, mar a chonacthas thuas, ach níorbh amhlaidh an tsaoirse chéanna ar an ollscoil. Dar leis nach mbeadh sé de mhuintín aige ‘athrú suntasach a chur i bhfeidhm’ le daoine a bhfuil aithne acu air cheana toisc go gceapfaidís, dar le Mark féin, go raibh saorgacht nó cur i gcéill ag baint leis an iompar teangeolaíoch sin:

69 Mark: [ar lean] abair na leids ar an ollscoil / em / roghnaíomar Béarla mar theanga [bhí mo chuid Gaeilge] *kind of* garbh mar theanga / em / agus arís *just* baineann sé seo liom féin agus an fhéinmhuinín / em / bhraith mé *just* nár cheart dom *kind of* athrú suntasach a chur i bhfeidhm go tobann / bheadh gach duine ag rá *like* oh tá sé *just like* / ag cur i gcéill go bhfuil Gaeilge maith agam ag an am arís tá sé casta em / agus *just* baineann sé seo leis an gcaoi a n-oibríonn cairdeas agus em / *like* daoine eile tá siad / breá féinmhuiníneach agus tá siad in ann *just* em má dhéanann siad cinneadh *just* tá mise *just* chun labhairt mar seo anois agus tá siad breá sásta aige nílim féin mar sin

I gcomhthéacs na Bascaise, mar shampla, míníonn Ortega *et al.* go gcuireann tuairimí diúltacha *euskaldunberriak* i dtaca lena gcumas teanga srian ar úsáid na teanga ar uairibh (2016: 96). Is cosúil gurb in a thit amach i gcás Mark ar an ollscoil. Sa chéad mhír eile léireofar nach mbíonn seasaimh idé-eolaíocha na rannpháirtithe i dtaca le ceisteanna barántúlachta agus dlisteanacha chomh soiléir le rogha idir sealbhú na canúna nó cruinneas teanga a bhaint amach. Tarraingeoidh mé arís ar an gcontanam idé-eolaíochta i bhFigiúr 5 chun anailís a dhéanamh ar idé-eolaíochtaí idircheangailte na rannpháirtithe, ach áitím fós go bhfeidhmíonn idé-eolaíocht na barántúlachta iarnádúrtha mar thúsphointe an phróisis dlisteanaithe.

5.3.2.3. ‘Is fearr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste *but* is fearr Gaeilge mhaith thar Ghaeilge *shite*’

Den chuid is mó, léirigh na rannpháirtithe idé-eolaíochtaí teanga idircheangailte, ilchasta i dtaca le ceisteanna cumais agus canúna. Léiríonn sé seo arís, dar liom, á áisiúla atá an contanam idé-eolaíochta le seasaimh éagsúla na rannpháirtithe a spíonadh. Amhail Mark thuas, d’fhéadfaí idé-eolaíochtaí na rannpháirtithe a fhrámú go minic laistigh de pharaidímí freasúracha an nádúrachais agus an iar-nádúrachais araon agus téamaí na barántúlachta agus na dlisteanachta á bplé le linn na n-agallamh. Bíodh sin mar atá, ámh, dealraíonn sé gurb í an bharántúlacht iar-nádúrtha a chothaíonn dlisteanacht ina measc, beag beann ar na spriocanna teangeolaíochta (.i. canúint thraidisiúnta, fuaimeanna cruinne, saineolas gramadaí srl.) a leagan siad amach dóibh féin.

Chonaic muid i mír 5.3.2.1. gur tharraing Sarah ar idé-eolaíochtaí an nádúrachais agus í ag labhairt faoi cheisteanna canúna agus mhínigh sí an chaoi ar shealbhaigh sí canúint thraidisiúnta Ghaeltachta mar chomhartha barántúlachta agus le hardchumas teanga a chur in iúl. Tugtar codarsnacht idé-eolaíoch le tuiscint sa sliocht seo a leanas, ámh. Míníonn sí go gceapann go bhfuil tábhacht ag baint le líofacht labhartha agus scríofa araon sa Ghaeilge agus go mba cheart ‘meas’ a bheith ag daoine ar chanúintí na Gaeilge toisc go bhfuil ‘seanfhocail agus frásaí’ iontu nach bhfaightear sa Ghaeilge scríofa – is dócha go bhfuil an Ghaeilge chaighdeánach i gceist aici leis an bhfriotail sin. Tógann sí anseo ar théama an tsíorfhoghlaim (féach mír 5.3.1.):

92 Sarah: ... beidh mé ag labhairt Gaeilge / ar feadh mo shaoil ar fad *like*

93 Stiofán: Ok ach fós sásta a bheith ag foghlaim agus ag feabhsú?

94 Sarah: I gcónaí ag foghlaim / em i gcónaí ag iarraidh / a bheith / níos fearr ná mar a bhí mé / tá mé / tá mo chuid Gaeilge anois níos fearr ná mar a bhí sé sé mhí ó shin / *so* tá mé ag iarraidh é sin a dhéanamh go leanúnach

95 S: Ok agus an mbaineann sé sin le cúrsaí canúna dar leat freisin?

96 Sarah: *Yeah / yeah* no tá difríocht em / idir Gaeilge canúna agus eh / Gaeilge scríofa / *you know* ceapaim go bhfuil sé iontach má tá tú in ann Gaeilge / foirfe a scríobh / ach caithfidh tú a bheith in ann í a labhairt freisin / em agus tá rudaí sa Ghaeilge labhartha nach bheadh sa Ghaeilge scríofa *just* ó thaobh *like* seanfhocail agus frásaí / *you know* nach n-úsáidfeadh tú / ag scríobh na Gaeilge tá sé an-

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

tábhachtach go mbeadh meas agat / ar chanúintí na Gaeilge / agus ar labhairt na Gaeilge mar / *you know* tá sé an-tábhachtach go mbeadh tú in ann tú féin a chur / i láthair *you know* agus tú ag labhairt

97 S: Agus baineann cruinneas agus nó an dóigh leat b'fhéidir go mbaineann cruinneas agus blas leis sin / nó an dá rud abair blas traidisiúnta / nó díreach cruinneas amháin?

98 Sarah: *Yeah* ní cheapaim go bhfuil an iomarca tábhacht i gceist le blas / bhí sé tábhachtach domsa blas a bheith agam ach ní cheapaim go gcaithfidh blas / saghas traidisiúnta a bheith agat / cruinneas *yeah* / em *just* ó thaobh saghas eh frásaí agus eh / *you know* 'chuaigh / chuaigh sé aniar aduaidh orm' *just* rudaí beaga mar sin nach mbeadh múinte caithfidh sé / tá sé *either* agat nó níl *d'you know* em *just* rudaí beaga mar sin

Cé go bhfuil 'blas' (féach plé Uí Mhurchadha agus Uí Ifearnáin 2018: 456 ar an téarma seo) traidisiúnta ar a hurlabhra féin, ámh, míníonn sí ag deireadh an tsleachta thuas nach gá canúint Ghaeltachta a shealbhú i gcónaí le dlisteanacht a bhaint amach mar chainteoir barántúil Gaeilge. Is leor cruinneas foghraíochta, dar léi. Tugtar le tuiscint go samhlaíonn sí saibhreas agus nathanna cainte áirithe le canúintí traidisiúnta Gaeltachta amháin ach, san am céanna, míníonn sí go bhfuil meas aici ar chruinneas teangeolaíoch freisin. Is dócha go dtagann an idé-eolaíocht teanga áirithe sin le seasamh Sarah i dtaca le cruinneas gramadaí agus comhréire thuas. D'fhéadfaí idé-eolaíocht na teanga caighdeánaí a thabhairt ar an seasamh sin. Dealraíonn sé go mbaineann foinse na barántúlachta le gníomhúchán an chainteora agus leis an iarracht a dhéanann sí nó sé ardchaighdeán Gaeilge a bhaint amach.

Ar nós Sarah, léiríodh i mír 5.3.2.1. go samhlaíonn Sinéad gradam nó luach le canúintí traidisiúnta Gaeltachta agus mhínigh sí go ndéanann iarracht Gaeilge na Mumhan a chur i bhfeidhm ar a hurlabhra. Bhreathnaigh an bheirt acu ar shealbhú na canúna mar éacht teangeolaíoch. Feictear codarsnacht idé-eolaíoch i gcás Shinéad chomh maith, ámh, agus í ag tarraingt ar sheasaimh idé-eolaíocha ar dhá thaobh an chontanaim – idé-eolaíocht na teanga caighdeánaí agus na canúna traidisiúnta araon:

110 Stiofán: *So* bheadh tú ag breathnú ar *like* ón meánscoil go dtí an ollscoil athruithe móra agus ansin b'fhéidir ón ollscoil ar aghaidh arís ach arís athruithe níos teibí a bheadh i gceist le *like* athrú canúna?

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

111 Sinéad: *Yeah* sin é ... bíonn sé fós ar intinn agat cineál ag rá bhuel dá mbeinn chun páistí a thógáil le Gaeilge *like* bheinn ag iarraidh go mbeadh Gaeilge mhaith acu nó *d'you know* go mbeadh Gaeilge dheas acu ar a laghad *so* ní hé go bhfuil tú ag dul *like* go mbeinn ag déanamh iarracht *like* canúint a bhaint amach dó sin *like* teastaíonn sé uaim dom féin ach tuigeann tú go mbeadh *like* // go seasfadh sé leat b'fhéidir amach anseo agus ba dheas an rud é *you know like just* ar scoil leagadh an oiread sin béime ar an gcruinneas gach rud mar sin ach anois agus mé ag léamh is deas nuair a bhíonn tú in ann aithint ó na téacsanna gurb as // *d'you know* gurb as Ciarraí don duine seo agus gurb as Béal Feirste don duine seo agus *like* roimhe seo ceapaim go raibh galar orm *like* ó thaobh na gcanúintí de nach mbeinn in ann *like* nach mbeinn ag iarraidh *you know* géilleadh don chanúint ach ceapaim go dtuigtear dom anois gur deas an rud é b'fhéidir níos mó saibhris ag baint leis *so* b'fhéidir *just* an em cothromaíocht sin idir *like* an caighdeán agus an chanúint ceapaim go bhfuil tábhacht ag baint leo araon

Is léir, mar sin, go bhfuil ardmheas ag Sinéad ar an gcanúint thraidisiúnta agus ar an gcruinneas teangeolaíoch araon, agus dar léi gur leagadh béim ar leith ar an ngné sin den teanga agus í ar scoil. Tráchtann sí ar an gcaoi ar chlaochlaigh a seasamh idé-eolaíoch in imeacht ama. I dtosach báire, dar léi, ní raibh spéis aici 'géilleadh don chanúint' thraidisiúnta. Ina dhiaidh sin d'aithin sí go raibh 'níos mó saibhris' ag baint le canúintí traidisiúnta ná leis an nGaeilge chaighdeánach. Faoi láthair, tuairiscíonn sí go bhfuil 'cothromaíocht' idir an dá sheasamh sin tábhachtach.

Deir Seán go mbíonn sé ag smaoineamh go minic faoina chumas teanga agus maíonn sé sa sliocht seo a leanas gur tháinig athrú dearfach ar a chuid Gaeilge le bliain anuas agus é ina chónaí le cainteoirí Gaeilge eile i mBéal Feirste. Feictear sampla d'idé-eolaíocht an easnaimh agus Seán ag cur síos ar thearmaíocht Ghaeilge nach bhfuil aige toisc nár tógadh leis an nGaeilge é – d'fhéadfaí é sin a áireamh mar shampla eile d'idé-eolaíocht an chainteora dúchais agus an cumas iomlán, nádúrtha a shamhlaítear a bheith acu (Doerr 2009: 35). Mar a pléadh i mír 2.4.2., imeallaíonn cumhacht na hidé-eolaíochta sin cainteoirí cumasacha nach cainteoirí dúchais iad (Bucholtz 2003: 404):

86 Stiofán: An bhfuil tú théis feabhas mór / a thabhairt faoi deara i do chuid Gaeilge féin ... nó an mbíonn tú fiú ag smaoineamh faoi sin?

87 Seán: Smoainím faoi go minic *but* / d'athraigh sé go mór thar / bliain anois nuair a bhog mé isteach le [cainteoirí Gaeilge eile] *like I mean* ó thaobh feabhsú Gaeilge de tá sé *like* // ag obair fríd Ghaeilge nó / ag labhairt fríd Ghaeilge le / daoine a mbíonn tú ag obair le *you know* tá sin maith *but* / nuair atá tú ag labhairt / i nGaeilge faoi //

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

focain / glanadh an teach nó caidé a bheas againn don dinnéar agus an dóigh chun rudaí a chócaireáil *like* rudaí *actual* // cineál / a dhéanann tú *like* / gnáth / rudaí a dhéanann tú *like* / ag foghlaim téarmaíochta mar níl an téarmaíocht agam fá choinne rudaí sa chistin mar focain ní raibh sé riamh de dhíth / *but* anois *you know* tá mé *actually* ag labhairt faoi rudaí // chan rudaí tábhachtach rudaí nach bhfuil tábhachtach *but do you know what I mean it's like* / téarmaíocht agus a leithéid nach bheadh agam riamh

Déanann Seán cur síos suimiúil ar an teorainn a bhaineann leis an bhforbairt chumais go bhféadtaí a bhaint amach sa chomhthéacs oibre amháin, dar leis (féach tionchar an chúitimh ghairmiúil ar *muda* sóisialta Sheáin i mír 4.3.2.). Cé go raibh iarracht ghníomhach de dhíth chun an téarmaíocht nua sin a shealbhú, téarmaíocht a bhaineann leis an réaltacht shóisialta ina bhfuil sé ag maireachtáil ó lá go lá, ní léir go samhlaíonn Seán easpa barántúlachta leis.

Faightear léargas maith ar sheasaimh idé-eolaíochta idircheangailte na rannpháirtithe in insint Dhiarmuda sna sleachta seo a leanas. Amhail Seán, tuairiscíonn sé go mothaíonn sé feabhas ag teacht ar a chumas Gaeilge agus é ag baint úsáide níos minice as an teanga go laethúil. Tá sé sásta, leis, go bhfuil laethanta ann nach labhraíonn sé Béarla in aon chor más i gcomhluadar Gaeilge atá sé:

61 Stiofán: Agus an bhfuil tú sásta leis an méid Gaeilge a bhíonnas tú ag labhairt / go laethúil nó go seachtainiúil nó?

62 Diarmuid: Tá mé sásta *yeah* [labhraím Gaeilge] gach lá agus laethanta áirithe ní labhraím Béarla *like* ag brath ar an chomhluadar atá agam / *so* tá mé sásta / mothaím feabhas ag teacht ar mo chuid Gaeilge go laethúil / mothaím sin ag tarlú

Tógtar ar cheisteanna caighdeán agus cumais sa sliocht a leanas, a d'eascair as an bplé ar mhinicíocht úsáide na Gaeilge. Tagann idé-eolaíocht Dhiarmuda i dtaca le húsaid na Gaeilge leis an méid a deir Sarah i mír 5.3.1. maidir le daoine a spreagadh chun labhartha beag beann ar an gcaighdeán atá bainte amach acu. Tarraingítear freisin sa sliocht seo ar idé-eolaíocht an chaomhnaithe teanga agus Diarmuid ag maíomh go gcaithfear an Ghaeilge a labhairt le go mbeidh sí 'beo'. Cáineann sé daoine a cheartaíonn Gaeilge a gcomhchainteoirí agus maíonn sé nach ndéanfaí a leithéid de rud i gcás an Bhéarla. Tugann insint Dhiarmuda le fios gurbh é an náisiúnachas Éireannach a spreag é ar an gcéad ásc chun Gaeilge a labhairt ach go bhfuil claochlú tagtha ar an meon sin go pointe. Is féidir seasamh Dhiarmuda i dtaca leis na ceisteanna

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

seo a fhrámú i bparaidím an iar-nádúrachais, dar liom, toisc go léiríonn sé meas ar iarrachtaí an chainteora an Ghaeilge a úsáid.

63 S: Agus an bhfuil tú sásta le do chumas Gaeilge faoi láthair / abair daoine áirithe labhraíonn siad faoi / go mbíonn siad buartha agus iad ag caint le muintir na Gaeltachta nó le cainteoirí láidre / pé sainmhíniú atá agat air?

64 D: Bímse ag ceartú muintir na Gaeltachta uaireanta / *only joking no* ní bhíonn *but like* ní bheinn faiteach roimhe sin *because* // is teanga í agus sin an conclúid deireanach a ndéarfadh mé leat em // nuair a d'éirigh liom náisiúnachas a chur ar leataobh dúirt mé *right* bhuel tá dhá fáth agamsa leis an Ghaeilge / ceann amháin is gléas / cumarsáide é *so* is teanga í *so* caithfidh sí a bheith beo caithfidh sí a bheith labhartha caithfidh *you know like* ní bheinn ag ceartú duine ní bheinn ag ceartú Béarla duine éigin / cén fáth go mbeinn ag ceartú Gaeilge duine éigin? / más mian leis an duine sin a bheith ceartaithe / cuirfidh tú ceist orm an dúirt mé sin i gceart *but like* agus cuirfidh siad feabhas ar a chuid Gaeilge ... agus ag an am céanna náisiúnachas poblachtánachas agus an chraic sin / caithfidh dar liomsa caithfidh an dá rud a nascadh *so* caithfidh / freastal ar an dá thrá is uirlis cumarsáide í *yes but* labhrann muid í *because* / *yes happy days* is teanga í labhrann muid í *but* ag an am céanna is Éireannaigh muid agus / fad is nach bhfuil / an Ghaeilge ag cur isteach ar / ghrúpa eitneach eile nó ar chultúr eile cibé rud eile bhuel *then* tá sí ceadaithe a bheith beo buan agus sin an cineál / an áit a chaithfimid a bheith ag gluaiseacht uaithe

65 S: Ach dúirt tú nach bhfuil tú sásta le do chuid Gaeilge faoi láthair? / fós féin cé gur teanga í dúirt-

66 D: Bhuel tá mé sásta *like* tá fhios agam ionam féin nuair a labhraim le duine éigin go bhfuil mo chuid Gaeilge níos fearr ná / cuid Gaeilge s'acu / *but* ag an am céanna / déanaim iarracht go laethúil / cineál feabhas a chur ar / ar cheol na Gaeilge s'agam nó ar / ar shaibhreas agus ar líofacht *you know* creidim go dlúth creidim go smior go bhfuil / *like* Gaeilge na Gaeltachta / i mbaol *like* an / an saibhreas sin *do you know* tá na focla tá an téarmaíocht leathan seo tá / stór focal ana-leathan ag cuid mhór daoine anois agus tá an téarmaíocht chomhaimseartha seo atá i ndiaidh teacht chun cinn / le caoga daichead bliain anuas / *but* tá frásaí ann

Ní léir idé-eolaíocht an easnaimh chomh tréan céanna in insint Dhiarmuda agus aithníonn sé ar uairibh go bhfuil cumas teanga níos airde aige ná a chomhchainteoirí, dar leis. I gcodarsnacht leis an méid a deir sé ag tús an tsleachta i dtaca le téama an chumais, tarraingíonn sé i dtreo dheireadh an tsleachta ar idé-eolaíochtaí an

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

nádúrachais agus é ag ceangal saibhreas nó líofacht theangeolaíoch – ‘ceol na Gaeilge’ a thugann sé féin air – le Gaeilge na Gaeltachta. Dar leis go bhfuil an Ghaeilge thraidisiúnta Ghaeltachta ‘i mbaol’ agus déanann sé iarracht gnéithe di a chur i bhfeidhm ar a urlabhra féin.

I gcodarsnacht leis an nádúrachas a thugtar le tuiscint thuas, d’fhéadfaí a mhaíomh go mbaineann barántúlacht iar-nádúrtha le hiarrachtaí Dhiarmuda téarmaíocht a d’fhoghlaim sé ar scoil – ach atá ligthe i ndearmad aige ó shin, dar leis – a athshealbhú. Cuireann sé síos ar an bpróiseas athshealbhaithe úd mar ‘phost lánaimseartha’ agus mar ‘chath’ agus is léir cosúlachtaí anseo le dearcthaí na rannpháirtithe maidir le síorfhoghlaim na Gaeilge (féach mír 5.3.1.). Ní léir go samhlaíonn Diarmuid saorgacht nó easnaimh leis an bpróiseas athshealbhaithe ach an oiread:

64 Diarmuid: ... cineál / an rud atá ar bun agam faoi láthair ná tá mé ag rá *right* bhuel / ar an bhunscoil phléigh muid le na finscéaltaí agus an chraic sin ar fad agus bheinn in ann a bheith ag caint fá / cailleach agus fá / fathaigh agus fá / faoi na feithidí agus cibé rud eile gan an leabhar ach anois / tá sin deacair agus thioctadh liomsa a bheith ag caint fá stair na hÉireann agus *like* / an amhránaíocht agus cibé rud eile agus *like* teoriciú polaitiúla agus *like* agus an béaloideas *and all but then* tá sin cailte agam ... *like* cineál is post / lánaimseartha é ... agus déarfainn gur sa Bhéarla fosta *like* go gcailleoidh tú é mura labhrann tú í *but like* níl úsáid bainte agam as an téarmaíocht sin le / ó bhí mé óg *so* is anois tá mise ag iarraidh teacht aniar as sin agus a rá bhuel / ag iarraidh *like* / ainmhithe agus plandaí agus an chraic sin ar fad a bheith / ar mo thoil / is cath é *like* tá sé deacair

Pléadh ceist na canúna go sonrath le Diarmuid ina dhiaidh sin agus feictear arís idé-eolaíochtaí éagsúla i dtaca leis an mbarántúlacht ag teacht salach ar a chéile. Amhail Mark, mar shampla, d’fhéadfaí idé-eolaíocht an tógachaíochais shóisialta a thabhairt ar sheasamh Dhiarmuda i dtaca le ceisteanna barántúlachta agus dlisteanachta. Tharraing Walsh agus O’Rourke, mar shampla, codarsnacht idir seasaimh eisintiúlacha nuachainteoirí áirithe na Gaeilge agus idé-eolaíochtaí an tógachaíochais shóisialta a léirigh nuachainteoirí eile (2015: 79). Ní léir, ámh, go bhfuil na rannpháirtithe ag diúltú don bharántúlacht nádúrtha go hiomlán, ach go bhfuil luachanna iar-nádúrtha ag teacht chun cinn atá chomh barántúil, tábhachtach céanna:

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

69 Stiofán: Agus béim ar Ghaeilge na / nGaeltachtaí nó ar Ghaeltacht ar leith? ... is cuimhin liom thú ag tabhairt amach faoi / Ghaeilge an Deiscirt agus Gaeilge / Chonamara?

70 Diarmuid: Ah níl mé ach ag spochadh ... is canúint é agus *you know* tá meas agam air agus deir siad rudaí agus deir mise sin *class* is breá liom é

71 S: Ach an ndéanann tusa iarracht Gaeilge abair / Thír Chonaill nó tréithe de Ghaeilge Thír Chonaill a úsáid tú féin?

72 D: *Yeah* déanaim iarracht ... cloí leis bhuel / an cúige ina bhfuil mé // *but* em mar a dúirt mé tá daoine agus is *purists* iad agus tá siad uilig caithfidh tú a bheith ag caint canúint amháin / is teanga í / labhair í / mura labhraíonn is cuma b'fhearr i bhfad duine éigin a bheith ag rá 'ar an bhóthar' ansin 'ar an mbóthar' sa chéad abairt eile / seachas Gaeilge ar bith ... ní aontaím leis an chaighdeán bhuel / sin comhrá eile níl muid ag caint faoin chaighdeán *but* em *no* sin é *just* is teanga í labhair í agus mairfidh sí agus mura labhrann duine ar bith agus / bíonn muid chomh righin agus déanaim iarracht mo chuid gramadaí a bheith / ar bharr *like* / ag barr feabhais ... cuirim an-chuid iarracht isteach i mo chuid staidéir sa Ghaeilge / *but* fós féin *like* ní bhím róthrom orm féin má deirim rudaí mícheart *because* / tá mo chuid Béarla ar fud na háite fosta *so* / is teanga í agus caithfidh ár ndícheall í a choinneáil beo is cuma // is fearr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste / *but* is fearr Gaeilge mhaith thar Ghaeilge *shite* nó Béarla Gaeilge *shite* fosta / tá tú ag iarraidh ... freastal ar an dá thaobh

Diúltaíonn Diarmuid thuas d'idé-eolaíocht na híonghlaineachta teangeolaíche agus cáineann sé 'purists' a mhaíonn go gcaithfear canúint thraidisiúnta amháin a shealbhú agus a úsáid. Arís eile, tá blaiseadh d'idé-eolaíochtaí iar-nádúrtha i dtaca le barántúlacht an chainteora ar an sliocht thuas. Tá an bharántúlacht sin fréamhaithe san iarracht chomhfhiosach a dhéanann sé barr feabhais a chur ar a chumas teanga. Is léir go gceapann Diarmuid go mbaineann luach leis na canúintí traidisiúnta, mar a pléadh thuas, ach tugann sé le fios go bhfuil seasamh níos solúbtha aige féin i dtaca le húsáid na teanga atá cothaithe ag idé-eolaíocht an chaomhnaithe teanga. Ag deireadh an tsleachta nochtar an idé-eolaíocht sin go soiléir agus Diarmuid ag maíomh go gcaithfidh cainteoirí Gaeilge 'ár ndícheall' a dhéanamh chun an teanga 'a choinneáil beo'. Baineann sé casadh spéisiúil as an nath cainte cáiliúil 'Is fearr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste' chun a sheasamh idé-eolaíoch i dtaca leis na ceisteanna sin a léiriú. Dar leis gur fearr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste, a chuireann in iúl go gcreideann sé go bhfuil úsáid na teanga níos tábhachtaí ná sealbhú na canúna traidisiúnta ná cruinneas

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

gramadaí, fiú. Tagann an dearcadh sin le hidé-eolaíocht an chaomhnaithe teanga. San am céanna, ámh, deir sé gur fearr Gaeilge mhaith thar ‘Ghaeilge *shite* nó Béarla Gaeilge *shite*’ (urlabhra Ghaeilge ina bhfuil go leor códmhalartaithe in úsáid, b’fhéidir, nó a bhfuil faoi thionchar chomhréir an Bhéarla). Caithfear ‘freastal ar an dá thaobh’ dar leis. Is é sin le rá go gcaithfear foghlaimoirí nó nuachaintoirí féideartha le cumas níos teoranta Gaeilge a mhealladh i dtreo na teanga chun í a chaomhnú ach, ina dhiaidh sin, go mbaineann gradam agus luach le Gaeilge mhaith – Gaeilge chruinn, chaighdeánach nó canúint thraidisiúnta Ghaeltachta. Míníonn Dorian, mar shampla, go gcruthaíonn an íonghlaineacht theangeolaíoch dúshláin d’iarrachtaí athneartaithe teangacha mionlaithe nach bhfuil ach bunghrúpa beag cainteoirí dúchais acu (1994: 480). Ag tarraingt di ar shamplaí éagsúla, sampla na Gaeilge san áireamh, molann Dorian ag deireadh an ailt nach gá mbeadh an íonghlaineacht riachtanach le go mairfeadh an teanga. Ní gá ach an oiread go bhfógródh comhréiteach de chineál éigin – mar a mhol Diarmuid thuas – ‘bás’ na teanga mionlaithe (1994: 492).

5.4. Féiniúlachtaí teanga na rannpháirtithe

Is léir ón anailís i míreanna na caibidle go dtí seo go bhfuil dlúthbhaint ag na téamaí idé-eolaíocha éagsúla a scagadh – dioscúrsaí na héiginnteachta agus an easnaimh, barántúlacht agus dlisteanacht na rannpháirtithe agus na straitéisí dlisteanaithe a mbaineann siad feidhm astu – le ceisteanna féiniúlachta. Go deimhin, léiríodh i gCaibidil 2 (féach mír 2.4.) go bhfuil idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga fite fuaite lena chéile (Bucholtz agus Hall 2009; Kroskity 2009). Chuige sin, sa mhír seo déanaim anailís ar idé-eolaíochtaí na rannpháirtithe i dtaca le ról na Gaeilge i gcruthú nó in athchruthú a bhféiniúlachtaí. Breathnaím ar dhá ghné éagsúla de théama na féiniúlachta a tháinig chun cinn le linn na hanailíse ar shonraí na n-agallamh: féiniúlacht phearsanta agus féiniúlacht ghrúpa na rannpháirtithe.

Léiríodh in insint Dhiarmuda i mír 5.3.2.3., mar shampla, go mbreathnaíonn sé go follasach ar úsáid na Gaeilge mar shainghné dá fhéiniúlacht Éireannach. Go deimhin, trí aithne a chur orthu le linn an phróisis taighde, tuigim go bhfuil an náisiúnachas agus/nó an poblachtánachas Éireannach ina ngnéithe suntasacha de chreidimh pholaitiúla rannpháirtithe eile chomh maith (féach réamhmudes féiniúlachta Lisa agus Chormaic i mír 4.2.4.). Tagann sé seo le léamh May ar an ngaol idir teanga agus féiniúlacht an duine. Diúltaíonn sé do dhearcthaí iar-nua-aoiseacha a mhaíonn nach

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

bhfuil tionchar *ar bith* ag teanga(cha) ar fhéiniúlacht eitneach nó náisiúnta an duine: ‘there is considerable evidence that while language may not be a *determining* feature of ethnic and national identity, it remains nonetheless a *significant* one’ (2012: 134-135, béim sa bhunleagan).

Socraíodh, ámh, gan anailís ar leith a dhéanamh ar théama na féiniúlachta náisiúnta sa tráchtas seo bíodh is go bhfuil gnéithe den téama sin idircheangailte ar bhealaí eile leis an anailís i gCaibidilí 4 agus 5 (féach, mar shampla, tionchar théama na ceannairceachta ar *mudes* sóisialta na rannpháirtithe i mír 4.3.3.). De rogha ar an ngné sin de mhórhéama na féiniúlachta, i mír 5.4.1. cuirim anailís i láthair ar insintí triúr rannpháirtithe, Fiachra, Sarah agus Mark, chun léargas a thabhairt ar an gceangal casta, teibí idir an Ghaeilge agus féiniúlachtaí pearsanta na rannpháirtithe. I mír 5.4.2. dírim ar théama féiniúlachta eile a tháinig chun cinn le linn na n-agallamh – grúpfhéiniúlacht na nGael. Áitím gurb ann d’fhianaise a léiríonn go bhfuil tuiscintí nua á mbaint as coincheap an Ghaeil nó an Ghaelachais atá fréamhaithe i bhfoghlaim agus in úsáid ghníomhach na Gaeilge, beag beann ar chúlra teangeolaíoch ná tíreolaíoch an chainteora. Dealraíonn sé freisin go samhlaíonn rannpháirtithe an taighde luachanna sóisialta ar leith le féiniúlacht na nGael agus nach mbaineann an fhéiniúlacht sin le ceisteanna eitneachta ná náisiúntachta amháin.

Le hanailís a dhéanamh ar na gnéithe sin d’fhéiniúlacht na rannpháirtithe tarraingim ar na teoiricí féiniúlachta a leagadh amach i gCaibidil 2 (féach mír 2.4.) Is féidir úsáid thairbheach a bhaint as an bplé a dhéanann Woolard ar cheist na féiniúlachta agus teoiricí an iar-nádúrachais chomh maith (2016: 37). I dtaca le féiniúlacht phearsanta an chainteora scríobhann sí:

It is not assumed everywhere that one comes by one’s true linguistic self naturally through a first language and informal socialization. Artifice, in the sense of making something through deliberate human action and intervention, may be recognized and valorized in community practice as allowing the truest, most authentic realization of a social self (*ibid.*).

Bhain tábhacht chomh maith le céim anailíse an nasctha (féach mír 3.4.3.3.). Is féidir leis an gcéim anailíse sin, dar le Heller *et al.*, léargas a thabhairt ar an gcaoi a gcruthaítear féiniúlachtaí ar bhonn dioscúrsach, sóisialta agus stairiúil (2018: 115). Is é sin le rá go mbaineann na rannpháirtithe taighde leas as na hacmhainní teanga atá ar

fáil dóibh chun féiniúlachtaí nua a chruthú nó chun a bhféiniúlachtaí pearsanta a athchruthú (féach Pavlenko agus Blackledge 2004: 19). Sa chéad mhír eile tugaim samplaí de chruthú nó athchruthú na féiniúlachta trí úsáid ghníomhach na teanga i gcás rannpháirtithe an taighde.

5.4.1. ‘Tá sé an-lárnach i mo phearsantacht’: an Ghaeilge mar chomhartha féiniúlachta

Má bhreathnaítear ar na roghanna teanga a dhéanann nuachaintoirí chun teanga mhionlaithe a labhairt, ní mór a aithint go mbíonn impleachtaí ag na roghanna sin ar fhéiniúlacht shóisialta an chainteora (Pujolar agus Puigdevall 2015: 172). Ceanglaíonn na húdair chéanna na himpleachtaí féiniúlachta sin le *mudes* teangeolaíocha nuachaintoirí toisc go gcruthaítear, uaireanta, *persona* nua, éagsúil dá mbarr (2015: 169). Ina dtaighde ar chomhthéacs na Gailíse, mar shampla, léiríonn O’Rourke agus Ramallo ‘the pursuit of individuals of a project of the self and a search of new and distinctive ways to express and symbolise their individuality’ (2018: 104). Feictear sampla maith den fhéiniúlacht thionscnaimh sin (Castells 2010: 8), a chuirtear i láthair trí úsáid na Gaeilge, in insint Fhíachra.

Sa sliocht seo a leanas tarraingíonn Fíachra ar idé-eolaíocht an tógachaíochais shóisialta le ról na Gaeilge i dtaca lena fhéiniúlacht phearsanta a mhíniú. Maíonn sé le linn an agallaimh go mbraitheann sé go bhfuil sé níos éasca labhairt faoi rudaí áirithe trí mheán na Gaeilge, go háirithe dúshláin phearsanta éagsúla a bhí aige agus é níos óige – ‘bhí sé i bhfad níos éasca dom labhairt i nGaeilge faoi sin ar bhealach nach dtuigim / em agus bíonn fós’ (117 Fíachra). Tá sé den tuairim gur bhain sé sin leis na ‘caidrimh a bhí cruthaithe’ (119 Fíachra) aige trí mheán na Gaeilge. Pléadh ceisteanna féiniúlachta go sonrach ina dhiaidh sin. Dar leis gur éirigh leis ‘pearsantacht nua a chruthú’ dó féin trí mheán na Gaeilge agus nach ndearnadh aon bhreithiúnas ar an bpearsantacht sin. Dealraíonn sé go samhlaíonn Fíachra saoirse éigin lena fhéiniúlacht Ghaeilge nach bhfuil aige i mBéarla, dar liom:

120 Stiofán: Ceist féiniúlachta [a bhí ann] b’fhéidir?

121 Fíachra: Ceist féiniúlachta b’fhéidir agus deireann siad *you know* go mbíonn féiniúlacht ar leith ag baint le teangacha éagsúla agus go mbíonn pearsantachtaí difriúla againn agus b’fhéidir go raibh agus bhraith mé i gcónaí is dóigh i nGaeilge go raibh mé / níos / níl fhios agam gur // go raibh mé in ann a bheith mé féin ar bhealach

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

níos compordaí liom féin ar go leor bealaí em / agus *yeah just* bhí sé an-suimiúil ... agus bím an-oscailte i nGaeilge tá mé in ann a bheith oscailte faoi [rudáí] i nGaeilge ... is dóigh ar bhealach gur éirigh liom / *yeah* gur éirigh liom pearsantacht nua a chruthú dom féin *but* / is dóigh do na daoine sin ar fad chruthaigh mé mé féin / mar ní raibh aon réamh cineál bhreith acu nó tada mar sin

122 S: Chruthaigh tú tú féin ar an mbealach a bhí ag teastáil uaitse?

123 F: Ar an mbealach a bhí ag teastáil uaimse *yeah* agus ar bhealach nach / nach raibh déanta agam b'fhéidir roimhe sin *just* gur trí Ghaeilge a bhí sé

Is cosúil go ndearna Fiachra iarracht an fhéiniúlacht nua Ghaeilge a dhlisteanú (Bucholtz agus Hall 2004: 385; féach mír 2.4.) trí leagan Gaeilge dá ainm agus dá shloinne a úsáid ‘nach mór i gcónaí anois’. Is léir idé-eolaíochtaí na barántúlachta iarnádúrtha, mar sin, agus gníomhúchán Fhiachra lárnach san athchruthú á rinne sé ar a fhéiniúlacht:

125 Fiachra: Tá go leor rudáí i gceist leis ... fiú amháin ar *you know* ar na meáin shóisialta agus chuile shórt eile mar sin / is i nGaeilge a bhíonns chuile shórt agam mar gur bhraithim gurb in mise em *you know like* d'athraigh mé m'ainm úsáidim an leagan Gaeilge nach mór i gcónaí anois

126 Stiofán: Go hoifigiúil chomh maith?

127 F: Go hoifigiúil agus chuile shórt *yeah* ó thaobh cúrsaí fostaíochta anois agus chuile shórt / mo mhuintir féin ar ndóigh tugann siad an / t-ainm atá orm {gáire} ó dhúchas ar bhealach agus tá beagán coimhlint ansin i gcónaí ní le mo mhuintir ar ndóigh ach / ó thaobh rudáí eile a bhíonns ar siúl agam anois i mo cheantar b'fhéidir nó taobh amuigh de shaol na Gaeilge ... agus níl fhios agam an é gur athchruthaigh mé mé féin nó go raibh mé féin as an nua nó aon rud mar sin agus is dóigh *yeah* go bhfuil glactha agamsa níos fearr leis an leagan seo dhom féin

Tugtar le tuiscint sa sliocht céanna, ámh, go dtugtar dúshlán dá fhéiniúlacht nua ar uairibh agus tá sé spéisiúil go n-úsáideann sé an téarma ‘ó dhúchas’ – agus go ndéanann sé gáire san am céanna – le cur síos a dhéanamh ar a ainm Béarla. Baineann a mhuintir, dar leis, úsáid as an leagan Béarla go fóill. Bíodh sin mar atá, is cosúil go mbraitheann Fiachra féin compordach leis an bhféiniúlacht a chruthaigh sé ‘as an nua’ dó féin.

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

D'eascair plé ar théama na féiniúlachta i gcás Sarah as ceist faoin spéis a thuairiscigh sí a bheith aici sa Ghaeilge ó bhí sí an-óg. Cuireann sí in iúl go follasach anseo go mbreathnaíonn sí ar an nGaeilge mar shaintréith dá féiniúlacht phearsanta agus gur thuig sí tábhacht na teanga ó thosaigh sí á sealbhú ar scoil. Tugtar nasc faoi deara anseo le coincheap an réamhmuda (féach mír 4.2.) agus Sarah ag labhairt faoin múscailt féiniúlachta a tharla di ar scoil:

13 Stiofán: Ar an meánscoil ... ar músclaíodh an spéis / sin a bhí ionat sa Ghaeilge / ar chúis ar leith an dóigh leat sna blianta sin? mar tá sé an-óg chun an tuiscint sin a fhorbairt

14 Sarah: *Yeah* / bhuel nuair a chuir mé aithne ar an nGaeilge is ar nós gur chuir mé aithne ar / chuid de m'fhéiniúlacht féin / nach raibh cur amach agam air / *so / like* ní fhéadfainn mo shaol a shamhlú gan Ghaeilge / *it's just* is ar nós go raibh sé i gcónaí ann / agus nuair a d'fhreastail mé ar an scoil / *it's just* mhúscail sé rud éigin ionam *it's like* ah seo seo m'fhéiniúlacht *you know* seo an saghas an rud atá agam mar bhí rud faoi leith ag gach duine sa chlann tá clann mór agamsa *so / you know* bhí em / bhí múinteoirí ann nó tá léachtóirí / em / leictreoir gach rud mar sin / an Ghaeilge a bhí agamsa / *so* is páirt de m'fhéiniúlacht atá ann agus thuig mé é sin agus mé an an-óg

15 S: Agus féiniúlacht phearsanta níos mó ná féiniúlacht / abair Éireannach nó Gaelach nó aon rud mar sin?

16 Sarah: *Yeah no* pearsanta *yeah* aon saghas chóisir a bheadh ann nó / *you know* dá mbeadh bailiúchán daoine ann bhí mise i gcónaí ag iarraidh mo Ghaeilge a labhairt agus a thaispeáint / em / an rud a bhí agam *d'you know* is scil faoi leith a bhí agamsa nó bua faoi leith / *so* bhí mise ag iarraidh é sin a thaispeáint do dhaoine agus b'fhéidir daoine a / a spreagadh / léi a úsáid / *but just* níl fhios agam *just* chuaigh mé ar an scoil *and I was like / tuigim / you know* seo mo rud *like*

Tá sé suntasach go mbreathnaíonn Sarah ar an nGaeilge mar uirlis lena huathúlacht a chur in iúl, agus cuireann sí tábhacht na Gaeilge i dtaca lena pearsantacht i gcomparáid le gairmeacha beatha nó scileanna daoine muinteartha léi. Is féidir comparáid a tharraingt idir seasamh Sarah agus idé-eolaíocht chainteoirí Ghaeilge na hAlban maidir lena bhféiniúlachtaí pearsanta (Dunmore 2014: 203), agus *neofalantes* na Gailíse a luadh thuas (O'Rourke agus Ramallo 2018: 104). Cé nach mbaineann rannpháirtithe Dunmore úsáid rómhínic as an nGaeilge ó lá go lá, 'many informants maintain that the language continues to be an important facet of their personal identity.

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

This is often reported by informants to be rather vague and intangible identification' (*ibid.*). Áitím go bhfuil ról na Gaeilge i bhféiniúlachtaí pearsanta rannpháirtithe an taighde seo i bhfad níos soiléire toisc gur cainteoirí gníomhacha, rialta iad, bíodh is go gcuirtear síos ar an ról sin ar bhealach teibí ar uairibh.

Tógadh ar théama na féiniúlachta níos déanaí san agallamh nuair a d'iarr mé ar Sarah a tuairim faoina féiniúlacht Ghaeilge i gcomparáid lena féiniúlacht Bhéarla a thabhairt. Suimiúil go maith, tugtar codarsnacht ghlé faoi deara leis an méid a luaigh Fiachra thuas faoi úsáid an ainm Ghaelaigh:

107 Stiofán: Dúirt tú gur cuid thábhachtach de do chuid féiniúlachta féin í an Ghaeilge ... nó bhí sé ina chuid thábhachtach de do chuid / eh féiniúlacht féin agus tú níos óige / an bhfuil sé sin níos láidre anois ná mar a bhí ... an gceapann tú go bhfuil dhá fhéiniúlacht ar leith agat / ceann Gaeilge ceann Béarla nó an í an Ghaeilge an príomh / foinse féiniúlachta agat?

108 Sarah: *Yeah* / bhíodh sé / dhá rud éagsúla / mar bhí ainm Gaeilge agamsa agus mé ar scoil *so* nuair a thosaigh mise sa scoil / bhí siad *like* Sorcha is ainm duitse / agus úsáideann mise Sarah sin an t-ainm a tugadh dom em / *you know* nuair a bhí mé óg / *you know* nuair a rugadh mé sin an t-ainm a tugadh *so* sin mo ainm / *so* bhí sé an-deacair ormsa dul i ngleic leis / saghas an codarsnacht sin a bhí ann idir an Sorcha a bhí / *you know* ar scoil gach lá agus an Sarah a bhí sa bhaile / is ar nós go raibh dhá phearsantacht agamsa / *so* tar éis na meánscoile agus chuaigh mé isteach san ollscoil / bhí mé ar an rolla mar Sarah / agus ba mhór an / an difríocht é sin domsa mar bhí mé in ann an dá rud a nascadh / ní raibh éagsúlacht ann idir Sorcha agus Sarah / agus fiú sna ranganna Gaeilge bhíodh siad i gcónaí ag iarraidh Sorcha a ghlaoch orm / toisc gur sin an t-ainm Gaelach ach níl sé sin m'ainm / is Sarah atá ann *so* bhí sé an-tábhachtach domsa / go mbeadh Sarah / ar mo em theastas a bhfuair mé ón ollscoil

Léirítear sa sliocht thuas nár bhain an tábhacht chéanna le húsáid an ainm Ghaelaigh mar chomhartha féiniúlachta i gcás Sarah. Baineadh úsáid as a hainm Gaeilge ar scoil ach tuairiscíonn sí nár thaitin an chodarsnacht sin léi – codarsnacht idir féiniúlacht Ghaeilge agus Bhéarla. In ainneoin thábhacht na Gaeilge dá féiniúlacht phearsanta, cuireann sí síos go neamhbhalbh ar a thábhachtaí a bhí sé a hainm Béarla a úsáid agus í ar an ollscoil. Is dócha go bhfaightear míniú ar an gcodarsnacht sin níos déanaí san insint chéanna. Míníonn sí anseo arís go bhfuil an Ghaeilge ina saintréith féiniúlachta di agus go bhfuil tábhacht na féiniúlachta teanga sin ag dul i méid agus í ag éirí níos

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

sine. Bíodh sin mar atá, tuairiscíonn sí go bhfuil saintréithe tábhachtacha féiniúlachta eile i gceist a bhfuil dlúthbhaint acu lena pearsantacht (féach arís plé May 2012 ar an teanga mar thréith *shuntasach* d'fhéiniúlacht an duine, seachas mar thréith *chinntitheach*). D'fhéadfaí a mhaíomh nár theastaigh uaithi ainm Gaeilge a ghlacadh chuici féin toisc go gcuirfeadh sé sin in iúl, dar léi, gurb í an Ghaeilge bun agus barr a féiniúlachta (féach plé Edwards 2009: 34-36 ar théama na n-ainmneacha pearsanta agus féiniúlacht an duine). Tá sé suntasach go ndeir sí nach gá go mbeadh Gaeilge ag duine le féiniúlacht Éireannach a bheith acu ach an oiread. Ag deireadh an tsleachta tarraingíonn sí ar idé-eolaíocht an tógachaíochais shóisialta chun ról na Gaeilge i gcruthú na féiniúlachta a mhíniú. Dar léi gur theastaigh uaithi féiniúlacht a 'aimsíú' agus gur aithin sí an Ghaeilge mar uirlis chun é sin a dhéanamh agus a chur in iúl:

108 Sarah: ... is cuid ollmhór í de mo fhéiniúlacht agus ceapaim go bhfuil sé ag fás / agus mise ag fás aníos ... ach tá rudaí dar ndóigh tá rudaí éagsúla a bhaineann le mo phearsantacht ach is í an Ghaeilge páirt ollmhór de sin agus ceapaim go bhfuil sé éagsúil / ó bheith mar Éireannach / *you know* ní chaithfidh tú a bheith / mar Ghaeilgeoir le bheith i do Éireannach / em / ach *you know* is Éireannach mé is Gaeilgeoir mé / *you know* / is deirfiúr mé is iníon *you know* tá rudaí éagsúla a bhaineann leis ní hÍ an Ghaeilge amháin an rud / *you know* an t-aon rud ach / ceapaim agus *you know* / nuair atá tú ag iarraidh saghas féiniúlacht a aimsíú agus cé mé agus cén ról atá agam bhí a fhios agam / go luath / an ról a bhí agam / thuig mé / *you know* is féidir liom an Ghaeilge seo rud éigin gur féidir liom a dhéanamh ... *you know* nuair atá tú óg agus tá tú ag streachailt agus tá daoine ann agus tá siad ag ól agus tá siad ag déanamh cibé rud agus ní thuigeann siad *really* / bhí fhios agam láithreach céard a bhí i gceist agam

Amhail Fiachra agus Sarah, léiríodh le linn an agallaimh le Mark go mbreathnaíonn sé ar an nGaeilge mar shaintréith dá fhéiniúlacht phearsanta agus mar chomhartha uathúlachta. D'eascair an plé ar théama na féiniúlachta ag deireadh an agallaimh nuair a chuir mé ceist eile ar Mark faoi na rudaí a spreagann é chun labhairt na Gaeilge. Faightear sampla maith den éiginnteacht a bhaineann le freagra na ceiste sin ar uairibh agus Mark ag míniú ar bhealach sách doiléir go labhraíonn sé Gaeilge toisc go dtaitníonn sé leis agus go bhfuil sé go maith ag an teanga. Dar liom go bhfuil sé spéisiúil go mbaineann an éiginnteacht sin fiú le nuachainteoirí a bhaineann úsáid ghníomhach, rialta as an nGaeilge i gcomhthéacsanna éagsúla sóisialta agus gairmiúla:

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

151 Mark: Hmm / an fáth go labhraím Gaeilge ná *just* bhí mé go maith aige agus sin *just* / taitníonn sé liom

152 Stiofán: Faighim sin le go leor daoine go dtaitníonn siad go dtaitníonn sé leo ... *kind of* titeann siad isteach i saol na Gaeilge agus ar bhealach amháin nó ar bhealach eile / agus feiceann siad ansin go bhfuil cineál spraoi agus craic agus mar sin de ag baint leis

153 M: Tá sé *kinda* mar chuid den bhranda atá agam anois agus tá sé an an-lárnach i mo phearsantacht freisin agus / em / tá mise thar a bheith dian agus crua orm féin / agus braithim murach an Ghaeilge nach mbeadh aon *kind of* aon tallann ar leith agam aon scil ar leith agam *so* braithim gur *kind of* scil é agus is *kind of* is em // *yeah* mar a dúirt mé cuid den fhéiniúlacht ar bhealach *so* tá aithne ag daoine ormsa mar *just* an Gaeilgeoir anois / em / bíonn mo Mham agus mo Dhaid ag úsáid i bhfad níos mó Gaeilge sa teach anois *just* abairt nó dhó *like* em / *like* má tá siad ag caint faoi na madraí *just* deireann siad / oh ‘cá bhfuil na madraí agus’ *you know* / em / seachas ‘*walk*’ deireann siad ‘siúil’ em / *so* téann sé *kind of* i bhfeidhm ar dhaoine / *actually* tá mo Mham ag déanamh cúrsa Gaeilge mí Mheán Fómhair {gáire} *so* níl fhios agam ar spreag mé féin í nó an / *yeah* a luaithe is a *kind of* a thosaíonn tú ag labhairt / na Gaeilge níos minice *kind of* em / fásann an grá di agus / em / mar a tharla sé domsa *just* em / tá sé i bhfad níos tábhachtaí agus níos lárnaí / agus mar chuid de mo phearsantacht anois freisin / em roimhe sin bhí *just kind of* Gaeilge agam / agus sin é *like*

Déanann Mark spíonadh ar théama na féiniúlachta sa sliocht thuas agus tugtar cosúlacht faoi deara le dearcadh Sarah i dtaca le tábhacht na Gaeilge mar shaintréith dá bhféiniúlachtaí pearsanta. Breathnaíonn sé ar an nGaeilge mar thallan nó mar scil agus is léir tábhacht na teanga mar chomhartha féiniúlachta agus é ag maíomh go n-aithníonn daoine anois é ‘mar *just* an Gaeilgeoir’. Amhail Sarah, glacann sé lipéad féiniúlachta an ‘Ghaeilgeora’ chuige féin gan cheist. Tugtar mothúchán an bhróid faoi deara nuair a chuireann sé síos ar thionchar a fhéiniúlachta ar dhaoine muinteartha leis. Dar liom go bhfaightear míniú ar ról féiniúlachta na Gaeilge i gcás Mark, bíodh is gur i dtéarmaí doiléire a dhéantar cur síos air go minic. Míníonn sé go bhfásann an ‘grá’ don teanga nuair a thagann méadú ar mhinicíocht úsáide agus, dá bharr sin, d’fhéadfaí tábhacht féiniúlachta an *muda* shóisialta a aithint anseo (féach mír 4.3.). Do Mark, agus rannpháirtithe eile, is cosúil go ndéantar fíorú nó soiléiriú ar thábhacht féiniúlachta na Gaeilge de réir a chéile agus iad ag bogadh ó stádas an fhoghlaimeora

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

teanga go stádas an nuachainteora ghníomhaigh. Tagann sé seo le léamh Ortega *et al.* ar fhéiniúlachtaí teanga *euskaldunberriak*. Sa chomhthéacs sin, breathnaíonn siad ar an bhféiniúlacht theangeolaíoch mar ‘a socially constructed notion that is negotiated and signaled through social interaction, rather than a given’ (2016: 93).

Is léir tábhacht idé-eolaíocht na barántúlachta iar-nádúrtha chun an próiseas dlisteanaithe féiniúlachta a thuiscint, mar sin, agus gníomhúchán an chainteora ina dhlúthchuid den phróiseas sin. Tarraingíonn Woolard ar theoiricí Giddens (1991) agus ar chás-staidéar na Haváise (Snyder-Frey 2013) chun an cur chuige iar-nádúrtha i dtaca le féiniúlachtaí teanga a léiriú. I gcomhthéacs athbheochan na Haváise, is ann do shamhail féiniúlachta ‘ghníomhúil,’ ‘in that it holds that identity necessarily involves action and effort; identity must be performed to be granted’ (2016: 35). Míníonn Woolard: ‘This Hawaiian habitus allows an alternative valorization of an authentic relation to language as a project rather than as naturally given to a speaker’ (2016: 36). Tarraingítear nasc idir an fhéiniúlacht ghníomhúil sin agus idé-eolaíocht an chaomhnaithe teanga agus dealraíonn sé go bhféadfaí a leithéid de chomparáid a dhéanamh i gcás rannpháirtithe an taighde seo a mhothaíonn go bhfuil dualgas nó freagracht orthu ‘ról a líonadh’ i gcaomhnú na Gaeilge. Deir Woolard go bhfuil ‘*kuleana*’ – ‘a sense of “responsibility” that is both a duty and a privilege to carry out’ (2016: 35) – lárnach i ngluaiseacht athneartaithe na Haváise. Cuidíonn *kuleana* le foghlaimoirí na teanga an inní shóisialta agus na coimhlintí barántúlachta a fheictear i gcomhthéacsanna eile a sheachaint: ‘Because they are enacting *kuleana*, Hawaiian classroom learners do not have to fear inauthenticity’ (*ibid.*). Tá blaiseadh d’idé-eolaíocht an chaomhnaithe teanga agus don mheon ceannairceach, a phléim arís sa chéad mhír eile, ar theoiric an *kuleana*, dar liom.

Sa chéad mhír eile déanaim anailís ar cheist na grúpfhéiniúlachta faoi mar a bhaineann sé le rannpháirtithe an taighde agus cuirim romham tuiscintí nua atá á mbaint as an bhféiniúlacht Ghaelach a phlé.

5.4.2. ‘Na Gaeil abú’: féiniúlacht ghrúpa na nGael

Rinne rannpháirtithe éagsúla tagairtí do choincheap an Ghaeil agus d’íomhá an tsaoil Ghaelaigh – a bhfuil dlúthbhaint aige leis an saol sóisialta Gaeilge a bhaintear amach le linn an *muda* shóisialta (féach mír 4.3) go minic le linn na n-agallamh. Áitím, mar sin, gur lipéad féiniúlachta é ‘Gael’ a ghlacann nuachainteoirí áirithe chucu féin agus

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

go bhfuil an fhéiniúlacht Ghaelach sin bunaithe ar shealbhú agus ar úsáid ghníomhach na Gaeilge, seachas ar eitneacht nó náisiúntacht an chainteora (féach an plé ar thuiscintí traidisiúnta an ‘Ghaelachais’ i mír 1.2.1.). I gCaibidil 6, tarraingeoidh mé comparáidí idir idé-eolaíochtaí teanga nuachainteoirí i dtaca leis an bhféiniúlacht Ghaelach agus idé-eolaíochtaí teanga *euskaldunberriak* i dtaca le féiniúlacht an *euskaldun*.

Pléadh i mír 4.3.1. an tionchar a d’imir na caidrimh nua a chruthaigh Seán trí mheán na Gaeilge ar a *muda* sóisialta. De réir a chéile chuir sé aithne, ina bhfocail féin, ‘ar mol mol mór Gael thart fán chathair’ (**42 Seán**) i mBéal Feirste agus b’shin a chothaigh an ‘saol eile’ Gaeilge a luaigh sé sa sliocht céanna. Luaigh sé chomh maith go spreagtar é chun Gaeilge a úsáid toisc go dtaitníonn sé leis a bheith ag ‘cóisireacht i nGaeilge le focain Gaeil eile’ (**34 Seán**). Ba ann do thagairtí eile d’fhéiniúlacht ghrúpa na nGael in insint Sheáin. Dealraíonn sé, dar liom, go samhlaíonn sé dlúthpháirtíocht le grúpa níos leithne. Bhí Seán páirteach i mbunú Liú Lúnasa – féile ‘imeall-chultúir’ in Iarthar Bhéal Feirste. Mar aon leis an meon ceannairceach a thug mé faoi deara ag an bhféile (féach mír 4.3.3.), cheap mé go raibh sé suntasach gurbh ann do thagairtí do choincheap an Ghaeil agus an Ghaelachais i gclár na féile 2016:

In 2015 bhailigh scaifte Gael óg le chéile chun tabhairt faoi fhéile nua a bheadh in ann bearna i saol sóisialta na Gaeilge sa chathair a líonadh.

Ní hamháin go raibh muid ag iarraidh ár dteanga a chuir i lár an aonaigh ach bhí muid ag iarraidh ardán a thabhairt do cheoltóirí agus ealaíontóirí Gaelachta, nascadh leis na pobail éagsúla i mBéal Feirste agus dul i ngleic le cúrsaí an tsaoil.

Tá súil againn gur tús é seo le traidisiún úr comhaimseartha Gaeilge agus go mbeidh a mhacasamhail le fáil i ngach cathair agus baile in Éirinn amach anseo.

D’iarr mé ar Sheán a thuairim a thabhairt faoi spriocanna na féile agus déantar roinnt tagairtí follasacha d’fhéiniúlacht na nGael sa fhreagra a thug sé:

68 Seán: ... maidir le spriocanna / em / mar a dúirt mé aidhe sprioc ná áit / shóisialta do Ghaeil / óga / em nó cibé Gaeil i bhfírinne is cuma faoi d’aois *like but* em bhí [muid] ag iarraidh *just* áit shóisialta a chur ar eh i bhfeidhm fá choinne daoine óga bualadh le chéile / eh Gael *babies* a chruthú / mar a dúirt muid ar feadh tamaill

Is cosúil nach samhlaíonn Seán an fhéiniúlacht Ghaelach le cainteoirí óga uirbeacha amháin, áfach. Sa sliocht seo a leanas cuireann sé síos ar thaithí a bhí aige ag féile

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

cheoil i nGaeltacht na Mí. Is cosúil go gcreideann sé go bhfuil an fhéiniúlacht Ghaelach an-láidir ar fad sa cheantar sin agus is léir na mothúcháin dhearfacha a spreagann sé ann nuair a dhéanann sé cur síos ar an áit mar ‘flaithis’. Ní léir cad go díreach atá i gceist aige le ‘*full Gael*’ ach toisc go luann sé an fhéile cheoil féin san abairt chéanna d’fhéadfaí a mhaíomh go mbaineann sé le húsáid na teanga agus le gnéithe ilchineálacha de cheoil agus de chultúr na teanga. Cuirtear síos ar an bhféile mar seo a leanas ar shuíomh gréasáin na hócáide, áit a dtagraítear freisin don ‘phobal Gaelach’:

Is féile ceoil chomhaimseartha Gaeilge í Féile na Gealaí. Is í an t-aon fhéile champála trí mheán na Gaeilge atá ar siúl sa tír An príomhaidhm atá ag an bhféile ná ceol, cultúr agus ealaíona na gaeilge a chur chun cinn ar bhealach nualaíoch. Tugtar deis do gaelgóirí as gach aois grúpa as áiteacha ar fud na hÉireann teacht le chéile agus caidreamh a chothú i ngaeilge (www.feilenagealai.ie)

Tá nasc anseo chomh maith le hidé-eolaíochtaí na héiginnteachta a pléadh i mír 5.3.1. agus Seán ag labhairt faoin iarracht a dhéanann sé a bheith ‘cruinn’ agus é ag labhairt le muintir na háite. Is cosúil go samhlaíonn sé gradam nach beag leis an ‘binn focain teanga’ a labhraítear sa cheantar:

103 Seán: Sin an flaithis *boy* / faigh go Ráth Chairn chomh luath agus is féidir / *they go full Gael* {gáire} *you know what I mean like* d’fhéile s’acu / *so em / caidé* a bhí muid ag rá / *oh yes / see* nuair atá mise i Ráth Chairn *see* mar gheall ar an binn focain teanga atá acu ansin / tá mise ag smaoineamh ar achan focal a deirim agus foghraíocht

104 Stiofán: Ag labhairt le muintir na háite?

105 Seán: *Yeah* muintir na háite ag smaoineamh ar achan rud fiú nach bhfuil iadsan buartha / *you know it’s just* mise mé féin tá mé ag iarraidh a bheith cruinn / mar an gcéanna anois bíonn mé ag smaoineamh rud beag *but nowhere near* cé chomh / tábhachtach is a bhí sé ansin má thuigeann tú / *you know em // but no* ní bheinn róbhuartha faoi anois / em bím go fóill cineál buartha le / *you know // dá mba* rud é go raibh mé ag labhairt Gaeilge os comhair scaifte Gaeilgeoirí / is dócha go mbeadh cineál / mé ciotach faoi láthair agus ní bheinn rómhuiníneach i mo Ghaeilge féin ag an phointe sin *but* tá fhios agam nach bhfuil droch-Ghaeilge agam nó aon rud *you know* / ar an bhóthar sin

Tugann sé le tuiscint go mbíonn sé níos cúramaí agus é ag labhairt Gaeilge le muintir na Gaeltachta ná mar a bhíonn sé le cainteoirí eile ach san am céanna is léir go bhfuil

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

sé sásta go maith lena chumas reatha teanga toisc nach bhfuil ‘droch-Ghaeilge’ aige. Níos déanaí san agallamh tagraíonn Seán don ‘saol Gaelach’ a d’fhorbair sé de réir a chéile i mBéal Feirste agus déanann sé cur síos spéisiúil ar an saol sin mar rud ‘*underground*’. Dar liom go gcuireann úsáid na haidiachta sin in iúl go samhlaíonn Seán an saol Gaelach mar shaol ailtéarnach, treascrach atá ar imeall na sochaí trí chéile toisc gurb í an Ghaeilge teanga an tsaoil úd (féach tionchar na ceannairceachta ar *mudes* sóisialta i mír 4.3.3.). Dar leis, ‘ní thuigeann mol mór daoine go bhfuil cineál / saol Gaelach ann *you know* agus sin atá mé ag rá *it’s* cineál *underground* fiú go bhfuil sé feiceálach // *you know* / tá sé suimiúil / suimiúil mar áit’ (124 Seán). Is léir nach mbreathnaíonn Seán ar a imeallaí atá an ‘saol Gaelach,’ dar leis, mar thréith dhiúltach.

Tagraíonn Sinéad do choincheap an tsaoil Ghaelaigh sa sliocht seo a leanas chomh maith. Ceanglaíonn sí grúpaí sóisialta éagsúla Gaeilge a bhfuil sí páirteach iontu, agus gníomhaíochtaí na ngrúpaí sin, leis an ‘eispéireas Gaelach’ a chuireann go mór, dar léi, leis an saol sóisialta Gaeilge a fhorbraítear lasmuigh den chóras oideachais. Tuairiscíonn sí go bhfuil sé tábhachtach nach mbeach a saol á ‘rialú’ ag an nGaeilge toisc go bhfuil iarracht chomhfhiosach, ghníomhach i gceist le húsáid na teanga:

65 Sinéad: Mar dúirt mo mháthair liom ansin cúpla lá ó shin em d’iompaigh mé i mo *vegan* ansin le gairid agus dúirt sí liom *like* Sinéad *like* tá sin go breá ach fad is nach ligean tú dó sin *like* do shaol ar fad cineál a // *I dunno like*

66 Stiofán: A rialú?

67 Sinéad: A rialú / *yeah* go díreach agus ceapaim gurb é sin b’fhéidir an / rud a bhíonn i gceist aici b’fhéidir leis an nGaeilge chomh maith nó b’fhéidir go bhfeiceann tú féin ... an bhfuil an chuma air go bhfuil mo shaol ar fad á rialú ag an nGaeilge? ach / leis na rudaí sin cosúil leis an bpeil agus cosúil le [grúpa gníomhaíochta Gaeilge] nach mbaineann leis an nGaeilge cineál go lom gonta ó thaobh na litríochta nó na gramadaí de *d’you know* tá rud éigin eile ann tá tú ag foghlaim faoin bpolaíocht tá tú ag foghlaim faoi stair na tíre nó tá tú / ag foghlaim scileanna aclaíochta nó scileanna peile nó pé rud atá ann *so* / ceapaim go *d’you know* go gcuireann sé sin leis an eispéireas Gaelach mar ní hé an ollscoil bun agus barr / an tsaoil ... i ndáiríre ceapaim gur féidir leis na rudaí eile seo / cuir / b’fhéidir leis an gcreidiúint atá agat ionat mar *d’you know* bíonn tú anseo ar an ollscoil daoine eile ag rá oh tá an Ghaeilge ag fáil báis agus gach rud agus tusa anseo ag iarraidh Gaeilge a labhairt gach lá Gaeilge a labhairt an t-am ar fad agus ansin deireann tú *like jeez* cén fáth a bhfuil sé seo á

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

dhéanamh agam ach ansin bheith páirteach sna grúpaí sin cuireann sé sin i gcuimhne duit / gur fiú *you know* gur fiú an / troid seo ar fad nó gur fiú an iarracht ar fad mar go mbíonn toradh ann ag deireadh an lae

Tá sé suntasach an tábhacht a shamhlaíonn Sineád le grúpaí sóisialta Gaeilge chun a féiniúlacht mar chainteoir Gaeilge a dhlísteanú agus le cur i gcoinne dioscúrsaí diúltacha i dtaca le stádas nó todhchaí na teanga. Mar dhuine a bhíonn i mbun feachtasaíochta ar son na Gaeilge, is cosúil go meabhraíonn na caidrimh a chruthaíonn sí le cainteoirí Gaeilge eile, agus na tairbhí pearsanta a bhaineann sí as na grúpaí sóisialta, di gur fiú ‘an troid’ nó ‘an iarracht’ a dhéanann sí leis an nGaeilge.

Cuireadh ceist fhollasach ar Shinéad faoi na lipéid a úsáideann sí le cur síos a dhéanamh ar a féiniúlacht mar chainteoir Gaeilge sa sliocht seo a leanas agus tá sé suntasach go dtagann coincheap an Ghaeil chun cinn arís ina hinsint. Spéisiúil go maith, luann sí nár úsáid sí an téarma ‘nuachainteoir’ le cur síos a dhéanamh uirthi féin riamh agus is léiriú é seo d’easpa úsáide an choincheapa mar chatagóir *emic* sa dioscúrsa poiblí go dtí le déanaí. Bíodh sin mar atá, maíonn sí go dtuigfi ‘láithreach’ nach cainteoir dúchais í agus í ag labhairt na Gaeilge:

86 Stiofán: An bhfuil focal ar leith a d’úsaidfeá le cur síos a dhéanamh ort féin mar dhuine eicint a bhaineann úsáid as an nGaeilge / abair Gaeilgeoir nó nuachainteoir nó cainteoir nó foghlaimeoir mar sin de?

87 Sinéad: *Yeah* / bhuel cé go bhfuil an téarma sin nuachainteoir cloiste agam agus go bhfuil cur amach agam féin air ... is dócha níor úsáid mé é riamh le cur síos a dhéanamh orm féin ... ach is dócha / nuair a bhíonn tú ag labhairt as Gaeilge go dtuigeann na daoine / tuigeann [siad] láithreach gur nuachainteoir mé cineál b’fhéidir *d’you know* nach cainteoir dúchais mé nó nach as an nGaeltacht dom ... *so* déarfadh tú *just oh no* d’fhoghlaim mé an Ghaeilge ar an meánscoil nó pé rud é / ansin le[is an téarma] Gaeilgeoir em léigh mé rud éigin tamall ó shin ... rud éigin faoi má deir tú gur Gaeilgeoir thú cineál / cuireann sé in iúl go bhfuil tú gafa leis an nGaeilge agus gafa ar bhealach ar nós *you know* oh níl fhios agam an chaoi a mbíonn déagóirí gafa le leithéidí One Direction nó ar an gcaoi sin *like* nach rud sláintiúil é ach gur rud cineál / *d’you know* go bhfuil sé beagáinín thar fóir

Dar léi go bhfuil ‘easpa focal’ ann le cur síos a dhéanamh ar chainteoirí Gaeilge agus míníonn go dtéann sí i muinín an téarma ‘Gaeilgeoir’ go minic cé go gceapann sí go samhlaítear tréithe diúltacha leis ar uairibh. Lean sí uirthi agus sa sliocht seo a leanas

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

pléitear an téarma ‘Gael’. Is é sin an téarma is fearr atá ann, dar léi, le cur síos a dhéanamh ar a féiniúlacht mar chainteoir Gaeilge. Murab ionann agus Sarah, tarraingíonn Sinéad codarsnacht idir an fhéiniúlacht Éireannach agus Ghaelach toisc go mbaineann cultúr sainiúil leis an dara féiniúlacht sin. Faightear míniú ar rogha Shinéad an téarma ‘Gael’ a úsáid seachas ‘nuachainteoir’ sa sliocht seo chomh maith. Dar léi go n-idirdhealaíonn coincheap an nuachainteora muintir na Gaeltachta agus cainteoirí nach as an nGaeltacht dóibh. De rogha air sin, d’fhéadfaí féiniúlacht Ghaelach a bheith ag Sinéad agus ag ‘seanbhean ó Chonamara’ agus, fearacht Sheáin thuas, dealraíonn sé go bhfuil an ghrúpfhéiniúlacht sin tábhachtach i súile Shinéad:

89 Sinéad: ... Gael b’fhéidir is dócha an focal is / is fearr liom ó na focail sin ar fad mar

90 Stiofán: An gcuirfeá síos ort féin nó an mbeifeá sásta é sin a úsáid?

91 Sinéad: *Yeah* Gael / *yeah* bíonn daoine ag rá ‘na Gaeil abú’ ach ansin níl fhios agam an *you know* an ionann sin agus *Irishman* sa chaoi is gur Gaeil muid ar fad

92 S: Agus an dóigh leat go bhfuil codarsnacht ansin / an dóigh leat / an mbeadh tusa sásta Gael a úsáid chun cur síos a dhéanamh ort féin ach an mbeadh duine eicínt gan Gaeilge ... sásta an focal céanna a úsáid?

93 Sinéad: *Yeah no* ní déarfá sin bhuel ceapaim go bhfuil codarsnacht ann idir abair cultúr na hÉireann agus an cultúr Gaelach *so* ansin b’fhéidir Gael agus Éireannach is dócha / *yeah* ceapaim go bhfuil Gael agus Éireannach i gcodarsnacht a chéile b’fhéidir / em / ach an rud a bhain le nuachainteoir b’fhéidir nach mbaineann sé le Gaeilgeoir nó le Gael ná go ndéanann nuachainteoir cineál idirdhealú idir / más as an nGaeltacht thú ... más cainteoir dúchais thú / em *whereas* leis na cinn eile *d’you know* d’fhéadfainse a bheith i mo Gael agus d’fhéadfadh le / seanbhean ó Chonamara a bheith ina Gael / em ach *yeah* an rud b’fhéidir nach dtuigim le nuachainteoir abair em [cara liom] *like* tógadh le Gaeilge eisean / ach deir sé nach cainteoir dúchais é mar nár tógadh a thuistí le Gaeilge *so d’you know* mar gur briseadh an / nasc sin idir *you know* an oidhreacht Ghaeilge nó pé rud *you know* ceapaim go ndeireann sé nach cainteoir dúchais é rud / cineál a chuireann mearbhall ort ansin mar tá tú cineál ag rá ok dá dtógfainse mo pháistí féin le Gaeilge an mbeidís ina gcainteoirí dúchais nó *you know* an mbeidís díreach cosúil liomsa *you know*?

Faightear léargas anseo ar a dhoiléire atá na teorainneacha idir cineálacha éagsúla cainteoirí i dtuairim rannpháirtithe áirithe. Tráchtann Sinéad thuas ar chara léi ar

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

tógadh le Gaeilge é i mBéal Feirste ach a dhiúltaíonn do lipéad an chainteora dúchais toisc nár tógadh a dtuismitheoirí féin le Gaeilge (tá codarsnacht shuntasach le tabhairt faoi deara anseo le tuairim duine de rannpháirtithe na Bascaise, Idoia – féach Caibidil 6).

Luadh coincheap an Ghaeil in insint Mark chomh maith agus tugtar le tuiscint go gceanglaíonn sé an ghrúpfhéiniúlacht sin leis an saol sóisialta Gaeilge atá aige. Chuir mé ceist air faoina mhianta gairmiúla Gaeilge sa sliocht seo a leanas agus míníonn Mark go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh sé ag obair trí mheán na Gaeilge, beag beann ar an bpost féin. Pléadh i mír 5.4.1. an cur síos éiginnte a rinne Mark ar thábhacht na Gaeilge mar shaintréith dá fhéiniúlacht phearsanta agus léiríodh gur tháinig forbairt ar an bhféiniúlacht thionscnaimh sin agus é ag baint úsáid níos minice as an teanga. Faightear sampla eile den fhíorú féiniúlachta sin sa sliocht seo a leanas, dar liom, agus Mark ag maíomh gurbh fhearr leis a bheith ag labhairt Gaeilge ‘an t-am ar fad’ ach nach bhfuil sé sin indéanta toisc go bhfuil níos mó cairde aige a bhfuil an Béarla mar theanga chumarsáide eatarthu. Tá sé suntasach go gcuireann sé síos ar a chairde le Gaeilge mar ‘cairde Gael’:

88 Stiofán: Ó thaobh na gairme de tá tú ag iarraidh a bheith ag obair leis an nGaeilge ar bhealach amháin?

89 Mark: *Yeah* níl mé róbhuartha *actually* faoin bpost atá agam em an rud is tábhachtaí domsa ná a bheith ag labhairt Gaeilge an t-am ar fad agus ag obair trí mheán na Gaeilge / em // *so* go hidéalach is dócha *yeah* / dá mbeadh an rogha agam *like* labhróinn / Gaeilge an t-am ar fad ach em / *you know* tá níos mó cairde agam / em nach bhfuil Gaeilge acu eh ná *you know* na / cairde Gael atá agam / *so* ní tharlóidh sé riamh ní shílím

Cad iad na tréithe féiniúlachta a shamhlaíonn sé, mar sin, leis na cairde Gael? Sa sliocht seo a leanas faightear léargas eile ar a thábhachtaí atá spásanna nua sóisialta d’úsáid na Gaeilge do phróiseas dlisteanaithe an nuachainteora. Luann Mark tábhacht mhórócáidí sóisialta na Gaeilge, ar nós an Oireachtais, do dhaoine nach bhfuil ‘lonnaithe i saol na Gaeilge’ agus iad ag lorg deiseanna úsáide sóisialta. Dar leis go bhfuil an tábhacht chéanna ag baint le PUG ach ar scála níos lú agus go ndéantar normalú ar an teanga ar an gcaoi sin trí luachanna sóisialta ‘nua-aimseartha’ a cheangal léi:

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

97 Mark: Agus bíonn / *you know* lucht na Gaeilge i gcónaí *kind of* ag tnúth leis an Oireachtas *cos* em / ní bhíonn an deis agat bhuel // daoine áirithe *you know* nach bhfuil *kind of* / lonnaithe i saol na Gaeilge ní bhíonn deis acu *kind of* eh / ag úsáid na Gaeilge *kind of* i / suíomh sóisialta / em sin an fáth go bhfuil an Pop Up Gaeltacht chomh simplí sin agus chomh héasca *like* taitníonn an tOireachtas le daoine cén fáth nach ndéanfaimid rud cosúil leis ar scála níos lú? / níos minice *like* / *yeah* / *so* em ... rudaí mar sin *just* cabhraíonn siad go mór leis an teanga *kind of* normalú a dhéanamh ar an teanga / seachas / *you know cos* / em sin rud a dhéanann gach duine *you know like* téann siad amach le haghaidh deoch / ach tá *kind of* géarghá le / géarghá le níos mó rudaí nuaimseartha a chur isteach sa Ghaeilge mar sin *you know like* / ócáidí sóisialta / em plé ar abair / *tangent* eile anseo {gáire} sílim em / cén chaoi a ndéarfadh mé seo // bímse buartha an t-am ar fad go bhfuil an iomarca bearnaí sa Ghaeilge / em ó thaobh *kinda just* abair bíonn rudaí áirithe agus ní bhíonn éinne / á bplé i nGaeilge // *so* tá súil agam nach n-éireoidh sé seo rópholaitiúil ach tá / mise em chun níos mó oibre a dhéanamh leis an *Repeal the 8th* an feachtas sin eh *so* bhí cúpla cruinniú agam agus mhol mé dóibh em / go bhfuil agus b'fhéidir go bhfuil sé seo róghinearálta mar / ráiteas ach sílim go bhfuil formhór na nGael / go bhfuil siad *kind of* // go bhfuil intinní oscailte acu / ach go mbíonn siad b'fhéidir / ní *liberal* ach *just* tá siad *kinda* tuisceanach mar dhaoine

I dtaca lena chairde Gael, faightear léargas ar na tréithe a shamhlaíonn Mark leo ag deireadh an tsleachta thuas. Tá sé suntasach go gceapann sé go bhfuil 'intinní oscailte' ag formhór na nGael, dar leis, agus go bhfuil luachanna sochpholaitiúla forásacha, a shamhlaítear go hiondúil leis an eite chlé acu (tagann sé seo le dearcthaí Dhoireann agus Sheáin i mír 4.3.2.). Aithníonn sé go bhfuil an tuairim sin 'róghinearálta' ach baineann tábhacht leis mar sin féin agus saintréithe fhéiniúlacht ghrúpa na nGael, i súile na rannpháirtithe, á lorg agam.

Tháinig tuairim den chineál céanna chun cinn in insint Maria agus í ag labhairt faoi na difríochtaí idir comhthéacs sochtheangeolaíoch na Gaeilge i nGaillimh agus i mBéal Feirste. Tugann sí 'Gae(i)l' uirthi féin agus ar chainteoirí eile Gaeilge sa sliocht seo a leanas agus dar léi go gcaithfear cur chun cinn na teanga a nascadh le spriocanna sóisialta níos leithne. Maíonn sí go n-éiríonn le muintir na Gaeilge i mBéal Feirste an dá ghné sin a nascadh ar bhealach nach ann dó i nGaillimh i láthair na huaire (féach tionchar Bhéal Feirste ar *mudes* sóisialta na rannpháirtithe i mír 4.3.3.):

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

48 Stiofán: An féidir sin a athrú nó an dóigh leat gur féidir nó cad is féidir a dhéanamh chun é sin em?

49 Maria: Sílim an rud atá de dhíth ná / em / comhrá faoi na spriocanna atá ann / em i ndáiríre an é gur mhaith linn an / teanga a leathnú amach i measc daoine eile? nó an é go bhfuil spriocanna eile ann faoin chineál saol atá uainne / em // mar Ghaeil? // eh / agus ag dul ar ais chuig sampla Bhéal Feirste arís / tá brón orm

50 S: Bhuel *no* sin an taithí atá agat *so* is fiú

51 M: Bhuel an rud a bhí ann / bhí fhios acu go raibh siad ag iarraidh / cuidiú le na fadhbanna sóisialta a bhí acu is na deacrachtaí eacnamaíochta a bhí acu agus sin an fáth go bhfuil na cumainn óige uilig i mBéal Feirste chomh láidir agus chomh tábhachtach sin agus go bhfaigheann siad an oiread sin tacaíochta ón phobal

D'eascair tagairt eile d'fhéiniúlacht ghrúpa na nGael agus luachanna forásacha an ghrúpa úd as plé ar chomhthéacs Bhéal Feirste sa sliocht seo a leanas. Dar léi go bhfuil 'Gaeil óga' cosúil léi féin 'tiomanta' chun rudaí a athrú toisc go bhfuil taithí acu a bheith ag troid ar son a gceart mar phobal. Mar a chonacthas i gcás Sheáin agus tionchar na ceannairceachta ar a *muda* sóisialta (féach mír 4.3.3.), ceanglaíonn Maria cur chun cinn na Gaeilge le hagóidí níos leithne sóisialta atá 'ar leas an phobail'. Is dlúthchuid den fhéiniúlacht Ghaelach iad na seasaimh cheannairceacha seo, dar liom:

66 Maria: ... tá daoine tiomanta chun rudaí a athrú tá fuinneamh ag / Gaeil óga ar bhealach nach bhfuil fuinneamh ag daoine eile mar gheall {gáire} go bhfuil muid *you know* tá muid cleachtaithe le bheith / ag argóint le daoine faoi na creidimh atá againne agus na fáthanna a bhfuil muid a déanamh rudaí agus sílimse gur iontach an rud a bheadh ann an fuinneamh sin a dhíriú ar rudaí eile agus em cúiseanna a ardú agus troideanna eile a dhéanamh mar // tá sin ar leas an phobail agus mar gheall air sin tá sé ar leas na teanga / em ní dóigh liom gur féidir an dá rud a scaradh eh // tá siad chomh fite fuaite lena chéile mar a dúirt mé más rud gur mhúscail gach duine ar maidin agus gach duine ag caint i nGaeilge agus gach seirbhís ar fáil dúinne trí Ghaeilge an ionann sin agus / sochaí cheart agus rud éigin atá muid sásta leis? *you know it's* nuair a amharcann tú ar na / agóidí / a bhí / ag muintir Chonamara bliantaí ó shin anonn ní hé go raibh siad ag argóint faoin teanga *it was like* cearta sibhialta a bhí uathu sin an rud atá tábhachtach *it's you know*

Cearta sibhialta an rud tábhachtach, dar le Maria, agus amhail Seán agus Sinéad ceanglaíonn sí féiniúlacht na nGael óg i mBéal Feirste leo siúd a bhí i mbun

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

agóidíochta ar son cearta sibhialta Gaeltachta sna 60idí agus sna 70idí. Arís eile, ceanglaítear féiniúlacht ghrúpa na nGael, faoi mar a thuigeann rannpháirtithe an tráchtais seo í, le luachanna forásacha agus, tábhachtach a dhóthain, le comhghuaillíocht le grúpaí imeallaithe nó mionlaithe eile (féach spriocanna na féile Liú Lúnasa i mír 4.3.3.)

5.5. Conclúid

Ag tarraingt dom ar chéimeanna anailíse (féach mír 3.4.3.3.) na mapála (chun acmhainní teanga na rannpháirtithe a chatagóiriú), an rianaithe (chun an úsáid a bhaineann na rannpháirtithe as na hacmhainní sin ag pointí éagsúla ar a gconairí teangeolaíochta a fhiosrú) agus an nasctha (chun na catagóirí agus na conairí sin a cheangal le próisis shóisialta agus le comhthéacsanna sochtheangeolaíochta níos leithne), bhí sé mar aidhm agam sa chaibidil seo scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla d'idé-eolaíochtaí teanga na rannpháirtithe taighde.

Dhírigh mé go háirithe ar na hidé-eolaíochtaí a imríonn tionchar ar roghanna teanga nuachainteoirí agus ar idé-eolaíochtaí teanga a bhfuil dlúthbhaint acu le mórcheisteanna na barántúlachta agus na dlisteanachta. Trí scrúdú a dhéanamh ar nósanna teanga freasúracha beirt rannpháirtithe, léirigh mé go n-imríonn idé-eolaíochtaí an nádúrachais agus na barántúlachta iar-nádúrtha araon tionchar ar chleachtas teanga nuachainteoirí. Thaispeáin mé chomh maith go bhfuil dioscúrsaí an easnaimh agus na héiginnteachta sách coitianta i measc na rannpháirtithe. Ba é príomhtháta na caibidil seo ná go bhfeidhmíonn idé-eolaíocht na barántúlachta iar-nádúrtha mar thairseach do nuachainteoirí atá i mbun próiseas dlisteanaithe leanúnach. Mar aon leis na céimeanna anailíse thuasluaite, chruthaigh mé contanam idé-eolaíochta (féach Figiúr 5) le húsáid mar uirlis anailíse le linn na caibidle, agus áitím gur léiríodh fónas an chontanaim sin chun idé-eolaíochtaí teanga idircheangailte, ilchasta agus freasúracha na rannpháirtithe a bhaint as aimhréidh.

Ina theannta sin, theastaigh uaim aghaidh a thabhairt ar cheisteanna féiniúlachta agus idé-eolaíochtaí teanga na rannpháirtithe i dtaca le ról na Gaeilge i gcruthú nó in athchruthú a bhféiniúlachtaí pearsanta agus grúpa a mhíniú. I dtaca leis an bhféiniúlacht ghrúpa, d'áitigh mé go bhfuil tuiscintí nua á mbaint ag na rannpháirtithe as coincheap an 'Ghaeil' agus na féiniúlachta 'Gaelaí'. Tá an fhéiniúlacht sin fréamhaithe, dar liom, in iarracht ghníomhach an chainteora an Ghaeilge a shealbhú

Caibidil 5: Idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga

agus a úsáid. Déanfaidh mé mionscagadh ar thátail na caibidle seo i gCaibidil 7 (féach míreanna 7.2.2. agus 7.2.3. faoi seach).

Caibidil 6: *Euskaldunberriak*

6.1. Réamhrá

Tabharfaidh mé aghaidh ar ghné chomparáideach an tráchtais sa chaibidil anailíse seo. Cuirim romham na ceistanna taighde seo a leanas a leagadh amach i mír 1.3. scagadh:

- Cén seasamh idé-eolaíoch atá ag na rannpháirtithe i dtaca lena stádas mar chainteoirí barántúla, dlisteanacha Bascaise?
- Cén dearcadh atá acu i leith choincheap an *euskaldunberri*?
- An dtugtar cosúlachtaí agus/nó éagsúlachtaí faoi deara idir idé-eolaíochtaí teanga nuachainteoirí agus *euskaldunberriak*? Is ann do choincheap an *euskaldunberri* i dTír na mBascach le blianta fada (féach mír 1.2.3.). Ní hamhlaidh atá i gcomhthéacs na Gaeilge. An imríonn leitheadúlacht an téarma tionchar ar *euskaldunberriak* agus ar a bhféiniúlachtaí teanga?

Léireoidh mé le linn na caibidle seo gur chuidigh an anailís cháilíochtúil ar shonraí na n-agallamh i gcomhthéacs na Bascaise go mór leis an anailís ar idé-eolaíochtaí teanga nuachainteoirí, agus teacht chun cinn samhailteacha barántúlachta iar-nádúrtha (féach mír 5.3.2.). D'eascair seasaimh fhollasacha idé-eolaíocha i dtaca le téamaí na barántúlachta agus na dlisteanachta as na hagallaimh. Bhí na hidé-eolaíochtaí sin, dar liom, ní ba láidre i dtaca le luach na barántúlachta iar-nádúrtha. Léirigh idé-eolaíochtaí rannpháirtithe na Bascaise a thairbhí atá an bharántúlacht iar-nádúrtha mar uirlis anailíse chun téamaí na barántúlachta agus na dlisteanachta a mhíniú faoi mar a bhaineann siad le nuachainteoirí teangacha mionlaithe. Chuige sin, tarraingim ar an gcontanam idé-eolaíochta a leagadh amach i mír 5.2.1. (Figiúr 5) le hanailís a dhéanamh ar idé-eolaíochtaí teanga *euskaldunberriak*. I mír 6.2. déanfaidh mé anailís ar théamaí na barántúlachta agus na dlisteanachta trí idé-eolaíochtaí teanga na rannpháirtithe i dtaca le ceistanna canúna agus cumais a rianú. Breathnóidh mé ar lipéid theangeolaíocha agus féiniúlachta teanga éagsúla, agus idé-eolaíochtaí na rannpháirtithe ina leith, i mír 6.3. Tarraingoidh mé snáitheanna anailíse na caibidle le chéile i mír 6.4.

6.2. *Batua* nó *Bizkaiera*: téamaí na barántúlachta agus na dlisteanachta

Sa mhír seo déanaim anailís ar idé-eolaíochtaí teanga na rannpháirtithe i dtaca lena mbarántúlacht agus lena ndlisteanacht mar chainteoirí Bascaise. Mar a tharla i gcás

rannpháirtithe na Gaeilge, nochtadh na téamaí sin go minic agus ceisteanna canúna agus cumais á bplé le linn na n-agallamh. Tugtar idirdhealú dénártha idir *euskaldunberriak* a bhfuil *Batua* acu agus urlabhra thraidisiúnta na *euskaldun zaharrak* ('old speakers' faoi mar a thugann Andoni orthu i mBéarla) le tuiscint sa sliocht seo a leanas as an agallamh le Idoia agus Andoni. Tá an úsáid a bhaineann Idoia as an aidiacht 'cool' suntasach agus dar liom go léiríonn sé an bharántúlacht a shamhlaíonn sí le canúintí traidisiúnta. Cuirtear in iúl, leis, go mbaineann easpa barántúlachta leis an mBascais chaighdeánach:

Andoni: *Euskaldunberri* speak in Basque / *Batua* / in eh standard Basque and eh old speakers speak

Idoia: In dialect / we are more cool {gáire}

A: In dialect

Pléitear sa chéad mhír eile samplaí de dhúshláin a tugadh do dhlisteanacht na rannpháirtithe mar chainteoirí barántúla Bascaise. Bhain na dúshláin sin go minic le húsáid *Batua* ina measc. Tugtar cosúlacht faoi deara anseo le héiginnteacht rannpháirtithe na Gaeilge agus iad i mbun cumarsáide sa Ghaeltacht nó le cainteoirí Gaeltachta. Léirítear i mír 6.2.2., ámh, go bhfuil seasaimh idé-eolaíocha na rannpháirtithe trí chéile níos caolchúisí ná ráiteas neamhbhalbh Idoia thuas.

6.2.1. 'Labhraíonn tú ar nós na nuachta': dúshláin do dhlisteanacht na rannpháirtithe

Agus anailís á déanamh ar dhioscúrsaí an easnaimh agus na héiginnteachta in insintí nuachainteoirí (féach mír 5.3.1.), thaispeáin mé roinnt samplaí de dhúshláin a tugadh do dhlisteanacht na rannpháirtithe mar chainteoirí barántúla Gaeilge. Ba ann do dhioscúrsaí den chineál céanna in insintí *euskaldunberriak*. Sa sliocht seo a leanas cuireann Iker síos ar a dhúshlánaí a bhí sé *Batua* a labhairt i mbailte tuaithe ina a bhfuil an Bhascais mar phríomhtheanga chumarsáide ag tromlach an phobail. Tráchtann sé ar a thaithí i mbaile darb ainm Ondarroa. Is baile láidir ó thaobh labhairt na Bascaise é Ondarroa. Tuairiscíonn 67% (5,775 duine) de dhaonra an bhaile (8,593 duine) gurb í an Bhascais a 'máthairtheanga'. Tuairiscíonn nach mór an méid céanna arís (5,466) gurb í an Bhascais an teanga a labhraíonn siad sa mbaile (*Eustat* 2016). Ba mhinic a luaigh na rannpháirtithe Ondarroa le linn na n-agallamh mar shampla de bhaile a bhfuil cáil air ó thaobh labhairt na Bascaise de.

Cuireann Iker in iúl go bhfuil dearcadh diúltach ag *euskaldun zaharrak* i dtaca le *Batua* agus go gcuirtear ina leith gur teanga ‘mhínádúrtha’ í a fhoghlaimíonn *euskaldunberriak* (Ortega *et al.* 2015: 99). Is léir gur mhothaigh sé go raibh dúshlán á thabhairt dá dhlisteanacht mar chainteoir Bascaise i ndiaidh na hiarrachta a chuir sé isteach í a labhairt. Feictear cosúlacht shuimiúil ag deireadh an tsleachta leis an méid a deir Fiachra (féach mír 5.3.2.1) faoi fhoghlaim conas labhairt ‘cosúil le’ muintir na Gaeltachta. Murab ionann agus Fiachra, ámh, ní léir gurb in a theastaigh uaidh Iker:

Iker: Labhraím Bascais / tá sé deacair orm / freisin // an cineál Bascaise a fhoghlaimímid ná *Batua* is é sin an teanga chaighdeánach / agus i mbailte beaga / atá // an-docht / dóibh siúd is teanga mhínádúrtha shaorga í ... agus nach féidir leat Bascais a labhairt tá sé / aisteach nach bhfuil? déanann tú iarracht agus tá sé mar a bheadh / bhí sé deacair an Bhascais *Batua* a labhairt ansin mar ina theannta sin ní mór duit foghlaim conas labhairt cosúil leo

Iker: *Yo hablo en euskera / me costaba / también // el euskera que nosotros aprendemos es el euskera Batua que es el idioma unificado / y en pueblos / que son muy // duros / para ellos es un idioma artificial artificioso ... que no sabes hablar euskera es como / paradójico ¿no? haces el esfuerzo y casi como / allí hablar el euskera Batua era duro entonces tienes que incluso aprender como hablaban ellos*

Chuir mé ceist ar Iker ina dhiaidh sin faoina mheasúnú ar a chumas teanga reatha. Tarraingíonn sé féin sa chás seo ar idé-eolaíochtaí an nádúrachais agus tugann sé le fios go samhlaíonn sé easnaimh éigin lena gcumas Bascaise toisc go dteastódh uaidh í a labhairt ar bhealach níos ‘nádúrtha’. Amhail Seán i gcomhthéacs na Gaeilge, ar theastaigh uaidh stór focal a fhorbairt i dtaca le ‘gnáthrudáí a dhéanann tú’, téarmaíocht na cistine, mar shampla (féach mír 5.3.2.3.), tuairiscíonn Iker go bhfuil ‘fadhb ollmhór’ aige le téarmaíocht bhia:

Stiofán: An mothaíonn tú compordach freisin leis an gcumas / Bascaise atá ionat nó ar mhaith leat / níl a fhios agam feabhsú beagán nó an ndéantar é sin diaidh ar ndiaidh?

Iker: Ba bhreá liom ... ba mhaith liom labhairt ar bhealach níos cineál nádúrtha sea / toisc nach n-úsáidim í chomh minic sin ba mhaith liom mo stór focal a fheabhsú / tá stór focal agam mar shampla tá fadhb ollmhór agam leis / an mbia / tá sé amaideach ... i dtaca le líofacht chun an teanga a labhairt le daoine eile / táim // go maith

S: Agus an labhraíonn tu *Batua* go fóill?

I: Is ceist mhaith í sin mar

S: Cén cur síos a dhéanfá ar do chineál Bascaise?

I: Toisc go raibh mé i gcónaí in Ondarroa ... ní gach duine sna bailte beaga ach an-chuid daoine creidim / cuireann siad thú ag aireachtáil go dona ag labhairt Batua cuireann siad thú // cad é sin an imirceach nó eachtrannach atá anseo? ... tá sé éasca an Bhascais a fhoghlaim sa bhaile toisc gurb í do mháthairtheanga í agus na daoine a dhéanann iarracht a chur isteach ón gcathair ní hamháin sin / déantar coirpigh dínn

Stiofán: *¿Te sientes cómodo también con el nivel del / euskera que tienes o quieres / no sé mejorar más o es algo que se hace poco a poco?*

Iker: *Me gustaría mucho ... quiero que se habla en una manera más o sea natural si / con el menos uso que tengo quiero mejorar el tema del vocabulario / tengo un vocabulario por ejemplo tengo un problema brutal / con los alimentos / es una tontería ... en cuanto a fluidez para hablar el idioma con otra gente / estoy // bien*

S: *¿Y hablas todavía Batua?*

I: *Es una buena pregunta porque*

S: *¿Cómo describirías tu variedad de euskera?*

I: *Como he estado siempre en Ondarroa ... no toda la gente de los pueblos pero yo creo sí mucha gente / te hace sentir mal hablando Batua te hace sentir // ¿que es eso un maqueto un extranjero que está aquí? ... lo fácil que es aprender euskera con pueblo porque es tu lengua materna y la gente que intenta hacer el esfuerzo desde la ciudad encima / se le criminaliza*

Úsáideann Iker friotal láidir le cur síos a dhéanamh ar na mothúcháin a spreagann úsáid *Batua* i mbailte ar nós Ondarroa. Dealraíonn sé go ndéantar imeallú orthu siúd a úsáideann an teanga chaighdeánach in áiteanna a bhfuil canúint thraidisiúnta dá gcuid féin acu. Dar leis go mbreathnaítear ar úsáid na teanga caighdeánaí mar rud ‘eachtrannach’ nach mbaineann leis an gceantar traidisiúnta. A mhalairt ar fad de thaithí a bhí ag duine de rannpháirtithe *Urla et al.*, mar shampla, a dúirt gur ghlac daoine áitiúla leis i mbaile Gernika ‘because he can speak in vernacular (“because you do not speak in *Batua*”)’ (2018: 31).

Spéisiúil go maith, maíonn sé go bhfuil sé i bhfad níos éasca an teanga a shealbhú mar chainteoir dúchais agus go bhfuil dúshlán bhreise roimh *euskaldunberriak* uirbeacha

a dhéanann iarracht an teanga a shealbhú sa chathair. Mothaíonn sé go ndéantar ‘coirpigh’ díobh. Bíodh is gur tugadh dúshláin do dhlisteanacht na rannpháirtithe Gaeilge sa Ghaeltacht ar uairibh (féach taithí Sarah, mar shampla, i mír 5.3.1.), níor tháinig dioscúrsa chomh neamhbhalbh sin chun cinn sna hagallaimh i dtaca le buntáistí breise an chainteora dúchais.

Bhí taithí den chineál céanna ag Diego agus é ag obair i mbanc i mbaile Gernika. Amhail Ondarroa, is baile sách láidir é Gernika ó thaobh úsáid na Bascaise de. Tuairiscíonn os cionn 50% de dhaonra iomlán an bhaile (8,425 duine) gurb í an Bhascais a ‘máthairtheanga’ agus is í an Bhascais príomhtheanga an teaghlaigh i gcás 38% den daonra sin (6,402 duine) (*Eustat* 2016). Míníonn Diego sa sliocht seo a leanas gur cuireadh chuig an mbaile sin é toisc gur aithníodh mar chainteoir Bascaise é ina áit oibre. Dar leis go raibh sé breá sásta dul chun oibre in Gernika le go mbeadh deis aige an Bhascais a úsáid ar bhonn níos minice. Tuairiscíonn sé sa sliocht seo a leanas gur diúltaíodh Bascais a labhairt leis san áit oibre in Gernika uaireanta, bíodh is gur thosaigh Diego comhráite le custaiméirí i mBascais, toisc nár thuig *euskaldun zaharrak* áirithe *Batua*. Dar leis go ndearna siad cur síos ar a gcuid Bascaise go dímheasúil le téarmaí ar nós ‘Bascais na teilifíse,’ ‘Bascais na nuachta’ nó ‘Bascais na haimsire’. Is é *Batua* a úsáidtear sa chraoltóireacht oifigiúil teilifíse agus raidió (Hualde agus Zuazo 2007: 143). Tagann sé seo arís le taighde Urla *et al.* agus rannpháirtithe áirithe dá gcuid ag maíomh gur dúradh leo gur teanga ‘shaorga’ í *Batua* (2018: 30):

Diego: Bhí mé ag obair / freisin i [mbanc] in Gernika / dúirt siad liom ... ceart go leor is cainteoir Bascaise tusa rachaidh tú go Gernika / agus chuaigh mé go Gernika breá sásta mar / iontach mar / bhí mise ag éirí níos *euskaldun* / bhí mé an-sásta ... ansin dar ndóigh // bhí taithí / an-spéisiúil agam ansin ... bhíodh daoine ann / daoine níos sine agus labhraínn leo

Stiofán: San obair?

D: Sea / thagaidís / chun an ráiteas cánach a dhéanamh agus deirinn leo ‘ah *egun on*’ agus {d’fhreagraídís} ‘ah *hola egun on*’ ... mar sin thagaidís / shuídís síos agus iadsan dar ndóigh labhraídís / ina gcanúint féin canúint Gernika nó an chanúint áitiúil // agus dar ndóigh mé féin i dtosach báire // labhraínn leo / in *Batua* / agus níor thuigidís mé / mar sin sa chás sin tharla sé le roinnt daoine / deiridís liom ‘oh *no* tá tú ag labhairt liom in *Batua*’ d’iompaídís ar an gCaistilis deiridís ‘tá tú ag labhairt liom i mBascais

na teilifíse agus ní thuigim é sin ní hé nach bhfuilim ag iarraidh ach ní ní maith liom é tá tú ag labhairt liom ar nós lucht na nuachta ar nós lucht na haimsire *no no no* labhróimid i gCaistflis’

Diego: Yo estuve trabajando / también en [un banco] en Gernika / además me dijeron ... tu cómo eres euskaldun pues a Gernika / y me fui a Gernika yo todo feliz porque / qué bien con / más euskaldun ya estaba / yo estaba encantado ... entonces claro // allí viví situaciones / muy interesante ... había gente / gente mayor que yo les hablaba

Stiofán: En el trabajo?

D: Sí / ellos venían / hacer la declaración de los impuestos entonces yo les decía ‘ah egun on’ y {respondían} ‘ah hola egun on’ ... entonces venían / se sentaban y ellos hablaban claro / en su dialecto en dialecto de Gernika además o de la zona // y claro yo al principio // yo les hablaba / en Batua // y no me entendían / entonces en esas situaciones con algunas personas lo ocurrió / que me decían ‘uy no tu me estás hablando en Batua’ me cambiaban a castellano’ me decían ‘es que me hablas en euskera de la televisión y yo eso no entiendo no es que no quiero no me gusta es que me hablas como los de teleberri como los del tiempo no no no vamos a hablar en castellano’

Tráchtann O’Rourke agus Ramallo chomh maith ar Ghailísis na nuachta nó *telexornal* freisin, ach spéisiúil go maith maíonn siad go mbreathnaíonn cainteoirí dúchais níos sine ar an nGailísis chaighdeánach úd mar urlabhra lena mbaineann ardghradam (2013: 294-295). Ní léir gurb ann don mheon céanna i dtaca le *Batua* (Urla *et al.* 2017). Thánig cúpla sampla den chineál céanna chun cinn in insint Sofía agus is féidir comparáidí a tharring arís anseo le taithí nuachainteoirí áirithe sa Ghaeltacht. Tugadh dúshlán dá dlisteanacht mar chainteoir Bascaise faoi dhó, i gcomhthéacsanna éagsúla agus ag pointí éagsúla ar a conair theangeolaíoch. Tráchtann sí sa chéad sliocht seo ar thaithí a bhí aici i mbaile Mutriko agus í fós i mbun shealbhú na teanga. Ar aon dul le Ondarroa agus Gernika, is baile tuaithe é Mutriko ina bhfuil an Bhascais láidir mar theanga phobail. Tuairiscíonn 67% (3,607 duine) de dhaonra iomlán an bhaile (5,357 duine) gurb í an Bhascais a ‘máthairtheanga’. Dar le 53% den daonra (2,854 duine) go labhraíonn siad an Bhascais sa bhaile (*Eustat* 2016). Tugtar le tuiscint sa sliocht seo nach raibh ardchumas teanga bainte amach ag Sofía ag an bpointe sin toisc nach raibh sí iomlán cinnte faoi ord na bhfocal agus í ag ordú bia agus dí i mbeár áitiúil. Míníonn sí, ámh, go ndearna sí iarracht leis an teanga toisc gur theastaigh uaithi cleachtadh,

agus tá na mothúcháin dhiúltacha a spreagadh inti nuair a freagraíodh í i gCaistílis soiléir. Deir sí nach gcuirfeadh sí ceist i mBascais ina baile dúchais, Barakaldo, toisc nach bhfuil mórán Bascaise ann. Theastaigh uaithi iarracht a dhéanamh in Mutriko toisc go nglactar leis go bhfuil an teanga ar a dtoil ag muintir na háite, dar léi:

Sofía: Tharla sé dom uair amháin ... uair amháin leis an gcoláiste chuamar ar // ar thuras lae go Mutriko agus mé féin ... ní hé go raibh cumas an-mhaith Bascaise agam ach bhí mé breá ábalta an fód a sheasamh agus ceapaire *tortilla* agus gloine uisce a ordú cé go raibh mé in amhras fós faoi conas é rá ‘*baso bat ur*’ nó ‘*ur baso bat*’ mar ag brath ar ord na bhfocal tá tú ag ordú an ghloine nó an t-uisce ... chuaigh mé chun iad a ordú ag an mbeár agus d’fhreagraíodar i gCaistílis ... d’ordaigh mé i mBascais chomh maith agus ab fhéidir liom níl a fhios agam an ndearna mé go maith nó go dona é / agus d’fhreagraíodar i / i gCaistílis mé mar sin ag an nóiméad sin is cuimhin liom an mothúchán sin bhí sé / a dhiabhail an ndearna mé chomh dona sin é? nó chomh dona sin nach bhféadfaí leanúint ar aghaidh liom / i mBascais le go bhféadfainn beagán cleachta dhéanamh mar i ndáiríre b’shin a bhí uaim? a dhiabhail táimse ag déanamh iarrachta táimse ag foghlaim teanga / agus táim ag cur uaireanta oibre isteach ann agus freagraíonn tú mé leis an gCasitílis agus baineadh stangadh mór asam / ní hé go gcuirfinn an cheist in Barakaldo / ach anseo? / in Mutriko? / agus cinnte tá an teanga agat?

Sofía: *Me pasó también una vez ... una vez con el instituto fuimos a // a un viaje de un día a Mutriko entonces yo ... que no seguía muy alto mi nivel pero bueno ya me podía defender como para pedir un bocadillo de tortilla y un vaso de agua aunque me quedaba la duda de jo como de decía ‘baso bat ur’ o ‘ur baso bat’ porque depende cómo lo digas estás pidiendo el vaso o el agua ... fui a pedir a un bar y contestaron en castellano ... pedí en euskera de la manera que pudo no sé si lo hice mal o lo hice bien / y me respondieron en / en castellano entonces yo en aquel momento me acuerdo el sentimiento ese fue de / jo ¿tan mal lo he hecho? o ¿tan mal lo he hecho para que no me pueda seguir en / en euskera yo pudiera practicar un poquito más que realmente me apetece? Decí jo estoy haciendo el esfuerzo estoy aprendiendo un idioma / y estoy dedicando horas y me contestas con castellano y como un balde de agua fría como joé / aquí a ver en Barakaldo no iba a preguntar ¿pero aquí? / ¿en Mutriko? / ¿que seguro que sabes?*

Tá an dara hócáid a gcuireann Sofía síos uirthi an-spéisiúil toisc go raibh ardchumas Bascaise bainte amach aici faoin bpointe seo. Ar aon dul le taithí Diego in Gernika, cuireadh i leith Sofía go raibh ‘Bascais na nuachta’ á labhairt aici. Níl sí cinnte, ámh,

ar *euskaldunberri* nó *euskaldun zaharrak* a dúirt é sin léi ach míníonn sí go raibh canúint thraidisiúnta Bizkaia ar urlabhra an duine. Is léir arís anseo na mothúcháin dhiúltacha a spreag an ócáid seo inti:

Sofía: Uair amháin le linn na bhféilte ... bhí mé i mbun cúrsa / le bheith mar chúntóir teanga Bascaise / agus bhí mé ansin ag críochnú an chúrsa eh na comhghleacaithe ranga / eh bhuel bhíomar ann / agus chuamar amach lá amháin / bhí daoine ann a thug leo a bpáirtithe na cailíní / agus bhí sé bhuel greannmhar nó aisteach / an buachaill bhuel bhíomar ansin gach duine ag labhairt i mBascais bhí Bascais againn go léir agus bhíomar ann ag labhairt i mBascais / agus buachaill mo charad / ag pointe amháin i rith na hoíche dúirt sé liom ‘a dhiabhail / labhraíonn tú ar nós na nuachta’ / níl a fhios agam ar *euskaldun zaharra* é seans gur *euskaldunberria* a bhí ann ach sa deireadh toisc gurbh *euskaldun zaharra* a chailín agus na tuismitheoirí ón áit sin {ceantar traidisiúnta Bascaise} chomh maith bhí seisean ag foghlaim / em / *Bizkaino* níos mó / d’fhág sé sin mé beagán / a dhiabhail / táimid i mbun cóisire / agus deir tú é sin go neamhbhalbh go bhfuilim ag labhairt ar nós na nuachta / seo an chaoi a labhraím / níl aon bhealach eile ar eolas agam / níl an réim teanga neamhfhoirmiúil agam / b’fhéidir gur easnamh é sin? mar / níl *hika* {mínítear an ghné theangeolaíoch seo thíos} agam / ní ghearraim na focail nó / níl a fhios agam / chuir sé sin ag smaoineamh mé / a dhiabhail b’fhéidir gurbh é mo theanga / em / mo theanga nó *Batua* nuair a bhí mé i dtimpeallacht chóisire / go raibh cuma // gur diúltaíodh dó ... gur rud saorga a bhí ann / teanga na nuachta ar nós / eh ‘táimid i mbun cóisire cad atá tú ag rá liom?’ cén fáth ‘a bhfuil tú ag labhairt go haisteach mar sin?’ an dtuigeann tú? cheap mé go raibh sé neamhghnách / sea is cuimhin liom a chailín ag rá ‘ah ná cuir isteach uirthi tá Bascais mhaith aici’ ach / bhuel níl a fhios agam tá Bascais mhaith agam ach b’fhéidir go bhfuilim róchruinn don chomhthéacs sin agus muid ag an bhféile {gáire}

Sofía: *Una vez de fiesta ... un curso que estaba haciendo de / para ser técnico de euskera / entonces estaba allí acabando el curso entonces eh las compañeras / eh bueno es que estábamos allí / y fuimos para salir un día entonces / hubo gente que trajo sus parejas las novias / y fue bueno gracioso o curioso / el novio pues eso estábamos hablando todos en euskera todos sabían euskera u así estábamos todos hablando en euskera / y el novio de una amiga / a un momento de la noche me dije ‘jo / tu hablas como en el telediario’ / no sé si era euskaldun zaharra igual era euskaldunberria pero al final como su novia era euskaldun zaharra y los padres de allí también el estaba aprendiendo más / em / más *Bizkaino* / entonces aquello me dejó un poco como / joé / estamos de fiesta / y me saltas como que estoy hablando como el en telediario / es la manera que yo sé hablar / no sé otra manera / no tengo*

el registro informal ¿peude ser que me falté no? porque / no hablo en hika / o no corto las palabras o / no sé / entonces me hizo pensar aquello como / joé puede ser mi idioma / em / mi idioma o el Batua cuando he estado en un ámbito de fiesta / resulté como // ah / que se rechaza ... incluso algo artificial es una / telediario como / eh estamos de fiesta ¿que me estás contando? ¿porque hablas así de raro? ¿no? que entonces sí me pareció curioso / sí que me acuerdo que la novia dijo ‘ah dejála en paz eh que habla muy bien’ pero / bueno no sé hablaré bien pero igual hablo demasiado corecto para este ámbito donde estamos de fiesta {gáire}

Feictear sampla d’idé-eolaíocht an easnaimh in insint Sofía thuas ach spéisiúil go maith míníonn sí go mbaineann easnaimh lena hurlabhra i dtaca leis an réimse neamhfhoirmiúil amháin. Is cosúil go samhlaítear barántúlacht nádúrtha le canúintí traidisiúnta agus go gceanglaítear urlabhra Sofía, *Batua*, le réimsí foirmiúla na meán agus an oideachais, mar shampla. Cuireann Sofía síos ar na tréithe canúna nach bhfuil aici i dtreo deireadh an tsleachta. Deir sí nach labhraíonn sí in *hika*. Is córas forainmneach é *hika* a chuireann dlúthpháirtíocht in iúl leis an gcomhchainteoir. De rogha air sin tá an córas *zuka*, an córas a úsáideann Sofía, a shamlaítear a bheith níos neodraí. Cé gurb ann do *hika* agus *zuka* araon in *Batua*, samhlaítear *hika* a bheith níos barántúla toisc go n-úsáidtear é i gcanúintí traidisiúnta Bascaise chomh maith (Amorrortu 2003: 147; Ciriza 2012: 180). Tá an chodarsnacht a tharraingíonn Sofía ag deireadh an tsleachta suimiúil. Míníonn sí go bhfuil Bascais mhaith aici ach, san am céanna, go bhfuil a Bascais róchruinn do thimpeallacht na cóisire. Cuireann an friotal sin in iúl, dar liom, go samhlaíonn sí saorgacht éigin le *Batua* sa réimse neamhfhoirmiúil. Níos déanaí san agallamh rinne sí féin comparáid idir foirmiúlacht *Batua* – a úsáidtear mar mheán teagaisc in *euskaltegiak*, scoileanna poiblí agus príomháideacha a bhfreastalaíonn daoine fásta orthu le Bascais a fhoghlaim – agus canúint *Bizkaino* nó ‘an teanga mar a úsáidtear’ í (féach plé Urla 2012: 76 ar an mBascais faoi mar a úsáidtear ‘ar an tsráid’ í). Is léir an gradam a shamlaíonn sí leis an gcanúint thraidisiúnta. Tá insint Sofía an-chosúil le hinsintí nuachainteoirí áirithe a rinne iarracht cruinneas gramadaí agus foghraíocht mhaith a bhaint amach gan canúint thraidisiúnta a shealbhú, ach a d’aithin luach nó saibhreas na gcanúintí Gaeltacha. Ar cheann de phríomhthorthaí taighde Urla *et al.* ná ‘the decidedly strong interest in speaking what some of our participants called “local Basque” ... or “everyday Basque”’ (2018: 30):

Sofía: Ansin tháinig / daoine as Eibar as Ermua a raibh *Bizkaino* acu sé sin / ní *Batua* foirmiúil na *euskaltegis* ... an teanga mar a úsáidtear í / agus d'fhoghlaim mé an t-uafás uathu / an t-uafás ar fad

Sofía: *Entonces allí venían / gente de Eibar de Ermua que hablaban en Bizkaino o sea / no el Batua de los euskaltegis formal ... el lenguaje que se usa / y aprendí muchísimo con ellas / muchísimo muchísimo*

In ainneoin na n-easnamh a shamhlaíonn sí lena Bascais fhoirmiúil féin, ámh, tugtar le tuiscint sa sliocht thuas faoi thimpeallacht na féile go bhfuil dlisteanacht á héileamh ag Sofía toisc gurb in an chaoi a labhraíonn sí, *Batua*, agus nach bhfuil aon rud eile ar eolas aici. Sa chéad mhír eile breathnófar ar shamplaí de luach *Batua* do *euskaldunberriak* atá i mbun próiseas leanúnach dlisteanaithe.

6.2.2. ‘Táim chun obair a chur isteach i mo *Batua* agus mo chuid féin a dhéanamh den teanga seo’: luach an chaighdeáin

Léiríodh i mír 5.3.2. go bhfuil idé-eolaíochtaí teanga idircheangailte, ilchasta ag nuachainteoirí na Gaeilge i dtaca le ceisteanna canúna agus cumais agus pléadh impleachtaí na n-idé-eolaíochtaí sin ar théamaí na barántúlachta agus na dlisteanachta. Léiríodh go bhfeidhmíonn idé-eolaíochtaí na barántúlachta iar-nádúrtha mar thairseach chun na dlisteanachta, beag beann ar spriocanna teangeolaíocha na rannpháirtithe, toisc go mbaineann luach le gníomhúchán agus le hiarracht fhéin-chomhfhiosach an chainteora. Ba iad idé-eolaíochtaí teanga *euskaldunberriak* a spreag mé chun lionsa an iar-nádúrachais a chur i bhfeidhm ar shonraí na Gaeilge. Tháinig an bharántúlacht iar-nádúrtha chun cinn ar bhealach ní ba láidre agus ní ba shoiléire ina n-insintí. Dealraíonn sé go bhfuil tionchar ag bonn láidir institiúideach an chaighdeáin ar idé-eolaíochtaí na rannpháirtithe. Le *Batua*, áitím go raibh fráma tagartha níos soiléire acu, ar tharraing siad air agus a ndlisteanacht mar chainteoirí barántúla Bascaise á rianú acu le linn na n-agallamh. Pléitear samplaí éagsúla den bharántúlacht iar-nádúrtha sa mhír seo.

Chuir mé ceist fhollasach ar Iñaki, ar theagascóir Bascaise é in *euskaltegi*, faoina thuairimí i dtaca le téamaí an chaighdeáin agus na canúna. Dar leis gur ‘a kind of mix’ atá i gceist lena urlabhra féin. *Batua* a úsáideann sé den chuid is mó ach míníonn sé go ndéanann sé iarracht gnéithe den chanúint áitiúil, *Bizkaiera* (*Bizkaino* i gCaistílis) a chur i bhfeidhm ar a urlabhra i measc cairde áirithe. Tagann a thuairimí trí chéile le

dearcthaí rannpháirtithe na Gaeilge i dtaca leis an saibhreas a shamhlaíonn siad le canúintí Gaeltachta. Léirítear idé-eolaíochtaí teanga freasúracha san insint seo a leanas. Tugtar le tuiscint go mbreathnaíonn sé ar *Batua* mar uirlis shealbhaithe thairbheach do *euskaldunberriak* toisc go bhfuil sé intuigthe ag cainteoirí Bascaise ó cheantair éagsúla. Os a choinne sin, is léir go samhlaíonn sé saibhreas agus ardghradam, atá fréamhaithe in idé-eolaíochtaí an nádúrachais, leis an gcanúint áitiúil. Léirítear chomh maith i dtaighde Urla *et al.* go gceapann go leor *euskaldunberriak* go dteastaíonn ‘vernacular and standard if one wishes to be a socially competent Basque speaker of the twenty-first century’ (2018: 37). Tá fréamhacha láidre tíreolaíocha ag na canúintí traidisiúnta sin, dar le Iñaki, agus ‘you get richer’ nuair atá cur amach agat ar theanga do cheantair dúchais:

Stiofán: And do you think it’s important for / Basque speakers in general but maybe *euskaldunberri* to have some elements of a dialect or is it ok for a new speaker to just speak *Batua*?

Iñaki: I think that they should start with *Batua* and eh it’s enough because you can speak *Batua* here in Bizkaia or in the Basque Country across the Pyrenees and if you just know the sub-language or the dialect / maybe it’s very difficult to communicate with people from other parts of the border so // so I think *Batua* is nice but eh / it gives you like / eh you get richer when you know your / your own language the language of the place you live

Sa sliocht seo a leanas as an agallamh le Idoia agus Andoni faightear léargas suimiúil ar dhearcthaí freasúracha i dtaca le ceist an chaighdeáin agus na canúna agus léirítear chomh maith go bhfuil claochlú tagtha ar idé-eolaíochtaí teanga Idoia ina leith. Cuireann Idoia síos ar mheon *euskaldun zaharrak* (a dtugann sí ‘old speakers’ orthu i mBéarla cé nach bhfuil baint ag aois an chainteora leis an gcoincheap) i dtaca le *euskaldunberriak* agus *Batua* agus tagann an méid a maíonn sí le taithí Iker, Diego agus Sofía thuas. Míníonn sí ansin gur athraigh a dearcadh féin i leith *Batua* toisc go bhfuil cairde léi in Bilbao a bhaineann úsáid as agus nach bhfuil canúint áitiúil, thraidisiúnta dá gcuid féin ag na *euskaldunberriak* sin. Cuirtear in iúl go raibh seasamh idé-eolaíoch a teaghlaiigh féin agus í ag fás aníos fréamhaithe go dlúth sa nádúrachais agus gur labhraíodh *Bizkaiera* in ionad an chaighdeáin:

Idoia: Yes so for old speaker it’s like shit you are first you are *euskaldunberri* ... second you speak standard Basque / pfff {gáire} so most of them think like that

Stiofán: Ok / so do you think like that?

I: No / at first yes when I started {gáire} university *a ver* to be honest yes but not like you are shit *o sea* I have friends that / I live in Bilbo / also / there is not a dialect in Bilbo

S: So you are from Bilbo?

I: Yes but / eh my family is from Durango

S: And did you grow up in Bilbo?

I: Yes I grow up in Bilbo but my mother

S: Speaking Basque at home?

I: In dialect / also at home it was like ‘no no / standard Basque *Batua* no eh you *Bizkaiera*’ {gáire} so it’s like that no but I think that eh old Basque speakers we need new Basque speakers it’s very important / we need them / and it’s like old Basque speakers ... we say that standard Basque for us is like plastic

Andoni: It’s not natural

I: It’s not natural but that’s not true because standard Basque eh / it was created eh by taking different dialects so it was not came from another planet

A: And I think that standard Basque if you use it / you will make it natural and if you are with old speakers and new speakers and all the people speaking [*Batua*] you will create eh / I don’t know not a new dialect I mean / new speakers will em / take the dialect

Bíodh is go mbreathnaíonn *euskaldun zaharrak* ar *Batua*, dar le Idoia, mar rud mínádúrtha nó ‘plaisteach’ fiú, diúltaíonn sí gur rud iomlán mínádúrtha é. Tugann sí ordlathas nádúrachais le tuiscint agus í ag míniú fréamhacha *Batua* i gcanúintí áitiúla, traidisiúnta éagsúla (Urla *et al.* 2018: 26). Tarraingíonn Andoni i mbealach soiléir ar idé-eolaíochtaí na barántúlachta iar-nádúrtha ag deireadh an tsleachta. Trí ghníomhúchán agus iarracht fhéin-chomhfhiosach an chainteora, a shealbhaíonn agus a bhaineann úsáid rialta as *Batua* le cainteoirí éagsúla, déanfaidh *euskaldunberriak* a gcuid féin den chaighdeán. Dar leis go ndéanfar ‘nádúrú’ air de réir a chéile.

Tagann idé-eolaíochtaí teanga Iker i dtaca leis an téama seo leis an méid a luann Andoni thuas. Bhí dlúthbhaint ag straitéis dlisteanaithe Iker le sealbhú *Batua* agus an luach a shamhlaíonn sé leis an gcaighdeán do *euskaldunberriak* cosúil leis féin. Mar a

chonaithas i gcás Mark i gCaibidil 5 (féach mír 5.3.2.2.), tráchtann Iker anseo ar eiseamláirí teangeolaíocha ar *euskaldunberriak* iad. Dar leis gur labhair na cailíní seo *Batua* a bhí ‘an-chruinn’ agus ‘go hálainn ar fad’. Tá na mothúcháin dhearfacha a chuireann sé in iúl go follasach sa sliocht seo ina léiriú glé ar a eiseamláirí a bhí *Batua* na gcailíní sin i súile Iker. Spreagadh é chun iarracht níos mó a chur isteach an cruinneas céanna a bhaint amach agus a chuid féin a dhéanamh de *Batua*:

Iker: Bhí aithne agam ar thriúr cailíní as Gasteiz / *euskaldunberris* a bhí iontu agus bhí Bascais acu ... *Batua* ach / Bascais a chuir iontas an domhain orm / *Batua* ach // Bascais ar cuireadh an-obair isteach inti an-chruinn ar fad an-chruinn ar fad go hálainn ar fad / agus dúirt mé a dhiabhail sin é an *Batua* atá uaim ... *Batua* / déanta go maith / agus is teanga bhreá láidir é sin ... mar fuaimníonn sé chomh hálainn sin / agus dúirt mé bhuel foc é socróidh mé / iarracht a dhéanamh is cuma liom cá bhfuil mé ach táim chun obair a chur isteach i mo *Batua* agus mo chuid féin a dhéanamh / den teanga seo

Iker: *Conocía tres chicas de Gasteiz / que eran euskaldunberris y hablan un euskera ... un euskera Batua pero // un euskera que alucines / en euskera Batua pero // un euskera muy muy trabajado muy muy limpio muy muy limpio muy muy bonito / u dije joé ese es el euskera Batua que yo quiero ... el euskera Batua / hecho con éxito con / que es un idioma bien fuerte ... porque es precioso como suena / y dije pues voy a tomar la determinación de joder / hace el esfuerzo me doy igual donde esté pero voy a seguir trabajando mi Batua y voy a hacer / de este idioma*

Tógtar ar an téama céanna sa sliocht seo a leanas, áit a bpléann Iker an tréaniarracht a rinne sé le roinnt blianta anuas na spriocanna teangeolaíocha a leag sé amach dó féin a bhaint amach. Bíodh is go mbaineann deacrachtaí agus dúshláin leis an bpróiseas dlisteanaithe is cosúil go bhfuil sé sásta leis an dul chun cinn atá déanta aige. Déanann sé cur síos ar luach *Batua* do chainteoirí cathracha nach bhfuil *euskalki* (téarma Bascaise ar chanúint thraidisiúnta) acu. Is cosúil go mbreathnaíonn sé ar *Batua* mar uirlis thábhachtach dlisteanaithe do *euskaldunberriak* agus go mba cheart dóibh seilbh a ghlacadh ar an gcaighdeán agus a gcanúint féin a dhéanamh de le bród. Amhail rannpháirtithe na Gaeilge, aithníonn sé tábhacht na mbailte traidisiúnta i dtaca le seachadadh idirghlúine na Bascaise. Tagann a thuairimí maidir le tábhacht na gcathracha do thodhchaí na teanga leis an méid a chuir Seán in iúl faoin ‘réabhlóid’ atá ag titim amach i gceantair uirbeacha na hÉireann (féach mír 4.3.2.). Diúltaíonn sé go follasach d’idé-eolaíocht an chainteora dúchais agus maíonn sé nár cheart ‘coirpigh’ a dhéanamh de dhaoine nach bhfuil Bascais ar a dtoil acu go fóill ach a

dhéanann iarracht leis an teanga. Luann sé seanfhocal Bascaise ag deireadh an tsleachta a thagann leis an méid a luann Diarmuid i mír 5.3.2.3. faoin nGaeilge bhriste a bheith níos fearr ná an Béarla cliste – *euskararik onena hitz egiten dena* nó ‘is fearr Bascais bhriste ná Caistílis chliste’. Is cosúil go bhfuil an seasamh sin fréamhaithe in idé-eolaíocht an chaomhnaithe teanga agus míníonn sé go bhfuil duine ar bith a labhraíonn an Bhascais, beag beann ar a gcumas teangeolaíoch, ag déanamh gnímh ar son na teanga. Ar aon dul le Diarmuid, diúltaíonn Iker d’idé-eolaíocht na hÍonghlaineachta teangeolaíche:

Iker: Bhí sé deacair orm anois is arís níor éirigh liom nó / ach creidim anois tar éis dhá bhliain / ag obair go crua air nó anois déanaim iarracht gur / *Batua* a labhraím déanaim dearmad ar chorrbhriathar ach go mbeadh *Batua Batua* agam / ... táim ag iarraidh / *Batua* láidir a bheith agam creidim go / muintir na cathrach níl *euskalki* againn níl ár gcanúint Bhascaise / déanaimis cainteoirí Bascaise dínn le *Batua* déanaimis ar gcuid féin as bímis bródúil as laistigh de / phobal na Bascaise sé sin gan aon chineál inní / agus fios againn / más olc maith leo é go bhfuil an Bhascais ag bogadh ó na bailte beaga i dtreo na gcathracha mar na bailte beaga / tá sé tábhachtach go gcuirtear an teanga ar aghaidh ó ghlúin go glúin agus go leanfar leis sin ... sna cathracha luímid isteach air trí // gan coirpigh a dhéanamh d’aon duine a labhraíonn / an Bhascais go dona mar *euskararik onena hitz egiten dena* nó is fearr Bascais bhriste ná Caistílis chliste / tá sé sin foirfe / má labhraíonn tú Bascais tá tú ag déanamh gnímh ar son na Bascaise

Iker: *Alguna vez me ha costado se me ha escapado u / irme pero yo creo que ya dos años ya / trabajando duro con esto u ahora intento que sea / Batua se me puede escapar algun verbo pero que sea Batua Batua ... yo quiero que hacer fuerte / el Batua yo creo que es / la gente de la ciudad creo que / la gente de la ciudad que no tenemos un euskalki no tenemos un dialecto propio del euskera / euskaldarños de esto hacerlo propio y orgullecernos de ello dentro de / la comunidad euskera o sea sin ningun tipo de tapujo / y saber que / que les guste o no el euskera se va hacía las ciudades desde los pueblos porque los pueblos / hacen bien que sea transmisión generacional se está dando y se va seguir dando ... en las ciudades ponemos las pilas y las pilas vienen por // por no criminalizar a nadie que hable / mal el euskera porque euskararik onena hitz egiten dena o sea el euskera bueno es el que se habla no es el / perfectamente dicho / si hablas euskera ya estás haciendo un favor al euskera*

Diúltaíonn Diego don chanúint thraidisiúnta go follasach sa sliocht seo a leanas agus tagann an méid a deir sé le tuairimí Mark i dtaca le sealbhú na canúna Gaeltachta (féach mír 5.3.2.2.). Ar aon dul le Mark, níor shealbhaigh Diego canúint thraidisiúnta toisc nach mbeadh sé ‘nádúrtha’ ina chás féin ceal fréamhacha tíreolaíoch a le ceantair thraidisiúnta Bascaise. Tugann sé le tuiscint gur canúint bharántúil é *Batua* i gcás *euskaldunberriak* Bilbao agus toisc nach bhfuaimnítear fuaimeanna áirithe a shamhlaítear le canúintí traidisiúnta i measc chainteoirí na cathrach, ní theastaíonn uaidh iad a chur i bhfeidhm ar a urlabhra féin ach an oiread. Ceistíonn sé go follasach ag deireadh an tsleachta an bharántúlacht nádúrtha a shamhlaítear le *euskaldun zaharrak* agus is léir nach nglacann sé le sealbhú na canúna traidisiúnta mar an t-aon straitéis dlisteanaithe:

Diego: Déarfainn leat go bhfuil *Batua* agam sea sea ach *Batua* de chuid Bilbao // mar ní fhuaimnínm na ‘z’ eanna nó na ‘s’ eanna / d’fhéadfainn iad a úsáid dá mba mhian liom ach níl siad nádúrtha dom / na ‘z’ eanna agus na ‘s’ eanna mar ní fhuaimníonn aon duine anseo iad ... nílim chun na rudaí sin a dhéanamh d’fhéadfainn iad a dhéanamh ach bheadh sé deacair orm ... eh ansin tá rudaí / a deirtear liom i gcónaí faoin mblas freisin ... nach bhfuil blas agam / is téama eile ar fad é an blas ach deirtear go bhfuil blas Bilbao agam ... an gcaithfidh mé labhairt cosúil le muintir Ondarroa le go / le go nglacfar liom / go bhfuil Bascais mhaith agam?

Diego: *Te puedo decir sí yo hablo euskera Batua si pero un euskera Batua de Bilbao // porque yo no digo las zetas y las eses / pueda hacerlas si quiero pero no me sale natural / las zetas y las eses las hago porque nadie las hace aquí ... estas cosas no voy a hacer podría hacerlo si pero me costaría eh y luego siempre hay cosas que / me dicen también el acento ... que no tienes acento / luego el acento es otra tema aparte pero bueno tienes acento de Bilbao ... ¿que tengo que hablar como los de Ondarroa para / que me pueda aceptar / que estoy hablando bien?*

Sa chéad mhír eile pléim téama idé-eolaíochta a eile a bhfuil dlúthbhaint aige le ceisteanna barántúlachta agus dlisteanachta, is é sin coincheap na lipéad teangeolaíoch. Déanaim scagadh ar sheasaimh idé-eolaíoch a na rannpháirtithe i dtaca le catagóirí éagsúla a mbaintear úsáid astu i gcomhthéacs na Bascaise le rangú a dhéanamh ar chineálacha éagsúla cainteoirí – *euskaldunberri*, *euskaldun zaharra* agus *euskaldun*.

6.3. *Euskaldunberri, euskaldun zaharra nó euskaldun: teorainneacha doiléire teangeolaíocha*

Bíodh is go bhfuil bunús fada sóisialta faoi na catagóirí éagsúla a úsáidtear le rangú a dhéanamh ar chainteoirí na Bascaise (féach mír 1.2.3.), léirigh anailís ar shonraí na n-agallamh go bhfuil na teorainneacha idir na catagóirí doiléir agus póiriúil ar uairibh. Léiríodh an doiléireacht sin go glé san agallamh le Idoia agus d’fhéadfaí comparáid a tharraingt idir a taithí ag fás aníos in Bilbao agus taithí Choilm, ar tógadh le Gaeilge i mBéal Feirste é (féach mír 4.2.2.). Suimiúil go maith, diúltaíonn Idoia do lipéad an *euskaldunberri* agus cuireann sí síos uirthi féin mar *euskaldun zaharra*. Míníonn sí sa sliocht seo a leanas gur tógadh í leis an mBascais amháin cé gur cosúla gur theaghlach dátheangach a bhí ann toisc nach raibh ach Caistílis ag a hathair. Ag leibhéal na sochaí, is í an Chaistílis príomhtheanga mhórán an phobail i gcathair Bilbao. Tuairiscíonn 5.4% (46,679 duine) de dhaonra iomlán mhórchéantar Bilbao (857,748 duine) gurb í an Bhascais a ‘máthairtheanga’. 3.5% (29,777 duine) a mhaíonn gurb í an Bhascais príomhtheanga an teaghlaigh. Dar le 7.2% (62,049 duine) go n-úsáideann siad an Bhascais agus an Chaistílis araon sa bhaile (*Eustat* 2016). Cé gur fhreastail sí ar scoil lán-Bhascaise (*Modelo D*; féach mír 3.3.1.), is cosúil nár labhair sí an teanga lasmuigh de chomhthéacs an teaghlaigh toisc gurbh í an Chaistílis a d’úsáid a comhghleacaithe scoile:

Idoia: So I grow up in Basque and / what is strange in me is that eh I understand both but I don’t know why when I was a little child I don’t speak Spanish / I just speak Basque and / and then when I went to the school in Bilbo and I see that the children speak Spanish and what I do? oh the cool is Spanish so I start em / speaking Spanish because if not I am the strange [one] ... for me the Basque was the language of my house *o sea* and that’s it

Dealraíonn sé, fearacht Choilm, go raibh ar Idoia *muda* sóisialta a dhéanamh (féach mír 4.3.) chun comhthéacsanna nua a bhaint amach d’úsáid na Bascaise. Tráchtann sí sa sliocht seo a leanas ar thionchar chomhthéacs na hollscoile – agus téama na ceannairceachta (féach mír 4.3.3.) – ar an *muda* sóisialta sin, áit ar chuir sí aithne ar chainteoirí éagsúla Bascaise. Ar aon dul le rannpháirtithe na Gaeilge, tháinig méadú ar mhinicíocht úsáide na Bascaise leis an *muda* sóisialta agus dealraíonn sé gur imir sé tionchar ar a nósanna teanga leis na cairde a bhí aici ó bhlianta na scoile sa bhaile in Bilbao (an *cuadrilla*). Maíonn sí go dtuigeann na cairde sin a thábhachtaí atá an

Bhascáis do Idoia agus labhraíonn siad Bascáis léi anois, bíodh is gur Caistílís a labhraíonn siad lena chéile. Aithníonn sí an tréimhse sin mar phointe claochlaithe inar bhain sí saol sóisialta Bascaise amach den chéad uair. Thosaigh sí ag freastal ar imeachtaí de chuid EHE (*Euskal Herrian Euskaraz*) – eagraíocht teanga de chuid na heite clé a thacaíonn le cur chun cinn na Bascaise (féach Urla *et al.* 2018: 40) – agus ar *konpartsa* áitiúil. Is grúpaí sóisialta pobail iad na *konpartsak* a thagann le chéile go hiondúil le linn féilte áitiúla chun imeachtaí éagsúla a chur ar siúl. Bunaíodh an *konpartsa* a bhfuil Idoia agus Andoni páirteach ann, *Hau Pittu Hau*, in 1987 agus ba é an chéad *konpartsa* lán-Bhascaise in Bilbao:

Idoia: And then when I started university in Gasteiz / em / public university I started doing Basque philology Basque language / and then / then I change / and then I start / *bueno* Gasteiz university is very political leftist Basque / so there / I meet people from another villages that are Basque speakers and other dialects and I saw I started speaking Basque all the time / and with my *cuadrilla* ... that I met them in the *ikastola* / eh spoke with them in Spanish except one that is old Basque / and / when I start university I started changing that and nowadays ... my *cuadrilla* they speak with themselves in Spanish but to me and with me / like you are from my *cuadrilla* you speak to me in Basque

Stiofán: Ok / so before university you didn't speak Basque socially / it was just at home / that was it?

I: Yes / because I cannot see life could be ... in Basque / so em then I change that and I start going to EHE *Euskal Herrian Euskaraz* because like Andoni I wanted to go to an environment also to support Basque in Bilbo and my mother is also very {gáire} fighter in Basque em / and then also the the feminist group and now to the *konpartsa*

Cosúil le rannpháirtithe áirithe i gcomhthéacs na Gaeilge, ceanglaíonn Idoia cur chun cinn na Bascaise le cúiseanna forásacha eile sochpholaitiúla de chuid na heite clé. Spéisiúil go maith, ba i mBéal Feirste a chuir mé aithne ar Idoia ar an gcéad ásc agus í ag freastal ar fhéile Liú Lúnasa in iarthar na cathrach. Dhiúltaigh Idoia agus Ander an t-agallamh a dhéanamh trí mheán na Caistílise toisc gur cuireadh i gcrích é i gcaifé i bhfoirgneamh de chuid AEK (*Alfabetatze Euskalduntze Koordinakundea*), eagraíocht a bhfuil athneartú na Bascaise mar aidhm aici (féach Lantto 2018: 183). Ba léir a míchompord ag labhairt Caistílise lena chéile sa chomhthéacs áirithe sin.

Tagraíonn Idoia agus Andoni níos déanaí san agallamh do ‘dhíospóireachtaí’ reatha faoi na catagóirí teangeolaíocha. Ag tús an tsleachta seo maíonn Idoia go mbreathnaíonn *euskaldun zaharrak* ar *euskaldunberriak* mar dhroch-chainteoirí. Ceistíonn Andoni an seasamh sin, ámh, agus cuireann sé in iúl go gcaithfear an t-idirdhealú idir *euskaldunberriak* agus foghlaiméoirí Bascaise a dhéanamh:

Idoia: I think there is a debate also with *euskaldunberri euskaldun zaharra* I think ... the thing is that the eh *euskaldun zaharrak* the old Basque eh we see *euskaldunberriak* as // em // bad eh speakers and

Andoni: *Bueno* I think there are two things eh? ... people sometimes think that ... *euskaldunberri* is a person who / don't speak eh

I: Properly

A: Properly the person who have to think a lot eh *como yo ahora hablando en inglés* {cosúil liomsa anois ag labhairt i mBéarla} {gáire} and eh / this is not *euskaldunberri* this is a Basque eh learner this is a person who is still learning no? I think / but I think people confuse

Ceistíodh lipéad an *euskaldunberri* agus tairbhe na lipéad teangeolaíoch trí chéile le linn na n-agallamh. Chuir mé agallamh comhthéacsúil ar Edorta López agus mé i mbun obair pháirce in Bilbao i mí an Mheithimh 2018. Theastaigh uaim cur amach níos fearr a fháil ar chomhthéacs na teanga agus ar na heagraíochtaí éagsúla a fheidhmíonn ar a son. Is stiúrthóir é López ar an togra *Praktikatu* de chuid na heagraíochta teagaisc AEK. Tugann *Praktikatu* comhairle agus cuidiú do dhaoine a dteastaíonn uathu tograí nó grúpaí sóisialta Bascaise a bhunú ar mhaithe le deiseanna úsáide a sholáthar do phobail éagsúla. Dar le López, ní téarma tairbheach é *euskaldunberri* a thuilleadh toisc go samhlaítear cumas teanga níos laige le cainteoirí a ndéantar lipéadú orthu leis. Míníonn sé go n-úsáideann sé an téarma *euskaldun* toisc go n-aithníonn sé an iarracht atá curtha isteach ar an gcainteoir chun leibhéal ard líofachta a bhaint amach. D’fhéadfaí a mhaíomh, mar sin, go gceanglaítear luachanna barántúla iar-nádúrtha le coincheap an *euskaldun* agus go bhfuil an catagóir féiniúlachta sin insroichte d’aon duine a shealbhaíonn agus a úsáideann an Bhascais (Ortega *et al.* 2015: 96). De rogha air sin, dar le López go gcuireann lipéad an *euskaldunberri* in iúl go mbeidh an cainteoir ina *euskaldunberri* go deo agus, suimiúil a dhóthain, gur rud diúltach é sin.

Bíodh sin mar atá, ghlac rannpháirtithe áirithe féiniúlacht teanga an *euskaldunberri* chucu féin go follasach. Léiríodh idé-eolaíochtaí dearfacha i dtaca leis an téarma *euskaldun* chomh maith. Breathnaím ar na hidé-eolaíochtaí teanga sin sa chéad mhír eile.

6.3.1. ‘Is *euskaldunberri* bródúil mé’: idé-eolaíochtaí teanga i dtaca le lipéad an *euskaldunberri*

Tagann tuairimí Iker i dtaca le lipéad an *euskaldunberri* leis an méid a luann Edorta López thuas. Míníonn sé go mba mhaith leis dá n-imeodh lipéid ar nós *euskaldunberri* agus *euskaldun zaharra* as úsáid ach tá sé suntasach nach luann sé an téarma *euskaldun* san abairt chéanna. Bíodh sin mar atá, glacann sé lipéad an *euskaldunberri* chuige féin:

Iker: Ba bhreá liom dá n-imeodh na téarmaí sin ... ba bhreá liom dá mbeadh na téarmaí *euskaldunberri euskaldun zaharra* / cé go nglacaim chugam féin é / go rachaidh siad ar ceal laistigh de chúpla bliain

Iker: *Me gustaría que sean términos que se vayan oxidando ... me gustaría que el término euskaldunberri euskaldun zaharra / aunque lo reclamo / que sea algo que dentro de unos años ya no exista*

Tógann Iker ar an téama sin sa sliocht seo a leanas agus míníonn sé go mbraitheann sé ‘compordach’ laistigh de chatagóir an *euskaldunberri*. Ní rud diúltach ná maslach é, dar leis, agus aithníonn sé gur eascair an téarma as iarrachtaí athneartaithe teanga. Dealraíonn sé go samhlaíonn Iker barántúlacht iar-nádúrtha, atá fréamhaithe in iarracht fhéin-chomhfhiosach an chainteora, le stádas an *euskaldunberri*. Tugann sé le tuiscint go mbreathnaíonn sé ar phróiseas sealbhaithe *euskaldun zaharrak* mar phróiseas atá níos éasca i gcomparáid leis na dúshláin atá le sárú ag *euskaldunberriak*. Mar a luadh cheana, níor tugadh mothúcháin chomh tréan sin faoi deara i sonraí na Gaeilge agus nuachainteoirí ag labhairt faoina bpróisis shealbhaithe féin i gcomparáid le cainteoirí dúchais. Áitím go mothaíonn Iker agus rannpháirtithe eile níos cinnte faoina ndlisteanacht mar chainteoirí barántúla Bascaise toisc go samhlaíonn siad iarracht fhéin-chomhfhiosach, nó *ahalegina* mar a chuireann Ortega *et al.* (2016: 35) síos air, le lipéad an *euskaldunberri*. Spéisiúil go maith, murab ionann agus mo rannpháirtithe féin, dar le Urla *et al.* go bhfuil *ahalegina* i dtaca le húsáid na Bascaise níos coitianta i measc *euskaldunberriak* níos sine: ‘Older new speakers were more likely to ... describe their motivations to learn Basque as coming from a deliberate

commitment [*konpromisoa*] and conscious effort [*ahalegina*] to counter the marginalization of Basque' (2018: 35):

Iker: Creidim go / déarfainn go mbaineann sé go dlúth leis an gcomhthéacs anseo an dtuigeann tú? is é sin le rá chun an Bhascáis a athchruthú do dhaoine agus an chaoi a bhfuil sé ag athbheochan beagán le beartais teanga ó na / mothaím compordach leis an téarma *euskaldunberri* ní bhreathnaím air mar rud maslach / a dhiabhail *euskaldunberri* / glacaim chugam féin é sa chaoi / is gur theastaigh iarracht bhreise uaim is é sin le rá go bhfuil Bascáis agam gan gan / ní raibh sé de bhuntáiste ag aon duine againn gur labhraíodh Bascáis linn ó bhí muid óg / an scoil / sin an fhírinne / go raibh orm iarracht bhreise a dhéanamh

Iker: *Creo que ya / supongo que tendría que ver mucho con la situación de aquí ¿no? o sea como reinventar el euskera por tantos y como que está medio resurgiendo con políticas lingüísticas a partir de los / yo me siento cómodo dentro del término euskaldunberri no lo veo como algo despectivo / jo euskaldunberri // como lo reivindicaría en ese sentido de / de esfuerzo añadido es decir estoy hablando euskera sin sin que / nadie tenemos la facilidad de que nos han hablado desde pequeño / la escuela / es la verdad / como había yo que hacer un esfuerzo adicional*

Tá sé suntasach go mbreathnaíonn Iker ar an iarracht a rinne sé an Bhascáis a fhoghlaim mar ábhar bróid, seachas mar phróiseas lena mbaineann easpa barántúlachta. Tagann Arantza le tuairimí Iker agus míníonn sí go bhfuil sí 'bródúil' as a stádas mar *euskaldunberri*. Arís eile tugtar le tuiscint go mbreathnaítear ar phróiseas sealbhaithe an *euskaldun zaharra* mar cheann níos éasca ná próiseas an *euskaldunberri*. Ar aon dul le Iker, ní bhreathnaíonn Arantza ar lipéad an *euskaldunberri* mar théarma maslach ach mar rud dearfach a chuireann an 'dua' agus an iarracht a bhain le sealbhú na teanga in iúl:

Arantza: Is *euskaldunberri* bródúil mé / dá mbeinn i mo *euskaldun zaharra* / bheadh ríméad orm mar an turas ar fad a rinne mé / airgead am iarracht ní theastódh / an dua sin / chaithfinn an dua ar rud eicint eile / ach / is *euskaldunberri* bródúil mé / nílim cinnte conas é a rá i mo thuairim ní focal / maslach é / i mo thuairim is rud dearfach é / rinne mé é seo mar b'shin a mhothaigh mé / agus táim díreach chomh *euskaldun* leat / ach próiseas comhfhiosach a bhí ann domsa

Arantza: *Yo estoy orgullosa de ser euskaldunberri / si hubiera ser euskaldun zaharra / estaría super feliz porque todo el camino que he hecho / dinero tiempo esfuerzo no lo hubiera / tenido que invertirlo / hubiera invertir en otra cosa / pero / yo estoy*

orgullosa de ser euskaldunberri / es que no sé como decirlo para mí no es una palabra / despectiva / yo para mí es un valor en positivo / lo he hecho porque yo lo he sentido así / y soy igual euskaldun que tu / pero lo mio ha sido un proceso consciente

Tá sé suntasach go léiríonn Arantza féiniúlacht *euskaldun* chomh maith agus amhail coincheap an Ghaeil i gcomhthéacs na Gaeilge (féach mír 5.4.2.), d'fhéadfaí gur lipéad féiniúlachta é sin a sháraíonn idirdhealú an *euskaldunberri* – *euskaldun zaharrak*. Breathnaíonn Arantza uirthi féin mar chainteoir Bascaise atá chomh barántúil, dlisteanach le haon chainteoir eile. Déanaim anailís ar ghrúpfhéiniúlacht an *euskaldun* sa chéad mhír eile.

6.3.2. 'All of us are *euskaldun*': grúpfhéiniúlacht an *euskaldun*

Bhain rannpháirtithe na Bascaise úsáid as lipéad an *euskaldun* le cur síos a dhéanamh ar a bhféiniúlachtaí teangeolaíocha go minic le linn na n-agallamh. Thairis sin, baineadh úsáid as an lipéad le dlúthphairtíocht a léiriú le cineálacha cainteoirí Bascaise eile.

Murab ionann agus na rannpháirtithe a pléadh i mír 6.3.1., diúltaíonn Andoni do lipéad an *euskaldunberri* agus breathnaíonn sé air féin mar *euskaldun* amháin. Is cosúil go samhlaíonn sé cumas teanga níos airde le stádas an *euskaldun*. Léirítear an fhéiniúlacht theangeolaíoch Bhascach sa sliocht seo a leanas mar rud solúbtha a athraíonn le linn na conaire teangeolaíche de thoradh ghníomhúchán an chainteora féin:

Stiofán: And do you see yourself as *euskaldunberri* or *euskaldun* or *euskaldun zaharra*?

Andoni: *Euskaldun* because there are a lot of years ... *o sea* when I was at school I know only grammar but / but with seventeen with eighteen years I was / able to speak Basque so there are a lot of years speaking Basque

Chuir mé ceist den chineál céanna ar Sofía le linn an agallaimh. Is as Salamanca do mhuintir Sofía agus bhog siad go Barakaldo sular rugadh í. Is léir a thábhachtaí atá a fréamhacha *salmantita* do Sofía sa sliocht seo ach, san am céanna, mothaíonn sí go bhfuil fréamhacha láidre aici i dTír na mBascach chomh maith. Dealraíonn sé go mbreathnaíonn Sofía ar stádas an *euskaldun zaharra* mar rud nach bhféadfadh léi a bhaint amach toisc gurb í an Chaistílis teanga a tuismitheoirí. Cuireann sí in iúl go follasach, ámh, go mbreathnaíonn sí uirthi féin mar *euskaldun* agus go bhfuil sí an-bhródúil as an gcuid sin dá féiniúlacht:

Stiofán: Agus an dóigh leat gur *euskaldunberri* tú go fóill nó an mbreathnaíonn tú air mar phróiseas ... an féidir é sin a athrú?

Sofía: Níl a fhios agam / níl a fhios agam mar coinním mo fhréamhacha / is é sin le rá fréamhacha mo thuismitheoirí mo sheanthuismitheoirí mar is as an áit sin {Salamanca} do mo mhuintir ar fad mothaím go bhfuilim fréamhaithe sa dúiche sin agus sa dúiche seo chomh maith / ach *euskaldun zaharra* / an duine a bhfuil an Bhascais acu mar mháthairtheanga? bhuel / má ghlacaimid leis an sainmhíniú sin ní fhéadfainn a rá gur *euskaldun zaharra* atá ionam mar is cainteoirí Caistílise mo thuismitheoirí / ach an mothaím *euskalduna*? mothaím / go hiomlán / mothaím *euskalduna* mothaím *salmantita* chomh maith {gáire} an dá rud sea / tá sé cosúil le / creidim go bhfuil an áit as a dtagann tú / tábhachtach nach bhfuil? le go bhfeicfidh tú an áit a bhfuil tú ag dul / sea mothaím *euskalduna* agus an-bhródúil as sin / as a bheith *euskalduna*

Stiofán: *¿Y te sientes todavía euskaldunberri o lo ves como un proceso ... es algo que se puede cambiar?*

Sofía: *No sé / no sé porque las raíces las he mantenido / o sea las raíces de mis padres de mis abuelos porque toda mi familia es de allí {Salamanca} o sea yo me siento muy de la tierra de allí pero me siento muy de la tierra de aquí / o sea euskaldun zaharra ... ¿el que tiene el idioma materno euskera entonces? / si tomamos la definición así no puedo decir que soy euskaldun zaharra porque mis padres son castellanoparlantes / pero ¿sentirme euskalduna? sí / total / me siento euskalduna me siento salmantita también {gáire} las dos cosas sí / es como / creo que es importante mantener / de donde vienes ¿no? para ver adónde vas / si me siento euskalduna y me siento super orgullosa / de ser euskalduna*

Léiríonn Iñaki dearcadh den chineál céanna sa sliocht seo a leanas ach, suimiúil a dhóthain, míníonn sé go mbraitheann sé níos ‘*euskaldun*’ na muintir an *baserri*. Is focal Bascaise ar theach feirme é *baserri*. Mar aon le bailte ar nós Gernika, Ondarroa agus Mutriko, samhlaítear ceantair thraidisiúnta na teanga agus *euskaldun zaharrak* le ceantair tuaithe ina bhfuil *baserri* coitianta. Míníonn duine de rannpháirtithe Ortega *et al.*, mar shampla, nach *euskaldunberri* í a thuilleadh toisc gur phós sí fear tuaithe – ‘I’ve learned it from peasants, because my husband’s families come from that world’ (2015: 98). Ní thagann Iñaki le tuairim an rannpháirtí sin, ámh, a mhaíonn go mbraitheann an dlisteanacht ar ‘becoming part of rural or peasant Basque-speaking

networks' (*ibid.*). De rogha air sin, deir sé: 'I feel totally *euskaldun* I feel hundred percent *euskaldun* so // I feel more *euskaldun* than people who are from *baserri*'.

Faightear míniú ar an méid a luann Iñaki thuas sa sliocht seo a leanas, dar liom. I dtosach báire tráchtann sé ar cheist na lipéad agus deir sé gur *euskaldunberri* é, cé go bhfuil dearcadh an-diúltach aige i leith na lipéad teangeolaíoch. Léiríonn sé mífhoighne ina dhiaidh sin leis na catagóirí denártha. Dar leis go bhfuil gach cainteoir Bascaise ina *euskaldun* beag beann ar a gcúlra teangeolaíoch ná a bpróiseas sealbhaithe. Ceistíonn sé fiúntas lipéad an *euskaldunberri* toisc nach léir dó go ndéanann sé ionadaíocht ar chainteoirí Bascaise atá ag labhairt na teanga go gníomhach le blianta. Dealraíonn sé go n-eascraíonn frustrachas Iñaki as an mbarántúlacht a shamhlaítear le *euskaldun zaharrak* amháin go traidisiúnta, agus tarraingíonn sé ar idé-eolaíochtaí na barántúlachta iar-nádúrtha go soiléir ina insint agus é ag cáineadh *euskaldun zaharrak* a úsáideann an Chaistflis an t-am ar fad, nuair is ann do *euskaldunberriak* a labhraíonn an Bhascais amháin:

Stiofán: As someone who is now an expert Basque speaker and you speak Basque and you teach Basque would you still describe yourself as an *euskaldunberri*?

Iñaki: Yeah / I'm *euskaldunberri* because eh / but I hate that kind of when you say *euskaldunberri euskaldun zaharra*

S: Well that was my next question what do you think of the terms?

I: Yeah yeah yeah / because I think / all of us are *euskaldun* / it doesn't mind {matter} if you are eh *euskaldun* since you were born because your family is Basque and your mother tongue is Basque / or if you are *euskaldun* because you learn when you are eighteen or whatever so // for me all of us are *euskaldun* / and maybe you are *euskaldunberri* / when? first year? second year? there are a lot of *euskaldun zaharra* used to speaking in Spanish / eh or / and there are *euskaldunberri*s who speak the whole time in Basque / and I think *euskaldunberri* eh / most of us // hmm give more / eh it's more important Basque for us / than for people who has em always spoken Basque / because they don't really appreciate it / we made a big effort to learn the language / so eh when we got it we say oh! I got it so I can't leave it out / I have to keep on / you know / and they have always got it since they were three or four years so / or even earlier sometimes they don't realise / they don't realise that it's really a treasure what they have and what we have

Nochtann Iñaki tuairimí láidre i dtaca le *euskaldun zaharrak* agus dar leis go bhfuil an teanga níos tábhachtaí do *euskaldunberriak* a rinne iarracht fhéin-chomhfhiosach í a shealbhú. Ní léir, dar ndóigh, go bhfuil aon bhunús fíriciúil ag an méid a deir sé ach fós féin is sampla soiléir eile an meon atá aige i dtaca le barántúlacht an *euskaldunberri* ghníomhaigh gurb ann do shamhailteacha nua dlisteanachta atá fréamhaithe go dlúth in idé-eolaíocht na barántúlachta iar-nádúrtha.

Cé go molann Iñaki *euskaldunberriak* a bhaineann úsáid as an mBascais an t-am ar fad, léiríodh coimhlint idé-eolaíoch fíor-spéisiúil níos déanaí san agallamh i dtaca lena sheasamh féin i leith úsáid na Bascaise. Bíodh is go ndéanann sé cur síos air féin mar náisiúnaí Bascach, agus is léir a thábhachtaí atá an Bhascais mar shaintréith dá fhéiniúlacht phearsanta, tá sé suntasach go gcáineann sé sa sliocht seo a leanas *euskaldunberriak* a dhéanann iarracht a saol iomlán a chaitheamh trí mheán na Bascaise in Bilbao. Is cosúil go mbraitheann Iñaki go bhfuil féiniúlacht dhátheangach aige agus cuireann sé in iúl go bhfuil, dar leis, saibhreas ag baint leis an dátheangachas agus le húsáid ghníomhach na Bascaise agus na Caistílise araon. Is cosúil go dtaitníonn sé leis a bheith ag tarraingt ar na hacmhainní éagsúla teangeolaíocha atá aige i gcomhthéacsanna ar leith. Tá an friotal láidir a úsáideann sé le cur síos a dhéanamh orthu siúd a dhéanann rogha ghníomhach an Bhascais a úsáid i réimsí éagsúla dá saol an-suntasach – ‘ghetto’:

Iñaki: I would be happier if I could speak more Basque with more people because eh / that would mean that em more people can speak Basque / and sometimes / even if I love it / sometimes it is a kind of a relax when I speak Spanish because I work the whole day in Basque / and em / I’m a bilingual or trilingual person ... and my mother tongue is Spanish and I speak with my parents and with a lot of friends in Spanish / so sometimes it’s kind of relax ... there are people they they try to make their whole life in Basque but here in Bilbao it’s very difficult but it’s kind of weird to just read only newspaper in Basque always to hear the two or three broadcast companies in Basque and eh all the TV in Basque all the time in Basque and they go to a shop because they know that the shopkeeper can speak Basque or they go to a tavern because they know the bartender could speak in Basque and // it’s kind of ghetto {gáire} I like it sometimes but it’s like I’m a bilingual person so // and I always think it’s very rich to be bilingual because you can use both whenever you want

Léiríodh i mír 6.3.1. go bhfuil Arantza an-bhródúil as a stádas mar *euskaldunberri* toisc go léiríonn an lipéad sin, ina súile féin, an iarracht fhéin-chomhfhiosach a rinne sí chun an teanga a shealbhú. Lena chois sin, ámh, cuireann sí síos uirthi féin mar *euskaldun* sa sliocht sa a leanas. Deir sí gurb é an próiseas sealbhaithe an t-aon rud a idirdhealaíonn an *euskaldunberri* agus an *euskaldun zaharra* agus níl i gceist ach conairí éagsúla chun stádas an *euskaldun* a bhaint amach. Luann sí arís nach lipéad maslach ná diúltach é *euskaldunberri* bíodh is gurb ann don dearcadh sin agus go bhfuil luachanna dearfacha ag baint le *euskaldunberriak* agus *euskaldun zaharrak* araon. Amhail Iker, aithníonn sí an tábhacht a bhain le *euskaldun zaharrak* ó thaobh chaomhnú na teanga de. Teastaíonn *euskaldunberriak* chomh maith, dar léi, le go mbogfadh an teanga ar aghaidh:

Stiofán: Agus cad a cheapann tú faoi na téarmaí / *euskaldunberri euskaldun zaharra* ... an gceapann tú gur *euskaldunberri* thú go fóill nó an athraíonn sé sin i ndiaidh blianta ag foghlaim agus ag labhairt agus mar sin?

Arantza: Breathnaím orm féin mar *euskaldunberri* bhuel breathnaím orm féin mar *euskaldun* séard is mian liom a rá / ná *euskaldunberri euskaldun zaharra* / sin an chonair le teacht isteach ar an mBascais / i mo thuairimse an dtuigeann tú? ansin sea is ann do dhaoine ar fhuath leo *euskaldun zaharra euskaldun* / is *euskaldunberri* mé / is cuma liom beidh mé mar sin go deo agus thairis sin creidim go mbaineann rudaí dearfacha leo araon / chaomhnaigh an *euskaldun zaharra* an teanga agus thug siad leo í go traidisiúnta agus d'éirigh leo mar sa lá atá inniu ann tá sí againn / ach is léir murach *euskaldunberri* / ní bhogfadh an Bhascais ar aghaidh / is éard is mian liom a rá ná an dá rud tá / teastaíonn an *euskaldun zaharra* uainn teastaíonn an *euskaldunberri* uainn / ar an gcaoi sin is cuma liom gur *euskaldunberri* mé agus go bhfaighidh mé bás mar *euskaldunberri* mar d'fhoghlaim mé go comhfhiosach í

Stiofán: ¿Y que te parece los términos / *euskaldunberri euskaldun zaharra* ... tu crees que eres todavía *euskaldunberri* o se puede cambiar después de tantos años aprendiendo y hablando y tal?

Arantza: Yo me considero *euskaldunberri* pues me considero *euskaldun* quiero decir / *euskaldunberri euskaldun zaharra* es / el camino de acceder al *euskera* / de poder / para mí ¿eh? luego sí hay gente que oída el *euskaldun zaharra euskaldun* / yo soy *euskaldunberri* / yo tengo ningun complejo por serlo siempre lo cuenta además y creo que los dos tienen su valor positivo / el *euskaldun zaharra* lo ha conservado lo he traído por tradición ya conseguido por hoy en día podemos hablarlo / pero está claro

Caibidil 6: *Euskaldunberriak*

que sin euskaldunberri / el euskera no hubiera tirado para adelante / o sea quiero decir los dos tenemos / necesitamos al euskaldun zaharra necesitamos al euskaldunberri / en ese sentido a mí no se pone ningun complejo ser euskaldunberri y me moriré siendo euskaldunberri porque yo lo he aprendido a conciencia

Is suntasach an bhuaine a shamhlaíonn sí arís sa sliocht thuas lena stádas mar *euskaldunberri* toisc gurbh iarracht fhéin-chomhfhiosach a theastaigh uaithi chun an teanga a shealbhú. Tógtar ar an bpointe sin sa sliocht seo a leanas. Ceistítear idé-eolaíocht na barántúlachta nádúrtha arís agus Arantza ag maíomh nach ann do chainteoirí Bascaise atá níos *euskaldun* ná cainteoirí eile. Tá sé spéisiúil go gcuirtear in iúl arís eile go mbreathnaítear ar phróiseas sealbhaithe an *euskaldun zaharrak* mar cheann atá ‘níos fusa’. Léirítear a dhoiléire agus a sholúbtha atá na teorainneacha idir cineálacha cainteoirí éagsúla ag deireadh an tsleachta. Cé nach féidir le Arantza stádas an *euskaldun zaharra* a bhaint amach – agus ní léir go gcuireann sé sin isteach uirthi – breathnaíonn sí ar a páistí mar *euskaldun zaharrak* toisc go bhfuil sí á dtógáil le Bascais:

Arantza: Úsáidim í {an Bhascais} ar an gcaoi chéanna le duine ar bith agus thairis sin / níor bhronn aon duine orm í / throid mé le go mbeadh sí agam / mar sin an bhfuil tú chun a rá go bhfuil tú níos *euskaldun* ná mise? níl / táimid chomh *euskaldun* lena chéile / d’fhoghlaim tusa ar bhealach amháin / níos fusa / agus d’fhoghlaim mise í ar bhealach ní ba dheacra agus ní ba choinsiasaí / ach ar deireadh nílím níos / níl a fhios agam ní chuireann sé as dom / tá a fhios agam go gcuireann sé as do go leor *euskaldunberri* ach ní chuireann sé as domsa

Stiofán: Agus do pháistí mar sin an / *euskaldunberriak* nó *euskaldun zaharrak* iad mar / labhraíonn tusa leo i mBascais?

A: Go teoiriciúil / *euskaldun zaharra* atá iontu mar d’fhoghlaim siad sa mbaile is é sin le rá gurb í a máthairtheanga í / iadsan mar sin sea

Arantza: *Yo lo {el euskera} utilizo igual que tú y encima / a mi nadie me lo ha regalado / yo me lo peleado para tenerlo / entonces ¿me vas a decir que tu eres más euskaldun que yo? no / somos los dos igual euskaldunes / tu has aprendido por un camino / más fácil / y yo por uno más difícil y más consciente / pero al final ni yo soy más / no sé no me molesta / sé que hay mucha gente euskaldunberri que sí pero a mí no me molesta*

Caibidil 6: *Euskaldunberriak*

Stiofán: *Y tus hijos entonces son / euskaldunberriak o euskaldun zaharrak porque tu / hablas con ellos en euskera?*

A: *En teoría ya serían / euskaldun zaharra porque han aprendido en casa o sea es su lengua materna / entonces ellos sí*

Tugtar an doiléireacht a shamhlaíonn Diego leis na lipéid éagsúla teangeolaíocha faoi deara sa sliocht seo a leanas. Dar leis go gcuireann lipéad an *euskaldunberri* in iúl go bhfuil cumas teoranta Bascaise ag an gcainteoir go fóill. Dá bharr sin, ní bhreathnaíonn sé air féin mar chainteoir ‘*berri berri*’ – cainteoir go huile agus go hiomlán ‘nua,’ nó foghlaimeoir, b’fhéidir – toisc go bhfuil líofacht bainte amach aige, dar leis. Amhail Iñaki thuas, tugann Diego dúshlán don bharántúlacht nádúrtha a bhronntar ar *euskaldun zaharrak* fiú mura n-úsáideann siad an teanga go rialta. Dar leis go bhfuil *euskaldunberriak* gníomhacha, atá feasach faoi stádas na teanga, níos tábhachtaí do thodhchaí na Bascaise:

Diego: *Ní bhreathnaím orm féin mar fíoreuskaldunberri mar cuireann euskaldunberri in iúl / go / i mo thuairimse ceart go leor? / go // go dtugtar faoi deara nach / n-éiríonn go maith leo / i mBascais / go bhfuil sé deacair orthu agus go bhfuil sé de nós ag an duine sin a bheith ag labhairt Caistílise an dtuigeann tú? níl sé sin i gceist domsa is féidir liom labhairt / lá ar bith / thairis sin labhraím níos fearr ag meascadh an dá theanga / mar // eh / ansin euskaldun zaharra // dar ndóigh na téarmaí seo // go minic tá siad / euskaldun zaharra a / a bhfuil an Bhascais acu mar mháthairtheanga ní chiallaíonn sé sin go / n-úsáidfidh siad an teanga níos déanaí // d’fhéadfá a bheith chomh euskaldun zaharra agus is mian leat / ach ansin tagann tú go Bilbao agus ní labhraíonn tú ach Caistílis nó ó lá go lá ní labhraíonn tú ach Caistílis an dtuigeann tú? agus ar deireadh bíonn tionchar aige sin ar an teanga ... agus euskaldunberri gníomhach atá feasach faoin teanga / déanann siad níos mó ar son na teanga ná euskaldun zaharra*

Diego: *No me considero tampoco berri berri porque euskaldunberri tiene la etiqueta / de que / para mí ¿eh? / esto es // que se nota que no / se desenvuelve / bien en euskera / entonces le cuesta un poco que está más habitual a esa persona hablar en castellano ¿no? yo no tengo eso yo puedo hablar / un día como el otro / además puedo hablar mejor mezclando los dos idiomas / porque // eh / luego euskaldun zaharra // claro es que esos términos // muchas veces están como / un euskaldun zaharra que sí / o sea hablar como lengua materna pero eso no implica que luego / eh utiliza la lengua // puedes ser todo euskaldun zaharra que quieras / pero luego vienes a Bilbao y solo*

Caibidil 6: *Euskaldunberriak*

hablas castellano o tu día a día solo hablas castellano ¿no? y esto al final también influye la lengua ... igual euskaldunberri activo y con conciencia de la lengua / hace más por la lengua que un euskaldun zaharra

Sa sliocht deireanach seo, ceistíonn Diego arís idé-eolaíochtaí na barántúlachta nádúrtha agus lipéad an *euskaldun zaharra* é féin. Míníonn sé go maireann cainteoirí uile na Bascaise i gcomhthéacsanna sochtheangeolaíocha ina bhfuil an Chaistílis ina teanga shóisialta cheannasach. Toisc go mbíonn páistí dátheangach ó aois an-óg, agus go mbíonn luath-theagmháil acu leis an gCaistílis, dar leis nach bhfuil coincheap an *euskaldun zaharra* bailí a thuilleadh:

Diego: Bhuel domsa ceapaim go bhfuil sé beagán / sa lá atá inniu ann // cé cé // cé atá anois / iomlán ... cé nach bhfuil aon bhaint acu leis an gCaistílis ná leis an bhFraincis sa lá atá inniu ann? chomh luath agus a rugtar san ospidéal thú is cinnte go gcloiseann tú an dochtúir / ag labhairt Caistílise {gáire} an teilifís an raidió bíodh is go mbreathnaíonn tú ar *EITB* {teilifís na Bascaise} / nó go n-éisteanntú le *Euskal Irratia* {raidíó na Bascaise} amháin athróidh sé i gcónaí nach n-athróidh? mar sin ó aois an-óg tá gach páiste dátheangach // cén fáth go nglactar le daoine áirithe mar níos *euskaldun zaharra* ná daoine eile an dtuigeann tú? agus freisin an t-idirdhealú sin séard a dhéanfaidh sé ar deireadh ná / ar deireadh in Bilbao ní mhothóidh duine ar bith gur *euskaldun zaharra* iad in Barakaldo ní ann do *euskaldun zaharra* agus cónaím ann ní *euskaldun zaharra* mé mar sin níl Bascais mhaith agam agus mura bhfuil Bascais mhaith agam cén fáth a labhróinn í?

Diego: *Pero bueno a mí me parece ya un poco / hoy en día // que que // ¿quién es ya / totalmente ... quién es ajeno al castellano o al francés hoy en día? En el hospital ya según naces seguro que lo oyes el médico / está hablando en castellano quizás {gáire} la televisión la radio por mucho que quieras solo poner la EITB / y la Euskal Irratia siempre vas a cambiar ¿no? entonces los niños desde pequeños están bilingües todos // porque se considera a unos más euskaldun zaharras que otros ¿no? y también esta diferencia lo que hace al final es que / al final en Bilbao nadie se sienta euskaldun zaharra en Barakaldo no existe euskaldun zaharra y moro yo no soy euskaldun zaharra no voy a hablar bien y como no voy a hablar bien ¿para que habla?*

Diúltaíonn Diego gurb ann d'ordlathas barántúlachta i dtaca le cainteoirí éagsúla Bascaise. Ag deireadh an tsleachta tráchtann sé ar thionchar diúltach na scoilte dénártha idir *euskaldunberriak* agus *euskaldun zaharrak* orthu siúd nach cainteoirí dúchais iad atá i mbun sealbhaithe nó úsáide na Bascaise. Mura bhfréamhaítear an

bharántúlacht i dtréithe eile seachas an dúchas, dar leis, díspreagfar cainteoirí i suíomhanna uirbeacha nach ann do *euskaldun zaharrak* ná *euskalki* iontu. Mura bhfeiceann na cainteoirí sin gur féidir leo dlisteanacht a bhaint amach, ní labhróidh siad an Bhascais in aon chor.

6.4. Conclúid

Mar a leagadh amach i gCaibidil 1 (mír 1.4.1.), ba é príomhspríoc na caibidle seo ná an anailís ar shonraí na Bascaise a úsáid le tuiscintí níos doimhne agus níos saibhre a fhorbairt i dtaca le hidé-eolaíochtaí teanga rannpháirtithe na Gaeilge. Bhain an aidhm úd go háirithe le téamaí na barántúlachta agus na dlisteanachta. Dar ndóigh, is féidir tátal a bhaint as an anailís eimpíreach ar shonraí na Bascaise atá neamhspleách ar na haidhmeanna comparáideacha. Léiríodh go dtugtar dúshlán do dhlisteanacht *euskaldunberriak* mar chainteoirí barántúla Bascaise ar uairibh agus go bhfuil an dúshlán sin bunaithe ar dhíospóireachtaí faoi luach an chaighdeáin agus na canúna. Samhlaítear saibhreas agus gradam le canúintí traidisiúnta na Bascaise agus luaitear *Bizkaiera* (an chanúint thraidisiúnta is cóngaraí d'áit chónaithe na rannpháirtithe uilig) mar shampla de sin. Bíodh sin mar atá, d'aithin na rannpháirtithe luach *Batua* mar uirlis shealbhaithe agus mar leagan den teanga go bhféadfaidís seilbh a ghlacadh air agus a gcuid féin a dhéanamh de. Léiríodh chomh maith go raibh éagsúlacht tuairimíochta ag na rannpháirtithe i dtaca le coincheap an *euskaldunberri*. Samhlaítear luachanna difriúla, idir dhearfach agus dhiúltach, leis. I dtuairim rannpháirtithe áirithe, baineann barántúlacht agus dlisteanacht le stádas an *euskaldunberri* atá fréamhaithe in idé-eolaíochtaí an iar-nádúrachais. Is é sin le rá go gceanglaíonn siad gradam agus mothúchán an bhróid leis an stádas úd toisc go léiríonn sé an iarracht ghníomhach a theastaigh uathu chun é a bhaint amach. Cosnóidh mé tairbhe na comparáide sa chéad chaibidil eile (féach mír 7.2.4.) áit a ndéanfaidh mé mionscagadh ar na ceisteanna comparáideacha taighde a leagadh amach i mír 1.3.

Caibidil 7: Conclúid

7.1. Réamhrá

Staidéar sochtheangeolaíoch criticiúil a bhí sa tráchtas seo. Bhain mé úsáid as coincheap an nuachainteora (féach míreanna 1.2. agus 2.7.) mar lionsa anailíse le tuiscintí nua a fhorbairt i dtaca le *mudes* teangeolaíocha, idé-eolaíochtaí teanga agus féiniúlachtaí na rannpháirtithe taighde. Bhí sé mar aidhm agam leas a bhaint as comhthéacs na Bascaise, agus taithí *euskaldunberriak*, chun an anailís a rinne mé ar shonraí na Gaeilge a threisiú. Léirigh mé sna caibidlí anailíse an fheidhm a bhain mé as cur chuige Heller *et al.* (féach mír 3.4.3.3.) chun na sonraí a bailíodh sa ghort a eagrú, a ullmhú agus a úsáid chun na ceisteanna taighde a fhreagairt trí shúile na rannpháirtithe. Ar deireadh ar fad, dar ndóigh, ní mór tátail a bhaint as na céimeanna anailíse éagsúla: ‘you have to judge what mapping, tracing and connecting allow you to say in relation to your research questions, that is, about how and why language matters’ (2018: 116). Sa chaibidil dheireanach seo tarraingeoidh mé snáitheanna éagsúla na gcaibidlí anailíse le chéile. I dtosach báire, i mír 7.2., cuirfidh mé príomhchonclúidí agus tátail an tráchtais i láthair. Pléifidh mé tairbhí agus impleachtaí an tionscnaimh i mír 7.3. agus tabharfaidh mé aghaidh ar an mbearna eolais a líonadh leis an taighde seo. Leagfaidh mé amach srianta an tionscnaimh mar aon le moltaí i dtaca le conairí eile taighde i mír 7.4. Fillfidh mé ar mo sheasamh féin mar thaighdeoir agus mar chainteoir Gaeilge i mír 7.5.

7.2. Príomhthátail an tráchtais

Sa mhír seo fillfidh mé ar na ceisteanna taighde a chuir mé romham i mír 1.3. ceann ar cheann chun tátail a bhaint as an anailís eimpíreach a cuireadh i láthair i gCaibidlí 4, 5 agus 6. Bunaítear na tátail seo ar an diananailís a rinne mé ar shonraí na n-agallamh, mar aon le mo bhreathnóireachtaí féin sa ghort. Ina theannta sin, tarraingim comparáidí agus codarsnachtaí le taighde eile a pléadh i gCaibidil 2, áit ar rianaigh mé cúlra agus frámaíocht mo staidéir féin. Ar an gcaoi sin, dar liom, cosnaím stádas agus scóip na dtátail a bhainim as an taighde trí chéile.

7.2.1. Réamhmudes agus mudes sóisialta nuachainteoirí

Thug mé aghaidh ar an gceist taighde seo a leanas i gCaibidil 4:

Caibidil 7: Conclúid

- Cad a spreagann nuachainteoirí i dtreo na teanga? Is é sin le rá, cad iad na *mudes* teangeolaíocha a thiteann amach le linn a gconairí teangeolaíocha?

Ar cheann de phríomhthátail an tráchtais seo ná an t-idirdhealú go mba cheart a dhéanamh idir réamh*mudes* agus *mudes* sóisialta nuachainteoirí teangacha mionlaithe. Thaispeáin mé gurb ionann réamh*mudes* agus an chéad chéim i dtreo na foghlama nó pointí múscailte a chothaíonn idé-eolaíochtaí nua, dearfacha i leith na Gaeilge. Anuas air sin, léiríonn sonraí an taighde nach ionann réamh*muda* agus comhthéacsanna nua sóisialta lasmuigh den chomhthéacs institiúideach a bhaint amach d'úsáid na teanga. Thit an *muda* sóisialta sin amach níos déanaí ar chonairí teangeolaíocha na rannpháirtithe, faoi choinníollacha áirithe. Áitím, mar sin, go gcuireann an coincheap nua seo leis an tuiscint atá againn ar nuachainteoirí. Bhain tábhacht le réamh*mudes* na rannpháirtithe a rianú le go bhféadfaí na coinníollacha sochtheangeolaíocha as ar eascair nuachainteoirí gníomhacha, rialta a thuiscint.

Thug mé comhchosúlachtaí suntasacha faoi deara ar chonairí teangeolaíocha na rannpháirtithe, go háirithe i dtaca le tionchar na scoile agus múinteoirí 'spreagúla'. Ba é an réamh*muda* scoile an réamh*muda* ba mhinice agus ba shuntasá a d'eascair as an anailís cháilíochtúil. Dealraíonn sé gur bhain tábhacht nach beag le blianta scoile na rannpháirtithe. Cé nach rabhadar ag úsáid na teanga go sóisialta ag an bpointe sin, ba sa chomhthéacs institiúideach a shealbhaíodar bunchumas Gaeilge. Spreagadh meon dearfach i leith na Gaeilge le linn na scoile agus de réir a chéile cothaíodh spéis níos fairsinge i saol sóisialta na teanga. Bhí an réamh*muda* scoile agus Gaeltachta idircheangailte go minic ar chonairí na rannpháirtithe agus luadh sách rialta tréimhsí a caitheadh i gcoláistí samhraidh le linn na scoile mar mhórpoinní claochlaithe. Ba ann do réamh*mudes* teaghlaigh agus féiniúlachta chomh maith, cé nach raibh siad chomh suntasach céanna. Léirigh mé i gCaibidil 5 (féach mír 5.4.) gur soiléiríodh ról na Gaeilge i dtaca le féiniúlachtaí pearsanta na rannpháirtithe níos déanaí ar an gconair theangeolaíoch. Thit an fíorú féiniúlachta sin amach de réir agus na rannpháirtithe ag baint níos mó úsáide as an nGaeilge. Léiríonn coincheap an réamh*muda* nach bhfuil sa seomra ranga ach pointe tosaithe (Urla 2012: 139). Cuireann an coincheap, go háirithe faoi mar a bhaineann sé le *mudes* nuachainteoirí, le taighde eile ina n-aithnítear a lárnaí atá an spreagadh sóisialta do dhaltaí a shealbhaíonn bunchumas Gaeilge sa chóras oideachais (féach Ó Duibhir 2018, mar shampla).

Caibidil 7: Conclúid

Chuir mé coincheap an *muda* shóisialta i láthair mar phointe ag a mbaineann na rannpháirtithe úsáid shóisialta na Gaeilge amach den chéad uair lasmuigh den chomhthéacs institiúideach, nó den chomhthéacs teaghlaigh i gcás Choilm. D'aithin mé trí théama choincheapúla a chothaigh na *mudes* sóisialta: caidrimh agus comhthéacsanna, cúitimh agus ceannairceacht. Tháinig méadú ar mhinicíocht úsáide na Gaeilge leis an *muda* sóisialta agus ina theannta sin chothaigh sé mothúcháin dhearfacha go minic – sásamh, bród nó faoiseamh, mar shampla, go raibh úsáid shóisialta na Gaeilge bainte amach ag rannpháirtithe ‘faoi dheireadh’. Léiríodh go raibh na téamaí choincheapúla fite fuaite lena chéile go minic i gcothú na *mudes* sóisialta.

Chuir mé agallamh ar rannpháirtí amháin, Nora, a shealbhaigh an teanga go leibhéal C1 mar dhuine fásta agus í ag freastal ar ranganna Gaeilge. In ainneoin na cáilíochta oifigiúla sin, ámh, thug mé faoi deara le linn an agallaimh go raibh cumas an-teoranta Gaeilge aici agus d’iompaigh sí ar an mBéarla go minic. Nochtadh le linn an agallaimh nach raibh deiseanna d’úsáid shóisialta na Gaeilge bainte amach aici. Léiríodh dom an tionchar a bhí aige sin ar a cumas Gaeilge agus, níos tábhachtaí fós i dtaca le haidhmeanna taighde an tráchtais seo, ar a féiniúlacht mar chainteoir Gaeilge. I bhfocail eile, ní raibh an *muda* sóisialta déanta ag Nora go fóill. Toisc go mbreathnaím ar an *muda* sóisialta mar phointe ag a mbaineann an duine ‘stádas’ an nuachainteora amach, níor chuir mé an t-agallamh sin san áireamh san anailís cháilíochtúil. Ba léiriú glé é cás Nora, dar liom, ar a thábhachtaí atá coincheap an *muda* shóisialta más mian linn na coinníollacha sochtheangeolaíocha a chruthaíonn nuachainteoirí gníomhacha a thuiscint agus a chothú.

I dtaca le téama na ceannairceachta, a bhfuil dlúthbhaint aige le ceisteanna idé-eolaíochta, chonaic mé go raibh sé níos suntasaí mar spreagadh i measc rannpháirtithe arb as Béal Feirste dóibh nó a raibh roinnt ama caite acu sa chomhthéacs sin i mbun staidéir nó oibre. Go deimhin, léiríonn sonraí an tráchtais tionchar claochlaitheach Bhéal Feirste ar chleachtais agus ar idé-eolaíochtaí teanga rannpháirtithe áirithe. Tháinig an comhthéacs sin chun cinn go rímhínic agus pointí tábhachtacha ar chonairí teanga na rannpháirtithe á rianú acu. Níor léir dom gur shamhlaigh na rannpháirtithe tionchar chomh suntasach céanna leis na comhthéacsanna uirbeacha eile inar cuireadh faoi agallamh iad – Baile Átha Cliath agus Gaillimh. Dar ndóigh, baineann stair fhreasúrach leis an nGaeilge i mBéal Feirste agus áitím go bhfuil an meon

Caibidil 7: Conclúid

ceannairceach sin fós suntasach ar shlite nach bhfuil fíor i gcás Bhaile Átha Cliath ná na Gaillimhe (féach, mar shampla, de Brún 2016 agus Zenker 2013). Thug Aonghus, a bhfuil tréimhsí staidéir agus oibre caite aige i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste araon, léargas ar an gcodarsnacht chomhthéacsúil úd. Cuirim an sliocht seo i láthair sa chonclúid seo toisc go gceanglaítear téamaí éagsúla an *muda* shóisialta le chéile go glé, dar liom. Nascann Aonghus ceannairceacht phobal na Gaeilge in iarthar na cathrach leis an gcomhthéacs polaitiúil. I mí na Nollag 2016, chuir an tAire Pobal Paul Givan (DUP) deireadh le scéim sparánachta Líofa, ‘scéim a thug deis do 100 duine freastal ar ranganna Gaeilge samhraidh i nGaeltacht Dhún na nGall’ (Tuairisc.ie, 23 Nollaig 2016). Spreag cinneadh Givan cáineadh láidir agus d’eagraigh an grúpa feachtasaíochta An Dream Dearg agóid taobh amuigh d’oifigí a Roinne. Cuireadh an deontas ar fáil arís i mí Eanáir 2017:

64 Aonghus: Sílim go bhfuil rud éigin ar leith faoin cheantar sin in Iarthar agus Tuaisceart Bhéal Feirste / em toisc go bhfuil an timpeallacht iomlán ann tá an Chultúrlann an-tábhachtach dó sin fosta / mar freastalaíonn siad ar pháistí ar daoine fásta / em tá daoine an-díograiseach faoin Ghaeilge i mBéal Feirste ní chaithfidh tú amharc ar faoin / cinneadh a ghlac Paul Givan faoi na ... na sparántachta Líofa / *you know* bhí muid uilig ar an sráid taobh istigh de seachtain amháin agus ansin gur tugadh an t-airgead ar ais / *so* em / is b’fhéidir gurb é an rud is mó taobh amuigh tar éis na Trioblóidí gurb é sin gurb í sin an uirlis is mó / atá in úsáid ag an cheantar sin chun an cultúr a spreagadh ná an teanga

Ar an ábhar céanna, luaigh rannpháirtithe éagsúla tábhacht na Cultúrlainne ar Bhóthar na bhFál – áit ar reachtáladh Féile Liú Lúnasa – mar lárionad Gaeilge agus pobail. Dar le hAonghus go bhfuil pobal na Gaeilge i mBéal Feirste ‘an-díograiseach’ agus níos toilteanaí ná pobail eile dul i mbun agóidíochta nó feachtasaíochta agus, tábhachtach a dhóthain, is léir go mothaíonn sé muintearas leis an bpobal céanna. Míníonn sé gurb í an Ghaeilge ‘an uirlis is mó’ a úsáideann pobal Bhéal Feirste lena bhféiniúlacht chultúrtha a chur i láthair, dar leis, agus bhí rannpháirtithe eile den tuairim chéanna. Ba léir gur imir meon phobal na Gaeilge in Iarthar Bhéal Feirste tionchar nach beag ar *mudes* sóisialta na rannpháirtithe a chaith sealanna ann.

Thaispeáin mé le linn na hanailíse, agus nochtadh dom féin go pearsanta le linn na breathnóireachta, a thábhachtaí atá spásanna nua sóisialta na Gaeilge chun deiseanna úsáide, a chuidíonn lena bpróiseas dlisteanaithe, a chur ar fáil do nuachaintoirí (féach

Caibidil 7: Conclúid

mír 5.3.2.). Ligtear do nuachainteoirí caidrimh nua a chruthú sna spásanna sin agus ar uairibh éiríonn leo nascanna níos buaine agus níos leithne a chruthú le pobail na Gaeilge. Osclaítear doras, dar le Maria, agus, ar aon dul le hAonghus thuas, feictear ina hinsint na téamaí éagsúla coincheapúla a chothaíonn an *muda* sóisialta ag teacht le chéile:

68 Maria: Is mar gheall ar rudaí mar sin ar nós an G-Spota i mBéal Feirste nó ar nós Oireachtas na Samhna agus rudaí mar sin go bhfuil mé mar chuid de phobal na Gaeilge / ar dtús báire / *you know* ní níor / leaindeáil mé isteach ag gabháil *right* cá bhfuil an chéad agóid eile em / tháinig mé isteach mar gheall ar an saol sóisialta iontach a bhí ann / agus ansin ní raibh éalú ar bith ann ina dhiaidh sin / em *so* sílim gur sin an fáth go bhfuil rudaí ar nós an Pop Up Gaeltacht ... sílimse go bhfuil sin chomh tábhachtach mar gheall ar an doras a osclaíonn sé sin ... osclaíonn sé doras i leith rudaí eile a dhéanamh ar son na sochaí ar son an phobail ar son na teanga

Léiríonn insintí Aonghuis agus Maria, agus taighde an tráchtais seo trí chéile, an tábhacht a bhaineann leis an ngné mhothaitheach de shealbhú agus d'úsáid theangacha mionlaithe. Nochtadh le linn na hanailíse go bhfuil an ghné sin lárnach i gcothú an *muda* shóisialta agus, dá bharr sin, i gcruthú nuachainteoirí gníomhacha, tiomanta. Áitím go meallann spásanna sóisialta ina n-úsáidtear an teanga ar shlí nádúrtha, gan chuing, daoine i dtreo na teanga agus, tábhachtach a dhóthain, i dtreo na gcaidreamh a chruthaítear iontu le cainteoirí Gaeilge eile (Urla 2012: 147; Txepetx 1991). Freastalaíonn spásanna sóisialta neamhthraidisiúnta – PUG, clubanna CLG lán-Ghaeilge agus Féile Liú Lúnasa ina measc – ar réimse leathan cainteoirí lena mbaineann cumas éagsúil agus cúlraí ilchineálacha. Dóibh siúd le cumas níos teoranta sa teanga – nuachainteoirí ‘féideartha’ – d’fhéadfadh rannpháirtíocht rialta sna spásanna seo iad a spreagadh lena scileanna teanga a fhorbairt. Do nuachainteoirí gníomhacha, léirítear sa taighde seo a thábhachtaí atá na spásanna úd chun deiseanna rialta úsáide a bhaint amach agus chun a bhféiniúlachtaí mar chainteoirí Gaeilge a dhearbhu nuair a dhéantar an *muda* sóisialta. D’fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil nuachainteoirí uirbeacha ag brath ar na spásanna seo chun teagmháil a dhéanamh agus a choinneáil leis an nGaeilge i ndiaidh bhlianta na scoile. Ní mór pobal comhchainteoirí a bhfuil an cumas, an toil agus na deiseanna céanna úsáide acu a chur ar fáil le go ndéanfaidh siad siúd ar thit réamh*muda* amach ar a gconairí teangeolaíocha an *muda* sóisialta. Chuige sin, caithfear ‘saol eile’ na Gaeilge, mar a thug

Caibidil 7: Conclúid

rannpháirtithe áirithe air, a chur ar a súile do nuachaintoirí gníomhacha agus féideartha araon chun gaol na gcainteoirí gníomhacha le pobail na Gaeilge a threisiú agus chun spreagadh na gcainteoirí féideartha a mhéadú agus iad a mhealladh i dtreo na teanga, dar liom. Ba mhaith liom an focal scoir i dtaca le ról an tsaoil shóisialta i bhforbairt an chainteora a fhágáil le duine de na rannpháirtithe taighde, toisc go n-eascraíonn tátail an taighde seo as a n-insintí beathaisnéiseacha:

117 Seán: An rud atá ann tá sé ag an pointe seo anois ní smaoiním air / em ag forbairt / *just* aithním mé féin go cineál / fochoinsiasach / go bhfuil mé ag forbairt agus tá mise sásta a fhad is / fiú más focal amháin sa lá atá ann / *you know what I mean* a fhad is gur forbairt atá ann *like* tá mé sásta mar / tá mé i mo chónaí le [cara] chomh maith ... *it's like* achan soicind go bhfuil sé in ann seanfhocal a rá *he's got one* duit *like so* a leithéid mar sin *it's just* / tá sé deas mar sin an rud atá mé ag iarraidh a mhíniú le mo thuismitheoirí chomh maith / eh // go bhfuil sé *like* focain saol eile a bheith agat / i bhfírinne *it's like living two lives like* em tá saol an Bhéarla agam le mo theaghlach agus mo chairde a leithéid nach bhfuil Gaeilge acu / in éineacht leis an saol iomlán difriúil seo *like underground* focain {gáire} na Gaeilgeoirí *it's like* // tá sé *class* tá sé measartha *cool like*

7.2.2. Idé-eolaíochtaí teanga nuachaintoirí

D'fhiosraigh mé an cheist taighde seo a leanas i gCaibidil 5:

- Cad iad na hidé-eolaíochtaí teanga a léiríonn nuachaintoirí? Dhírigh mé go príomha ar idé-eolaíochtaí na rannpháirtithe i dtaca le ceisteanna barántúlachta agus dlisteanachta.

Léiríonn sonraí an taighde seo go mbíonn nuachaintoirí éiginnte faoina ndlisteanacht mar chainteoirí barántúla Gaeilge ar uairibh agus go dtarraingíonn siad ar dhioscúrsaí an easnaimh, go háirithe agus iad i mbun idirbheartaíochta le cainteoirí dúchais. Tá cainteoirí fíorchumasacha, cuid acu le tréithe de chanúintí traidisiúnta Gaeltachta ar a n-urlabhra, san áireamh anseo. Is cosúil go gcuireann na hidé-eolaíochtaí sin – atá fréamhaithe sa bharántúlacht nádúrtha (féach mír 2.5.1.) – srian ar úsáid na teanga ar uairibh ach nach bac rómhór iad i gcás rannpháirtithe an taighde seo. Sháraigh na rannpháirtithe taighde na dúshláin idé-eolaíochta seo ar bhealaí éagsúla.

I mír 5.2.1. rinne mé anailís ar nósanna teanga Mark agus Choilm leis an ngaol idir idé-eolaíochtaí agus cleachtais teanga na rannpháirtithe a fhiosrú. Léiríodh tionchar

Caibidil 7: Conclúid

idé-eolaíochtaí an nádúrachais ar úsáid na Gaeilge i gcás Mark agus na nósanna teanga a bhí aige le cairde ollscoile. De rogha air sin, taispeánadh in insint Choilm go bhféadfaí frith-idé-eolaíochtaí na barántúlachta iar-nádúrtha dúshlán éifeachtach a thabhairt do dhioscúrsaí an nádúrachais, agus do chinseal an Bhéarla mar theanga shóisialta, i gcomhthéacsanna áirithe. Áitím go léiríonn an taighde seo gur féidir leis na frith-idé-eolaíochtaí úd úsáid na teanga mionlaithe a (ath)normalú i suíomhanna ar leith (Armstrong 2012: 161).

Ar cheann de phríomhchonclúidí an tráchtais (féach mír 5.3.2.) ná go bhfuil múnlaí nua barántúlachta ag teacht chun cinn i measc nuachainteoirí Gaeilge. Bunaithe ar an anailís eimpíreach, áitím go bhfeidhmíonn idé-eolaíochtaí na barántúlachta iar-nádúrtha mar thairseach do nuachainteoirí atá i mbun próiseas leanúnach dlisteanaithe. Tarlaíonn sé seo ar bhealaí difriúla. Tharraing rannpháirtithe áirithe ar dhioscúrsaí an nádúrachais agus, i gcásanna áirithe, shealbhaigh siad canúint thraidisiúnta Ghaeltachta chun ardhumas teanga a léiriú agus chun iad féin a chur i láthair mar chainteoirí lánbharántúla Gaeilge. I gcásanna eile, diúltaíodh go hiomlán do dhioscúrsaí an nádúrachais, lena n-áirítear idé-eolaíocht an chainteora dúchais, idé-eolaíocht na canúna traidisiúnta, idé-eolaíocht na híonghlaineachta teanga agus dearthaí eisintiúlacha. I súile na rannpháirtithe sin, ba thábhachtaí ar fad an bhéim a chuir siad ar chruinneas gramadaí agus foghraíochta chun barántúlacht a bhaint amach mar chainteoirí Gaeilge. D'fhéadfaí a mhaíomh, mar sin, go bhfuil athmheasúnú leanúnach idé-eolaíoch á dhéanamh ar an gcaoi a n-úsáidtear an Ghaeilge sa tsochaí chomhaimseartha agus ar an luach ar fhoirmeacha teangeolaíocha.

Tharraing rannpháirtithe ar phointí éagsúla den chontanam idé-eolaíochta (féach Figiúr 5), mar sin, agus seasaimh éagsúla á nglacadh acu i dtaca le ceisteanna canúna agus cumais. Beag beann ar a seasaimh idé-eolaíochta, ámh, áitím go bhfeidhmíonn luachanna na barántúlachta iar-nádúrtha – gníomhúchán, toil agus iarracht fhéin-chomhfhiosach an chainteora – mar fhoinsé dlisteanachta do rannpháirtithe an taighde. Cuireann sé seo, dar liom, leis an bhfianaise go bhfuil coincheapa nua i dtaca leis an urlabhra ‘dhlísteanach’ ag teacht chun cinn i gcomhthéacs na Gaeilge (Ó Murchadha agus Ó hFearnáin 2018). Bíodh sin mar atá, is léir fós go mbreathnaítear ar an nGaeltacht agus ar urlabhra na Gaeltachta mar fhoinsé luachmhar theangeolaíoch, agus go bhfuil na hidé-eolaíochtaí teanga sin réasúnta buanfasach (*ibid.*). Dá bharr sin, ní féidir a mhaíomh go ndiúltaíonn rannpháirtithe an taighde don bharántúlacht

nádúrtha ina hiomláine. Is dúshlán do bharántúlacht an dúchais atá i gceist, dar liom, seachas diúltú glan do mhúnlaí stairiúla, traidisiúnta na teanga. D’aithin na rannpháirtithe taighde luach na Gaeltachta agus na gcanúintí traidisiúnta, ach d’aithin siad san am céanna an ról atá ag nuachainteoirí cosúil leo féin i gcomhthéacs comhaimseartha na Gaeilge. Ní gá go mbeadh an éiginnteacht idé-eolaíochta seo ina constaic do nuachainteoirí na Gaeilge, dar liom. Léirítear sa taighde seo go bhfuil an nádúrthas sochtheangeolaíoch á cheistiú i gcomhthéacs na Gaeilge, agus míníonn Woolard go gcruthaíonn athshamhlú barántúlachta den chineál seo dúshlán agus deiseanna araon do chainteoirí Catalóinise toisc nach léir a thuilleadh cad is ‘normal language’ ann (2016: 304). Más féidir na dúshlán a shárú, mar a rinne rannpháirtithe an taighde seo, táim den tuairim gurb amhlaidh atá na deiseanna i gcás nuachainteoirí na Gaeilge, gníomhacha agus féideartha araon.

7.2.3. Féiniúlachtaí nuachainteoirí

Toisc go bhfuil dlúthbhaint ag idé-eolaíochtaí agus féiniúlachtaí teanga lena chéile, rinne mé anailís ar fhéiniúlachtaí na rannpháirtithe i gCaibidil 5 chomh maith. Chuige sin, chuir mé romham an cheist taighde seo a leanas:

- Cad iad na féiniúlachtaí a thuairiscíonn na rannpháirtithe a bheith acu, agus cén ról atá ag an nGaeilge ina n-idirbheartaíocht féiniúlachta?

Bheartaigh mé anailís a dhéanamh ar dhá ghné de mhórhéama na féiniúlachta i mír 5.4. Bíodh is gur cuireadh síos ar thábhacht na Gaeilge i dtéarmaí doiléire, éiginnte ar uairibh, áitím go mbreathnaíonn na rannpháirtithe ar úsáid na teanga mar shaintréith thábhachtach dá bhféiniúlachtaí pearsanta. Áitím go ndéantar fíorú nó soiléiriú leanúnach ar an bhféiniúlacht sin de réir agus iad ag baint níos mó úsáide as an nGaeilge i gcomhthéacsanna sóisialta – is é sin le rá nuair a dhéanann siad *muda* sóisialta (féach mír 4.3.). D’fhéadfaí cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas dlisteanaithe sin i dtéarmaí na féiniúlachta tionscnaimh a pléadh i mír 2.4.

I dtaca le ceisteanna grúpfhéiniúlachta, áitím gur léirigh anailís na caibidle seo go bhfuil athghabháil agus athmhúnlú á dhéanamh ar an bhféiniúlacht Ghaelach i measc nuachainteoirí Gaeilge. Tá bunús na féiniúlachta sin fréamhaithe in úsáid ghníomhach na teanga agus, thairis sin, i luachanna forásacha sochpholaitiúla ar leith. Ina theannta sin, is cosúil go samhlaíonn na rannpháirtithe féiniúlacht na nGael le nuachainteoirí uirbeacha agus cainteoirí dúchais Gaeltachta araon. Tá an tiomantas agus an

Caibidil 7: Conclúid

gníomhúchán a cheanglaíonn rannpháirtithe áirithe leis an bhféiniúlacht Ghaelach suntasach chomh maith, dar liom. D'fhéadfaí a mhaíomh gurb ionann an 'choimitmint' a dtagraíonn Jaffe (2015: 29) di agus í ag rianú shaintréithe féiniúlachta nuachainteoirí agus an tiomantas a shamhlaíonn na rannpháirtithe taighde, ar nuachainteoirí iad, dar ndóigh, leis an bhféiniúlacht Ghaelach. Áitím go léiríonn sonraí an tráchtais go bhféadfaí na múnlaí féiniúlachta seo a fhrámú i bparaidím na barántúlachta iar-nádúrtha. Is tábhachtach iad na múnlaí seo do theanga mhionlaithe a bhfuil nuachainteoirí de dhíth uirthi chun pobail urlabhra a chinntiú amach anseo.

Luadh i mír 1.1. gur theastaigh uaim aistear teanga na rannpháirtithe a shiúl leo sa tráchtas seo. Agus mé ag breathnú siar, is cosúil gur ghlac na rannpháirtithe taighde an Ghaeilge chucu féin ar an aistear sin agus nach mbaineann ceann scríbe an aistir le stádas teibí, stairiúil a shamhlaítear le tréimhse ar leith roimh an iompú teanga. Faoi mar a léirigh mé sa tráchtas seo, tharla fíorú féiniúlachta i cás na rannpháirtithe de réir agus iad ag baint úsáid níos minice as an nGaeilge sa chomhthéacs sóisialta. Baineann an fíorú féiniúlachta sin le leibhéal an duine agus an ghrúpa araon. I dtaca leis an bhféiniúlacht Ghaelach, taispeánadh nach gá go mbeadh fréamhacha ag an duine in áit nó i gcultúr ar leith chun an Ghaeilge a shealbhú ná chun na cultúir a shamhlaítear leis an nuaphobal Gaelach a shealbhú ach an oiread. D'fhéadfaí cur síos a dhéanamh ar an múnla féiniúlachta sin mar 'a post-natural, goal-orientated understanding of personal and community authenticity' (Woolard 2016: 302). Ar aon dul le straitéisí dlisteanaithe na rannpháirtithe (féach mír 5.3.2.) tá dlisteanacht na roghanna féiniúlachta a tháinig chun cinn sna hagallaimh bheathaisnéiseacha fréamhaithe sa bharántúlacht iar-nádúrtha agus an teanga in úsáid ar bhealaí nua agus i gcomhthéacsanna nua. Dá bharr sin, d'fhéadfaí duine ar bith seilbh a ghlacadh ar an nGaeilge agus ar an bhféiniúlacht Ghaelach beag beann ar a gcúlra tíreolaíoch, a n-oidhreacht, a gcreideamh, a náisiúntacht, a gcine ná a ngnéasacht (Ó hIfeárnáin 2018; Armstrong 2019; de Mórdha 2019). Is argóint í seo a chuir Máirín Nic Eoin roimpi roinnt blianta ó shin chomh maith. Tacaíonn sonraí an tráchtais seo lena dearcadh siúd, agus is dócha go gcuireann siad bonn sochtheangeolaíoch faoin méid a mhaíonn sí:

D'fhéadfaí a mhaíomh gurb í an ghné is lárnaí d'fhéinfhéasacht an Ghaeilgeora lánfhasta (sa Ghaeltacht nó taobh amuigh di) ná go bhfuil iarracht chomhfhiosach agus streachailt shíoraí i gceist – gur snámh in aghaidh easa é an teanga a úsáid mar ghnáthmheán cumarsáide agus caidrimh. B'fhéidir gurb shin eithne lárnach na

Caibidil 7: Conclúid

féiniúlachta Gaelaí sa lá atá inniu ann, agus ní aon dílseacht don sean-nós ná don cheol traidisiúnta ná do chleachtais chultúrtha áitiúla (2011: 129).

Áitím go bhfuil an fhéiniúlacht Ghaelach inchurtha le féiniúlacht *euskaldun* i gcomhthéacs na Bascaise, agus sa chéad mhír eile cuirim na tátail a bhain mé as an anailís ar idé-eolaíochtaí teanga *euskaldunberriak* i láthair chun gné chomparáideach an tráchtais a chomhlíonadh.

7.2.4. An ghné chomparáideach - *euskaldunberriak*

Chun aidhmeanna comparáideacha an tráchtais a chomhlíonadh, thug mé aghaidh ar na focheisteanna taighde seo a leanas i gCaibidil 6:

- Cén seasamh idé-eolaíoch atá ag na rannpháirtithe i dtaca lena stádas mar chainteoirí barántúla, dlisteanacha Bascaise?
- Cén dearcadh atá acu i leith choincheap an *euskaldunberri*?
- An bhfuil cosúlachtaí nó éagsúlachtaí idir idé-eolaíochtaí teanga nuachainteoirí agus *euskaldunberriak*? Is ann do choincheap an *euskaldunberri* i dTír na mBascach le blianta fada. Ní hamhlaidh atá i gcomhthéacs na Gaeilge. An imríonn leitheadúlacht an téarma tionchar ar *euskaldunberriak* agus iad i mbun idirbheartaíochta lena bhféiniúlachtaí teanga?

Léiríodh i gCaibidil 6, dar liom, an tairbhe anailíse a bhain le comparáid a dhéanamh idir idé-eolaíochtaí teanga nuachainteoirí agus *euskaldunberriak* sa tráchtas seo. Mar a chonacthas i míreanna éagsúla na caibidle, ghlac rannpháirtithe na Bascaise seasaimh idé-eolaíochta éagsúla i dtaca le ceisteanna barántúlachta agus dlisteanachta. Den chuid is mó, ar aon dul le rannpháirtithe na Gaeilge, d'fhéadfaí na seasaimh úd a thuiscint de réir idé-eolaíochtaí na barántúlachta iar-nádúrtha. Dar liom go raibh an pharaidím bharántúlachta sin i bhfad ní ba fhollasaí i gcomhthéacs na Bascaise toisc gurb ann do dhíospóireachtaí faoi choincheapa agus faoi chatagóirí éagsúla teangeolaíochta atá níos soiléire ná mar atá i gcomhthéacs na Gaeilge. Bíodh is go raibh dearcachaí éagsúla ag na rannpháirtithe i dtaca leis an gcoincheap, is ann do lipéad an *euskaldunberri* le fada an lá sa dioscúrsa poiblí i dTír na mBascach. In ainneoin laigí nó srianta an choincheapa, áitím go dtairgeann sé uirlis shéimeantach thairbheach le dul i ngleic le mórcheisteanna barántúlachta agus dlisteanachta. Bíodh is go ndiúltaítear dóibh go minic, feidhmíonn catagóirí féiniúlachta an *euskaldunberri*, an

euskaldun zaharra agus an *euskaldun* mar fhráma tagartha do chainteoirí atá i mbun idirbheartaíochta lena bhféiniúlachtaí teanga féin. Léiríonn sé sin, dar liom, na deiseanna agus na dúshláin araon a bhaineann le teacht chun cinn an choincheapa le roinnt blianta anuas i ndioscúrsa poiblí na Gaeilge. Dealraíonn sé go bhféadfaí an argóint chéanna a dhéanamh faoi thábhacht *Batua* i measc rannpháirtithe na Bascaise. Fearacht rannpháirtithe na Gaeilge, aithníodh saibhreas agus luach teangeolaíoch na gcanúintí traidisiúnta. In ainneoin sin, bhí rannpháirtithe sásta an caighdeán labhartha a ghlacadh chucu féin go muiníneach, beag beann ar na dúshláin a tugadh dá ndlisteanacht i gcomhthéacsanna éagsúla, agus a gcanúint bharántúil, ‘nádúrtha’ féin a dhéanamh de. Is dócha go mbaineann sé sin go dlúth le bunús láidir institiúideach *Batua*. Ar aon dul le coincheap an *euskaldunberri*, agus cé gur aithníodh laigí nó srianta le *Batua* ar uairibh, is léir a thábhachtaí atá sé agus na rannpháirtithe i mbun próiseas leanúnach dlisteanaithe atá fréamhaithe sa ghníomhúchán agus san iarracht fhéin-chomhfhiosach. Dar liom nár tugadh faoi deara dioscúrsaí na héiginnteachta ná an easnaimh chomh suntasach céanna i gcomhthéacs na Bascaise toisc go gcuireann *Batua* múnla nó sprioc teangeolaíoch níos cinnte ar fáil do *euskaldunberriak*.

I dtaca le ceist na féiniúlachta, áitím go bhféadfaí comparáidí a tharraingt idir úsáid an téarma *euskaldun* i measc *euskaldunberriak* agus an téarma ‘Gael’ i measc nuachainteoirí. Léiríodh i mír 5.4.2. go mbaineann rannpháirtithe na Gaeilge úsáid as an lipéad féiniúlachta ‘Gael’ agus coincheap an tsaoil Ghaelaigh ar bhealach a cheanglaíonn bunús na féiniúlachta sin le sealbhú agus le húsáid ghníomhach, thiomanta na Gaeilge, beag beann ar chúlra an chainteora. Dealraíonn sé go samhlaítear an ghrúpfhéiniúlacht sin le nuachainteoirí uirbeacha agus cainteoirí dúchais Gaeltachta araon. Is amhlaidh atá, dar liom, i gcomhthéacs na Bascaise i dtaca le hidé-eolaíochtaí teanga na rannpháirtithe i leith choincheap an *euskaldun*. Breathnaítear uirthi mar fhéiniúlacht a sháraíonn na scoilte dénártha idir *euskaldunberriak* agus *euskaldun zaharrak* agus a bhronnann dlisteanacht mar chainteoirí barántúla Bascaise ar dhaoine de chúlraí agus de chonairí teangeolaíocha ilghnéitheacha. Le filleadh ar fhriotail Iñaki, ‘all of us are *euskaldun*’.

7.3. An bhearna eolais a líonadh agus impleachtaí an taighde

Mhíniigh mé i mír 1.4 gur theastaigh uaim cur le coincheap an nuachainteora ar thrí bhealach éagsúla leis an tráchtas seo. Bhain mé na tátail a pléadh i míreanna 7.2.1. –

Caibidil 7: Conclúid

7.2.4. as an anailís eimpíreach ar shonraí nuachainteoirí agus *euskaldunberriak* agus, chuige sin, áitím gur comhlíonadh na haidhmeanna teoiriciúla a leag mé amach. Líonadh bearna eolais i dtaca le nuachainteoirí Gaeilge ar bhealach cuimsitheach, suntasach leis an tráchtas seo. Dar liom

- go ndearna mé forbairt ar choincheap an *muda* theangeolaíoch trí choincheapa nua an réamh*muda* agus an *muda* shóisialta a chur i láthair i gcomhthéacs na Gaeilge;
- gur thaispeáin mé go bhfuil tuiscintí nua i dtaca le téamaí na barántúlachta agus na dlisteanachta ag teacht chun cinn i gcomhthéacs na Gaeilge. Léirigh mé go bhfuil na tuiscintí sin, a bhfuil tionchar nach beag acu ar nuachainteoirí na teanga, bunaithe ar shamhailteacha barántúlachta iar-nádúrtha
- gur chuir mé, ar bhealach nach ndearnadh go nuige seo sa taighde ar nuachainteoirí teangacha mionlaithe, le miontuiscintí idirchomhthéacsúla i dtaca le nuachainteoirí agus *euskaldunberriak*.

Aithníim an dúshlán atá á thabhairt do mhúnlaí barántúlachta a fhréamhaítear sa dúchas nó sa rud a shamhlaítear a bheith ‘nádúrtha’ mar shnáithe a cheanglaíonn na tátail a leagam amach thuas. Baineann deiseanna agus deacrachtaí araon leis an dúshlán sin, dar liom, do nuachainteoirí Gaeilge agus do nuachainteoirí i gcomhthéacsanna teangacha mionlaithe eile chomh maith. Ní dúshlán acadúil, teoiriciúil atá i gceist, dála na ndúshlán a phléim i mír 2.6., ach dúshlán a bhaineann go dlúth le cleachtais agus le hidé-eolaíochtaí na gcainteoirí atá ag feidhmiú i gcomhthéacsanna sochtheangeolaíocha atá i mbun síorathraithe. Is ann, mar sin, do phróisis phearsanta agus do choinníollacha sóisialta a chruthaíonn nuachainteoirí gníomhacha. Ar cheann de mhórimpleachtaí an tráchtas seo ná go bhféadfadh leis na tátail cuidiú le lucht beartais na próisis agus na coinníollacha sin, mar aon leis na bacanna atá le sárú ag nuachainteoirí, a aithint. Áirím mar lucht beartais oideachasóirí agus na hinstiúidí ina ndéantar an Ghaeilge a theagasc, tuismitheoirí, áisíneachtaí stáit agus, tábhachtach a dhóthain, na heagraíochtaí agus grúpaí sóisialta pobalbhunaithe a bhí mar shuíomhanna taighde an tráchtas. Léiríonn sonraí an tráchtas gur féidir leo siúd a chuireann spásanna sóisialta nua d’úsáid na Gaeilge ar fáil tionchar claochlaitheach a imirt ar nuachainteoirí na teanga, d’uireasa tacaíocht stáit go minic.

Caibidil 7: Conclúid

Más láthair thábhachtach í an scoil le réamh*mudes* a chothú, ní mór oiliúint na múinteoirí a bhfuil ag obair iontu a chinntiú, ní hamháin ó thaobh chaighdeán na Gaeilge de ach maidir lena bhfeasacht shochtheangeolaíoch agus lena gcumas dul i bhfeidhm ar dhaltaí de chúlráí teangeolaíocha éagsúla. Ba thairbheach na deiseanna agus na dúshlán a bhaineann le teanga mhionlaithe a shealbhú agus a úsáid a chur ar a súile. Dá luaithe a nochtar ‘saol eile’ na Gaeilge do dhaltaí is ea is fearr é.

Má bhreathnaímid ar an *muda* sóisialta mar phointe ag a mbaineann duine stádas an nuachainteora amach, ní mór straitéisí nó idirghabhálacha a fhorbairt a éascóidh an *muda* sóisialta ar bhonn níos minice i measc fhoghlaimeoirí agus nuachainteoirí féideartha na teanga. Áitím go bhféadfaí na hidirghabhálacha sin a mhunlú bunaithe ar na téamaí coincheapúla a aithníodh i mír 4.3. Is iad na caidrimh nua a chruthaíonn daoine i gcomhthéacsanna nua bunús an *muda* shóisialta. Is ann do spásanna sóisialta d’úsáid na Gaeilge ar fud an oileáin ach ní mór a chinntiú go bhfuil daoine feasach ina dtaobh agus, níos tábhachtaí fós, go bhfuil rochtain ag daoine orthu. D’fhéadfadh ról lárnach a bheith ag institiúidí oideachais i dtaca le ceist na feasachta agus na rochtana. Ag leibhéal na hollscoile, cuir i gcás, d’fhéadfaí modúl ‘sóisialta’ a fhorbairt i gcomhpháirt le spásanna Gaeilge áitiúla nó le cumainn Ghaelacha na n-ollscoileanna a bheadh riachtanach do mhic léinn a thugann faoi chéim sa Ghaeilge. Bheadh rannpháirtíocht na mac léinn i spásanna sóisialta Gaeilge ina dlúthchuid den mhodúl seo. Ar an gcaoi sin, chruthófaí muintearas le cainteoirí agus le pobail Ghaeilge éagsúla. Thairis sin, shamhlófaí cúitimh phearsanta agus gairmiúla níos soiléire le húsáid ghníomhach, thiomanta na Gaeilge. Mar a chonacthas i gcás rannpháirtithe an taighde seo, ar uairibh cothaíonn úsáid na teanga meon ceannairceach ina leith agus saol sóisialta na Gaeilge ag cur na ndúshlán atá le sárú ag an teanga in iúl do nuachainteoirí. Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh na nuachainteoirí céanna – idir fhéideartha agus ghníomhacha – go bhfuil úinéireacht acu ar an nGaeilge agus go bhfuil ról lárnach acu i dtodhchaí na teanga chomh maith. Tá téama na ceannairceachta nasctha go dlúth le frith-idé-eolaíochtaí na barántúlachta iar-nádúrtha, ar féidir leo úsáid na teanga a éascú i gcás nuachainteoirí agus nascanna féiniúlachta níos dlúithe a chothú ina measc. Más ann do thuiscintí nua i dtaca le barántúlacht agus dlisteanacht an chainteora i gcomhthéacs na Gaeilge, mar a léiríonn an taighde seo, ní mór iad a chothú ar bhealach níos follasaí agus níos straitéisí. Ar an ábhar sin, b’fhiú go mór breathnú ar chomhthéacs na Bascaise agus an chaoi a maolaíonn *Batua* dioscúrsaí na

héiginnteachta i measc *euskaldunberriak*. Cuireann an caighdeán labhartha múnla canúna soiléir ar fáil dóibh ar féidir leo seilbh a ghlacadh air. Luadh i mír 2.5.4. na hiarrachtaí a rinneadh lárchanúint Ghaeilge a bhunú agus dar liom go bhfuil ‘prionsabail neamhtheangeolaíocha’ na lárchanúna fíor-spéisiúil nuair a chuirtear i gcomparáid iad le hidé-eolaíochtaí *euskaldunberriak* i dtaca le *Batua*. Is iad sin, mar a leagann Ó Baoill amach iad: inghlacacht, comhthuiscint, infhoghlamacht agus buaine (1986: 13). D’fhéadfaí a mhaíomh, dar liom, go n-éascódh ‘Lárchanúint’ de chineál éigin próiseas dlisteanaithe nuachainteoirí na Gaeilge.

7.4. Srianata an tionscnaimh agus conairí eile taighde

Ní mór dom chomh maith srianata agus teorainneacha an tsaothair seo a aithint. Ar cheann de thairbhí na hanailíse i gcomhthéacs na Gaeilge ná gur bunaíodh é ar mo bhreathnóireachtaí féin i spásanna sóisialta d’úsáid na teanga, mar aon le sonraí na n-agallamh beathaisnéiseach. Léiríodh le linn na hanailíse, dar liom, a thábhachtaí a bhí an próiseas breathnóireachta a leagadh amach i mír 3.4.1. Trí aithne a chur ar na rannpháirtithe sna comhthéacsanna sóisialta ina mbaineann siad úsáid as an nGaeilge, bhí mé in ann an méid a dúirt siad faoina gcleachtais teanga sna hagallaimh a dheimhniú. Mhínigh mé i mír 3.4.2. gur chuir mo chumas teoranta Bascaise srian ar an obair pháirce sa chomhthéacs sin go pointe. Dá bharr sin, agus de dheasca cúinsí ama is praiticiúla eile, shíl mé nach mbeinn in ann breathnóireacht chuimsitheach den chineál céanna a dhéanamh i gcomhthéacs na Bascaise. Mar sin, ba ag brath ar insintí na rannpháirtithe amháin a bhí mé. Bíodh sin mar atá, léirigh mé thuas gur bhain luach agus tábhacht anailíse leis na hinsintí sin chun tuiscintí níos doimhne a fhorbairt maidir le nuachainteoirí Gaeilge. Beag beann ar na srianata modheolaíochta, comparáid bhailí, thairbheach a bhí ann.

Áitím gur éirigh liom sampla ilghnéitheach nuachainteoirí agus *euskaldunberriak*, le cúlraí agus conairí éagsúla, a aimsiú do na hagallaimh. Bíodh sin mar atá, níor chuir mé ach rannpháirtí amháin faoi agallamh nár fhreastail ar an ollscoil. Aithnítear a thábhachtaí atá an comhthéacs ollscoile i dtaca le *muda* sóisialta nuachainteoirí teangacha mionlaithe (féach mír 2.7.2.). Bhainfeadh tairbhe nach beag le níos mó anailíse a dhéanamh ar chonairí nuachainteoirí a dhéanann *muda* sóisialta d’uireasa na hollscoile agus na ndeiseanna labhartha sóisialta a sholáthraíonn an comhthéacs úd. Bhainfeadh an anailís sin go dlúth le ceisteanna níos leithne aicme agus acmhainní.

Caibidil 7: Conclúid

Dar ndóigh, ar iliomad cúiseanna, níl sé d’acmhainn ná de rogha ag an-chuid daoine oideachas tríú leibhéal a fháil. Beag beann ar a éagothroime atá an easpa rochtana sin ar bhonn sóisialta, ní mór a chinntiú nach ndúntar amach ó ‘shaol na Gaeilge’ siad siúd nach bhfreastalaíonn ar an ollscoil ach an oiread.

Ar deireadh, ní mór dom aghaidh a thabhairt ar choincheap an nuachainteora féin. Leag mé amach i mír 1.2. an úsáid a bhaineann mé as an gcoincheap le linn an tráchtais seo mar lionsa anailíse seachas mar lipéad beacht teangeolaíoch. Aithním mar sin féin gur úsáid mé an coincheap ar bhealach straitéiseach le cur síos a dhéanamh ar na rannpháirtithe taighde agus le rangú a dhéanamh orthu le linn chéim anailíse na mapála. Ní mór a shoiléiriú nach ionann sin agus a rá go mbeadh na rannpháirtithe iad féin sásta an lipéad teangeolaíoch sin a úsáid le cur síos a dhéanamh orthu féin. Phléigh mé i mír 2.7. a achrannaí atá ceist an lipéadaithe agus leagadh amach mórcheist a chuireann O’Rourke *et al.* faoinár mbráid i dtaca le coincheap an nuachainteora: ‘Why New Speaker when Speaker will do?’ (2019: 27).

Aithníonn na húdair sin a thairbhí atá ‘New Speaker’ mar lionsa anailíse nuair atá sé mar aidhm ag taighdeoirí patrúin shochtheangeolaíocha a bhaineann le hathneartú agus beartas teanga a aithint – is é sin le rá i gcomhthéacsanna, ar nós chomhthéacsanna na Gaeilge agus na Bascaise, dar liom, nach ndéanann coincheap an ‘Speaker’ cúis go hiomlán (*ibid.*). Ina theannta sin, ámh, áitíonn siad nach mbaineann an fónamh céanna leis an gcoincheap nuair is ceisteanna sóisialta, seachas teangeolaíocha atá á bhfiosrú. Ar an ábhar sin, moltar go bhféadfaí ‘New Speaker’ a chealú agus ‘Speaker’ a úsáid mar chatagóir anailíse ann féin. Tugtar ‘a sociolinguistics of the speaker’ ar an gcur chuige sin sa tuarascáil chéanna (2019: 27).

Ní aontaím go hiomlán le scaoileadh na haidiachta ‘nua’ ón gcatagóir anailíse. Bíodh is gur feiniméin shóisialta seachas theangeolaíocha a bhí faoi chaibidil sa tráchtas seo, áitím go léiríonn an taighde, agus na comparáidí idirchomhthéacsúla a tharraing mé idir nuachainteoirí agus *euskaldunberriak*, go mbaineann fónamh leis go fóill agus cainteoirí nach gcloíonn le múnlaí stairiúla, traidisiúnta á bhfiosrú. Mar a léiríodh sa phlé ar chur chuige na sochtheangeolaíochta criticiúla eitneagrafaíche i gCaibidil 3, tá ceisteanna sóisialta agus teangeolaíocha fite fuaite lena chéile ar iliomad bealaí. Beag beann ar an lipéadú *straitéiseach* a dhéantar ar chainteoirí le mórcheisteanna

Caibidil 7: Conclúid

sochtheangeolaíochta criticiúla a fhiosrú, tagaim leis na húdair chéanna nuair a scríobhann siad:

[New speaker] research was not about producing a new taxonomy of speakers, but about understanding the political economy of speaker categorisation in specific contexts, and hence shedding new light on how language participates in struggles over access to resources (*ibid.*).

Tagann na haidhmeanna sin leis an tsochtheangeolaíocht chriticiúil trí chéile (féach mír 2.2.). I gcomhthéacs na Gaeilge, áitím go mbainfeadh deiseanna teoriciúla agus beartais araon le fócas taighde ar nuachainteoirí na teanga sna blianta amach romhainn, go háirithe anois agus an coincheap ag teacht isteach de réir a chéile i ndioscúrsa poiblí na Gaeilge. Ní mór aghaidh a thabhairt ar na deiseanna, na díospóireachtaí agus na dúshláin éagsúla a chothaítear i measc *cainteoirí uilig* na Gaeilge dá bharr sin. Breathnaím ar an tráchtas seo mar chéim amháin i dtreo na dtuiscintí úd.

Tá lipéad an nuachainteora ag teacht chun cinn mar chatagóir *emic* agus níos mó agus níos mó cainteoirí Gaeilge ag dul i ngleic leis an gcoincheap ar shlite éagsúla. Féach i bhFigiúr 8, mar shampla, íomhá a foilsíodh ar an iris chultúir ar líne NÓS i mí na Samhna 2018. Mar chuid de chartún le healaíontóir darbh ainm Ciaraíoch, cuirtear an nuachainteoir samhailteach seo i láthair mar fhear uirbeach, meánaicmeach. Dealraíonn sé go bhfuil an nuachainteoir seo fós i mbun shealbhú na Gaeilge agus aip foghlama teanga ar an nguthán aige:



Figiúr 8 (féach <https://nos.ie/cultur/dearadh/fukal-nock-rev-egg-on-aher-paddar/>)

Agus pobail na Gaeilge ag dul i ngleic le coincheap an nuachainteora ar bhealaí éagsúla, mar atá tarlaithe i dTír na mBascach le fada an lá, ní mór anailís chuimsitheach, leanúnach a dhéanamh ar na himpleachtaí a bheas aige sin ar cheisteanna barántúlachta agus dlisteanachta. Bhainfeadh tairbhe nach beag, dar liom, le hanailís chuimsitheach a dhéanamh ar na dioscúrsaí sin chun samhailteacha nua barántúlachta, agus na dúshláin a thugtar dóibh, a scrúdú ar shlí níos leithne agus níos uileghabhálaí, faoi mar atá déanta ag Woolard (2016) i gcomhthéacs na Catalóine.

7.5. Focal scoir

I mír 1.7. phléigh mé mo sheasamh pearsanta mar thaighdeoir atá ina chainteoir Gaeilge agus a thábhachtaí atá an t-aisfhillteachas i dtaighde eitneagrafaíoch den chineál seo. Mhínigh mé i mír 3.3. gur imir an obair pháirce tionchar nach beag ar mo chonair phearsanta agus theangeolaíoch féin. Agus mé ag breathnú siar ar obair an tsaothair seo trí chéile, tugaim faoi deara go bhfuil mé anois i bhfad níos gníomhaí, ar bhonn sóisialta, mar chainteoir Gaeilge ná mar a bhí ceithre bliana ó shin agus obair an tráchtais ina tosach. Chuir mé aithne ar chainteoirí éagsúla Gaeilge agus thosaigh mé ag imeascadh i ngréasáin agus i bpobail nua d'úsáid na teanga agus an obair pháirce ar bun agam. Bhí mé gníomhach i mbunú Ghaeil na Gaillimhe CLG i mo bhaile dúchais agus, bíodh is go mbaineann dúshláin leanúnacha phearsanta agus shochtheangeolaíocha le spás sóisialta Gaeilge a chur ar fáil in áit a bhfuil an Béarla iomlán ceannasach mar theanga, is ábhar bróid dom na hiarrachtaí a dhéanann baill an chumainn ó sheachtain go seachtain. I mír 4.3. agus thuas i mír 7.2.1., aithníodh saintréithe an *muda* shóisialta. Go hiondúil baineann méadú i minicíocht úsáide na Gaeilge leis agus an cainteoir ag labhairt na teanga le daoine nua i gcomhthéacsanna nua sóisialta. Cothaíonn siad mothúcháin dhearfacha ar nós an bhróid agus an tsásaimh i gcainteoirí a bhaineann amach saol sóisialta nua, trí mheán na Gaeilge, ‘faoi dheireadh’. Samhlaítear cúitimh phearsanta is ghairmiúla leis an *muda* sóisialta chomh maith, agus go minic bíonn tionchar ag meon ceannairceach na gcainteoirí air. Aithníonn cainteoirí stádas leochaileach na teanga mionlaithe agus déanann siad iarracht ghníomhach, ar bhealaí éagsúla, athruithe sochtheangeolaíocha a chothú lena n-iompar teangeolaíoch féin. Más iad sin saintréithe an *muda* shóisialta, táim lánchinnte go ndearna mé féin *muda* sóisialta an-phearsanta, agus stádas an *nuachainteora* bainte amach agam, a bhuí le hobair an tráchtais seo.

Saothar a ceadáíodh

An Phríomh-Oifig Staidrimh. (2017) *Torthaí Achoimre Dhaonáireamh 2016 – Cuid 1 Sliocht faoin nGaeilge & faoi Cheantair Ghaeltachta*. Corcaigh: An Phríomh-Oifig Staidrimh.

Amorrortu, E. (2003) *Basque Sociolinguistics: Language, Society and Culture*. Reno: University of Nevada Press.

Angrosino, M. agus Rosenberg, J. (2011) ‘Observations on Obsevation: Continuities and Challenges’. In: Denzin, N.K. agus Lincoln, Y.S. (eag.) *The SAGE Handbook of Qualitative Research (4th edition)*. Los Angeles: Sage: 467-478.

Appadurai, A. (1996) *Modernity at Large: Cultural Dimensions of Globalization*. Minneapolis: University of Minnesota Press.

Armstrong, T. (2012) ‘Establishing new norms of language use: the circulation of linguistic ideology in three new Irish-language communities’. In: *Language Policy* 11: 145-168.

Armstrong, T. (2018) ‘An nádúrachas agus cainteoirí Ghaeilge na hAlban’. In: Ó hIfearnáin, T., agus Walsh, J. (eag.) *An Meon Folaithé*. Baile Átha Cliath: Cois Life: 133-157.

Armstrong, T. (2019) ‘Why I decided to become a Gael’. Ar fáil ag: <https://drilseach.net/2019/07/06/why-i-decided-to-become-a-gael/>

Atkinson, D. (2018) ‘New Speakers and Linguistic Practices: Contexts, Definitions, and Issues’. In: Smith-Christmas, C., Hornsby, M., Moriarty, M. agus Ó Murchadha, N. (eag.) *New speakers of minority languages: linguistic ideologies and practices*. Londain: Palgrave MacMillan: 271-282.

Azurmendi, M.J, Bachoc, E. agus Zabaleta, F. (2001) ‘Reversing Language Shift: The Case of Basque’. In: Fishman, J. (eag.) *Can threatened languages be saved?* Clevedon: Multilingual Matters.

Bauman, Z. (2000) *Liquid Modernity*. Cambridge: Polity Press.

Berg B.L. agus Lune, H., (2014) *Qualitative Research Methods for the Social Sciences (8th Edition)*. Edinburgh: Pearson.

Blommaert, J. (1999) ‘The debate is open’. In: Blommaert, J. (eag.) *Language Ideological Debates*. Beirlín/Nua Eabhrac: Mouton de Gruyter: 1-38.

Blommaert, J. (2007) ‘Commentaries: On scope and depth in linguistic ethnography’. In: *Journal of Sociolinguistics* 11 (5): 682-688.

Blommaert, J. agus Dong, J. (2010) *Ethnographic Fieldwork – A Beginner’s Guide*. Briostó: Multilingual Matters.

Blommaert, J. agus Verschueren, J. (1998) ‘The Role of Language in European Nationalist Ideologies’. In: Schieffelin, B.B., Woolard, K.A. agus Kroskrity, P. (eag.) *Language Ideologies: Practice and Theory*. New York: Oxford University Press: 189-210.

- Boland, R. (2016) ‘Broadside: Can anybody truthfully say that Irish is a necessary language?’ [ar líne]. In: *The Irish Times*, 30 Bealtaine 2016. Ar fáil ag: <https://www.irishtimes.com/life-and-style/people/broadside-can-anybody-truthfully-say-that-irish-is-a-necessary-language-1.2663495>
- Bourdieu, P. (2005) ‘Algerian Landing’. In: *Ethnography* 5 (4): 415-443.
- Breathnach, R. (1947) *The Irish of Ring, Co. Waterford*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn.
- Bryman, A. (2016) *Social Research Methods (5th Edition)*. Oxford: Oxford University Press.
- Bucholtz, M. (1999) “‘Why be normal?’: Language and identity practices in a community of nerd girls’. In: *Language and Society* 28: 203-223.
- Bucholtz, M. (2000) ‘The politics of transcription’. In: *Journal of Pragmatics* 32: 1439-1465.
- Bucholtz, M. (2003) ‘Sociolinguistic nostalgia and the authentication of identity’. In: *Journal of Sociolinguistics* 7 (3): 98–416.
- Bucholtz, M. agus Hall, K. (2009) ‘Language and Identity’. In: Duranti, A. (eag.) *A Companion to Linguistic Anthropology*. Oxford: Blackwell Publishing: 369-394.
- Busch, B. (2016) ‘Methodology in biographical approaches in applied linguistics’. In: *Working Papers in Urban Language and Literacies* 187: 1-12.
- Canagarajah, S. (2006) ‘Ethnographic Methods in Language Policy. In: Ricento, T. (eag.) *An Introduction to Language Policy: Theory and Method*. Oxford: Blackwell Publishing: 153-169.
- Carty, N. (2018) ‘New Speakers, Potential New Speakers, and Their Experiences and Abilities in Scottish Gaelic’. In: Smith-Christmas, C., Hornsby, M., Moriarty, M. agus Ó Murchadha, N. (eag.) *New speakers of minority languages: linguistic ideologies and practices*. Londain: Palgrave MacMillan: 253-270.
- Castells, M. (2010) *The Information Age: Economy, Society and Culture. The Power of Identity (2nd Edition)*. Malden: Blackwell.
- Cenoz, J. (2009) *Towards multilingual education: Basque educational research from an international perspective*. Briostó: Multilingual Matters.
- Chambers, J.K. agus Trudgill, P (1998) *Dialectology (2nd edition)*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Ciriza, M. (2012) ‘Basque natives vs. Basque learners: The construction of the Basque speaker through satire’. In: *Discourse, Context and Media* 1: 173-182.
- Comhairle na hEorpa (2001) *A Common European Framework of Reference*. Strasbourg: Comhairle na hEorpa.
- Costa, J. (2015) ‘New Speakers, new language: on being a legitimate speaker of a minority language in Provence’. In: *International Journal of the Sociology of Language* 231: 127-145.

- Creswell, J.W. (2013) *Qualitative Inquiry & Research Design (3rd Edition)*. Los Angeles: Sage.
- Creswell, J.W. agus Creswell, D., (2018) *Research Design: Qualitative, Quantitative & Mixed Methods Approaches (5th Edition)*. Los Angeles: Sage.
- Creswell J.W. agus Miller, D.L. (2000) 'Determining Validity in Qualitative Inquiry'. In: *Theory Into Practice* 39 (3): 124-130.
- Crotty, M. (1998) *The Foundations of Social Research: Meaning and Perspective in the Research Process*. Londain: Sage.
- de Bhaldraithe, T. (1945) *The Irish of Cois Fharraige*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn.
- de Brún, F. (eag.) (2006) *Belfast and the Irish Language*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press.
- de Búrca, S. (1958) *The Irish of Tourmakeady*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn.
- de Mórdha, D. (2019) 'Gael is ea Gael, is Cuma dubh, bán nó riabhach' [ar líne]. In: *Tuairisc.ie*, 28 Eanáir 2019. Ar fáil ag: <https://tuairisc.ie/gael-is-ea-gael-is-cuma-dubh-ban-no-riabhach/>
- de Saussure, F. (1916) *Course in General Linguistics*. Aistrithe ag Baskin, W. In: Bally, C., Sechehaye, A. agus Riedlinger, A. (eag.) *Course in General Linguistics*. Nua Eabhrac: McGraw Hill Book Company.
- Davies, A. (2003) *The Native Speaker: Myth and Reality*. Clevedon: Multilingual Matters.
- Davies, C.A. (2008) *Reflexive ethnography: a guide to researching selves and others (2nd edition)*. Nua Eabhrac: Routledge.
- Doerr, N. M. (eag.) (2009) *The Native Speaker Concept: Ethnographic Investigations of Native Speaker Effects*. Beirlín/Nua Eabhrac: Mouton de Gruyter.
- Dorian, N. (1994) 'Purism vs. Compromise in Language Revitalization and Language Revival'. In: *Language in Society* 23 (4): 479-494.
- Dunmore, S. (2014) *Bilingual life after school? Language use, ideologies and attitudes among Gaelic-medium educated adults*. Tráchtas PhD, Oilthigh Dhùn Èideann (neamhfhoilsithe).
- Dunmore, S. (2018) 'New Gaelic Speakers, New Gaels? Ideologies and Ethnolinguistic Continuity in Contemporary Scotland'. In: In: Smith-Christmas, C., Hornsby, M., Moriarty, M. agus Ó Murchadha, N. (eag.) *New speakers of minority languages: linguistic ideologies and practices*. Londain: Palgrave MacMillan: 23-44.
- Edwards, J. (2009) *Language and Identity*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Eusko Jaurlaritza (2016) *VI Encuesta Sociolingüística: Comunidad Autónoma de Euskadi*. Donostia: Viceconsejería de Política Lingüística.
- Eustat (2016) *Población de la C.A. de Euskadi por ámbitos territoriales, lengua materna y lengua hablada en casa. 2016* [Ar líne]. Donostia: Euskal Estatistika Erakundea. Ar fáil ag:

http://www.eustat.eus/elementos/ele0014700/Poblacion_de_la_CA_de_Euskadi_por_ambitos_territoriales_lengua_materna_y_lengua_hablada_en_casa/tbl0014754_c.html

Eustat (2018) *Alumnado matriculado en enseñanzas de régimen general no universitarias en la C.A. de Euskadi por territorio histórico y nivel de enseñanza, según titularidad del centro y modelo lingüístico. Avance de datos 2018-19* [ar líne]. Donostia: Euskal Estatistika Erakundea. Ar fáil ag:

http://www.eustat.eus/elementos/ele0002400/Alumnado_matriculado_en_enseñanzas_de_régimen_general_no_universitarias_en_la_CA_de_Euskadi_por_territorio_historico_y_nivel_de_enseñanza_según_titularidad_del_centro_y_modelo_lingüístico_Avance_de_datos_2018-19/tbl0002427_c.html

Féile na Gealaí (2016) ‘Fúinn’. Ar fáil ag: <http://www.feilenagealai.ie/fúinn>

Fishman, J.A. (1991) *Reversing language shift: theoretical and empirical foundations of assistance to threatened languages*. Clevedon: Multilingual Matters.

Fishman, J.A. (1999). ‘Concluding Comments’. In: Fishman, J.A. (eag.) *Handbook of Language and Ethnic Identity*. Oxford: Oxford University Press: 444-454.

Freire, P. (1970) *Pedagogy of the Oppressed*. Nua Eabhrac: Continuum.

Foucault, M. (1978) *The History of Sexuality: An Introduction. Volume I*. Nua Eabhrac: Random House Inc.

Gal, S. (1998) ‘Multiplicity and Contention among Language Ideologies: A Commentary’. In: Schieffelin, B.B., Woolard, K.A. agus Kroskrity, P. (eag.) *Language Ideologies: Practice and Theory*. New York: Oxford University Press: 317-331.

García, O. agus Wei, L. (2014) *Translanguaging: Language, Bilingualism and Education*. Londain: Palgrave MacMillan.

Giddens, A. (1984) *The Constitution of Society*. Berkeley: University of California Press.

Giddens, A. (1991) *Modernity and Self-Identity: Self and Society in the Late Modern Age*. Cambridge: Polity Press.

Giddens, A. agus Sutton, P.W. (2013) *Sociology (7th edition)*. Cambridge: Polity Press.

Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde (2012) *Census 2011: Key Statistics for Northern Ireland*. Béal Feirste: An Roinn Airgeadais agus Phearsanra.

Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde (2018) *Knowledge and use of Irish in Northern Ireland: Findings from the Continuous Household Surveu 2017/2018*. Béal Feirste: An Roinn Pobal.

Gramsci, A. (1971) *Selections from the Prison Notebooks*. Nua Eabhrac: International.

Gumperz, J.J. (2009) ‘The Speech Community’. In: Duranti, A. (eag.) *Linguistic Anthropology: A Reader (2nd Edition)*. Oxford: Wiley Blackwell: 66-73.

Harvey, D. (2006) *Limits of Capital*. Nua Eabhrac: Verso.

- Heller, M. (2003) 'Globalization, the new economy, and the commodification of language and identity'. In: *Journal of Sociolinguistics* 7 (4): 473-492.
- Heller, M. agus Duchêne, A. (2012) 'Pride and Profit: Changing Discourses of Language, Capital and Nation-State'. In: Heller, M., agus Duchêne, A. (eag.) *Language in Late Capitalism: Pride and Profit*. Nua Eabhrac: Routledge: 1-21.
- Heller, M. agus McElhinny, B. (2017) *Language, Capitalism, Colonialism: Toward a Critical History*. Toronto: University of Toronto Press.
- Heller, M., Pietikäinen, S. agus Pujolar, J. (2018) *Critical Sociolinguistic Research Methods: Studying Language Issues That Matter*. Nua Eabhrac: Routledge.
- Hualde, J.I. agus Zuazo, K. (2007) 'The standardization of the Basque language'. In: *Language Problems and Language Planning* 31 (2): 143-168.
- Hymes, D. (1964) 'Introduction: Towards Ethnographies of Communication'. In: *American Anthropologist* 66 (6): 1-34.
- Hymes, D. (1972) 'Models of the Interaction of Language and Social Life'. In: Gumperz, J.J. agus Hymes, D. (eag.) *Directions in Sociolinguistics: The Ethnography of Communication*. Oxford: Basil Blackwell: 35-71.
- Hymes, D. (1977) *Foundations in Sociolinguistics: An Ethnographic Approach*. Londain: Tavistock Publications.
- Hymes, D. (1996) *Ethnography, linguistics, narrative inequality: towards an understanding of voice*. Londain: Taylor and Francis.
- Jaffe, A. (2007) 'Discourses of endangerment: Contexts and consequences of essentializing discourses'. In: Duchêne, A. agus Heller, M. (eag.) *Discourses of endangerment: ideology and interest in the defence of languages*. Londain: Continuum: 57-75.
- Jaffe, A. (2015) 'Defining the new speaker: theoretical perspectives and learner trajectories'. In: *International Journal of the Sociology of Language* 231: 21-44.
- Kabel, L. (2000) 'Irish Language Enthusiasts and Native Speakers: An Uneasy Relationship'. In: McCoy, G., agus Scott, M. (eag.) *Aithne na nGael / Gaelic Identities*. Béal Feirste: Ollscoil na Banríona.
- Kasstan, J.R. (2018) 'Exploring contested authenticity among speakers of a contested language: the case of "Francoprovençal"'. In: *Journal of Multilingual and Multicultural Development* 39 (5): 382-393.
- Kramsch, C. (1998) *Language and Culture*. Oxford: Oxford University Press.
- Kresić, M. (2009) 'Language as the medium of the multifaceted self'. In: Miller, D., agus Pano, A. (eag.) *La Geografia Della Mediazione Linguistico-Culturale*. Bologna: D.U. Press: 42-60.
- Kroskrity, P. (2009) 'Language Ideologies'. In: Duranti, A. (eag.) *A Companion to Linguistic Anthropology*. Oxford: Blackwell Publishing: 496-517.
- Kelly-Holmes, H., Moriarty, M. agus Pietikäinen, S. (2009) 'Convergence and divergence in Basque, Irish and Sámi media language policing'. In: *Language Policy* 8: 227-242.

- Labov, W. (2003 [1969]). 'Some Sociolinguistic Principles'. In: Paulston, C.B. agus Tucker, G.R. (eag.) *Sociolinguistics: The Essential Readings*. Oxford: Blackwell Publishing: 234-250.
- Labov, W. (2003) 'Some Sociolinguistic Principles'. In: Paulston, C. agus Tucker, R. (eag.) *Sociolinguistics: The Essential Readings*.
- Lantto, H. (2018) 'New Basques and Code-Switching: Purist Tendencies, Social Pressures'. In: Smith-Christmas, C., Hornsby, M., Moriarty, M. agus Ó Murchadha, N. (eag.) *New speakers of minority languages: linguistic ideologies and practices*. Londain: Palgrave MacMillan: 165-188.
- Lenoach, C. (2012) 'An Ghaeilge Iarthraidisiúnta agus a Dioscúrsa'. In: Lenoach, C., Ó Giollagáin, C. agus Ó Curnáin, B. (eag.) *An Chonair Chaoch: An Mionteangachas sa Dátheangachas*. Indreabhán: Leabhar Breac: 19-109.
- Mac Donnacha, S. (2017) *7 Lá*. TG4, 31 Eanáir 2017.
- Mac Giolla Chríost, D. (2012) *Jailtacht: the Irish language, symbolic power and political violence in Northern Ireland, 1972-2008*. Caerdydd: University of Wales Press.
- Mac Ionnrachtaigh, F. (2013) *Language, Resistance and Revival: Republican Prisoners and the Irish Language in the North of Ireland*. Londain: Pluto Press.
- Martín Rojo, L. (2015) 'Five Foucauldian postulates for rethinking language and power'. In: *Working Papers in Urban Language and Literacies* 176. 1-22.
- May, S. (2012) *Language and Minority Rights: Ethnicity, Nationalism and the Politics of Language (Second Edition)*. Nua Eabhrac: Routledge.
- McCarty, T. (2011) 'Introducing Ethnography and Language Policy', In: McCarty, T. (eag.) *Ethnography and Language Policy*. Nua Eabhrac: Routledge: 1-28.
- McCarty, T., Romero-Little, M.E., Warhol, L. agus Zepeda, O. (2011) 'Critical Ethnography and Indigenous Language Survival: Some New Directions in Language Policy Research and Praxis'. In: *Ethnography and Language Policy*. Nua Eabhrac: Routledge: 31-52
- McLeod, W. agus O'Rourke, B. (2015) "'New speakers" of Gaelic: perceptions of linguistic authenticity and appropriateness'. In: *Applied Linguistics Review* 6 (2): 151-172.
- Mesthrie, R. agus Deumert, A. (2009) 'Critical Sociolinguistics: Approaches to Language and Power'. In: Mesthrie, R., Swann, J., Deumert, A., agus Leap, W. (eag.) *Introducing Sociolinguistics*. Dún Eideann: Edinburgh University Press: 309-341.
- Morgan, M. (2009) 'The Speech Community'. In: Duranti, A. (eag.) *A Companion to Linguistic Anthropology*. Oxford: Blackwell Publishing: 3-22.
- Moriarty, M. (2010) 'The effects of language planning initiatives on the language attitudes and language practices of university students'. In: *Language Problems and Language Planning* 34 (2): 141-157.
- Moscovici, S. (1976) *Social Influence and Social Change*. Londain: Academic Press.

Mulhall, A. (2013) ‘What’s Eating Victor Cusack?: *Come What May*, Queer Embodiment, and the Regulation of Hetero-Masculinity’. In: *Éire-Ireland* 48 (1&2): 282-308.

Nic Eoin, M. (2011) “‘Gaeltacht’, “Gaelchultúr” agus Ceisteanna Féiniúlachta’. In: Mac Cormaic, B. (eag.) *Féiniúlacht, Cultúr agus Teanga i Ré an Domhandaithe*. Baile Átha Cliath. Coiscéim: 113-145.

Ní Dhúda, L. (2018) ‘Éagsúlacht agus contrárthacht na gcreideamh teanga sa Bhreacbaile’. In: Ó hIfearnáin, T., agus Walsh, J. (eag.) *An Meon Folaithé*. Baile Átha Cliath: Cois Life: 1-38.

Ní Ghearáin, H. (2018) “‘Bagairt na teagmhála teanga: creidimh an phobail i dtaca le meascadh na Gaeilge agus an Bhéarla’. In: Ó hIfearnáin, T., agus Walsh, J. (eag.) *An Meon Folaithé*. Baile Átha Cliath: Cois Life: 39-73.

Ní Thuathaláin, M. (2019) ‘Féile “Liú Lúnasa” ag tosú anocht i mBéal Feirste’ [ar líne]. In: *Tuairisc.ie*, 21 Lúnasa 2019. Ar fáil ag: <https://tuairisc.ie/feile-liu-lunasa-ag-tosu-anocht-i-mbeal-feirste/>

Ó Baoill, D.P. (1986) *Lárchanúint don Ghaeilge*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Ó Baoill, D.P. (2000) “‘Athchaighdeánú” na Nua-Ghaeilge’. In: Ó Cearúil, M. (eag.) *An Aimsir Óg (Cuid a dó)*. Baile Átha Cliath: Coiscéim: 128-140.

Ó Béarra, F. (2009) ‘An Ghaeilge Nua agus Triail na Gaeilge’. In: Mac Craith, M., agus Ó Héalaí, P. (eag.) *Diasa Díograise: Aistí i gcuimhne ar Mháirtín Ó Briain*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht: 257-276.

Ó Caomhánaigh, P. (2016) *An Meangadh Mór*. Raidió na Life, 11 Samhain 2016. Ar fáil ag: <https://clyp.it/pbra44li#>

Ó Conchubhair, B. (2009) *Fin de Siècle na Gaeilge: Darwin, an Athbheochan agus Smaointeoireacht na hEorpa*. Indreabhán: An Clóchomhar.

Ó Cuív, B. (1944) *The Irish of West Muskerry, Co. Cork*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn.

Ó Curnáin, B. (2012) ‘An Ghaeilge Iarthraidisiúnta agus an Phragmataic Chódmheasctha Thiar agus Theas’. In: Lenoach, C., Ó Giollagáin, C., agus Ó Curnáin, B. (eag.) *An Chonair Chaoch: An Mionteangachas sa Dátheangachas*. Indreabhán: Leabhar Breac: 284-365.

Ó Duibhir, P. (2018) *Immersion education: lessons from a minority language context*. Briostó: Multilingual Matters.

Ó Giollagáin, C. agus Charlton, M. (2015) *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht 2006-2011*. Na Forbacha: Údarás na Gaeltachta.

Ó Giollagáin, C. agus Mac Donnacha, S. (2008) ‘The Gaeltacht Today’. In: Nic Pháidín, C., agus Ó Cearnaigh, S. (eag.) *A New View of the Irish Language*. Baile Átha Cliath: Cois Life: 108-120.

Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A. agus O'Brien, M. (2007) *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil Chríochnaitheach*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ó hIfearnáin, T. (2014) 'Paradoxes of Engagement with Irish-Language Community Management, Practice, and Ideology'. In: Austin, P.K. agus Sallabank, J. (eag.) *Endangered Languages: Beliefs and Ideologies in Language Documentation and Revitalization*. Oxford: Oxford University Press.

Ó hIfearnáin, T. (2015) 'Sociolinguistic vitality of Manx after extreme language shift: authenticity without traditional native speakers'. In: *International Journal of the Sociology of Language* 231: 45-62.

Ó hIfearnáin, T. (2018) 'The ideological construction of boundaries between speakers and their varieties'. In: Smith-Christmas, C., Hornsby, M., Moriarty, M. agus Ó Murchadha, N. (eag.) *New speakers of minority languages: linguistic ideologies and practices*. Londain: Palgrave MacMillan: 151-164.

Ó hIfearnáin, T. agus Walsh, J. (2018) 'Réamhrá'. In: Ó hIfearnáin, T., agus Walsh, J. (eag.) *An Meon Folaíthe*. Baile Átha Cliath: Cois Life: vii-xiv.

Ó Laoire, L. (2003) 'Fieldwork in common places: An ethnographer's experiences in Tory Island'. In: *British Journal of Ethnomusicology* 12 (1): 113-136.

Ó Murchadha, N. (2018a) *An Ghaeilge sa Nua-Aoiseacht Dhéanach*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.

Ó Murchadha, N. (2018b) 'Iniúchadh ar dhearcadh cainteoirí Gaeltachta ar éagsúlacht na Gaeilge comhaimseartha'. In: Ó hIfearnáin, T., agus Walsh, J. (eag.) *An Meon Folaíthe*. Baile Átha Cliath: Cois Life: 74-102.

Ó Murchadha, N. agus Ó hIfearnáin, T. (2018) 'Converging and diverging stances on target revival varieties in collateral languages: the ideologies of linguistic variation in Irish and Manx Gaelic'. In: *Journal of Multilingual and Multicultural Development* 39 (5): 458-469.

Ó Murchadha, N., Hornsby, M., Smith-Christmas, C. agus Moriarty, M. (2018) 'New speakers, familiar concepts?'. In: Smith-Christmas, C., Hornsby, M., Moriarty, M. agus Ó Murchadha, N. (eag.) *New speakers of minority languages: linguistic ideologies and practices*. Londain: Palgrave MacMillan: 1-17.

Ó Riagáin, P. (2018) *Measures of Language Proficiency in Censuses and Surveys : A Comparative Analysis and Assessment*. Londain: Palgrave MacMillan.

O'Rourke, B. (2018) 'Just use it! Linguistic conversion and identities of resistance amongst Galician new speakers'. In: *Journal of Multilingual and Multicultural Development* 39 (5): 407-418.

O'Rourke, B. agus Pujolar, J. (2013) 'From native speakers to "new speakers" – Problematizing nativeness in language revitalization contexts'. In: *Histoire Épistémologie Langage* 35 (2): 47-67.

O'Rourke, B. agus Pujolar, J. (2015) 'New speakers and processes of new speakerness across time and space'. In: *Applied Linguistics Review* 6 (2): 145-150.

- O'Rourke, B. agus Pujolar, J. (eag.) (2019) *From New Speaker to Speaker: Outcomes, reflections and policy recommendations from COST Action IS1306 on New Speakers in a Multilingual Europe: Opportunities and Challenges*. IAITH: Welsh Centre for Language Planning.
- O'Rourke, B. agus Ramallo F. (2011) 'The native-non-native dichotomy in minority language contexts, comparisons between Irish and Galician'. In: *Language Problems and Language Planning* 35 (2): 139-159.
- O'Rourke, B. agus Ramallo F. (2013) 'Competing ideologies of linguistic authority amongst new speakers in contemporary Galicia'. In: *Language in Society* 42: 287-305.
- O'Rourke, B. agus Ramallo, F. (2015) 'Neofalantes as an Active Minority: Understanding Language Practices and Motivations for Change Amongst New Speakers of Galician'. In: *International Journal of the Sociology of Language* 231: 147-165.
- O'Rourke, B. agus Ramallo, F. (2018) 'Identities and New Speakers of Minority Languages: A Focus on Galician'. In: Smith-Christmas, C., Hornsby, M., Moriarty, M. agus Ó Murchadha, N. (eag.) *New speakers of minority languages: linguistic ideologies and practices*. Londain: Palgrave MacMillan: 91-110.
- O'Rourke B., Pujolar, J. agus Frekko, S. (2019) 'Researching New Speakers and debating the concept'. In: O'Rourke, B., agus Pujolar, J. (eag.) *From New Speaker to Speaker: Outcomes, reflections and policy recommendations from COST Action IS1306 on New Speakers in a Multilingual Europe: Opportunities and Challenges*. IAITH: Welsh Centre for Language Planning: 14-19.
- O'Rourke B., Pujolar, J. agus Frekko, S. (2019) 'New Speakers – Umbrella term, analytical concept or lens?'. In: O'Rourke, B., agus Pujolar, J. (eag.) *From New Speaker to Speaker: Outcomes, reflections and policy recommendations from COST Action IS1306 on New Speakers in a Multilingual Europe: Opportunities and Challenges*. IAITH: Welsh Centre for Language Planning: 25-27.
- O'Rourke, B., Pujolar, J. agus Ramallo, F. (2015) 'New speakers of minority languages: the challenging opportunity – Foreword'. In: *International Journal of the Sociology of Language* 231: 1-20.
- O'Rourke, B. agus Walsh, J. (2015) 'New speakers of Irish: shifting boundaries across time and space'. In: *International Journal of the Sociology of Language* 231: 63-83.
- Ortega, A., Urla, J., Amorrortu, E., Goirigolzarri, J. agus Urangu, B. (2015) 'Linguistic identity among new speakers of Basque'. In: *International Journal of the Sociology of Language* 231: 85-105.
- Ortega, A., Amorrortu, E., Goirigolzarri, J. agus Urla, J. (2016) *Los nuevos hablantes de euskera: experiencias. Actitudes e identidades*. Bilbao: Universidad de Deusto.
- Otsuki, E. agus Pennycook, A. (2010) 'Metrolingualism: fixity, fluidity an language in flux'. In: *International Journal of Multilingualism* 7 (3): 240-254.
- Pavlenko, A. agus Blackledge, A. (2004) 'Introduction: New Theoretical Approaches to the study of Negotiation of Identities in Multilingual Contexts'. In: Pavlenko, A., agus Blackledge, A. (eag.) *Negotiation of Identities in Multilingual Contexts*. Clevedon: Mulilingual Matters.

- Petit, K. (2016) 'Successful learners of Irish as an L2: Motivation, identity and linguistic *mudes*'. In: *Studia Celtica Posnaniensia* 1 (1): 39-56.
- Philips, S. (1998) 'Language Ideology in Institutions of Power'. In: Schieffelin, B.B., Woolard, K.A. agus Kroskrity, P. (eag.) *Language Ideologies: Practice and Theory*. New York: Oxford University Press: 211-228.
- Philips, S. (2009) 'Langage and Social Inequality'. In: Duranti, A. (eag.) *A Companion to Linguistic Anthropology*. Oxford: Blackwell Publishing: 474-495.
- Phillips, A. (2010) 'What's wrong with Essentialism?' In: *Distinktion: Scandinavian Journal of Social Theory* 11 (1): 47-60.
- Piller, I. (2001) 'Who, if anyone, is a native speaker?'. In: *Anglistik: Mitteilungen des Verbandes Deutscher Anglisten* 12: 109-121.
- Piller, I. (2002) 'Passing for a native speaker: Identity and success in second language learning'. In: *Journal of Sociolinguistics* 6 (2): 179-206.
- Piller, I. (2016) *Linguistic Diversity and Social Justice: An Introduction to Applied Sociolinguistics*. Oxford: Oxford University Press.
- Puigdevall, M., Walsh, J., Amorrortu, E. agus Ortega, A. (2018) "'I'll be one of them": linguistic *mudes* and new speakers in three minority language contexts'. In: *Journal of Multilingual and Multicultural Development* 39 (5): 445-457.
- Pujolar, J. agus González, I. (2013) 'Linguistic "mudes" and the de-ethnicization of language choice in Catalonia'. In: *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism* 16 (2): 138-152.
- Pujolar, J. agus Puigdevall, M. (2015) 'Linguistic *mudes*: how to become a new speaker in Catalonia'. In: *International Journal of the Sociology of Language* 231: 167-187.
- Pujolar, J., González, I. agus Martínez, R (2010) 'Les *mudes* lingüístiques dels joves catalans'. In: *Llengua i ús* 48: 65-75.
- Punch, A. (2008) 'Census Data on the Irish Language'. In: : Nic Pháidín, C., agus Ó Cearnaigh, S. (eag.) *A New View of the Irish Language*. Baile Átha Cliath: Cois Life: 43-54.
- Rampton, M.B.H. (1990) 'Displacing the "native speaker": expertise, affiliation, and inheritance'. In: *ELT Journal* 44 (2): 97-101.
- Richards, K. (2006) "'Being the Teacher": Identity and and Classroom Conversation'. In: *Applied Linguistics* 27 (1): 51-77.
- Rowland, H. (2014) *Conradh na Gaeilge agus an Language Freedom Movement (LFM): Coimhlint Idé-eolaíochta 1965 – 1974*. Tráchtas PhD, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (neamhfhoilsithe).
- Sallabank, J. agus Marquis, Y. (2018) "'We don't say it like that": Language ownership and (de)legitimising the new speaker'. In: Smith-Christmas, C., Hornsby, M., Moriarty, M. agus Ó Murchadha, N. (eag.) *New speakers of minority languages: linguistic ideologies and practices*. Londain: Palgrave MacMillan: 67-90.

Sánchez Carrión, J.M. [“Txepetx”]. (1991) *Un futuro para nuestro pasado: Claves de la recuperación del euskara y teoría social de las lenguas*. Donostia: Gipuzkoako Foru Aldundia.

Saville-Troike, M. (2003) *The Ethnography of Communication: An Introduction (3rd edition)*. Oxford: Blackwell Publishing.

Selleck, C. (2018) “‘We don’t say it like that’: Language Ownership and (De)Legitimising the New Speaker’. In: Smith-Christmas, C., Hornsby, M., Moriarty, M. agus Ó Murchadha, N. (eag.) *New speakers of minority languages: linguistic ideologies and practices*. Londain: Palgrave MacMillan: 67-90.

Seoighe, S. (2018) “‘Is libhse an chathair’: Pop Up Gaeltacht agus nuachaintoirí na Gaeilge’[ar líne]. In: *COMHARTaighde* 4. DOI: <https://doi.org/10.18669/ct.2018.05>

Shohamy, E. (2006) *Language Policy: Hidden agendas and new approaches*. Nua Eabhrach: Routledge.

Silverstein, M. (1979) ‘Language structure and linguistic ideology. Cline, R., Hanks, W., agus Hofbauer, C. (eag.) *The Elements: A Parasession on Linguistic Units and Levels*. Chicago: Chicago Linguistic Society: 193-247.

Smith-Christmas, C. agus Ó Murchadha, N. (2018) ‘Reflections on New Speaker Research and Future Trajectories’ In: Smith-Christmas, C., Hornsby, M., Moriarty, M. agus Ó Murchadha, N. (eag.) *New speakers of minority languages: linguistic ideologies and practices*. Londain: Palgrave MacMillan: 283-288.

Snyder-Frey, A. (2013) ‘He kuleana kō kākou. Hawaiian-language learners and the construction of (alter)native identities’. In: *Current Issues in Language Planning* 14 (2): 231-243.

Soziolinguistika Klusterra (2017) *Medición del uso de las lenguas en la calle. Euskal Herria, 2016*. Andoain: Soziolinguistika Klusterra.

Spolsky, B. (2004) *Language Policy*. Cambridge: Cambridge University Press.

Swann, J., Deumert, A., Lillis, T. agus Mesthrie, R. (2008) *A Dictionary of Sociolinguistics*. Dún Éideann: Edinburgh University Press.

Tionól Thuaisceart Éireann (2017) *Próifíl Thoghcheantair – Béal Feirste Thiar*. Béal Feirste: Seirbhís Taighde agus Eolais (RaISE).

Tuairisc.ie (2016) “‘Ní bheidh an Roinn ag soláthar Scéim Líofa in 2017. Nollaig mhaith agus bliain úr faoi mhaise daoibh...” [ar líne]. In: *Tuairisc.ie*, 23 Nollaig 2016. Ar fáil ag: <https://tuairisc.ie/ni-bheidh-an-roinn-ag-solathar-sceim-liofa-in-2017-nollaig-mhaith-agus-bliain-ur-faoi-mhaise-daoibh/>

Urla, J. (1993) ‘Cultural Politics in an Age of Statistics: Numbers, Nations, and the Making of Basque Identity’. In: *American Ethnologist* 20 (4): 818-843.

Urla, J. (2012) *Reclaiming Basque: Language, Nation and Cultural Activism*. Reno: University of Nevada Press.

Urla, J., Amorrortu, E., Ortega, A. agus Goirigolzarri, J. (2018) ‘Basque Standardization and the New Speaker: Political Praxis and the Shifting Dynamics of Authority and Valie’. In: Lane, P., Costa, J. agus De Korne, H (eag.) *Standardizing*

Minority Languages: Competing Ideologies of Authority and Authenticity in the Global Periphery. Nua Eabhrac: Routledge: 24-46.

Wagner, H. (1958) *Linguistic atlas and survey of Irish dialects*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn.

Walsh, J. (2012) *Contests and Contexts: The Irish Language and Ireland's Socio-Economic Development*. Oxford: Peter Lang.

Walsh, J. (2019a) 'Sainiú na Gaeltachta: Pobail, ceantair agus líonraí'. In: Ó hIfearnáin, T. (eag.) *An tSochtheangeolaíocht: Taighde agus Gníomh*. Baile Átha Cliath: Cois Life: 185-210.

Walsh, J. (2019b) 'National identity and belonging among gay "new speakers" of Irish'. In: *Journal of Language and Sexuality* 8 (1): 53-81.

Walsh, J. (2019c) 'The role of emotions and positionality in the trajectories of "new speakers" of Irish'. In: *International Journal of Bilingualism* 23 (1): 221-235.

Walsh, J. agus Lane, P. (2014) 'Activity of Working Group 1: Report on Conceptualisations of New Speakerness in the Case of Indigenous Minority Languages'. Position paper of COST Action *New Speakers in Multilingual Europe: Opportunities and Challenges* [ar líne]. Ar fáil ag: www.nspk.org.uk/images/downloads/CONCEPTUALISATIONS_OF_NEW_SPEAKERNESS_final.pdf

Walsh, J. agus Ní Dhúda, L. (2015) "'New speakers" of Irish in the United States: practices and motivations'. In: *Applied Linguistics Review* 6: 173-193.

Walsh, J. agus Ó Murchadha, N. (2015) 'Output of Working Group 1'. Position paper of COST Action *New Speakers in Multilingual Europe: Opportunities and Challenges* [ar líne]. Ar fáil ag: http://www.nspk.org.uk/images/WG_1.pdf

Walsh J. agus O'Rourke, B. (2015) 'Mudes teangeolaíochta agus nuachainteoírí na Gaeilge' [ar líne]. In: *COMHARTaighde* 1. DOI: <https://doi.org/10.18669/ct.2015.09>

Walsh, J. agus O'Rourke, B. (2018) 'Introduction'. In: *Journal of Multilingual and Multicultural Development* 39 (5): 377-381.

Walsh, J., O'Rourke, B. agus Rowland, H. (2015) *Tuarascáil Taighde ar Nuachainteoírí na Gaeilge arna hullmhú do Foras na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Foras na Gaeilge.

Woolard, K.A. (1985) 'Language Variation and Cultural Hegemony: Toward an Integration of Sociolinguist and Social Theory'. In: *American Ethnologist* 12 (4): 738-748).

Woolard, K.A. (1998) 'Introduction: Language ideology as a field of inquiry'. In: Schieffelin, B.B., Woolard, K.A. agus Kroskrity, P. (eag.) *Language Ideologies: Practice and Theory*. New York: Oxford University Press: 3-47.

Woolard, K.A. (2011) 'Is there linguistic life after high school? Longitudinal changes in the bilingual repertoire in metropolitan Barcelona'. In: *Language in Society* 40: 617-648.

Woolard, K.A. (2016) *Singular and Plural: Ideologies of Linguistic Authority in 21st Century Catalonia*. Oxford: Oxford University Press.

Zenker, O. (2013) *Irish/ness is all around us*. Nua Eabhrac: Berghahn Books.

Aguisín A: Foirm Cheada (Leagan Gaeilge)

Díríonn an taighde seo ar nuachainteoirí Gaeilge agus Bascaise. Séard is nuachainteoir Gaeilge/Bascaise ann ná duine a labhraíonn na mionteangacha sin go líofa agus go rialta ach nach cainteoir dúchais Gaeltachta/traidisiúnta iad. Is mian liom a fháil amach cad é a spreagann daoine chun an Ghaeilge/Bhascais a fhoghlaim agus a úsáid go rialta agus go sóisialta, agus na tuairimí atá acu ina leith. Is mian liom chomh maith staidéar a dhéanamh ar na háiteanna a úsáideann nuachainteoirí an Ghaeilge/Bhascais chun tábhacht na spásanna sóisialta sin a fhiosrú.

- Mairfidh an t-agallamh thart ar 30 nóiméad.
- Déanfar taifeadadh fuaim de gach agallamh.
- Cuirfear na ceisteanna céanna ar gach duine ach cuirfear fáilte roimh phlé ar aon ábhar sa bhreis más mian leat.
- Tá an t-agallamh go hiomlán faoi rún. Ní fhoilseofar d'ainm in áit ar bith.
- Tá do rannpháirtíocht go hiomlán deonach. Tá cead agat tarraingt siar uair ar bith ar chúis ar bith.
- Má thagann athrú intinne ort tar éis an t-agallamh a dhéanamh, is féidir leat iarraidh orm an taifeadadh a scrios ach scríobh chuig s.joyce9@oegaillimh.ie

Sínigh anseo le do thoil má tá tú sásta gur cuireadh ar an eolas faoin taighde seo agus faoi do chearta thú:

PRIONTÁIL AINM _____

SÍNIÚ _____

DÁTA _____

Aguisín B: Prótacal tras-scríofa

Gnás tras-scríofa

Aonghus

9, 34, 88 srl.

[ainm]; [áit]

yeah (cló iodálach)

...

/

//

{gáire}

{club sóisialta}

?

!

Brí

Ainm cleite

Cor cainte

Eolas pearsanta a cheiltear

Códmheascadh

Ábhar fágtha ar lár

Tost gearr (0-2 shoicind)

Tost níos faide (2-5 shoicind)

Gáire

Tráchttaireacht an údair

Ceisteanna

Uaillbhreas

Aguisín C: Creatlach na n-agallamh

Sonraí Bunúsacha:

Cén aois thú?

Cár rugadh/tógadh thú?

Cá bhfuil tú i do chónaí faoi láthair? (Teanga sa mbaile?)

Cén post/ghairm bheatha atá agat faoi láthair?

Cé leo a bhfuil tú i do chónaí i láthair na huaire? (Teanga sa teach?)

Cúlra na dTuistí/an Teaghlaigh:

Cár rugadh/tógadh do mhuintir?

Cén ghairm bheatha/cé na gairmeacha beatha atá/a bhí acu? Leibhéal oideachais?

Mian oideachasúil/shóisialta do na páistí (maidir leis an agallaí)?

Teangacha a labhraíonn/a thuigeann na tuismitheoirí?

Conair Phearsanta/Theangeolaíoch an Agallaí

Cén teanga a labhair tú sa mbaile agus tú óg?

Oideachas – scolaíocht Ghaeilge nó Bhéarla? Cárbh as na múinteoirí a bhí agat?

Teangacha eile sa luathóige?

An ndearna tú staidéar ar an 3ú leibhéal?

Cur síos ar chumas reatha teangeolaíoch?

Conas a úsáideann sé/sí an teanga (spásanna sóisialta)? (Ar tháinig aon athrú ar seo riamh – níos mó/lú úsáide ar chúis amháin nó ar chúis eile?)

Tábhacht na spásanna/ndeiseanna úsáide sin?

Gluaiseacht thíreolaíochta – cá raibh tú i do chónaí? An raibh tú thar lear?

Mianta/aidhmeanna don todhchaí?

Gnéithe Eile:

Cén cineál cainteora thú? Nó an bhfuil tuairim ar bith agat faoi seo?

Tuairimí faoin mbeartas teanga áitiúil/náisiúnta/oifigiúil?

Cén meon a léiríonn an t-agallaí?

Cén idé-eolaíocht atá acu i leith na teanga? [ní ceist fhollasach í seo]

Cén fhéiniúlacht atá acu mar nuachainteoir/chainteoir Gaeilge/Éireannach/Ghael srl;

Todhchaí na Gaeilge? Cad atá i ndán don Ghaeilge go háitiúil agus go náisiúnta?